# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 342

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

**Imleabhar 65**

**6 Meán Fómhair 2022**


Clár

**PARLAIMINT NA hEORPA**

SEISIÚN 2021-2022

Suíonna ón 14 go dtí an 17 Feabhra 2022

TÉACSANNA ATÁ GLACTHA

I *Rúin, moltaí agus tuairimí*

RÚIN

**Parlaimint na hEorpa**

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**


2022/C 342/01 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 ar na dúshláin do limistéir uirbeacha i ré iar-COVID-19 (2021/2075(INI)) . . . . . 2

2022/C 342/02 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 maidir le tionchar na n-athchóirithe náisiúnta cánach ar gheilleagar an Aontais (2021/2074(INI)) . . . . . 14

2022/C 342/03 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 maidir leis an dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún lena n-údaraítear táirgí a bhfuil pónaire soighe GMB151 géinmhodhnaithe GMB151 (BCS-GM151-6) iontu a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 de. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (D075506/01 – 2021/2947(RSP)) . . . . . 22

2022/C 342/04 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 maidir leis an dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún lena n-athnuaitear an t-údarú chun táirgí a chur ar an margadh ina bhfuil, arb é atá iontu, nó a tháirgtear as arbhar indiach géinmhodhnaithe GHB614 (BCS-GHØØ2-5) de bhun Rialachán (CE) Uimh 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (D076839/01 – 2021/3006(RSP)) . . . . . 23


GA

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**


| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 342/05 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 maidir le Tuarascáil Bhliantúil an Bhainc Ceannais Eorpaigh, 2021 (2021/2063(INI)) | 24 |
| 2022/C 342/06 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 ar an tuarascáil cur chun feidhme maidir le leas ainmhithe ar an bhfeirm (2020/2085(INI)) | 34 |
| 2022/C 342/07 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 maidir leis an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh in 2020 (2021/2167(INI)) | 47 |
| 2022/C 342/08 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 ar straitéis Eorpach maidir le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta (2021/2012(INI)) | 55 |
| 2022/C 342/09 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 maidir le measúnú ar chur chun feidhme Airteagal 50 CAE (2020/2136(INI)) | 67 |
| 2022/C 342/10 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 maidir le cur chun feidhme an Séú Treoir CBL: cad atá in easnamh chun bearna CBL san Aontas a laghdú? (2020/2263(INI)) | 77 |
| 2022/C 342/11 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 maidir le cur chun feidhme Threoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht bréagán (Treoir maidir le Sábháilteacht Bréagán) (2021/2040(INI)) | 88 |
| 2022/C 342/12 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 ar an Eoraip a neartú sa chomhrac in aghaidh na hailse – i dtreo straitéis chuimsitheach agus chomhordaithe (2020/2267(INI)) | 98 |


**Déardaoin 17. Feabhra 2022**


| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 342/13 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 ar chur chun feidhme an chomhbheartais eachtraigh agus slándála – tuarascáil bhliantúil 2021 (2021/2182(INI)) | 137 |
| 2022/C 342/14 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 ar chur chun feidhme an Chomhbheartais Tráchtála agus Cosanta – tuarascáil bhliantúil 2021 (2021/2183(INI)) | 156 |
| 2022/C 342/15 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 maidir le cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh i leith an ábhair – tuarascáil bhliantúil 2021 (2021/2181(INI)) | 180 |
| 2022/C 342/16 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 maidir le dul i ngleic le bacainní neamhtharaife agus neamhchánach sa mhargadh aonair (2021/2043(INI)) | 201 |
| 2022/C 342/17 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 le moltaí don Choimisiún maidir le reacht do chomhlachais trasteorann Eorpacha agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha trasteorann Eorpacha (2020/2026(INL)) | 214 |
| 2022/C 342/18 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 maidir le hóige na hEorpa a chumhachtú: fostaíocht agus téarnamh sóisialta i ndiaidh na paindéime (2021/2952(RSP)) | 254 |
| 2022/C 342/19 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 maidir le tosaíochtaí AE don 66ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe ar Stádas na mBan (2022/2536(RSP)) | 255 |
| 2022/C 342/20 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 maidir leis na forbairtí is déanaí maidir le cearta an duine sna hOileáin Fhilipíneacha (2022/2540(RSP)) | 256 |
| 2022/C 342/21 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 maidir le pionós an bháis san Iaráin (2022/2541(RSP)) | 257 |
| 2022/C 342/22 | Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 maidir leis an ngéarchéim pholaitiúil i mBuircíne Fasó (2022/2542(RSP)) | 258 |

MOLTAÍ

**Parlaimint na hEorpa**

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

2022/C 342/23 Moladh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 chuig an gComhairle agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le héilliú agus cearta an duine (2021/2066(INI)) . . . . . . . . . . 259

---

II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**Parlaimint na hEorpa**

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**

2022/C 342/24 Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 maidir leis an iarraidh ar tharscaoileadh dhíolúine Elena Yoncheva (2019/2155(IMM)) . . . . . . . . . . 271

2022/C 342/25 Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 ar an iarraidh ar chosaint phribhléidí agus dhíolúintí Mario Borghezio (2021/2159(IMM)) . . . . . . . . . . 274

2022/C 342/26 Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 maidir leis an iarraidh ar dhíolúine Jörg Meuthen a tharscaoileadh (2021/2160(IMM)) . . . . . . . . . . 275

2022/C 342/27 Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 maidir leis an iarraidh ar dhíolúine Álvaro Amaro a tharscaoileadh (2021/2082(IMM)) . . . . . . . . . . 277

---

III *Gníomhartha ullmhúcháin*

**Parlaimint na hEorpa**

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**

2022/C 342/28 Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle a bhaineann le haontachas an Aontais Eorpaigh le Coinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh (12617/2021 – C9-0420/2021 – 2021/0184(NLE)) . . . . . . . . . . 279

2022/C 342/29 Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 maidir le líon na gcomhaltaí ar thoscaireachtaí idirpharlaiminteacha (2022/2547(RSO)) . . . . . . . . . . 280

2022/C 342/30 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 maidir le Rialachán Tarmligthe an Choimisiúin an 5 Samhain 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe i ndáil leis na tréimhsí ama agus na dátaí a bhaineann le neamh-inghlacthacht iarratas ar thacaíocht (C(2021)7701 – 2021/2961(DEA)) . . . . . . . . . . 281

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

2022/C 342/31 Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár maidir le doiciméid ghabhála i gcomhair an tuinnín ghoirm Thunnus thynnus agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 640/2010 (COM(2020)0670 – C9-0336/2020 – 2020/0302(COD)) . . . . . . . . . . 282

2022/C 342/32 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 maidir leis an togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh tar éis iarratas ón bhFrainc – EGF/2021/005 FR/Airbus (COM(2021)0698 – C9-0011/2022 – 2021/0363(BUD)) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 286

2022/C 342/33 P9_TA(2022)0035

Iarnród: síneadh a chur le bearta sealadacha i ndáil le muirir a thobhach – COVID-19 ***I

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1429 a mhéid a bhaineann le fad na tréimhse tagartha maidir le bearta sealadacha a chur i bhfeidhm i ndáil le muirir a thobhach i leith úsáid bonneagair iarnróid (COM(2021)0832 – C9-0001/2022 – 2021/0437(COD))

P9_TC1-COD(2021)0437

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 16 Feabhra 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1429 a mhéid a bhaineann le fad na tréimhse tagartha maidir le bearta sealadacha a chur i bhfeidhm i ndáil le muirir a thobhach i leith úsáid bonneagair iarnróid . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 290

2022/C 342/34 P9_TA(2022)0036

Cúnamh macrairgeadais don Úcráin ***I

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cúnamh macrairgeadais a chur ar fáil don Úcráin (COM(2022)0037 – C9-0028/2022 – 2022/0026(COD))

P9_TC1-COD(2022)0026

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 16 Feabhra 2022 chun go nglacfaí Cinneadh (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais don Úcráin . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 291

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

2022/C 342/35 P9_TA(2022)0046

Oibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí, do shó-ghineacha agus do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair ***I

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair (COM(2020)0571 – C9-0301/2020 – 2020/0262(COD))

P9_TC1-COD(2020)0262

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 17 Feabhra 2022 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2004/37/EC maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 292

2022/C 342/36 Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 maidir leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 1999/62/CE, 1999/37/CE agus (AE) 2019/520, a mhéid a bhaineann le muirir a ghearradh ar fheithiclí as bonneagar áirithe a úsáid (10542/1/2021 – C9-0423/2021 – 2017/0114(COD)) . . . 294

*Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach: an tríú léamh |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa:

Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.

# PARLAIMINT NA hEORPA

SEISIÚN 2021-2022

Suíonna ón 14 go dtí an 17 Feabhra 2022

TÉACSANNA ATÁ GLACTHA

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**

I

*(Rúin, moltaí agus tuairimí)*

# RÚIN

# PARLAIMINT NA hEORPA

P9_TA(2022)0022

## Dúshláin do limistéir uirbeacha i ré iar-COVID-19

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 ar na dúshláin do limistéir uirbeacha i ré iar-COVID-19 (2021/2075(INI))**

(2022/C 342/01)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Teideal XVIII de,

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/2221 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní breise agus socruithe cur chun feidhme chun cúnamh a chur ar fáil chun leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar (REACT-EU) ([1]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn, Imirce agus Lánpháirtíochta, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais do Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí ([2]) (Rialachán na bhForálacha Coiteanna),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe ([3]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh ([4]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir ([5]),

— ag féachaint do Chomhshocrú Amstardam lena mbunaítear an Clár Oibre Uirbeach do AE a chomhaontaigh airí AE atá freagrach as cúrsaí uirbeacha an 30 Bealtaine 2016,

---

([1]) IO L 437, 28.12.2020, lch. 30.
([2]) IO L 231, 30.6.2021, lch. 159.
([3]) IO L 231, 30.6.2021, lch. 60.
([4]) IO L 231, 30.6.2021, lch. 94.
([5]) IO L 231, 30.6.2021, lch. 1.

— ag féachaint don Chomhaontú a glacadh ag an 21ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP21) i bPáras an 12 Nollaig 2015 (Comhaontú Pháras),

— ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, go háirithe Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) 11 maidir le cathracha agus pobail inbhuanaithe,

— ag féachaint do rún uaithi an 9 Meán Fómhair 2015 maidir leis an ngné uirbeach de bheartais AE ([6]),

— ag féachaint do rún uaithi an 13 Márta 2018 maidir le ról réigiúin agus chathracha AE i gcur chun feidhme Chomhaontú Pháras COP 21 maidir leis an athrú aeráide ([7]),

— ag féachaint do rún uaithi an 3 Iúil 2018 maidir le ról cathracha i gcreat institiúideach an Aontais ([8]),

— ag féachaint do rún uaithi an 17 Meán Fómhair 2020 maidir le Bliain Eorpach na gCathracha Níos Glaise 2022 ([9]),

— ag féachaint do rún uaithi an 21 Eanáir 2021 maidir le rochtain ar thithíocht chuibhiúil agus inacmhainne do chách ([10]),

— ag féachaint don Dearbhú maidir leis an gClár Oibre Uirbeach don Aontas Eorpach, a chomhaontaigh na hairí atá freagrach as an gcomhtháthú críochach agus as ábhair uirbeacha an 10 Meitheamh 2015,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 24 Meitheamh 2016 maidir le Clár Oibre Uirbeach don Aontas Eorpach,

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Iúil 2014 dar teideal "An gné uirbeach de bheartais an Aontais – príomhghnéithe de chlár oibre uirbeach don Aontas Eorpach" (COM(2014)0490),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2021 dar teideal *A long-term Vision for the EU's Rural Areas – Towards stronger, connected, resilient and prosperous rural areas by 2040* [Fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais Eorpaigh – i dtreo ceantair thuaithe níos láidre, nasctha, athléimneacha agus rathúla faoi 2040] (COM(2021)0345),

— ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Márta 2021 dar teideal *Union of Equality: Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021-2030* [An tAontas Comhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine atá faoi Mhíchumas 2021-2030] (COM(2021)0101),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025] (COM(2020)0620),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Samhain 2020 dar teideal *Union of Equality: LGBTIQ Equality Strategy 2020-2025* [Aontas Comhionannais: Straitéis Comhionannais LADTIA 2020-2025] (COM(2020)0698),

— ag féachaint do Chairt Nua Leipzig maidir le cumhacht chlaochlaitheach na gcathracha ar mhaithe leis an leas coiteann, a glacadh ag na Cruinnithe Aireachta Neamhfhoirmiúla a eagraíodh an 30 Samhain 2020,

— ag féachaint don Chlár Oibre Uirbeach Nua a glacadh ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le Tithíocht agus Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe (Habitat III) in Quito, Eacuadór, an 20 Deireadh Fómhair 2016,

— ag féachaint do Thuarascáil 2016 an Choimisiúin ar Staid Chathracha na hEorpa,

— ag féachaint do Thionscnamh Suaitheanta Domhanda na Náisiún Aontaithe do Mhná dar teideal "Cathracha Sábháilte agus Spásanna Poiblí Sábháilte do Mhná agus do Chailíní",

— ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, a osclaíodh lena shíniú in Iostanbúl an 11 Bealtaine 2011 ("Coinbhinsiún Iostanbúl"),

---

([6]) IO C 316, 22.9.2017, lch. 124.
([7]) IO C 162, 10.5.2019, lch. 31.
([8]) IO C 118, 8.4.2020, lch. 2.
([9]) IO C 385, 22.9.2021, lch. 167.
([10]) IO C 456, 10.11.2021, lch. 145.

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (A9-0352/2021),

A. de bhrí go bhfuil cathracha fós ar an líne thosaigh i ngéarchéim COVID-19, go bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch ag dul i léig agus go bhfuil rátaí arda ionfhabhtaithe, rátaí ísle vacsaínithe agus, go minic, acmhainní neamhleora ann; de bhrí gur chuir an phaindéim freisin leis na heasnaimh atá i réim i limistéir uirbeacha, lenar nochtadh a leochailí atá siad;

B. de bhrí gurb amhlaidh, mar gheall ar an bpaindéim, gur doimhne anois éagothromaíochtaí seanbhunaithe i gcathracha agus i mbailte; de bhrí go bhfuil daoine atá i staideanna leochaileacha tar éis éirí níos leochailí fós; de bhrí go bhfuil dúshláin, amhail rochtain ar thithíocht inacmhainne, easpa dídine, eisiamh sóisialta, bochtaineacht agus easpa rochtana ar sheirbhísí poiblí, seirbhísí sláinte agus seirbhísí riachtanacha eile, le sárú ag cathracha;

C. de bhrí go bhfuil cónaí ar 72 % de mhuintir AE i gcathracha agus i mbailte; de bhrí nach mór baint dhíreach a bheith ag cathracha leis an téarnamh ó COVID-19; de bhrí nach mór go bhféachfaí, le hiarrachtaí téarnaimh, le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí atá ann le fada agus le dul níos faide ná aghaidh a thabhairt ar thionchar COVID-19 ar an tsláinte chun dul i ngleic le neamhionannais dhianseasmhacha;

D. de bhrí go raibh tionchair inscneacha ag an bpaindéim ar gá do chathracha, do bhailte agus do cheantair uirbeacha fheidhmiúla iad a chur san áireamh; de bhrí gur mó atá mná i mbaol foréigean inscnebhunaithe mar gheall ar choraintíní agus ceanglais scartha shóisialta agus, ag an am céanna, go bhfuil srian curtha le rochtain na mban ar líonraí tacaíochta, ar sheirbhísí sóisialta agus ar shaoráidí sláinte gnéis agus atáirgthe.

E. de bhrí gur i limistéir mheitreapholaiteacha is mó a bhíonn éagothromaíocht ó thaobh rochtain a fháil ar acmhainní bunriachtanacha, amhail cúram sláinte, oideachas agus digiteáil, go háirithe i gcás daoine atá i staideanna leochaileacha; de bhrí go bhfuil gá le hiarrachtaí níos leanúnaí chun cineálacha éagsúla idirdhealaithe agus neamhionannais a chomhrac;

F. de bhrí go bhfuil an deighilt dhigiteach trasnach, go gcuimsítear an uile chatagóir léi, lena n-áirítear bearnaí inscne, glúine agus stádais shóisialta, agus gur measa a bhí an deighilt sin le linn phaindéim COVID-19; de bhrí nach bhfuil rochtain ag an-chuid teaghlach agus institiúidí oideachais ar threalamh digiteach atá leormhaith agus cothrom le dáta;

G. de bhrí go meastar go bhfuil níos mó post á gcailliúint i gcathracha móra ná in áiteanna eile agus gur oibrithe ar bheagán oiliúna, féinfhostaithe agus imirceacha, agus iad siúd a bhfuil conarthaí neamhbhuana acu is mó a bhfuil poist caillte acu; de bhrí gurb iad na daoine óga sin ar cuireadh isteach ar a gcuid oideachais, ar a gconairí oiliúna agus ar a bhforbairt ghairmiúil is mó atá i mbaol na dífhostaíochta, agus nár aimsigh an-chuid acu na hintéirneachtaí nó na printíseachtaí is gá chun a gcuid staidéir a thabhairt chun críche;

H. de bhrí go raibh tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 ar earnáil an chultúir agus ar earnáil an spóirt, rud a thug ann do chúlú eacnamaíoch agus do chaillteanas post; de bhrí go bhfuil acmhainní leormhaithe ag teastáil i limistéir uirbeacha, go háirithe i limistéir mheitreapholaiteacha, d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta chun lamháil d'fhorbairt phearsanta chónaitheoirí na limistéar sin;

I. de bhrí go bhfuil cathracha, bailte agus limistéir uirbeacha fheidhmiúla, amhail limistéir mheitreapholaiteacha, ina bpríomhcholúin eacnamaíocha chun borradh a chur faoin bhfás, chun poist a chruthú agus chun iomaíochas an Aontais i ngeilleagar domhandaithe a fheabhsú; de bhrí gurb amhlaidh, in ainneoin éagothromaíochtaí móra idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe ó thaobh cháilíocht na seirbhísí a sholáthraítear iontu, gur féidir le limistéir uirbeacha fheidhmiúla agus le cathracha meánmhéide a bheidh ina gcinn feadhna maidir le tarraingteacht agus forbairt na tuaithe a bhrú chun agus le rochtain ar roinnt seirbhísí a thabhairt do na limistéir thuaithe agus bhánaithe mórthimpeall orthu;

J. de bhrí gurb amhlaidh, sa bhreis ar an liosta dúshlán atá ann cheana, go bhfuil an éigeandáil aeráide agus dúshláin dhéimeagrafacha le sárú freisin i gceantair uirbeacha; de bhrí go bhfuil gá, i ngeall ar an iliomad dúshlán atá ann, le freagairt atá bunaithe ar chur chuige comhtháite lena dtugtar earnálacha éagsúla le chéile agus lena bhféachtar le teacht ar réitigh lena bhfreastalaítear ar riachtanais earnála;

K. de bhrí gur tugadh chun suntais le ceanglais maidir le scaradh fisiciúil go bhfuil easpa páirceanna leormhaithe, limistéir ghlasa leormhaithe agus saoráidí áineasa leormhaithe amuigh faoin aer i limistéir uirbeacha fheidhmiúla agus mórthimpeall orthu, agus go bhfuil easpa iompar leormhaith agus sábháilte agus bonneagar iompair mhalartaigh iontu freisin;

L. de bhrí go bhfuil dúshláin amhail iompar bia agus leigheasanna agus soláthar seirbhísí sláinte ag géarú i ngeall ar ghéarchéim COVID-19, agus gur tugadh chun suntais léi easnaimh thromchúiseacha i mbonneagar leighis agus in oiliúint ghairmiúil d'oibrithe cúraim sláinte maidir le freagairt do phaindéimí nó do chásanna éigeandála sláinte eile;

M. de bhrí gur ceart uilíoch í tithíocht agus, dá bhrí sin, gur cheart do na Ballstáit straitéisí sonracha agus bearta iomchuí a bhunú chun constaicí ar an gceart chun tithíochta a shárú; de bhrí go bhfuil gá le hinfheistíocht i dtithíocht inacmhainne;

N. de bhrí go bhfuil limistéir uirbeacha freagrach as an gcion is mó d'ídiú fuinnimh agus d'astaíochtaí gás ceaptha teasa in AE, agus go bhfuil ról lárnach acu i gcomhrac an Aontais i gcoinne an athraithe aeráide; de bhrí go mbeidh gá le tógáil uirbeach fhairsing agus cruthú geilleagair chiorclaigh i gcathracha, bailte agus limistéir uirbeacha fheidhmiúla chun cuidiú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a mhaolú, téamh domhanda a theorannú, plódú a laghdú, dramhaíl a athchúrsáil agus inbhuanaitheacht an gheilleagair a áirithiú;

O. de bhrí go meastar go dtiocfaidh méadú suas le trí bhilliún duine ar dhaonra uirbeach an domhain faoi 2050 agus go mbeidh dhá thrian de dhaonra an domhain ina gcónaí i gcathracha, agus go n-ídeoidh siad 75 % d'acmhainní nádúrtha an domhain agus go dtáirgeoidh siad 50 % den dramhaíl dhomhanda agus breis agus 60 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa;

P. de bhrí go bhfuil ról tábhachtach ag an iompar poiblí sa chomhrac i gcoinne na bochtaineachta iompair; de bhrí gur gá méadú tapa a dhéanamh, mar ábhar práinne, ar infheistíochtaí in iompar poiblí inbhuanaithe agus i bhfeabhsuithe ar an rochtain atá air, agus freisin i mbonneagar siúil agus rothaíochta níos fearr ar mhaithe le sábháilteacht úsáideoirí bóithre agus, go háirithe, úsáideoirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe nó atá faoi mhíchumas eile;

Q. de bhrí gur curiarracht gan sárú é an borradh atá faoi phraghsanna fuinnimh i gcathracha uile na hEorpa, rud atá ina bhagairt ar an téarnamh eacnamaíoch iar-phaindéime;

R. de bhrí gurb amhlaidh, maidir le rialachas il-leibhéil, lena n-áirítear rannpháirtíocht ghníomhach údarás uirbeach, bunaithe ar ghníomhaíocht chomhordaithe arna déanamh ag AE, na Ballstáit agus údaráis réigiúnacha agus áitiúla, agus i gcomhréir le prionsabal na comhpháirtíochta, a leagtar síos i Rialachán na bhForálacha Coiteanna, gur gné riachtanach de dhearadh agus cur chun feidhme chláir uile AE é de bhrí go bhfuil dlínse ag údaráis uirbeacha ar roghnú tionscadal faoi chistiú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) le haghaidh forbairt uirbeach inbhuanaithe agus faoin Tionscnamh Uirbeach Eorpach nua, a chuirtear in ionad na nGníomhaíochtaí Nuálacha Uirbeacha don chlárthréimhse nua agus lena gcuirtear deiseanna breise ar fáil chun réitigh agus cuir chuige nua a thástáil, lena n-áirítear iad siúd lena dtacaítear le limistéir uirbeacha do ré iar-COVID-19;

***Cathracha ionchuimsitheacha***

1. ag aithint na héagsúlachta sóisialta, eacnamaíche, críche, cultúrtha agus stairiúla atá i gceantair uirbeacha ar fud an Aontais, agus á chur i bhfáth gur gá dul i ngleic le dúshláin amhail an idirdheighilt agus an bhochtaineacht;

2. á chur i bhfios go láidir gurb amhlaidh, cé go mbaineann go leor buntáistí le dlús cathracha ó thaobh maireachtáil inbhuanaithe de, go bhféadfadh iarmhairtí a bheith ag ardtiúchan an daonra i gceantair uirbeacha áirithe ar inacmhainneacht tithíochta, leibhéil truaillithe, cáilíocht na beatha agus riosca an idirdhealaithe, na bochtaineachta, na héagothromaíochta agus an eisiaimh shóisialta;

3. á chur i bhfios go láidir gurb amhlaidh, de bharr phaindéim COVID-19, gur géire anois í treocht an dídhaonraithe i limistéir uirbeacha tearcfhorbartha, ar minic nach mbíonn acmhainní dílse leordhóthanacha acu chun seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a sholáthar do chónaitheoirí; ag spreagadh an Choimisiúin moltaí a thabhairt agus comhroinnt dea-chleachtas idir na Ballstáit a chothú maidir le heagrú agus athchóirithe riaracháin-chríochacha;

4. á iarraidh ar na Ballstáit forbairt a dhéanamh ar bhearta gníomhaíochta dearfaí lena ndéantar cuimsiú pobal imeallaithe, amhail daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta atá níos scoite, daoine gan dídean, imircigh agus dídeanaithe, agus mionlaigh eitneacha, amhail na Romaigh, a chur chun cinn; á iarraidh go ndíreofar ar riachtanais chistiúcháin ar an leibhéal áitiúil, lena n-áirítear riachtanais limistéar uirbeach, go háirithe riachtanais limistéar meitreapholaiteach, agus freisin ar an leibhéal réigiúnach agus náisiúnta agus ar leibhéal AE, chun tacú leis na pobail imeallaithe sin ar bhealach

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**

inbhuanaithe; á mheabhrú go bhfuil cistí struchtúracha ríthábhachtach, sa bhreis ar acmhainní náisiúnta leordhóthanacha, chun go mbeidh rath ar chur chun feidhme na mbeart beartais a cuireadh ar aghaidh i gcreat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach; á chur i bhfáth go bhfuil ról ag údaráis uirbeacha a mhéid a bhaineann lena áirithiú gur léiriú iad na bearta sin ar riachtanais iarbhír na bpobal Romach;

5. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról ríthábhachtach ag inrochtaineacht uirbeach maidir lena chur ar a gcumas do dhaoine faoi mhíchumas a gceart chun soghluaisteachta, staidéir agus oibre a fheidhmiú go hiomlán; á iarraidh ar an gCoimisiún ionchuimsitheacht iomlán a chur chun cinn agus rochtain ar chistiú don fhorbairt uirbeach a sholáthar chun inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú;

6. á chur i bhfáth gur cheart, ar mhaithe le téarnamh geilleagar uirbeach gan aon duine a fhágáil ar lár, go dtiocfadh ann, mar thoradh ar infheistíochtaí agus athchóirithe, do phoist chobhsaí agus ardcháilíochta, bonneagar agus seirbhísí poiblí treisithe, idirphlé sóisialta feabhsaithe agus tacaíocht chun grúpaí faoi mhíbhuntáiste a chuimsiú agus a lánpháirtiú, lena n-áirítear trí chórais cosanta sóisialta agus leasa shóisialta a neartú;

7. ag cur béim ar an ngá atá le creat de chuid AE chun tacú le straitéisí áitiúla agus náisiúnta chun an easpa dídine a chomhrac agus chun rochtain chomhionann ar thithíocht chuibhiúil a áirithiú do chách trí chur chun cinn a dhéanamh ar chur chuige comhtháite lena ndéantar tacaíocht tithíochta a chomhcheangal le cúram sóisialta, seirbhísí sláinte agus ionchuimsiú gníomhach;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha straitéisí sonracha agus bearta iomchuí a bhunú chun constaicí ar an gceart chun tithíochta a shárú, amhail idirdhealú, airgeadrú, amhantraíocht, turasóiriú, cleachtais mhí-úsáideacha iasachtaithe agus díshealbhú éigeantach;

9. á chur i bhfáth gur cheart seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (SGEInna) sa tithíocht a bheith á dtreorú go príomha ag riachtanais shonracha arna gcinneadh ag údaráis náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla, ós rud é go bhfuil sé de chumas ag na húdaráis sin riachtanais tithíochta agus dálaí maireachtála grúpaí éagsúla a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, ar riachtanais iad ar féidir leo a bheith an-éagsúil idir ceantair thuaithe agus uirbeacha, agus ós rud é go bhfuil róil ríthábhachtacha ag na húdaráis sin sa chinnteoireacht dhea-spriocdhírithe; ag tathant ar an gCoimisiún sainmhíniú an spriocghrúpa ar thithíocht shóisialta agus ar thithíocht arna cistiú go poiblí a chur in oiriúint sna rialacha maidir le SGEInna, ionas go mbeidh údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla in ann tacú le tithíocht do gach grúpa nach féidir freastal go héasca ar a riachtanas i leith tithíocht chuibhiúil agus inacmhainne faoi dhálaí an mhargaidh, agus fós a áirithiú go leithdháilfear dóthain cistiúcháin ar na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste, chun infheistíocht a dhíbhlocáil agus chun tithíocht inacmhainne, neodracht tionachta tithíochta agus forbairt uirbeach inbhuanaithe a áirithiú, agus chun comharsanachtaí atá éagsúil ar bhonn sóisialta a chruthú agus comhtháthú sóisialta a fheabhsú;

10. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit méadú sa bhreis a dhéanamh ar an infheistíocht a dhéantar i dtithíocht shóisialta, phoiblí, atá tíosach ar fhuinneamh, leormhaith agus inacmhainne, agus ó thaobh dul i ngleic leis an easpa dídine agus le heisiamh tithíochta in AE de; á iarraidh, ina leith sin, go ndéanfar infheistíocht trí CFRE, an Ciste um Aistriú Cóir, InvestEU, CSE+, Fís Eorpach, NextGenerationEU agus, go háirithe, tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas agus tríd an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas Plus; á iarraidh go mbeidh comhar níos mó ann idir na hionstraimí sin; á chur in iúl gur geal léi maoiniú iasachtaí tithíochta sóisialta agus inacmhainne trí InvestEU agus trí phunann níos leithne an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI); á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dul chun cinn sóisialta a chomhtháthú mar thosaíocht infheistíochta, i dteannta an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun daoine leochaileacha a chosaint ar thionchar diúltach na géarchéime reatha, agus pleananna dul chun cinn sóisialta a chur san áireamh i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, agus achoimre a thabhairt ar an mbealach a ndéanfar prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ar na háiteanna a ndéanfar infheistíochtaí sóisialta a spriocdhíriú orthu, lena n-áirítear infheistíocht sa tithíocht shóisialta; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú, mar ábhar práinne, go mbeidh cistiú AE agus maoiniú BEI níos inrochtana ag soláthraithe áitiúla agus réigiúnacha tithíochta inacmhainne sóisialta agus poiblí; á iarraidh ar BEI iarracht a dhéanamh ar thuirlingt ábhartha a mhéadú trí chúnamh teicniúil spriocdhírithe agus trí chomhar níos dlúithe le hidirghabhálaithe airgeadais agus leis na Ballstáit;

11. á thabhairt chun suntais gur ann do dhúshláin shocheacnamaíocha sna lárionaid uirbeacha, go háirithe i limistéir mheitreapholaiteacha ina bhfuil líon suntasach imirceach agus dídeanaithe agus daoine eile i staideanna leochaileacha; á mheabhrú go bhfuil ról lárnach ag cathracha maidir le pobail ionchuimsitheacha, inrochtana agus fháilteacha nach bhfágfar aon duine ar lár iontu a thógáil;

12. ag tabhairt dá haire go n-imríonn an imirce tionchar díreach ar ionchuimsitheacht cathracha agus go bhfuil gá le freagairtí saincheaptha beartais ina leith; á chur i bhfios go bhfuil acmhainneacht ag roinnt le Plean Gníomhaíochta an Aontais um Lánpháirtiú agus Cuimsiú 2021-2027 maidir le sochaithe cuimsitheacha comhtháite a thógáil agus le cláir a spriocdhíriú ar na comharsanachtaí is díothaí; ag tabhairt dá haire freisin gur uirlis bhunriachtanach iad straitéisí forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail chun poist a chruthú, an bhochtaineacht a laghdú agus rochtain ar sheirbhísí i gceantair uirbeacha a mhéadú;

13. á thabhairt chun suntais gur minic a fhulaingíonn leanaí i limistéir uirbeacha dhíothacha de bharr fachtóirí iomadúla riosca, amhail drochthithíocht, idirdhealú, foréigean agus rochtain neamh-chomhionann ar sheirbhísí, amhail cúram leanaí, cúram sláinte agus oideachas; á iarraidh ar na Ballstáit tacú le scéimeanna áitiúla ráthaíochta leanaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shonracha a bhaineann le bochtaineacht uirbeach leanaí;

14. á chur i bhfáth go bhfuil ról á imirt ag cathracha ar son an chomhionannais inscne, agus á mheabhrú gur cheart, i gcomhréir le Rialachán na bhForálacha Coiteanna, comhionannas inscne a chur san áireamh mar threoirphrionsabal sna gníomhaíochtaí uile a chuirtear chun feidhme faoin mbeartas comhtháthaithe, agus sin ó thús deireadh a n-ullmhúcháin, a gcur chun feidhme, a bhfaireacháin, a dtuairiscithe agus a meastóireachta; á chur i bhfios go láidir, maidir le gníomhaíocht arb é is aidhm léi an bhearna inscne a líonadh faoin mbeartas comhtháthaithe, gur cheart leas a bhaint as cur chuige trasnach ina leith, ar cur chuige é faoina nglactar céimeanna iomchuí chun cosc a chur ar aon idirdhealú atá bunaithe ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh inscne, agus ar creataí straitéiseacha náisiúnta is bonn leis; á chur i bhfáth, ina theannta sin, nár cheart do thairbhithe clár de chuid an bheartais comhtháthaithe aon bheartais idirdhealaitheacha a ghlacadh, go háirithe i gcoinne mionlach, amhail an pobal LADTI; ag moladh go ndiúltófaí d'iarratais ó thairbhithe féideartha, lena n-áirítear iarratais ó údaráis réigiúnacha nó áitiúla, a ghlac beartais idirdhealaitheacha i gcoinne daoine den phobal LADTI, amhail dearbhú maidir le "limistéir saor ó LADT";

15. á thabhairt chun suntais gurb amhlaidh, sa bhreis ar rioscaí don tsláinte, gur leochailí atá mná i leith na rioscaí eacnamaíocha a bhaineann le paindéim COVID-19. á aithint go bhfuil sé ríthábhachtach don tarrtháil eacnamaíoch uirbeach, i gcomhthéacs iar-phaindéime, tacú le mná sna hearnálacha foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, agus mná a lánpháirtiú ar bhealach níos fearr i bpleanáil beartais ar mhaithe le forbairt réigiúnach agus uirbeach lena ndírítear ar chathracha agus pobail inscne-ionchuimsitheacha a dhearadh;

16. á thabhairt chun suntais go bhfuil an bhearna sonraí idir na hinscní forleathan i réimse an bheartais comhtháthaithe agus na pleanála uirbí, agus á iarraidh ar na Ballstáit modhanna bailithe sonraí a thabhairt isteach trí úsáid a bhaint as sonraí insnce-dhíchomhiomlánaithe;

17. ag cur béim ar an bhfíoras gur eascair méadú ar an bhforéigean teaghlaigh as paindéim COVID-19; á iarraidh ar na Ballstáit cistiú an bheartais comhtháthaithe a leithdháileadh agus údaráis uirbeacha a spreagadh aghaidh a thabhairt ar an méadú domhanda atá tagtha ar an bhforéigean inscnebhunaithe; ag spreagadh chathracha AE cuir chuige ionchuimsitheacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus meastóireacht a dhéanamh orthu chun gnéaschiapadh agus foréigean inscnebhunaithe i spásanna poiblí a chosc agus freagairt dóibh, trí ghealltanais a thabhairt maidir le prionsabail Thionscnamh Suaitheanta Domhanda na mBan de chuid na Náisiún Aontaithe dar teideal "Cathracha Sábháilte agus Spásanna Poiblí Sábháilte do Mhná agus do Chailíní";

18. á iarraidh ar na Ballstáit go léir daingniú Choinbhinsiún Iostanbúl chun foréigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac a thabhairt chun críche mar ábhar práinne; á iarraidh ar an gCoimisiún reachtaíocht a mholadh chun dul i ngleic le gach cineál foréigin inscnebhunaithe agus chun na bearta is gá a dhéanamh chun foréigean inscnebhunaithe a shainaithint mar réimse nua coireachta atá le liostú faoi Airteagal 83(1) CFAE;

19. á aithint go gcuirtear ualach ar mhná ina gcáil mar phríomhchúramóirí i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, agus go bhfuil luach sóisialta ag roinnt leis an gcúram sin, go háirithe le linn ghéarchéim COVID-19; á chur i bhfios gur cúramóirí neamhfhoirmiúla (nach bhfaigheann íocaíocht) a sholáthraíonn 80 % den chúram ar fad a sholáthraítear ar fud AE, ar mná iad 75 % díobh sin; á chur i bhfios go bhfuil ról ábhartha ag cistí struchtúracha na hEorpa maidir le hinfheistíocht i seirbhísí cúraim a áirithiú; á mheabhrú go bhfuil sé de rún ag an gCoimisiún straitéis cúraim Eorpach a mholadh;

20. ag tarraingt aird ar an dífhostaíocht agus, go háirithe, ar an dífhostaíocht i measc na hóige, ar measa anois í de bharr phaindéim COVID-19; á iarraidh ar na Ballstáit páirt ghníomhach a thabhairt do na húdaráis uirbeacha maidir le cláir lena bhfreastalaítear ar riachtanais daoine óga i gcathracha a cheapadh agus maidir le beartais lena ndírítear ar mheabhairshláinte agus folláine daoine óga, atá ríthábhachtach i gcomhthéacs iar-COVID-19 ach go háirithe, a chruthú;

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**

***Cathracha inbhuanaithe***

21. á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht ag roinnt le forbairt uirbeach inbhuanaithe, lena n-áirítear iompar poiblí inbhuanaithe agus inacmhainne, do chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais agus do cháilíocht bheatha a dhaonra, agus chun a chuid spriocanna aeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí; á mheabhrú go bhfuil deiseanna do limistéir uirbeacha ag baint leis an tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua agus lena threoirphrionsabail, ar a n-áirítear inbhuanaitheacht, rialachas il-leibhéil, aeistéitic agus cuimsiú;

22. á aithint gur cheart straitéis shioncronaithe lena bhfreagraítear do COVID-19 agus freisin don aistriú glas agus don aistriú digiteach a chur chun feidhme chun an bealach a réiteach do théarnamh eacnamaíoch lena gcuirfear dlús leis an aistriú inbhuanaithe;

23. á iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit tosaíocht agus tacaíocht a thabhairt, i gcomhréir lena ngealltanais faoi Chomhaontú Pháras agus faoi SDGanna na Náisiún Aontaithe, do chreataí an gheilleagair chiorclaigh, infheistíochtaí san fhuinneamh in-athnuaite, soghluaisteacht uirbeach agus fho-uirbeach inbhuanaithe agus inacmhainne (go háirithe gréasáin cosán rothaíochta), bonneagar malartach iompair i limistéir uirbeacha agus mórthimpeall orthu, cothabháil chuí ar an mbonneagar atá ann cheana agus infheistíocht mhear i mbonneagar glas, páirceanna, saoráidí glasa agus áineasa amuigh faoin aer agus urraim don prionsabal “gan dochar suntasach a dhéanamh” agus do “bhunphrionsabal na éifeachtúlachta fuinnimh”; ag tabhairt dá haire gur deis do limistéir uirbeacha iad tionscnaimh amhail Bauhaus Eorpach Nua an Rabharta Athchóiriúcháin ([11]) agus tionscadail lena dtugtar tosaíocht don gheilleagar ciorclach, don inbhuanaitheacht agus don bhithéagsúlacht a chur i lár an aonaigh; á chur in iúl gur ábhar misnigh di go bhfuil Bauhaus Eorpach Nua tiomanta do chur chuige rannpháirteach agus trasdisciplíneach a leanúint maidir le timpeallacht a mbíonn cónaí ar dhaoine inti a thógáil ar bhealach inbhuanaithe;

24. á chreidiúint gur taispeánadh le géarchéim COVID-19 go bhfuil gá le réitigh nua maidir le pleanáil agus soghluaisteacht uirbeach chun limistéir uirbeacha a dhéanamh níos athléimní agus níos inoiriúnaithe don éileamh ar shoghluaisteacht, agus gur cheart féachaint ar an ngéarchéim mar dheis laghdú a dhéanamh ar bhrú tráchta agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa; á iarraidh go n-infheisteofar i gcur chun cinn na soghluaisteachta uirbí trí chórais iompair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol; á thabhairt chun suntais gur gá córais iompair phoiblí inbhuanaithe a chur chun cinn agus a fhorbairt i limistéir uirbeacha agus gur gá acmhainn an iompair phoiblí a chur in oiriúint don mhéadú ar an éileamh ar thaisteal oibre ó lá go lá isteach go lár cathracha nó amach astu; á iarraidh ar na Ballstáit an infheistíocht a dhéanann siad sa tsoghluaisteacht uirbeach a athmheasúnú agus tosaíocht a thabhairt do bhonneagar digiteach a rachaidh chun tairbhe don uile phaisinéir, lena n-áirítear daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe;

25. á chur in iúl gur geal léi rún an Choimisiúin dul i gcomhar le cathracha agus leis na Ballstáit chun a áirithiú go ndéanfaidh gach cathair mhór agus nód uirbeach sa Ghréasán Iompair Tras-Eorpach (TEN-T) pleananna soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe (SUMPanna) a tharraingt suas faoi 2030; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i ndáil leis sin, oibriú go dlúth le réigiúin agus cathracha, go háirithe thar theorainneacha, chun bonneagar an mhíle deiridh agus naisc ilmhódúla agus thrasteorann ar fud TEN-T atá in easnamh a fheabhsú agus a thabhairt chun críche; á chur i bhfios go bhfuil go leor calafoirt Eorpacha lonnaithe gar do lárionaid uirbeacha agus gur nóid iompair thábhachtacha iad in TEN-T;

26. á chreidiúint gur cheart go n-áiritheodh an Coimisiún go mbeidh SUMPanna reatha nó ionchasacha ina gcoinníoll chun rochtain a fháil ar chláir chistiúcháin AE don tsoghluaisteacht uirbeach, amhail CFRE, an Ciste Comhtháthaithe agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa; ag cur béim ar an bhfíoras gur féidir leis an mbeartas comhtháthaithe cuidiú le leas a bhaint as acmhainneacht na hintleachta saorga agus shamhail na cathrach cliste araon, amhail trí fheabhas a chur ar acmhainn riaracháin agus scileanna digiteacha, agus gur cheart dó a bheith ina spreagadh d’aistriú ó thástáil go huas-scálú tionscnamh cathrach cliste le cistiú agus tacaíocht ghaolmhar; á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun tacú le cathracha chun na caighdeáin is airde a bheith acu agus a gcuid SUMPanna á n-ullmhú acu; á chur i bhfáth gur cheart don Choimisiún, do na Ballstáit agus do na réigiúin cuidiú leis na húdaráis áitiúla aon uair is féidir chun an sprioc sin a bhaint amach; á chur in iúl, thairis sin, gur geal léi rún BEI oibriú in éineacht leis na húdaráis phoiblí chun tacú le cláir infheistíochta uaillmhianacha lena gcuirtear an tsoghluaisteacht inbhuanaithe chun cinn ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach, lena n-áirítear trí SUMPanna agus tionscadail iompair phoiblí;

27. á thabhairt chun suntais gur imir na bearta dianghlasála agus sláintíochta tionchar suntasach ar éileamh na soghluaisteachta agus ar rogha an mhodha iompair, rud a d’fhág gur lú daoine a bhain úsáid as iompar poiblí; á iarraidh go gcomhroinnfear dea-chleachtais maidir le cur chun feidhme córais ticéadaithe aonair agus ilmhódúil lena gcuirfí ar a gcumas do dhaoine gluaiseacht ar bhealach níos soláimhsithe agus níos sábháilte idir limistéir uirbeacha san Aontas agus laistigh díobh;

---

([11]) COM(2020)0662.

28. ag spreagadh an Choimisiúin comhroinnt dea-chleachtas maidir le huirbeachas agus bonneagar inbhuanaithe, pleanáil uirbeach ghlas, fuinneamh glan, éifeachtúlacht fuinnimh, iompar poiblí astaíochtaí nialasacha, soghluaisteacht coisithe agus rothaithe, bainistiú éifeachtúil acmhainní uisce agus bainistiú inbhuanaithe ciorclach dramhaíola a chothú idir limistéir uirbeacha;

29. á iarraidh go ndéanfar athbhreithniú ar threoirlínte an Choimisiúin maidir le SUMPanna a fhorbairt agus a chur chun feidhme; á iarraidh go ndéanfar ilmhódúlacht a chothú leis na pleananna sin agus go rachaidh siad i ngleic le cuid de na hiarmhairtí a bhíonn ag ró-chomhchruinniú an daonra i limistéir uirbeacha áirithe, amhail brú tráchta agus costais iompair atá ag méadú, trí shocruithe socheacnamaíocha cothroma, mar shampla, chun a áirithiú go bhfuil na pleananna neamh-idirdhealaitheach;

30. á iarraidh ar an gCoimisiún, i bhfianaise athbhreithniú an phacáiste um shoghluaisteacht uirbeach atá ar na bacáin, comhordú idir bearta sábháilteachta agus bearta inbhuanaitheachta i limistéir uirbeacha a chur chun cinn; á spreagadh go mbeadh ann do dheiseanna páirceála ag an mbealach isteach go limistéir uirbeacha (amhail córais pháirceála agus taistil), chun rochtain éasca a thabhairt ar mhodhanna éagsúla iompair phoiblí, chun brú tráchta uirbeach, astaíochtaí $CO_2$ agus páirceáil os cionn talún agus faoi thalamh i lár cathracha a laghdú go suntasach, agus freisin chun lár cathracha a dhéanamh tarraingteach arís agus an tarraingteacht sin a fheabhsú, agus chun custaiméirí féideartha a mhealladh chun tacú le hearnáil lagaithe an mhiondíola i ndiaidh na paindéime agus borradh a chur faoin luach áitiúil;

31. á thabhairt chun suntais go mbeidh an méadú as cuimse ar phraghsanna fuinnimh ina bhac ar théarnamh eacnamaíoch na gcathracha; á iarraidh go nglacfar céimeanna cuí chun an t-aontas fuinnimh a tharraingt ar aghaidh agus chun athléimneacht mhargadh fuinnimh na hEorpa a neartú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil fuinneamh níos saoire do chách i limistéir uirbeacha ina bhunriachtanas; á spreagadh, dá bhrí sin, go mbunófar cláir ollmhóra chun foirgnimh a insliú agus grianphainéil a chur ar dhíonta; á thabhairt chun suntais gur cheart pobail áitiúla fuinnimh in-athnuaite a chumhachtú chun tomhaltas fuinnimh a laghdú, chun córais fuinnimh a dhícharbónú tuilleadh agus chun gur féidir tairbhe a bhaint as na sochair shóisialta a ghabhann le margaidh fuinnimh áitiúil;

32. á iarraidh go ndéanfar gníomhaíocht chun cáilíocht an aeir uirbigh a fheabhsú chun na rioscaí atá ann do shláinte an duine a íoslaghdú agus chun troid in aghaidh leibhéil torainn timpeallachta atá ag dul i méid i limistéir uirbeacha;

33. á thabhairt dá haire go bhfuil roinnt ábhair imní sábháilteachta ag baint le gléasanna nua soghluaisteachta pearsanta (lena n-áirítear scútair agus rothair leictreacha) i limistéir uirbeacha; ag spreagadh an Choimisiúin treoirlínte a eisiúint do na Ballstáit maidir leis na saincheisteanna sábháilteachta sin a bhainistiú;

34. ag tabhairt dá haire gur leathnaíodh earnáil an tseachadta chun an bhaile de bharr phaindéim COVID-19, rud a thug ann do chineálacha nua oibre ardáin agus samhlacha gnó i limistéir uirbeacha; á aithint go bhfuil gá le moltaí maidir le sábháilteacht pearsanra seachadta agus le hoiliúint sna huirlisí digiteacha a úsáideann siad, amhail feidhmchláir agus ardáin idirghníomhacha;

35. á mheabhrú go dtarlaíonn beagnach 40 % de bhásanna ar bhóithre san Eoraip i limistéir uirbeacha; ag athdhearbhú go mbíonn an tiomáint róghasta ina príomh-imthoisc i gcás thart ar 30 % de na tuairteanna bóthair marfacha, agus ina himthoisc ghéaraitheach i bhformhór na dtuairteanna; á iarraidh ar an gCoimisiún a mholadh a bhfuiltear ag súil leis a úsáid chun uasluas réamhshocraithe 30km/h a leagan síos i limistéir chónaithe agus i limistéir ina bhfuil líon ard coisithe agus rothaithe, agus an fhéidearthacht ann go mbeadh teorainneacha níos airde ar phríomhbhóithre artaireacha le cosaint chuí d'úsáideoirí soghonta bóithre; á chur in iúl gur geal léi gur athdhearbhaigh an tAontas a sprioc fhadtéarmach straitéiseach chun líon na mbásanna agus na ngortuithe a laghdú go geall le nialas ar bhóithre na hEorpa faoi 2050 (Fís Nialais), agus a sprioc mheántéarmach laghdú 50 % a dhéanamh ar líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha faoi 2030; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, sábháilteacht ar bhóithre a chomhtháthú níos fearr i dtreoirlínte SUMP agus á iarraidh ar údaráis phoiblí sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn trí thionscnaimh múscailte feasachta, gníomhaíochtaí iomchuí agus deiseanna cistiúcháin;

36. ag tabhairt rabhadh go bhfuil cathracha agus bailte thar a bheith leochaileach i leith iarmhairtí an athraithe aeráide; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go bhfuil tonnta teasa, atá níos tromchúisí cheana féin i gcathracha de bharr éifeachtaí oileán teasa uirbeach, ag dul i méid ó thaobh déine agus minicíochta de, agus gur dócha go mbeidh méadú ar thuilte mar thoradh ar theagmhais adhfhrasaíochta agus ar bhorradh stoirme, amhail na tuilte a chonacthas san Eoraip i samhradh 2021, nó go mbeidh méadú ar adhstoirmeacha sneachta ann mar gheall orthu, amhail na stoirmeacha a bhí ann i ngeimhreadh 2020-2021 agus ar léiriú iad gur gá atá méadú a dhéanamh ar athléimneacht ó thubaistí i gcathracha; á iarraidh ar an gCoimisiún treisiú, i gcás inarb iomchuí, lena mhéid a chomhoibríonn sé le rialtais áitiúla trí struchtúir atá ann cheana, amhail Cúnant Méaraí AE, Comhaontú na gCathracha Glasa agus Comhghuaillíocht na Méaraí ar son an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, chun na riachtanais agus na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide agus atá le sárú ag limistéir uirbeacha a shainaithint, agus chun réitigh a chomhdhearadh ionas go mbeidh cathracha níos glaise agus chun infheistíochtaí a threorú chuig gníomhaíochtaí áitiúla; ag tathant ar na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla straitéisí uirbeacha maidir le hoiriúnú don athrú aeráide a bhunú, sa bhreis ar a gcuid pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide, ar straitéisí iad lena spreagfaí infheistíocht chun cathracha a athrú ó bhun agus a chur in oiriúint do bhagairtí an athraithe aeráide;

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**

37. á athdhearbhaíonn go bhfuil 30 % den chreat airgeadais ilbhliantúil agus 37 % de NextGenerationEU tiomnaithe do ghníomhaíocht ar son na haeráide, agus go bhfuil 20 % NextGenerationEU á leithdháileadh ar an aistriú digiteach; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar na Ballstáit agus treoir agus moltaí a thabhairt dóibh chun a áirithiú go bhforbraítear na scileanna is gá chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach; á chur in iúl gur saoth léi eisiamh limistéar uirbeach i gcomhthéacs NextGenerationEU agus á iarraidh, dá bhrí sin, go dtabharfaí páirt níos fearr do chathracha, do bhailte agus do limistéir uirbeacha fheidhmiúla agus na pleananna téarnaimh agus athléimneachta á bpleanáil agus á gcur chun feidhme, agus go mbeidís rannpháirteach ar bhealach níos fearr sa phleanáil agus sa chur chun feidhme sin;

38. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá níos mó crann a chur agus díonta glasa a shuiteáil, ós rud é go mbíonn luach tábhachtach áineasa ag gabháil le glasú cathracha do dhaoine, go laghdaítear an teocht agus go n-ionsúitear fuílleach uisce báistí a bhuí leis, agus, dá bhrí sin, go gcuirtear in aghaidh éifeachtaí an athraithe aeráide agus chailliúint na bithéagsúlachta leis; á thabhairt chun suntais gurb amhlaidh, ach foirgnimh a iarfheistiú chun gur lú fuinnimh a úsáidtear iontu agus cathracha a athdhearadh chun líon na spásanna glasa a mhéadú agus siúl agus rothaíocht a chur chun cinn, go nginfear coigilteas, go gcruthófar poist, go gcuideofar leis an gcomhrac i gcoinne na bochtaineachta fuinnimh agus go mbeidh ann do thairbhí aeráide;

39. á chur i bhfáth go bhfuil an tiomantas do limistéir uirbeacha ríthábhachtach don aistriú chuig sochaí aeráidneodrach agus chuig geilleagar atá rathúil, cóir, rathúil agus iomaíoch; á thabhairt dá haire gurb amhlaidh, i gcásanna áirithe, go mbíonn an fios gnó, na hacmhainní daonna agus an rochtain ar shonraí ardcháilíochta is gá chun gníomhaíochtaí a sheoladh agus dul chun cinn a dhéanamh de dhíth ar rialtais áitiúla; á chreidiúint, dá bhrí sin, gur gá lán-úsáid a bhaint as fothú acmhainní, tacaíocht theicniúil agus cistiúchán, mar a comhaontaíodh i Rialachán na bhForálacha Coiteanna, ionas go ndéanfaidh údaráis uirbeacha agus fho-uirbeacha spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, agus á chreidiúint gur gá rochtain dhíreach ar chistiú de chuid AE a bheith ag údaráis uirbeacha amach anseo;

***Cathracha nuálacha***

40. ag cur béim ar an bhfíoras go raibh an digiteáil ina cuidiú agus aghaidh á tabhairt ar chuid de na dúshláin láithreacha a d'eascair as an bpaindéim, go háirithe le linn tréimhsí dianghlasála, agus gur dáiríre an neamhionannas í an deighilt dhigiteach i measc an iliomad neamhionannas a nochtadh le paindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire gur cuireadh dlús leis an digiteáil i ngeall ar an bpaindéim, agus gur éirigh an teicneolaíocht chun bheith ríthábhachtach do theilea-obair, scolaíocht bhaile, ríomhthráchtáil, ríomhshláinte, ríomhrialtas, daonlathas digiteach agus siamsaíocht dhigiteach; á iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar na forbairtí sin agus a áirithiú go bhfuil *acquis* an Aontais á chomhlíonadh ina iomláine, go háirithe maidir le cearta oibrithe agus cearta sóisialta; á mheabhrú nach mór tús áite a thabhairt don digiteáil agus don nascacht dhigiteach agus pobail áitiúla ag téarnamh; á athdhearbhú gur den tábhacht é dlí iomaíochta leormhaith agus creat Státchabhrach leormhaith a bheith ann lena dtugtar solúbthacht iomlán do na Ballstáit faoi na rialacha maidir le Státchabhair chun tacú leis an ngeilleagar i rith ráig an choróinvíris, go háirithe trí leathanbhanda ardluais agus bonneagar 5G a imscaradh i ngach cathair gan beann ar a méid; á iarraidh ar na Ballstáit tacú leis an nascacht, trealamh a sholáthar agus láithreacht pearsanra oilte a áirithiú in institiúidí poiblí, sóisialta agus oideachais;

41. á iarraidh go ndéanfar gníomhaíochtaí agus beartais chun aistriú digiteach cóir a bhaint amach, ar cheart iad a chur i bhfeidhm ar fud leibhéil éagsúla, ó chathracha go dtí an tAontas féin; á iarraidh go n-aithneofar an cuimsiú digiteach mar cheart don uile ghlúin agus go dtabharfar gealltanas soiléir nascacht idirlín uilíoch a bhaint amach do chathracha;

42. á chur i bhfáth gur cheart an litearthacht dhigiteach a neartú chun rochtain ar dheiseanna nua a leathnú; á mheas nach mór borradh a chur faoin infheistíocht san oideachas agus san oiliúint le cláir chuimsitheacha san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach ar mhaithe le huas-sciliú, athsciliú agus foghlaim ar feadh an tsaoil a fhreagraíonn do na hathruithe ar an éileamh ar scileanna; á iarraidh go ndéanfaidh mná agus cailíní dul chun cinn san oideachas agus i ngairmeacha san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (STEM);

43. á mheabhrú go raibh ról ríthábhachtach ag an turasóireacht uirbeach maidir le beartais uirbeacha a cheapadh; á chur i bhfios gur fhulaing formhór chathracha AE de bharr meathluithe sa turasóireacht tar éis na paindéime agus go raibh orthu *modi operandi* nua agus níos inbhuanaithe a chuardach chun turasóireacht a athbhunú, arb é sin is cúis leis an úsáid mhéadaithe atá á baint as teicneolaíochtaí digiteacha nua, rud a d'fhág gur féidir spásanna uirbeacha agus gluaiseacht turasóirí uirbeacha a bhainistiú ar bhealach níos fearr chun carnadh grúpaí móra agus staideanna rioscúla a chosc i gcomhthéacs na paindéime;

44. á thabhairt chun suntais gur veicteoirí iad leabharlanna agus lárionaid chultúrtha lena ndéantar éascú ar chuimsiú digiteach agus sóisialta, ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus ar chonairí fostaíochta do phobail uirbeacha agus do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste; ag tarraingt aird, thairis sin, ar an ngá atá le háiteanna breise le haghaidh malartú pearsanta agus polaitiúil;

45. á chur i bhfios go láidir go gcumasaítear, a bhuí leis an intleacht shaorga, réitigh uirbeacha chliste, lena n-áirítear bainistiú níos éifeachtúla ar fhuinnimh, ar uisce agus ar dhramhaíl, agus laghdú ar thruailliú, ar bhrú tráchta agus ar thorann; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go mbeidh an iliomad dúshláin dhigiteacha le sárú ag údaráis áitiúla, amhail infhaighteacht agus iontaofacht teicneolaíochta sonraí, spleáchas ar thríú páirtithe príobháideacha agus easpa scileanna; á chur i bhfáth nach mór do theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, amhail an intleacht shaorga, cloí le critéir eiticiúla ionas nach ndéanfar na neamhionannais shóisialta atá ann cheana a atáirgeadh;

46. á mheas gur gá na príomhstruchtúir sláinte uirbeacha atá ann cheana a neartú go fisiciúil agus ó thaobh airgeadais de; á thabhairt dá haire gur cheart gurbh é a bheadh mar thoradh ar an aistriú i seachadadh an chúraim sláinte go dtiocfadh méadú ar an nuálaíocht dhigiteach agus go gcuirfí feabhas ar chomhtháthú an chúraim trí chainéil faisnéise atá cothrom le dáta chun cúram sláinte atá níos spriocdhírithe, níos pearsantaithe, níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a sholáthar; á iarraidh ar na Ballstáit oibriú le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus, go háirithe, le húdaráis uirbeacha chun líonraí a fhorbairt chun oideachas a chur ar dhaoine maidir le cúram sláinte digiteach agus riarachán poiblí digiteach a úsáid, lena gcumasófaí rochtain uilíoch chothrom agus lena ndéanfaí sonraí íogaire a chosaint go críochnúil agus cibearchoireacht a chosc ag an am céanna; á thabhairt chun suntais, dá bhrí sin, go bhfuil ról ríthábhachtach ag na Ballstáit chun tacú leis na hiarrachtaí a dhéanann údaráis chathrach cuimsiú digiteach a mhúnlú agus a áirithiú trí shonraí pearsanta a chosaint agus trí dhaoine agus gnólachtaí áitiúla a chumhachtú trí rochtain ar shonraí;

*Cathracha foghlama*

47. á chur i bhfáth gur go raibh éifeachtaí díobhálacha ag paindéim COVID-19 ar an oideachas agus á thabhairt chun suntais gur gá cuimsiú agus rochtain ar oideachas a áirithiú;

48. á chur i bhfios go láidir gur gá tacú le hearnáil an chultúir ós rud é gur sócmhainní ríthábhachtacha don iomaíochas réigiúnach agus don chomhtháthú sóisialta iad an cultúr agus an oidhreacht chultúrtha, agus go mbíonn siad ina gcuidiú le féiniúlacht cathracha agus réigiún a mhúnlú; á chur i bhfáth go bhfuil sé tábhachtach níos mó suíomhanna cultúrtha a chruthú agus a dtéarnamh i ndiaidh phaindéim COVID-19 a áirithiú, agus á chur i bhfáth gur gá níos mó daoine óga a mhealladh chucu;

49. á chur i bhfios go láidir go bhfuil earnáil an chultúir agus earnáil an spóirt ina rannchuidiú eacnamaíoch agus sóisialta leis an tsochaí agus go n-imríonn siad tionchar eacnamaíoch agus sóisialta ar an tsochaí freisin; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comhoibriú le chéile agus cistí leordhóthanacha náisiúnta agus de chuid AE a leithdháileadh chun bonneagar láidir cultúrtha agus spóirt a chruthú agus chun oideachas a chur chun cinn do na hearnálacha eacnamaíocha agus áineasa, go háirithe do chultúr an phobail agus do spórt neamhghairmiúil i limistéir uirbeacha agus fho-uirbeacha; ag spreagadh na mBallstát plean gníomhaíochta a fhorbairt chun an dá earnáil, ar codanna tábhachtacha den gheilleagar ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta agus ar leibhéal AE iad, a atosú agus borradh a chur faoina n-athléimneacht;

50. á chur i bhfáth go bhfuil sé tábhachtach cearta leanaí agus daoine óga a chosaint agus gur gá córais stóinsithe, chuimsitheacha agus fheidhmiúla oideachais agus oiliúna a chruthú, ar córais iad lena bhfreastalaítear ar fhíor-riachtanais na ndaoine ina limistéir uirbeacha faoi seach agus atá in ann déileáil le haon ghéarchéimeanna sláinte nó tubaistí nádúrtha a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo;

51. á thabhairt dá haire, agus é ina chúis bhuartha di, go raibh éifeachtaí mórthaibhseacha ag géarchéim COVID-19 ar sciar suntasach d'aos óg na hEorpa, ar éifeachtaí iad atá le sonrú, go háirithe, i gcruachás an leithlisithe, sa líon mór post a cailleadh agus sna conairí oideachais nó oiliúna a cuireadh as dóibh; á chur i bhfios gur tháinig athruithe ar chomhdhéanamh agus méid dhaonra na hóige nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna mar thoradh ar an staid sin, ar gá í a mheasúnú agus a shainaithint i gceart chun dul i ngleic leis na dúshláin shonracha a d'eascair as an ngéarchéim agus chun cuidiú leis na Ballstáit straitéisí éifeachtacha for-rochtana a fhorbairt i leith daoine óga; ag moladh don Choimisiún staidéar a dhéanamh ar an bhféidearthacht uirlisí Eorpacha coiteanna a fhorbairt chun daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna a mhapáil agus a rianú chun gur féidir freagairt iomchuí beartais a thabhairt chun tacú leis an ngrúpa sin atá thar a bheith leochaileach i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19;

52. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá athmhachnamh a dhéanamh ar réitigh chun lár ionchathracha a athbheochan, ós rud é gur fhulaing siad de bharr dúnadh gnólachtaí agus suíomhanna cultúrtha, folúntas, cailliúint tarraingteachta agus méadú ar thrádáil ar líne le linn na paindéime agus ina diaidh;

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**

53. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar na réigiúin athmhachnamh a dhéanamh ar an mbonneagar oideachais agus é a athdhearadh i gcomhréir le forbairtí nua i ngairmeacha an oideachais; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cistí leordhóthanacha a leithdháileadh chun saoráidí oideachais a fhorbairt agus chun oiliúint maidir le forbairt scileanna glasa agus digiteacha a chur ar mhúinteoirí agus mic léinn, idir óg agus aosta, chun iad a ullmhú don todhchaí; á mheabhrú gur cheart go mbeadh an digiteáil fite fuaite le soláthar rochtana ar an idirlíon, agus ní hamháin sin ach freisin leis an trealamh is gá chun an t-idirlíon a úsáid;

54. á mheas go mbeidh ról ríthábhachtach sa tsamhail nua do limistéir uirbeacha AE ag sraith coincheap nuálach, go háirithe úsáid hibrideach agus ilfheidhmiúlacht spásanna uirbeacha, ceartas sa talamhúsáid agus "an chathair 15 nóiméad";

## *Tionscnaimh bheartais shaincheaptha*

55. á chur i bhfios go láidir gur gá dul in oiriúint don chló nua atá ar an saol i bhfianaise phaindéim COVID-19 agus machnamh a dhéanamh ar shamhail nua do limistéir uirbeacha AE agus, san am céanna, níos mó spáis a fhágáil do chruthaitheacht, do rannpháirtíocht shibhialta agus do thástáil; á chreidiúint gur deis í an Chomhdháil ar Todhchaí na hEorpa páirt níos céimiúla a thabhairt do chathracha i bpróisis chinnteoireachta AE, agus ról bunriachtanach a thabhairt dóibh maidir le daonlathas rannpháirteach agus idirphlé níos láidre a thógáil leis na cónaitheoirí agus, san am céanna, cur chuige ón mbun aníos a ghlacadh agus athmhachnamh a dhéanamh ar rialachas uirbeach; á thabhairt chun suntais gur den tábhacht é straitéisí cuimsitheacha a fhorbairt a bheidh bunaithe ar an gComhaontú Glas don Eoraip, ar an Straitéis Dhigiteach Eorpach ([12]) agus ar an bhfís fhadtéarmach do limistéir thuaithe AE; á mheabhrú, i gcomhréir le hAirteagal 349 CFAE, go bhfuil saintréithe sonracha ag na réigiún is forimeallaí;

56. á aithint go mbíonn tionchar ag raon leathan tionscnamh de chuid an Aontais ar chathracha, ar bhailte agus ar limistéir uirbeacha fheidhmiúla, in ainneoin easpa inniúlachtaí follasacha AE maidir le forbairt uirbeach; á aithint go bhfuil gá le comhar níos láidre maidir le cláir agus beartais AE i measc na limistéar uirbeach agus laistigh díobh; á chur in iúl gur cúis imní di gurb amhlaidh, cé gur fhás roinnt tionscnaimh uirbeacha le blianta beaga anuas, gur beag comhordúcháin a dhéantar go fóill agus gur ann i gcónaí do rioscaí maidir le dúbláil agus tionchair dhoiléire;

57. á chur in iúl gur geal léi an Clár Oibre Uirbeach don Aontas Eorpach mar shamhail nua don rialachas il-leibhéil; á chur in iúl gur oth léi gur próiseas deonach é sin i gcónaí agus ag tathant ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún gealltanas a thabhairt na moltaí a chur chun feidhme; á chur i bhfios go láidir gá páirt níos láidre a thabhairt don tsochaí shibhialta sa phróiseas cinnteoireachta agus cur chuige ón mbun aníos a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais áitiúla agus réigiúnacha; á chur i bhfáth go bhfuil rannpháirteachas na bhfiontar beag agus meánmhéide áitiúla agus na ngnólachtaí nuathionscanta áitiúla tábhachtach i gcomhthéacs straitéisí agus pleananna forbartha uirbeacha agus ceantair;

58. á aithint go bhfuil ról tábhachtach ag limistéir uirbeacha i gcur chun feidhme nithiúil clár agus tionscadal a dhíorthaítear ó reachtaíocht AE; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacaíocht láidir a thabhairt d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus dá bhfoirne bainistithe tionscadal maidir le cláir agus deiseanna cistiúcháin de chuid AE agus, san am céanna, a áirithiú gur ann do shaoráidí leormhaithe riaracháin i gcathracha, i mbailte agus i limistéir uirbeacha fheidhmiúla, lena n-áirítear foireann atá oilte go hiomchuí;

59. á áitiú go bhfuil ról lárnach le himirt ag údaráis réigiúnacha agus áitiúla ag gach céim de chinnteoireacht AE: pleanáil, ullmhú agus cur chun feidhme; á iarraidh go gcuirfí níos mó cistiú díreach de chuid AE ar fáil d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha chun éifeachtúlacht a fheabhsú, comhsheasmhacht a áirithiú agus an t-ualach riaracháin a laghdú; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, an treorú is gá a sholáthar do na Ballstáit agus rochtain ar chistiú a éascú, agus idirdhealú á dhéanamh idir cathracha agus réigiúin, ag brath ar leibhéal a ndigiteála;

60. á athdhearbhú go mbeidh gá amach anseo le deiseanna cistiúcháin atá leormhaith agus inrochtana go díreach sa chaoi go ndéanfaidh cathracha cláir a chur chun feidhme go háitiúil; á athdhearbhú gur cheart EUR 400 milliún as na hacmhainní le haghaidh infheistíochtaí i bpoist agus i bhfás a leithdháileadh ar an Tionscnamh Uirbeach Eorpach faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach an Choimisiúin, mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1058; á iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh, ina athbhreithniú meántéarma ar an gclárthréimhse reatha, ar éifeachtacht an Tionscnaimh Uirbigh Eorpaigh, go háirithe ar a bhuiséad agus a raon feidhme, agus na Ballstáit a spreagadh níos mó acmhainní a sholáthar chun tacú le seachadadh an Chláir Oibre Uirbigh;

61. á iarraidh go dtabharfar buiséad agus raon feidhme níos mó don Tionscnamh Uirbeach Eorpach, agus go n-áiritheofar, san am céanna, go mbeidh rochtain éifeachtach agus éascaithe ag cathracha sna réigiúin is forimeallaí air; ag tabhairt dá haire gur cheart dó a bheith ina thacú leis an gClár Oibre Uirbeach a sheachadadh sa chlárthréimhse reatha; á

([12]) COM(2020)0067.

mheas gur príomhghníomhaithe agus príomhgheallsealbhóirí iad pobail uirbeacha i gcur chun feidhme rathúil na mbeartas sin arna maoiniú ag an Aontas atá neadaithe i bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta; á iarraidh ar an gComhairle agus ar na Ballstáit suas le 15 % a leithdháileadh ar limistéir uirbeacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin iar-COVID;

62. á thabhairt chun suntais go bhfuil cistiú ón Aontas tábhachtach chun an cuimsiú sóisialta a chur chun feidhme go háitiúil; á iarraidh go neartófar a thionchar trí chreat comhchoiteann bainistithe agus tuairiscithe;

63. á aithint go bhfuil ról ríthábhachtach agus uathúil ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir le dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le paindéim COVID-19; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil aon deis ann faoi láthair idirphlé struchtúrtha a bhunú idir an Coimisiún agus cathracha maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun faireachán a dhéanamh ar rannpháirtíocht na n-údarás uirbeach i gcur chun feidhme na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta; á iarraidh ar an gCoimisiún tuaraisc a thabhairt, ina athbhreithniú, ar chur chun feidhme na saoráide chun scrúdú a dhéanamh ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag limistéir uirbeacha fheidhmiúla agus, más gá, chun a ról a neartú chun cur chun feidhme rathúil na saoráide a ráthú go héifeachtach; á chur i bhfios go láidir gur cheart an tacaíocht is gá a thabhairt d'údaráis uirbeacha chun pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme i gceart trí acmhainní a fhothú, trí mhalartuithe agus trí chúnamh teicniúil;

64. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart, laistigh den bheartas comhtháthaithe, próisis rannpháirteachais a neartú le tacaíocht ó chistí chun coincheapa nua a thástáil agus taithí a chomhroinnt trí fhorbairt inbhuanaithe agus chomhtháite an uile chineáil críche agus tionscnaimh áitiúil a chothú; á chreidiúint gur toisc thábhachtach é fothú acmhainní gníomhaithe uirbeacha agus cathracha níos athléimní agus níos inbhuanaithe á gcruthú; ag spreagadh cathracha, bailte agus limistéir uirbeacha fheidhmiúla tacú le tionscnaimh ó na saoránaigh; á chur i bhfios go láidir gur saotharlanna uirbeacha iad cathracha, ós rud é gur áiteanna iad inar féidir coincheapa agus beartais inbhuanaithe don todhchaí a thástáil agus inar féidir réitigh le haghaidh pobail chliste agus chuimsitheacha a fhorbairt;

65. á mheabhrú do gach Ballstát gur cheart dóibh comhaontú comhpháirtíochta a ullmhú, i gcomhréir leis an gcód iompair maidir le comhpháirtíochtaí, ina leagtar síos íoschaighdeáin maidir le rannpháirtíocht údarás réigiúnach, áitiúil, uirbeach agus poiblí eile, comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta agus comhpháirtithe eile, mar a luaitear in Airteagal 8(1) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna; á iarraidh go dtabharfar páirt níos mó do na comhpháirtithe, lena n-áirítear iad siúd sa saol acadúil, sa nuálaíocht agus sa taighde, in ullmhú, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht clár de chuid AE, lena n-áirítear i gcoistí faireacháin;

66. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar na réigiúin comhpháirtíocht chuimsitheach a áirithiú, lena n-áirítear le húdaráis uirbeacha, chun an beartas comhtháthaithe a cheapadh agus a chur chun feidhme agus chun fógra a thabhairt d'údaráis uirbeacha maidir leis an gcúis a ndiúltaítear d'iarratais ar chistiú; á iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar ghearáin ó gheallsealbhóirí amhail údaráis uirbeacha, lena n-áirítear i gcás nach dtugtar aon údar bailí leis an diúltú d'iarratas ar chistiú;

67. á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis a fhorbairt do limistéir uirbeacha fheidhmiúla agus do chathracha meánmhéide, lena n-áirítear deiseanna cistiúcháin do ghníomhaíochtaí amhail comhpháirtíochtaí nuálaíochta agus scéimeanna soláthair chomhpháirtigh idir cathracha san Aontas agus comhar idir cathracha agus réigiúin san Aontas;

o

o o

68. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig na Ballstáit agus chuig a bparlaimintí.

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0023

# Tionchar na n-athchóirithe náisiúnta cánach ar gheilleagar an Aontais

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 maidir le tionchar na n-athchóirithe náisiúnta cánach ar gheilleagar an Aontais (2021/2074(INI))**

(2022/C 342/02)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint d'Airteagail 110-113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a bhaineann le comhchuibhiú na reachtaíochta maidir le cánacha láimhdeachais, dleachtanna máil agus cineálacha eile cánachais indírigh,

— ag féachaint d'Airteagail 114-118 CFAE, lena gcumhdaítear cánacha a bhfuil tionchar indíreach acu ar bhunú an mhargaidh aonair,

— ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin maidir le Cánachas 2021 – Athbhreithniú ar bheartais chánach i mBallstáit AE,

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 15 Iúil 2020 maidir le plean gníomhaíochta le haghaidh cánachas cothrom agus simplí a thacaíonn leis an straitéis téarnaimh (COM(2020)0312),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2021 dar teideal *Business taxation for the 21st century* [Cánachas Gnó don 21ú hAois] (COM(2021)0251),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Meán Fómhair 2020 maidir le hAontas na Margaí Caipitil do dhaoine agus do ghnólachtaí – plean gníomhaíochta nua (COM(2020)0590),

— ag féachaint do na moltaí tírshonracha ón gCoimisiún a foilsíodh faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh agus do na measúnuithe a rinne sé ar na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a thíolaic na Ballstáit mar chuid den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta,

— ag féachaint do shuirbhé an Choimisiúin ó 2020 dar teideal *Tax policies in the European Union* [Beartais chánach san Aontas Eorpach],

— ag féachaint do chonclúidí Chruinniú na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais, a tionóladh an 1 Nollaig 1997, maidir leis an mbeartas cánach – Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 1 Nollaig 1997 i dtaca le cód iompair maidir leis an gcánachas gnó – Cánachas ar choigilteas ([1]),

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2015 dar teideal *Tax reforms in EU Member States 2015 – Tax policy challenges for economic growth and fiscal sustainability* [Athchóirithe cánach i mBallstáit AE 2015 – Dúshláin an bheartais cánach i dtaca le fás eacnamaíoch agus an inbhuanaitheacht fhioscach],

— ag féachaint don fhorléargas ar na córais chánach fhabhracha a scrúdaigh an Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) ó cruthaíodh í i mí an Mhárta 1998,

— ag féachaint do thuarascáil ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) an 21 Aibreán 2021 dar teideal *Tax Policy Reforms 2021 – Special Edition on Tax Policy during the COVID-19 Pandemic* [Athchóirithe an Bheartais Cánach 2021 – Eagrán Speisialta maidir leis an mBeartas Cánach le linn Phaindéim COVID-19],

([1]) IO C 2, 6.1.1998, lch. 1.

— ag féachaint don réiteach dhá cholún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digitiú an gheilleagair ar tháinig Creat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le Creimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis ar chomhaontú faoi,

— ag féachaint do thuarascáil ó ECFE an 19 Bealtaine 2020 dar teideal *Tax and Fiscal Policy in Response to the Coronavirus Crisis: Strengthening Confidence and Resilience* [Beartas Cánach agus Fioscach mar Fhreagairt ar Ghéarchéim an Choróinvíris: Muinín agus Athléimneacht a Chothú],

— ag féachaint do pháipéar beartais an 25 Bealtaine 2021 ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta dar teideal *Taxing Multinationals in Europe* [Cáin a ghearradh ar Chuideachtaí Ilnáisiúnta san Eoraip],

— ag féachaint don tuarascáil féintionscnaimh uaithi maidir le beartas an Aontais i dtaca le cleachtais dhíobhálacha chánach a athchóiriú (lena n-áirítear an Mheitheal um an gCód Iompair a athchóiriú),

— ag féachaint do rún uaithi an 7 Deireadh Fómhair 2021 maidir le beartas an Aontais i dtaca le cleachtais chánach dhíobhálacha a athchóiriú (lena n-áirítear an Mheitheal um an gCód Iompair a athchóiriú) ([2]),

— ag féachaint do rún uaithi an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le cur chun feidhme cheanglais an Aontais maidir le faisnéis chánach a mhalartú: dul chun cinn, ceachtanna a foghlaimíodh agus bacainní le sárú ([3]),

— ag féachaint do rún uaithi an 15 Eanáir 2019 maidir leis an gcomhionannas inscne agus beartais chánach in AE ([4]),

— ag féachaint do rún uaithi an 21 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Páipéir Phandóra: impleachtaí do na hiarrachtaí chun sciúradh airgid, imghabháil cánach agus seachaint cánach a chomhrac ([5]),

— ag féachaint don tuarascáil ón bhFaireachlann Eorpach um Cháin dar teideal *New Forms of Tax Competition in the European Union: an Empirical Investigation* [Cineálacha Nua Iomaíochta Cánach san Aontas Eorpach: Imscrúdú Eimpíreach], a foilsíodh i mí na Samhna 2021,

— ag féachaint do Threoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE ([6]) (Treoir an Chomhair Riaracháin),

— ag féachaint d'Airteagal 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0348/2021),

A. de bhrí gur pléadh saincheist na gcleachtas díobhálach cánach agus gur moladh athchóirithe, i rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Deireadh Fómhair 2021 maidir le beartas an Aontais i dtaca le cleachtais chánach dhíobhálacha a athchóiriú (lena n-áirítear an Mheitheal um an gCód Iompair a athchóiriú); de bhrí gur imir éifeachtaí gearrthéarmacha phaindéim COVID-19 agus an claochlú struchtúrach fadtéarmach mar thoradh ar na treochtaí déimeagrafacha, ar an digitiú agus ar an aistriú i dtreo samhail eacnamaíoch atá neodrach ó thaobh carbóin de tionchar ar roghanna na mBallstát maidir le ceapadh beartas cánach amach anseo;

B. de bhrí, cé gurb iad na Ballstáit den chuid is mó atá freagrach as an mbeartas cánach, go bhfuil gá le comhchuibhiú agus comhordú sa mhargadh aonair i dtaca le beartas cánach a leagan síos chun comhtháthú an mhargaidh aonair a chur chun cinn tuilleadh agus creimeadh an bhoinn cánach a chosc; de bhrí gur féidir le bearta náisiúnta tionchar a imirt ar bhailiú cánach Ballstát eile agus gur féidir leo iomaíocht chóir agus infheistíochtaí a shaobhadh;

C. de bhrí go gcuireann ilroinnt an bheartais cánach constaicí éagsúla roimh chuideachtaí agus saoránaigh sa mhargadh aonair, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéid (FBManna), lena n-áirítear éiginnteacht dhlíthiúil, rómhaorlathas, baol an chánachais dhúbailte agus deacrachtaí a bhaineann le haisíocaíochtaí cánach a éileamh; de bhrí go ndéantar

([2]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0416.
([3]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0392.
([4]) IO C 411, 27.11.2020, lch. 38.
([5]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0438.
([6]) IO L 64, 11.3.2011, lch. 1.

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**

gníomhaíocht eacnamaíoch trasteorann a dhíspreagadh leis na constaicí sin agus gur féidir leo an margadh aonair a shaobhadh; de bhrí go gcruthaíonn ilroinnt beartais baol d'údaráis chánach amhail neamhchánachas dúbailte agus arbatráiste (amhail pleanáil cánach agus cleachtais ionsaitheacha seachanta cánach); de bhrí go bhfuil na Ballstáit fós ag cailleadh ioncam cánach de dheasca lúba ar lár idir reachtaíocht na mBallstát éagsúil, nó idir reachtaíocht na mBallstát agus reachtaíocht tríú tíortha, agus ar cúis le cleachtais dhíobhálacha chánach iad, agus go meastar go gcailltear idir EUR 36-37 mbilliún agus EUR 160-190 billiún d'ioncam in aghaidh na bliana de dheasca seachaint cánach corparáide; de bhrí go gcuireann ilroinnt beartais le costas an fhorfheidhmithe atá le seasamh ag na húdaráis chánach;

D. de bhrí, laistigh de gheilleagar sóisialta margaidh AE, gur cheart go mbeadh sé mar aidhm le leibhéil leormhaithe chánach agus dlíthe cánach atá simplí agus soiléir go mbeadh a laghad saofa ann is féidir; de bhrí gur cheart go dtacódh beartais fhónta chánach le comhlíonadh na gcuspóirí beartais a leagtar amach in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, rud as a dtiocfaidh sochaithe níos cothroime agus níos inbhuanaithe agus lena bhfeabhsófar iomaíochas AE agus a chuid Ballstát; de bhrí go bhfuil athruithe móra agus athmheastóireacht ar na beartais chánachais atá ann faoi láthair i gceist leis an téarnamh eacnamaíoch agus na dúshláin a bhaineann leis an ngéarchéim aeráide, leis an aistriú éiceolaíoch agus le digitiú an gheilleagair; de bhrí nár cheart go gcuirfeadh bearta fioscacha bac ar thionscnaimh phríobháideacha lena ngintear fás eacnamaíoch, lena ndéantar geilleagair tíortha a athmhúscailt agus lena gcuirtear cruthú post chun cinn in AE;

E. de bhrí go mbíonn córais éifeachtúla chánach trédhearcach, go mbíonn sé éasca cloí leo agus go ngineann siad ioncam leanúnach cánach; de bhrí go n-aistríonn athchóirithe cánach atá dírithe ar fhás an t-ualach cánach i dtreo cánacha tomhaltais agus maoine agus go bhfuil sé mar aidhm leo an bonn cánach a leathnú;

F. de bhrí nach ionann an réasúnaíocht a bhíonn le hathchóirithe náisiúnta cánach i ngach cás, rud a léiríonn na saintréithe struchtúracha a bhaineann le geilleagair na mBallstát, agus go bhféadfadh bunchúiseanna éagsúla a bheith leo amhail an cánachas a dhéanamh níos iontaofa agus níos cinnte, fás eacnamaíoch a chothú, ioncam a mhéadú, an dáileadh a fheabhsú, dreasachtaí iompraíochta a leagan síos agus coinneáil suas le hathruithe struchtúracha sa gheilleagar;

G. de bhrí go bhfuil difear suntasach idir an leibhéal foriomlán cánachais (is é sin na cánacha agus ranníocaíochtaí sóisialta éigeantacha) idir na Ballstáit, mar a léirítear leis an difríocht sa chóimheas cánachais/OTI a bhí idir 22,1 % in Éirinn agus 46,1 % sa Danmhairg in 2019; de bhrí, ar an iomlán, go bhfuil an t-ualach cánach san Aontas (40,1 %) níos airde ná mar atá i ngeilleagair ardfhorbartha eile (ba é 34,3 % meán ECFE in 2018); de bhrí gur tháinig laghdú ó 46,52 % in 1980 go 25,85 % in 2020 ar an meánráta ualaithe cánach reachtúla corparáide i dtíortha ECFE, arb ionann é agus laghdú 44 % le 40 bliain anuas;

H. de bhrí go raibh comhdhéanamh an mheascáin cánach in AE, san iomlán, seasmhach den chuid is mó sa tréimhse 2004-2019, agus gur tháinig méadú beag ar leibhéal foriomlán an ioncaim cánach; de bhrí go bhfuil éagsúlacht mhór i gcomhdhéanamh an mheascáin cánach (sciaranna coibhneasta na gcánacha saothair, tomhaltais, caipitil, comhshaoil agus eile) in AE, agus go bhfuil meascán cánach ag roinnt Ballstát a chuireann níos mó leis an bhfás ná an meascán cánach atá ag Ballstáit eile;

I. de bhrí go ndealraíonn sé gur chuir an iomaíocht láidir chánach in AE go mór leis an laghdú géar ar na rátaí cánach corparáide agus go bhfuil an meánráta cánach corparáide san Eoraip faoi bhun an mheánráta i dtíortha ECFE dá thoradh sin;

J. de bhrí, le linn na paindéime, gur bhain cuid mhaith tíortha leas as athchóirithe cánach chun tacú leis an ngeilleagar agus nach raibh ach cuid de na bearta sin sealadach; de bhrí gur chuimsigh na hathchóirithe cánach sin bearta maidir le faoiseamh láithreach do ghnólachtaí agus do theaghlaigh amhail tarchuir íocaíochta, tabhairt ar aghaidh níos fearr caillteanais agus aisíocaíochtaí cánach luathaithe, mar aon le bearta spreagtha atá dírithe ar théarnamh;

K. de bhrí gur tháinig Creat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le Creimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis ar chomhaontú faoi na príomhghnéithe d'athchóiriú dhá cholún ar an gcóras cánach idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as digitiú an gheilleagair, lena n-áirítear íosráta cánach corparáide éifeachtach 15 %;

***Barúlacha ginearálta***

1. á mheabhrú go bhfuil lánchead ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh faoin gcuid beartas eacnamaíoch féin agus go háirithe faoina gcuid beartas cánach féin laistigh de theorainneacha chonarthaí AE agus a mhéid a dhéantar dlí an Aontais a thrasuí agus a fhorfheidhmiú go cuí, cé go bhféadfadh ilroinnt beartais agus éagothroime iomaíochta san Aontas a bheith ann mar thoradh air sin; á mheabhrú go bhfágann sé sin gur féidir iomaíocht chóir a bheith ann agus go gcuirtear srian le margadh aonair AE a bheith á shaobhadh;

2. ag tabhairt dá haire go bhfuil sreafaí móra trádála, infheistíochta agus airgeadais i measc na mBallstát cruthaithe ag an margadh aonair, mar thoradh ar shaorghluaiseacht na dtosca táirgeachta agus ar an dlúthchaidreamh eacnamaíoch le tíortha comharsanachta nach bhfuil in AE; ag tabhairt dá haire go bhfuil bonn agus ráta cánach gach tíre fite fuaite le bonn agus ráta cánach tíortha eile mar gheall ar an idirspleáchas domhain sin, rud a mhéadaíonn iarmhairtí na cánach corparáide go háirithe;

***An Tionchar ar Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna)***

3. ag tabhairt dá haire go meastar gurb ionann na costais a bhaineann le comhlíonadh cánach a bhíonn ar chuideachtaí móra ilnáisiúnta agus thart ar 2 % de na cánacha a íoctar, agus i gcás fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), gurb ionann an meastachán sin agus thart ar 30 % de na cánacha a íoctar; á mheabhrú gurb iad cuideachtaí na hEorpa, go háirithe FBManna, an dream is mó a chothaíonn fás eacnamaíoch agus a chruthaíonn poist; á mheabhrú go bhfuil scéimeanna forbartha ag roinnt Ballstát lena ngearrfaí cáin ar bhrabúis a dhéanfaí i gcomhthéacs idirnáisiúnta ag ráta níos ísle ná an ráta náisiúnta ainmniúil, rud a chuirfeadh FBManna faoi mhíbhuntáiste iomaíoch ([7]); ag tabhairt dá haire thairis sin go léiríonn fianaise eimpíreach gur lú cáin a ghearrtar ar bhrabúis na gcuideachtaí móra ilnáisiúnta de ghnáth ná mar a ghearrtar ar bhrabúis na gcuideachtaí móra náisiúnta, rud a léiríonn aistriú brabúis ó chuideachtaí cleamhnaithe ardchánach go cinn ísealchánach;

4. á thabhairt chun suntais gur féidir le héagsúlachtaí sna córais náisiúnta chánach constaicí a chur roimh FBManna atá ag iarraidh feidhmiú thar theorainneacha; á chur i bhfios go bhfuil níos lú acmhainní ag FBManna, le hais fiontair ilnáisiúnta, le caitheamh ar chomhlíonadh cánach agus barrfheabhsú cánach; ag tabhairt le fios go bhfuil an sciar den chaiteachas a úsáidtear i dtaobh comhlíonadh cánach níos airde i gcás FBManna ná mar atá i gcás fiontair ilnáisiúnta;

5. ag tabhairt dá haire, ach an bonn cánach a chomhchuibhiú amhail an comhbhonn don cháin chorparáide nó “Gnólachtaí san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim” (*Business in Europe: Framework for Income Taxation* – BEFIT), go bhféadfaí laghdú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le comhlíonadh cánach i gcás FBManna a bhíonn ag oibriú i níos mó ná Ballstát amháin; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cánachas gnó don 21ú haois ina luaitear go gcuireann an easpa comhchórais don cháin chorparáide sa Mhargadh Aonair an t-iomaíochas siar agus go gcruthaítear míbhuntáiste iomaíoch dá bharr i gcomparáid le margaí tríú tíortha’; á athdhearbhú go mbeidh rialtais in ann cothrom iomaíochta a chur ar fáil dá gcuid FBManna trí cháin a ghearradh ar bhrabúis sa tír ina ndéantar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha; á thabhairt chun suntais gur gá cáin a ghearradh ar chorparáidí trí fhoirmle chothrom agus éifeachtach a úsáid chun cearta cánachais a leithdháileadh ar thíortha, foirmle lena ndéantar tosca amhail an lucht saothair agus sócmhainní inláimhsithe a bheith ann a chur san áireamh; ag tabhairt dá haire nach bhfuiltear ag dréim leis go bhfoilseofar an togra ón gCoimisiún maidir le BEFIT go dtí 2023; á iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur le próiseas an ghlactha agus á iarraidh ar na Ballstáit teacht ar chomhaontú go pras faoi thogra uaillmhianach le haghaidh leabhar rialacha Eorpach maidir le cáin chorparáide;

6. ag tabhairt dá haire go ranncuideoidh Parlaimint na hEorpa, san idirphlé le saineolaithe, leis na parlaimintí náisiúnta agus leis na saoránaigh, le treoirphrionsabail a fhorbairt sula dtíolacfaidh an Coimisiún an togra maidir le BEFIT in 2023;

7. ag tabhairt dá haire go bhfuil córais tiomnaithe tugtha isteach ag a lán Ballstát agus ag an Aontas chun tacú le FBManna amhail rialacha speisialta CBL chun na rátaí cánach éifeachtacha níos airde agus na costais níos airde maidir le comhlíonadh cánach a fhritháireamh i gcás FBManna; á chur i bhfáth, cé gur rud dearfach an chóir speisialta sin, ar an iomlán, má bhaintear leas cuí aisti, go mbeadh baol ann go mbeadh tuilleadh saobhadh á thabhairt isteach sa chóras agus go mbeadh seans ann go ndéanfaí tuilleadh pleanáil ionsaitheach cánach, agus go bhféadfadh sí cur tuilleadh le castacht an chórais ar an iomlán; á iarraidh ar na Ballstáit sochair chánach a cheapadh do FBManna ar bhealach a bheadh comhsheasmhach leis an gcóras cánach ar an iomlán agus a spreagfadh FBManna le méadú;

([7]) Preaseisiúint ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2019 dar teideal *State aid: Commission opens in-depth investigation into individual “excess profit” tax rulings granted by Belgium to 39 multinational companies* [Státchabhair: Tús curtha ag an gCoimisiún le himscrúdú domhain ar rialuithe cánach “róbhrabúis” a thug an Bheilg do 39 gcuideachta ilnáisiúnta.

8. ag tabhairt dá haire gur minic gur lú a bhíonn FBManna in ann caillteanais a iompar nó a mhaoiniú ná cuideachtaí móra mar gheall ar shreafaí airgid atá níos teoranta; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, moladh ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2021 maidir le cóireáil cánach i dtaca le caillteanais le linn ghéarchéim COVID-19 ([8]) agus á iarraidh ar na Ballstáit na moltaí sin a chur san áireamh;

***An beartas cánach a chomhchuibhiú agus a chomhordú***

9. á thabhairt chun suntais go bhféadfadh ilroinnt na mbeartas náisiúnta cánach tionchar saofa a imirt ar mhargadh aonair AE agus go bhféadfadh sí dochar a dhéanamh do gheilleagar AE; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sásraí comhordúcháin forbartha ag an Aontas amhail nósanna imeachta um athbhreithniú piaraí laistigh den Mheitheal um an gCód Iompair agus moltaí tírshonracha i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh; á chreidiúint gur gá an dá shásra sin a fheabhsú tuilleadh; á chur i bhfios go láidir go ndéanann na Ballstáit, laistigh den Mheitheal um an gCód Iompair, athscrúdú nó leasú ar na bearta cánach atá ann cheana, nó go gcuireann siad deireadh leo, bearta arb ionann iad agus iomaíocht dhíobhálach cánach, agus staonann siad ó bhearta nua den sórt sin a thabhairt isteach ina dhiaidh sin; á mheabhrú, ina leith sin, gur ghlac Parlaimint na hEorpa seasamh i mí Dheireadh Fómhair 2021 inar iarradh go ndéanfaí athchóiriú ar chritéir, raon feidhme agus rialachas na Meithle um an gCód Iompair chun cánachas cothrom a áirithiú laistigh de AE;

10. ag tabhairt le fios gur mhol an Coimisiún do shé Bhallstát srian a chur le pleanáil ionsaitheach cánach mar chuid de mholtaí tírshonracha 2020; ag aithint an dea-thionchair a bhí ag na moltaí tírshonracha ó thaobh athchóirithe riachtanacha cánach a chothú sna Ballstáit a fuair moltaí faoi phleanáil ionsaitheach cánach agus, san am céanna, á chur in iúl gur saoth léi nár thug roinnt Ballstát aghaidh fós ar na moltaí tírshonracha maidir le pleanáil ionsaitheach cánach;

11. á mheabhrú go bhfuil dlúthnasc idir an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus na moltaí tírshonracha, lena n-áirítear na cinn a bhaineann leis an gcánachas, mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ([9]);

12. á thabhairt chun suntais go bhfuil na rialacha maidir le comhar idir údaráis chánach na mBallstát á leagan síos i dTreoir an Chomhair Riaracháin ó 2011 i leith d'fhonn feidhmiú cuí an mhargaidh aonair a áirithiú; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil raon feidhme na Treorach sin á leathnú ar bhonn leanúnach ó 2011 i leith chun réimsí nua a chur san áireamh chun srian a chur le calaois chánach agus seachaint cánach agus go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta le blianta beaga anuas; á mheabhrú gur ghlac Parlaimint na hEorpa tuarascáil ar an gcur chun feidhme i mí Mheán Fómhair 2021 ina n-aithnítear go bhfuil easnaimh sa chaoi a gcuireann na Ballstáit Treoir an Chomhair Riaracháin chun feidhme agus ina leagtar béim ar an ngá atá leis an malartú faisnéise idir na húdaráis náisiúnta chánach a neartú;

13. ag tabhairt dá haire go bhfuil teorainneacha leis an bpróiseas cinnteoireachta atá sa Chomhairle faoi láthair chun freagairt do na riachtanais reachtacha atá ann an comhordú i measc na mBallstát a chothú agus cleachtais dhíobhálacha chánach a chomhrac; á iarraidh go bhféachfaí ar na féidearthachtaí uile a chuireann CFAE ar fáil; á mheabhrú gur féidir an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 116 CFAE a chur i bhfeidhm má tá cleachtais dhíobhálacha chánach ag saobhadh na hiomaíochta sa mhargadh aonair;

14. á thabhairt chun suntais, chun an tionchar a uasmhéadú, gurb é an leibhéal is fearr chun beartas cánach a chomhordú ná ar an leibhéal idirnáisiúnta trí G20/ECFE; á chur i bhfáth, mar sin féin, gur cheart tíortha atá i mbéal forbartha a chur san áireamh go hiomlán sa phróiseas caibidlíochta; ag tabhairt dá haire, go stairiúil, gur dóchúla go nglacfadh an Chomhairle na tograí cánach de chuid AE atá bunaithe ar chomhaontuithe idirnáisiúnta;

15. ag aithint, áfach, gur minic a bhíonn deacrachtaí ag caibidlíochtaí idirnáisiúnta i réimse an chánachais teacht ar chomhthoil agus, dá bhrí sin, go mbíonn siad mall chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh an chórais idirnáisiúnta cánach; ag moladh, i gcásanna den sórt sin, go bhféachfadh AE ar bheith ar thús cadhnaíochta trí dhea-shampla a thabhairt gan dochar do chaibidlíochtaí idirnáisiúnta;

16. á chur in iúl gur geal léi an comhaontú stairiúil ar thángthas air laistigh de Chreat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir leis an gcóras idirnáisiúnta cánach a athchóiriú bunaithe ar an réiteach dhá cholún a bhfuil sé mar aidhm leis a áirithiú go leithdháilfear brabúis agus cearta cánachais ar bhonn níos cothroime i measc na dtíortha i dtaca leis na cuideachtaí ilnáisiúnta is mó agus is brabúsaí agus go mbeidh fiontair ilnáisiúnta faoi réir ráta éifeachtach cánach 15 %; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibriú le chéile agus a áirithiú go dtrasuífear i ndlí an Aontais Creat-Chomhaontú

([8]) IO L 179, 20.5.2021, lch. 10.
([9]) IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

Cuimsitheach ECFE/G20 maidir leis an dá cholún mar a d'fhógair Uachtarán an Choimisiúin é sa Litir Intinne uaithi a bhí ag gabháil le Staid an Aontais 2021; á iarraidh ar an gComhairle na tograí sin a ghlacadh go pras chun go mbeidh éifeacht leis ó 2023 ar aghaidh; á iarraidh ar na Ballstáit féachaint ar thacú le comhaontuithe idirnáisiúnta comhchosúla le haghaidh cineálacha eile cánacha oiriúnacha;

***Moltaí agus réimsí le haghaidh athchóiriú***

17. ag tabhairt le fios, i réimsí a bhfuil an-tábhacht ag baint leo ó thaobh fheidhmiú an mhargaidh aonair de, amhail an cánachas agus aontas na margaí caipitil, go bhfuil gá le tuilleadh comhchuibhithe, bíodh sin trí chomhordú níos fearr a bheith ann idir na Ballstáit nó trí ghníomhaíocht de chuid AE;

18. á chur i bhfáth go n-úsáideann na Ballstáit critéir éagsúla fós chun stádas cónaithe cánach a chinneadh, rud a fhágann go mbíonn baol go dtarlóidh cánachas dúbailte nó neamhchánachas dúbailte; á mheabhrú, ina leith sin, gur leagadh tionscnaimh amach i bplean gníomhaíochta an Choimisiúin i mí Iúil 2020 a bhfuil sé mar aidhm leo togra reachtach a chur ar aghaidh faoi 2022 nó 2023 chun soiléiriú a thabhairt ar an áit a measfar go bhfuil cáiníocóirí atá gníomhach thar theorainneacha san Aontas ina gcónaitheoirí chun críoch cánach; ag súil leis an togra sin ar cheart go mbeadh sé d'aidhm aige cinneadh níos comhsheasmhaí a áirithiú i leith cónaí cánach laistigh den mhargadh aonair;

19. ag tabhairt dá haire go dteastaíonn ardleibhéal comhordaithe agus comhchuibhithe beartas mar gheall ar an digitiú agus an spleáchas trom ar shócmhainní doláimhsithe, ar dúshláin iad don chóras cánach, chun cothrom iomaíochta a bhunú agus chun a áirithiú go mbeidh cuideachtaí digiteacha ag rannchuidiú go cothrom leis na sochaithe ina ndéanann siad gnó; ag tabhairt dá haire gur lean roinnt Ballstát ar aghaidh le cánacha náisiúnta digiteacha a thabhairt isteach in ainneoin na caibidlíochta atá ar siúl faoi láthair ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta; ag tabhairt dá haire go raibh dea-thionchar aige sin ar an díospóireacht idirnáisiúnta; á chur i bhfáth gur cheart deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta náisiúnta sin tar éis réiteach idirnáisiúnta éifeachtach a chur chun feidhme;

20. á mheabhrú gur thoiligh an tAontas acmhainn dhílis nua a chur chun feidhme bunaithe ar thobhach digiteach mar bhealach chun an ionstraim théarnaimh NextGenerationEU a mhaoiniú agus á iarraidh ar an gCoimisiún tograí malartacha a chur chun tosaigh a bheidh i gcomhréir leis na gealltanais idirnáisiúnta;

21. á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil na difríochtaí sna nósanna imeachta maidir le cáin a choinneáil siar agus aisíocaíocht chánach a choinneáil siar ina gconstaic mhór i gcónaí ar chomhtháthú breise aontas na margaí caipitil; á chur in iúl gur geal léi an fógra atá déanta ag an gCoimisiún go ndéanfar tionscnamh reachtach a mholadh chun córas coiteann, caighdeánaithe agus uile-Aontais a thabhairt isteach chun faoiseamh cánach a choinneáil siar ag an bhfoinse;

22. á chur in iúl gur saoth léi an chlaontacht fiachais sa chánachas corparáideach rud is cúis le hasbhaintí flaithiúla cánach maidir le híocaíochtaí úis, cé nach féidir costais a bhaineann le maoiniú cothromais a asbhaint ar an gcaoi chéanna; ag leagan béim ar an míbhuntáiste struchtúrach atá le sárú ag cuideachtaí a bhíonn ag brath ar mhaoiniú cothromais, go háirithe más cuideachtaí óga agus beaga iad a mbíonn tearc-rochtain acu ar chreidmheas; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh an chlaontacht fiachais sa chánachas corparáideach spreagadh a thabhairt do chuideachtaí an iomarca fiachais a ghlacadh;

23. ag tabhairt dá haire go mbíonn éagsúlacht mhór ann idir na Ballstáit maidir leis an gclaontacht fiachais; ag tabhairt dá haire go bhfuil liúntais le haghaidh cothromas corparáideach tugtha isteach ag roinnt Ballstát chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin; á mheabhrú gur baineadh leas as cuid de na liúntais sin le haghaidh cothromas corparáideach mar lúba ar lár sa chóras cánach, rud a fhágann gur féidir le fiontair ilnáisiúnta ús náisiúnta a asbhaint go saorga; á chur i bhfios gurbh fhearr cur chuige comhchoiteann Eorpach chun saobhadh sa mhargadh aonair a sheachaint;

24. á mheabhrú gur féidir dul i ngleic leis an gclaontacht sin trí chead a thabhairt laghdú a dhéanamh an athuair ar na costais a bhaineann le maoiniú cothromais nó trí na deiseanna asbhainte úis a laghdú; á mheabhrú gur mhol Parlaimint na hEorpa go ndéanfaí srian 20 % de thuilleamh an cháiníocóra roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh a chur le hasbhaint na róchostas iasachtaíochta agus gur ghlac an Chomhairle tairseach níos airde suas le 30 % ([10]); á mheabhrú, de réir ECFE, go bhféadfadh cóimheas 30 % a bheith ró-ard chun creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis a chosc go héifeachtach ([11]);

---

([10]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Meitheamh 2016 maidir leis an togra le haghaidh treoir ón gComhairle lena leagtar síos rialacha i gcoinne cleachtais maidir le seachaint cánach a mbíonn tionchar díreach acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, IO C 86, 6.3.2018, lch. 176.

([11]) ECFE, *Public Discussion Draft – BEPS Action 4: Interest Deductions And Other Financial Payments* [Dréacht-Dhíospóireacht Phoiblí – Gníomhaíocht BEPS 4: Asbhaintí Úis agus Íocaíochtaí Airgeadais Eile], 2014.

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**

25. á chur in iúl gur fada léi an togra ón gCoimisiún i dtaca le liúntas maidir leis an gclaontacht fiachais a laghdú; ag tathant ar an gCoimisiún measúnú tionchair críochnúil a dhéanamh agus forálacha éifeachtacha frithsheachanta a ionchorprú sa chaoi nach n-úsáidfear aon liúntas i leith cothromais mar uirlis nua le haghaidh chreimeadh an bhoinn;

26. ag tabhairt dá haire go bhféadfadh an ráta imeallach éifeachtach cánach (EMTR) a bheith ina thoisc chinntitheach do chorparáidí a dhéanann cinntí infheistíochta, mar aon le cáilíocht an bhonneagair, infhaighteacht lucht saothair atá oilte agus sláintiúil, agus cobhsaíocht náisiúnta ([12]); ag tabhairt dá haire go bhfuil éagsúlacht shuntasach in EMTR ó Bhallstát go Ballstát; á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint an bhfuil an iomaíocht á saobhadh ag roinnt Ballstát trína EMTR a ísliú go saorga, e.g. tríd an sceideal dímheasa a luathú nó trí choigeartú a dhéanamh ar in-asbhainteacht chánach earraí áirithe, agus a chuid torthaí a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa;

27. ag tabhairt dá haire, cé gur féidir le rialuithe cánach soiléireacht dhlíthiúil a chur ar fáil do chuideachtaí, go bhféadfaí mí-úsáid a bhaint astu freisin trí chóireáil fhabhrach cánach a dheonú; á chur i bhfios, áfach, gurb é córas simplí cánach an bealach is fearr chun deimhneacht dhlíthiúil a bhunú;

28. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an Coimisiún toilteanach a ról bunreachtúil a chur i bhfeidhm chun saobhadh na hiomaíochta a chomhrac trí úsáid a bhaint as dlí na hiomaíochta; á chur in iúl gur saoth léi go ndearna na cúirteanna náisiúnta agus Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh roinnt cinntí a rinne an Coimisiún le déanaí i gcásanna iomaíochta iomráiteacha i réimse an chánachais a chur ar neamhní;

29. á thabhairt chun suntais go bhféadfaidh dreasachtaí cánach arna gcur i bhfeidhm ar bhealach atá freagrach go fioscach agus a bhaineann leis an taighde agus an fhorbairt phríobháideach (e.g. trí chreidmheasanna cánach, liúntais fheabhsaithe nó sceidil dímheasa choigeartaithe) a bheith ina gcuidiú le caiteachas foriomlán geilleagair ar thaighde agus forbairt a mhéadú, agus go mbíonn seachtrachtaí dearfacha ag gabháil leis sin go minic; á chur in iúl gur ábhar imní di, áfach, gur beag a dhéanann dreasachtaí cánach amhail córais boscaí paitinne/boscaí maoine intleachtúla chun an caiteachas ar thaighde agus forbairt a mhéadú agus go bhféadfadh sé an margadh aonair a shaobhadh trí aistriú brabúis agus pleanáil ionsaitheach cánach a spreagadh; ag tabhairt dá haire gur cheart go mbeadh sé mar aidhm le dreasachtaí cánach infheistíochtaí san fhíorgheilleagar a mhealladh agus, dá bhrí sin, gur cheart go mbeidís bunaithe ar chaiteachas seachas ar bhrabús chun díriú ar bhealach níos fearr ar ionchur na nuálaíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún treoirlínte a mholadh maidir le dreasachtaí cánach nach saobhann an margadh aonair, go háirithe trí thús áite a thabhairt do dhreasachtaí atá bunaithe ar chostais, atá teoranta ó thaobh ama de, a ndéantar measúnú rialta orthu, a aisghairtear i gcás nach bhfuil aon dea-thionchar acu, atá teoranta ó thaobh an raoin feidhme gheografaigh de agus ar díolúintí páirteacha seachas díolúintí iomlána iad;

30. á chur i bhfáth go bhféadfadh sé go mbeadh gá le tuilleadh comhchuibhithe i dtaca le dreasachtaí cánach a bhaineann le caiteachas ar thaighde agus forbairt; ag tabhairt dá haire go raibh an méid sin mar chuid den togra tosaigh ón gCoimisiún maidir le comhbhonn don cháin chorparáide; á chur in iúl gur saoth léi nár tugadh aghaidh ar an ábhar sin sa teachtaireacht a foilsíodh le déanaí maidir le cánachas gnó don 21ú haois;

31. ag tabhairt dá haire go ndéantar cuid thábhachtach den acmhainn bhuiséadach a dhíriú trí dhreasachtaí cánach i bhfoirm díolúintí, asbhaintí, creidmheasanna, iarchur agus rátaí cánach laghdaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na dreasachtaí agus na fóirdheontais chánach uile atá gan éifeacht, go háirithe iad siúd a dhéanann dochar don chomhshaol agus a mbíonn saobhadh diúltach eacnamaíoch mar thoradh orthu; á iarraidh ar an gCoimisiún creat scagtha a bhunú le haghaidh dreasachtaí cánach san Aontas agus iallach a chur ar na Ballstáit na costais fhioscacha a bhaineann le dreasachtaí cánach a fhoilsiú; á iarraidh ar na Ballstáit anailísí costais is tairbhe bliantúla, mionsonraithe agus poiblí a dhéanamh ar gach foráil chánach; den tuairim go neartófaí an deimhneacht chánach dá mbeadh comhthuiscint idir na Ballstáit faoi cé na dreasachtaí cánach nach saobhann; á iarraidh ar an gCoimisiún treoirlínte a eisiúint maidir le dreasachtaí cánach nach saobhann an margadh aonair;

32. á iarraidh ar na Ballstáit teacht ar chomhréiteach faoi athchóiriú láidir, sothuigthe, uaillmhianach maidir leis an gcánachas indíreach, go príomha maidir le CBL; á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach go laghdófaí an chastacht agus an maorlathas agus go dtabharfaí aghaidh mar is cuí ar chalaois chánach agus imghabháil cánach i dtaca le CBL chun sláine an mhargaidh aonair a chaomhnú;

([12]) An Fóram Eacnamaíoch Domhanda, *The Global Competitiveness Report 2019*

33. á iarraidh ar na Ballstáit leanúint de bheith ag athchóiriú na n-údarás cánach, dlús a chur leis an digitiú agus tús a chur le cur chuige straitéiseach a chur chun feidhme chun tacú le FBManna ó thaobh comhlíonadh cánach de agus teacht ar dheiseanna chun an t-ualach a laghdú; á iarraidh ar na Ballstáit athchóirithe fónta agus láidre a dhéanamh ar chastacht na gcóras cánach, d'fhonn an maorlathas, an t-ualach riaracháin agus na costais a bhaineann le comhlíonadh a laghdú; á mheabhrú go bhfuil breisluach ard ag baint leis an gcomhar Eorpach san ábhar sin agus le malartú dea-chleachtas idir na húdaráis chánach;

34. á iarraidh ar na Ballstáit leas níos fearr a bhaint as clár fioscach AE chun feabhas a chur ar an gcomhar idir na húdaráis chánach ina gcuid iarrachtaí athchóirithe; á iarraidh ar an gCoimisiún, ina leith sin, clár malartaithe Erasmus a bhunú d'oifigigh chánach chun úsáid dea-chleachtas a spreagadh;

35. á iarraidh ar an gCoimisiún cloí le bearta nó athchóirithe náisiúnta nua cánach a cuireadh chun feidhme mar thoradh ar phaindéim COVID-19 chun an geilleagar a chothú agus faireachán a dhéanamh orthu, go háirithe bearta nach bearta sealadacha iad; á iarraidh ar na Ballstáit athchóirithe a dhéanamh ar na córais chánach agus leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le hionstraimí Eorpacha a bhfuil sé mar aidhm leo tacú leis an téarnamh eacnamaíoch; á chur i bhfáth nach mór do na hathchóirithe sin creat fioscach na hEorpa a urramú; á mheabhrú gur cheart na hathchóirithe sin a chur i gcrích agus lánurraim á tabhairt do na hinniúlachtaí náisiúnta i dtaca le cúrsaí cánach, ach á chur i bhfáth gur mó breisluach a bheadh ag baint le comhordú láidir idir na Ballstáit;

36. ag tacú le hardchaighdeáin na hurraime do chearta cáiníocóirí, go háirithe maidir leis an bpríobháideachas agus cosaint sonraí, agus go háirithe do dhaoine aonair, in aon phróiseas polaitiúil agus reachtach maidir leis an gcánachas;

37. ag tabhairt dá haire go n-úsáidtear an praghas is ísle mar an t-aon chritéar dámhachtana amháin le haghaidh conarthaí poiblí i bhformhór na nósanna imeachta náisiúnta soláthair sna Ballstáit; á mheabhrú gur iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar an gcaoi chun dul i ngleic leis na héifeachtaí saofa a eascraíonn as rannpháirtíocht na dtairgeoirí a bhfuil gníomhaíochtaí acu i ndlínsí a áirítear ar liosta AE de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach; á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint arís ar a straitéis maidir le soláthar poiblí i ndáil leis an méid sin;

***Scórchlár cánachais AE***

38. ag tabhairt dá haire go bhfuil obair leanúnach ar bun ag an gCoimisiún ar scórchlár cánach de chuid AE; ag moladh go mbainfí úsáid as táscairí eacnamaíocha lenar féidir saobhadh sa mhargadh aonair, amhail leibhéil na hinfheistíochta dírí coigríche, ríchíosanna agus íocaíochtaí úis, a shainaithint; á thabhairt chun suntais nach mór don scórchlár sin rannchuidiú leis an gcomhrac i gcoinne iomaíocht dhíobhálach cánach; á iarraidh ar an gCoimisiún na caillteanais mhóra ó thaobh ioncam poiblí de arna bhforchur ag na beartais náisiúnta chánach, beartais lena n-éascaítear seachaint cánach, a chur san áireamh mar is cuí; ar an eolas nach mór an scórchlár cánach sin a fhorbairt mar uirlis chun cabhrú leis na Ballstáit athchóirithe fónta agus láidre a dhéanamh ar chúrsaí cánach; ag tabhairt rabhaidh nár cheart úsáid a bhaint as an scórchlár sin chun náire a chur ar Bhallstáit ar leith, ach á chreidiúint gur féidir leis díospóireacht a chothú faoi na hathchóirithe is gá; ag moladh go mbeadh comhar láidir ann leis na hardáin Eorpacha atá ann faoi láthair chun an scórchlár sin a fhorbairt; ar an eolas go bhféadfadh an uirlis nua sin a bheith úsáideach i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh agus go háirithe le haghaidh na moltaí tírshonracha;

o

o o

39. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0024

## Pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151 (BCS-GM151-6)

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 maidir leis an dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún lena n-údaraítear táirgí a bhfuil pónaire soighe GMB151 géinmhodhnaithe GMB151 (BCS-GM151-6) iontu a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 de. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (D075506/01 – 2021/2947(RSP))**

(2022/C 342/03)

*Níl an téacs seo ar fáil i nGaeilge.*

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0025

## Cadás géinmhodhnaithe GHB614 (BCS-GHØØ2-5)

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 maidir leis an dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún lena n-athnuaitear an t-údarú chun táirgí a chur ar an margadh ina bhfuil, arb é atá iontu, nó a tháirgtear as arbhar indiach géinmhodhnaithe GHB614 (BCS-GHØØ2-5) de bhun Rialachán (CE) Uimh 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (D076839/01 – 2021/3006(RSP))**

(2022/C 342/04)

*Níl an téacs seo ar fáil i nGaeilge.*

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0029

## An Bainc Ceannais Eorpach – tuarascáil bhliantúil 2021

### Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 maidir le Tuarascáil Bhliantúil an Bhainc Ceannais Eorpaigh, 2021 (2021/2063(INI))

(2022/C 342/05)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE), 2020,

— ag féachaint don doiciméad ó BCE dar teideal *Feedback on the input provided by the European Parliament as part of its resolution on the ECB Annual Report 2019* [Aiseolas ar an ionchur a sholáthair Parlaimint na hEorpa mar chuid dá rún maidir le Tuarascáil Bhliantúil BCE, 2019],

— ag féachaint d'Athbhreithniú Straitéise BCE a seoladh an 23 Eanáir 2020 agus a tugadh i gcrích an 8 Iúil 2021,

— ag féachaint do straitéis nua BCE maidir le beartas airgeadaíochta a foilsíodh an 8 Iúil 2021,

— ag féachaint do phlean gníomhaíochta BCE agus dá threochlár chun breithnithe maidir leis an athrú aeráide a ionchorprú tuilleadh ina chreat beartais, arna fhoilsiú an 8 Iúil 2021,

— ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE), go háirithe Airteagail 2 agus 15 de,

— ag féachaint d'Airteagail 123, 125, 127(1) agus (2), 130 agus 284(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

— ag féachaint d'Airteagail 3 agus 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE),

— ag féachaint do na hidirphléití airgeadaíochta le hUachtarán BCE, Christine Lagarde, an 18 Márta, an 21 Meitheamh, an 27 Meán Fómhair agus an 15 Samhain 2021,

— ag féachaint do réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha fhoireann BCE don limistéar euro a foilsíodh an 9 Meán Fómhair 2021,

— ag féachaint do Pháipéir Ócáideacha BCE Uimh. 263 go 280, Meán Fómhair 2021, maidir leis an athbhreithniú ar an straitéis maidir le beartas airgeadaíochta,

— ag féachaint do Shuirbhé BCE maidir leis an Rochtain a bhí ag Fiontair ar Mhaoiniú sa limistéar euro idir Deireadh Fómhair 2020 agus Márta 2021, a foilsíodh an 1 Meitheamh 2021,

— ag féachaint do thuarascáil BCE ar an euro digiteach a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2020, tuarascáil BCE ar an gcomhairliúchán poiblí maidir le euro digiteach a foilsíodh in Aibreán 2021, agus tionscadal digiteach euro BCE a seoladh an 14 Iúil 2021,

— ag féachaint don Pháipéar Ócáideach ó BCE, Uimh. 201, Samhain 2017, dar teideal *The use of cash by households in euro area* [Úsáid airgid thirim ag teaghlaigh sa limistéar euro],

— ag féachaint don tástáil struis aeráide ar fud an gheilleagair ar fad a rinne BCE, Meán Fómhair 2021,

— ag féachaint do Réamhaisnéis Eacnamaíoch Fhómhar 2021 ón gCoimisiún, a foilsíodh an 11 Samhain 2021,

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

— ag féachaint do rún uaithi an 14 Márta 2019 maidir le cothromaíocht inscne in ainmniúcháin ghnóthaí eacnamaíocha agus airgeadaíochta AE ([1]),

— ag féachaint do rún uaithi an 9 Meitheamh 2021 dar teideal "Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030: An dúlra a chur ar ais inár saol" ([2]),

— ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna),

— ag féachaint do Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide,

— ag féachaint do thuarascálacha speisialta an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC) maidir le téamh domhanda 1,5 °C, ar an athrú aeráide agus ar thalamh, agus ar an aigéan agus an gcrióisféar in aeráid atá ag athrú,

— ag féachaint don tuarascáil ón Líonra chun an Córas Airgeadais a Ghlasú (NGFS) dar teideal *Adapting central bank operations to a hotter world: Reviewing some options*, a foilsíodh an 24 Márta 2021,

— ag féachaint do Riail 142(1) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0351/2021),

A. de bhrí, de réir Réamhaisnéis Eacnamaíoch Shamhradh 2021 ón gCoimisiún, gur chrap OTI 5,9 % in AE agus 6,4 % sa limistéar euro in 2020; de bhrí go bhfuiltear ag tuar go dtiocfaidh méadú 5 % ar OTI in 2021 agus méadú 4,3 % in 2022 in AE agus sa limistéar euro araon, agus go mbeidh difreálaigh shuntasacha fáis fós ann idir na Ballstáit; de bhrí go bhfuil an neamhchinnteacht agus na rioscaí a bhaineann leis an ionchas fáis ard agus go mbraitheann siad ar an éabhlóid a thiocfaidh ar phaindéim COVID-19 agus ar an luas ag a n-oiriúnaítear an soláthar don athrú tapa ar an éileamh tar éis athoscailt an gheilleagair; de bhrí gur éirigh le geilleagar AE ina iomláine a leibhéal aschuir réamhphaindéime a bhaint amach arís sa tríú ráithe de 2021, cé nach ionann luas an téarnaimh sna tíortha éagsúla; de bhrí go bhfuil leibhéil arda boilscithe leanúnacha fós ar cheann de na rioscaí is measa ar an taobh thíos don téarnamh;

B. de bhrí, de réir réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha fhoireann BCE i Meán Fómhair 2021, go meastar go dtiocfaidh méadú 6,3 % ar an bhfíor-OTI domhanda (gan an limistéar euro a áireamh) in 2021, sula dtiocfaidh laghdú air go 4,5 % in 2022 agus 3,7 % in 2023; de bhrí go raibh an ghníomhaíocht dhomhanda tar éis an leibhéal réamhphaindéime a shárú cheana féin ag deireadh 2020;

C. de bhrí, de réir Eurostat, gurbh ionann an ráta dífhostaíochta in AE i mí Mheán Fómhair 2021 agus 6,7 % in AE agus 7,4 % sa limistéar euro, agus é scaipthe ar bhealach míchothrom ar fud AE agus laistigh de na Ballstáit agus go raibh rátaí dífhostaíochta i measc daoine óga agus ban i bhfad níos airde (15,9 % in AE agus 16 % sa limistéar euro, agus 7 % in AE agus 7,7 % sa limistéar euro faoi seach); de bhrí go bhfuil an ráta ard dífhostaíochta i measc na hóige fós ina shaincheist thromchúiseach nach mór dul i ngleic léi san Aontas;

D. de bhrí, de réir réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha fhoireann BCE ó mhí an Mheithimh 2021, go mbeidh boilsciú bliantúil an limistéir euro san Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí (ICPT) cothrom le 2,2 % in 2021 agus go meastar go dtiocfaidh méadú air go 1,7 % in 2022 agus 1,5 % in 2023 ar an meán; de bhrí go léiríonn réamh-mheastacháin maidir le boilsciú éagsúlacht shuntasach ar fud an limistéir euro; de bhrí gur tháinig ardú go 4,1 % ar an mboilsciú sa limistéar euro i mí Dheireadh Fómhair 2021, arb ionann é agus an leibhéal is airde le deich mbliana anuas; de bhrí go bhfuil imní ann faoi chineál sealadach díomuan na rátaí boilscithe níos airde;

E. de bhrí, ag deireadh 2020, go raibh a bhuaic ó thús aimsire – EUR 6 979 324 milliún san iomlán – bainte amach ag méid chlár comhardaithe an Eurochórais, méadú beagnach 50 % (EUR 2 306 233 milliún) i gcomparáid le deireadh 2019, mar thoradh ar an tríú sraith d'oibríochtaí spriocdhírithe athmhaoiniúcháin fadtéarmacha (TLTRO III), agus ar na hurrúis a ceannaíodh faoin gclár ceannaigh le haghaidh éigeandáil na paindéime (PEPP) agus faoin gclár ceannaithe sócmhainní (APP);

---

([1]) IO C 23, 21.1.2021, lch. 105.
([2]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0277.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

F. de bhrí gurbh ionann glanbhrabús BCE in 2020 agus EUR 1 643 bhilliún, i gcomparáid le EUR 2 366 bhilliún in 2019; de bhrí gur tharla an laghdú sin den chuid is mó mar gheall ar an nglanioncam úis níos ísle ar chúlsócmhainní eachtracha agus ar urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta, go háirithe an titim shuntasach 50 % san ioncam úis arna ghiniúint ar phunann dollar na Stát Aontaithe, chomh maith leis an gcinneadh ón gComhairle Rialaithe EUR 48 milliún a aistriú chuig soláthar BCE le haghaidh rioscaí airgeadais;

G. de bhrí, gan dochar do phríomhchuspóir na cobhsaíochta praghsanna, gur cheart do BCE tacú leis na beartais ghinearálta eacnamaíocha san Aontas d'fhonn rannchuidiú le gnóthú chuspóirí an Aontais mar atá siad leagtha síos in Airteagal 3 CAE;

H. de bhrí gurb iad na fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) cnámh droma gheilleagar AE agus go gcuireann siad leis an gcomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta, agus gurb iad 99 % de na gnólachtaí uile in AE iad, agus iad ag fostú thart ar 100 milliún duine, agus gurb ionann iad agus níos mó ná leath de OTI AE agus ról lárnach acu ó thaobh luach a chur le gach earnáil den gheilleagar; de bhrí go bhfuil FBManna buailte go dona ag an ngéarchéim eacnamaíoch a tharla de thoradh phaindéim COVID-19; de bhrí go raibh drochthionchar ag forbairtí san ionchas eacnamaíoch ginearálta ar a rochtain ar mhaoiniú; de bhrí go dteastaíonn tuilleadh tacaíochta ó FBManna dá bharr sin;

I. de bhrí go bhfuil gealltanas tugtha ag BCE, laistigh dá shainordú, rannchuidiú le cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach; de bhrí gur féidir leis an athrú aeráide, le cailleadh na bithéagsúlachta agus leis na hiarmhairtí a bhaineann leis sin cur isteach ar éifeachtacht an bheartais airgeadaíochta, difear a dhéanamh don fhás, agus an praghas agus an éagobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a mhéadú; de bhrí go bhféadfadh an tionchar diúltach ar OTI an Aontais a bheith dian gan bearta láidre;

J. de bhrí gurb ionann na costais tithíochta agus an ceathrú cuid, nach mór, de chaiteachas teaghlaigh AE-27; de bhrí go bhfuil úinéireacht ag breis agus dhá thrian de dhaonra AE ar a n-áras cónaithe féin; de bhrí go bhfuil ardú géar 30 % tagtha ar phraghsanna tithe le deich mbliana anuas agus gur tháinig méadú 15 % ar chíosanna san Aontas Eorpach;

K. de bhrí gur léiríodh i suirbhé Eorabharaiméadar Caighdeánach Gheimhreadh 2020-2021, a foilsíodh an 23 Aibreán 2021, gur thacaigh 79 % den phobal sa limistéar euro le haontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta Eorpach lena ngabhann airgeadra aonair amháin, an euro;

L. de bhrí nach mná iad ach beirt de chomhaltaí Bhord Feidhmiúcháin BCE agus Chomhairle Rialaithe BCE; de bhrí go bhfuil mná fós faoi ghannionadaíocht ar fud ordlathas BCE;

***Forbhreathnú ginearálta***

1. á chur in iúl gur geal léi ról BCE maidir le cobhsaíocht an euro a choimirciú; á thabhairt chun suntais gur réamhriachtanas é neamhspleáchas reachtúil BCE, mar atá leagtha síos sna Conarthaí, chun a shainordú a chomhlíonadh; á thabhairt chun suntais freisin nár cheart sárú a dhéanamh ar an neamhspleáchas sin agus gur cheart leibhéal comhfhreagrach cuntasachta a bheith ag gabháil leis i gcónaí;

2. á chur in iúl gur geal léi an tAthbhreithniú ar Straitéis Airgeadaíochta BCE a glacadh d'aon toil agus a fógraíodh an 8 Iúil 2021, ina leagtar amach conas is féidir an príomhchuspóir a bhaint amach cobhsaíocht praghsanna a choimeád agus cur le cuspóirí an Aontais a bhaint amach, lena n-áirítear fás eacnamaíoch cothromaithe inbhuanaithe, geilleagar sóisialta margaidh an-iomaíoch arb é is aidhm dó an lánfhostaíocht agus dul chun cinn sóisialta agus cóineasú sóisialta, agus ardleibhéal cosanta don chomhshaol a bhaint amach agus feabhas ar cháilíocht an chomhshaoil, gan dochar don chuspóir príomhúil go mbeadh cobhsaíocht praghsanna ann; ag tabhairt dá haire gurb é seo an chéad athbhreithniú straitéise le 18 mbliana; á chur in iúl gur geal léi an cinneadh ó BCE, mar a chuir an tUachtarán Lagarde in iúl freisin le linn an Idirphlé Airgeadaíochta a tionóladh an 27 Meán Fómhair 2021, measúnú a dhéanamh go tréimhsiúil ar oiriúnacht na straitéise beartais airgeadaíochta, agus an chéad mheasúnú eile le déanamh, meastar, in 2025, rud a chuirfidh feabhas ar fheasacht an phobail agus ar rannpháirtíocht sa bheartas airgeadaíochta;

3. á chur in iúl gur cúis imní di an ghéarchéim cúraim sláinte, shóisialta agus eacnamaíoch nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus na bearta imshrianta ina diaidh sin, as ar eascair crapadh géar ar gheilleagar an limistéir euro, i dtíortha a bhí leochaileach cheana féin go háirithe, méadú géar ar neamhionannais eacnamaíocha agus shóisialta, agus dálaí mhargadh an tsaothair atá ag dul in olcas go tapa; á chur in iúl gur cúis imní di go háirithe tionchar phaindéim COVID-19 ar FBManna; á chur in iúl gur geal léi na bearta fairsinge tacaíochta poiblí a ghlac an tAontas mar fhreagairt; ag tabhairt dá haire go bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch an limistéir euro ag teacht chuici féin níos túisce ná mar a ceapadh a thiocfadh, cé go bhfuil luas agus scála an téarnaimh sin fós neamhchinnte;

4. á chur i bhfáth gur féidir fás inbhuanaithe, athléimneacht agus cobhsaíocht praghsanna a bhaint amach trí fhreagairt chuimsitheach, lena n-áirítear meascán calabraithe de bheartas airgeadaíochta, de bheartas fioscach tacúil lánroghnach, agus d'athchóirithe agus infheistíochtaí atá cothrom go sóisialta agus lena gcothaítear táirgiúlacht; ag tacú leis an iarraidh ón Uachtarán Lagarde go ndéanfaí na beartais fhioscacha agus airgeadaíochta a ailíniú go hiomlán chun dul i ngleic le géarchéim COVID-19, agus béim á leagan ag an am céanna ar neamhspleáchas BCE;

5. ag tabhairt dá haire go ndearna Uachtarán BCE ráiteas an 10 Meitheamh 2021 go bhfuil "seasamh fioscach atá uaillmhianach agus comhordaithe ríthábhachtach i gcónaí, toisc go mbeadh baol ann go ndéanfaí an téarnamh a lagú agus éifeachtaí díobhálacha fadtéarmacha a mhéadú dá ndéanfaí tacaíocht fhioscach a tharraingt siar roimh am"; ag admháil a thábhachtaí atá beartais fhioscacha Eorpacha agus náisiúnta ó thaobh cúnamh a thabhairt do na teaghlaigh agus do na gnólachtaí is mó a bhfuil tionchar ag an bpaindéim orthu; ag tabhairt dá haire nach ionann na rátaí téarnaimh i measc thíortha an limistéir euro, agus go bhféadfadh sé sin a bheith ina chúis le hEoraip il-luais nuair a bheidh deireadh leis an bpaindéim; á mheabhrú nár cheart go ndídhreasódh tacaíocht fhioscach agus beartas airgeadaíochta athchóirithe agus infheistíochtaí atá dírithe ar gheilleagar an Aontais a athbheochan, ar fhás inbhuanaithe cuimsitheach a threisiú, ar an aistriú glas a spreagadh agus ar neamhspleáchas agus iomaíochas na hEorpa a neartú;

6. ag tabhairt dá haire go ndearna an tUachtarán Lagarde ráiteas gurb amhlaidh a "d"fhéadfadh acmhainneacht fhioscach lárnach cabhrú le seasamh comhiomlán bheartas fioscach an limistéir euro a stiúradh agus meascán beartas maicreacnamaíoch níos iomchuí a áirithiú' agus gurb amhlaidh "atá athchóirithe struchtúracha i dtíortha an limistéir euro tábhachtach chun borradh a chur faoi tháirgiúlacht agus acmhainneacht fáis an limistéir euro, chun dífhostaíocht struchtúrach a laghdú agus chun an athléimneacht a neartú"; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé feidhm chobhsaíochta fhrith-thimthriallach a chur ar fáil agus tacaíocht thráthúil leordhóthanach a éascú i gcás turraingí eacnamaíocha, chomh maith leis an aistriú glas a mhaoiniú; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) chun aghaidh a thabhairt ar an turraing eacnamaíoch agus shóisialta a eascraíonn as géarchéim COVID-19;

7. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil tús curtha cheana féin leis an díospóireacht maidir le todhchaí chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais;

### *Beartas airgeadaíochta*

8. á chur in iúl gur geal léi freagairt beartais airgeadaíochta ghasta shuntasach BCE ar ghéarchéim COVID-19 a tugadh i gcomhthéacs éigeandála; ag admháil go raibh tionchar dearfach ag an bhfreagairt sin ar staid eacnamaíoch an limistéir euro, lena n-áirítear PEPP a thabhairt isteach, maolú na gcritéar incháilitheachta agus comhthaobhachta agus an tairiscint go mbeadh oibríochtaí athchalabraithe fadtéarmacha (TLTRO III) ann, chomh maith le hoibríochtaí athmhaoiniúcháin fadtéarmacha le haghaidh éigeandáil na paindéime (PELTROnna); á mheabhrú go bhfuil sé ar intinn ag BCE a thacaíocht a choimeád a fhad a mheasann sé í a bheith riachtanach chun a shainordú a chomhlíonadh; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, an cinneadh ó BCE ionstraimí a choinneáil ar bun, amhail réamhthreoir, ceannacháin sócmhainní agus oibríochtaí athmhaoiniúcháin níos fadtéarmaí, mar chuid lárnach dá shraith uirlisí; á iarraidh ar BCE leanúint dá bhearta beartas airgeadaíochta a áirithiú agus d'fhaireachán a dhéanamh ar riachtanas, oiriúnacht agus comhréireacht na mbeart sin;

9. ag tabhairt dá haire gur chinn BCE méid an PEPP a mhéadú ón EUR 750 billiún tosaigh go EUR 1 850 billiún; ag tabhairt dá haire go leanfaidh BCE de ghlancheannach sócmhainní a dhéanamh faoin PEPP go dtí go mbeidh géarchéim COVID-19 thart agus in aon chás go dtí deireadh mhí an Mhárta 2022 ar a laghad; ag tabhairt dá haire gur mhoilligh BCE le déanaí luas na nglancheannach sócmhainní faoin PEPP, bunaithe ar sheasamh a Chomhairle Rialaithe gur féidir coinníollacha fabhracha maoinithe a choinneáil ar bun ar luas measartha níos ísle; á thabhairt chun suntais an ráiteas ón Uachtarán Lagarde an 10 Meitheamh 2021 gurb amhlaidh "a bheadh aon phlé faoi imeacht ón PEPP […] roimh am, tá sé ró-luath agus tiocfaidh sé in am trátha"; á iarraidh ar BCE leanúint de cheannacháin a dhéanamh faoin PEPP a fhad a mheasann sé gur gá sin chun a shainordú a chomhlíonadh; ag tabhairt dá haire go bhfuil rún ag BCE scrúdú a dhéanamh ar chalabrú breise ar cheannacháin sócmhainní; ag tabhairt dá haire freisin go ndearna an tUachtarán Lagarde ráiteas gurb amhlaidh, fiú amháin tar éis an deiridh a mheastar a thiocfaidh le héigeandáil na paindéime, go mbeidh sé tábhachtach i gcónaí go dtacóidh an beartas airgeadaíochta, lena n-áirítear calabrú iomchuí ar cheannacháin sócmhainní, leis an téarnamh ar fud an limistéir euro agus le filleadh inbhuanaithe an bhoilscithe ar an sprioc 2 %;

10. ag tabhairt dá haire gur chinn BCE ceannach solúbtha a dhéanamh faoin PEPP d'fhonn cosc a chur ar dhochtú coinníollacha maoiniúcháin nach bhfuil ag teacht leis na hiarrachtaí dul i ngleic le tionchar anuas na paindéime, agus tacú le tarchur rianúil an bheartais airgeadaíochta ag an am céanna;

11. ag tabhairt dá haire go bhfuil glancheannach sócmhainní faoin APP ag leanúint ar ráta míosúil EUR 20 billiún; ag tabhairt dá haire freisin go mbeidh ceannacháin faoin APP i bhfeidhm a fhad is gá chun tionchar fabhrach a rátaí beartais a neartú, ag críochnú sula gcromfaidh sé ar na príomhrátaí úis a ardú; á mheabhrú go leanfaidh an APP, an clár réamhphaindéime, de bheith oibríochtúil ar luas seasta;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

12. á chur in iúl gur geal léi bannaí de chuid na Gréige a bheith san áireamh sa PEPP; ag tabhairt dá haire, áfach, nach bhfuil siad incháilithe fós faoi chlár ceannaigh na hearnála poiblí (PSPP) in ainneoin an dul chun cinn suntasach atá déanta; á iarraidh ar BCE athmheasúnú a dhéanamh ar incháilitheacht bannaí de chuid na Gréige faoin PSPP agus moltaí sonracha a chur ar fáil tamall maith sula dtabharfar an PEPP chun críche lena n-áireamh in PSPP;

13. ag tabhairt dá haire gur chinn BCE leanúint de na príomhíocaíochtaí ó na hurrúis a thagann in aibíocht arna gceannach faoin PEPP a athinfheistiú go deireadh 2024 ar a laghad agus leanúint de na príomhíocaíochtaí ó urrúis a thagann in aibíocht arna gceannach faoin APP a athinfheistiú, ina n-iomláine, ar feadh tréimhse fhadaithe tar éis an dáta a dtosaíonn sé ag ardú phríomhrátaí úis BCE, agus in aon chás a fhad is gá chun coinníollacha fabhracha leachtachta agus méid mór cóiríochta airgeadaíochta a choimeád;

14. ag tabhairt dá haire gur méadaíodh méid na n-oibríochtaí athmhaoiniúcháin Eurochórais go EUR 1 850 billiún ag deireadh 2020, de bharr TLTRO III go príomha; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur tháinig méadú go dtí thart ar 2,4 bliain ar mheánaibíocht ualaithe oibríochtaí athmhaoiniúcháin gan íoc an Eurochórais ag deireadh 2020;

15. á chur in iúl gur geal léi cinneadh BCE leanúint de leachtacht a sholáthar trína chuid oibríochtaí athmhaoiniúcháin; ag admháil go bhfuil ról ríthábhachtach ag an maoiniú a fhaightear trí TLTRO III ó thaobh tacú le hiasachtú bainc do ghnólachtaí agus do theaghlaigh; á chur i bhfáth, áfach, gurb amhlaidh, i gcásanna áirithe, nach bhfuil ach sciar an-bheag de na hinstealltaí leachtachta sin tar éis iasachtú bainc a mhéadú san fhíorgheilleagar, go háirithe FBManna; á iarraidh ar BCE a áirithiú go n-éascóidh na bearta sin go fírinneach maoiniú an fhíorgheilleagair;

16. ag tabhairt dá haire go ndearna BCE cinneadh maidir le sprioc shiméadrach nua don bhoilsciú de 2 % sa mheántéarma agus a thiomantas seasamh beartais airgeadaíochta atá fabhrach ar bhonn leanúnach a choinneáil chun a sprioc don bhoilsciú a bhaint amach; á chreidiúint go bhfuil an léirmhíniú ar dhialltaí ón sprioc coimpléascach toisc gan tagairt uimhríochtúil a bheith ann; ag tabhairt dá haire go bhfuil lamháil i dtreoshuíomh meántéarmach na straitéise beartais airgeadaíochta do dhialltaí gearrthéarmacha dosheachanta an bhoilscithe ón sprioc; á iarraidh ar BCE a mhachnamh a dhéanamh, más gá, ar an gcaoi a bhféadfadh an borradh sa bhoilsciú difear a dhéanamh dá sheasamh maidir leis an mbeartas airgeadaíochta;

17. ag cur in iúl gur cúis imní di an ráta boilscithe sa limistéar euro a d'ardaigh go buaic 10 mbliana 5,1 % i mí Eanáir 2022, raon idir 3,3 % agus 12,2 % sna Ballstáit éagsúla, agus é á thiomáint le fachtóirí éagsúla amhail bunéifeacht praghsanna fuinnimh, scrogaill sna slabhraí soláthair agus téarnamh tar éis cúlú suntasach; á chur i bhfáth gur féidir le méaduithe ar an mboilsciú thar an luach sainithe dochar ar leith a dhéanamh do na codanna is boichte den daonra agus a bheith ina gcúis le neamhionannais eacnamaíocha agus shóisialta a mhéadú; á mheabhrú gur fhan an boilsciú i bhfad faoi bhun na sprice 2 % le deich mbliana anuas; á iarraidh ar BCE dlúthfhaireachán a dhéanamh ar na treochtaí sin agus ar a n-iarmhairtí agus, más gá, gníomhaíocht a dhéanamh chun cobhsaíocht praghsanna a choimirciú; ag tacú leis an iarraidh ón Uachtarán Lagarde go leanfadh an beartas airgeadaíochta de bheith dírithe ar an ngeilleagar a stiúradh go sábháilte as éigeandáil na paindéime; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, de réir Shuirbhé BCE ar Réamhaisnéiseoirí Gairmiúla, go bhfuil na hionchais don bhoilsciú meántéarmach leabaithe go docht sa sprioc go fóill, agus go dtugtar le fios le roinnt ionstraimí margadhbhunaithe go mbeidh méadú ar ionchais maidir le boilsciú sa mheántéarma;

18. á mheas go bhféadfadh BCE scrúdú a dhéanamh ar ionstraimí malartacha beartais airgeadaíochta lenar féidir infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a spreagadh;

19. ag tabhairt dá haire go bhfuil BCE ag dréim leis go bhfanfaidh na príomhrátaí úis ar na leibhéil reatha nó ar leibhéil níos ísle go dtí go mbeidh 2 % bainte amach ag an mboilsciú i bhfad roimh dheireadh a thréimhse réamh-mheasta agus go marthanach don chuid eile den tréimhse réamh-mheasta; á chur i bhfios go láidir gurb amhlaidh, de bharr rátaí úis ísle, a chuirtear deiseanna ar fáil do thomhaltóirí, do chuideachtaí, lena n-áirítear FBManna, d'oibrithe agus d'iasachtaithe, agus gur féidir leo leas a bhaint as móiminteam eacnamaíoch níos láidre, as dífhostaíocht níos ísle agus as costais iasachtaíochta níos ísle; ag cur in iúl gur cúis imní di, áfach, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag rátaí ísle úis ar líon na ngnólachtaí atá neamh-inmharthana agus a bhfuil fiachas mór orthu, ar an dreasacht le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí lena gcothaítear fás agus inbhuaine, agus ar chórais pinsean agus árachais;

20. a chur in iúl gur geal léi cinneadh BCE moladh a dhéanamh go bhforbrófaí treochlár lena n-áireofar na costais a bhaineann le tithíocht úinéir-áitithe san Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí (ICPT) chun léiriú níos fearr a thabhairt ar an ráta boilscithe atá inchomparáide agus ábhartha do theaghlaigh, de bhrí go bhfuil na costais tithíochta tar éis ardú gan stad, agus chun oibríochtaí beartais airgeadaíochta a bhfuil bonn faisnéise níos fearr fúthu a cheapadh; á mheas, áfach, go léirítear le ICPT sa sainmhíniú atá air faoi láthair an éabhlóid atá tagtha ar chaiteachas iarbhír na dteaghlach ar earraí nó ar sheirbhísí; á mheas gur cheart go n-áiritheofaí le modheolaíochtaí arb é is aidhm dóibh an chomhpháirt infheistíochta a leithlisiú ón gcomhpháirt tomhaltais go ngabhtar go leormhaith an tionchar iarbhír atá ag an méadú suntasach ar phraghas tithíochta ar chostais na dtomhaltóirí; ag admháil gur tionscadal ilbhliantúil é na costais sin a chur san áireamh; á chur i bhfáth go bhféadfadh a bheith de thoradh ar an mbeart sin innéacsanna praghsanna a mhéadú agus, go sealadach ar a laghad, an boilsciú a thabhairt os cionn na sprice meántéarmaí, rud a laghdódh lamháil inlíochta BCE; á iarraidh ar BCE ullmhú do na rioscaí sin agus aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach éifeachtach;

21. ag admháil go bhfuil gá le comhchuibhiú méadaithe ar na modhanna le haghaidh coigeartú cáilíochta in ICPT agus le tuilleadh trédhearcachta i ndáil le coigeartú cáilíochta sna Ballstáit;

***Gníomhaíocht in aghaidh an athraithe aeráide***

22. á mheabhrú go bhfuil BCE, mar institiúid de chuid an Aontais, faoi cheangal ag gealltanais an Aontais faoi Chomhaontú Pháras; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá do BCE cur chuige comhtháite a ghlacadh chun dul i ngleic leis an éigeandáil maidir leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht, ar cur chuige é ar cheart é a léiriú ina bheartais, ina chinntí agus ina oibríochtaí go léir, mar aon lena shainordú chun tacú le beartais ghinearálta eacnamaíocha an Aontais, go háirithe sa chás seo, chun geilleagar aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí, mar a leagtar amach sa Dlí Aeráide Eorpach; á mheas nach mór do BCE na huirlisí uile atá ar fáil dó a úsáid chun rioscaí a bhaineann leis an aeráid a chomhrac agus a mhaolú;

23. á mheas go bhféadfaí na dálaí cearta a chruthú chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme trí chobhsaíocht praghsanna a choimeád;

24. ag tabhairt dá haire go ndearna BCE an chéad tástáil struis aeráide ar fud an gheilleagair; ag tabhairt dá haire go léirítear leis na torthaí go bhféadfadh an tionchar diúltach ar OTI an Aontais a bheith dian gan bearta láidre; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, tiomantas BCE tástálacha rialta struis aeráide a dhéanamh, ar fud an gheilleagair agus ar leibhéal na mbanc aonair araon;

25. ag tabhairt dá haire go bhforbróidh BCE táscairí maidir le neamhchosaint institiúidí airgeadais ar rioscaí fisiciúla a bhaineann leis an aeráid trína bpunanna, lena n-áirítear táscairí loirg carbóin, chomh maith le samhaltú maicreacnamaíoch agus anailísí ar chásanna féideartha chun rioscaí aeráide a chomhtháthú i samhlacha BCE agus a dtionchar ar fhás féideartha a mheasúnú; á chur in iúl gur geal léi go ndéanfaidh BCE anailísí cásanna féideartha ar bheartais aistrithe;

26. á chur in iúl gur geal léi plean gníomhaíochta nua BCE agus a threochlár mionsonraithe maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an athrú aeráide chun breithnithe maidir leis an athrú aeráide a ionchorprú tuilleadh ina chreat beartais agus ina shamhlacha; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil fócas aige ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid, agus prionsabal na hábharthachta dúbailte atá i gcroílár chreat airgeadais inbhuanaithe an Aontais á thabhairt chun suntais;

27. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, cé go mbaineann coincheap neodracht an mhargaidh le prionsabal "geilleagar margaidh oscailte lena ngabhann saoriomaíocht",; á iarraidh ar BCE, agus a neamhspleáchas á urramú aici, aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh agus leithdháileadh éifeachtúil acmhainní a áirithiú in imeacht tréimhse fhadtéarmach, agus é ag fanacht chomh neamhpholaitiúil agus is féidir ag an am céanna agus prionsabal neodracht an mhargaidh á urramú; ag tabhairt dá haire gur imigh BCE ó neodracht an mhargaidh cheana féin i roinnt cásanna;

28. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil méadú ag teacht go fóill ar cheannach bannaí glasa agus ar an sciar de phunann BCE ar bannaí glasa iad; á mheas, áfach, go bhfuil an sciar sin an-íseal agus riachtanais an aistrithe ghlais á gcur san áireamh; á iarraidh ar BCE dlús a chur lena chuid oibre maidir le cion na mbannaí glasa ina phunann a mhéadú; á chur in iúl gur geal léi gur cruthaíodh caighdeán bannaí glasa de chuid AE agus tacaíocht BCE maidir leis sin; ag tabhairt dá haire, i ndáil leis an méid sin, gur chinn BCE cuid dá phunann cistí dílse a úsáid chun infheistíocht a dhéanamh sa chiste infheistíochta bannaí glasa arna ainmniú in euro (EUR BISIP G2); á iarraidh ar BCE, idir an dá linn, féachaint ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag bannaí glasa ar chobhsaíocht praghsanna;

29. ag tabhairt dá haire, maidir le bannaí lena ngabhann struchtúir chúpóin atá nasctha le spriocanna feidhmíochta áirithe inbhuaine lena dtagraítear do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach i Rialachán AE maidir le Tacsanomaíocht ([3]) agus/nó do cheann amháin nó níos mó de SDGanna na Náisiún Aontaithe a bhaineann leis an athrú aeráide nó le díghrádú an chomhshaoil, gur tháinig na bannaí sin chun bheith incháilithe amhail ón 1 Eanáir 2021 mar chomhthaobhacht le haghaidh oibríochtaí creidmheasa de chuid an Eurochórais agus le haghaidh ceannacháin glan amach de chuid an Eurochórais chun críocha an bheartais airgeadaíochta, ar choinníoll go gcomhlíontar leo gach critéar incháilitheachta eile;

30. ag tabhairt dá haire go bhfuil BCE ag gníomhú chun rioscaí a bhaineann leis an aeráid a ionchorprú ina chreat comhthaobhachta, ach ag tabhairt rabhaidh i dtaobh moill a chur ar a chur chun feidhme; á chur in iúl gur geal léi tiomantas BCE scrúdú a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí agus ar nochtaí na ngníomhaireachtaí rátála creidmheasa agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a n-ionchorpraíonn siad riosca athraithe aeráide i rátálacha creidmheasa; á chur in iúl gur ábhar imní di, áfach, go leanann BCE de bheith ag brath barraíocht agus go heisiach ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa seachtracha príobháideacha chun measúnú riosca a dhéanamh; á iarraidh ar BCE méadú a chur ar a acmhainneacht inmheánach ó thaobh measúnuithe riosca a bhaineann leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht;

([3]) Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

31. ag tabhairt dá haire le teann imní go bhfuil roinnt cláir athmhaoiniúcháin agus ceannaithe sócmhainní de chuid BCE tar éis tacú go hindíreach le gníomhaíochtaí ar mór a lorg carbóin;

32. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil BCE ag ullmhú chun a chláir ceannaithe sócmhainní corparáideacha a ailíniú le Comhaontú Pháras, d'fhonn déine carbóin a phunainne a laghdú, ach tugann sí rabhadh i gcoinne moilleanna;

33. á iarraidh ar BCE, mar chomhalta de NGFS, tógáil ar na naoi rogha a mheas NGFS le haghaidh bainc cheannais chun rioscaí a bhaineann leis an aeráid a chur san áireamh ina gcreat oibríochtúil maidir le hoibríochtaí creidmheasa, comhthaobhacht agus ceannach sócmhainní; á iarraidh ar BCE a chomhar maidir leis an athrú aeráide a neartú le líonraí idirnáisiúnta lasmuigh de NGFS chomh maith le feabhas a chur ar an idirphlé leis an tsochaí shibhialta, agus é mar aidhm ról an Aontais mar cheannaire domhanda i réimse an airgeadais inbhuanaithe agus an ghníomhaithe ar son na haeráide a threisiú;

34. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí BCE faireachán a dhéanamh ar a lorg comhshaoil agus é a laghdú; á chur in iúl gur geal léi gur cruthaíodh lárionad um an athrú aeráide chun an obair ar shaincheisteanna aeráide i gcodanna éagsúla de BCE a thabhairt le chéile; ag dréim leis go gcuirfidh BCE dlús lena chuid oibre chun cúinsí aeráide a ionchorprú go héifeachtach ina ghnáthghnó;

### *Gnéithe eile*

35. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról lárnach ag micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (MFBManna) i ngeilleagar an Aontais, i gcóineasú eacnamaíoch agus sóisialta agus i bhfostaíocht; á chur i bhfáth gur buaileadh na MFBManna go holc mar thoradh ar an ngéarchéim eacnamaíoch a thit amach de dheasca phaindéim COVID-19, agus go raibh de thoradh air sin meathlú tromchúiseach ar a láimhdeachas agus a n-iomaíochas eacnamaíoch, ar a gcuid iarrachtaí rath a bheith orthu san aistriú glas agus ar a rochtain ar mhaoiniú; á chur i bhfios gur gá infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha san Aontas a spreagadh, agus dá bhrí sin á iarraidh ar BCE leanúint dá iarrachtaí rochtain ar mhaoiniú a éascú do mhicrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide;

36. á chur in iúl gur geal léi tacaíocht sheanbhunaithe BCE chun an t-aontas baincéireachta a thabhairt chun críche go pras, agus á chur i bhfáth go mbaineann rioscaí le moilleanna tromchúiseacha; ag tabhairt dá haire go dtacaíonn BCE le Scéim Eorpach Árachais Taiscí (SEÁT) lánfheidhme a bhunú; ag admháil go bhfuil comhroinnt riosca agus laghdú riosca idirnasctha agus go bhfuil ról lárnach ag scéimeanna cosanta institiúideacha i gcosaint agus i gcobhsú na mballinstitiúidí;

37. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta go dtí seo maidir le hiasachtaí neamhthuillmheacha a laghdú; á iarraidh go dtabharfaí isteach cosaint dhlíthiúil leormhaith ar athshealbhú do shealbhóirí morgáiste ar leibhéal AE;

38. á iarraidh ar BCE cíoradh a dhéanamh ar bhealaí chun ról idirnáisiúnta an euro a neartú; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, má dhéantar an euro níos tarraingtí mar airgeadra cúltaca, a thiocfaidh méadú ar an úsáid a bhaintear as go hidirnáisiúnta tuilleadh agus go méadófar cumas an Aontais a sheasamh beartais a leagan amach go neamhspleách, ar príomhghné é chun ceannasacht eacnamaíoch na hEorpa a choimirciú; á chur in iúl gur geal léi go bhféadfaí comhtháthú airgeadais a éascú trí shócmhainn shábháilte Eorpach dea-dheartha a chruthú agus go bhféadfaí cabhrú leis na fáinní fí idir na fiachais cheannasacha agus na hearnálacha baincéireachta intíre a mhaolú dá bharr; á chur i bhfios go láidir gur gá aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta na hEorpa a dhoimhniú agus a chur i gcrích chun ról an euro a neartú;

39. á chur in iúl gur geal léi gur tháinig laghdú ar líon na nótaí bainc góchumtha euro in 2020 go dtí an leibhéal is ísle ó 2003 (17 gcuid in aghaidh an mhilliúin); á iarraidh ar BCE feabhas a chur ar an gcomhrac i gcoinne góchumadh agus ar a chomhar le Europol, le Interpol agus leis an gCoimisiún Eorpach chun an sprioc sin a bhaint amach; á iarraidh ar BCE, gan dochar do shainphribhléidí na mBallstát, córas a chruthú chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar idirbhearta móra d'fhonn sciúradh airgid, imghabháil cánach agus maoiniú na sceimhlitheoireachta agus na coireachta eagraithe a chomhrac;

40. á chur in iúl gur geal léi gur chinn BCE céim imscrúdaithe 24 mhí de thionscadal digiteach euro a sheoladh; á iarraidh ar BCE aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na hionchais agus ar na hábhair imní a tarraingíodh anuas le linn an chomhairliúcháin phoiblí maidir le euro digiteach, lena n-áirítear ábhair imní maidir le príobháideachas, le slándáil, le hinrochtaineacht, leis an gcumas íoc ar fud an limistéir euro, le costais bhreise a chosc, agus le hinúsáidteacht as líne; ag tabhairt dá haire nach ndéanfar réamhbhreith leis an gcéim imscrúdaithe sin ar aon chinneadh maidir le euro digiteach a eisiúint; á athdhearbhú nach ionann euro digiteach agus cripteashócmhainn; á chur i bhfios gur cheart cuimsiú airgeadais a chur chun cinn le euro digiteach, agus go gcaithfear breis príobháideachas sonraí agus breis slándáil dhlíthiúil a chur ar fáil do thomhaltóirí agus do chuideachtaí; ag aontú le BCE go mbeadh ar an euro digiteach, dá bhrí sin, raon ceanglas íosta a chomhlíonadh, lena n-áirítear stóinseacht, sábháilteacht, éifeachtúlacht agus cosaint príobháideachais; á iarraidh ar BCE ailíniú go dlúth leis an bParlaimint agus malartú rialta a dhéanamh leis an bParlaimint maidir leis an dul chun cinn a dhéanfar le linn chéim an imscrúdaithe;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

41. á athdhearbhú gur cúis mhór imní di na rioscaí a bhaineann le cripteamhonaí cobhsaí príobháideacha don chobhsaíocht airgeadais, don bheartas airgeadaíochta agus do chosaint tomhaltóirí;

42. á mheabhrú gur modh an-tábhachtach íocaíochta do shaoránaigh an Aontais iad íocaíochtaí in airgead tirim agus nár cheart iad a chur i mbaol le euro digiteach; ag tabhairt dá haire gur tháinig méadú thart ar 10 % in 2020 ar líon agus ar luach na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht; ag tabhairt dá haire gur ann do Straitéis Airgid 2030 an Eurochórais, a bhfuil sé mar aidhm léi a áirithiú go mbeidh rochtain mhaith i gcónaí ag gach saoránach agus gnólacht sa limistéar euro ar sheirbhísí airgid thirim agus go bhfanfaidh an t-airgead tirim mar mhodh íocaíochta a nglactar leis go ginearálta, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar na saincheisteanna a bhaineann le lorg éiceolaíoch nótaí bainc euro a laghdú agus le nótaí bainc atá nuálaíoch slán a fhorbairt; ag cur in iúl gur cúis imní di laghdú an líonra baincéireachta i roinnt Ballstát; á mheas go bhféadfadh na cleachtais sin a bheith ina gcúis le srianta suntasacha ar rochtain chomhionann ar sheirbhísí agus táirgí riachtanacha airgeadais;

43. á chur i bhfáth go bhfuil claochlú suntasach á dhéanamh ar an earnáil airgeadais faoi thiomáint na nuálaíochta agus an digitithe; á chur i bhfios go láidir go bhfuil baol níos mó ag baint leis an gclaochlú sin go mbeadh suaití seachtracha ann, amhail cibirionsaithe ar an earnáil airgeadais agus baincéireachta; á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag BCE a chumas freagartha agus téarnaimh a neartú i gcás cibirionsaithe, i gcomhréir leis an mbeartas nua cibearchosanta Eorpach; á athdhearbhú go bhfuil imní uirthi maidir leis an mbriseadh seirbhíse lena ndearnadh difear tromchúiseach do chóras TARGET2 agus d'urrúis TARGET2 in 2020; á chur in iúl gur geal léi an t-athbhreithniú neamhspleách ar na teagmhais sin agus ag tabhairt dá haire go ndearnadh rátáil "ard" ar roinnt de na fionnachtana; á chur in iúl gur geal léi gur ghlac an tEurochóras leis na conclúidí ginearálta agus go bhfuil rún daingean aige moltaí an athbhreithnithe a chur chun feidhme; á iarraidh ar BCE cobhsaíocht bhuan bonneagair íogair amhail córas TARGET2 a áirithiú, a iarrachtaí i réimse na cibearshlándála a fheabhsú tuilleadh agus leanúint de chibear-athléimneacht bhonneagar an mhargaidh airgeadais a chur chun cinn;

44. ag tabhairt dá haire go bhfuil dibhéirseacht idir comharduithe TARGET2 laistigh den Chóras Eorpach Banc Ceannais; ag tabhairt dá haire go bhfuil léirmhíniú na ndibhéirseachtaí sin á chonspóid;

45. á iarraidh ar BCE cothromaíocht leordhóthanach a áirithiú idir nuálaíocht airgeadais rialála i réimse na teicneolaíochta airgeadais a cheadú agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú; á iarraidh ar BCE freisin dlús a chur lena fhaireachán ar fhorbairt cripteashócmhainní chun cosc a chur ar éifeachtaí diúltacha agus rioscaí gaolmhara ó thaobh na cobhsaíochta airgeadais, an bheartais airgeadaíochta agus fheidhmiú agus shábháilteacht bhonneagar an mhargaidh agus na n-íocaíochtaí; á chur i bhfáth go bhféadfadh go mbeadh ábhair imní bhreise ag baint le cripteashócmhainní a fhorbairt ó thaobh na cibearshlándála, an sciúrtha airgid, mhaoiniú na sceimhlitheoireachta agus gníomhaíochtaí coiriúla eile a bhaineann leis an anaithnideacht a thugtar le cripteashócmhainní; ag tabhairt dá haire gur féidir na rioscaí sin a mhaolú trí reachtaíocht iomchuí, amhail an rialachán atá le teacht maidir le margaí i gcripto-shócmhainní (MiCA); ag tabhairt dá haire go bhfuil rún BCE freagairt beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag monaí cobhsaí ar íocaíochtaí agus ar thírdhreach airgeadais an Aontais a mhaolú;

46. á mheabhrú go dtacaíonn BCE le cur chun feidhme Basel III, toisc go laghdófaí leis sin an baol go dtarlódh géarchéim bhaincéireachta agus go bhfeabhsófaí, ar an gcaoi sin, an chobhsaíocht airgeadais laistigh den Aontas;

47. ag cur in iúl gur cúis imní di na clásail agus na cleachtais éagóracha a úsáideann an earnáil baincéireachta i gconarthaí tomhaltóra i mBallstáit áirithe agus á chur i bhfáth gur gá do na Ballstáit go léir Treoir 93/13/CEE a chur chun feidhme go héifeachtach agus go pras maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra ([4]); á iarraidh ar BCE rannchuidiú go gníomhach chuige sin trí gach meán atá ar fáil dó a úsáid, d'fhonn iomaíocht chothrom a áirithiú;

48. ag tabhairt dá haire go ndeachaigh an Bhulgáir agus an Chróit isteach sa Sásra Aonair Maoirseachta (SAM) in 2020, agus gurb iad na chéad tíortha lasmuigh den limistéar euro iad, dá bhrí sin, a tháinig chun bheith rannpháirteach i maoirseacht bhaincéireachta Eorpach; ag tabhairt dá haire go bhfuil ionadaíocht chomhionann ag a mbainc náisiúnta ar Bhord Maoirseachta BCE; ag tabhairt dá haire, freisin, go n-áirítear lev na Bulgáire agus kuna na Cróite sa sásra ráta malairte (ERM II) mar cheann de na réamhchoinníollacha chun an euro a ghlacadh;

49. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí BCE cobhsaíocht na margaí airgeadais a áirithiú i gcás na dteagmhas go léir a d'fhéadfadh a bheith ann agus na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, go háirithe do réigiúin agus do thíortha a bhfuil tionchar níos dírí orthu;

***Trédhearcacht, cuntasacht agus an comhionannas inscne***

50. á chur in iúl gur geal léi an t-aiseolas suntasach agus mionsonraithe a thug BCE i dtaobh rún na Parlaiminte maidir le Tuarascáil Bhliantúil BCE, 2019; á iarraidh ar BCE leanúint den tiomantas sin don chuntasacht agus d'aiseolas i scríbhinn a fhoilsiú i dtaobh rúin Pharlaimint na hEorpa maidir le Tuarascálacha Bliantúla BCE gach bliain;

---

([4]) Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO L 95, 21.4.1993, lch. 29).

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

51. á chur i bhfáth gur gá socruithe cuntasachta agus trédhearcachta BCE a fheabhsú tuilleadh; ag áitiú go dtabharfar aird ar a iarraidh ar BCE gníomhú go pras trí chaibidlíocht a sheoladh ar chomhaontú foirmiúil idirinstitiúideach a luaithe is féidir, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go mbeidh neamhspleáchas BCE fite fuaite ina chuntasacht; á iarraidh ar BCE an comhar agus an malartú faisnéise a mhéadú agus trédhearcacht i dtreo na Parlaiminte agus na sochaí sibhialta a fheabhsú trí thuarascálacha a fhoilsiú i dteangacha uile AE agus tríd an tionscnamh "ECB Listens";

52. ag tabhairt dá haire go bhfuil rialacha foirne ag BCE cheana maidir le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann don fhoireann agus spreagann sí cur i bhfeidhm leathan na rialacha foirne; ag aithint na gcéimeanna a ghlac BCE, amhail an Cód Iompair aonair d'oifigigh ardleibhéil BCE a ghlacadh agus an cinneadh tuairimí an Choiste Eitice a fhoilsiú, ar tuairimí iad arna ndíriú ar chomhaltaí reatha an Bhoird Feidhmiúcháin, na Comhairle Rialaithe agus an Bhoird Maoirseachta agus a eisíodh ó tháinig an Cód Iompair aonair i bhfeidhm;

53. á chur in iúl gur geal léi gur fhoilsigh BCE na sealúchais chomhiomlána ar chostas amúchta faoi na cláir cheannaigh le haghaidh urrúis shócmhainn-bhunaithe (ABSPP) agus bannaí faoi chumhdach (CBPP3) agus na miondealuithe ar na sealúchais arna gceannach sna príomhmhargaí agus sna margaí tánaisteacha, chomh maith le staidreamh um shealúchais chomhiomlána maidir leis na cláir sin;

54. á chur in iúl gur geal léi gur nocht BCE an brabús iomlán a rinne an tEurochóras tríd an gclár margaí urrús (SMP) agus gur nocht BCE sealúchais iomlána SMP an Eurochórais de réir tír eisiúna (Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Iodáil agus an Phortaingéil); á iarraidh ar na Ballstáit an sampla sin a leanúint maidir leis na comhaontuithe i dtaobh glansócmhainní airgeadais (ANFAnna);

55. ag athdhearbhú a hiarrata ar BCE neamhspleáchas chomhaltaí a Choiste Iniúchóireachta agus a Choiste Eitice a áirithiú; ag tathant ar BCE athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Choiste Eitice d'fhonn coinbhleachtaí leasa a chosc; á iarraidh ar BCE athbhreithniú a dhéanamh ar a thréimhse mharana le haghaidh comhaltaí atá ag fágáil;

56. ag tabhairt dá haire gur ón earnáil phríobháideach a thagann níos mó ná 90 % de chomhaltaí ghrúpaí comhairleacha BCE, agus go bhféadfadh claontacht, coinbhleachtaí leasa agus gabháil rialála sa phróiseas ceaptha beartais a bheith mar thoradh air ain;

57. á chur in iúl gur geal léi an feabhas atá á chur ar chreat sceithireachta inmheánaí BCE; á iarraidh ar BCE sláine agus éifeachtúlacht na huirlise inmheánaí nua a áirithiú d'fhonn tuairisciú fíorshimplí slán a éascú maidir le sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar dhualgais ghairmiúla, iompar míchuí nó neamhrialtachtaí eile, agus cosaint éifeachtach a dheonú do sceithirí agus d'fhinnéithe, mar a leagtar síos i dTreoir AE maidir le Sceithirí ([5]);

58. ag admháil na n-iarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag BCE feabhas a chur ar an gcumarsáid leis an bParlaimint; ag aontú, ina theannta sin, leis an Uachtarán Lagarde go gcaithfidh BCE a chumarsáid leis na saoránaigh maidir lena bheartais agus a dtionchar a nuachóiriú; ag tabhairt dá haire go léirítear i suirbhé ábhartha Eorabharaiméadair nach bhfuil muinín in BCE ach ag 40 % de fhreagróirí an limistéir euro; á iarraidh ar BCE tuilleadh idirphlé cuiditheach a dhéanamh le saoránaigh chun a chinntí a mhíniú agus chun éisteacht le hábhair imní na saoránach; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis an méid sin, an fógra ón Uachtarán Lagarde le linn an Idirphlé Airgeadaíochta a tionóladh an 27 Meán Fómhair 2021 maidir leis an gcinneadh imeachtaí for-rochtana a dhéanamh mar ghné struchtúrach d'idirghníomhaíocht BCE leis an bpobal;

59. ag tabhairt dá haire go ndearna an tOmbudsman Eorpach cinneadh maidir le rannpháirtíocht Uachtarán BCE agus comhaltaí dá chomhlachtaí cinnteoireachta sa "Ghrúpa Tríocha" (Cás 1697/2016/ANA) chun trédhearcacht iomlán agus muinín an phobail i neamhspleáchas BCE a áirithiú;

60. á chur in iúl gur oth léi agus gur cúis mhór imní di nach bhfuil ach beirt de chomhaltaí Bhord Feidhmiúcháin BCE agus beirt de na 25 chomhalta de Chomhairle Rialaithe BCE ina mná; á athdhearbhú gur cheart ainmniúcháin chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin a ullmhú go cúramach agus gur cheart cur chuige cothrom ó thaobh inscne a chleachtadh leo, le trédhearcacht iomlán agus in éineacht leis an bParlaimint, i gcomhréir leis na Conarthaí; á mheabhrú, i gcomhréir le mír 4 do rún uaithi an 14 Márta 2019 maidir le cothromaíocht inscne in ainmniúcháin i ngnóthaí eacnamaíocha agus airgeadaíochta an Aontais, go bhfuil an rún daingean ag an bParlaimint gan breithniú a dhéanamh ar ghearrliostaí nach n-urramaítear leo prionsabal na cothromaíochta inscne; ag spreagadh BCE tuilleadh chun dul chun cinn a dhéanamh i ndáil

([5]) Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

leis sin; á iarraidh ar Bhallstáit an limistéir euro prionsabal an chomhionannais inscne a ionchorprú go hiomlán ina bpróisis cheapacháin agus comhdheiseanna a áirithiú do gach inscne le haghaidh phost an ghobharnóra ar a mbainc cheannais náisiúnta;

61. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil an éagothroime inscne ann go fóill ar fud struchtúr eagraíochtúil BCE, go háirithe i gcion na mban i bpoist ardbhainistíochta; ag tabhairt dá haire gur tháinig ardú go 30,3 % ar líon na mban i bpoist bhainistíochta uile BCE ag deireadh na bliana 2019 agus go 30,8 % ina phoist ardbhainistíochta; á iarraidh ar BCE tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis an méid sin, straitéis nua BCE chun feabhas breise a chur ar chothromaíocht inscne a fhoirne ar gach leibhéal, lena n-áirítear an cuspóir mná a fhostú chun leath dá phoist nua oscailte ar a laghad a líonadh ar gach leibhéal agus an sprioc go méadófar líon na mban ar na leibhéil éagsúla go dtí idir 40 % agus 51 % faoi 2026; á iarraidh ar BCE tuilleadh dreasachta a thabhairt do rannpháirtíocht na mban agus ionadaíocht chothrom inscne a chur chun cinn go gníomhach i ngach ceann dá phoist san ordlathas eagraíochtúil;

o

o o

62. Á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0030

# Tuarascáil cur chun feidhme maidir le leas ainmhithe ar an bhfeirm

## Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 ar an tuarascáil cur chun feidhme maidir le leas ainmhithe ar an bhfeirm (2020/2085(INI))

(2022/C 342/06)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint d'Airteagal 13 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ina ndearbhaítear go "[dtabharfaidh] an tAontas agus na Ballstáit lánaird, toisc gur neacha mothaitheacha na hainmhithe, ar na ceanglais maidir le leas ainmhithe agus forálacha reachtaíochta nó riaracháin agus nósanna na mBallstát, go háirithe maidir le deasghnátha reiligiúnacha, traidisiúin chultúrtha agus oidhreacht réigiúnach, á n-urramú acu",

— ag féachaint don staidéar a rinne an Roinn Beartais um Chearta na Saoránach agus um Ghnóthaí Bunreachtúla dá hArd-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha i mí na Samhna 2020 dar teideal *End the cage age: Looking for alternatives* [Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta: Roghanna malartacha á lorg], do rún uaithi an 10 Meitheamh 2021 maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh dar teideal *End the cage age* [Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta] ([1]), agus do theachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2021 maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh dar teideal *End the Cage Age* [Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta] (C(2021)4747),

— ag féachaint do Threoir 98/58/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le hainmhithe a choinnítear chun críoch feirmeoireachta a chosaint ([2]) (an Treoir Ghinearálta),

— ag féachaint do Threoir 1999/74/CE ón gComhairle an 19 Iúil 1999 lena leagtar síos caighdeáin íosta chun béaróga a chosaint ([3]),

— ag féachaint do Threoir 2007/43/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 lena leagtar síos caighdeáin íosta maidir le cosaint do shicíní a choinnítear le haghaidh táirgeadh feola ([4]),

— ag féachaint do Threoir 2008/119/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena leagtar síos caighdeáin íosta chun laonna a chosaint ([5]),

— ag féachaint do Threoir 2008/120/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena leagtar síos caighdeáin íosta chun muca a chosaint ([6]),

— ag féachaint don pháipéar taighde ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa i Meitheamh 2021 dar teideal "Cur chun feidhme reachtaíocht AE maidir le leas ainmhithe 'ar an bhfeirm': breisluach ionchasach AE ó cheanglais lipéadaithe i ndáil le leas ainmhithe a thabhairt isteach ar leibhéal AE",

— ag féachaint don staidéar a dréachtaíodh don Choimisiún i mí Dheireadh Fómhair 2020 chun tacú leis an meastóireacht ar Straitéis AE do Chosaint agus Leas Ainmhithe 2012-2015,

— ag féachaint do rún uaithi an 14 Márta 2017 maidir le caighdeáin íosta chun coiníní feirme a chosaint ([7]),

— ag féachaint do rún uaithi an 25 Deireadh Fómhair 2018 maidir le leas ainmhithe, úsáid ábhar frithmhiocróbach agus an tionchar ar an gcomhshaol atá ag feirmeoireacht thionsclaíoch gríoscachán ([8]),

---

([1]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0295.
([2]) IO L 221, 8.8.1998, lch. 23.
([3]) IO L 203, 3.8.1999, lch. 53.
([4]) IO L 182, 12.7.2007, lch. 19.
([5]) IO L 10, 15.1.2009, lch. 7.
([6]) IO L 47, 18.2.2009, lch. 5.
([7]) IO C 263, 25.7.2018, lch. 90.
([8]) IO C 345, 16.10.2020, lch. 28.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

— ag féachaint do rún uaithi an 9 Meitheamh 2021 maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol ([9]),

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 16 Nollaig 2019 maidir le leas ainmhithe – cuid dhílis de tháirgeadh inbhuanaithe ainmhithe,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir le lipéad uile-Aontais leasa ainmhithe,

— ag féachaint do Thuarascáil Speisialta Uimh. 31/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 14 Samhain 2018 ar leas na n-ainmhithe in AE: an bhearna idir cuspóirí uaillmhianacha agus an cur chun feidhme praiticiúil a dhúnadh,

— ag féachaint don tseiceáil oiriúnachta ar reachtaíocht AE maidir le leas ainmhithe atá á cur i gcrích ag an gCoimisiún faoi láthair,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún an 5 Nollaig 2018 maidir le hathchóiriú ar an gcomhbheartas talmhaíochta ([10]),

— ag féachaint do Eorabharaiméadar Speisialta 505 dar teideal "Ár mbia a chur in oiriúint don todhchaí – ionchais na saoránach",

— ag féachaint do na cúig shaoirse a bhfuil cur síos orthu ag an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe, eadhon saoirse ón ocras, ó mhíchothú agus tart, saoirse ón eagla agus ón anacair, saoirse ón strus teasa nó ó mhíchompord fisiciúil, saoirse ón bpian, ón ngortú agus ó ghalair, agus saoirse chun gnáthphatrúin iompair a léiriú,

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2021 dar teideal *Strategic guidelines for a more sustainable and competitive EU aquaculture for the period 2021 to 2030* [Treoirlínte straitéiseacha maidir le dobharshaothrú AE a bheidh níos inbhuanaithe agus níos iomaíche don tréimhse 2021- 2030] (COM(2021)0236),

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta, mar aon le hAirteagal 1(1)(e) de chinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 12 Nollaig 2002 maidir leis an nós imeachta i gcomhair údarú a dheonú chun tuarascálacha féintionscnaimh a tharraingt suas, agus Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis,

— ag féachaint don chinneadh ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (A9-0296/2021),

A. de bhrí gur saincheist eiticiúil atá ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile do thomhaltóirí agus dár sochaí i gcoitinne é leas ainmhithe, ar saincheist thábhachtach í dár bhfeirmeoirí; de bhrí go bhfuil níos mó suime ná riamh ag tomhaltóirí i gcáilíocht an bhia a cheannaítear agus i leas ainmhithe agus go dteastaíonn ó shaoránaigh AE a bheith in ann roghanna níos eolasaí a dhéanamh mar thomhaltóirí; de bhrí go bhfuil ról tábhachtach ag cáilíocht an bhia i gcomparáid le leas ainmhithe agus sláinte ainmhithe maidir le spriocanna na straitéise "Ón bhFeirm go dtí an Forc" a bhaint amach;

B. de bhrí go n-aithnítear le hAirteagal 13 CFAE gur neacha mothaitheacha iad ainmhithe agus go sonraítear ann go dtabharfaidh an tAontas agus a Bhallstáit lánaird ar na ceanglais maidir lena leas agus beartais talmhaíochta agus iascaigh an Aontais á gceapadh agus á gcur chun feidhme acu, agus nósanna a bhaineann le deasghnátha reiligiúnacha, traidisiúin chultúrtha agus oidhreacht réigiúnach sna Ballstáit á n-urramú acu;

C. de bhrí, cé go bhfuil caighdeáin Eorpacha táirgthe bia, lena n-áirítear critéir maidir le leas ainmhithe, ar na caighdeáin is airde ar domhan, tá gá le feabhas orthu fós; de bhrí go bhfuil céimeanna breise tógtha ag roinnt tíortha agus réigiún sa treo sin, amhail cineálacha áirithe feirmeoireachta caighean a thoirmeasc;

D. de bhrí gur réamhriachtanas chun caighdeáin leasa ainmhithe a ardú agus lán-chomhlíonadh na gcaighdeán sin a fhorfheidhmiú é foclaíocht aonfhoirmeach agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach reachtaíochta maidir le leas ainmhithe a áirithiú agus í a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an eolas eolaíoch is déanaí;

([9]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0277.
([10]) IO C 86, 7.3.2019, lch. 173.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

E. de bhrí go bhfuil dul chun cinn áirithe déanta ag feirmeoirí áirithe de chuid na hEorpa le blianta beaga anuas, ag ceistiú a gcleachtas, ag feabhsú agus ag coigeartú a gcuid oibre; de bhrí go n-oibríonn siad don fhorbairt sin le tacaíocht ó chomhlachtaí comhairleacha agus taighde agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha áirithe; de bhrí go bhféadfadh glacadh le teicneolaíochtaí feirmeoireachta cliste chun faireachán a dhéanamh ar shláinte agus ar leas ainmhithe feabhas a chur ar chosc galar agus ar chur chun feidhme caighdeán leasa ainmhithe; de bhrí go dteastaíonn ó fheirmeoirí na hEorpa leanúint d'fhorbairt a dhéanamh sa réimse sin, ach go bhfuil bacainní teicniúla, reachtacha agus eacnamaíocha rompu; de bhrí gur gá go gcuirfí san áireamh gnéithe a bhaineann le sláinte i gcás gach speicis ar leith agus feabhas á chur ar leas ainmhithe, agus de bhrí nár cheart gurb iad na táirgeoirí amháin a sheasfadh an costas;

F. de bhrí go bhfuil ról tábhachtach ag feirmeoireacht bheostoic thionsclaíoch i dtalmhaíocht AE; de bhrí, le beagán sa bhreis ar deich mbliana anuas, nach ann a thuilleadh do roinnt milliún feirm – níos mó ná an tríú cuid de na feirmeacha ar fad san Eoraip, ar gnólachtaí beaga teaghlaigh a bhí i bhformhór díobh, mar gheall ar mheádú agus ar dhianú an chórais talmhaíochta;

G. de bhrí go gcuirtear iallach ar thógálaithe stoic le luaineacht eacnamaíoch ionas gur gá dóibh tréimhsí fada amúchta agus infheistíochta a chur san áireamh, mar shampla i gcóiríocht beostoic atá ceaptha chun leas ainmhithe a fheabhsú;

H. de bhrí go bhfuil tuilleadh gníomhaíochta á dhéanamh ag feirmeoirí na hEorpa faoi láthair maidir leis an bhforbairt atá tagtha ar phórúchán agus ar thithíocht ainmhithe d'fhonn cóineasú le cúig shaoirse na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe a neartú;

I. de bhrí go bhfuil leas ainmhithe fite fuaite le leas feirmeoirí agus oibrithe feirme, agus gur cheart na hacmhainní cuí agus tacaíocht phraiticiúil níos fearr a thabhairt dóibh go léir ar leibhéal AE;

J. de bhrí gur leag paindéim COVID-19 béim ar an nasc díreach idir sláinte agus folláine ainmhithe agus an duine daonna; de bhrí go bhfuil nasc ann freisin idir leas ainmhithe agus an comhshaol, a ndearnadh an fiosrú is fearr air trí chreat "Aon Leas Amháin";

K. de bhrí go bhfuil thart ar 4 mhilliún duine fostaithe ag feirmeacha beostoic na hEorpa (idir dhaoine ar tuarastal agus daoine gan tuarastal), a bhfuil cónaí ar 80 % díobh sna Ballstáit nua ([11]);

L. de bhrí go bhfuil ról ríthábhachtach ag trádáil éisc laistigh de AE i dtrádáil iascaigh AE ina hiomláine, agus b'ionann í agus 86 % den trádáil iomlán laistigh agus lasmuigh de AE in 2014, agus méid iomlán díolacháin de 5,74 milliún tona ar luach EUR 20,6 billiún i gceist – an méid is airde a cláraíodh ó 2006 i leith ([12]);

M. de bhrí go bhfuil sláinte agus leas ainmhithe ríthábhachtach chun sábháilteacht bia, slándáil bia agus sláinte phoiblí a áirithiú agus chun rannchuidiú le caighdeáin ardcháilíochta in AE;

N. de bhrí gur gné ríthábhachtach de bhaint amach na feirmeoireachta inbhuanaithe ísealcharbóin é beostoc sláintiúil;

O. de bhrí go bhfuil feabhas curtha ag forbairtí eolaíocha agus teicniúla ar ár dtuiscint ar mhothaitheacht, iompraíocht agus leas ainmhithe;

P. de bhrí go raibh deacrachtaí suntasacha ann maidir le sonraí a bhailiú a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme na reachtaíochta maidir le leas ainmhithe feirme, i ndáil le hinfhaighteacht sonraí den sórt sin agus cáilíocht na sonraí sin araon, mar gheall ar easpa ceanglas ar na Ballstáit i dtaca le faireachán agus bailiú sonraí;

Q. de bhrí go bhfuil an reachtaíocht atá ann faoi láthair imithe i léig go pointe, agus go bhfuil sí tite ar gcúl i gcomparáid le heolas ar riachtanais shonracha ainmhithe de réir a speicis, a n-aoise, a méide agus a staide fisiciúla, mar aon leis an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil atá déanta i gcleachtais feirmeoireachta;

([11]) Staidéar arna dhéanamh don Choimisiún dar teideal *Future of EU livestock: How to contribute to a sustainable agricultural sector?* [Todhchaí bheostoc AE: Conas rannchuidiú le hearnáil talmhaíochta inbhuanaithe?], Meitheamh 2020.

([12]) Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus um Tháirgí Dobharshaothraithe, *Margadh éisc AE: eagrán 2015*.

R. de bhrí go bhfuil corpas reatha reachtaíocht AE ag luí le dlíthe náisiúnta agus go soláthraítear leis sin meascán de roghanna an diúltaithe, eisceachtaí agus ceanglais dhoiléire agus go dteipeann air coimircí sonracha a sholáthar nó leibhéil chosanta a ráthú, as a n-eascraíonn líon cleachtas neamh-inmhianaithe, arb é atá mar thoradh orthu ná ilroinnt reachtach agus éiginnteacht dhlíthiúil ar an margadh intíre, ar nithe iad uile a meastar ina leith go bhfuil an iomaíocht saofa acu;

S. de bhrí nach leagtar síos i reachtaíocht AE maidir le leas ainmhithe ach amháin caighdeáin íosta leasa speiceas-sonracha do mhuca, do bhéaróga, do shicíní grísce agus do laonna, agus nach bhfuil aon reachtaíocht speicis-sonrach ann d'aon speiceas eile a shaothraítear chun bia a tháirgeadh, eadhon d'eallach déiríochta agus mairteola níos sine ná sé mhí d'aois, do chaoirigh agus do ghabhair, do mháthairéin sicíní grísce agus béaróg, d'eireoga, do thurcaithe, do lachain agus géanna, do ghearga, d'éisc agus do choiníní; de bhrí nach bhfuil aon fhorálacha speiceas-sonracha agus aois-sonracha i reachtaíocht reatha AE maidir le leas ainmhithe lena gcumhdaítear gach céim de thimthriall an táirgthe; de bhrí nach gcosnaítear an iliomad ainmhithe talún feirmeoireachta agus iasc saothraithe ar de speicis éagsúla iad ach amháin le forálacha ginearálta na Treorach Ginearálta;

T. de bhrí gur rannchuidigh tionscnaimh eile seachas reachtaíocht agus seiceálacha oifigiúla AE le feabhas a chur ar chleachtais feirmeoireachta; de bhrí go bhfuil a gcaighdeáin leasa ainmhithe féin curtha chun feidhme ag go leor Ballstát atá níos déine ná caighdeáin AE;

U. de bhrí go bhfuil lánrogha leathan tugtha do na Ballstáit maidir le conas ceanglais a leagan síos agus conas measúnú a dhéanamh ar a gcomhlíonadh; de bhrí go raibh cineálacha cur chuige difriúla ag na Ballstáit agus acmhainní á leithdháileadh agus tosaíocht á tabhairt do sheiceálacha oifigiúla;

V. de bhrí go bhfuil neamhréir shuntasach ann idir cur chun feidhme na reachtaíochta ar fud na mBallstát; de bhrí gur eascair leibhéil éagsúla chomhlíonta agus rioscaí as an méid sin, a chuir feirmeoirí a bhí ag comhlíonadh na gcaighdeán faoi mhíbhuntáiste;

W. de bhrí gur tharla athruithe struchtúracha inmhianaithe sa tslí ina dtógtar ainmhithe mar thoradh ar na treoracha maidir le béaróga, muca (do chránacha torracha) agus laonna; de bhrí, in earnáil na n-uibheacha, na laofheola agus na muiceola, go bhfuil athruithe suntasacha tagtha ar fhoirgnimh agus ar threalamh de bharr na dtreoracha agus gur chuir siad le hathruithe áirithe ar líon agus ar mhéid na ngabháltas;

X. de bhrí go bhfuarthas go ginearálta go raibh tionchar níos lú ag an Treoir Ghinearálta ná na treoracha speiceas-sonracha agus go raibh éifeacht bheag aici maidir le feabhas a chur ar leas ainmhithe de dheasca chineál doiléir a riachtanas, na lámhála leithne i dtaca le léirmhíniú, agus easpa cosaintí speiceas-sonracha do bha déiríochta, do bhéaróga agus gríoscacháin, do choiníní, do chaoirigh agus do thurcaithe;

Y. de bhrí, mar thoradh ar bhrú táirgthe, go bhfuil na príomh-shaincheisteanna ar dearadh an reachtaíocht chun aghaidh a thabhairt orthu fós le feiceáil forleathan, lena n-áirítear ciorruithe agus coinníollacha cúnga agus strusmhara; de bhrí nár baineadh amach na spriocanna maidir le tithíocht cránacha agus go raibh neamhréir ann i gcoitinne i ndáil le cur chun feidhme na reachtaíochta, agus go bhfuil tithíocht cránacha fós ró-chúng agus ró-strusmhar agus nach bhfuil ábhar saibhrithe leordhóthanach ann;

Z. de bhrí go raibh rath ar Threoir 1999/74/CE maidir le béaróga i dtaca le sainmhínithe maithe a sholáthar do na córais táirgthe éagsúla; de bhrí go bhfuil teorainn leis an rath sin, áfach, i bhfianaise réimse leathan na gcineálacha cur chuige a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm maidir leis an Treoir a chur chun feidhme agus i bhfianaise na heaspa forálacha soiléire, éigeantacha agus cuimsitheacha atá sa Treoir, lenar cumasaíodh iomaíocht shaofa leanúnach ar an margadh, agus i bhfianaise nár léirigh an treoir sin go leor cur chun cinn, nár chomhlíon sí fíor-riachtanais na mbéaróg agus gur raibh sí ina cúis le brú um athrú de réir a chéile, ar rud é is cúis leis an bhfíoras gur tosaíodh ar úsáid níos mó a bhaint as roghanna malartacha ar chóras coinneála caighean ([13]) sna Ballstáit;

AA. de bhrí gur chun leasa na bhfeirmeoirí agus na dtomhaltóirí araon é dálaí comhionanna a áirithiú sa mhargadh inmheánach agus coinníollacha comhionanna a áirithiú maidir le hallmhairiú táirgí ó thríú tíortha;

AB. de bhrí, cé go bhfuil feabhas tagtha ar dhálaí oibre maidir le béaróga agus feirmeoirí laofheola, ní gá gurb amhlaidh atá i gcás feirmeoirí muc;

---

([13]) Staidéar de chuid Pharlaimint na hEorpa dar teideal *End the cage age: Looking for alternatives* [Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta: Roghanna malartacha á lorg], Samhain 2020.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

AC. de bhrí go bhfuil cinneadh déanta ag an gCoimisiún go gcríochnóidh sé an measúnú tionchair ar an gcosc ar fheirmeoireacht caighean arna ullmhú ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) in 2022 agus an t-athbhreithniú ar reachtaíocht maidir le leas ainmhithe, lena n-áirítear an Treoir Ghinearálta, faoi 2023;

AD. de bhrí go bhfuil sé fíor-riachtanach idirdhealú a dhéanamh idir cásanna starógacha neamhchomhlíonta a dtugtar aird rómhór orthu, agus, formhór mór na bhfeirmeoirí a leanann na rialacha;

AE. de bhrí go bhfuil difríochtaí idir na modhanna feirmeoireachta beostoic agus na córais táirgthe laistigh de na Ballstáit;

AF. de bhrí go bhfuil meath scáfar ag teacht ar dhéimeagrafaíocht talmhaíochta na hEorpa; de bhrí go mbeadh tionchar neamh-inmhianaithe ag athnuachan glúine neamhleor ar chur chun feidhme norm leasa ainmhithe;

AG. de bhrí gur cheart go mbeadh straitéisí agus bearta talmhaíochta, comhshaoil agus trádála idirnáisiúnta AE lena n-áirithítear machaire comhréidh sa mhargadh aonair a bheith comhleanúnach, comhlántach agus iomchuí;

AH. de bhrí go bhfuil an comhbheartas talmhaíochta (CBT) ar na huirlisí rialála agus airgeadais ar féidir úsáid a bhaint astu chun feabhas a chur ar shláinte agus ar leas ainmhithe feirme, go sonrach trí éiciscéimeanna ach freisin trí thacú le hinfheistíochtaí, cé go bhfuil gá le maoiniú eile sa bhreis ar CBT freisin chun dul chun cinn a dhéanamh sa treo sin; de bhrí, de réir na meastóireachta a rinne an Coimisiún ar Straitéis AE is déanaí i dtaobh Leas Ainmhithe, gur fhailligh na Ballstáit, áfach, lántairbhe a bhaint as na cistí chun críoch leas ainmhithe agus go bhfuil na milliúin euro i gcistiú AE um fhorbairt tuaithe chun leas ainmhithe a fheabhsú ann faoi láthair nach bhfuiltear á n-úsáid nó nach bhfuiltear ag baint úsáid mhaith astu; de bhrí gurb í an fheirmeoireacht bheostoic príomhthairbhí an chúnaimh ón dara colún d'fheirmeacha i limistéir ina bhfuil srianta nádúrtha, arb ionann iad agus 50 % de limistéar talmhaíochta na hEorpa arna úsáid, lena gcúitítear na costais bhreise atá nasctha le suíomh neamhfhabhrach nó leis an oibleagáid reachtaíocht shonrach a urramú ([14]);

AI. de bhrí gur cheart aird ar leith a thabhairt ar leas ainmhithe níos fearr a áirithiú ar fud thimthriall iomlán an táirgthe agus ar chaighdeáin níos airde a chur chun cinn i ndáil le leas ainmhithe ar na margaí baile agus idirnáisiúnta ar aon, agus a áirithiú nach mbeidh mar thoradh ar ár gcinntí polaitiúla go ndéanfar earnáil táirgthe beostoic na hEorpa a lagú ná go laghdófaí an táirgeadh, rud a d'fhágfadh go ndéanfaí an táirgeadh a athlonnú chuig codanna eile den domhan ina bhfuil coinníollacha agus caighdeáin bheostoic níos ísle ná na cinn san Eoraip, mar aon le fadhbanna eile gaolmhara a dhéanann dochar ní hamháin do chaighdeáin leasa ainmhithe ach do chuspóirí comhshaoil Eorpacha freisin;

AJ. de bhrí nach féidir le lipéadú a bheith éifeachtach ach amháin má tá sé bunaithe ar an eolaíocht, má tá sé éasca le tuiscint ag tomhaltóirí agus más éasca dóibh rogha eolasach a dhéanamh, má tá sé deartha do mhargadh aonair comhtháite a chuirtear ar fáil i leith gach táirge ainmhithe, agus má tá beartas trádála comhleanúnach de chuid AE mar bhonn leis chun cosc a chur ar tháirgí a bhfuil caighdeáin níos ísle acu teacht isteach sa mhargadh, agus ach amháin mura bhfuil impleachtaí eacnamaíocha breise aige d'oibreoirí na hearnála bia, go háirithe feirmeoirí, agus má tá sé indéanta i ndáiríre dár dtairgeoirí gan costais nó srianta troma cur chun feidhme; de bhrí go gcaithfidh lipéadú den sórt sin cuidiú freisin le hoscailtí margaidh a chruthú do tháirgeoirí; de bhrí go léirítear le torthaí taighde agus comhairliúcháin phoiblí nach bhfuil geallsealbhóirí áirithe, go háirithe an gnó, ag tacú go hiomlán leis an togra maidir le lipéadú éigeantach; de bhrí go mbeadh buntáistí ann ar an margadh le lipéadú deonach in éagmais difreálú a bheith á dhéanamh ag an margadh bunaithe ar ghnéithe táirgthe; de bhrí gur beag tuiscint atá ann ar thionchar na gcóras lipéadaithe a ndearnadh staidéar orthu ar ghnólachtaí bia ná ar mhuinín na dtomhaltóirí agus a dtuiscint ar chleachtais leasa ainmhithe;

AK. de bhrí go bhféadfadh úsáid theicneolaíochtaí inrianaitheachta ADN chun rianú a dhéanamh ar gach ainmhí tinn nó gach bia ionfhabhtaithe tomhaltóirí a chur ar a suaimhneas trí shábháilteacht bia a áirithiú agus calaois bhia a chosc;

---

([14]) Staidéar arna dhéanamh don Choimisiún dar teideal *Future of EU livestock: How to contribute to a sustainable agricultural sector?* [Todhchaí bheostoc AE: Conas rannchuidiú le hearnáil talmhaíochta inbhuanaithe?], Meitheamh 2020.

AL. de bhrí, gur cheart uirlisí faisnéise do thomhaltóirí a dhearadh ar bhealach lena gcaomhnófar machaire comhréidh agus cur chuige comhchuibhithe, ar rud é nach féidir a dhéanamh faoi láthair mar gheall ar iomadú na dtionscnamh príobháideach a bhaineann úsáid as téarmaí agus éilimh leasa ainmhithe neamhchosanta le haghaidh caighdeáin éagsúla; de bhrí go bhfuil margadh atá ag fás in AE faoi láthair a éilíonn táirgí ainmhithe ó chórais shaor-raoin agus orgánacha gan chaighin, agus roghanna malartacha atá bunaithe ar phlandaí;

AM. de bhrí gur cheart go mbeadh sé mar aidhm le gníomhú reachtach comhchuibhiú agus feabhsú a dhéanamh ar chur chun feidhme rialachán agus caighdeán;

AN. de bhrí gurb í an earnáil phríobháideach a thionscnaíonn formhór na scéimeanna lipéadaithe leasa ainmhithe, agus gur de thoradh comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha iad an chuid eile nó – go pointe áirithe – tionscnaimh arna ndéanamh ag gníomhaithe náisiúnta inniúla i mBallstáit áirithe;

AO. de bhrí gur córais dheonacha iad córais leasa ainmhithe in AE; de bhrí go n-áirítear gnéithe eile seachas leas ainmhithe in a bhformhór díobh, amhail inrianaitheacht, inbhuanaitheacht agus sláinte; de bhrí go bhfuil éagsúlachtaí móra eatarthu ó thaobh oibriú agus dearadh de;

AP. de bhrí nach bhfuil aon chomhthoil ann maidir le rialacha éigeantacha i dtaca le lipéadú leasa ainmhithe a thabhairt isteach, go príomha mar gheall ar na himpleachtaí eacnamaíocha a d'eascródh as a gcur chun feidhme, go háirithe d'fheirmeoirí beostoic; de bhrí, fiú dá gcuirfí deireadh le neamhrialtachtaí áirithe ar an margadh Eorpach le rialacha éigeantacha, go mbeadh éifeacht maolaithe acu ar thionscnaimh phríobháideacha a bhfuil sé mar aidhm leo difreálú táirgí a chruthú mar aon le leas ainmhithe a úsáid mar luamhán tráchtála;

***Conclúidí agus moltaí***

*Na rialacha a chur chun feidhme*

1. á chur in iúl gur geal léi go ndéanfaidh an Coimisiún meastóireacht agus athbhreithniú ar an reachtaíocht maidir le leas ainmhithe faoi 2023, lena n-áirítear maidir le hainmhithe a iompar agus a mharú, agus é mar aidhm leis sin í a ailíniú leis an bhfianaise eolaíoch is déanaí, a raon feidhme a leathnú, é a dhéanamh níos éasca leibhéal níos airde leasa ainmhithe a fhorfheidhmiú agus a áirithiú, faoi mar atá sonraithe sa straitéis "Ón bhFeirm go dtí an Forc";

2. ag aithint an dul chun cinn atá déanta ag mórán feirmeoirí beostoic ar a bhfeirmeacha, go háirithe ó thaobh leas ainmhithe a fheabhsú, agus an tiomantas agus an treallús atá ag cuid acu i ndáil le smaointeoireacht réamhbhreathnaitheach agus dul chun cinn;

3. ag moladh go gcuirfí ar chumas na bhfeirmeoirí beostoic go léir, trí chreat ar leibhéal AE, páirt a ghlacadh i bpróiseas dul chun cinn, bunaithe ar tháscairí oibiachtúla lena dtagraítear do na cúig shaoirse bhunúsacha arna sainiú ag an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe;

4. á iarraidh go mbeadh aon tionscnamh reachtach (bíodh cruthú reachtaíochta nua nó athbhreithniú ar théacsanna atá ann cheana i gceist) a dhéanfar amach anseo lena ndéanfar an córas tógála beostoic agus critéir i dtaca le leas beostoic a mhodhnú nó a athrú (lena n-áirítear cóiríocht) bunaithe ar fhianaise eolaíoch nó staidéir fhónta a fuarthas le déanaí ó thaighde atá dírithe go sistéamach agus a chuireann gach gné san áireamh chun inbhuanaitheacht agus leas ainmhithe a bhaint amach; ag moladh go gcaomhnófaí an chothromaíocht, go mbeadh ann do chomhairle eolaíoch maidir leis an gcaoi ina ndéanfaidh na hathruithe a thabharfar isteach difear do na hainmhithe, don chomhshaol agus d'fheirmeoirí, go háirithe feirmeoirí beaga, agus go rachfaí i gcomhairle le comhlachtaí inniúla na mBallstát a luaithe agus is féidir sa phróiseas reachtach;

5. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá measúnuithe tionchair a dhéanamh sula nglacfar aon chinntí agus gur gá cur chuige de réir speicis a fhorbairt ionas go leagfar síos ceanglais shonracha le haghaidh gach cineáil feirme beostoic;

6. á iarraidh go ndéanfaí bainistiú níos fearr ar chosc tréidliachta agus ar ardchaighdeáin sláinte ainmhithe agus leasa ainmhithe a chur chun cinn, go háirithe maidir le vacsaíniú agus cosc a chur ar úsáid ábhar frithmhiocróbach nach bhfuil gá leo, chun leathadh galar zónóiseach a chosc;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

7. á chur in iúl gur eol di go bhfuil roinnt tuairimí curtha amach ag EFSA maidir le bearta ainmhí-bhunaithe a úsáid le haghaidh speicis nach bhfuil cumhdaithe le reachtaíocht ar leith (ba déiríochta agus eallach mairteola), mar fhreagairt ar iarrataí ón gCoimisiún; á chur in iúl gur oth léi nár cuireadh na bearta ainmhí-bhunaithe sin a mhol EFSA chun feidhme go dtí seo; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, a áirithiú go dtabharfar na bearta ainmhí-bhunaithe sin cothrom le dáta leis an eolas eolaíoch is déanaí agus go ndéanfar iad a chomhtháthú sa reachtaíocht shonrach atá ann cheana;

8. ag aithint, de réir comhlachtaí eolaíochta, nach féidir bearta ainmhí-bhunaithe – cé go bhfuil siad inmhianaithe – a fhorfheidhmiú i gcónaí ná a fhíorú go hoibiachtúil; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar reachtaíocht AE maidir le leas ainmhithe, ceanglais an-sonracha agus infhíoraithe a cheapadh i bhfianaise na dtuairimí eolaíocha is déanaí agus na gcóras táirgthe éagsúla ar fud na mBallstát;

9. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht maidir le leas ainmhithe atá ann cheana féin agus go dtabharfar na rialacha cothrom le dáta, i gcás inar gá, chun go mbeidh siad ag teacht níos mó le héilimh na sochaí, i bhfianaise an dul chun cinn eolaíoch agus torthaí taighde sa réimse sin, agus raon feidhme agus solúbthacht na rialacha sin á leathnú chun iad a chur in oiriúint do na forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha is déanaí agus do chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais;

10. á mheabhrú gur gá athruithe inchainníochtaithe atá dírithe ar an aschur a dhéanamh tar éis meastóireacht eolaíoch iomchuí agus i gcomhairle leis na comhlachtaí inniúla agus geallsealbhóirí sna Ballstáit, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh phóraitheoirí stoic, ar thaobh amháin, agus riachtanais agus ionchais na saoránach agus sláinte agus leas ainmhithe, ar an taobh eile, agus aird chuí á tabhairt ar na roghanna is fearr do thomhaltóirí agus dá gcumhacht cheannaigh; á mheabhrú gur cheart dár gcóras bia Eorpach rochtain a chur ar fáil ar bhia ar phraghas inacmhainne agus ar ardchaighdeán; á mheas gur cheart go ráthófaí sciar cothrom de phraghas na dtáirgí bia a chomhlíonann reachtaíocht AE maidir le leas ainmhithe do tháirgeoirí;

11. á iarraidh go mbeadh slabhraí soláthair níos giorra ann sa chothú, ag brath ar bhia a tháirgtear go háitiúil nó go réigiúnach chun rochtain dhíreach níos fearr ar bhia áitiúil a chur ar fáil do thomhaltóirí agus chun tacú le feirmeoirí beaga;

12. ag tathant ar reachtóirí iarmhairtí na bhforbairtí sin a chur san áireamh go cuí agus eolas maith a bheith acu orthu; á iarraidh go ndéanfaí measúnú ar na hathruithe ar bhonn cur chuige iomlánaíoch ina gcomhtháthófar gnéithe sóisialta, comhshaoil, leasa ainmhithe agus eacnamaíocha na hinbhuanaitheachta, mar aon leis an tsaincheist maidir le heirgeanamaíocht agus gnéithe sláinte na bhfeirmeoirí, agus aird ar leith á tabhairt ar chur chuige "Aon Sláinte Amháin"; á mheabhrú gur gá leas ainmhithe a chomhcheangal le cur chuige eacnamaíoch inbhuanaithe;

13. á chur i bhfios go láidir gur gá feabhas a chur ar leas agus sláinte ainmhithe i dtalmhaíocht ainmhithe mar chuid den chur chuige "Aon Sláinte Amháin"; ag tarraingt aird ar an bhfíoras go bhfuil cleachtais fheabhsaithe feirmeoireachta ainmhithe bunriachtanach chun an sprioc sin a bhaint amach, toisc go bhfeabhsaíonn leas ainmhithe sláinte ainmhithe agus, ar an gcaoi sin, go laghdaíonn sé an gá le cógais agus go gcuireann sé srian le leathadh zónóisí; á iarraidh ar an gCoimisiún freisin an cur chuige "Aon Leas Amháin" a fhorbairt mar chuid den athbhreithniú ar an reachtaíocht maidir le leas ainmhithe;

14. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlús a chur leis an tseiceáil trí fhaireachán a dhéanann siad ar antaibheathaigh agus ar iarmhair cheimiceacha eile a bhfuil toirmeasc orthu a fhaightear in allmhairí ó thíortha nach tíortha AE iad, mar chuid de straitéis an Choimisiúin chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar úsáid neamhrialáilte antaibheathach agus lotnaidicídí a úsáidtear i dtáirgeadh ainmhithe, bia mara agus dobharshaothraithe;

15. á iarraidh go dtabharfaí bearta isteach chun sláinte agus sláine feirmeoirí a ráthú i gcás ina ndéanfaí gníomhaíochtaí áirithe i leith ainmhithe;

16. á chur i bhfáth nach mór aon athrú a mheas agus an t-am, an tacaíocht agus an maoiniú a theastaíonn ó fheirmeoirí chun é a chur chun feidhme á gcur san áireamh, mar aon lena impleachtaí eacnamaíocha agus maorlathais agus an táimhe a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis; á chur i bhfáth gur gá aird ar leith a thabhairt ar chostais infheistíochta, i bhfianaise an riosca go bhféadfadh aisíocaíochtaí fada iasachtaí a bheith mar thoradh ar chorrlaigh bhrabúis ísle; á thabhairt dá haire gur gá idirthréimhse iomchuí le haghaidh athruithe lena bhfeabhsaítear leas ainmhithe ar an bhfeirm; ag aithint go bhfuil feirmeoirí beostoic ag gabháil do thimthriall leanúnach infheistíochta mar gheall ar thionscnaimh le déanaí maidir le leas ainmhithe agus tréimhsí fada aisíocaíochta;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

17. á chur in iúl gur geal léi an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh dar teideal "End the Cage Age" [Ná Coinnímis Ainmhithe i gCásanna Feasta]; á chur i bhfios go mbeidh gá, i gcás aon athruithe ar fheirmeoireacht caighean, go mbeadh sainmhínithe beachta gan débhrí ag gabháil leo, amhail cad is caighean ann agus cé acu saintréithe atá i gceist le haghaidh speicis dhifriúla ionas go bhforálfar d'aistriú éifeachtach chuig córais tithíochta mhalartacha, atá inmharthana ar bhonn tráchtála agus in úsáid cheana, amhail córais sciobóil, shaor-raoin agus orgánacha do chearca, córais pháirce, locaí urláir, córais shaor-raoin agus orgánacha faoin aer do choiníní, córais tithíochta saor-bhreithe agus grúpa do chránacha, córais sciobóil agus éanlainne do ghearga, nó córais tithíochta péire agus grúpa do laonna;

18. ag tathant ar an gCoimisiún, mar chuid de chur chun feidhme na reachtaíochta nua, sainiú soiléir agus beacht a dhéanamh ar choinníollacha agus ar shaoráidí chun speicis aonair ainmhithe a phórú, ar cheart dóibh a bheith bunaithe ar shamplaí de dhea-chleachtais i gcórais tithíochta mhalartacha; á mholadh go ndíreodh an Coimisiún a ghníomhaíochtaí ar fheabhas a chur ar shlándáil bia agus ar mhargadh talmhaíochta AE a dhéanamh níos láidre; á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar Threoir 1999/74/CE ón gComhairle maidir le béaróga chun deireadh a chur go tapaidh agus cosc a chur ar cháis chúbarnaí agus córais saor ó chaighin a thabhairt isteach do gach béaróg, machaire comhréidh a chruthú agus leas ainmhithe a choinnítear in AE a fheabhsú;

19. á mheabhrú go mbíonn costais táirgthe níos airde ann mar thoradh ar infheistíochtaí i leas ainmhithe feabhsaithe, gan beann ar an gcineál feirmeoireachta beostoic lena mbaineann; á thabhairt dá haire nach mór cúnamh poiblí breise nó toradh soiléir ar infheistíocht ón margadh a leagan amach, nó go gcuirfidh an t-ardú sna costais táirgthe bac ar fheirmeoirí nó go gcuirfear cosc orthu infheistíocht a dhéanamh i leas ainmhithe, rud a bheadh ina staid neamh-inmhianaithe; á mheas, dá bhrí sin, gur cheart go dtarlódh ardú caighdeán leasa ainmhithe de réir a chéile agus ar bhealach freagrach, bunaithe ar chóras dreasachtaí airgeadais, lena n-áirítear cistí lasmuigh de bhuiséad CBT;

20. ag tathant ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le tacaíocht airgeadais iomchuí d'fheirmeoirí beostoic chun iad a spreagadh chun infheistíocht a dhéanamh i leas ainmhithe níos fearr; ag tathant ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin mar ábhar práinne agus feabhsuithe inbhuanaithe a spreagadh agus a chur chun feidhme i dtaca le luach saothair a thabhairt d'iarrachtaí feirmeoirí; á iarraidh go dtabharfaí tuilleadh tacaíocht speisialta airgeadais do phóraitheoirí atá nasctha leis an aistriú chuig córais tithíochta mhalartacha d'ainmhithe i ndáil le cur chun feidhme na reachtaíochta nua lena gcuirtear cosc ar fheirmeoireacht chaighin, a bhfuil gealltanas tugtha ag an gCoimisiún ina leith go ndéanfaidh sé é faoi 2027 ar bhonn glao ón bParlaimint i rún uaithi an 10 Meitheamh 2021 maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh dar teideal "End the Cage Age" [Ná Coinnímis Ainmhithe i gCásanna Feasta]; ag aithint go mbraitheann sé sin ar bhearta chun na hacmhainní breise is gá a áirithiú in éineacht le praghsanna margaidh córa; á thabhairt dá haire, cé gur geal léi i gcónaí é, go gcuireann sé ualaí breise ar fheirmeoirí comhlíontacha nuair a ardaítear caighdeáin leasa ainmhithe agus réimsí eile rialála; á chur i bhfáth gur cheart tús áite a thabhairt i gcónaí d'áirithiú go bhfuiltear ag comhlíonadh na gcaighdeán reatha agus go bhfuiltear comhsheasmhach leo mar chéad chéim chun a áirithiú go dtabharfar na feirmeoirí is lú comhlíontacht isteach ar na caighdeáin agus go n-áiritheoidh na feirmeoirí sin na caighdeáin reatha sula gcuirfear aon ualaí breise ar fheirmeoirí forásacha; á chur i bhfios go láidir gur gá aird a thabhairt ar ioncaim feirmeoirí agus iomaíochas tháirgeoirí beostoic na hEorpa ar an margadh talmhaíochta domhanda ar bhonn na cómhalartachta i gcomhthéacs na mbeart chun feabhas a chur ar reachtaíocht AE maidir le leas;

21. á chur in iúl gur eol di an chomhsheasmhacht fhoriomlán theoranta idir reachtaíocht AE maidir le leas ainmhithe agus CBT 2014-2020, agus comhtháthú olc na reachtaíochta sonraí sna pleananna forbartha tuaithe náisiúnta agus leithdháileadh neamhleor cistiúcháin don chuspóir maidir le leas ainmhithe, agus go bhfuil difríochtaí suntasacha ann ó Bhallstát amháin go Ballstát eile; ag spreagadh na mBallstát éiciscéimeanna leasa ainmhithe a tharraingt suas ina bpleananna straitéiseacha náisiúnta agus á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go dtugtar tacaíocht agus agus treorú d'fheirmeoirí sna pleananna straitéiseacha náisiúnta i dtaca le caighdeáin leasa ainmhithe a fheabhsú; á iarraidh go práinneach go gcuirfí tacaíocht airgeadais ar fáil d'fheirmeoirí beostoic nuair a dhéanfaidh siad aistriú ar a bhfeirmeacha, lena n-áirítear trí dhálaí tithíochta níos fearr atá ag teacht le riachtanais fhisiciúla agus iompraíochta na n-ainmhithe, bíodh sin trí bheartais phoiblí (meascán comhleanúnach d'uirlisí éagsúla, lena n-áirítear CBT agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe) nó tríd an margadh agus trí fhaisnéis shoiléir thrédhearcach a chur ar fáil do thomhaltóirí trí lipéadú soiléir agus iontaofa a chur ar tháirgí ainmhithe maidir le gnéithe leasa de thimthriall uile an táirgthe, lena n-áirítear an modh táirgthe; á iarraidh, thairis sin, go gcuirfí chun feidhme straitéis chumarsáide a bheadh trédhearcach, dearfach agus neamh-thiomsaitheach ar fud na dtáirgí ainmhithe uile, agus sainiúlachtaí táirgí réigiúnacha traidisiúnta áirithe á gcur san áireamh, chun feasacht a mhúscailt maidir le saineolas, tábhacht agus cáilíocht obair na bhfeirmeoirí agus na bpóraitheoirí ainmhithe agus na sochair a bhaineann leis an reachtaíocht nua maidir le leas ainmhithe;

22. á iarraidh ar an gCoimisiún dea-chleachtais a chur in iúl agus cuidiú lena n-infheictheacht ar bhonn níos éifeachtaí agus tacú leis an earnáil beostoic agus dul chun cinn á dhéanamh aici le gníomhaíochtaí dearfacha, trí thacú leis na modhanna cur chun feidhme, agus ar an gcaoi sin urraim a thabhairt d'iarrachtaí na ngeallsealbhóirí uile tús a chur lena dtionscnaimh agus seasamh spreagthach a ghlacadh lena ndreasaítear ionchorprú cleachtas nua;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

23. ag tathant ar na Ballstáit a eisiamh go bhféadfadh feirmeoirí tacaíocht chúpláilte dheonach faoi CBT a fháil d'eallach a mbaineann a ndíol deiridh le gníomhaíochtaí a bhaineann le comhrac tairbh, trí líon na gceann eallaigh a eisiamh go comhréireach ó íocaíochtaí;

24. á iarraidh ar an gCoimisiún infheistíocht a dhéanamh i leas feirmeoirí a bhíonn ag plé le beostoc agus i mealltacht a ngairme d'fhonn feabhas a chur ar spreagadh agus ar tháirgiúlacht i measc feirmeoirí socraithe agus feirmeoirí a bheidh ann amach anseo agus, ar an gcaoi sin, borradh a chur faoi leas ainmhithe;

25. ag moladh go bhforbrófaí oiliúint inacmhainne d'fheirmeoirí agus d'oibreoirí a bhíonn ag plé le hainmhithe san earnáil trí bhíthin modúl sonrach don oiliúint tosaigh agus don oiliúint leanúnach ar mhaithe le cur lena scileanna; á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar iarrachtaí na mBallstát agus na bhfeirmeoirí feabhas a chur ar cháilíocht an oideachais agus na hoiliúna agus gealltanais speisialta a chúiteamh dá réir sin; ag tacú le hiarrachtaí leanúnacha samplaí de dhea-chleachtais i réimse an oideachais agus na hoiliúna a thiomsú agus iad a roinnt leis na Ballstáit trí bhíthin tuarascálacha bliantúla; á thabhairt dá haire, gur de thionscnamh ghníomhaíocht agus iompraíocht na láimhseálaithe ainmhithe agus a n-úinéirí go leor de na guaiseacha leasa ainmhithe a sainaithníodh; ag spreagadh an Choimisiúin a sheiceáil go n-áirítear oiliúint d'fheirmeoirí agus láimhseálaithe sna pleananna straitéiseacha náisiúnta;

26. á chur i bhfios go mbíonn costais táirgthe níos airde agus ualach oibre méadaithe d'fheirmeoirí ann mar thoradh ar chleachtais atá ceaptha chun feabhas a chur ar leas ainmhithe agus gur gá an méadú sin a chúiteamh le luach saothair comhfhreagrach; á chur i bhfáth, mar shampla, go mbeadh idirthréimhse fhada ag teastáil chun tithíocht scaoilte a thabhairt isteach de réir a chéile in aonaid bhreithe chun a áirithiú go n-aisghabhfaí na costais bhreise a thabhófaí ó na margaí, agus go mbeadh gá ann foirgnimh nua a thógáil; ag éileamh chomhar na n-údarás ábhartha i dtaca le ceadanna tógála a eisiúint agus laghdú ualaí riaracháin;

27. á chur i bhfáth go bhféadfadh bearta áirithe a líomhnaítear a théann chun tairbhe leas na n-ainmhithe a bheith fritorthúil agus go bhféadfadh siad an bonn a bhaint ó ghnéithe eile den inbhuanaitheacht, eadhon leas agus sláinte agus saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht agus an comhrac i gcoinne frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, mar aon le hiarrachtaí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, mura bhforbrófaí go hiomlánaíoch iad; á thabhairt le fios, mar shampla, gur féidir le strus agus básmhaireacht méadú mar gheall ar choiníní a choinneáil amuigh faoin aer, agus gur féidir le hiompraíocht ionsaitheach a bheith ann i measc na mbaineannach mar thoradh ar chaighin chomhchoiteanna in ionaid coinnithe coiníní, rud a fhágann go mbíonn strus, gortú agus feidhmíocht laghdaithe ann ([15]); á chur i bhfios go bhféadfadh laghdú ar smacht ar shalachar agus ar astaíochtaí agus méadú ar na méideanna beatha is gá a bheith mar thoradh ar thógáil lasmuigh, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tionchar carbóin níos mó; á thabhairt dá haire go bhfuil gaol líneach idir toisí locaí a mhéadú agus astaíochtaí amóinia ([16]), rud a fhágann go bhfuil feirmeoirí ag tabhairt aghaidh ar reachtaíocht fhrithráiteach maidir le leas ainmhithe agus saincheisteanna comhshaoil; á thabhairt dá haire go bhféadfadh córais tithíochta "saor-bhreithe" nó fáil réidh go tobann le tógáil i gcaighin foinsí breise ionfhabhtaithe a chruthú i measc ainmhithe feirme agus méadú ar an strus arb iad ceannasacht chríochach agus iomaíocht is cúis leis; á chur i bhfios gur féidir le cóiríocht i locaí leordhóthanacha ag uaireanta áirithe ina saolré cuidiú le srian a chur ar leathadh galar ainmhithe agus ionfhabhtuithe pataigineacha agus diomailteacht agus mortlaíocht inseachanta i measc laonna óga nó banbh a chosc ([17]); á mheabhrú, i ndáil leis sin, gur gá cur chuige de réir an speicis dá bhrí sin; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú críochnúil a dhéanamh ar aon éifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith díobhálach a bhaineann le gach togra maidir le sláinte agus leas ainmhithe;

28. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil castacht ilghnéitheach ag baint le fadhb dháiríre leasa i ndáil le greim a bheith á bhaint as eireabaill i bhfeirmeoireacht muc; á thabhairt dá haire gur thángthas ar dheacrachtaí teicniúla ar fud AE le linn taighde agus anailís fhairsing ar na fachtóirí riosca a spreagann an iompraíocht sin; á thabhairt dá haire gur fhág sé sin nár aimsíodh réitigh iontaofa ar bith go dtí seo agus, dá bharr sin, go bhfuil cleachtas forleathan ann i ndáil le heireabaill a sciotadh, in ainneoin iarrachtaí suntasacha an Choimisiúin agus na Parlaiminte chun faisnéis agus dea-chleachtais a scaipeadh maidir le muca a bhfuil eireabaill shlána orthu a choinneáil; á chur in iúl gur oth léi nach ndearna ach dhá Bhallstát toirmeasc a chur ar sciotadh eireaball go dtí seo; á chur i bhfáth gur féidir fadhb an sciota eireaball a laghdú go

([15]) Fortun-Lamothe, L., Savietto, D., Gidenne, T., Combes, S., Le Cren, D., Davoust C., Warin, L., *Démarche participative pour la conception d'un système d'élevage cunicole socialement accepté*, "Colloque Bien-être animal: des valeurs à partager" [*Tionscnamh rannpháirteach d'fhonn córas feirmeoireachta coiníní atá inghlactha go sóisialta a dhearadh*, "Leas ainmhithe: siompóisiam ar luachanna comhroinnte"], Strasbourg, 1 agus 2 Iúil 2019.

([16]) Guingand, N, *Réduire la densité animale en engraissement: quelles conséquences sur l'émission d'odeurs et d'ammoniac?* [Laghdú a dhéanamh ar dhlús stocála ag céim an ramhraithe: éifeachtaí ar bholadh agus ar astaíochtaí amóinia], *Journées Recherche Porcine*, 39, lgh. 43-48, 2007.

([17]) Kollenda, E., Baldock, D., Hiller, N., Lorant, A., *Assessment of environmental and socio-economic impacts of increased animal welfare standards: transitioning towards cage-free farming in the EU* [Measúnú ar na tionchair chomhshaoil agus shoch-eacnamaíocha a bhíonn ag caighdeáin mhéadaithe leasa ainmhithe: aistriú i dtreo feirmeoireacht gan chaighin in AE], Tuarascáil bheartais ón Institiúid um Beartas Comhshaoil Eorpach, An Bhruiséil & Londain, Deireadh Fómhair 2020.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

suntasach trí shaibhriú iomchuí timpeallachta a chur ar fáil, go háirithe ábhair ar féidir ionramháil a dhéanamh orthu, chomh maith le dea-spás a áirithiú, dea-chleachtais a bhaineann le beathú a chur chun feidhme agus urlár daingean a chur ar fáil; ag moladh go ndéanfaí níos mó taighde eolaíoch a mhaoiniú agus a chur i gcrích agus é mar aidhm leis sin conair atá inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de a mhapáil chun a ráthú gur féidir muca a thógáil taobh istigh ar bhonn tráchtála le heireabaill shlána; á chreidiúint gur gá réitigh faoi chuimsiú raon feidhme na reachtaíochta reatha chun coimirciú a dhéanamh ar leas muc agus laghdú a dhéanamh ar úsáid ábhar frithmhiocróbach chun cóir leighis a chur ar mhuca gortaithe; ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú go gcomhlíonfaidh gach Ballstát an toirmeasc ar ghnáthsciotadh eireaball na muc; á mheas, sa bhreis air sin, gur gá soiléireacht maidir le pionóis i gcásanna sciota eireaball inar tógadh muca i mBallstát amháin agus inar onnmhairíodh go Ballstát eile iad lena ramhrú ([18]);

29. á mheabhrú go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfar an reachtaíocht reatha a chur chun feidhme go hiomlán i ngach Ballstát chun leas ainmhithe ar an bhfeirm a fheabhsú agus chun machaire comhréidh a áirithiú sa mhargadh inmheánach;

30. ag aithint na n-iarrachtaí arna ndéanamh ag earnáil fheirmeoireacht na muc san Eoraip chun roghanna malartacha ar choilleadh banbh a lorg agus á chur i bhfáth gur gá leasuithe ar na rialacha tréidliachta maidir le feirmeacha muc chun go gcuirfear dul chun cinn san áireamh i réimse na roghanna malartacha ar choilleadh banbh;

31. á iarraidh ar an gCoimisiún liosta comhchuibhithe a chur ar fáil sna Ballstáit éagsúla de na táirgí agus de na prótacail atá ar fáil le haghaidh úsáid pianmhúchán agus ainéistéise le haghaidh bainbh a choilleadh ar an leibhéal Eorpach; á iarraidh ar an gCoimisiún cead a thabhairt cógais tréidliachta a stóráil go gearrthéarmach ar fheirmeacha agus lamháil do thréidlianna iad a fhágáil ann i gcomhréir le forálacha diana i dtaca le creat rialála;

32. á thabhairt dá haire go bhfuil táirgeadh *foie gras* bunaithe ar nósanna imeachta feirmeoireachta a thugann urraim do chritéir leasa ainmhithe, ós rud é gur foirm fhairsing táirgthe é a tharlaíonn ar fheirmeacha teaghlaigh den chuid is mó, ina gcaitheann éin 90 % dá saol faoin aer agus ina dtugann céim an ramhraithe, a mhaireann idir 10 agus 12 lá ar an meán le dhá bhéile in aghaidh an lae, urraim do pharaiméadair bhitheolaíocha an ainmhí;

33. ag moladh an Choimisiúin as a threoirlínte straitéiseacha maidir le dobharshaothrú AE a bheadh níos inbhuanaithe agus níos iomaíche a fhoilsiú an 12 Bealtaine 2021; ag cur béim ar a thábhachtaí atá forbairt earnáil dobharshaothraithe AE a chur chun cinn i dtreo modhanna níos inbhuanaithe lena dtugtar aird ar leith ar leas éisc chun aghaidh a thabhairt ar an róspleáchas reatha ar allmhairí; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an Coiste um Iascach sa Pharlaimint ag dréachtú tuarascáil féintionscnaimh ar na treoirlínte sin; á iarraidh ar an gCoimisiún forálacha sonracha atá fónta ó thaobh na heolaíochta de a chur chun cinn maidir le leas na n-iasc saothraithe;

34. á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an margadh inmheánach trí athruithe a áireamh a bheidh mar thoradh ar reachtaíocht nuashonraithe AE maidir le leas ainmhithe, ag dearadh straitéis chomhchuibhithe, chuimsitheach agus chomhroinnte maidir le leas ainmhithe i dtíortha Eorpacha le cur chun feidhme comhchuibhithe na reachtaíochta ábhartha agus ag áirithiú nach n-ísleofar an uaillmhian agus na caighdeáin chun feabhas a chur ar leas ainmhithe, agus faireachán á dhéanamh ag an am céanna ar chur chun feidhme cuí agus comhlíonadh na reachtaíochta reatha ar fud na mBallstát;

35. ag tathant ar an gCoimisiún tomhaltóirí a chur ar an eolas agus feasacht a mhúscailt maidir le réaltacht na feirmeoireachta beostoic agus an fíorthionchar a bhíonn aige ar an gcomhshaol, ar an mbithéagsúlacht agus ar an aeráid, agus éagsúlacht na modhanna táirgthe agus a mbunús, tríd an gcúram agus an aire a thugann feirmeoirí dá gcuid ainmhithe a léiriú gan dogmatachas ná stiogmatú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit feabhas suntasach a chur ar fheasacht agus tuiscint phoiblí ar réaltacht na feirmeoireachta beostoic agus leasa ainmhithe, lena n-áirítear tríd an oideachas i scoileanna;

36. á iarraidh ar an gCoimisiún a chreat rialála a athdhréachtú chun feabhas a chur ar leas ainmhithe san Aontas trína dhéanamh níos soiléire, níos cuimsithí, níos intuartha agus níos inrochtana, d'fhonn na cuspóirí agus na táscairí a dhéanamh níos sothuigthe agus, rud a fhágfadh gur lú an gá le léirmhíniú a bheith ann agus trasuí aonfhoirmeach náisiúnta ag na Ballstáit a chumasú agus a éascú, sula ndéanfar na rialacha a neartú tuilleadh nó trí chur leo; á mholadh go dtabharfaí an Treoir Ghinearálta cothrom le dáta i gcomhréir leis an eolas eolaíoch is déanaí chun go n-áireofaí inti cuspóirí an Choimisiúin agus ionchais na saoránach maidir le leas ainmhithe feirme agus torthaí sistéamach taighde agus obair ar na

---

([18]) Féach Conclúidí ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an ngéarchéim in earnáil na muiceola agus an dréacht-tuarascáil ón gCoimisiún ar iniúchadh a rinneadh sa Danmhairg ón 9 go dtí an 13 Deireadh Fómhair 2017 chun meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na mBallstát chun greim a bhaint as eireabaill a chosc agus chun gnáthsciotadh eireaball muc a sheachaint.

treoracha speicis-shonracha, agus aird chuí á tabhairt ar chineál na feirmeoireachta beostoic, na céimeanna éagsúla i saol na n-ainmhithe, cleachtais feirme nach mbaineann le feirmeoireacht bheostoic, traidisiúin agus dálaí réigiúnacha, agus éagsúlacht na hithreach agus na ndálaí aimsire;

37. ag tabhairt dá haire nach reachtaíocht chuimsitheach í reachtaíocht reatha AE maidir le leas ainmhithe agus á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le reachtaíocht shonrach maidir le leas na n-ainmhithe agus ar an tionchar atá aici i bhfianaise an eolais eolaíoch is déanaí maidir le bia-speicis nach gcumhdaítear faoi láthair le reachtaíocht atá sainiúil do speicis; ag cur sonrú in easpa táscairí leasa ainmhí-bhunaithe don Treoir Ghinearálta agus Treoracha 2008/120/CE ón gComhairle maidir le muca, 2007/43/CE maidir le sicíní, agus 1999/74/CE maidir le béaróga; á aithint, ina theannta sin, go bhfuil easpa ceanglas inchainníochtaithe ann maidir le dálaí comhshaoil a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu amhail cáilíocht an aeir (nítrigin, $CO_2$, deannach), soilsiú (ré, gile) agus an torann íosta, rud a chuireann isteach ní hamháin ar leas na n-ainmhithe ach a shaobhann iomaíocht freisin mar gheall ar an gcorrlach don léirmhíniú; á iarraidh ar an gCoimisiún táscairí in-fhorfheidhmithe agus inchainníochtaithe den sórt sin a bhunú, ar cheart iad a bheith sainiúil don speiceas agus cothrom le dáta ó thaobh na heolaíochta de;

38. ag tathant ar an gCoimisiún a chreat maidir le faireachán a dhéanamh ar na Ballstáit a shoiléiriú agus a áirithiú go rachfar i ngleic le cleachtais dhíobhálacha agus tús a chur le himeachtaí um shárú i gcás neamhchomhlíonadh; ag cur béim ar an tábhacht a bhaineann le teicneolaíochtaí beachtais feirmeoireachta beostoic, lena n-áirítear an acmhainneacht a bhaineann le huirlisí faireacháin ar shláinte ainmhithe ar an bhfeirm agus ar leas ainmhithe, lena gcabhraítear ráigeanna galar ar fheirmeacha a chosc agus a rialú níos fearr; á chur i bhfios go láidir go bhfuil go leor tosca taobh thiar den ráta neamhchomhlíonta reachtaíochta maidir le leas ainmhithe, lena n-áirítear táscairí neamh-infheidhmithe agus neamh-inchainníochtaithe atá bunaithe ar ainmhithe; ag tabhairt dá haire go bhfuil minicíocht na gcigireachtaí ar fud na mBallstát sa raon ó íosmhéid 1 % go huasmhéid 30 %; é ina chúis imní di gurb é a chiallaíonn an éagsúlacht mhór sin i minicíocht na n-iniúchtaí ná neamh-chomhlíonadh an Rialacháin um Rialú ([19]) nó brú suntasach d'fheirmeoirí; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, dá bhrí sin, cur chun feidhme an Rialacháin um Rialú a chomhchuibhiú chun minicíocht na gcigireachtaí idir na Ballstáit agus na hearnálacha beostoic a ailíniú; á iarraidh ar an gCoimisiún tuarascáil a thabhairt don Pharlaimint gach bliain maidir lena ghníomhaíochtaí agus maidir le gníomhaíochtaí na mBallstát chun feabhas a chur ar leas na n-ainmhithe a choimeádtar ar fheirmeacha in AE;

39. á iarraidh an gCoimisiún measúnú eolaíoch agus tionchair (lena n-áirítear na tionchair chomhshaoil, eacnamaíocha agus shóisialta) a chur in éineacht le haon chinneadh ar cheart dó éagsúlacht na modhanna feirmeoireachta i ngach earnáil in AE a chur i gcuntas agus anailís a dhéanamh ar an staid ó thaobh an ainmhí (speicis de réir speicis agus ag céimeanna éagsúla den táirgeadh) agus an fheirmeora araon, d'fhonn ionchais na saoránach a mheas agus córas póraithe éifeachtach a chruthú chun a áirithiú go mbeidh ainmhithe ag maireachtáil faoi dhálaí fabhracha, go n-urramófar leas ainmhithe agus go mbeidh brabús eacnamaíoch ag feirmeoirí;

40. á chur i bhfáth gur cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh do chórais forfheidhmiúcháin iomchuí, a d'fhéadfaí a chomhchuibhiú idir na Ballstáit, agus nach mór do na Ballstáit forfheidhmiú docht reachtaíocht AE a áirithiú i gcónaí; á iarraidh ar an gCoimisiún tuarascálacha rialta a chur faoi bhráid na Parlaiminte maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht AE maidir le leas ainmhithe, ar tuarascálacha iad inar cheart bearnaí a shainaithint agus miondealú a dhéanamh ar sháruithe de réir Ballstáit, speicis agus cineál sáraithe;

41. á iarraidh ar an gCoimisiún comhar níos fearr a fhorbairt idir na geallsealbhóirí ábhartha uile agus idirphlé a éascú idir na geallsealbhóirí éagsúla sna Ballstáit ionas go mbeidh siad in ann machnamh comhpháirteach a dhéanamh ar fhorbairtí i gcórais feirmeoireachta ainmhithe; ag spreagadh go roinnfí "dea-chleachtais" idir earnálacha beostoic agus idir tíortha; á iarraidh go bhforbrófaí uirlisí chun feirmeoirí ceannródaíocha a spreagadh chun páirt a ghlacadh i dtionscadail forbartha; á iarraidh go mbeadh feirmeoirí beostoic agus eolaithe leasa ainmhithe rannpháirteach i ngach céim de na staidéir a dhéantar i réigiúin éagsúla na hEorpa; ag súil go ndéanfar na doiciméid do staidéar agus do scaipeadh dea-chleachtais a aistriú go teangacha uile an Aontais Eorpaigh; ag aithint na hacmhainneachta a bhaineann leis an gclár Fís Eorpach le haghaidh taighde agus nuálaíochta agus á chur in iúl go bhfuil sí ag dréim le cothromaíocht iomchuí ar fud na mBallstát i dtéarmaí tionscadal; á mholadh don Choimisiún cur chuige atá dírithe ar aschur a chur chun cinn, mar thimpeallacht cheart chun ionadaithe, comhlachtaí eolaíochta, geallsealbhóirí, feirmeoirí agus ENRanna na mBallstát a bhailiú agus tuairimí agus dea-chleachtais a mhalartú d'fhonn cur chun feidhme níos aonfhoirmí na reachtaíochta a bheidh ann amach anseo maidir le leas ainmhithe ar fud na mBallstát a áirithiú i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais;

---

([19]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

42. á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh ionaid tagartha AE atá tiomnaithe do leas na speiceas agus na gcatagóirí éagsúla ainmhithe (EURCAWanna) mar chuid de Straitéis AE le haghaidh Chosaint agus Leas na nAinmhithe 2012-2015; ag spreagadh an Choimisiúin tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an líonra EURCAWanna, go háirithe i gcás speicis nach gcumhdaítear leis an reachtaíocht shonrach, mar ardán éifeachtach chun faisnéis theicniúil a scaipeadh go comhsheasmhach agus go haonfhoirmeach ar fud na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart reachtaíocht AE a chur chun feidhme;

43. á chur i bhfios gur minic a bhíonn tionchar suntasach ag cleachtais bainistithe aonair ar leas ainmhithe; á iarraidh ar an gCoimisiún cur chuige torthaí-bhunaithe a thabhairt isteach i leith tionscadail amach anseo, bunaithe ar fhianaise eolaíoch agus ar shaineolas, agus ar chomhroinnt dea-chleachtas idir piaraí i measc feirmeoirí;

44. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá malartuithe rialta le hionadaithe údarás náisiúnta agus réigiúnach, le heagraíochtaí feirmeoirí talmhaíochta agus eagraíochtaí geallsealbhóirí talmhaíochta, le ENRanna, le saoránaigh agus le saineolaithe maidir le samplaí de dhea-chleachtas agus feabhsuithe is gá a dhéanamh i réimse an leasa ainmhithe; á chur i bhfios, in ainneoin an chostais ísil a bhaineann leis, go bhfuil an t-aistriú eolais sa réimse sin an-éifeachtúil agus gur cheart é a chur i bhfeidhm níos minice dá bhrí sin; á chur in iúl gur díol sásaimh di, i ndáil leis sin, an athnuachan a rinne an Coimisiún ar shainordú an Ardáin maidir le Leas Ainmhithe; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart malartú dea-chleachtas agus aistriú eolais a neartú agus a éascú tuilleadh chun cuidiú leis na páirtithe lena mbaineann dlús a chur lena bpróiseas rialta malartaithe agus iad a shimpliú, chomh maith lena sreabha faisnéise a stóráil agus a dhaingniú; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé malartuithe rialta den sórt sin a dhéanamh freisin le hionadaithe ó na tíortha nach tíortha AE iad a allmhairíonn ainmhithe ón Aontas;

45. á iarraidh ar an gCoimisiún a chuid straitéisí éagsúla a nascadh le rialacháin arna dtarraingt suas ar bhealach atá comhsheasmhach leis an gComhaontú Glas don Eoraip, leis an straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc, le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2030 agus le beartais talmhaíochta a bhaineann le trádáil, le cleachtais tráchtála agus le cur chun cinn; á chur i bhfáth go bhfuil comhsheasmhacht idir na straitéisí sin ina réamhchoinníoll d'earnáil talmhaíochta inmharthana; á iarraidh go ndéanfaí an reachtaíocht athbhreithnithe maidir le leas ainmhithe a ailíniú go hiomlán le tosaíochtaí an Chomhaontaithe Ghlais agus na Straitéise maidir leis an bhFeirm go dtí an Forc, agus a raon feidhme agus a solúbthacht a leathnú chun iad féin a chur in oiriúint do na forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha is déanaí; á iarraidh ar an gCoimisiún beartas trádála a thabhairt i gcomhréir le caighdeáin AE maidir le cosaint agus leas ainmhithe, trí athmheastóireacht a dhéanamh ar chomhaontuithe trádála le tríú tíortha agus trí chómhalartacht a thabhairt isteach i gcomhaontuithe trádála nua déthaobhacha agus iltaobhacha, d'fhonn machaire comhréidh a chruthú agus d'fhonn an bonn a bhaint ó bhrabúsacht eacnamaíoch a tháirgeoirí féin agus a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad caighdeáin AE maidir le leas ainmhithe agus cáilíocht táirgí;

46. á iarraidh ar an gCoimisiún comhcheangal a dhéanamh ar na téacsanna éagsúla a bhaineann le leas ainmhithe, cibé acu ar an bhfeirm, le linn a n-iompair nó le linn a maraithe;

*Lipéadú leasa ainmhithe*

47. ag cur in iúl gur saoth léi toradh teoranta ar infheistíocht do tháirgeoirí a ghlacann páirt i mbearta deonacha um aithint leas ainmhithe; ag tabhairt dá haire, thairis sin, nach n-éireoidh le lipéadú leasa ainmhithe ach amháin má thagann toradh na hinfheistíochta ón bpointe praghais níos airde agus má dháiltear na costais agus na sochair go cothrom feadh an tslabhra agraibhia ar fad, rud a thabharfaidh d'fheirmeoirí cion cothrom den phraghas níos airde a íocann an tomhaltóir as ceannach táirgí bia a chomhlíonann ceanglais AE maidir le lipéadú leasa ainmhithe;

48. á iarraidh ar an gCoimisiún clásail chómhalartachta a chaibidliú ar leibhéal iltaobhach agus i gcomhaontuithe déthaobhacha maidir le comhlíonadh caighdeán leasa ainmhithe do tháirgí allmhairithe, lena n-áirítear ar mhaithe le faisnéis chruinn a chur ar fáil do thomhaltóirí;

49. á chur i bhfáth bhfuil gá, go luath, le rialacha comhchuibhithe sainordaitheacha a tharraingítear suas i gcomhar leis na geallsealbhóirí go léir agus atá bunaithe ar tháscairí eolaíocha soiléire mar aon le feachtais chur chun cinn agus gníomhaíochtaí oideachais ar mhórscála chun faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí Eorpacha chun go dtabharfar isteach aon lipéadú maidir le leas ainmhithe;

50. á iarraidh ar an gCoimisiún leas ainmhithe a ráthú sa chuid eile den slabhra iartheachtach den táirgeoir agus é a ionchorprú sna forálacha comhchuibhithe deonacha maidir le lipéadú;

51. á iarraidh ar an gCoimisiún tús a chur leis an obair ar chóras cuimsitheach AE maidir le lipéadú ainmhithe d'fhonn creat éigeantach AE maidir le lipéadú deonach a fhorbairt, ar cheart dó na feirmeacha beostoic uile a chumhdach ach gnéithe sonracha do gach speiceas a áireamh agus aitheantas a thabhairt dóibh, chun teorainn a chur leis na rioscaí go ndéanfaí iomaíocht a shaobhadh sa mhargadh inmheánach, agus dóthain slí a fhágáil ag an am céanna do thionscnaimh phríobháideacha a infheistíonn in éagsúlacht táirgí agus a chloíonn le caighdeáin níos airde leasa ainmhithe mar ghiaráil margaidh;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

52. á iarraidh ar an gCoimisiún creat comhchuibhithe agus éigeantach AE a mholadh lena ngabhfaidh ceanglais choiteanna maidir le lipéadú deonach leasa ainmhithe atá bunaithe ar rialacha AE agus lena n-iarrtar ar na Ballstáit taifead a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla cur chuige atá á n-úsáid; á iarraidh go ndéanfaí sonraíochtaí an chreata a tharraingt suas i gcomhréir le cur chuige atá réalaíoch go teicniúil agus fónta ó thaobh na heolaíochta de agus lena léireofaí na modhanna táirgthe le linn an timthrialla ar fad agus go n-áiritheofaí go ndéanfaí luach a athdháileadh ar fheirmeoirí beostoic chun go bhféadfar dul chun cinn atá faoi thionchar an mhargaidh a dhéanamh maidir le leas ainmhithe; á áitiú nach mór an scéim lipéadaithe a bheith bunaithe ar shraith shoiléir tagairtí teicniúla, le húsáid dhea-shainithe de na téarmaí agus éilimh is féidir a chur ar an margadh, chun cosc a chur ar thomhaltóirí a chur ar míthrhreoir agus mífhaisnéis a thabhairt faoi leas ainmhithe;

53. á mheabhrú go bhféadfadh táirgí próiseáilte agus comhábhair de bhunadh ainmhíoch tairbhe a bhaint as an lipéadú sin, chun críocha comhsheasmhachta; á mholadh go gcuirfí san áireamh sa scéim lipéadaithe atá beartaithe maidir le leas na n-ainmhithe éileamh méadaitheach na dtomhaltóirí ar fhaisnéis agus na cuspóirí comhthráthacha atá ag an straitéis “ón bhFeirm go dtí an Forc” maidir le hinbhuanaitheacht, sláinte agus imní i dtaobh cothú, in éineacht le leas ainmhithe;

54. á iarraidh ar an gCoimisiún mionscrúdú a dhéanamh ar na himpleachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann, go háirithe d’fheirmeoirí beostoic, maidir le creat éigeantach AE a thabhairt isteach lena ngabhfaidh comhcheanglais maidir le lipéid, measúnú críochnúil a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag feirmeoirí go dtí na tomhaltóirí ar na gníomhaithe uile a bhfuil baint acu leis an mbiashlabhra, agus leas á bhaint as an taithí a fuarthas i scéimeanna lipéadaithe poiblí i roinnt Ballstát go háirithe; á iarraidh ar an gCoimisiún coinbhleachtaí a sheachaint idir scéimeanna a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo agus córais lipéadaithe atá ann cheana, go háirithe i ndáil leis na ceanglais éigeantacha sna treoracha sonracha maidir le leas ainmhithe; á chur in iúl gur cúis imní di torthaí measúnaithe tionchair a rinne an Coimisiún roimhe seo in 2012, inar léiríodh go méadódh lipéadú costais an tionscail, gan gá go ndéanfaí méadú ar na tairbhí;

55. á iarraidh ar an gCoimisiún beartas a chur chun feidhme chun feirmeoireacht bheostoic na hEorpa a chosaint trí thoirmeasc a chur ar bheostoc nó feoil nach gcomhlíonann caighdeáin leasa ainmhithe na hEorpa a allmhairiú isteach san Eoraip;

o

o o

56. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0031

# Gníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh – tuarascáil bhliantúil 2020

## Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 maidir leis an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh in 2020 (2021/2167(INI))

(2022/C 342/07)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh in 2020,

— ag féachaint d'Airteagal 10(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE),

— ag féachaint d'Airteagail 15, 24(3), 228 agus 298(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

— ag féachaint d'Airteagail 11, 41, 42 agus 43 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt"),

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (UNCPRD),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom [1],

— ag féachaint don Chód Eorpach um Dhea-Chleachtas Riaracháin, arna ghlacadh ag an bParlaimint an 6 Meán Fómhair 2001,

— ag féachaint don Chreat-Chomhaontú um Chomhar a tugadh i gcrích idir an Pharlaimint agus an tOmbudsman Eorpach an 15 Márta 2006 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Aibreán 2006,

— ag féachaint do na rúin a tháinig uaithi roimhe seo maidir le gníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialacha 54 agus 142(2) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Achainíocha (A9-0342/2021),

A. de bhrí go ndearnadh an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh in 2020 a chur faoi bhráid Uachtarán na Parlaiminte an 6 Meán Fómhair 2021 agus gur thíolaic an tOmbudsman Eorpach, Emily O'Reilly, a tuarascáil don Choiste um Achainíocha an 14 Iúil 2021 sa Bhruiséil;

B. de bhrí go dtugann Airteagail 20, 24 agus 228 CFAE agus Airteagal 43 den Chairt údarás don Ombudsman Eorpach gearáin a ghlacadh a bhaineann le cásanna drochriaracháin i ngníomhaíochtaí institiúidí, chomhlachtaí, oifigí nó ghníomhaireachtaí an Aontais, cé is moite de Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) agus í ag gníomhú ina ról breithiúnach;

C. de bhrí go sonraítear, le hAirteagal 10(3) CAE, go "mbeidh an ceart ag gach saoránach a bheith rannpháirteach i saol daonlathach an Aontais" agus go"nglacfar cinntí chomh hoscailte agus is féidir agus ar leibhéal chomh gar agus is féidir don saoránach";

D. de bhrí go luaitear in Airteagal 15 CFAE "d'fhonn an dea-rialachas a chur chun cinn agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a áirithiú, seolfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a gcuid oibre ar dhóigh chomh hoscailte agus is féidir" agus go "mbeidh ag gach saoránach den Aontas, agus ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe reachtach aige i mBallstát, ceart rochtana ar dhoiciméid de chuid institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais"; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go gcuirtear seirbhísí ardchaighdeáin ar fáil do shaoránaigh AE agus go bhfreagraíonn riarachán AE dá riachtanais agus dá n-ábhair imní chun cearta agus saoirsí bunúsacha na saoránach a chosaint;

[1] IO L 253, 16.7.2021, lch. 1.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

E. de bhrí go sonraítear, *inter alia*, in Airteagal 41 den Chairt maidir leis an gceart chun dea-riaracháin go bhfuil sé de cheart ag gach duine "go ndéanfaidh institiúidí agus comhlachtaí uile an Aontais a ghnóthaí nó a gnóthaí a láimhseáil go neamhchlaon, go cóir agus laistigh de thréimhse réasúnta";

F. de bhrí go sonraítear in Airteagal 43 den Chairt go bhfuil "ag gach saoránach den Aontas agus ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát an ceart chun cásanna drochriaracháin i ngníomhaíochtaí institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, seachas CBAE ag gníomhú di ina cáil bhreithiúnach, a tharchur chuig an Ombudsman Eorpach";

G. de bhrí go sonraítear in Airteagal 298(1) CFAE, go "[m]beidh de thacaíocht ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus a gcúraimí á gcomhall acu, riarachán Eorpach a bheidh oscailte, éifeachtach agus neamhspleách";

H. de bhrí, in 2020, gur oscail an tOmbudsman 370 bhfiosrúchán, a raibh 365 díobh bunaithe ar ghearáin agus ar fhiosrúcháin féintionscnaimh iad 5 cinn díobh, agus ag an am céanna gur dúnadh 394 fhiosrúchán (392 fhiosrúchán bunaithe ar ghearáin agus 2 fhiosrúchán féintionscnaimh); de bhrí gur bhain formhór na bhfiosrúchán leis an gCoimisiún (210 fiosrúchán nó 56,8 %), agus ina dhiaidh sin le gníomhaireachtaí AE (34 fhiosrúchán nó 9,2 %), an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) (30 fiosrúchán nó 8,1 %), an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (14 fhiosrúchán nó 3,8 %), an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) (12 fhiosrúchán nó 3.2 %), an Pharlaimint (11 fhiosrúchán nó 3 %) an Banc Ceannais Eorpach (9 bhfiosrúchán nó 2,4 %), an Banc Eorpach Infheistíochta (9 bhfiosrúchán nó 2,4 %), agus institiúidí eile (41 fhiosrúchán nó 11,1 %);

I. de bhrí gurbh iad trédhearcacht, cuntasacht (rochtain ar fhaisnéis agus ar cháipéisí) (25 %), cultúr seirbhíse (24 %) agus úsáid chuí cumhachtaí lánroghnacha, lena n-áirítear nósanna imeachta um shárú (17 %), na trí phríomhábhar imní a bhí sna fiosrúcháin a dhún an tOmbudsman sa bhliain 2020; de bhrí go n-áirítear ar ábhair imní eile saincheisteanna eiticiúla i riarachán AE, urraim do chearta bunúsacha, bainistíocht fhónta airgeadais, sceithireacht, urraim do chearta nós imeachta, earcaíocht agus dea-bhainistiú saincheisteanna maidir le pearsanra AE;

J. de bhrí go bhfuil ról lárnach ag an Ombudsman maidir le trédhearcacht, cuntasacht dhaonlathach agus sláine iomlán phróisis chinnteoireachta AE a áirithiú;

K. de bhrí gurb é príomhthosaíocht an Ombudsman a áirithiú go n-urramaítear cearta na saoránach go hiomlán agus go léirítear na caighdeáin is airde leis an gceart chun dea-riaracháin ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí AE;

L. de bhrí go ndearna an tOmbudsman an-chuid oibre, tar éis ráig phaindéim COVID-19, lena áirithiú go gcomhlíonann institiúidí uile AE na caighdeáin dea-riaracháin is airde chun cearta na saoránach a chosaint agus chun muinín an phobail a fheabhsú;

M. de bhrí gur scrúdaigh an tOmbudsman obair an Choimisiúin le linn ghéarchéim COVID-19 agus gur iarr sí faisnéis, *inter alia*, maidir le trédhearcacht idirghníomhaíocht an Choimisiúin le hionadaithe leasmhara, maidir lena chinnteoireacht i ndáil le soláthar poiblí éigeandála agus maidir le trédhearcacht agus neamhspleáchas na comhairle eolaíche maidir leis an bpaindéim;

N. de bhrí, tar éis fiosrúchán maidir le feidhmíocht an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) le linn ghéarchéim COVID-19, gur aithin an tOmbudsman bearnaí i gcleachtais trédhearcachta ECDC, lena n-áirítear maidir leis na sonraí is bunús lena mheasúnuithe riosca agus lena idirghníomhaíochtaí le comhpháirtithe idirnáisiúnta, agus go ndearna sí moltaí a bhí dírithe ar fheabhas a chur ar ghrinnscrúdú poiblí ghníomhaíochtaí ECDC a bhaineann le vacsaíní COVID-19;

O. de bhrí gurb iad an phoiblíocht agus an trédhearcacht na príomhphrionsabail is bunús le próiseas reachtach AE, mar a dheimhnítear le cásdlí CBAE, inar tugadh treoir dhlíthiúil shoiléir maidir leis an mbealach lena áirithiú go n-urramaítear go hiomlán agus go comhsheasmhach iad; de bhrí gur luaigh CBAE go lagaíonn an easpa trédhearcachta agus faisnéise muinín na saoránach as dlisteanacht phróiseas reachtach AE ina iomláine; de bhrí, murab ionann agus na prionsabail sin, nach raibh an Coimisiún trédhearcach i gceannach agus dáileadh vacsaíní COVID-19 ná sa chaibidlíocht orthu;

P. de bhrí go bhfuil forlámhas ag ceart shaoránaigh AE a bheith ar an eolas agus ag oibleagáid institiúidí AE trédhearcacht iomlán a áirithiú, go háirithe maidir le conarthaí vacsaíne COVID-19 idir institiúidí AE agus cuideachtaí cógaisíochta, ar aon cheart líomhnaithe atá ag cuideachtaí cógaisíochta nó ag institiúidí AE aon fhaisnéis nó roinnt faisnéise a bhaineann leis na conarthaí sin nó le vacsaíní COVID-19 a cheilt nó gan í a nochtadh ina hiomláine;

Q. de bhrí gur bheartaigh AE tréimhse de leibhéil chaiteachais agus infheistíochta faoi Next GenerationEU nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, a chruthóidh naisc shuntasacha leis an earnáil phríobháideach freisin, rud a fhágfaidh go mbeadh sé níos tábhachtaí fós d'institiúidí AE próiseas cinnteoireachta a bheith ann a bheidh bunaithe ar thrédhearcacht iomlán agus ar na rialacha eitice is déine chun coinbhleachtaí leasa agus cásanna éillithe a chosc;

R. de bhrí nár lean an Chomhairle moltaí deiridh an Ombudsman agus gur dhiúltaigh sí rochtain phoiblí agus thráthúil a sholáthar ar dhoiciméid reachtacha maidir le glacadh na rialachán bliantúil lena leagtar síos cuótaí iascaireachta, ina raibh faisnéis chomhshaoil bhunúsach de réir bhrí Rialachán Aarhus, rud, ar an gcaoi sin, a bhaineann an bonn de thrédhearcacht a próisis cinnteoireachta; de bhrí gur chinn an tOmbudsman gur drochriarachán a bhí i gcinneadh na Comhairle, agus gur chuir sí i bhfáth go bhfuil ag teip ar an gComhairle fós an nasc criticiúil idir an daonlathas agus trédhearcacht na cinnteoireachta a thuiscint go hiomlán;

S. de bhrí gur sheol an tOmbudsman fiosrúchán maidir le diúltú an Chomhairle aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a bhaineann le hurraíochtaí corparáideacha Uachtaránacht Chomhairle AE; de bhrí gur chinn an tOmbudsman go raibh drochriarachán ann i gcás easpa gnímh na Comhairle maidir le deireadh a chur leis na rioscaí clú a bhaineann le hurraíochtaí tráchtála den sórt sin do neamhchlaontacht a hUachtaránachta agus íomhá AE ina iomláine;

T. de bhrí gur léirigh an tOmbudsman gur chúis bhuartha di cleachtais reatha an Choimisiúin maidir le formheas na "substaintí gníomhacha" a úsáidtear i lotnaidicídí agus gurb amhlaidh, de réir chóras an Choimisiúin maidir le coinbhleachtaí leasa a fhíorú, nach gá do shaineolaithe eolaíochta seachtracha a chuireann comhairle air leasanna airgeadais faoi thairseach EUR 10 000 a dhearbhú;

U. de bhrí gur chinn an tOmbudsman gur cheart don Choimisiún grinnscrúdú níos criticiúla a dhéanamh ar an mbaol go mbeadh coinbhleachtaí leasa ann sular bhronn sé conradh ar BlackRock Investment Management chun staidéar a dhéanamh ar chuspóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) a chomhtháthú i rialacha baincéireachta AE, ar cuideachta é a bhainistíonn infheistíochtaí in earnálacha an bhreosla iontaise agus na baincéireachta, ar réimsí iad atá laistigh de raon feidhme na rialacha nua maidir le ESG; de bhrí gur chuir an tOmbudsman i bhfios go láidir nach bhfuil rialacha AE maidir le soláthar poiblí láidir ná soiléir go leor chun coinbhleachtaí leasa a chosc;

V. de bhrí gur fhág iarLeas-Uachtarán an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) Coiste Bainistíochta BEI i mí na Samhna 2020 agus, tar éis níos lú ná trí mhí, gur tháinig sé isteach i mbord cuideachta fóntais ilnáisiúnta de chuid na Spáinne, Iberdrola; de bhrí go raibh sé de chúram ar iarLeas-Uachtarán BEI maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí iasachtaithe BEI sa Spáinn, lena n-áirítear Iberdrola; de bhrí, ó 2019 ar aghaidh, gur bhain Iberdrola leas as iasachtaí ollmhóra dar luach EUR 1,39 billiún san iomlán, rud a d'fhág go raibh sé ar cheann de phríomhchliaint BEI le blianta beaga anuas; de bhrí go léirítear leis an gcás sin an cleachtas conspóideach gan réiteach atá ag BEI ceadú dá Leas-Uachtaráin, arna n-ainmniú ag na Ballstáit, a bheith i gceannas ar mhaoirseacht a dhéanamh ar iasachtú BEI ina dtíortha tionscnaimh, rud a fhágann go bhfuil an baol ann go dtiocfadh coinbhleachtaí leasa as;

W. de bhrí, dar leis an Ombudsman, gur drochriarachán a bhí ann gur theip ar an gCoimisiún "measúnú tionchair inbhuanaitheachta" (SIA) a chur i gcrích sula ndearnadh an chaibidlíocht maidir le comhaontú trádála idir AE agus Mercosur a thabhairt chun críche; de bhrí gur léirigh torthaí an Ombudsman gur thug an Coimisiún neamhaird ar a chuid treoirlínte féin maidir le húsáid SIAnna roimh thabhairt i gcrích na caibidlíochta trádála;

X. de bhrí gur aimsigh an tOmbudsman cásanna drochriaracháin sa chinneadh a rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) glacadh le haistriú poist a Stiúrthóra Feidhmiúcháin ag an am mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (CEO) ar an gComhlachas um Margaí Airgeadais san Eoraip (AFME), eagraíocht bhrústocaireachta don tionscal airgeadais, gan an baol go mbeadh coinbhleachtaí leasa ann a mhaolú, chomh maith le leanúint ar aghaidh ag tabhairt rochtain dó ar fhaisnéis rúnda; de bhrí gur thosaigh ÚBE ag cur moltaí an Ombudsman chun feidhme, rud a chuireann ar chumas an Ombudsman an cás a dhúnadh;

Y. de bhrí go dtagraítear i straitéis an Choimisiúin maidir le dul i ngleic le hachainíocha dá Theachtaireacht ó 2016 dar teideal "Dlí AE: Torthaí níos fearr trí chur i bhfeidhm níos fearr", nach mbunaítear lena rialacha aon nós imeachta nó cleachtas riaracháin maidir le hachainíocha; de bhrí go bhfuil cur chuige an Choimisiúin, arb é an toradh atá air go ndiúltaíonn an Coimisiún go córasach gníomhaíocht a dhéanamh maidir le saincheisteanna a bhaineann le hachainíocha aonair agus maidir le hachainíocha a bhaineann le réimsí faoi Airteagal 6 CFAE, ag teacht salach ar fhorálacha Airteagal 227 CFAE agus go bhfuil sé ag cruthú frustrachais agus díomá i measc saoránach, agus ag an am céanna ag baint an bonn den deis easnaimh chórasacha maidir le dlí AE atá ag tarlú sna Ballstáit a shainaithint;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

Z. de bhrí go mbaineann go leor de na hachainíocha a fuair an Coiste um Achainíocha le heaspa trédhearcachta an Choimisiúin agus go n-iarrtar leo go bhfoilseofaí sonraí iomlána na gconarthaí maidir le vaicsíní i gcoinne COVID-19 arna síniú idir an Coimisiún, na Ballstáit agus an tionscal cógaisíochta, chomh maith le sonraí faoi thrialacha cliniciúla ar leibhéal an othair;

AA. de bhrí gur meicníocht sásaimh é an tOmbudsman do shaoránaigh a bhfuil fadhbanna acu rochtain a fháil ar dhoiciméid atá i seilbh institiúidí AE; de bhrí gur fhág líon suntasach d'fhiosrúcháin an Ombudsman in 2020 gur tugadh rochtain ar dhoiciméid a mbaineann leas poiblí níos leithne leo, in ainneoin nach leor reachtaíocht AE is infheidhme ó thaobh struchtúir de, toisc go bhfuil sí as dáta agus nach léirítear léi a thuilleadh na cleachtais reatha arna nglacadh ag institiúidí an AE;

AB. de bhrí gur chuir an tOmbudsman sraith gníomhaíochtaí i bhfeidhm atá dírithe ar chur chun feidhme níos fearr agus níos comhsheasmhaí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) a chur chun cinn laistigh de riarachán foriomlán AE agus gur sheol sí tionscnamh straitéiseach maidir leis an mbealach ar fhreastail an Coimisiún ar na riachtanais speisialta a bhí ag baill foirne faoi mhíchumas i gcomhthéacs éigeandáil COVID-19;

AC. de bhrí gur sheol an tOmbudsman fiosrúchán faoin gcaoi a n-áirithíonn an Coimisiún go bhfuil an úsáid a bhaineann an Ungáir agus an Phortaingéil as cistí struchtúracha agus infheistíochta na hEorpa (Cistí SIE) le haghaidh saoráidí cúraim do dhaoine faoi mhíchumas i gcomhréir leis na hoibleagáidí dlíthiúla a eascraíonn as an gCairt, as an Rialachán maidir le Cistí SIE agus as UNCRPD;

1. ag formheas thuarascáil bhliantúil 2020 a thíolaic an tOmbudsman Eorpach, agus ag moladh an cur i láthair den scoth a rinneadh ar na fíorais agus na figiúirí is tábhachtaí maidir le hobair an Ombudsman in 2020;

2. ag tréaslú le Emily O'Reilly as an obair iontach atá déanta aici chun feabhas a chur ar oscailteacht, cuntasacht agus sláine institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí AE, agus ar an gcaoi sin cearta bunúsacha na saoránach a chosaint, go háirithe le linn bliain thragóideach ar fhág iarmhairtí millteacha ráig phaindéim COVID-19 a rian uirthi; á mheabhrú go bhfuil an trédhearcacht cumhdaithe sa smacht reachta agus gur príomhphrionsabal de chuid an daonlathais rannpháirtigh í;

3. á mheabhrú gur féidir leis an Ombudsman moltaí, moltaí le haghaidh réiteach agus moltaí le haghaidh feabhsúcháin a dhéanamh d'fhonn fadhb a réiteach i gcásanna drochriaracháin; ag tabhairt dá haire, i gcás nach dtagann gearán faoi shainordú an Ombudsman, go bhféadfaidh an tOmbudsman a mholadh don ghearánach é a tharchur chuig údarás eile nó chuig an gCoiste um Achainíocha; ag tabhairt dá haire go bhfuair an tOmbudsman breis agus 1 400 gearán in 2020 nach raibh faoina sainordú, go príomha toisc nach raibh baint acu le gníomhaíochtaí a bhain le riarachán AE;

4. ag tréaslú leis an Ombudsman as an bhfaireachán atá déanta aici ar an gcaoi a ndéanann institiúidí túslíne AE a gcuid oibre le linn na paindéime agus as béim a leagan ar an oibleagáid atá orthu trédhearcacht a áirithiú; á chur in iúl gur geal léi an cheist a chuir an tOmbudsman ar an gCoimisiún maidir lena thrédhearcaí atá an chomhairle a fhaigheann sé, na cruinnithe a bhíonn aige le hionadaithe leasmhara agus na cinntí a dhéanann sé maidir le soláthar poiblí éigeandála;

5. á chur in iúl gur mór aici comhar cuiditheach an Ombudsman leis an bParlaimint, go háirithe leis an gCoiste um Achainíocha, agus le hinstitiúidí eile AE; ag moladh an Ombudsman as a cumas feabhas a chur ar cháilíocht agus ar inrochtaineacht na seirbhísí a chuirtear ar fáil do shaoránaigh agus, in ainneoin an phaindéim a bheith sa chúlra, nach raibh aon laghdú ar a hobair lárnach agus nach raibh aon chur isteach ar dhéileáil le gearáin;

6. ag tabhairt dá haire gur tháinig athruithe dearfacha ar institiúidí agus comhlachtaí AE de thoradh obair an Ombudsman;

7. ag cur béim ar an ról ríthábhachtach atá ag an trédhearcacht agus an dea-riarachán in obair institiúidí AE; á chur in iúl gur oth léi nár chuir an Coimisiún mínithe leordhóthanacha ar fáil d'iarrataí an Ombudsman ar phríomhghnéithe dá chuid oibre le linn ghéarchéim COVID-19; á iarraidh ar an gCoimisiún a chinnteoireacht maidir le soláthar poiblí éigeandála a shoiléiriú, lena n-áirítear maidir le nósanna imeachta ceapacháin chomhaltaí na gcoistí éagsúla, chun trédhearcacht iomlán an phróisis a áirithiú;

8. ag tabhairt dá haire gur thug an Coimisiún aitheantas do chineál iomaíoch an mhargaidh le haghaidh vacsaíní; á chreidiúint gur chun leasa shaoránaigh na hEorpa é go mbeadh soiléireacht agus trédhearcacht ann maidir le Comhaontuithe Réamhcheannaigh agus Comhaontuithe Ceannaigh a bhaineann le vacsaíní i gcoinne COVID-19, agus nach mór go mbeadh forlámhas aige sin ar iarraidh na monaróirí clásail neamhnochta a thabhairt isteach; á chur i bhfáth

a thábhachtaí atá sé go mbeadh muinín ag na saoránaigh agus ag na hinstitiúidí ina chéile, go háirithe i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19; ag spreagadh an Ombudsman chun leanúint dá fiosrúcháin agus iarraidh ar an gCoimisiún leaganacha neamhleasaithe de na Comhaontuithe Réamhcheannaigh agus de na Comhaontuithe Ceannaigh sin a fhoilsiú; ag tathant ar an gCoimisiún trédhearcacht iomlán a áirithiú maidir le mionsonraí uile an taighde ar vacsaíní COVID-19 agus maidir le forbairt, ceannach agus dáileadh na vacsaíní sin, trí leaganacha neamhleasaithe de na Comhaontuithe Réamhcheannaigh agus de na Comhaontuithe Ceannaigh a fhoilsiú agus trí nochtadh na sonraí uile i gconarthaí amach anseo a bhaineann le vacsaíní COVID-19 a bheith ina réamhchoinníoll don chaibidlíocht a dhéanfar amach anseo le cuideachtaí cógaisíochta; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil aon easpa trédhearcachta i gcreat phaindéim COVID-19 ag teacht salach ar cheart na saoránach chun faisnéise agus go spreagann sé bréagaisnéis agus mímhuinín;

9. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuirtear chun feidhme go hiomlán agus go comhsheasmhach moltaí an Ombudsman a rinneadh tar éis a fiosrúcháin straitéisigh maidir le feabhsú cleachtas trédhearcachta agus obair fhoriomlán ECDC, a bhfuil ról ríthábhachtach aige maidir le faisnéis bhunriachtanach a bhailiú agus a phoibliú maidir le vacsaíní COVID-19 agus maidir le muinín an phobail i straitéis vacsaínithe COVID-19 an Aontais a fheabhsú;

10. ag tacú leis an Ombudsman ina cuid oibre chun a áirithiú gur féidir le saoránaigh a gcearta daonlathacha a fheidhmiú go hiomlán trí, *inter alia*, páirt dhíreach a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta laistigh d’institiúidí AE agus é a leanúint go mion, chomh maith le rochtain a bheith acu ar an bhfaisnéis ábhartha go léir mar atá leagtha síos freisin i gcásdlí CBAE;

11. á chur in iúl gur geal léi an ghníomhaíocht a rinne an tOmbudsman ar iarrataí chuig an gCoimisiún rochtain phoiblí a chur ar fáil ar dhoiciméid a bhaineann le pleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát, ar go mór chun leas an phobail iad, agus a bhaineann leis an méid a leithdháilfear faoi NextGenerationEU, nach bhfacthas a leithéid riamh cheana; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an-chuid ábhair curtha ar fáil ag an gCoimisiún cheana féin faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta; á chur i bhfáth go bhfuil gá le níos mó trédhearcachta agus maoirseacht neartaithe ó na húdaráis ábhartha i ndáil leis sin, lena n-áirítear maoirseacht threisithe ag an Ombudsman ar na nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le cistí AE; á iarraidh ar an Ombudsman, i gcomhar le baill Líonra Eorpach na nOmbudsman (ENO), gníomhaíochtaí eile a d’fhéadfaí a dhéanamh laistigh dá n-inniúlacht maidir le maoirseacht a dhéanamh ar leithdháileadh agus úsáid chistí AE a fhiosrú chun cearta shaoránaigh an Aontais a chosaint ar choinbhleachtaí leasa agus cásanna éillithe a d’fhéadfadh a bheith ann, chomh maith le sáruithe ar an smacht reachta, lena rannchuideofaí le sláine, trédhearcacht iomlán agus cuntasacht dhaonlathach institiúidí AE a áirithiú;

12. á chur i bhfios go láidir gur dlúthchuid d’aon daonlathas ionadaíoch í trédhearcacht an phróisis reachtaigh; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil easpa trédhearcachta fós mar thoradh ar chleachtais reatha na Comhairle maidir lena próiseas cinnteoireachta; á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil an Chomhairle fós ag cur cosc ar shaoránaigh rochtain dhíreach agus thráthúil a bheith acu ar a doiciméid reachtacha, fad atá an próiseas reachtach ar siúl, rud atá ina shárú ar cheart na saoránach a bheith rannpháirteach go héifeachtach sa phróiseas cinnteoireachta;

13. ag moladh an Ombudsman as a tiomantas trédhearcacht iomlán a bhaint amach i bpróiseas cinnteoireachta AE; á mheabhrú gur thacaigh an Pharlaimint, ina rún an 17 Eanáir 2019 maidir le fiosrúchán straitéiseach OI/2/2017 an Ombudsman ar thrédhearcacht na bpléití reachtaíochta i gcomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle AE [2], le tograí an Ombudsman maidir le trédhearcacht reachtaíochta; á chur i bhfáth gur gá faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme mholtaí an Ombudsman maidir le trédhearcacht sna cruinnithe tríthaobhacha; á iarraidh ar an gComhairle dlús a chur lena cuid iarrachtaí trédhearcachta, go háirithe trí sheasaimh na mBallstát a thaifeadadh agus a fhoilsiú agus trí níos mó doiciméid thrípháirteacha a chur ar fáil, d’fhonn cearta daonlathacha na saoránach a chosaint;

14. á chur in iúl gur geal léi gur chuir an tOmbudsman tús le fiosrúchán féintionscnaimh freisin, i gcomhthéacs na hoibre straitéisí níos leithne ar fhreagairt riarachán AE le linn na géarchéime COVID-19, ar na nósanna imeachta urghnácha cinnteoireachta a chuir an Chomhairle i bhfeidhm; ag spreagadh na Comhairle chun na moltaí a chuir an tOmbudsman ar aghaidh maidir le feabhas a chur ar a cuid oibre a leanúint;

15. ag tathant ar an gCoimisiún staonadh ó “shubstaintí gníomhacha” a úsáidtear i lotnaidicídí a fhormheas i gcásanna inar sainaithníodh réimsí ríthábhachtacha ar údar imní iad nó nár sainaithníodh aon úsáid shábháilte, nó i gcás ina bhfuil gá le sonraí breise lena ndeimhnítear a sábháilteacht, mar gheall ar an tionchar tromchúiseach atá mar thoradh ag úsáid lotnaidicídí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol cheana.

---

(2) IO C 411, 27.11.2020, lch. 149.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

16. á iarraidh ar an gCoimisiún próiseas formheasa a áirithiú do “shubstaintí gníomhacha” i lotnaidicídí, a bheidh go hiomlán trédhearcach agus saor ó choinbhleachtaí leasa; ag tabhairt dá haire gur bailíodh os cionn milliún síniú ar fud an Aontais leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh dar teideal *Save Bees and Farmers* agus go n-iarrtar leis an tionscnamh sin go gcuirfí deireadh de réir a chéile le lotnaidicídí sintéiseacha san Aontas, go dtabharfaí bearta isteach chun an bhithéagsúlacht a athbhunú agus go dtabharfaí tacaíocht d’fheirmeoirí an t-aistriú chuig an talmhaíocht inbhuanaithe a dhéanamh; á iarraidh ar an Ombudsman leanúint d’imscrúdú a dhéanamh ar na córais atá i bhfeidhm ar leibhéal AE chun a áirithiú go ráthaítear leis na beartais reatha agus leis na coimircí nós imeachta sa réimse sin na leibhéil is airde de chosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil, agus go bhfuil bailiú agus scrúdú fianaise eolaíche go hiomlán trédhearcach, cruinn agus saor ó choinbhleachtaí leasa;

17. á mheabhrú gur dhún an tOmbudsman, i Márta 2020, a fiosrúchán maidir leis an gcaoi a n-áirithíonn an Coimisiún nach bhfuil aon choinbhleachtaí leasa ag saineolaithe eolaíochta a chuireann comhairle air; á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar a phróisis mheasúnaithe ar neamhspleáchas na saineolaithe eolaíochta a thugann comhairle dó, lena n-áirítear trí mholtaí an Ombudsman a chur chun feidhme go hiomlán tar éis a fiosrúcháin ar an ábhar seo, lena áirithiú nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ag na saineolaithe lena mbaineann;

18. ag spreagadh an Ombudsman fiosrúchán a sheoladh ar chur chuige straitéiseach an Choimisiúin agus é ag déileáil le hachainíocha, toisc go bhféadfadh a chuid gníomhaíochta, atá teoranta do shaincheisteanna a mbaineann tábhacht straitéiseach leo nó a léiríonn fadhbanna struchtúracha, dar leis, agus a chuireann cásanna aonair as an áireamh, dá bhrí sin, difear a dhéanamh do cheart saoránach achainí a dhéanamh agus dá gceart chun dea-riaracháin;

19. ag cáineadh an Choimisiúin mar gur theip air an SIA a chur i gcrích sular tugadh caibidlíocht trádála AE-Mercosur chun críche; á mheabhrú gurb é seasamh na Parlaiminte nach mór measúnú críochnúil a dhéanamh ar an tionchar comhshaoil agus sóisialta a ghabhann le comhaontuithe saorthrádála sula dtabharfar an chaibidlíocht trádála chun críche;

20. ag cáineadh an chinnidh ó na Ballstáit sin, a raibh Uachtaránacht na Comhairle acu, leas a bhaint as urraíocht chorparáideach, mar go mbaineann rioscaí tromchúiseacha clú leis d’íomhá AE, agus á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé staonadh ó aon urraíocht amach anseo; á mheas gur ríthábhachtach go nglacfaí na rialacha is déine lena gcuirfí cosc ar chleachtais den sórt sin a bheith ann d’fhonn clú agus sláine na Comhairle agus an Aontais ina iomláine a chosaint; á iarraidh ar na Ballstáit a n-oibleagáid chun comhoibriú leis an Ombudsman a chomhlíonadh le trédhearcacht iomlán;

21. ag moladh an obair a rinne an tOmbudsman chun an ceart atá ag saoránaigh AE rochtain a fháil ar dhoiciméid atá i seilbh institiúidí AE a chosaint agus chun doiciméid i dteangacha oifigiúla uile AE a chur ar fáil do shaoránaigh; á chur in iúl gur geal léi tionscnamh an Ombudsman maidir leis an nós imeachta mear a bhaineann le rochtain ar cháipéisí, agus é mar aidhm leis cinneadh a fháil maidir leis na doiciméid a iarradh laistigh de 40 lá oibre; á chur i bhfios go láidir gurb é an meán-am a thóg sé chun gearáin maidir le rochtain phoiblí a láimhseáil ná aon trian den mheán-am a bhí ann roimh 2018 nuair a tugadh isteach an nós imeachta sin; á mheas go bhfuil sé fíorthábhachtach trédhearcacht iomlán na ndoiciméad atá ag institiúidí AE agus rochtain phoiblí iomlán orthu a ráthú chun na leibhéil is airde cosanta a áirithiú do chearta daonlathacha na saoránach agus don mhuinín atá acu as institiúidí AE; á chreidiúint nach mór Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ([3]) a athbhreithniú mar ábhar tosaíochta; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil reachtaíocht AE maidir le rochtain ar cháipéisí imithe i léig go mór, rud a chuireann bac ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman ar an ábhar sin;

22. ag formheas thiomantas an Ombudsman dul i ngleic arís agus arís eile le cásanna doirse imrothlacha, lena n-áirítear an ceann a bhaineann le ÚBE, a chuir ina luí ar an Údarás aontú lena moltaí trí bheartas nua a ghlacadh chun measúnú a dhéanamh ar shrianta iarfhostaíochta agus toirmisc don fhoireann, chomh maith le nósanna imeachta nua chun rochtain ar fhaisnéis rúnda a chur ar fionraí láithreach do bhaill foirne atá ag fágáil;

23. á iarraidh ar an Ombudsman leanúint dá cuid oibre chun a áirithiú go bhfoilseofar ainmneacha oifigigh AE go léir atá bainteach le cásanna “doirse imrothlacha” go tráthúil agus chun trédhearcacht iomlán a ráthú maidir le gach faisnéis ghaolmhar;

24. á chur in iúl gur geal léi an fiosrúchán a sheol an tOmbudsman faoin gcaoi ar dhéileáil EIB le hiarratas a iarUachtaráin ar phost sinsearach sa chuideachta Spáinneach Iberdrola a bhí tar éis suim mhór d’iasachtaí a fháil ó BEI; ag cáineadh gur theip ar BEI gníomhú ar iarraidh na Parlaiminte forálacha a áireamh i gCód Iompair Choiste Bainistíochta EIB lena gcuirtear cosc ar a gcuid Feisirí maoirseacht a dhéanamh ar iasachtú agus ar chur chun feidhme tionscadal ina dtíortha

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

tionscnaimh; á iarraidh ar BEI éileamh na Parlaiminte a chomhlíonadh go hiomlán agus go comhsheasmhach, agus a rialacha sláine agus a bhforfheidhmiú a neartú chun coinbhleachtaí leasa agus damáiste do chlú a chosc;

25. á chur in iúl gur geal léi imscrúduithe an Ombudsman maidir le cearta bunúsacha dídeanaithe a chosaint, lena n-áirítear a fiosrúchán faoin gcaoi a láimhseálann an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) sáruithe ar chearta bunúsacha agus leathnú a sainordaithe, trédhearcacht agus éifeachtacht an tsásra gearán agus ról agus neamhspleáchas an Oifigigh um Chearta Bunúsacha; á iarraidh ar an Ombudsman é seo a fhiosrú trí fhéachaint ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin amach anseo agus trí imscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a seiceálann a mheicníocht faireacháin sheanbhunaithe a éifeachtaí atá oibríochtaí bainistithe teorann arna maoiniú ag AE; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá imscrúdú an Ombudsman ar an gcaoi a n-áirithíonn an Coimisiún go n-urramaíonn údaráis na mBallstát cearta bunúsacha in oibríochtaí bainistithe teorann;

26. á iarraidh ar an gCoimisiún cloí go hiomlán agus go tráthúil le moltaí an Ombudsman a rinneadh tar éis a fiosrúcháin maidir le cás BlackRock trí rialacha neartaithe agus níos soiléire a ghlacadh, lena n-áirítear i gcomhthéacs a threoirlínte inmheánacha, lena n-áirítear i gcreat a threoirlínte inmheánacha, chun cosc a chur ar aon choinbhleacht leasa i ngach nós imeachta a bhaineann le soláthar poiblí d'fhonn, inter alia, sláine na bpróiseas cinnteoireachta maidir le glacadh rialacha nua a bhaineann le saincheisteanna ESG ar leibhéal AE a chosaint;

27. ag tacú le gníomhaíochtaí an Ombudsman atá dírithe ar chur chun feidhme iomlán agus comhsheasmhach UNCRPD ag riarachán AE a ráthú, lena n-áirítear liosta na ndea-chleachtas atá leagtha amach chun cur chuige comhsheasmhach a chur chun cinn ar fud riarachán AE maidir le freastal ar na riachtanais speisialta atá ag baill foirne faoi mhíchumas i gcomhthéacs éigeandáil COVID-19; á chur in iúl gur geal léi fiosrúcháin an Ombudsman tar éis gearáin ó dhaoine faoi mhíchumas, agus á spreagadh ina cuid oibre mar rannpháirtí gníomhach i gCreat AE le haghaidh UNCRPD; á mheabhrú, i ndáil leis sin, go raibh an tOmbudsman ina cathaoirleach ar Chreat AE le haghaidh UNCRPD in 2020;

28. á chur in iúl gur geal léi go bhfuiltear ag leanúint leis an Dámhachtain don Dea-Riarachán, a bhfuil sé mar aidhm leis aitheantas a thabhairt do ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag seirbhís phoiblí AE a mbíonn tionchar dearfach acu ar shaol shaoránaigh na hEorpa; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart poiblíocht níos fearr a thabhairt don dámhachtain chun a léiriú do shaoránaigh Eorpacha go bhfuil bearta praiticiúla á ndéanamh ag institiúidí AE;

29. ag tathant ar an gCoimisiún imscrúdú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as Cistí SIE a leithdháileadh chun saoráidí cúraim institiúidigh a thógáil do dhaoine faoi mhíchumas san Ungáir agus sa Phortaingéil;

30. á chur i bhfáth gur leithdháileadh Cistí SIE chun cearta daoine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách agus páirt a ghlacadh sa chomhphobal a chur chun cinn; á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach faireachán a dhéanamh ar chistí AE a leithdháiltear, ar cheart iad a úsáid chun tacú leis an dí-institiúidiú sna Ballstáit;

31. ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú beag tagtha ar líon na ngearán a seoladh chuig an Ombudsman le blianta beaga anuas, a léiríonn go bhfuil níos mó saoránach ar an eolas anois gurb ann don institiúid agus go ndéanann sí obair an-úsáideach chun leasanna an phobail a chosaint;

32. á chur i bhfáth gur cheart oibleagáidí na mBallstát maidir le prionsabal an neamh-idirdhealaithe a urramú, lena n-áirítear aird ar leith a thabhairt ar rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas a áirithiú agus tionscadail á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme;

33. á chur in iúl gur geal léi, in 2020, gur cúig mhí a bhí i gceist le meánfhad fhiosrú na gcásanna a dhún an tOmbudsman, arb ionann sin agus dul chun cinn i gcomparáid leis na seacht mí a bhí i gceist an bhliain roimhe sin;

34. ag tabhairt dá haire gur díol sásaimh di gur dúnadh 57 % de na cásanna in 2020 faoi níos lú ná trí mhí, agus nach raibh ach 1 % de chásanna ann a thóg suas le 18 mí le réiteach, i gcomparáid le 10 % an bhliain roimhe sin agus 27 % in 2013; á chur in iúl gur mór aici, dá bhrí sin, na hiarrachtaí chun na saincheisteanna a d'ardaigh saoránaigh a réiteach agus á iarraidh ar na hinstitiúidí uile lena mbaineann freagairt d'iarrataí ó Oifig an Ombudsman Eorpaigh ar bhealach tráthúil;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

35. ag tabhairt dá haire go raibh líon na ngearán atá lasmuigh de shainordú an Ombudsman Eorpaigh fós cobhsaí go leor le blianta beaga anuas (1 420 gearán in 2020; 1 330 cás in 2019; agus 1 300 cás in 2018); ag tabhairt dá haire, de réir thuarascáil 2020, nach mbaineann an chuid is mó de na gearáin sin le riarachán AE; á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí na hOifige saoránaigh a chur ar an eolas níos fearr faoi shainordú an Ombudsman; á thabhairt chun suntais ag an am céanna gur gá feabhas a chur ar chumarsáid agus ar fheasacht maidir leis na cineálacha éagsúla gearán is féidir le saoránaigh a thíolacadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach; ag cur béim ar an ról ba cheart a bheith ag an bParlaimint agus ag a Feisirí i ndáil leis sin freisin;

36. ag tabhairt dá haire gurbh ionann ráta glactha an Ombudsman le tograí ó institiúidí AE agus 79 % in 2020, arb ionann é agus feabhas beag i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin; á chreidiúint go láidir nach mór d'institiúidí, do ghníomhaireachtaí agus do chomhlachtaí an Aontais cloí go hiomlán agus go comhsheasmhach le réitigh agus moltaí an Ombudsman;

37. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá ENO agus na cruinnithe bliantúla a reáchtáltar le hombudsmain náisiúnta agus réigiúnacha tríd an ENO chun feasacht a ardú tuilleadh maidir leis an méid is féidir le hOifig an Ombudsman a dhéanamh do shaoránaigh na hEorpa; á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí a rinne an tOmbudsman le linn na paindéime chun teagmháil rialta a dhéanamh lena comhghleacaithe náisiúnta agus chun seimineáir ghréasáin a eagrú agus a reáchtáil le linn 2020 ar ábhair amhail impleachtaí na paindéime, dea-chleachtais maidir le freagairt i gcás géarchéime a chur chun cinn agus a roinnt agus tionchar na hintleachta saorga; á aithint gur chuir ENO go mór le soláthar faisnéise maidir le freagrachtaí agus inniúlachtaí a chomhaltaí agus maidir le cur chun feidhme cuí an dlí Eorpaigh; á iarraidh ar an líonra sin machnamh a dhéanamh ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag ombudsmain náisiúnta agus réigiúnacha maidir le saoránaigh AE a bheith níos rannpháirtí i bpróiseas cinnteoireachta AE; ag spreagadh tuilleadh comhair idir comhaltaí ENO, lena n-áirítear sa réimse a bhaineann le fiosrúcháin chomhthreomhara a bheidh ann amach anseo a chur chun cinn;

38. ag moladh an Ombudsman as a cuid gníomhaíochtaí ar ardáin dhigiteacha, áit ar chuir sí le feasacht shaoránaigh AE ar a cuid oibre; ag tabhairt dá haire gurbh é Instagram an cainéal ba mhó fás in 2020 agus gur tháinig méadú 71 % ar an lucht féachana i gcaitheamh na bliana (1 068 leantóir nua); gur tháinig méadú 34 % ar an lucht leanúna ar LinkedIn (méadú 1 237 leantóir), agus gur baineadh 29 200 leantóir amach ar Twitter, áit a bhfuil an lucht leanúna is mó ag an Ombudsman, i mí na Nollag 2020, arb ionann sin agus méadú 11 % (méadú 2 870 leantóir);

39. ag tréaslú leis an Ombudsman as an gcomóradh 25 bliain ó bunaíodh an post, agus á chur i bhfios go láidir gur dhéileáil an Oifig le níos mó ná 57 000 gearán agus gur sheol sí níos mó ná 7 300 fiosrúchán ó 1995 i leith, rud a chuir go mór le feabhas a chur ar chaighdeáin eiticiúla agus chuntasachta institiúidí AE i raon leathan réimsí; ag tacú le straitéis an Ombudsman "I dTreo 2024" atá dírithe ar thionchar, infheictheacht agus ábharthacht Oifig an Ombudsman a mhéadú, agus lena leagtar amach a cuspóirí agus a tosaíochtaí don téarma reatha, lena n-áirítear cur le feasacht na saoránach ar obair an Ombudsman;

40. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh Reacht nua an Ombudsman, a dtugtar soiléireacht lena fhorálacha maidir le ról an Ombudsman agus a chuireann inniúlachtaí breise le réimsí a bhaineann le sceithireacht, ciapadh agus coinbhleachtaí leasa in institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE; á mheas gur ríthábhachtach buiséad méadaithe a leithdháileadh ar an Ombudsman chun na hacmhainní riachtanacha a sholáthar di chun an t-ualach oibre foriomlán atá uirthi a láimhseáil go héifeachtach;

41. á chur in iúl gur geal léi moltaí praiticiúla an Ombudsman do riarachán AE maidir le 24 theanga oifigiúla a úsáid agus cumarsáid á déanamh leis an bpobal; á chur i bhfáth go bhfuil na moltaí sin ríthábhachtach chun éagsúlacht shaibhir teanga a chaomhnú san Eoraip; á mheabhrú gur cheart d'institiúidí an Aontais comhionannas teangacha a áirithiú ar bhealach níos fearr; ag tabhairt dá haire gur cheart do shuíomhanna gréasáin institiúidí an Aontais an comhionannas idir gach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais a léiriú ar bhealach níos fearr agus á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil a lán codanna de shuíomhanna gréasáin institiúidí an Aontais fós ar fáil ach i roinnt teangacha;

42. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Ombudsman feabhas a chur ar rannpháirtíocht an phobail i bpróiseas cinnteoireachta AE;

43. á chur in iúl gur geal léi an leagan nua de shuíomh gréasáin an Ombudsman, atá níos dinimiciúla agus níos inúsáidte do shaoránaigh na hEorpa; ag spreagadh an Ombudsman chun níos mó dá cuid foilseachán a aistriú go teangacha oifigiúla uile AE;

44. á threorú dá hUachtarán an rún seo agus tuarascáil an Choiste um Achainíocha a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an Ombudsman Eorpach, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig a n-ombudsmain agus a gcomhlachtaí inniúla coibhéiseacha.

P9_TA(2022)0032

# Straitéis Eorpach maidir le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta

## Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 ar straitéis Eorpach maidir le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta (2021/2012(INI))

(2022/C 342/08)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194 de,

— ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle ([1]),

— ag féachaint do Threoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 lena mbunaítear creat maidir le pleanáil spásúil mhuirí ([2]),

— ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn ([3]) (an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite),

— ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair thras-Eorpaigh fuinnimh agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1364/2006/CE agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 713/2009, (CE) Uimh. 714/2009 agus (CE) Uimh. 715/2009 ([4]) (Rialachán GTE-F),

— ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 680/2007 agus (CE) Uimh. 67/2010 ([5]), a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air faoi láthair,

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 663/2009 agus (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]),

— ag féachaint do rún an 6 Feabhra 2018 uaithi maidir le dlús a chur le nuáil an fhuinnimh ghlain ([7]),

— ag féachaint do rún an 14 Márta 2019 uaithi dar teideal "An t-athrú aeráide – Fís straitéiseach fhadtéarmach Eorpach do gheilleagar a bheidh rathúil, nua-aimseartha, iomaíoch agus neodrach ó thaobh na haeráide de i gcomhréir le Comhaontú Pháras" ([8]),

---

([1]) IO L 275, 25.10.2003, lch. 32.
([2]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 135.
([3]) IO L 328, 21.12.2018, lch. 82.
([4]) IO L 115, 25.4.2013, lch. 39.
([5]) IO L 348, 20.12.2013, lch. 129.
([6]) IO L 328, 21.12.2018, lch. 1.
([7]) IO C 463, 21.12.2018, lch. 10.
([8]) IO C 23, 21.1.2021, lch. 116.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

— ag féachaint do rún an 15 Eanáir 2020 uaithi maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip ([9]),

— ag féachaint do rún an 10 Iúil 2020 uaithi maidir le cur chuige cuimsitheach Eorpach i dtaca le stóráil fuinnimh de ([10]),

— ag féachaint do rún an 25 Samhain 2020 uaithi maidir le Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip ([11]),

— ag féachaint do rún an 19 Bealtaine 2021 uaithi maidir le Straitéis Eorpach i ndáil le Hidrigin ([12]),

— ag féachaint do rún an 19 Bealtaine 2021 uaithi maidir le straitéis Eorpach i ndáil le comhtháthú córas fuinnimh ([13]),

— ag féachaint do rún an 7 Iúil 2021 uaithi maidir le tionchar feirmeacha gaoithe amach ón gcósta agus chórais eile fuinnimh inathnuaite ar earnáil an iascaigh ([14]),

— ag féachaint do theachtaireacht an 11 Nollaig 2019 ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640),

— ag féachaint do theachtaireacht an 10 Márta 2020 ón gCoimisiún dar teideal *A New Industrial Strategy for Europe* [Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip] (COM(2020)0102),

— ag féachaint do theachtaireacht an 20 Bealtaine 2020 ón gCoimisiún dar teideal "Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol" (COM(2020)0380) agus rún gaolmhar an 9 Meitheamh 2021 faoin teideal céanna ([15]),

— ag féachaint do theachtaireacht an 8 Iúil 2020 ón gCoimisiún dar teideal *A hydrogen strategy for a climate-neutral Europe* [Straitéis hidrigine d'Eoraip aeráidneodrach] (COM(2020)0301),

— ag féachaint do theachtaireacht an 8 Iúil 2020 ón gCoimisiún dar teideal "*Powering a climate-neutral economy: An EU Strategy for Energy System Integration*" [Geilleagar aeráidneodrach á chumhachtú: Straitéis ón Aontas chun córais fuinnimh a chomhtháthú] (COM(2020)0299),

— ag féachaint do theachtaireacht an 17 Meán Fómhair 2020 ón gCoimisiún dar teideal *Stepping up Europe's 2030 climate ambition – Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people* [Dlús a chur le huaillmhian 2030 na hEorpa don aeráid – Infheistiú i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas ár bpobail] (COM(2020)0562),

— ag féachaint do thuarascáil an 14 Deireadh Fómhair 2020 ón gCoimisiún dar teideal "*2020 report on the State of the Energy Union pursuant to Regulation (EU) 2018/1999 on Governance of the Energy Union and Climate Action*" [Tuarascáil 2020 ar Staid an Aontais Fuinnimh de bhun Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide] (COM(2020)0950),

— ag féachaint do theachtaireacht an 19 Samhain 2020 ón gCoimisiún dar teideal "*An EU Strategy to harness the potential of offshore renewable energy for a climate neutral future*" [Straitéis AE chun leas a bhaint as an bhfuinneamh inathnuaite amach ón gcósta le haghaidh todhchaí aeráidneodrach] (COM(2020)0741),

— ag féachaint do thogra an 15 Nollaig 2020 ón gCoimisiún le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (COM(2020)0824),

— ag féachaint do thuarascáil Uimh. 3/2015 an 1 Deireadh Fómhair 2015 ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil dar teideal "*Marine protected areas in Europe"s seas – an overview and perspectives for the future*' [Limistéir mhuirí faoi chosaint i bhfarraigí na hEorpa – forléargas agus peirspictíochtaí don todhchaí] agus dá seisiún faisnéise an 6 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal "*Management effectiveness in the EU"s Natura 2000 network of protected areas*' [Éifeachtacht bainistíochta i líonra Natura 2000 AE na limistéar faoi chosaint],

— ag féachaint don Chomhaontú a glacadh ag an 21ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (COP21) i bPáras an 12 Nollaig 2015 (Comhaontú Pháras),

---

([9]) IO C 270, 7.7.2021, lch. 2.
([10]) IO C 371, 15.9.2021, lch. 58.
([11]) IO C 425, 20.10.2021, lch. 43.
([12]) IO C 15, 12.1.2022, lch. 56.
([13]) IO C 15, 12.1.2022, lch. 45.
([14]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0338.
([15]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0277.

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do thuairimí ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht agus ón gCoiste um Iascach,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0339/2021),

A. de bhrí gur dhaingnigh AE Comhaontú Pháras, mar aon leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus an Dlí Aeráide Eorpach a glacadh le déanaí lenar leagadh síos sprioc Aontais chun gáis cheaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 agus sprioc na haeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí, mar aon le spriocanna comhlántacha, chun éifeachtaí an athraithe aeráide dhomhanda a chomhrac;

B. de bhrí go n-éilítear beo-aistriú fuinnimh ghlain faoina n-áiritheofar inbhuanaitheacht, cinnteacht soláthair agus inacmhainneacht fuinnimh, mar aon leis an mbonneagar riachtanach fuinnimh chun an t-aistriú a dhéanamh chuig geilleagar aeráidneodrach ar ardleibhéal fuineamhéifeachtúlachta agus é bunaithe ar ardleibhéal athnuaiteán;

C. de bhrí go bhfágann an titim shuntasach ar phraghsanna fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta go bhfuil sé ar na foinsí fuinnimh is iomaíche ó thaobh praghais de, go raibh titim 48 % idir 2010 agus 2020 ar mheánchostas leibhéalaithe fuinnimh gaoithe amach ón gcósta, arna ualú ar bhonn domhanda, ó EUR 0,14 go EUR 0,071 kWh agus, dá bhrí sin, gur gné ríthábhachtach den aistriú glas é, lena réiteofar an bealach do gheilleagar nua-aimseartha, a bheidh tíosach ar acmhainní agus iomaíoch, agus go bhfuil sé anois ar na colúin is tábhachtaí d'uaillmhianta aeráide AE; de bhrí go bhféadfadh fuinneamh inathnuaite muirí (FIM) leas a bhaint as foinsí ollmhóra fuinnimh chun teaghlaigh a chosaint ar bhochtaineacht fuinnimh;

D. de bhrí gur cheart gnéithe geografacha éagsúla imchuacha farraige AE a bheith á gcur san áireamh i straitéis AE maidir le fuinneamh inathnuaite muirí, óir is dúshláin iad agus cur chuige uilíoch á fhorbairt;

E. de bhrí go bhfuil earnáil fuinnimh inathnuaite mhuirí AE ina cheannaire teicneolaíochta agus acmhainn shuntasach ag baint leis chun borradh a chur faoi gheilleagar na hEorpa trí thacaíocht a thabhairt d'fhás tháirgeadh an fhuinnimh ghlain san Eoraip agus ar fud an domhain;

F. de bhrí gurbh é EUR 496 mhilliún an méid iomlán a bhí ar fáil le haghaidh clár taighde agus forbartha (T&F) AE maidir le gaoth amach ón gcósta le 10 mbliana anuas; de bhrí go raibh ról fíorthábhachtach ag infheistíochtaí poiblí T&F i slabhra luacha an fhuinnimh gaoithe cheana féin agus gur thug siad deis forbartha don earnáil; de bhrí go meastar gur infheistíocht thart ar EUR 800 mbilliún a bheidh ag teastáil chun fuinneamh inathnuaite muirí a chur á úsáid ar mhórscála faoi 2050, gur thart ar dhá thrian de a theastóidh chun an bonneagar greillí a ghabhann leis a chistiú agus thart ar thrian le haghaidh giniúint cumhachta amach ón gcósta; de bhrí go dtugann plean téarnaimh NGEU deis uathúil méideanna suntasacha caipitil phoiblí a shlógadh de bhreis ar infheistíocht phríobháideach;

G. de bhrí go bhfuil ríthábhacht le scileanna agus cáilíochtaí lucht saothair chun go n-éireoidh leis an straitéis fuinnimh inathnuaite mhuirí;

H. de bhrí go bhfuil ról ríthábhachtach ag calafoirt AE chun costéifeachtacht na gaoithe amach ón gcósta a áirithiú, agus go bhfeidhmíonn siad mar gheataí le hagaidh forbairt áitiúil i bpobail chósta;

I. de bhrí gurb í Muir Thuaidh atá chun tosaigh faoi láthair, ar bhonn domhanda, mar réigiún acmhainne imscartha i gcás gaoth amach ón gcósta; de bhrí go bhfuil gealladh faoi imchuacha Eorpacha eile amhail san Atlantach, sa Mheánmhuir, i Muir Bhailt agus sa Mhuir Dhubh agus go bhféadfaí an táirgeadh gaoithe amach ón gcósta iontu a mhéadú go mór agus é a úsáid san Aontas; de bhrí go bhfuil ardacmhainn nádúrtha le haghaidh fuinnimh amach ón gcósta, bíodh sé feistithe den ghrinneall nó ar snámh, ag Ballstáit AE atá teorantach leis an Atlantach; de bhrí go bhfuil ardacmhainn nádúrtha le haghaidh fuinnimh amach ón gcósta, é ar snámh den chuid is mó, ag Ballstáit dheisceartacha AE atá teorantach leis an Meánmhuir; de bhrí go bhfuil ardacmhainn nádúrtha le haghaidh fuinnimh amach ón gcósta, agus é feistithe den ghrinneall, ag Ballstáit AE atá teorantach le Muir Bhailt; de bhrí go bhfuil ardacmhainn nádúrtha le haghaidh fuinnimh amach ón gcósta, bíodh sé feistithe den ghrinneall nó ar snámh, ag Ballstáit AE atá teorantach leis an Muir Dhubh;

J. de bhrí go bhfiul gá le taighde breise ar thionchar na dteicneolaíochtaí éagsúla fuinnimh inathnuaite muirí agus tionchar an bhonneagair ar éiceachórais mhuirí, ar an mbithéagsúlacht mhuirí agus ar limistéir mhuirí faoi chosaint;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

K. de bhrí gur cheart an dúlra a athbhunú i gcomhar leis an aistriú i dtreo geilleagar aeráidneodrach, gan spriocanna reatha dúlra Straitéis Bhithéagsúlachta AE le haghaidh 2030 a chur i mbaol nó éinne a fhágáil ar deireadh, amhail a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip; de bhrí gur cheart an t-aistriú fuinnimh a bheith cóir agus ionchuimsitheach;

L. de bhrí go gcaithfidh tionscadail fuinnimh inathnuaite mhuirí agus na measúnuithe tionchair a ghabhann leo cur chuige ordlathais maoluithe a leanúint; de bhrí i gcás ina bhfuil sé dosheachanta nó inar deacair é a sheachaint gur cheart bearta laghdaitheacha a ghlacadh agus a chur chun feidhme go héifeachtach le linn na gcéimeanna uile ó roghnú suímh go saothrú go díchoimisiúnú; de bhrí go bhfuil bearta maolaitheacha i gcoinne torann faoi uisce ar na bearta maolaitheacha sin a leagtar amach sna measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol

M. de bhrí gur cheart don Choimisiún a mheas a indéanta a bheadh sé tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne le haghaidh feirm gaoithe mhórscála ar snámh, agus an tionscadail leictrealóra a bheadh nasctha leis, a bhunú;

N. de bhrí go bhféadfaí tairbhiú den chomhoiriúnacht idir ceanglais spáis farraige chun comhlíontacht an fhuinnimh inathnuaite mhuirí le Straitéis Bhithéagsúlachta 2030 AE a áirithiú; de bhrí go bhéadfaí leas na bithéagsúlachta muirí a dhéanamh le feirmeacha gaoithe amach ón gcósta ach iad a dhearadh agus a thógáil agus inbhuanaitheacht san áireamh; de bhrí go mbeidh gá le cur chuige cliste, i dtaca le forbairt mhór ar tháirgeadh na cumhachta gaoithe amach ón gcósta, chun a áirithiú go bhféadfar í a oibriú taobh leis na gníomhaíochtaí atá ar siúl cheana sna limistéir i gceist agus an dochar is lú is féidir a dhéanamh don chomhshaol; de bhrí go mbíonn tionchar ag truailliú torainn ar an éiceachóras muirí de bharr feirmeacha gaoithe a bheith á dtógáil agus á n-oibriú, agus ón iompar muirí go háirithe, agus gur cheart aghaidh a thabhairt air sa reachtaíocht chomhshaoil; de bhrí go gcuirfear le leithdháileadh rathúil spáis farraige gan amhras ach forbróirí fuinnimh inathnuaite a bheith bainteach leis go luath sa phróiseas; de bhrí gur mar thoradh ar phleanáil spásúil mhuirí i gcomhar le bainistíocht chósta chomhtháthaithe a théann thar theorainneacha náisiúnta a dhéanfaí an leithdháileadh spáis; de bhrí gur mó an méid leictreachais ó thuirbíní gaoithe amach ón gcósta ná an méid ó thuirbíní gaoithe ar talamh agus gur mó an seans ar iad a bheith inghlactha acu siúd atá ina gcónaí sa timpeallacht;

O. de bhrí nár cheart aon ghníomhaíocht dhaonna, lena n-áirítear fuinneamh inathnuaite, a cheadú i limistéir AE faoi dhianchosaint a ainmníodh mar limistéir den chineál sin i gcreat Straitéis Bhithéagsúlachta 2030 AE;

P. de bhrí go bhfuil sé mar aidhm leis an straitéis creat fadtéarmach a sholáthar lena gcuirfear cómhaireachtáil fhónta chun cinn idir bonneagar amach ón gcósta agus úsáidí eile as an spás mara, lena gcuirfear le cosaint an chomhshaoil agus lena gceadófar do phobail iascaireachta rathú;

Q. de bhrí gur cheart tacú le haistriú cóir oibrithe ón earnáil ola agus gáis amach ón gcósta chuig an earnáil fuinnimh inathnuaite mhuirí tríd an aitheantas dá scileanna agus dá gcáilíochtaí a fheabhsú; de bhrí gur den tábhacht é seasamh leis na caighdeáin shóisialta agus chomhshaoil is airde;

R. de bhrí go mbraitheann an glacadh le fuinneamh inathnuaite muirí ar iarrachtaí ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach; de bhrí go bhfuil ról ann do chuideachtaí in úinéireacht phoiblí chomh maith le cuideachtaí príobháideacha in earnáil an fhuinnimh inathnuaite mhuirí; de bhrí gur cheart, san athbhreithniú ar rialacha maidir le cabhair stáit agus soláthair phoiblí, breis solúbthachta a cheadú maidir leis an aistriú glas, lena n-áirítear tionscadail fuinnimh inathnuaite mhuirí, a chur chun feidhme;

1. á chreidiúint gur den riachtanas é an t-athrú aeráide a chomhrac leis an glacadh le fuinneamh inathnuaite muirí chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus chun seasamh le gealltanas AE astaíochtaí GCT glan-nialasach a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí, i gcomhréir leis an bhfianaise eolaíochta is déanaí, faoi mar a deimhníodh sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus sa phlean téarnaimh; á chur i bhfáth go n-éilíonn geilleagar glan-nialasach fuinneamh inathnuaite a úsáid ar scála nach bhfacthas cheana; á chur i bhfáth go bhfuil go leor Ballstát chun deiridh maidir leis an mbonneagar fuinnimh inathnuaite riachtanach a chur á úsáid; á chur i bhfáth thairis sin gur cheart do na Ballstáit uile iarrachtaí fiúntacha a dhéanamh chun lán a n-acmhainne fuinnimh inathnuaite a bhaint amach; á chur i bhfios go láidir nach mbeidh an tAontas in ann seasamh lena ghealltanais aeráide gan gníomhaíochtaí breise a dhéanamh chun dlús a chur le himlonnú an fhuinnimh inathnuaite mhuirí;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún príomhghnéithe córais fuinnimh AE a dhéanamh den fhuinneamh inathnuaite muirí agus teicneolaíochtaí ábhartha eile faoi 2050;

3. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil coigilteas fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh inathnuaite ar na príomhfhoinsí spreagtha chun geilleagar aeráidneodrach a bhaint amach; á mheabhrú a thiomanta atá an tAontas don bhunphrionsabal éifeachtúlachta fuinnimh agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an prionsabal sin a chur chun feidhme sa reachtaíocht agus sna tionscnaimh ábhartha uile;

4. á thabhairt chun suntais gurb iad na spriocanna táirgthe fuinnimh i gcás fuinnimh inathnuaite muirí in imchuacha farraige uile AE, mar a leagtar amach i dTeachtaireacht COM(2020)0741 ón gCoimisiún, 60 GW ar a laghad faoi 2030 agus 340 GW faoi 2050; á mheabhrú gur acmhainn shuiteáilte gaoth amach ón gcósta 70-79 GW ba cheart a bheith ann, de réir an mheasúnaithe tionchair ón gCoimisiún a bhí ag gabháil le teachtaireacht COM(2020)0562 ([16]), chun bealach cost-iomaíoch i dtreo laghdú 55 % faoi 2030 a áirithiú; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar na hearnálacha poiblí agus príobháideacha an sprioc maidir le laghdú 55 % a shárú faoi 2030; ag tathant ar an gCoimisiún na rialacha soláthair phoiblí agus cabhair stáit a athbhreithniú chun aistriú cost-iomaíoch a áirithiú a mbeadh tacaíocht aige ó mhargadh dea-fheidhmiúil a thugann spreagadh don ghlacadh ar ghaoth amach ón gcósta; ag tabhairt dá haire go bhfuil limistéir ann amhail an tAigéan Atlantach, Muir Bhailt agus an Mhuir Dhubh ina bhfuil acmhainn fuinnimh inathnuaite mhuirí nár baineadh leas rómhór aisti go fóill; á chur i bhfáth gur cinneadh ríthábhachtach a bheidh ann an spás a aimsiú don acmhainn bhreise fuinnimh inathnuaite mhuirí sin faoi 2030 agus gur cheart é a áireamh ina thosaíocht agus a shainaithint san Aontas roimh 2023/2024 chun go bhféadfar é a thógáil faoi 2030; á thabhairt chun suntais go leanfaidh an méadú ar iomaíochas an fhuinnimh gaoithe amach ón gcósta agus an fhuinnimh inathnuaite mhuirí mar fhoinse fuinnimh agus go leanfaidh na praghsanna de bheith ag titim a thuilleadh i gcomhréir leis an bhforbairt agus cur chun feidhme leanúnach; á thabhairt chun suntais gur foinse inmharthana fuinnimh é fuinneamh inathnuaite muirí agus chun córas iontaofa fuinnimh a thabhairt go gcaithfear fuinneamh inathnuaite muirí a chumasc le teicneolaíochtaí fuinnimh eile, le deiseanna stórála agus tomhaltas solúbtha fuinnimh;

5. á chreidiúint go gcaithfidh fuinneamh inathnuaite muirí a bheith inbhuanaithe ó cheann ceann an slabhra luacha agus gan ach tionchair dhochracha theoranta a bheith aige ar an gcomhshaol agus ar an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach; á mheabhrú gur gealladh leis an gComhaontú Glas don Eoraip, nach bhfágfaí éinne ar deireadh; á chur i bhfios go láidir gur cheart dea-bhail daoine a bheith i gcroílár an aistrithe ghlais;

6. ag tabhairt dá haire an bhuntáiste iomaíoch atá ag cuideachtaí agus teicneolaíochtaí AE in earnáil an fhuinnimh inathnuaite mhuirí; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go bhfuil ceannas teicneolaíochta ag an Eoraip i gcónaí, go bhfuiltear in ann tallainn a choimeád agus fuinneamh inacmhainne, sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar agus tionchair fhéideartha á gcur san áireamh ag an am céanna, lena n-áirítear iad sin a bhaineann leis an athrú aeráide agus tionchair ar an gcomhshaol muirí; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an buntáiste iomaíoch sin a chaomhnú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil an fhéidearthacht ann borradh suntasach a chur faoin earnáil agus faoin méid a chuireann sí le geilleagar AE, lena n-áirítear onnmhairiú teicneolaíochta agus córas; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé tacú le hinfheistíochtaí T&Fagus tógáil ar an gcóras nuálach teicneolaíochta fuinnimh inathnuaite mhuirí trí chomhoibriú trasteorann agus chomhpháirtíocht faoin bhFís Eorpach chun slabhraí luacha stóinsithe Eorpacha a éascú agus tacaíocht a thabhairt dóibh, ar rud ríthábhachtach iad don dé-aistriú, agus a áirithiú ag an am céanna go mbeidh glacadh tapa leis na nuálaíochtaí a bheidh á bhforbairt sa réimse; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá ionaid oibre thionsclaíocha chun aistriú cóir a éascú;

7. á chur i bhfios go láidir a riachtanaí atá sé slabhra soláthair glan, iomaíoch agus inbhuanaithe a choimeád le haghaidh fuinnimh inathnuaite mhuirí san Aontas Eorpach; á chur i bhfáth, ar an ábhar sin, a riachtanaí atá sé go gcuirfeadh fostóirí na caighdeáin sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil is airde cáilíocht i bhfeidhm de réir deimhniúcháin agus caighdeán Eorpach arna gcinneadh i bpróiseas idirphlé leis na geallsealbhóirí ábhartha uile; á chur i bhfáth, thairis sin, a riachtanaí atá sé na costais iompair sa slabhra soláthair a íoslaghdú; á chreidiúint gur cheart na gnéithe sin a bheith san áireamh i gcás tairiscintí poiblí;

8. á thabhairt chun suntais go dtugann imlonnú fuinnimh inathnuaite mhuirí deis idéalach do na réigiúin is forimeallaí agus do na hoileáin a meascáin fuinnimh a dhícharbónú agus a spleáchas ar allmhairí breoslaí iontaise a laghdú go mór; á iarraidh go gcuirfear dlús leis an tionscnamh "Fuinneamh Glan d'Oileáin AE", ag díriú go mór ar fhuinneamh inathnuaite muirí; á mheabhrú go ndéanann ardú ar leibhéal na mara difear d'oileáin go háirithe;

9. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú tionchair a dhéanamh, a luaithe is féidir, chun tionchair eacnamaíocha agus shocheacnamaíocha fuinnimh inathnuaite mhuirí a shoiléiriú, agus béim ar leith á cur ar fhostaíocht atá ann faoi láthair agus fostaíocht a chruthófar trí acmhainneacht 300-450 GW a imlonnú faoi 2050;

([16]) SWD(2020)0176.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

10. á iarraidh go ndéanfadh údaráis inniúla áitiúla measúnú ar thionscnaimh a chuirfidh borradh faoi gheilleagair áitiúla, fostaíocht inbhuanaithe áitiúil agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha trí ghlacadh le fuinneamh inathnuaite muirí; á iarraidh go ndéanfar sineirgí a shainaithint idir na hearnálacha is fearr is féidir leo tacaíocht a thabhairt do dá aistriú – glas agus digiteach – ag féachaint chuige go seasfaidh an téarnamh eacnamaíoch an aimsir, agus sineirgí a fhorbairt mar aon leis na gníomhaíochtaí chun go gcumasófar geilleagar inbhuanaithe gorm;

***Bonneagar agus eangacha***

*Infheistíocht i mbonneagar*

11. á chur i bhfáth a phráinní atá sé feabhas a chur ar an mbonneagar atá ann faoi láthair agus é a fhorbairt, gan dochar do Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030 agus reachtaíocht dúlra AE, chun go bhféadfar leas níos mó a bhaint as leictreachas bunaithe ar athnuaiteáin; á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil roinnt Ballstát nár éirigh leo a sprioc 10 % d'idirnasc leictreachais a bhaint amach faoi 2020, agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bonneagar leordhóthanach a áirithiú, amhail línte tarchuir, chun leictreachas amach ón gcósta a lánpháirtiú agus a iompar ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh amach ón gcósta; á mheabhrú sprioc AE 2030 faoina mbeadh idirnascacht leictreachais 15 % ann faoi 2030, rud a leagadh amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2018/1999; á iarraidh go dtionscnódh an Coimisiún togra a d'fhéadfadh luas a chur faoi imlonnú na sprice maidir le nascacht; á mheas gur cheart don Aontas agus dá Bhallstáit comhaontuithe a fhorbairt maidir le bonneagar fuinnimh amach ón gcósta le réigiúin gheografacha chomharsanacha;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh bonneagar leordhóthanach san Aontais chun a áirithiú go ndéanfar fuinneamh inathnuaite muirí a imlonnú go costéifeachtach;

13. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfar earnáil an fhuinnimh inathnuaite mhuirí a fhorbairt ar bhonn inbuanaithe agus freagrach, agus ról tábhachtach an iompair mhuirí agus na gcalafort á chur san áireamh; á chur i bhfáth gur cheart, agus fuinneamh inathnuaite muirí á fhorbairt, a riachtanaí atá lánaí agus conairí sábháilte don rochtain mhuirí a chur san áireamh mar aon le limistéir ancaireachta le haghaidh loingis, agus lánaí rochtana muirí isteach i gcalafoirt a fhorbairt amach anseo; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá calafoirt nua-aimseartha, inbhuanaithe agus nuálacha agus trealamh fuinnimh inathnuaite mhuirí á chóimeáil, á mhonarú agus á chothabháil, agus an infheistíocht shuntasach a theastaíonn chun bonneagar calafoirt, lena n-áirítear críochfoirt iompair, agus soithí a uasghrádú chun na seirbhísí sin a sholáthar; á chur i bhfios go bhfuil ról ag na calafoirt, mar phointí tabhairt i dtír i dtaca le fuinneamh inathnuaite a ghintear amach ón gcósta agus an lóistíocht a bhaineann leis, agus mar mhoil fuinnimh inathnuaite chun nascadh le heangach leictreachais amach ón gcósta agus le hidirnascairí trasteorann;

14. á chur i bhfios go láidir go rannchuideoidh rochtain ar fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta le glasú na gcalafort freisin, lena n-áirítear ó thaobh soláthair cumhachta ar tír mhór le haghaidh long calaithe agus ó thaobh fhorbairt na gcalafort mar bhraislí tionscail chiorclaigh; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh pleananna spásúla muirí na mBallstát ag luí le treochtaí amach anseo, lena n-áirítear sreafaí tráchta nua, bealaí loingis nua agus soithí níos mó, agus gur cheart go n-áiritheoidís go bhféadfadh bonneagar an fhuinnimh inathnuaite mhuirí cómhaireachtáil le bealaí iompair muirí, tionscal na iascaireachta, scéimeanna deighilte tráchta, limistéir ancaireachta, rochtain agus gníomhaíochtaí cabhlaigh, agus forbairt na gcalafort; á chreidiúint go láidir nár mhór na leibhéil sábháilteachta is airde a áirithiú le haghaidh long i mbun idirthurais in aice le bonneagair fuinnimh inathnuaite mhuirí, lena n-áirítear cumhdach leordhóthanach i gcás seirbhísí tráchta soithí agus soithí tacaíochta éigeandála a chur ar fáil sa limistéar;

15. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún Rialachán TEN-E a athbhreithniú chun cuspóir Chomhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach agus an reachtaíocht a chur in oiriúint do 1,5 °C, agus á chur in iúl freisin gur geal léi an aird a thugann sé ar riachtanais agus tosaíochtaí earnáil an fhuinnimh inathnuaite mhuirí; á chur i bhfáth go mbeidh pleanáil agus infheistíocht réamhbhreathnaitheach phoiblí agus phríobháideach ag teastáil chun forbairt inbhuanaithe agus éifeachtúil hibrideach agus ghathach a dhéanamh ar shócmhainní gaoithe amach ón gcósta maidir le giniúint, idirnascadh agus tarchur; á chreidiúint go láidir gur cheart go n-éascófaí infheistíochtaí oirchilleacha le creataí rialála; á chur i bhfáth a riachtanaí atá sé comhordú agus ailíniú idir pleananna forbartha eangaí ar an mórthír agus amach ón gcósta a áirithiú, lena n-áirítear trí láithreacha tabhairt i dtír a shainaithint maidir le naisc amach ón gcósta agus cuimsiú eangach ar an mórthír; ag spreagadh na mBallstát chun dlús a chur leis an mbonneagar eangaí a theastaíonn chun an t-aistriú glas a éascú, agus beidh an leictriú ríthábhachtach chugie sin; ag aithint go mbeidh pleanáil chúramach agus bheacht ag teastáil le haghaidh na n-infheistíochtaí ollmhóra a dhéantar ar minic iad á gcur chun feidhme go comhuaineach;

16. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí a bheidh sé méid na giniúna amach ón gcósta a bheidh le himlonnú laistigh de gach imchuach farraige in 2030, 2040 agus 2050 ag na Ballstáit a chomhshainiú agus teacht ar chomhaontú comhar a dhéanamh ina leith, i dtéarmaí slándáil infheistíochta a áirithiú agus spriocanna aeráide agus fuinnimh a bhaint amach;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

17. á aithint go mbaineann féidearthachtaí maidir le fuinneamh inathnuaite muirí le gach imchuach farraige san Eoraip agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na príomhtheicneolaíochtaí trína ndéanfar an fuinneamh sin a shaothrú a fhorbairt a thuilleadh;

18. á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin i dtaca leis an straitéis chun idirphlé a éascú maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta an fhuinnimh inathnuaite mhuirí agus "pobal cleachtais" a chur chun cinn ina bhféadfaidh na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear lucht tionscail, eagraíochtaí neamhrialtasacha, iascairí agus eolaithe, tuairimí a mhalartú, taithí a chomhroinnt agus a bheith ag obair ar thionscadail chomhpháirteacha ag céim luath;

19. ag tabhairt dá haire na buntáistí féideartha a bhaineann le saoráidí táirgeachta amach ón gcósta agus sócmhainní tarchuir a chur le chéile sa phróiseas tairisceana; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit anailís a dhéanamh ar acmhainneacht an chuir chuige tairisceana cuimsitheach sin agus ar na dúshláin fhéideartha a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis agus measúnú a dhéanamh ar a infheidhme a bheadh sé i gcomhthéacsanna éagsúla; á chur i bhfáth go gcaithfí a chur san áireamh san anailís sin na dúshláin fhéideartha i dtaca le dreasachtaí a áirithiú agus pleanáil bharrmhaith eangaí tarchuir amach ón gcósta agus ar an mórthír;

20. á mheabhrú maidir le leictreachas a tháirgeadh ó fhuinneamh inathnuaite muirí, go gcruthaítear deis le haghaidh táirgeadh hidrigine inathnuaite freisin amhail a leagtar amach sna teachtaireachtaí seo a leanas ón gCoimisiún: COM(2020)0741, COM(2020)0299 agus COM(2020)0301;

21. ag tabhairt dá haire an chomhlántacht a théann le teicneolaíochtaí difriúla fuinnimh inathnuaite, i dtéarmaí bonneagar comhroinnte, sineirgí slabhra soláthair agus breis iontaofachta ag baint le táirgeadh cumhachta comhiomlánaithe;

22. á chur i bhfios go láidir gur den riachtanas é infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar chun tacú le leathnú earnáil an fhuinnimh inathnuaite mhuirí, go háirithe infheistíochtaí i gcalafoirt chun go mbeidh ar a gcumas déileáil le tuirbíní agus comhpháirteanna móra, freastal ar oibríochtaí agus cothabháil (lena n-áirítear saoráidí oiliúna), agus ionaid dhíchoimisiúnaithe agus mhonaraithe a thógáil le haghaidh feimeacha gaoithe bídís feistithe den ghrinneall nó ar snámh; á thabhairt chun suntais go mbeidh fuinneamh inathnuaite muirí criticiúil le haghaidh slándáil an tsoláthair fuinnimh agus go gcaithfear na bearta riachtanacha a dheanamh chun an bonneagar a chosaint ar chibirionsaithe;

*Comhoibriú idir na Ballstáit*

23. á chur i bhfáth go mbeidh ríthábhacht le comhoibriú idir na Ballstáit chun an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainní fuinnimh amach ón gcósta, agus sonraíochtaí gach limistéir ar leith á gcur san áireamh; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá Comhar Fuinnimh na Mara Thuaidh agus a riachtanaí a bheidh sé RA a bheith san áireamh arís; ag tabhairt dá haire nár mór feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair chun an comhoibriú sin a éascú go leordhóthanach; á chreidiúint go láidir go gcuirfear bac ar fheidhmiú céimneach fuinnimh amach ón gcósta as mainneachtain feabhas a chur ar an gcomhoibriú idir na Ballstáit agus tíortha idirnasctha neamh-Aontais; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh gan a thuilleadh moille; ag spreagadh na mBallstát chun pleananna le haghaidh forbairtí amach ón gcósta a chomhordú láithreach agus a chur ar aghaidh;

24. á chur i bhfáth gur cheart comhar réigiúnach a chothú ar leibhéal imchuach farraige idir na Ballstáit agus stáit chomharsanacha trí chomhphleanáil, bacainní rialála a bhaint agus léarscáileanna réigiúnacha úsáide spáis mhuirí a chruthú freisin a mbeidh rochtain ag na geallsealbhóirí uile orthu agus a dhéanfar a athbhreithniú go rialta trí bhíthin comhchreat faireacháin;

25. á chur in iúl gur geal léi rún an Choimisiúin comhordú leis na Ballstáit chun tacaíocht a thabhairt d'imlonnú 100 MW ar a laghad d'fhuinneamh tonnta agus taoide faoi 2025 agus 1.6GW ar a laghad faoi 2030;

26. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar fuinnimh tras-Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 agus ag tacú le pointe teagmhála uathúil in aghaidh gach conair eangaí tosaíochta amach ón gcósta a chruthú, ar cheart éascaíocht a dhéanamh ar an gcomhordú idir na Ballstáit agus an próiseas ceadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh inathnuaite mhuirí ar tionscadail leasa choitinn iad;

*Téamh agus fuarú ceantair*

27. ag tabhairt dá haire go bhféadfaí, le leictreachas agus téamh agus fuarú ceantair a tháirgtear le fuinneamh inathnuaite muirí, rannchuidiú le glasú úsáidí deiridh an leictreachais, amhail teaschaidéil, rud a thabharfaidh laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus a dhíothóidh iad ar deireadh thiar; á thabhairt chun suntais go bhféadfaí fuinneamh inathnuaite muirí a ionchorprú sa téamh ceantair trí leictreachas glan agus teaschaidéil;

28. ag iarraidh ar an gCoimisiún na dea-chleachtais ón téamh agus fuarú ceantair seanbhunaithe a anailísiú ar mhaithe le leas margaí éiritheacha; á chur i bhfáth go bhfuil sé ar chumas na mBallstát acmhainn a thógáil chun téamh agus fuarú a stóráil agus sa tslí sin an glacadh le fuinneamh inathnuaite muirí mórluaineachta a spreagadh; á chur i bhfáth go bhfuil srian á chur ar lánpháirtiú foinsí fuinnimh inathnuaite thairis sin sna margaí téamh agus fuarú ceantair de bharr easpa sonraí agus dícheangal ó straitéisí athchóirithe a thógáil ar leibhéal bardais;

29. á thabhairt chun suntais ról na n-údarás náisiúnta agus áitiúil sa phleanáil straitéiseach le haghaidh téamh agus fuarú agus maidir le tacaíocht a thabhairt d'oibreoirí fuinnimh ceantair tríd an riosca d'infheistíochtaí a laghdú agus an rochtain ar chistiú díreach ón earnáil phoiblí a éascú;

*Taighde agus forbairt*

30. á chreidiúint go láidir gur cheart don Aontas agus do na Ballstáit tacú le taighde ar idirnascairí ilchuspóireacha agus le hidirnascairí ilchuspóireacha a fhorbairt; á chur i bhfáth nár mhór creat fadtéarmach a chruthú le haghaidh idirnascairí ilchuspóireacha a bheidh in ann na margaí amach ón gcósta agus intíre a chomhtháthú go héifeachtúil; á iarraidh ar an gCoimisiún cúnamh a thabhairt do mhonaróirí trealaimh éagsúil comhchaighdeán a fhorbairt lena bhféadfaí comhoiriúnacht agus idir-inoibritheacht a áirithiú i measc idirnascairí; á thabhairt chun suntais nach mór teicneolaíochtaí nua, amhail idirnascairí ilchuspóireacha, a dhearadh, a thástáil agus a thaispeáint agus an riosca a bhaineann leo a laghdú chun dlús a chur lena dteacht ar an margadh; á iarraidh go ndéanfar dálaí creata oiriúnacha a chruthú chun mearfhorbairt na dteicneolaíochtaí sin a áirithiú;

31. ag tathant ar an gCoimisiún, na Ballstáit agus an earnáil phríobháideach méadú ar an infheistíocht sa taighde agus forbairt ar dhearadh fuinnimh inathnuaite mhuirí ciorclach, lena n-ionchuimsítear an dúlra, chomh maith le teicneolaíocht chun stáisiúin fuinnimh inathnuaite mhuirí a athchúrsáil agus a dhíchóimeáil;

32. á chur i bhfios go láidir go mbraitheann earnáil an fhuinnimh inathnuaite mhuirí ar amhábhair agus comhpháirteanna allmhairithe don táirgeadh agus nár mhór slabhra soláthair na n-ábhar sin a chosaint; á athdhearbhú, ar an ábhar sin, a riachtanaí atá sé go gcuirfeadh fostóirí na caighdeáin sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil is airde cáilíocht i bhfeidhm de réir deimhniúcháin agus caighdeán Eorpach;

33. á chreidiúint go láidir gur cheart don Aontas agus do na Ballstáit tacú le taighde ar stáisiúin shnámhacha ghaoithe, taoide, toinne agus srutha agus le forbairt na stáisiún sin, ar stáisiúin iad is féidir a chur in oiriúint do na dálaí éagsúla ar ghrinneall na farraige san Eoraip; á chur i bhfios go láidir freisin a riachtanaí atá sé, ina leith sin, tacú le taighde ar fhorbairt, méadú agus tráchtálú dhícharbónú an tslabhra luacha fuinnimh inathnuaite mhuirí iomlán agus theicneolaíochtaí a bhaineann leas as foinsí inathnuaite fuinnimh amhail cumhacht gaoithe amach ón gcósta agus iad a fhorbairt, a mhéadú agus a thráchtálú freisin chun earnálacha eile a dhícharbónú, agus earnálacha a chúpláil;

34. á thabhairt chun suntais a riachtanaí atá sé fuinneamh inathnuaite muirí a shaothrú in uiscí doimhne; á thabhairt chun suntais go dtugann an teicneolaíocht ar snámh rochtain ar luais ghaoithe níos airde agus níos seasmhaí, agus go bhféadfadh sé tionchar tuirbín ar an gcomhshaol a íoslaghdú freisin agus maolú ar an mbrú leis an bpleanáil cois chósta; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit taighde, forbairt, faireachán agus nuáil a bhaineann le teicneolaíochtaí amhail ardáin ar snámh a chur chun cinn; á chur i bhfáth gur deis iontach atá ann don Aontas a bheith ina cheannaire domhanda ar theicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite mhuirí, teicneolaíochtaí a mbeidh ríthábhacht leo don dícharbónú;

35. á mheas gur bunriachtanas é príomhdheighleoga slabhraí luacha an fhuinnimh inathnuaite a bheith san Eoraip chun spriocanna aeráide AE a bhaint amach agus buntáistí suntasacha eacnamaíocha a thabhairt do chónaitheoirí; á iarraidh go mbeidh bearta leordhóthanacha ann chun tacaíocht a thabhairt do ról an inneachair áitiúil Eorpaigh i straitéis shlabhra soláthair an fhuinnimh inathnuaite agus sa reachtaíocht;

36. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an Coimisiún agus an Banc Eorpach Infheistíochta tiomanta d'oibriú le hinstitiúidí airgeadais eile chun tacú le hinfheistíochtaí straitéiseacha agus ardriosca san fhuinneamh muirí trí InvestEU, agus á áirithiú go mbeidh AE ina cheannaire teicneolaíochta ag an am céanna;

37. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i gcomhthéacs Chomhaontú Glas don Eoraip, leas níos fearr a bhaint as cistí Aontais chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt an fhuinnimh inathnuaite mhuirí sna críocha agus sna hoileáin is forimeallaí chun a spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú go héifeachtúil;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

38. á thabhairt chun suntais go mbeidh lucht saothair ar ardleibhéal speisialtóireachta agus cáilíochtaí ag teastáil chun an fuinneamh inathnuaite muirí a leathnú agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na céimeanna riachtanacha a ghlacadh chun teacht roimh ghanntanas oibrithe oilte trí dhálaí oibre tarraingteacha a áirithiú, agus sláinte agus sábháilteacht á gcur san áireamh; ag tacú le huaillmhian an Choimisiúin tacaíocht a thabhairt d'údaráis inniúla náisiúnta agus réigiúnacha cláir oideachais agus oiliúna a bheidh dírithe ar fhuinneamh inathnuaite muirí a chruthú agus a sholáthar, agus a riachtanaí atá sé linn scileanna a fhorbairt i réimse an fhuinnimh inathnuaite mhuirí; á iarraidh ar an gCoimisiún réimse an fhuinnimh inathnuaite mhuirí a chur san áireamh in a chéad chlár oibre eile scileanna Eorpacha chun cabhrú le daoine aonair, fiontair idirnáisiúnta agus fiontair bheaga agus mheánmhéide na scileanna riachtanacha le haghaidh earnáil an fhuinnimh inathnuaite mhuirí a fhorbairt; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí a bheidh fostaíocht ban i dtimpeallacht ardteicniúil na hearnála muirí;

39. á chreidiúint go mbeidh sé ríthábhachtach, ar fud thimthriall uile an tionscadail, fuinneamh inathnuaite muirí a dhearadh, a fhorbairt agus a imlonnú ar bhealach ciorclach agus inathnuaite; á chur i bhfáth go háirithe nach mór an cion suntasach miotal agus mianraí a bheidh ag teastáil chun tacú le fás na dteicneolaíochtaí inathnuaite a fhoinsiú ar bhonn freagrach agus ciorclach;

40. á thabhairt chun suntais an deis shuntasach atá ann hidrigin mhuirí inathnuaite a fhorbairt a d'fhéadfadh rannchuidiú le forbairt mhargadh na hidrigine inathnuaite i gcoitinne; ag iarraidh ar an gCoimisiún a mheas mar a bhféadfadh foinsí inathnuaite fuinnimh amach ón gcósta an bealach a réiteach chun an táirgeadh hidrigine inathnuaite a fhorbairt;

41. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí a bheidh infheistíocht phríobháideach agus phoiblí in earnáil an fhuinnimh inathnuaite mhuirí chun teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite mhuirí a imlonnú ar mhórscála; á athdhearbhú gur iarr sí ar an gCoimisiún Fís Eorpach a shaincheapadh i gcomhréir le forbairt, méadú agus tráchtálú teicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí ceannródaíocha san Aontas chun an bhearna idir an nuáil agus a imlonnú sa mhargadh a líonadh, trí mhaoiniú riosca a chur ar fáil le haghaidh teicneolaíocht chéadchéime agus tionscadail taispeántais agus slabhraí luacha luatha a fhorbairt chun tacú le bonneagar taighde a fhorbairt, agus chun na bearnaí idir na Ballstáit faoi láthair a laghdú freisin;

42. á thabhairt chun suntais gur sócmhainní iad scileanna feabhsaithe fuinnimh inathnuaite mhuirí agus eolas earnáilsonrach, sócmhainní a d'fhéadfaí a onnmhairiú chuig tíortha neamh-Aontais agus go bhféadfaidís dá réir sin tacú leis an onnmhairiú seirbhísí ón Aontas agus rannchuidiú leis an athrú aeráide a mhaolú ar leibhéal domhanda;

***Ceadúnais agus pleananna spásúla muirí***

*Eisiúint ceadúnas a chuíchóiriú*

43. á chur i bhfáth go gcaithfear dlús a chur le himlonnú an fhuinnimh inathnuaite mhuirí chun spriocanna 2030 agus 2050 a chomhlíonadh; á thabhairt chun suntais a riachtanaí a bheidh sé bainistíocht níos inbhuanaithe a dhéanamh ar an spás muirí agus ar na cóstaí chun tairbhiú d'acmhainneacht na bhfoinsí fuinnimh inathnuaite mhuirí; á chreidiúint go láidir go gcaithfear cur chuige stóinseach i leith rannpháirtíocht an phobail a chur le próiseas pleanála iomchuí don spás muirí chun go mbeidh dearcthaí na ngeallsealbhóirí agus na bpobal cósta uile san áireamh; ag tabhairt dá haire go meallfar líon mór iarratas ar cheadúnais mar gheall ar an spéis ollmhór i bhfuinneamh inathnuaite muirí, líon a rachaidh i méid; á iarraidh ar na Ballstáit na nósanna imeachta ábhartha a shimpliú go práinneach agus a n-iarrachtaí a chomhordú; ag spreagadh na mBallstát chun na pointí aonair teagmhála a ghlacadh;

44. ag tabhairt dá haire an próiseas fada atá ann faoi láthair chun tionscadail fuinnimh inathnuaite mhuirí a sheoladh agus an géarghá le dlús a chur faoi chun spriocanna 2030 agus 2050 a bhaint; ag tabhairt dá haire go bhféadfar imlonnú níos gasta a éascú ach nósanna imeachta agus caighdeáin theicniúla na mBallstát a chuíchóiriú; á iarraidh ar na Ballstáit próiseas trédhearcach a chur ar bun agus a bheith ag smaoineamh ar theorainneacha ama a thionscnamh maidir le ceadúnais a eisiúint, lena n-áirítear measúnuithe agus staidéir chomhshaoil riachtanacha agus comhairliúcháin geallsealbhóirí, agus teorainneacha ama a thionscnamh maidir leis an údarú tar éis comhaid lánchomhlánaithe a chur isteach, agus sprioc-am le haghaidh cinneadh; á chur i bhfáth a thábhachtaí a bheidh sé na nósanna imeachta a ghiorrú i gcás inar gá agus bearta a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar spriocamanna a chomlíonadh;

45. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí a bheidh ceadúnú réamh-fhormheasta maidir le suíomhanna forbartha muirí mar aon le suíomh na línte nascachta agus tarchuir, agus a úsáidí a bheadh an méid sin chun an éiginnteacht a ghabhann le tionscadail a bhaint agus tráthanna soláthair a laghdú;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

46. á mheas go mbeidh sé fíorthábhachtach comhthuiscint leathan phoiblí a thógáil thart ar thionscadail fuinnimh inathnuaite mhuirí trí rannpháirtíocht ghníomhairí áitiúla, chun an glacadh poiblí le tionscadail fuinnimh gaoithe agus an bonneagar mór a éilíonn sé a mhéadú; á iarraidh go mbeidh rannpháirtíocht thrédhearcach agus fóinteach ó na pobail chósta i dtionscadail, lena n-áirítear sna tionscadail sin a shuitear sna réigiúin agus oileáin is forimeallaí, chomh maith le rannpháirtíocht ó gheallsealbhóirí eile; á chur i bhfáth a thábhachtaí a bheidh sé cur le muinín an phobail i gcoitinne i gcumas an fhuinnimh inathnuaite neamhspleáchas fuinnimh a bhaint amach agus soláthairtí fuinnimh a shlánú; ag spreagadh an Choimisiúin agus na mBallstát chun ionaid ilfhreastail a fhorbairt ina mbeidh faisnéis chuíchóirithe maidir le féidearthachtaí maoinithe le haghaidh tionscadail taispeántais le haghaidh teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite mhuirí ceannródaíocha;

*Pleananna spásúla muirí agus pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide a ailíniú*

47. ag tabhairt dá haire go bhfuiltear ag dréim leis gur 2,8 % a bheidh sa spás iomlán a bheidh ag teastáil chun a áirithiú go mbainfidh toilleadh na cumhachta gaoithe do na farraigí ó thuaidh spriocanna 2050 amach; á chreidiúint go láidir go gcuirfear le leithdháileadh rathúil an spáis farraige trí fhorbróirí na bhfoinsí fuinnimh inathnuaite a dhéanamh rannpháirteach go luath sa phróiseas; á chur i bhfáth gur mar thoradh ar phleanáil spásúil mhuirí i gcomhar le bainistíocht chósta chomhtháthaithe a théann thar theorainneacha náisiúnta a dhéanfaí an leithdháileadh spáis; á iarraidh gur próiseas trédhearcach a bheadh ann agus go mbeadh na pleananna spásúla muirí réigiúnacha inrochtana chun cur chugie luath agus ionchuimsitheach a éascú le haghaidh na ngeallsealbhóirí uile;

48. ag tarraingt aird ar na moltaí ón tionscadal maidir le hilúsáid i bhfarraigí na hEorpa arna chistiú le Fís 2020, tionscadal atá ag iniúchadh na ndeiseanna le haghaidh ilúsáide i bhfarraigí na hEorpa ar fud chúig imchuach farraige AE; á mheabhrú an treoraíocht uaithi a deir nach bhféadfadh forbairt inbhuanaithe an aigéin a bheith ag brath a thuilleadh ar bhainistíocht aonearnála, ach go bhfuil cur chuige níos iomlánaíche, níos comhtháthaithe ag teastáil, agus nach mbeadh an ilúsáid teoranta don spás muirí “céanna” a bheith á chomhroinnt ach gur cheart go gcuimseofaí comhúsaid bonneagair agus sócmhainní eile agus gníomhaíochtaí i gcomhpháirt;

49. á chur i bhfios go láidir a phráinní a bheidh sé spás leordhóthanach a áirithiú chun fuinneamh inathnuaite muirí a fhorbairt agus á mheas gur cheart ilúsáidí a éascú ar bhonn réamhghníomhach agus iad a dhreasú trí chomhlachtaí rialála poiblí agus cláir thacaíochta faoi seach, agus go gcuimseofaí i bhfad níos mó ná réitigh pleanála spásúlachta; ag tabhairt dá haire agus a bpleananna spásúla muirí á bhforbairt gur iarradh ar na Ballstáit ní hamahin na sonraí ab fhearr a bhí ar fáil agus rannpháirtíocht an phobail i gcoitinne a lorg, ach chomh maith leis sin deiseanna chun gníomhaíochtaí muirí a chomhshuí;

50. ag tabhairt dá haire go raibh sé de cheangal ar na Ballstáit, de bhun Rialachán (AE) 2018/1999, a bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide (PNFA) a thíolacadh faoin 31 Nollaig 2019 agus go gceanglaítear orthu tuarascáil dul chun cinn a thíolacadh gach dhá bhliain; ag tabhairt dá haire, de bhun Threoir 2014/89/AE, gur ceanglaíodh ar na Ballstáit pleananna spásúla muirí a tharraingt suas faoin 31 Márta 2021; á chur in iúl gur saoth léi nár thíolaic na Ballstáit uile a gcuid pleananna spásúla muirí go fóill agus ag tathant ar an gCoimisiún gníomhú; ag tabhairt dá haire go bhfuil baol ann nach mbeadh na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide comhoiriúnach leis na pleananna spásúla muirí ó thaobh leithdháileadh spáis de; á chur i bhfáth go bhfuil géarghá leis an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí a ailíniú le Rialachán PNFA agus le reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais; ag tathant ar na Ballstáit pleananna a chomhordú agus a leagan amach láithreach le haghaidh forbairt amach ón gcósta in 2030 agus tar éis 2030;

51. á chur in iúl gur díol sásaimh di ina leith sin, aidhm na straitéise creat fadtéarmach a sholáthar lena gcuirfear cómhaireachtáil fhónta chun cinn idir bonneagar amach ón gcósta agus úsáidí eile an spáis mara, agus lena rannchuidítear le cosaint an chomhshaoil;

52. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur chuige saolré iomlán agus iomlánaíoch a ghlacadh agus iad ag pleanáil don acmhainneacht 300 GW go 450 GW fuinnimh inathnuaite mhuirí agus dá himlonnú faoi 2050;

53. á iarraidh ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar thionchair an díchoimisiúnaithe suiteálacha amach ón gcósta agus más gá, straitéis Aontais a ghlacadh maidir le díchoimisiúnú inbhuanaithe bonneagair amach ón gcósta chun na tionchair chomhshaoil, sábháilteachta agus eacnamaíocha a íoslaghdú; á thabhairt chun suntais nár mhór díchóimeáil an bhonneagair atá ann faoi láthair a bheith san áireamh i straitéis den sórt sin agus go gcumhdófaí gníomhaíochtaí díchoimisiúnaithe amach anseo; á chur i bhfáth nach mbeidh gá le creat dlíthiúil uile-Aontais amach anseo ach sa chás go léiríonn an anailís go bhfuil easnaimh shuntasacha ag baint leis an gcreat dlíthiúil reatha agus leis na hionstraimí i mBallstáit AE; ag tathant ar an gCoimisiún creat faireacháin bunúsach a chur ar bun a d’áiritheodh tuairisciú trédhearcach agus éifeachtúil ar dhul chun cinn imlonnú an fhuinnimh inathnuaite mhuirí agus a léireodh an bhfuil na Ballstáit ar an mbóthar ceart chun spriocanna GW 2030 agus 2050 a bhaint amach; á chreidiúint gur cheart don Choimisiún tuairisciú don Pharlaimint, i gcomhréir leis na riachtanais tuairiscithe faoin Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite, féachaint an bhfuil imlonnú an fhuinnimh inathnuaite mhuirí ar an mbóthar ceart;

54. á iarraidh go mbeadh cosc uile-Aontais ar lanna tuirbíní gaoithe díchoimisiúnaithe a chur i líonadh talún faoi 2025 chun ciorclacht a áirithiú, na drochiarmhairtí comhshaoil ar ithir agus aigéin a íoslaghdú agus cur le leibhéal na cosanta ithreach;

***Dearadh margaidh***

55. á chur i bhfáth go bhfuil an glacadh fuinnimh inathnuaite mhuirí ag brath ar chur chun feidhme leordhóthanach rialacha margaidh dea-dheartha agus creat rialála cobhsaí, ag cur san áireamh a fhad a mhaireann ré infheistíochtaí den sórt sin; á thabhairt chun suntais go raibh titim ollmhór ar chostas an fhuinnimh gaoithe amach ón gcósta le fiche bliain anuas agus, ar an ábhar sin, á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na dálaí creata is fearr is féidir a áirithiú chun fuinneamh gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt faoi thionchar an mhargaidh; á chur i bhfáth gan breoslaí iontaise agus fóirdheontais breoslaí iontaise a chéimniú amach a luaithe is féidir agus gan méadú suntasach ar an táirgeadh fuinnimh gaoithe amach ón gcósta, go mbeadh sé dodhéanta na spriocanna fuinnimh inathnuaite a chomhlíonadh agus an téamh domhanda a theorannú d'fhigiúr faoi bhun 1,5 °C faoi dheireadh an chéid;

56. á iarraidh maidir leis an measúnú ar an dáileadh costas agus sochar idir giniúint agus tarchur fuinnimh inathnuaite mhuirí, go mbeidh sé inbhuanaithe agus inmharthana ar bhonn soch-eacnamaíoch, go n-áiritheofar go mbeidh na dreasachtaí cearta ann agus creat rialála cobhsaí d'fhorbróirí; á chur i bhfáth go bhfuil éiginnteacht maidir le dáileadh costas agus sochar ag cur bac ar chuideachtaí tionscadail fuinnimh inathnuaite mhuirí a lainseáil; á iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur le foilsiú threoir AE maidir leis na costais agus na sochair a bhaineann le tionscadail hibrideacha amach ón gcósta a chomhroinnt;

57. á chur i bhfáth go bhféadfadh na hionstraimí cistiúcháin atá ann faoi láthair, amhail an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, tacaíocht a thabhairt do shlógadh an chistiúcháin a theastódh chun réitigh agus tionscadail chomhpháirteacha fuinnimh inathnuaite trasteorann a chur chun cinn san Aontas; ag tabhairt dá haire go bhféadfar lea a bhaint as an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa chun suíomhanna forbartha féideartha fuinnimh amach ón gcósta a shainaithint agus na staidéir agus na hoibreacha tógála riachtanacha a chistiú le haghaidh tionscadal idir dhá Bhallstat AE nó níos mó;

58. á iarraidh ar an gCoimisiún na Ballstáit a spreagadh, i gcás inarb ábhartha, chun tionscadail fuinnimh inathnuaite mhuirí a chur san áireamh ina bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta agus i gcláir náisiúnta eile a mhaoinítear trí chistí AE;

59. á iarraidh go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat rialála atá ann faoi láthair lena rialaítear margaí leictreachais AE chun an glacadh fuinnimh inathnuaite mhuirí a éascú agus deireadh a chur le bacainní trádála saorga, praghsanna seasta, fóirdheontais agus sásraí eile saofa margaidh a choisceann comhtháthú rathúil an fhuinnimh inathnuaite mhuirí thairis sin; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit anailís chúramach a dhéanamh ar chriosanna tairisceana dílsithe amach ón gcósta a chruthú mar rogha agus na criosanna tairisceana atá ann faoi láthair agus a oiriúnaí atá siad chun an acmhainn fuinnimh inathnuaite mhuirí atá ag méadú a chomhtháthú; á iarraidh ar an gCoimisiún na sásraí rialála atá ann faoi láthair a n-éiríonn leo comhtháthú fuinnimh inathnuaite mhuirí a chur chun cinn i margadh fuinnimh dea-fheidhmiúil a shainaithint, mar chuid de shamhail a bheidh slán i bhfad na haimsire, lena n-áirítear éascaíocht a dhéanamh ar thionscadail hibrideacha agus cineálacha nua comhoibrithe; á iarraidh ar an gCoimisiún dálaí forbartha níos fearr a scrúdú maidir le tionscadail hibrideacha a d'áiritheodh cur chun feidhme níos fearr agus níos sciobtha maidir le tionscadail hibrideacha fuinnimh inathnuaite mhuirí agus téarmaí níos solúbtha chun an nuáil a fheabhsú, lena n-áirítear catagóirí nua sócmhainní, go háirithe le haghaidh feirmeacha gaoithe amach ón gcósta atá nasctha le hidirnascairí le haghaidh dhá mhargadh nó níos mó; á aithint gur cheart go gcuirfeadh taraifí na rioscaí san áireamh a bhaineann le ceannródaí tionsclaíoch a infheistíonn in imlonnú nua-theicneolaíochta;

60. á chur i bhfios go láidir go bhfuil dearadh margaidh ag teastáil atá lánchomhoiriúnach le fuinneamh inathnuaite muirí, lena n-áirítear riachtanas cumraíocht bharrfheabhsaithe criosanna tairisceana fuinnimh inathnuaite mhuirí a áirithiú; á chreidiúint gur cheart an bonneagar fuinnimh inathnuaite mhuirí a rialáil bunaithe ar rialacha maidir le díchuachadh a ngabhann scaradh ról agus freagrachtaí leo arna sainiú go soiléir í thaobh freagracht córas, rochtain tríú páirtí agus taraifí agus coinníollacha trédhearcacha, rud a rannchuidíonn leis an margadh aonair agus an aontas fuinnimh;

61. ag aithint go n-éilíonn an t-aistriú fuinnimh glan go gcuirfear inbhuanaitheacht agus lorg carbóin an tslabhra luacha uile san áireamh nuair a dhéantar fuinneamh inathnuaite muirí agus teicneolaíochtaí fuinnimh eile a shaothrú; á chur i bhfáth gur cheart critéir inbhuanaitheachta a bheith san áireamh sna próisis tairisceana amach ón gcósta;

62. á aithint go mbeidh príomhról ag hidrigin inathnuaite i gconair AE i dtreo neodracht ó thaobh carbóin de faoi 2050; á chur i bhfáth go mbeidh ról bunriachtanach ag an bhfuinneamh inathnuaite muirí, mar thoradh ar scála ollmhór agus ardleibhéal acmhainneachta an tionscadail, i luasú an táirgeadh hidrigine inathnuaite; á chreidiúint go mbeidh tacaíocht le haghaidh taighde agus forbairt ag teastáil chun an tionscal a dhreasachtú hidrigin inathnuaite a ghlacadh sa mhargadh trí bhíthin tionscadail mhóra tráchtála, faoina gcruthófar fíoréileamh inbhuanaithe in earnálacha ar deacair deireadh a chur leo;

o

o o

63. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún;

P9_TA(2022)0033

# Measúnú ar chur chun feidhme Airteagal 50 CAE

## Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 maidir le measúnú ar chur chun feidhme Airteagal 50 CAE (2020/2136(INI))

(2022/C 342/09)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), go háirithe Airteagal 50 agus Airteagal 8 de,

— ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 218 de,

— ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint don fhógra dar dáta an 29 Márta 2017 a thug an Ríocht Aontaithe don Chomhairle Eorpach á rá go raibh sé ar intinn aici tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de bhun Airteagal 50(2) CAE agus de bhun Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

— ag féachaint do threoirlínte na Comhairle Eorpaí (Airteagal 50) an 29 Aibreán 2017 tar éis don Ríocht Aontaithe fógra a thabhairt faoi Airteagal 50 CAE, an 15 Nollaig 2017 don dara céim den chaibidlíocht faoi Brexit, agus an 23 Márta 2018 maidir leis an gcreat don chaidreamh a bheidh ann amach anseo idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ,

— ag féachaint don Chinneadh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2017 lena leagtar síos na treoracha le haghaidh comhaontú a chaibidliú le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ina leagtar amach na socruithe dá tarraingt siar as an Aontas Eorpach, agus don Chinneadh ón gComhairle an 29 Eanáir 2018 lena bhforlíontar Cinneadh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2017 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le comhaontú lena leagtar amach socruithe dá tarraingt siar as an Aontas Eorpach, lena leagtar amach treoracha forlíontacha don chaibidlíocht,

— ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2020/266 ón gComhairle an 25 Feabhra 2020 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le comhaontú nua comhpháirtíochta ([1]) agus na treoracha a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis maidir le comhpháirtíocht nua a chaibidliú le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, a cuireadh ar fáil don phobal,

— ag féachaint do rúin uaithi an 5 Aibreán 2017 maidir leis an gcaibidlíocht leis an Ríocht Aontaithe tar éis fógra a fháil uaithi go bhfuil sé ar intinn aici tarraingt siar as an Aontas Eorpach ([2]), an 3 Deireadh Fómhair 2017 maidir le staid na caibidlíochta leis an Ríocht Aontaithe ([3]), an 13 Nollaig 2017 maidir le staid na caibidlíochta leis an Ríocht Aontaithe ([4]), an 14 Márta 2018 maidir leis an gcreat don ghaolmhaireacht sa todhchaí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ([5]), an 18 Meán Fómhair 2019 maidir le staid na caibidlíochta i dtaca le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ([6]), an 15 Eanáir 2020 maidir le cur chun feidhme agus faireachán na bhforálacha maidir le cearta na saoránach sa Chomhaontú um Tharraingt Siar ([7]), agus an 12 Feabhra 2020 maidir leis an sainordú beartaithe i gcomhair caibidlíocht maidir le comhpháirtíocht nua le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ([8]),

— ag féachaint do rún uaithi an 18 Meitheamh 2020 maidir leis an gcaibidlíocht i gcomhair comhpháirtíocht nua le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ([9]),

---

([1]) IO L 58, 27.2.2020, lch. 53.
([2]) IO C 298, 23.8.2018, lch. 24.
([3]) IO C 346, 27.9.2018, lch. 2.
([4]) IO C 369, 11.10.2018, lch. 32.
([5]) IO C 162, 10.5.2019, lch. 40.
([6]) IO C 171, 6.5.2021, lch. 2.
([7]) IO C 270, 7.7.2021, lch. 21.
([8]) IO C 294, 23.7.2021, lch. 18.
([9]) IO C 362, 8.9.2021, lch. 90.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

— ag féachaint do rún reachtach uaithi an 29 Eanáir 2020 ar an dréacht-Chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([10]),

— ag féachaint don Dearbhú ón gCoimisiún i gcomhair sheisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa an 16 Aibreán 2019,

— ag féachaint don Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([11]) ("an Comhaontú um Tharraingt Siar"), agus don dearbhú polaitiúil a ghabhann leis, lena leagtar amach an creat don ghaolmhaireacht sa todhchaí idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe ([12]) ("an Dearbhú Polaitiúil"),

— ag féachaint do Chinneadh (AE) 2018/937 ón gComhairle Eorpach an 28 Meitheamh 2018 lena socraítear comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa ([13]),

— Ag féachaint do bhreithiúnas an 10 Nollaig 2018 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), *Andy Wightman agus Eile v an Státrúnaí um Imeacht ón Aontas Eorpach*, C-621/18, ECLI:EU:C:2018:999,

— ag féachaint do mhionanailís ar Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa i mí na Samhna 2020 dar teideal *Article 50 TEU in practice: How the EU has applied the "exit" clause* [Airteagal 50 CAE: An chaoi a bhfuil an clásal "imeachta" curtha i bhfeidhm ag AE],

— ag féachaint don staidéar ó Mhárta 2021 ó Roinn Beartais um Chearta na Saoránach agus um Ghnóthaí Bunreachtúla de Pharlaimint na hEorpa, staidéar dar teideal *Interpretation and implementation of Article 50 TEU – Legal and institutional assessment* [Léirmhíniú agus cur chun feidhme Airteagal 50 CAE – Measúnú dlíthiúil agus institiúideach],

— ag féachaint do Chomhaontú Bhéal Feirste an 10 Aibreán 1998 a shínigh Rialtas na Ríochta Aontaithe, Rialtas na hÉireann agus na rannpháirtithe eile sa chaibidlíocht ilpháirtí ("Comhaontú Aoine an Chéasta"),

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta, mar aon le hAirteagal 1(1)(e) den chinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 12 Nollaig 2002 maidir leis an nós imeachta i gcomhair údarú a dheonú chun tuarascálacha féintionscnaimh a tharraingt suas agus d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gcinneadh sin,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha,

— ag féachaint don litir ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla (A9-0357/2021),

A. de bhrí gurb é is cuspóir don tuarascáil seo measúnú a dhéanamh ar na bealaí ina ndearnadh forálacha Airteagal 50 CAE a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm, agus ar an gcaoi a ndearnadh an nós imeachta maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as AE a eagrú agus a chur i gcrích faoin Airteagal sin, lena n-áirítear na ceachtanna foghlamtha maidir le dlí an Aontais agus feidhmiú an Aontais Eorpaigh;

B. de bhrí go rannchuidíonn machnamh ar chur chun feidhme Airteagal 50 CAE le tuiscint níos fearr a fháil ar phríomhghnéithe chéannacht bhunreachtúil an Aontais, ar na prionsabail atá mar bhonn faoi lánpháirtiú na hEorpa, ar a thábhachtaí atá an uathriail chinnteoireachta agus ar an gceart chun rialaithe, ar gnéithe iad a chuirfear san áireamh in athruithe conartha amach anseo;

C. de bhrí gur thug Airteagal 50 CAE aghaidh ar an éiginnteacht agus an débhríocht a bhí ann cheana maidir leis an gceart tarraingt siar as an Aontas, tríd an gceart sainráite a thabhairt do na Ballstáit tarraingt siar faoi réir aon choinníollacha seachas comhlíonadh a gceanglas bunreachtúil náisiúnta féin;

D. de bhrí go mbunaítear le hAirteagal 50 CAE, trí bhíthin foráil a dhéanamh go sainráite maidir le tarraingt siar faoi dhlí an Aontais, an t-aon nós imeachta faoina bhféadfaidh Ballstát tarraingt siar go dleathach as AE;

---

([10]) IO C 331, 17.8.2021, lch. 38.
([11]) IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.
([12]) IO C 34, 31.1.2020, lch. 1.
([13]) IO L 165 I, 2.7.2018, lch. 1.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

E. de bhrí nach bhfuil aon rud in Airteagal 50 CAE maidir le roinnt gnéithe den nós imeachta, nó nach bhfuil sé soiléir go leor fúthu, ar gnéithe iad a tháinig chun cinn le linn don Ríocht Aontaithe a bheith ag tarraingt siar as an Aontas;

F. de bhrí nach bhforchuirtear le hAirteagal 50 CAE aon cheanglais foirmiúla maidir leis an bhfógra go bhfuil sé beartaithe an tAontas a fhágáil ná ar theorainn ama n cúlghairm an fhógra sin; de bhrí nach bhforáiltear go sainráite in Airteagal 50 CAE maidir le socruithe idirthréimhseacha a bheith ann;

G. de bhrí nach sainítear in Airteagal 50 CAE ceanglais shonracha maidir leis an bhféidearthacht síneadh a chur leis an tréimhse dhá bhliain a leagtar amach faoi Airteagal 50(3) CAE, lena gceadaítear solúbthacht sa phróiseas caibidlíochta dá bhrí sin;

H. de bhrí go ndearbhaítear le hAirteagal 50 CAE go bhfuil ballraíocht AE deonach, rud a thugann le tuiscint nach féidir iallach a chur ar Bhallstát fanacht nó imeacht; de bhrí gur cinneadh ceannasach de chuid Ballstáit é an cinneadh tarraingt siar ón Aontas, arna dhéanamh i gcomhréir le dlíchóras bunreachtúil inmheánach an stáit atá ag tarraingt siar;

I. de bhrí go n-éilítear le prionsabal an chomhair dhílis go dtugtar fógra a luaithe a dhéantar an cinneadh chun imeachta;

J. de bhrí, ina breithiúnas ón 10 Nollaig 2018, i gCás *Andy Wightman agus Eile v an Státrúnaí um Imeacht ón Aontas Eorpach*, shoiléirigh CBAE go bhfuil saoirse ag an Ballstát atá ag tarraingt siar an fógra go bhfuil sé beartaithe aige tarraingt siar as an Aontas a chúlghairm go haontaobhach tráth a bhfuil feidhm fós ag na Conarthaí i leith an Bhallstáit sin;

K. de bhrí nach bhfuil Airteagal 50 CAE soiléir maidir le codanna d'Airteagal 218 CFAE a chur i bhfeidhm, seachas mír 3 de;

L. de bhrí gur urramaíodh an toil mar a chuir muintir na Breataine in iúl í chun an tAontas Eorpach a fhágáil i gcomhréir le luachanna na saoirse agus an daonlathais, dá dtagraítear in Airteagal 2 CAE, in ainneoin gur vótáil tromlach na saoránach in Albain agus i dTuaisceart Éireann ar son fanachta;

M. de bhrí nach raibh líon leordhóthanach de fheachtais múscailte feasachta ag gabháil le reifreann na Ríochta Aontaithe, mar nár tugadh léargas soiléir riamh do shaoránaigh ar an gcaidreamh a bheadh ag a dtír le AE nuair a d'fhág sí é, agus gur minic a cuireadh amú iad faoi na himpleachtaí a bheadh ag an tarraingt siar, go háirithe maidir le Tuaisceart Éireann, agus ar an gcaoi sin nochtadh na rioscaí agus na dúshláin a bhaineann leis an mífhaisnéis;

N. de bhrí go dtugann Airteagal 50 CAE an inniúlacht chothrománach eisceachtúil don Aontas chun comhaontú a chaibidliú lena gcumhdaítear na hábhair uile is gá chun a shocrú go dtarraingeofaí siar Ballstát;

O. de bhrí go raibh ról institiúidí AE uile i nós imeachta na tarraingthe siar ríthábhachtach i léirmhíniú agus i gcur chun feidhme fhorálacha Airteagal 50 CAE agus maidir le suaitheadh institiúideach a íoslaghdú, aontacht na mBallstát a choimirciú agus tarraingt siar ordúil a áirithiú;

P. de bhrí gur cruthaíodh gurb é an cur chuige dhá chéim a ghlac Michel Barnier, an Príomh-Idirbheartaí thar ceann an Choimisiúin, an cur chuige ceart;

Q. de bhrí, faoi CAE, go bhfuil ionadaíocht dhíreach ag na saoránaigh ar leibhéal an Aontais i bParlaimint na hEorpa; de bhrí go bhfuil an Pharlaimint mar chuid den nós imeachta cinnteoireachta faoi Airteagal 50 CAE agus rialú polaitiúil ginearálta á fheidhmiú aici, dá bhforáiltear in Airteagal 14 CAE, agus dá bhrí sin, ba cheart di a bheith rannpháirteach go dlúth sa chaibidlíocht um tharraingt siar chun a bheith in ann a toiliú a thabhairt faoi Airteagal 50 CAE;

R. de bhrí, sa nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 50 CAE agus mar a dhéantar i ngach cás de chomhaontuithe idirnáisiúnta arna gcaibidil ag úsáid an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 218(3) CFAE, go bhfuil ról imeallach ag an bParlaimint atá teoranta do chomhaontú féideartha um tharraingt siar a fhormheas; de bhrí, d'ainneoin na srianta sin, go raibh an Pharlaimint gníomhach i bpróiseas na tarraingthe siar ón tús agus go bhfuil gealltanas tugtha aici chun leasanna shaoránaigh AE a chosaint agus sláine an Aontais Eorpaigh a chosaint ar fud an phróisis ar fad;

S. de bhrí go raibh ról ríthábhachtach ag an bParlaimint ionadaíocht a dhéanamh ar shaoránaigh uile an Aontais, ó AE-27 agus ón Ríocht Aontaithe araon, le linn an phróisis;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

T. de bhrí go raibh tionchar ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ar chomhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa dá bhforáiltear in Airteagal 3(2) de Threoir (AE) 2018/937 ón gComhairle Eorpach;

U. de bhrí gur tháinig éiginnteacht as an bpróiseas tarraingthe siar agus gur dúshlán é ní hamháin do AE agus don Bhallstát atá ag tarraingt siar, ach freisin, agus níos mó fiú, do na saoránaigh agus na heintitis is mó a ndéantar difear díreach dóibh; de bhrí go bhfuil na costais eacnamaíocha agus shóisialta a bhaineann leis an éiginnteacht sin an-ard agus gur chuir siad brú freisin ar an gcaidreamh polaitiúil idir AE agus an Ballstát atá ag tarraingt siar; de bhrí go bhféadfaí cinnteacht níos fearr a bhaint amach le linn an phróisis deighilte trína éileamh, i measc nithe eile, go mbeadh treoirphlean den chaidreamh sa todhchaí atá ar intinn ag an mBallstát arna tharraingt siar ag gabháil leis an bhfógra maidir leis an gcinneadh tarraingt siar;

V. de bhrí go bhfuil gach iarracht déanta ag institiúidí an Aontais gan próiseas na tarraingthe siar a pholaitiú, ach mar sin féin go bhfuil tarraingt siar faoi Airteagal 50 CAE polaitiúil mar go dtagann sé as roghanna bunúsacha maidir le ballraíocht in AE agus/nó leis an gcaidreamh le AE agus go bhfuil tionchar ag na roghanna bunúsacha sin ar an tarraingt siar sin;

W. de bhrí gurb ionann tarraingt siar Ballstáit ón Aontas Eorpach agus suaitheadh polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta ollmhór, nárbh fhéidir na hiarmhairtí diúltacha de a mhaolú ach amháin go páirteach trí shocruithe um tharraingt siar atá cuíphleanáilte agus caibidlithe go hordúil;

X. de bhrí, sa Dearbhú Polaitiúil ina leagtar amach creat don ghaolmhaireacht sa todhchaí idir AE agus RA, go mbunaítear na paraiméadair do chomhpháirtíocht uaillmhianach, leathan, dhomhain agus sholúbtha lena gcuimsítear an beartas eachtrach, slándáil, cosaint, agus na réimsí comhair ina n-iomláine;

Y. de bhrí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe um tharraingt siar, is ar bhonn Airteagal 49 CAE an t-aon bealach dleathach le hath-aontachas leis an Aontas;

Z. de bhrí go leagann Airteagal 8 CAE béim ar an gcaidreamh speisialta idir AE agus a thíortha comharsanacha;

AA. de bhrí, de réir Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa, go bhfuil an Coiste um Ghnóthaí Bunreachtúla freagrach as na hiarmhairtí institiúideacha a ghabhann le tarraingt siar as an Aontas;

***Próiseas gan fasach***

1. á thabhairt chun suntais gur próiseas gan fasach agus thar a bheith íogair don Aontas Eorpach é tarraingt siar ceann dá Bhallstáit;

2. á aithint, ach mar sin féin, á mheas gur cúis aiféala é tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach;

3. ag cur béim ar an bhfíoras nár chuir agus nach gcuireann suntas stairiúil tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ar bhallraíocht AE an tAontas ar atreo óna phróiseas lánpháirtithe, toisc go bhforáiltear le hAirteagal 50 CAE ráthaíochtaí maidir le dlíchóras an Aontais agus go gcosnaítear leis cuspóirí bunúsacha lánpháirtiú na hEorpa;

4. á chur i bhfios go láidir go léiríonn forálacha Airteagal 50 CAE agus an bealach ar a ndearnadh iad a léirmhíniú agus a chur chun feidhme na comhluachanna agus comhchuspóirí atá mar bhunsraith ag an Aontas agus go dtacaíonn siad leo, go háirithe an tsaoirse, an daonlathas agus an smacht reachta;

5. á chreidiúint go bhfuil a chuspóir bainte amach ag Airteagal 50 CAE, eadhon ceart ceannasach Ballstáit tarraingt siar as an Aontas Eorpach, lena ndearbhaítear go sainráite cineál deonach na ballraíochta in AE, agus a chuspóir tarraingt siar ordúil na Ríochta Aontaithe as an Aontas a áirithiú, agus lamháil do chaidreamh feabhsaithe a thógáil ina dhiaidh sin idir AE agus an Ríocht Aontaithe mar thríú tír;

***Tosaíochtaí AE***

6. á mheas gur baineadh amach go ginearálta aidhmeanna Airteagal 50 CAE agus na caibidlíochta maidir le tarraingt siar leis an Ríocht Aontaithe i dtaobh idirscaradh ón Aontas a áirithiú, cobhsaíocht dhlíthiúil a sholáthar agus cur isteach a íoslaghdú, agus fís shoiléir den todhchaí a sholáthar do shaoránaigh agus d'eintitis dhlíthiúla, trí tharraingt siar ordúil a áirithiú, agus sláine agus leasanna an Aontais Eorpaigh, a chuid saoránach agus a Bhallstát á gcosaint;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

7. á mheas go raibh sé ríthábhachtach go ndéanfaí na tosaíochtaí a shainaithint go pras agus go daingean i gcomhthéacs tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, agus go háirithe, cearta na milliún náisiúnach den Aontas Eorpach a chosaint sa Ríocht Aontaithe agus náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe san Aontas a ndearna an tarraingt siar difear dóibh, na himthosca speisialta a bhí ag bagairt ar oileán na hÉireann agus socrú airgeadais aonair chun an próiseas a struchtúrú agus a thionchar san Aontas a chobhsú; á mheas, áfach, gur cheart go raibh níos mó soiléireachta ann le linn na caibidlíochta maidir le socrú aon díospóidí a d'fhéadfadh eascairt as an gcomhaontú um tharraingt siar a chur i bhfeidhm, go háirithe i dtaca le ról CBAE;

8. ag creidiúint go raibh roinnt shoiléir na gcúraimí idir na hinstitiúidí agus an cur chuige cuimsitheach agus trédhearcach nach bhfacthas cheana a ghlac an Coimisiún agus a Phríomh-Idirbheartaí, lena n-áirítear i leith na Parlaiminte, fíorthábhachtach chun comhsheasmhacht agus aontacht a choimeád laistigh de AE agus a Bhallstáit, chun tosaíochtaí agus leasanna AE a chur chun cinn sa chaibidlíocht, agus sláine dhlíchóras an Aontais a choimirciú;

9. ag moladh na bpríomhghníomhaithe institiúideacha as an aontacht i measc na 27 mBallstát a choimirciú mar aon leis an aontacht i measc institiúidí an Aontais agus laistigh díobh, rud a thug urraim do nádúr na tarraingthe siar mar phróiseas de chuid an Aontais;

10. á chreidiúint go raibh leasanna an Aontais faoi chosaint a bhuí leis an eagrúchán straitéiseach agus an choinníollacht idir na céimeanna éagsúla den nós imeachta; á mheabhrú, go háirithe, seicheamhú na caibidlíochta, a tosaíodh le comhaontú maidir leis na socruithe um tharraingt siar, agus a bogadh ar aghaidh ansin chun aghaidh a thabhairt ar shocruithe na hidirthréimhse agus ansin tugadh i gcrích é le comhaontú maidir le tuiscint fhoriomlán ar dhlúthchomhpháirtíocht nua idir AE agus an Ríocht Aontaithe ar bhonn dul chun cinn suntasach sa chaibidlíocht maidir le cearta na saoránach, saincheist na hÉireann agus Thuaisceart Éireann, an socrú airgeadais agus cur i bhfeidhm cuí agus fóinteach an tsínidh ar an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 50(3) CAE;

11. á chur in iúl gur mór aici gur tugadh tosaíocht, leis an gcaibidlíocht leis an Ríocht Aontaithe, do chearta na saoránach, ar ábhar mór imní í agus a fhanfaidh ina hábhar mór imní, agus gur comhaontaíodh an chaibidil seo de na socruithe um tharraingt siar sách luath sa chaibidlíocht, ós rud é gur bhain Cuid a Dó sa leagan tosaigh de dhréacht-Chomhaontú um Tharraingt Siar an 19 Márta 2018, a comhaontaíodh go hiomlán, le cearta saoránach, go háirithe le héifeacht dhíreach fhorálacha an Chomhaontaithe agus le dlínse CBAE i ndáil leis na forálacha ábhartha maidir le cearta na saoránach;

12. á chur i bhfios gur shainaithin an tAontas go soiléir ó thús an phróisis gur saincheisteanna a bhain leis an Aontas ina iomláine iad na cúinsí sonracha i dtaca le hoileán na hÉireann agus an gá atá le Comhaontú Aoine an Chéasta a chosaint agus tionchar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ar Éirinn;

13. á mheas gur chun leasa an dá pháirtí an idirthréimhse a bhfuil teorainn ama léi, ar idirthréimhse í ina gcuirtear i bhfeidhm go leanúnach tar éis na tarraingthe siar ionstraimí agus struchtúir rialála, buiséadacha, maoirseachta, breithiúnacha agus forfheidhmithe an Aontais atá ann cheana agus gur éascaíodh an chaibidlíocht maidir leis an gcaidreamh sa todhchaí agus gnóthú an chaidrimh sin;

14. á mheabhrú gur leagtar amach an creat don chaidreamh a bheidh ann amach anseo idir AE agus an Ríocht Aontaithe sa Dearbhú Polaitiúil a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, ina bhfuil forálacha soiléire arna mbunú ag an dá pháirtí maidir le comhar i réimsí an bheartais eachtraigh, na slándála agus na cosanta;

15. á chur in iúl gur oth léi gur fhág nádúr neamhcheangailteach an Dearbhaithe Pholaitiúil na forais dlí a bheith ag an Ríocht Aontaithe gan baint a bheith aici le codanna ríthábhachtacha dá inneachar, go háirithe na codanna sin maidir leis an mbeartas eachtrach agus slándála, nach raibh mar chuid den chaibidlíocht dá bhrí sin;

***An Ballstát arna tharraingt siar***

16. á chreidiúint, mar sin féin, go raibh éiginnteacht fhada ó thaobh na Ríochta Aontaithe ina saintréith den phróiseas, ó thús go deireadh na caibidlíochta, a léiríodh sa bhearna ama idir an reifreann agus an fógra maidir leis an tarraingt siar faoi Airteagal 50 CAE, i measc nithe eile; á chreidiúint go raibh iarmhairt ag an éiginnteacht sin ar shaoránaigh agus ar oibreoirí eacnamaíocha, go háirithe iad siúd ar oileán na hÉireann; á mheas go gcuireadh i mbaol an dóchúlacht go mbeadh tarraingt siar rianúil ann dá má rud é gur ardaíodh an bhagairt de tharraingt siar gan mhargadh;

17. á mheas, ina leith sin, gur suntasach iad iarmhairtí polaitiúla agus eacnamaíocha an chinnidh imeacht ón Aontas; ag creidiúint nach ndearna an Ríocht Aontaithe measúnú dáiríre agus iomlán orthu sin sular chinn sí tarraingt siar, rud a d'fhág go raibh easpa ullmhúcháin ann don nós imeachta; á chreidiúint gur beag eolas a bhí ag saoránaigh na Breataine faoi Aontas Eorpach agus nár cuireadh ar an eolas go leormhaith iad maidir le hiarmhairtí forleathana an chinnidh imeacht ón Aontas;

18. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur láimhseáladh forálacha Airteagal 50 CAE maidir le fógra a thabhairt agus síneadh a chur leis an tréimhse faoi Airteagal 50(3) CAE ar bhealach atá solúbtha go leor chun freagairt don bhraiteoireacht agus do na neamhréireachtaí polaitiúla atá ag rialtais na Ríochta Aontaithe i ndiaidh a chéile, agus sláine an phróisis um tharraingt siar a chaomhnú agus seasamh le dlíchóras an Aontais ag an am céanna;

19. á mheabhrú gurb é an ceart ceannasach atá ag Ballstát an cinneadh maidir le tarraingt siar agus go bhfuil sé d'oibleagáid ar an Aontas intinn an stáit sin a aithint; á thabhairt chun suntais nach sonraítear le hAirteagal 50 CAE agus nach gcuirtear, dá bhrí sin, aon srianta ar fhoirm an fhógra go bhfuil sé beartaithe ag Ballstát tarraingt siar; ag creidiúint sa chomhthéacs sin, i gcás nach n-urramaíonn Ballstát dlí AE agus/nó ina gcuireann sé in iúl go bhfuil sé ar intinn aige diúltú do na Conarthaí a chur i bhfeidhm nó do dhlínse CBAE a aithint agus a chuid breithiúnas a urramú, gurb ionann sin agus diúltú soiléir do na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht AE;

20. á chur in iúl gur próiseas de chineál casta é tarraingt siar ón Aontas Eorpach agus go bhféadfadh roghanna polaitiúla an Bhallstáit atá ag tarraingt siar i ndáil leis an gcaidreamh a bheidh aige leis an Aontas amach anseo cur leis an gcastacht sin;

***An tábhacht atá le tarraingt siar ordúil***

21. á chreidiúint, cé nach bhfuil an tarraingt siar ag brath ar chomhaontú idir an Ballstát atá ag tarraingt siar agus an tAontas, go léiríonn próiseas tharraingt siar na Ríochta Aontaithe a thábhachtaí atá sé comhaontú a thabhairt i gcrích maidir leis na socruithe um tharraingt siar, go háirithe d'fhonn cosaint chearta agus ionchais dhlisteanacha na saoránach a ndéantar difear dóibh;

22. á mheas go ndearna institiúidí AE a ndícheall agus gur chomhlíon siad a n-oibleagáid chun a áirithiú go dtabharfaí comhaontú i gcrích; ag moladh na n-iarrachtaí a rinneadh chun Brexit gan mhargadh a sheachaint; ag tabhairt dá haire, i ndáil leis sin, i gcomhréir le hAirteagal 50(3) CAE, mura dtagtar ar chomhaontú, go mbeidh éifeacht leis an tarraingt siar dhá bhliain tar éis fógra a thabhairt don Chomhairle; ag cur béim ar an bhfíoras nach bhfuil aon fhorálacha in CAE chun dul i ngleic le cás gan mhargadh agus le tarraingt siar mí-ordúil;

23. á chur i bhfios go láidir gurb amhlaidh, i bhfianaise nádúr ardchomhtháthaithe mhargadh aonair an Aontais, go n-imríonn tarraingt siar Ballstáit tionchar ar gach réimse gníomhaíochta eacnamaíche, agus go bhfuil gá le coigeartuithe dlíthiúla agus riaracháin ar leibhéil an Aontais, ar leibhéal na mBallstát agus ar an leibhéal áitiúil; á athdhearbhú a thábhachtaí atá an obair a dhéanann an Coimisiún agus na Ballstáit ar gach leibhéal den riarachán poiblí agus chun feasacht a mhúscailt agus chun saoránaigh agus an earnáil phríobháideach a ullmhú trí roinnt mhaith fógraí sonracha maidir le hullmhacht geallsealbhóirí a fhoilsiú agus trí bhearta teagmhasacha aontaobhacha agus sealadacha a ghlacadh go tráthúil chun dul i ngleic le cás gan mhargadh a bheith ann agus le tarraingt siar mí-ordúil;

24. ag tabhairt dá haire nach sonraítear le CAE aon cheanglais shuntasacha maidir leis an gcreat don chaidreamh sa todhchaí idir an Ballstát atá ag tarraingt siar agus an tAontas agus an nasc atá aige leis na socruithe um tharraingt siar; á mheabhrú áfach, de réir Airteagal 50(2) CAE, nach mór an creat don chaidreamh a bheidh ann amach anseo idir an stát atá ag tarraingt siar agus an tAontas a chur san áireamh le comhaontú um tharraingt siar;

25. ag tabhairt dá haire, i gcás tharraingt siar na Ríochta Aontaithe, gur tréimhse róghearr i gcomhair tarraingt siar ordúil í an tréimhse dhá bhliain a leagtar síos in Airteagal 50(3) CAE tráth a scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an mBallstát atá ag tarraingt siar ón nóiméad a fuair sé fógra maidir leis an tarraingt siar, toisc gur measadh go raibh gá le trí shíneadh a chur leis an tréimhse sin anuas ar idirthréimhse ina dhiaidh sin; á mheabhrú gur féidir an tréimhse ama sin a mhéadú i gcomhréir le hAirteagal 50(3) CAE trí shíneadh a chur léi; á mheas go lamháiltear le síneadh den sórt sin leanúint leis an gcaibidlíocht chun Brexit gan mhargadh a sheachaint; á mheabhrú, áfach, i rith na tréimhse dhá bhliain agus na síntí ama ina dhiaidh sin, go raibh ar shaoránaigh, oibreoirí eacnamaíocha, Ballstáit agus comhpháirtithe trádála ó thríú tíortha, aghaidh a thabhairt ar leibhéal éiginnteachta dlíthiúla fadaithe nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

26. á thabhairt faoi deara, de bharr tarraingt siar Ballstáit, gur eascair iarmhairtí dlíthiúla gan fasach as do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais, go háirithe i ndáil leis an ngá a bhí leis na cuótaí ráta taraife a aontaíodh ar leibhéal na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) a chaibidliú an athuair chun an sciar cuóta a bhí in úsáid ag an mBallstát atá ag imeacht a chur san áireamh, agus ar an gcaoi sin, ag ceadú do thríú tíortha éilimh bhreise a dhéanamh ar rochtain ar an margadh; á mheas go ndearnadh bainistíocht mhaith ar chionroinnt chuótaí ráta taraife an Aontais, mar phrionsabal, le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe, ar dtús trí ghníomh reachtach inmheánach a ghlacadh lena leagtar síos sciaranna cuóta nuachionroinnte an Aontais (go háirithe i bhfoirm Rialachán (AE) 2019/216 ([14])) agus ansin trí obair leantach a dhéanamh air trí chaibidlíocht le tríú tíortha ar leibhéal EDT, cé nach bhfuil ann d'fhorálacha dlíthiúla ar an leibhéal sin a thugann aghaidh ar aontais custaim ag dealú ó chéile;

### *Solúbthacht faoi Airteagal 50 CAE*

27. á mheas go mbaintear cothromaíocht amach in Airteagal 50 CAE idir próiseas tarraingthe siar atá fónta ó thaobh an dlí de a áirithiú agus cosaint a thabhairt don tsolúbthacht pholaitiúil is gá chun oiriúnú do na himthosca sonracha; ag tabhairt dá haire, áfach, an easpa mionsonraí i bhforálacha Airteagal 50 CAE maidir leis na gnéithe seo a leanas:

— ceanglais fhoirmiúla an fhógra go bhfuil sé beartaithe an tAontas a fhágáil agus sainráiteas go bhféadfaí an fógra a chúlghairm;

— an creat iomchuí chun síneadh a chur leis an tréimhse dhá bhliain a leagtar amach faoi Airteagal 50(3) CAE, lena gceadaítear solúbthacht sa chaibidlíocht agus prionsabal an chomhair dhílis á urramú ag an am céanna,

— impleachtaí na hoibleagáide chun an creat don chaidreamh a bheidh ann amach anseo a chur i gcuntas;

— cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 218(11) CFAE, go háirithe ról Pharlaimint na hEorpa agus Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh,

— na socruithe idirthréimhseacha a d'fhéadfadh a bheith ann;

28. á chur in iúl gur oth léi gur fhág tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas gur imigh pobal iomlán de shaoránaigh AE; á mheabhrú go raibh Parlaimint na hEorpa an-ghníomhach maidir le hidirphlé gníomhach le saoránaigh agus eagraíochtaí eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht orthu a mholadh agus a bheith páirteach ann, trí chomhairliúcháin, éisteachtaí agus chruinnithe arna n-eagrú ag coistí parlaiminteacha agus ag Grúpa Stiúrtha Brexit (BSG), a rinne iarracht imní agus ionchais na saoránach a chur in iúl le linn an phróisis um tharraingt siar; á mheas, mar sin féin, go bhféadfadh institiúidí AE níos mó a dhéanamh chun faisnéis a chur ar fáil do shaoránaigh le linn na gcéimeanna éagsúla den tarraingt siar;

29. á chreidiúint, i bhfianaise dhothuarthacht an phróisis um tharraingt siar, gur cheart, le forálacha CAE maidir le tarraingt siar, deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do líon ollmhór saoránach AE agus saoránach an Bhallstáit atá ag imeacht a ndéanann an tarraingt siar difear dóibh, trí na cearta atá acu ar bhonn dhlí AE a chosaint agus trí chóras forfheidhmithe éifeachtach a áirithiú, gan cruthú sásraí leantacha agus feachtas faisnéise a chur as an áireamh; á chur i bhfios go láidir gur gá na saoránaigh atá buailte a chur ar an eolas, go háirithe saoránaigh leochaileacha, ar bhealach tráthúil agus leordhóthanach faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí maidir leis an tarraingt siar;

30. á chreidiúint, i bhfianaise chineál an chinnidh chun imeacht as an Aontas agus a thionchair bhunúsacha ar shaoránaigh an Bhallstáit atá ag imeacht, go bhféadfadh tionól refrinn a bheith ina cosaint thábhachtach chun an cinneadh deiridh a dheimhniú; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach freisin go ndearbhóidh na saoránaigh an rogha dheiridh sin i gcás nach dtabharfar an chaibidlíocht maidir le comhaontú um tharraingt siar chun críche, agus i gcás nach mbeadh aon mhargadh ann; á mheas gur cheart gach beart is féidir a dhéanamh le linn an phróisis sin chun bréagaisnéis, cur isteach eachtrach agus neamhrialtachtaí maoinithe a sheachaint;

### *Ról na n-institiúidí sa phróiseas um tharraingt siar*

31. á chreidiúint gur fhreagair agus gur chloígh institiúidí an Aontais agus na Ballstáit le chéile le cur chuige comhleanúnach aontaithe lena bhforáiltear do shainmhíniú tráthúil, soiléir agus dea-struchtúrtha ar ghnéithe an phróisis um tharraingt siar, lena n-áirítear iad siúd nach sonraítear go sainráite in Airteagal 50 CAE, go háirithe cuspóirí agus prionsabail ghinearálta na caibidlíochta, inniúlachtaí an Aontais maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an tarraingt siar, le seicheamhú na caibidlíochta, le raon feidhme an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar, le socruithe idirthréimhseacha an chaidrimh, agus le creat an chaidrimh a bheidh ann amach anseo;

---

([14]) IO L 38, 8.2.2019, lch. 1.

32. ag cur béim ar an bhfíoras go raibh ról lárnach ag an bParlaimint sa phróiseas um tharraingt siar ina iomláine agus gur rannchuidigh sí go gníomhach le straitéisí a shainaithint agus le leasanna agus tosaíochtaí AE agus a chuid saoránach a chosaint le rúin chuí-réasúnaithe, ón tréimhse ag druidim le reifreann na Ríochta Aontaithe maidir le ballraíocht AE; á mheabhrú, chuige sin, go ndearnadh rannchuidiú na Parlaiminte a struchtúrú go príomha trí BSG, a chruthaigh Comhdháil na nUachtarán an 6 Aibreán 2017, le tacaíocht agus dlúth-rannpháirtíocht ó choistí na Parlaiminte agus Chomhdháil na nUachtarán;

33. á chur i bhfios gur imlonnadh an Pharlaimint ina hiomláine agus d'aon ghuth chun faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas um tharraingt siar, trína comhlachtaí polaitiúla agus trína coistí araon, ar iarradh orthu, i dtréimhse luath, tionchar tharraingt siar na Ríochta Aonaithe ar na réimsí beartais agus ar an reachtaíocht laistigh dá réimsí freagrachta faoi seach a shainaithint; á athdhearbhú a thábhachtaí atá rannpháirtíocht leanúnach na gcoistí atá freagrach as beartais earnála le linn na caibidlíochta; ag moladh an obair ullmhúcháin fhada uileghabhálach a rinne na coistí chun fianaise, comhairle agus saineolas a bhailiú trí éisteachtaí, ceardlanna agus staidéir maidir leis na saincheisteanna go léir a bhaineann leis an tarraingt siar nó leis an gcaidreamh a bheidh ann amach anseo idir AE agus an Ríocht Aontaithe;

34. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go raibh ról comhiomlánaithe agus cobhsaíochta ag an gComhairle Eorpach sa phróiseas, lena n-áirítear trína treoirlínte faoi Airteagal 50(2) CAE, trí fhorálacha Airteagal 50 CAE a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear i ndáil leis na gnéithe nach bhfuil aon rud sna forálacha ina dtaobh, agus treoir pholaitiúil shoiléir a leagan síos i gcomhréir le leasanna an Aontais maidir le téarmaí caibidlíochta a shainmhíniú agus an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais;

35. á cur i bhfios, i gcomhréir le hAirteagal 50(4) CAE, nach féidir leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach nó den Chomhairle a dhéanann ionadaíocht don Bhallstát atá ag tarraingt siar rannpháirt a ghlacadh i bplé na Comhairle Eorpaí nó na Comhairle nó sna cinntí a bhaineann leis an bpróiseas um tharraingt siar, fad a leanfaidh na Feisirí de Pharlaimint na hEorpa a toghadh sa Bhallstát atá ag tarraingt siar de bheith ag fónamh, agus a gcuid cearta agus oibleagáidí uile slán, go dtí go dtiocfaidh éifeacht leis an tarraingt siar;

36. ag aithint chineál an chomhair idirinstitiúidigh agus na trédhearcachta nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe agus Airteagal 50 CAE á chur chun feidhme, lena n-áirítear na modhanna oibre agus na struchtúir a bhaineann leis an gcaibidlíocht, le cainéil faisnéise, le doiciméid chaibidlíochta a fhoilsiú agus le rannphairt a ghlacadh i gcruinnithe, go háirithe i gcruinnithe Sherpa agus i gcruinnithe den Chomhairle Gnóthaí Ginearálta;

37. ag aithint ábharthacht na gcroíphrionsabail a mhol Parlaimint na hEorpa agus a thug an Chomhairle Eorpach isteach ina cuid treoirlínte idirbheartaíochta i ndiaidh a chéile, agus arb iad na croíphrionsabail seo iad, a leanas a cuireadh chun feidhme ina dhiaidh sin sa chaibidlíocht:

— cearta na saoránach a eascraíonn óna stádas mar shaoránaigh AE a chosaint;

— gníomhú chun leasa an Aontais agus a shláine bhunreachtúil agus neamhspleáchas a chinnteoireachta a chaomhnú;

— ról Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a choimirciú;

— cobhsaíocht airgeadais an Aontais a chaomhnú;

— cosaint a thabhairt don Bhallstáit atá ag tarraingt siar i dteachtadh a cheart uile agus i gcomhlíonadh a oibleagáidí uile a eascraíonn ó na Conarthaí, lena n-áirítear prionsabal an chomhair dhílis;

— cosaint a thabhairt don difríocht shoiléir sa stádas idir na Ballstáit agus stáit nach Ballstáit iad, mar nach féidir le stát a d'fhág an tAontas na cearta céanna a bheith aige agus atá ag Ballstát;

38. ag leanúint de bheith ag tacú go hiomlán leis na prionsabail sin;

39. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfuil na prionsabail sin níos leithne ná comhthéacs Airteagal 50 CAE, toisc go bhfuil siad ina mbonn taca leis an lánpháirtíocht Eorpach agus ina bpríomhghnéithe anois d'fhéiniúlacht bhunreachtúil agus de dhlíchóras AE cé nach cuid de CAE iad;

40. ag tabhairt dá haire, chuige sin, gur athdhearbhaigh AE agus a Bhallstáit féiniúlacht bhunreachtúil an Aontais mar thoradh ar an nós imeachta um tharraingt siar dá bhforáiltear in Airteagal 50 CAE;

***Cearta agus oibleagáidí AE agus an Bhallstáit atá ag tarraingt siar***

41. á athdhearbhú, go dtí go dtiocfaidh comhaontú um tharraingt siar i bhfeidhm nó, ina éagmais sin, go dtí go mbeidh an tréimhse dhá bhliain nó an tréimhse le síneadh a luaitear in Airteagal 50(3) CAE caite, go leanfaidh an stát atá ag tarraingt siar de bheith ina Bhallstát, beidh na cearta uile á dteachtadh aige agus beidh sé faoi na hoibleagáidí go léir a eascraíonn as na Conarthaí gan eisceacht, lena n-áirítear prionsabal an chomhair dhílis a leagtar síos in Airteagal 4(3) CAE agus an oibleagáid toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a reáchtáil, ionadaithe chuig institiúidí agus comhlachtaí an Aontais a cheapadh, lánchosaint chearta a shaoránach a áirithe agus a chuid oibleagáidí airgeadais a urramú;

***Grinnscrúdú na Parlaiminte***

42. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil ról mhaoirseacht pholaitiúil Pharlaimint na hEorpa fíor-riachtanach i gcóras daonlathach parlaiminteach agus go ráthaítear trédhearcacht agus cuntasacht pholaitiúil leis; á áitiú, ina leith sin, gur cheart na cumhachtaí parlaiminteacha maidir le céim an ghrinnscrúdaithe a ráthú agus a fheidhmiú le dóthain ama chun aon chomhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear i gcás iarratas sealadach, go háirithe, má thugtar chun críche iad i gcomhthéacs tarraingt siar ón Aontas Eorpach; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, a thábhachtaí atá cur i bhfeidhm iomlán Airteagal 218 (10) CFAE maidir le sainchumais na Parlaimint i dtaca leis an tarraingt siar, ina luaitear nach mór Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas, sna céimeanna uile den nós imeachta, faoin gcaibidlíocht idir an tAontas agus tríú tíortha; á chur i bhfios go láidir nach mór don Choimisiún an Pharlaimint a choinneáil ar an eolas ar comhchéim leis an gComhairle;

43. á chreidiúint go raibh struchtúir BSG agus Grúpa Comhordaithe na Ríocht Aontaithe araon, ar struchtúir iad a chruthaigh Parlaimint na hEorpa le linn gach céime den chaibidlíocht leis an Ríocht Aontaithe, fíorthábhachtach maidir le hobair leantach agus rannpháirtíocht na Parlaiminte a ráthú agus maidir le trédhearcacht a áirithiú sa chaibidlíocht; á chreidiúint gur dea-shampla é cur chun feidhme Airteagal 50 CAE de chomhordú comhchoiteann idir institiúidí chun tacú le leasanna an Aontais ba cheart a chur i bhfeidhm maidir le gach caibidlíocht comhaontuithe idirnáisiúnta;

44. á mheas, sa chomhthéacs sin, go bhfuil ról na Parlaiminte bunriachtanach chun an ghné pharlaiminteach agus dhaonlathach de nós imeachta a chosaint a mbeidh tionchar bunreachtúil agus institiúideach den sórt sin aige ar an Aontas agus ar chearta shaoránaigh an Aontais; á mheas gur cheart a ról sa mhaoirseacht pholaitiúil a choimirciú agus a fheabhsú ionas go n-áireofaí an toiliú is gá i ngach gné ábhartha den phróiseas;

45. ag cur béim ar an bhfíoras, i ndáil leis an méid sin, cé go bhfuil próiseas Airteagal 50 CAE tugtha i gcrích agus gur tháinig an tarraingt siar ón Aontas i bhfeidhm, gur próiseas fadtéarmach é ballraíocht AE a aisiompú go hiarbhír agus an Comhaontú um Tharraingt Siar a chur chun feidhme; á athdhearbhú, sa chomhthéacs sin, go mbeidh ról iomlán ag an bParlaimint maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar;

***Saincheisteanna a bhfuil machnamh le déanamh orthu***

46. á mheas go dtugtar aghaidh in Airteagal 50 CAE ar an ngné nós imeachta de tharraingt siar Ballstáit agus go lamhálann sé réiteach na gné sin, ach nach réitíonn sé na hiarmhairtí suntasacha polaitiúla agus eacnamaíocha, agus na héifeachtaí suaiteacha a bhaineann le tarraingt siar Ballstáit as AE, ar éifeachtaí iad laistigh agus ar fud na mBallstáit agus go hidirnáisiúnta;

47. á iarraidh an athuair go ndéanfar machnamh domhain ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, agus ar a tionchar ar thodhchaí AE; ag creidiúint gur cheart, le machnamh den sórt sin, idirphlé oscailte agus fairsingithe a áirithiú maidir leis na hathchóirithe atá de dhíth ar an Aontas chun an daonlathas agus an cumas chun freastal ar riachtanais agus ionchais na saoránach a atreisiú; á mheabhrú, chun na críche sin, próiseas machnaimh an Aontais a bhí gan fasach maidir lena bhfuil i ndán dó faoi chuimsiú na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil an tsochaí shibhialta agus ionadaithe eagraíochtaí um chearta na saoránach páirteach sa mhéid sin;

48. á chreidiúint gurb é freagracht agus ról an Aontais agus a Bhallstát níos mó a dhéanamh chun próiseas lánpháirtíochta na hEorpa a chaomhnú, chun luachanna agus prionsabail Eorpacha a chosaint, lena n-áirítear prionsabal an chomhair dhílis, agus chun tarraingt siar eile ón Aontas a sheachaint; á chur in iúl gurb oth léi, sa chomhthéacs sin, srianadh agus rannpháirtíocht theoranta Pharlaimint na hEorpa agus a coistí roimh an reifreann sa Ríocht Aontaithe, a d'fhág saoránaigh na Ríochta Aontaithe, a bhí ina saoránaigh den Aontas ag an am, gan rochtain iomlán a bheith acu ar fhaisnéis maidir le feidhmiú AE agus na himpleachtaí a bheadh ag an tarraingt siar; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart coimircí a bhunú chun a áirithiú go gceadófaí do na saoránaigh lena mbaineann cinneadh eolasach a dhéanamh trí dhíospóireacht phoiblí sula dtabharfadh Ballstát faoi Airteagal 50 CAE a thionscnamh; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an Aontas Eorpach faisnéis fhorleathan a sholáthar go comhsheasmhach do shaoránaigh AE maidir le feidhmiú an Aontais

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

Eorpaigh, a réimsí gníomhaíochta, a phróisis chinnteoireachta, cearta shaoránaigh AE agus na hiarmhairtí a bhaineann le AE a fhágáil; á mheas, chun na críche sin, go dtugtar deis leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa d'idirphlé feabhsaithe leis na saoránaigh agus leis an tsochaí shibhialta maidir leis an Aontas Eorpach agus conas ba cheart é a fhorbairt; á mholadh don Choimisiún togra a chur chun cinn lena gceadófar do pháirtithe polaitiúla Eorpacha maoiniú a dhéanamh ar fheachtais reifrinn a bhaineann le cur chun feidhme CAE nó CFAE;

o

o o

49. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

P9_TA(2022)0034

# Cur chun feidhme an Séú Treoir CBL

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 maidir le cur chun feidhme an Séú Treoir CBL: cad atá in easnamh chun bearna CBL san Aontas a laghdú? (2020/2263(INI))**

(2022/C 342/10)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint d'Airteagail 4 agus 14 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

— ag féachaint d'Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

— ag féachaint don Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 dar teideal *The harmonisation of the laws of the Member States relating to turnover taxes – Common system of value added tax:* [Comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais – Comhchóras cánach breisluacha:] *uniform basis of assessment* [bonn aonfhoirmeach measúnaithe] ([1]) (an Séú Treoir CBL),

— ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ([2]) (Treoir CBL),

— ag féachaint do Threoir (AE) 2017/2455 ón gComhairle an 5 Nollaig 2017 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE agus Treoir 2009/132/CE maidir le hoibleagáidí cánach breisluacha áirithe i gcás soláthairtí seirbhísí agus ciandíolacháin earraí ([3]),

— ag féachaint do Threoir (AE) 2018/1910 ón gComhairle an 4 Nollaig 2018 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir le rialacha áirithe sa chóras cánach breisluacha a chomhchuibhiú agus a shimpliú chun cáin a ghearradh ar thrádáil idir na Ballstáit ([4]),

— ag féachaint do Threoir (AE) 2019/1995 ón gComhairle an 21 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir le forálacha a bhaineann le ciandíolacháin earraí agus soláthairtí áirithe intíre earraí ([5]),

— ag féachaint do Threoir (AE) 2020/285 ón gComhairle an 18 Feabhra 2020 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a mhéid a bhaineann leis an scéim speisialta d'fhiontair bheaga, agus do Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis an gcomhar riaracháin agus leis an malartú faisnéise chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na scéime speisialta d'fhiontair bheaga ([6]),

— ag féachaint do Threoir (AE) 2020/284 ón gComhairle an 18 Feabhra 2020 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe a thabhairt isteach le haghaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta ([7]),

— ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle an 15 Márta 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme le haghaidh Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ([8]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/2454 ón gComhairle an 5 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 maidir le comhar riaracháin agus an comhrac in aghaidh na calaoise i réimse na cánach breisluacha ([9]),

---

([1]) IO L 145, 13.6.1977, lch. 1.
([2]) IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.
([3]) IO L 348, 29.12.2017, lch. 7.
([4]) IO L 311, 7.12.2018, lch. 3.
([5]) IO L 310, 2.12.2019, lch. 1.
([6]) IO L 62, 2.3.2020, lch. 13.
([7]) IO L 62, 2.3.2020, lch. 7.
([8]) IO L 77, 23.3.2011, lch. 1.
([9]) IO L 348, 29.12.2017, lch. 1.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

— ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2459 ón gComhairle an 5 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ([10]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1541 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 agus Rialachán (AE) 2017/2454 a mhéid a bhaineann le bearta chun comhar riaracháin i réimse na cánach breisluacha a neartú ([11]),

— ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2026 ón gComhairle an 21 Samhain 2019 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 maidir le soláthairtí earraí nó seirbhísí a éascaítear le comhéadain leictreonacha agus leis na scéimeanna speisialta do dhaoine inchánacha a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine neamh-inchánacha, a dhéanann ciandíolacháin earraí agus soláthairtí earraí intíre áirithe ([12]),

— ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/194 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2020 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle, a mhéid a bhaineann leis na scéimeanna speisialta do dhaoine inchánacha a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine neamh-inchánacha, a dhéanann ciandíolacháin earraí agus soláthairtí earraí intíre áirithe ([13]), a bhaineann leis an bpacáiste r-thráchtála CBL,

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an clár "Fiscalis" chun comhar a dhéanamh i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2013 ([14]),

— ag féachaint do thogra le haghaidh treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir le rátaí cánach breisluacha (COM(2018)0020),

— ag féachaint do thogra le haghaidh treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a mhéid a bhaineann leis an scéim speisialta d'fhiontair bheaga (COM(2018)0021),

— ag féachaint do thogra le haghaidh treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla mionsonraithe a thabhairt isteach chun an córas cinntitheach CBL a fheidhmiú maidir le cáin a ghearradh ar thrádáil idir Ballstáit (COM(2018)0329) ([15]),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2011 dar teideal *The future of VAT: Towards a simpler, more robust and efficient VAT system tailored to the single market* (COM(2011)0851) [Todhchaí CBL: Ionsar chóras CBL níos simplí, níos láidre agus níos éifeachtúla agus atá saincheaptha don mhargadh aonair],

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2017 dar teideal *On the follow-up to the Action Plan on VAT: Towards a single EU VAT area – Time to act* (COM(2017)0566) [Maidir leis an obair leantach ar an bPlean Gníomhaíochta CBL: Ionsar limistéar aonair CBL san Aontas Eorpach – An t-am chun gníomhú],

— ag féachaint do phlean gníomhaíochta an Choimisiúin an 7 Aibreán 2016 dar teideal *Towards a single EU VAT area – Time to decide* (COM(2016)0148) [Ionsar limistéar CBL aonair san Aontas Eorpach – An t-am le cinneadh a dhéanamh],

— ag féachaint dá seasamh an 12 Feabhra 2019 maidir leis an togra le haghaidh treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla mionsonraithe a thabhairt isteach chun an córas cinntitheach CBL a fheidhmiú maidir le cáin a ghearradh ar thrádáil idir na Ballstáit ([16]),

---

([10]) IO L 348, 29.12.2017, lch. 32.
([11]) IO L 259, 16.10.2018, lch. 1.
([12]) IO L 313, 4.12.2019, lch. 14.
([13]) IO L 40, 13.2.2020, lch. 114.
([14]) IO L 188, 28.5.2021, lch. 1.
([15]) Teacht i bhfeidhm curtha siar go dtí an 1 Iúil 2022.
([16]) IO C 449, 23.12.2020, lch. 295.

— ag féachaint dá seasamh an 10 Márta 2021 ar an togra le haghaidh treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/16/AE ón gComhairle maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais ([17]),

— ag féachaint dá seasamh an 19 Bealtaine 2021 maidir leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár "Fiscalis" chun comhar a dhéanamh i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2013(06116/1/2021 – C9-0179/2021 – 2018/0233(COD)) ([18]),

— ag féachaint do rún uaithi an 13 Deireadh Fómhair 2011 maidir le todhchaí CBL ([19]),

— ag féachaint do rún uaithi an 24 Samhain 2016 dar teideal "I dtreo córas cinntitheach CBL agus calaois CBL a chomhrac" ([20]),

— ag féachaint do rún uaithi an 26 Márta 2019 maidir le coireanna airgeadais, imghabháil cánach agus seachaint cánach ([21]),

— ag féachaint do rún uaithi an 20 Bealtaine 2021 dar teideal "Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú: deireadh a chur le bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh agus úsáid na hintleachta saorga (IS) a fheabhsú do thomhaltóirí na hEorpa" ([22]),

— ag féachaint do rún uaithi an 16 Meán Fómhair 2021 dar teideal "Cur chun feidhme cheanglais an Aontais le haghaidh faisnéis chánach a mhalartú: dul chun cinn, ceachtanna a foghlaimíodh agus bacainní le sárú" ([23]),

— ag féachaint do staidéar an 30 Lúnasa 2021 dar teideal *VAT gap, reduced VAT rates and their impact on compliance costs for businesses and on consumers* [An bhearna CBL, rátaí laghdaithe CBL agus a dtionchar ar chostais chomhlíonta do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí] arna dhréachtú ag DIW Econ agus arna fhoilsiú ag Ard-Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Taighde Pharlaimintigh i bParlaimint na hEorpa,

— ag féachaint do Thuairim Uimh. 11/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (arna eisiúint de bhun Airteagal 287(4) agus Airteagal 322(2) CFAE) an 11 Nollaig 2020 maidir le dréacht-Rialachán (AE, Euratom) ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 maidir leis na socruithe aonfhoirmeacha cinntitheacha chun acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a bhailiú,

— ag féachaint do thuarascáil speisialta Uimh. 12/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 16 Iúil 2019 dar teideal *E-commerce: many of the challenges of collecting VAT and customs duties remain to be resolved* [R-thráchtáil: tá go leor de na dúshláin a bhaineann le bailiú CBL agus dleachtanna custaim fós le réiteach],

— ag féachaint don chomhairliúchán poiblí a raibh teacht air ón 8 Feabhra 2021 go dtí an 3 Bealtaine 2021 dar teideal *VAT rules for financial and insurance services – review* [Rialacha CBL maidir le seirbhísí airgeadais agus árachais – athbhreithniú],

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta, mar aon le hAirteagal 1(1)(e) agus d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann le cinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 12 Nollaig 2002 maidir leis an nós imeachta i gcomhair údarú a dheonú chun tuarascálacha féintionscnaimh a tharraingt suas,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0355/2021),

---

([17]) IO C 474, 24.11.2021, lch. 182.
([18]) IO C 15, 12.1.2022, lch. 270.
([19]) IO C 94 E, 3.4.2013, lch. 5.
([20]) IO C 224, 27.6.2018, lch. 107.
([21]) IO C 108, 26.3.2021, lch. 8.
([22]) IO C 15, 12.1.2022, lch. 204.
([23]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0392.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

A. de bhrí gur ghlac an Chomhairle an Séú Treoir CBL in 1977 leis an aidhm bonn aonfhoirmeach cánach a bhaint amach faoina mbeadh rátaí comhchuibhithe le leagan amach; de bhrí, ag an am sin, go raibh glactha cheana féin ag na Ballstáit uile le córas cánach breisluacha i gcomhréir leis an gcéad ([24]) Treoir agus leis an dara ([25]) Treoir ón gComhairle an 11 Aibreán 1967 maidir le comhchuibhiú reachtaíocht na mBallstát i dtaca le cánacha láimhdeachais; de bhrí gur chinn na Ballstáit idirthréimhse a chur i bhfeidhm faoina bhféadfaí an méid sin a bhaint amach, idirthréimhse ar cuireadh síneadh léi ó shin;

B. de bhrí go ndéantar an Séú Treoir CBL a athmhúnlú agus a aisghairm le Treoir CBL ar mhaithe le soiléireacht níos fearr; de bhrí go bhforáiltear leis an treoir seo go gcuirfear córas cinntitheach bunaithe ar chánachas sa Bhallstát tionscnaimh in ionad na rialacha idirthréimhseacha; de bhrí go bhfuil an córas idirthréimhseach casta, lochtach agus go bhfuil sé i mbaol calaoise ó thaobh struchtúir de;

C. de bhrí go bhfuil gach Ballstát freagrach go príomha as CBL a bhailiú;

D. de bhrí gur tionscnaíodh athbhreithniú suntasach in 2013 chun córas cinntitheach bunaithe ar phrionsabal na tíre cinn scríbe a thabhairt isteach, rud a d'fhágfadh nach mbeadh sé chomh leochaileach céanna ó thaobh calaoise de ([26]); de bhrí go dtugtar le tuiscint le prionsabal na tíre cinn scríbe go seoltar CBL chuig Ballstát an tomhaltais deiridh;

E. de bhrí, an 25 Bealtaine 2018, gur glacadh togra le haghaidh treorach lenar tugadh isteach bearta mionsonraithe do chóras cinntitheach CBL le haghaidh trádáil gnólacht le gnólacht in earraí laistigh de AE agus lenar cuireadh deireadh leis an gcóras "idirthréimhseach" ([27]); de bhrí gur ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ina taobh an 12 Feabhra 2019; de bhrí nach bhfuil seasamh glactha ag an gComhairle fós; de bhrí go bhfuil an bac seo ar chinneadh a dhéanamh ag cur moill ar chinntí tábhachtacha maidir le CBL a oiriúnú do na dúshláin a bheidh romhainn le linn théarnamh gheilleagar AE agus de bhrí go gciallaítear leis an easpa gníomhaíochta gur ann do bhealaí éalaithe atá fós gan dúnadh a d'fhéadfadh ligean don bhearna CBL méadú tuilleadh;

F. de bhrí go ndearnadh an bhearna CBL in AE a laghdú ó 20 % in 2009 go 10 % in 2019 agus gur léirigh na réamh-mheastacháin ag an am go bhféadfadh an bhearna titim faoi bhun EUR 130 billiún; de bhrí, i ngeall ar an bpaindéim agus ar na héifeachtaí socheacnamaíocha a bhain léi, gur aisiompaíodh an treocht sin in 2020; de bhrí go meastar gurb ionann an caillteanas agus EUR 164 billiún, agus go bhfuil aon trian de i seilbh calaoiseoirí agus líonraí coireachta eagraithe; de bhrí go bhféadfadh na caillteanais sin a bheith cothrom le bearna CBL de 13,7 %; de bhrí go n-éilítear roghanna beartais straitéiseacha leis an gcás seo;

G. de bhrí, de réir Thuarascáil Deiridh 2020 an 10 Meán Fómhair 2020 den "Staidéar agus de na Tuarascálacha maidir leis an mBearna CBL i mBallstáit AE-28" a ullmhaíodh don Choimisiún, go bhfuil an bhearna CBL sna Ballstáit an-éagsúil, ó níos lú ná 1 % go dtí níos mó ná 33 %;

H. de bhrí go ndéantar dochar leis an gcaillteanas sin do bhuiséad AE (is é CBL an dara hacmhainn dhílis atá ag AE), do na buiséid náisiúnta, do ghnólachtaí agus do dhaoine a bhfuil cónaí orthu in AE;

I. de bhrí go bhfuil sé mar aidhm ag an gclár Fiscalis do 2021-2027, ag a bhfuil buiséad EUR 269 milliún, an éagóir chánach a chomhrac trí chabhrú leis na húdaráis chánach náisiúnta comhoibriú níos fearr chun calaois chánach, imghabháil cánach agus pleanáil ionsaitheach chánach a chomhrac; de bhrí go raibh tabhairt isteach EUR 591 mhilliún in ioncam do AE leis an gclár a bhí ann roimhe sin;

J. de bhrí, chun go mbeidh ardán shaineolaithe frithchalaoise na mBallstát, a cuireadh ar bun in 2020, éifeachtach, ní foláir é a neartú agus acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil dó chun anailísí riosca comhpháirteacha a dhéanamh, imscrúduithe a chomhordú agus comhoibriú leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), le Europol agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, go háirithe d'fhonn calaois CBL a imscrúdú; de bhrí go bhféadfadh córas rátaí difreáilte CBL agus costais arda chomhlíonta calaois a mhéadú;

---

([24]) IO 71, 14.4.1967, lch. 1301.
([25]) IO 71, 14.4.1967, lch. 1303.
([26]) Mar a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le limistéar aonair CBL an Aontais Eorpaigh.
([27]) COM(2018)0329.

K. de bhrí go ndírítear le Tuairim Uimh. 11/2020 ón gCúirt Iniúchóirí ar mhodh nua atá beartaithe chun an acmhainn dhílis atá bunaithe ar CBL a ríomh; de bhrí go luaitear sa tuairim go ndéantar "ríomh acmhainní dílse na mBallstát atá bunaithe ar CBL a shimpliú go suntasach leis an togra i gcomparáid leis an gcóras reatha" ach gur "sainaithníodh ann an riosca nach mbeadh an Meánráta Ualaithe ilbhliantúil cinntitheach ionadaíoch do na Ballstáit uile";

L. de bhrí gur éilíodh iarrachtaí suntasacha fioscacha agus buiséadacha ó rialtais na mBallstát leis an ngéarchéim shocheacnamaíoch a tháinig as paindéim COVID-19, lena n-áirítear i bhfoirm cúnamh do ghnólachtaí;

M. de bhrí gurbh ionann an acmhainn dhílis bunaithe ar CBL agus 11 % de bhuiséad AE in 2019, suim iomlán de EUR 17,8 billiún;

N. de bhrí go bhfuil "plean gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le cánachas cothrom agus simplí a thacaíonn leis an téarnamh" mar chuid de straitéis nua AE chun cánachas a shimpliú agus a oiriúnú do dhigitiú an gheilleagair agus don aistriú glas, agus chun calaois chánach agus imghabháil cánach a chomhrac; de bhrí go sainaithnítear ábhair a bhaineann le CBL mar thosaíochtaí sa phlean gníomhaíochta sin, lena ndírítear ar an gcomhrac i gcoinne calaois CBL agus ar nuachóiriú CBL ar sheirbhísí airgeadais, agus digitiú an gheilleagair á chur san áireamh;

O. de bhrí, ó glacadh an Treoir CBL, go bhfuil seirbhísí airgeadais, cé is moite d'eisceachtaí áirithe, díolmhaithe ó CBL ar an bhforas go bhfuil siad faoi réir cánacha eile (amhail cáin ar phréimheanna árachais);

P. de bhrí go mbailítear CBL, mar cháin indíreach arna bailiú ag na 27 mBallstát uile, faoi roinnt córais náisiúnta éagsúla, agus de bhrí gur féidir dea-chleachtais a bhaineann leo uile a shainaithint agus iad a chur i bhfeidhm d'athchóiriú ar fud AE; de bhrí gur cheart samplaí náisiúnta a mheas mar shamhlacha atá le cur san áireamh agus de bhrí nach foláir don Choimisiún gníomhú mar ardán chun na dea-chleachtais sin a mhalartú; de bhrí gur dea-shampla den sórt sin gurb ea na hathruithe reachtacha náisiúnta a thug Ballstát amháin isteach, lenar cruthaíodh dreasachtaí do thomhaltóirí i dtaobh sonraisc a iarraidh in earnálacha nach furasta cáin a ghearradh orthu;

Q. de bhrí go bhfuil an cuspóir ginearálta maidir le cánachas a dhigitiú ríthábhachtach chun trédhearcacht, simplíocht, cuntasacht agus tuairisciú uathoibrithe a áirithiú, agus go bhfuil sé bunriachtanach le haghaidh córas CBL a bheidh cinntitheach, simplithe agus slán i bhfad na haimsire; de bhrí go raibh paindéim COVID-19 ina spreagadh d'fhorbairt an digitithe i gcás gach idirbheart; de bhrí go bhfuil fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) i gcroílár an phróisis digitithe seo agus gur cheart tacú leo ina leith sin agus an teicneolaíocht agus an fios gnó is déanaí á bhfáil acu;

R. de bhrí go bhfuil CBL comhchuibhithe go leathan ar leibhéal AE agus gur acmhainn dhílis é do bhuiséad AE, agus go bhfuil gá, dá bhrí sin, le comhar leitheadach a bheith ann ar leibhéal AE;

S. de bhrí go n-urramaíonn Parlaimint na hEorpa prionsabal na ceannasachta cánach náisiúnta go hiomlán;

***Rátaí cánach, boinn chánach agus bearnaí CBL sna Ballstáit***

1. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an treocht fhoriomlán dearfach, agus an bhearna CBL ag titim go 10 % in 2019 ó 20 % in 2009 sna Ballstáit, rud a thugann le tuiscint go bhfuil meath ag teacht ar chalaois CBL in AE agus go bhfuil an t-ioncam ó CBL ag dul i méid mar chion den olltáirgeacht intíre;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit anailís agus malartú a dhéanamh ar na dea-chleachtais sna Ballstáit sin ar éirigh leo bearna mhór CBL a sheachaint; ag tacú leis an sprioc i dtaobh réitigh chánach nuálacha a chur ar bun i gcomhréir le réaltachtaí nua eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil;

3. ag tabhairt dá haire, go bhféadfadh athchóiriú cánach atá neodrach ó thaobh ioncaim de, an ráta caighdeánach CBL ar an meán a laghdú seacht bpointe céatadáin in AE-27, chomh maith le costais chomhlíonta a laghdú; á thabhairt chun suntais, de réir na meastachán sin, go bhfuil méid an laghdaithe éagsúil ó Bhallstát go Ballstát, ó 2 (an Eastóin) go 13 phointe céatadáin (an Ghréig); ag tabhairt dá haire nach é seo an t-aon fhreagra amháin ar an ngá atá ann le dul i ngleic le castacht an chórais cánach; á thabhairt faoi deara go bhféadfadh sé go rachadh ráta caighdeánach CBL níos ísle chun tairbhe do thomhaltóirí, go háirithe do theaghlaigh ar ioncam íseal; ag tabhairt dá haire go bhfuil an deis ag na Ballstáit a fhiosrú cad iad na buntáistí a bhainfeadh le ráta caighdeánach laghdaithe aonair don iomaíocht chóir ina margadh féin;

4. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfuil cuspóir dlisteanach sa tsochaí leis an iliomad rátaí laghdaithe a chur i bhfeidhm, go háirithe chun laghdú a dhéanamh ar chúlchéimniú an chórais CBL agus chun cabhrú le cuspóirí beartais náisiúnta áirithe a bhaint amach, amhail rochtain ar earraí riachtanacha agus ar earnálacha amhail na sláinte agus an bhia, ach go gcuireann sé freisin le castacht agus le deimhneacht an chórais cánach, go ndéantar méadú leis ar costais chomhlíonta agus go bhféadfadh sé calaois a éascú; á chur in iúl go dtuiginn sí go bhféadfadh laghdú ar an bpraghas don tomhaltóir a bheith mar thoradh ar rátaí laghdaithe a chur i bhfeidhm, ach go mbraitheann sé ar roinnt tosca eile; ag tabhairt dá haire, dá bhrí sin, go bhfuil gá le hanailís chríochnúil agus le measúnú tionchair críochnúil a dhéanamh;

5. ag tabhairt dá haire na difríochtaí suntasacha sna rátaí caighdeánacha a chuirtear i bhfeidhm sna Ballstáit agus castacht an chórais dá bharr sin, fiú má tá údar maith leis de bharr córais eacnamaíocha náisiúnta éagsúla; á chur i bhfios go láidir go ngéaraítear ar an gcastacht sin leis na bealaí éagsúla ina gcuirtear rátaí laghdaithe i bhfeidhm, rud atá dlisteanach chun cuspóirí sóisialta agus comhshaoil a shaothrú; á mheabhrú go bhfuil an deis rátaí sárlaghdaithe (i gcúig Bhallstát) nó rátaí páirceála (i gcúig Bhallstát) a chur i bhfeidhm ina gconstaic bhreise ar chomhchóras comhleanúnach agus atá go hiomlán idir-inoibritheach;

6. á chur in iúl go dtuiginn sí go bhfuil an córas ag éirí níos casta i ngeall ar na rátaí éagsúla, ach freisin de bharr díolúintí agus maoluithe, nach foláir dóibh a bheith ina n-eisceachtaí; ag meabhrú chás sonrach chóir neamh-chomhionann na mBallstát a tháinig isteach roimh 1992 agus ina dhiaidh sin, a bhfuil feidhm ag rialacha éagsúla ina leith; á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin i dtograí reachtacha a bheidh ann amach anseo;

7. ag tabhairt dá haire, le fiche bliain anuas, go bhfuil beagnach 200 nós imeachta um shárú maidir le CBL seolta ag an gCoimisiún; á iarraidh ar an gCoimisiún achoimre ar phríomhthorthaí na nósanna imeachta sin a thíolacadh mar bhonn do thograí reachtacha a bheidh ann amach anseo, eadhon maidir le rátaí laghdaithe, díolúintí agus neamh-thrasuí;

8. ag tabhairt dá haire go ndearna paindéim COVID-19 bonn cirt a thabhairt le rialacha eisceachta a bhaineann le CBL, lena dtugtar cruthúnas leis an ngá atá le leibhéal áirithe solúbthachta a bheith ann nuair a thugtar aghaidh ar chúinsí práinneacha nó ar chúinsí gan choinne; ag tathant ar an gCoimisiún an méid sin a chur i gcuntas i dtograí reachtacha maidir le CBL a bheidh ann amach anseo;

9. ag tabhairt faoi deara go n-athraíonn an bhearna CBL i gcomhréir leis an timthriall gnó, agus go mbaineann comhlíonadh cánach ísle le rátaí ardchaighdeáin CBL ar uairibh, le héifeachtúlacht dhlíthiúil agus bhreithiúnach níos ísle, le hinstitiúidí dlíthiúla níos laige, le leibhéil bhraite éillithe níos airde agus le sciar foriomlán an scáthgheilleagair sa gheilleagar i gcoitinne;

10. ag tabhairt dá haire gur cúis bhuartha di nach ndéanann roinnt Ballstát deontais chomhchineáil a dhíolmhú ó CBL go ginearálta, rud a fhágann go scriosann gnólachtaí earraí tomhaltais, go háirithe fillteacha, cé gur féidir díolúine den sórt sin a fháil faoin Treoir CBL atá ann faoi láthair; á iarraidh ar an gCoimisiún treoir a eisiúint do na Ballstáit, lena soiléirítear go mbeidh díolúintí CBL do dheontais chomhchineáil comhoiriúnach le dlí AE atá cheana ann maidir le CBL go dtí go nglacfaidh na Ballstáit togra COM(2018)0020 (Airteagal 98(2)) ón gComhairle;

11. á chur in iúl gur oth léi an easpa sonraí atá ar fáil maidir le difríochtaí réigiúnacha, a d'fhéadfadh a bheith ina shrian mór ar an mbearna CBL a thomhas; á iarraidh ar an gCoimisiún a sheiceáil an bhféadfaí tomhais réigiúnacha ar bhearna CBL a tháirgeadh agus a fhoilsiú mar uirlis luachmhar chun trédhearcacht a fheabhsú agus an bhearna CBL a laghdú;

### *Tionchar réimse leathan na rátaí laghdaithe ar ghnólachtaí*

12. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go gcruthaítear ualaí riaracháin sa bhreis do ghnólachtaí le héagsúlacht na rátaí laghdaithe atá ann faoi láthair; ag tabhairt dá haire go bhfuil idir 1 % agus 4 % de láimhdeachas na gcuideachtaí sna Ballstáit i gceist leis an gcostas iomlán a bhaineann le comhlíonadh CBL; ag tabhairt dá haire gur féidir leis an digitiú cabhrú go mór le costais chomhlíonta do ghnólachtaí a laghdú;

13. ag tabhairt faoi deara go n-íocann FBManna costais chomhlíonta níos airde go comhréireach, ós rud é go bhfuil na costais sin socraithe agus neamhspleách ar mhéid na gcuideachtaí, agus go bhfuil costais arda chomhlíonta ina mbacainn ar iontráil i margadh inmheánach AE; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, dá bhrí sin, gur féidir le córais dhifreáilte CBL laistigh de AE, trádáil laistigh de AE do ghnólachtaí uile, go háirithe do FBManna, a dhídhreasú; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil an fhianaise eimpíreach maidir le héifeachtaí chórais dhifreáilte CBL ar thrádáil idirnáisiúnta neamhchonclúideach, agus i dtaobh an bhféadfadh sé go gcruthófaí éagothroime iomaíochta leo i dtrádáil den chineál sin, go háirithe i ngeall ar chostais arda chomhlíonta, díolúintí agus córais aisíocaíochta easnamhacha:

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

14. ag tabhairt dá haire an acmhainneacht a bhaineann le digitiú chun costais chomhlíonta a laghdú, cé gur minic nach dtagann na sochair sin chun cinn ach amháin san fhadtéarma; á mhaoímh gur dócha go laghdóidh nuálaíochtaí digiteacha ([28]) costais chomhlíonta agus go gcabhróidh siad le trédhearcacht idirbheart tráchtála agus le maorlathas a laghdú; á chur i bhfáth an gá atá le slándáil sonraí, príobháideachas daoine aonair agus rúndacht chorparáide a áirithiú; á áitiú gur gá tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí ar bhealach coimhdeach ([29]) trí chláir AE, agus gur gá tacaíocht a thabhairt do FBManna agus do ghníomhaithe eacnamaíocha leochaileacha eile go háirithe trí oiliúint eagraithe AE maidir leis an aistriú digiteach, chun tairbhe a bhaint as agus rannchuidiú a dhéanamh leis; á chur i bhfáth go rachadh cur chuige ginearálta den sórt sin ionsar dhlús a chur le digitiú fhios gnó agus oibríochtaí FBManna ar bráid chun tairbhe do bhailiú CBL sa deireadh; á thabhairt chun suntais an acmhainneacht a bhaineann le teicneolaíocht mhórleabhar dáilte chun calaois CBL a chosc – e.g. calaois laistigh den chomhphobal atá ar iarraidh – agus á chur in iúl go bhfuil sí ag dréim leis an togra reachtach chun oibleagáidí tuairiscithe CBL a nuachóiriú; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, tionscnamh a chur i dtoll a chéile lena ndíreofar ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte a bheith á cur i bhfeidhm go héasca ag trádálaithe agus ar laghduithe sa mhaorlathas;

15. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, ar mhaithe le trádáil a éascú agus deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú sa mhargadh inmheánach, gur cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, feabhas a chur ar bhunachar sonraí Cánacha san Eoraip, tairseach faisnéise gréasáin CBL AE do ghnólachtaí; á chur i bhfáth gur cheart go gcuirfí ar fáil leis an tairseach rochtain mhear, a bheadh cothrom le dáta agus cruinn ar fhaisnéis ábhartha maidir le cur chun feidhme an chórais CBL sna Ballstáit éagsúla, agus go háirithe maidir le rátaí cearta CBL d'earraí agus do sheirbhísí éagsúla sna Ballstáit éagsúla, agus na coinníollacha do CBL ar ráta nialasach; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh an tairseach sin cabhrú le haghaidh a thabhairt ar an mbearna CBL atá ann faoi láthair; ag moladh go ndéanfar Ionad Ilfhreastail AE a thabhairt isteach ar thairseach faisnéise gréasáin CBL AE;

16. á chur i bhfios gur sampla de nuálaíocht dhigiteach gurb ea Ionad Ilfhreastail AE lena lamhálfar do ghnólachtaí AE a mbillí CBL agus costais chomhlíonta, dá bhrí sin, a shimpliú i réimse na ndíolachán r-thráchtála laistigh de AE; ag tabhairt dá haire go dtéann laghdú den sórt sin ar chostais chomhlíonta chun tairbhe do FBManna go háirithe; ag tabhairt dá haire toilteanas an Choimisiúin leasú ar Threoir CBL a mholadh, do 2022/2023, d'fhonn raon feidhme Ionad Ilfhreastail CBL a leathnú tuilleadh; á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint conas raon feidhme an Ionaid Ilfhreastail a leathnú;

17. á iarraidh ar na Ballstáit an comhar eatarthu féin a mhéadú agus a fheabhsú agus an tacar rialacha maidir le malartú sonraí íocaíochta CBL a chur i bhfeidhm go críochnúil chun éascu a dhéanamh ar chalaois chánach a bhrath in idirbhearta r-thráchtála trasteorann, a glacadh i mí Feabhra 2020;

18. ag tabhairt dá haire go bhfuil teicneolaíochtaí nua á n-úsáid cheana ag na Ballstáit chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht na seiceálacha ar cheannacháin intíre chun críoch cánach; á chur in iúl go dtuiginn sí nach foláir na bearta náisiúnta sin a chur i gcuntas in aon athchóiriú ar chóras CBL mar dhea-chleachtais a bheidh le breithniú; á chur in iúl go bhfuil sí ar son tuilleadh comhordaithe idir na Ballstáit ina leith sin, chun idirbhearta trasteorann a éascú, d'uireasa costais iomarcacha d'oibreoirí agus do thomhaltóirí; á iarraidh ar an gCoimisiún tograí nithiúla a thíolacadh chun córas malartaithe faisnéise maidir le hidirbhearta CBL laistigh den Aontas a chur chun cinn ar bhonn níos mire agus chun go mbeidh sé idir-inoibritheach le sásraí náisiúnta; á chur in iúl go bhfuil sí ar son r-shonrascú a leathnú agus á iarraidh go dtabharfar isteach caighdeán r-shonrascaithe AE lena gcomhchuibheofar, go háirithe, an fhaisnéis atá sa r-shonrasc ar mhaithe leis an idir-inoibritheacht trasteorann a éascú, comhlíonadh dlíthiúil a áirithiú, trédhearcacht in idirbhearta tráchtála a mhéadú agus calaois agus earráidí, dá bhrí sin, a theorannú;

19. á chur i bhfios go láidir a phráinní atá sé dul i ngleic leis an gcalaois trasteorann CBL agus leis an gcalaois rothlach trí shásraí éifeachtúla malartaithe faisnéise agus modhanna leormhaithe (idir daonnúla, airgeadais, teicniúla agus teicneolaíochta) a chur chun feidhme go cuí do na húdaráis náisiúnta agus d'údaráis eile amhail OLAF; á chur i bhfáth rannchuidiú luachmhar na n-eagraíochtaí amhail Eurofisc; ag meabhrú ról na soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus an gá atá le hardchaighdeáin tuairiscithe maidir le CBL a ráthú; á mheas go bhfuil gá le staidéar tionchair a fháil ón gCoimisiún chun measúnú a dhéanamh ar thabhairt isteach sásra aistrithe táillí ginearálaithe i roinnt Ballstát tar éis chur chun feidhme na

([28]) Amhail intleacht shaorga, mórshonraí agus teicneolaíocht bhlocshlabhra.

([29]) Ciallaítear leis sin gur ó na Ballstáit ar dtús agus ó AE ina dhiaidh sin a thagann an tacaíocht.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

Treorach ón gComhairle maidir le sásra aistrithe táillí ginearálaithe a chur i bhfeidhm go sealadach i ndáil le soláthairtí earraí agus seirbhísí atá os cionn tairseach áirithe ([30]), chun calaois an trádálaí atá ar iarraidh laistigh den Chomhphobal a chomhrac, agus measúnú a dhéanamh, go háirithe, ar a tionchar ar an gcomhrac i gcoinne chineálacha uile calaoise CBL agus ar na hiarmhairtí ar chostais chomhlíonta gnólachtaí;

20. ag tabhairt faoi deara go bhféadfadh an réimse leathan rátaí a bheith ina chúis le saobhadh praghsanna sa mhargadh inmheánach, lena gcruthófar dreasachtaí do cheannacháin trasteorann; ag tabhairt dá haire go háirithe, go gcruthaítear dreasacht le héagsúlú rátaí CBL chun dúshaothrú a dhéanamh ar dhifríochtaí praghais ar fud tíortha trí thomhaltas a aistriú chuig Ballstáit ina bhfuil rátaí CBL níos ísle agus trí bhailiú ioncaim ag rialtais a shaobhadh;

21. á mheabhrú go bhfuil gá ag cuideachtaí le rochtain shimplithe agus láraithe ar fhaisnéis maidir le rátaí, le rátaí cearta CBL d'earraí agus do sheirbhísí éagsúla sna Ballstáit éagsúla, agus le coinníollacha le haghaidh CBL ar ráta nialasach, mar aon le rialacha CBL atá soiléir agus gan débhrí chun gnó trasteorann a spreagadh agus a n-ualaigh riaracháin a laghdú; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, an modh simplithe agus digitithe chun clárú, trí thairseach ar líne, do scéim CBL do ghnólachtaí beaga atá i mbun gníomhaíochtaí trasteorann, lena laghdaítear na costais agus na hualaí riaracháin; ag tabhairt dá haire go mbaineann 26 as na 27 mBallstát úsáid as rátaí laghdaithe mar chuid dhílis dá mbeartais chánach agus shóisialta; á mheabhrú go spreagfadh tairseach choiteann faisnéise gréasáin maidir le cur chun feidhme chórais CBL i mBallstáit éagsúla gnó trasteorann agus go laghdófaí ualaí riaracháin cuideachtaí;

22. á chur in iúl gur geal léi an treocht dhearfach atá ann costais chomhlíonta a laghdú trí dhigitiú leanúnach na ngnólachtaí agus an riaracháin phoiblí; ag tabhairt dá haire gur tháinig laghdú ó 230 uair an chloig go 162 uair an chloig ar an méid ama atá riachtanach i gcomhair comhlíonadh cánach i dtíortha ECFE idir 2006 agus 2020, i ngeall ar chórais ríomhchomhdaithe agus íocaíochta a ghlacadh go príomha ([31]);

23. á chur i bhfáth go bhfuil córas CBL atá dea-dheartha neodrach agus nár cheart dó difear a dhéanamh do thrádáil, ach i gcleachtas is deacair an prionsabal sin a fhíorú ar an leibhéal domhanda i bhfianaise chur i bhfeidhm dhíolúintí CBL, neamhéifeachtúlacht na gcóras aisíocaíochta agus an réimse leathan rátaí as a n-eascraíonn costais chomhlíonta níos airde; á mheabhrú go rannchuidíonn córas éifeachtach CBL leis an gcomhrac i gcoinne na himghabhála cánach agus an íoslaghdaithe cánach; á chur i bhfáth go bhfuil líon méadaitheach FBManna toilteanach trádáil a dhéanamh ar fud AE, go háirithe trí idirbhearta ar líne, agus gur cheart córas CBL AE a bheith dírithe ar fhás trasteorann a éascú;

24. ag tabhairt dá haire go léirítear leis an bhfianaise eimpíreach go bhfuil an córas atá ann faoi láthair do rátaí iolracha CBL cúlchéimnitheach sna Ballstáit nuair a dhéantar é a thomhas mar chéatadán den ioncam indiúscartha, ach gur gnách leis a bheith comhréireach nó forásach de bheagán i bhformhór na mBallstát nuair a dhéantar é a thomhas mar chéatadán caiteachais; ag tabhairt dá haire, nuair a dhéantar iad a thomhas ó thaobh caiteachais de, go gcabhraíonn rátaí laghdaithe agus nialasacha CBL atá cheana ann le CBL a dhéanamh níos forásaí i gcomparáid le córais CBL ar ráta aonair; ag tabhairt dá haire, anuas air sin, go léirítear leis an bhfianaise nach ndéantar CBL níos forásaí ach amháin trí rátaí CBL a laghdaítear leis an aidhm tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh ar ioncam íseal (amhail rátaí laghdaithe ar bhia); á iarraidh ar na Ballstáit, agus rátaí laghdaithe CBL á gcur chun feidhme acu, déanamh amhlaidh agus é mar aidhm shonrach acu tacú le teaghlaigh ar ioncam níos ísle;

25. á chur i bhfáth gur cheart cead a thabhairt do na Ballstáit rátaí CBL nialasacha a chur i bhfeidhm maidir le hearraí riachtanacha;

***Tionchar rátaí laghdaithe CBL ar thomhaltóirí agus cuspóirí sóisialta agus comhshaoil***

26. ag tabhairt faoi deara nach é cur i bhfeidhm rátaí laghdaithe is siocair go córasach le laghdaithe buana ar phraghsanna a bheith ann don tomhaltóir agus go mbraitheann éifeachtúlacht an ráta laghdaithe ar roinnt tosca, amhail a mhéid a chuireann gnólachtaí ar aghaidh iad chuig tomhaltóirí, fad a dtréimhse le himeacht ama, méid an laghdaithe agus castacht an chórais ráta; á chur i bhfáth gur próiseas casta, dá bhrí sin, is ea laghdaithe a chur ar aghaidh ina n-iomláine agus nár cheart tabhairt faoi d'uireasa measúnú tionchair fónta; ag tabhairt dá haire, cé go bhfuil tairbhe chomhréireach ar bhonn níos fearr ag baint le rátaí laghdaithe agus nialasacha CBL do theaghlaigh ar ioncam íseal in AE (arna tomhas mar chion den chaiteachas), is gnách go mbaineann tairbhe níos fearr leo do theaghlaigh ar ardioncam i ndearbhthéarmaí (airgead tirim); ag tabhairt dá haire, dá bhrí sin, nach foláir anailísí fairsinge agus measúnuithe tionchair a dhéanamh chun a áirithiú nach mbeidh feidhm ag laghdaithe ach amháin i gcás inar féidir leo dul chun tairbhe do theaghlaigh ar ioncam íseal;

---

([30]) Treoir (AE) 2018/2057 an 20 Nollaig 2018 ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a mhéid a bhaineann le sásra aistrithe táillí ginearálaithe a chur i bhfeidhm go sealadach i ndáil le soláthairtí earraí agus seirbhísí atá os cionn tairseach áirithe (IO L 329, 27.12.2018, lch. 3).

([31]) Staidéar PwC agus Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda an 26 Samhain 2019 dar teideal *Paying Taxes 2020: The changing landscape of tax policy and administration across 190 economies, p. 27* [Ag Íoc Cánach 2020: Tírdhreach athraitheach an bheartais cánach agus riaracháin ar fud 190 geilleagar, lch. 27].

27. á thabhairt chun suntais gur gnách le rátaí laghdaithe saothrú a dhéanamh ar an gcuspóir dlisteanach lena n-áirithítear go mbeidh rochtain ag cách ar earraí bunriachtanacha; á chur i bhfáth gur gnách le rátaí laghdaithe CBL ar bhunriachtanais (e.g. bia) CBL a dhéanamh níos forásaí; á chur i bhfáth gur féidir le rátaí laghdaithe a bheith níos éifeachtaí i sochaithe ina bhfuil difríochtaí suntasacha ioncaim agus leibhéal ard neamhionannais shóisialta agus eacnamaíoch; ag tabhairt dá haire gur tearc agus débhríoch atá an fhianaise eimpíreach i dtaobh éifeachtacht na rátaí laghdaithe CBL i gcur chun cinn earraí atá inmhianaithe ar bhonn sóisialta nó earraí comhshaoil;

28. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di cineál cúlchéimnitheach na gcánacha tomhaltais; á chur i bhfáth gur cheart CBL a choinneáil ag rátaí ísle ós rud é go gcuireann sé ualach díréireach ar theaghlaigh ar ioncam níos ísle, lena ngéaraítear ar an neamhionannas i ndáileadh an rachmais;

29. ag tabhairt faoi deara gur deacair fós éifeachtacht rátaí laghdaithe CBL i gcur chun cinn earraí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a mheas i ngeall ar easpa fianaise eimpíreach, cé gur féidir tionchair dhearfacha a thomhas i gcásanna áirithe agus de réir samhlacha áirithe; á chur i bhfáth, áfach, chun tomhaltas atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn, gur den ríthábhacht é do na Ballstáit deireadh a chur de réir a chéile le rátaí nialasacha CGL go huile agus le rátaí laghdaithe d'earraí agus do sheirbhísí comhshaoil díobhálacha; á iarraidh ar na Ballstáit deireadh a chur de réir a chéile le rátaí laghdaithe d'earraí agus do sheirbhísí ardtruaillithe faoi 2030 chun cuspóirí aeráide AE a chumhdaítear sa Chomhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach; á iarraidh ar na Ballstáit staidéar a dhéanamh ar chur chun feidhme sásraí cúitimh chun cabhrú le teaghlaigh ar ioncam íseal déileáil leis an laghdú ar ioncam indiúscartha a eascraíonn as rátaí níos airde CBL le haghaidh earraí agus seirbhísí truaillitheacha;

30. á chur i bhfáth, ina leith sin, gur cheart go gcuirfí i gcuntas inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí leis na rátaí laghdaithe; ag tabhairt dá haire gur cheart go gcuirfí i gcuntas cur i bhfeidhm stairiúil agus sealadach na rátaí laghdaithe leis an gcuíchóiriú atá ceaptha chun córas aonfhoirmeach CBL a bhaint amach, ar choinníoll go gcomhlíonfar coinníollacha eile;

31. á chur i bhfáth go dtugtar le tuiscint leis an bhfianaise gur minic le rátaí laghdaithe CBL a bheith ina n-uirlis sách neamhéifeachtach chun cuspóirí sóisialta nó comhshaoil a bhaint amach ós rud é go mbíonn costais shuntasacha ar rialtais mar thoradh leo de bharr mhéid na bearna sna rátaí, ioncaim chánach níos ísle, costais riaracháin mhéadaithe, seiceálacha agus cigireachtaí costasacha, brú ó ionadaithe sóisialta agus eacnamaíocha, costais chomhlíonta, saobhadh eacnamaíoch nó fiú calaois chánach, agus na deacrachtaí a bhaineann le spriocghrúpaí a shroicheadh;

32. ag tabhairt dá haire chun measúnú iomlán a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht rátaí CBL neamhchaighdeánacha, gur gá iad a chur i gcomparáid le hionstraimí beartais malartacha; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur féidir leis na bearta sin a bheith níos éifeachtaí, níos solúbtha, níos infheicthe agus níos éifeachtaí ó thaobh costais de chun na cuspóirí sóisialta agus comhshaoil sin a bhaint amach, má bhaineann rialtais úsáid astu ar bhealach éifeachtúil; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil na hionstraimí sin i gcroílár na ceannasachta cánach náisiúnta agus go n-áirítear iad in inniúlachtaí náisiúnta toisc nach ann d'aon reachtaíocht AE lena ndéantar iad a chomhchuibhiú; á chur i bhfios nach foláir dóibh, mar sin féin, beartas iomaíochta AE a urramú;

33. á chur i bhfáth gur roghanna uile gurb ea córas aonfhoirmeach CBL, in éineacht le hionstraimí beartais malartacha agus le raon na n-athchóirithe sóisialta agus na n-ionstraimí cánach comhshaoil, agus gur fiú iad a fhiosrú agus córas cánach iomlánaíoch éifeachtach, sóisialta agus glas cánach á cheapadh, fad is nach gcuireann siad ualach míchuí ar theaghlaigh ar ioncam íseal; ag tabhairt dá haire go bhfuil córas aonfhoirmeach CBL le bunráta 15 % ag an Nua-Shéalainn agus go gcuirtear creidmheas cánach i bhfeidhm do theaghlaigh ar ioncam íseal; ag tabhairt dá haire nach mbeadh rátaí CBL caighdeánacha níos airde ann mar thoradh ar an iarracht an córas CBL a shimpliú nó a chomhchuibhiú in AE; á chur i bhfios go bhféadfadh fóirdheontais chomhréidh agus feachtais faisnéise a bheith ina rogha chun earraí fiúntais a chur chun cinn;

***Conclúid***

34. á mheabhrú go bhfuil an t-ioncam ó CBL ar cheann de na príomhfhoinsí ioncaim phoiblí is tábhachtaí, agus gurb ionann é ar an meán agus thart ar 21 % den ioncam iomlán ó cháin in AE; ag tabhairt dá haire go bhfuil an bhearna CBL cothrom le 10 % ar an meán agus gur acmhainn dhílis do bhuiséad AE é CBL freisin; á chur i bhfáth go bhféadfaidh ioncam níos lú don airgeadas poiblí a bheith mar thoradh ar aon laghdú ar an mbonn CBL; á iarraidh ar na húdaráis náisiúnta chánach tionscnaimh a chur i gcrích chun an bhearna CBL a laghdú ar mhaithe leis an airgeadas poiblí a fheabhsú, go háirithe i bhfianaise an tsleabhctha eacnamaíoch de shiocair phaindéim COVID-19, agus chun acmhainní dílse AE a mhéadú;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

35. á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta maidir leis an gcomhar idir údaráis chánach na mBallstát le deich mbliana anuas; ag tacú le tuilleadh plé a bheith ann idir na Ballstáit chun an comhar riaracháin a neartú;

36. ag formhuiniú na dtorthaí i staideár DIW Econ, lena gcuirtear i bhfáth gur cuireadh, ar an meán, an ráta caighdeánach i bhfeidhm ar 71 % den bhonn cánach iomlán sna Ballstáit in 2019; á chur i bhfios gur féidir costais chomhlíonta na gcóras CBL éagsúlaithe a laghdú go suntasach trí dhigitiú leanúnach na ngnólachtaí agus na riarachán poiblí; á chur i bhfios go bhfuil gá le measúnú cúramach a dhéanamh ar na costais a bhaineann le córais CBL éagsúlaithe ar ghnólachtaí, go háirithe FBManna, an saobhadh a d'fhéadfadh a bheith mar shiocair leo sa mhargadh inmheánach agus i dtrádáil, agus a dtionchar ar rialtais ó thaobh caillteanas ioncaim de ar mhaithe le córas CBL comhtháite, cothrom agus éifeachtúil a bhaint amach in AE; ag tabhairt dá haire gur gnách le rátaí laghdaithe ar bhunriachtanais (e.g. bia) CBL a dhéanamh níos forásaí agus go mbaineann teaghlaigh ar ioncam íseal tairbhe as rátaí laghdaithe CBL fiú más bealaí iad nach bhfuil chomh héifeachtúil céanna chun cuspóirí dáilte ioncaim nó comhshaoil a bhaint amach;

37. ag tabhairt dá haire gur ann do na deacrachtaí a bhaineann leis an mbearna CBL idir na Ballstáit a laghdú i ngeall ar theaglaim tosca, amhail an gá atá le líon áirithe díolúintí CBL le haghaidh earraí agus seirbhísí áirithe a choimeád agus i ngeall ar thoilteanas na mBallstát rátaí laghdaithe 5 % ar a laghad a choimeád; á aithint gur gá do na Ballstáit an tsolúbthacht a choinneáil chun a gcuid rátaí CBL féin a shocrú i bhfianaise a thábhachtaí atá an cháin sin mar ionstraim bhuiséadach;

38. á iarraidh go ndéanfar córas CBL simplithe agus nuachóirithe a thabhairt isteach ina mbeidh teorainneacha ar dhíolúintí agus ar rátaí neamhchaighdeánacha d'fhonn iomaíochas gnó a bheidh cothrom agus éifeachtúil a chur chun cinn laistigh den mhargadh inmheánach, costais chomhlíonta a laghdú agus comhlíonadh deonach a fheabhsú; ag tabhairt dá haire go mbainfeadh córas simplithe CBL den sórt sin tairbhe fós as Ionad Ilfhreastail chun costais chomhlíonta a laghdú do chuideachtaí AE agus chun borradh a chur faoin trádáil laistigh de AE; ag tabhairt dá haire an togra ó iar-uachtaránacht na Portaingéile ar an gComhairle agus ó uachtaránacht reatha Chomhairle na Slóivéine chun deireadh a chur de réir a chéile le rátaí nialasacha CBL uile agus le rátaí laghdaithe ar earraí agus ar sheirbhísí atá díobhálach don chomhshaol ar leibhéal na mBallstát, amhail breoslaí iontaise, lotnaidicídí ceimiceacha agus leasacháin cheimiceacha; á iarraidh go ndéanfar staidéar ar chur chun feidhme bearta sóisialta do theaghlaigh ar ioncam íseal chun cúiteamh a dhéanamh as an laghdú ar ioncam indiúscartha a eascraíonn as rátaí níos airde CBL le haghaidh earraí agus seirbhísí truaillitheacha; ag tathant ar an Ballstáit an togra le haghaidh treoir athbhreithnithe maidir le rátaí CBL a ghlacadh go mear ([32]);

39. á chur i bhfáth gurb é an teaglaim tosca i ngach Ballstát is cúis go príomha leis an mbearna CBL, amhail bealaí éalaithe reachtacha, easpa acmhainní agus éifeachtúlacht dhigiteach sna riaracháin chánach, neamhéifeachtacht na mbeart forfheidhmithe agus rialaithe, go háirithe na bearta sin atá i gcoinne imghabháil agus seachaint cánach, agus pleanáil ionsaitheach cánach; á iarraidh, ina leith sin, ar na Ballstáit an comhar riaracháin a fheabhsú agus feidhmíocht na n-údarás náisiúnta cánach a fheabhsú; á chur in iúl gur geal léi an uirlis le haghaidh Anailís ar Ghréasáin Idirbheart agus ag tacú le comhar feabhsaithe a bhunú idir comhaltaí Eurofisc chun calaois de chineál rothlach a bhrath go mear; á iarraidh ar an gComhdháil maidir le Todhchaí na hEorpa aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin i gcomhthéacs leasanna airgeadais AE a chosaint;

40. á mheas gur den riachtanas é fiosrú a dhéanamh i dtaobh sonrascú leictreonach a thabhairt isteach ar bhealach níos comhchuibhithe sna Ballstáit uile, sa bhreis ar an úsáid éigeantach atá á baint as sa soláthar poiblí ar fud AE, i bhfianaise go bhfuil sé cruthaithe gur uirlis éifeachtach é chun calaois agus imghabháil a chomhrac sna tíortha inar tugadh isteach é le haghaidh cineálacha eile idirbhearta freisin, agus toisc go bhfuil simpliú méadaithe agus laghdú ar chostais chomhlíonta mar thoradh air;

41. á mheabhrú a thábhachtaí atá neamhspleáchas agus cineál neamhpháirtíoch na Faireachlainne Eorpaí um Cháin, a cruthaíodh ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa; á chur i bhfáth gur uirlis bhunriachtanach é an clár Fiscalis 2021-2027 chun comhar mear agus cuiditheach a áirithiú idir na húdaráis chánach;

42. á mheabhrú nach mór éifeachtacht na rátaí laghdaithe mar uirlis bheartais a mheas i gcónaí i gcomhthéacs sonrach na n-uirlisí beartais eile atá cheana ann; á chur in iúl, thairis sin, gur minic a chomhlánaíonn rátaí laghdaithe na huirlisí beartais shóisialta agus comhshaoil atá cheana ann, agus gur ionstraimí iad dreasachtaí cánach díreacha a dhíríonn níos fearr ar theaghlaigh ar ioncam íseal – e.g. tairseach saor ó cháin agus rátaí cánach forchéimnitheacha – agus go mbíonn siad níos neamhchostasaí go ginearálta, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha eile;

([32]) COM(2018)0020.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

43. á chur i bhfáth an gá atá le dul i dtreo chóras cinntitheach CBL a bheidh bunaithe ar phrionsabal an chánachais sa tír cinn scríbe; ag tathant ar an gComhairle an togra le haghaidh treoir an 25 Bealtaine 2018 (COM(2018)0329) a ghlacadh a luaithe is féidir i bhfianaise a mhéid a chailltear acmhainní buiséadacha náisiúnta agus AE faoin gcóras reatha; á thabhairt chun suntais, ina leith sin, príomhphrionsabail an chórais CBL ionchasaigh le haghaidh cáin trasteorann a ghearradh ar earraí laistigh de AE agus CBL a mhuirearú agus a bhailiú sa Bhallstát cinn scríbe ag an soláthraí;

44. á iarraidh ar an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh ar an tuarascáil sin le tograí nithiúla reachtacha, lena dtabharfar aghaidh ar na hábhair shonracha dá dtagraítear thuas; á iarraidh ar an gComhairle a mhór a dhéanamh den idirphlé agus den chomhar le Parlaimint na hEorpa maidir le hathchóiriú cuí ar an gcóras CBL a shaothrú, agus na tograí sin á gcur san áireamh, mar aon leis an ngá bunúsach atá le gné dhaonlathach na n-athruithe ar bheartas cánachais AE a ráthú;

45. ag tacú leis an togra ón gCúirt Iniúchóirí ([33]) i dtaobh machnamh a dhéanamh ar shásra a chur ar bun lena ndéanfar athbhreithniú ar an meánráta ualaithe ilbhliantúil le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil chun saobhadh ar leibhéal na ranníocaíochtaí bunaithe ar CBL a sheachaint le linn na tréimhse sin má chinneann Ballstát a bheartas CBL a athrú;

46. ag tabhairt dá haire go bhfuil Treoir CBL faoi réir formheas d'aon toil sa Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 113 CFAE;

47. ag meabhrú an fhiúntais a bhaineann le huimhir aitheantais an cháiníocóra mar ionstraim úsáideach chun comhlíonadh agus urramú oibleagáidí cánach a ráthú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit féachaint ar na féidearthachtaí uile a bhaineann le huimhir aitheantais an cháiníocóra mar shásra chun ardchaighdeáin éifeachtúlachta le haghaidh tuairisciú a choimirciú;

48. ag tacú leis an smaoineamh go ndéanfar dearbhú agus íocaíocht CBL a áireamh i leathnú raon feidhme Ionad Ilfhreastail CBL, atá i bhfeidhm ó 2015 i leith; á chur i bhfios go láidir gur gá díriú go sonrach ar oiriúnú an Ionaid Ilfhreastail ag an margadh r-thráchtála, ar margadh é atá ag leathnú;

49. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an gcreat atá ann faoi láthair agus tograí reachtacha nithiúla a mholadh maidir le fíorú a dhéanamh ar idirbhearta trasteorann, nach foláir a atreisiú chun CBL a dhaingniú; á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, an gá atá le haghaidh a thabhairt go sonrach ar na deiseanna a eascraíonn as an úsáid a bhainfear as teicneolaíochtaí digiteacha nua, le hardchaighdeáin cosanta sonraí agus príobháideachais mar chomhthoraí ar chearta cáiníocóirí;

50. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé trasuí iomlán agus cur chun feidhme cuí an phacáiste r-thráchtála CBL a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar staid na himeartha ina leith sin agus tograí nithiúla a thíolacadh chun na rialacha a oiriúnú, i gcás inar gá, agus fás easpónantúil na r-thráchtála á chur san áireamh; ag tabhairt dá haire go bhfuil bearna shuntasach sa bhailiúchán CBL in earnáil na r-thráchtála; á iarraidh ar an gCoimisiún staidéar a dhéanamh ar chonclúidí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an ábhar, ar mhaithe leis an mbearna bailithe a dhúnadh;

51. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé idirphlé níos dlúithe a bheith ann leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta, go háirithe na comhpháirtithe trádála is ábhartha, maidir le CBL; á mheas gur cheart tús a chur leis an gcomhar sin le prionsabal an chomhair riaracháin agus gur cheart é a bheith bunaithe air, chun loighic éifeachtach an mhalartaithe faisnéise a ráthú lenar féidir feabhas a chur ar an gcomhrac i gcoinne scéimeanna as a dtagann calaois nó imghabháil;

52. ag tabhairt dá haire go bhfuil sé de rún ag an gCoimisiún athrú a dhéanamh ar chineál a Choiste CBL agus ar a chuspóirí maidir le coiste coisteolaíochta a bheidh ann sa todhchaí; á chur i bhfios go láidir gur gá brath ar sheasamh Pharlaimint na hEorpa maidir leis an ábhar sin; á mheabhrú gur gá a áirithiú go n-urramófar go hiomlán creat institiúideach AE maidir le cánachas agus gur gá inniúlachtaí a dháileadh maidir le cánachas indíreach;

o

o o

53. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

---

([33]) Tuairim Uimh. 11/2020.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0037

# Cur chun feidhme na Treorach maidir le Sábháilteacht Bréagán

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 maidir le cur chun feidhme Threoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht bréagán (Treoir maidir le Sábháilteacht Bréagán) (2021/2040(INI))**

(2022/C 342/11)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint do Threoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le sábháilteacht bréagán ([1]) (an Treoir maidir le Sábháilteacht Bréagán),

— ag féachaint do mheasúnú an Choimisiúin an 19 Samhain 2020 ar Threoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht bréagán (SWD(2020)0287),

— ag féachaint do Threoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht táirgí go ginearálta ([2]) (GPSD),

— ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 ([3]),

— ag féachaint do Chinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le creat comhchoiteann chun táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle ([4]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 ([6]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) ([7]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 mbunaítear an Clár don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, do réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na beatha, agus don staidreamh Eorpach (Clár an Mhargaidh Aonair) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014, (AE) Uimh. 652/2014 ([8]),

---

([1]) IO L 170, 30.6.2009, lch. 1.
([2]) IO L 11, 15.1.2002, lch. 4.
([3]) IO L 218, 13.8.2008, lch. 30.
([4]) IO L 218, 13.8.2008, lch. 82.
([5]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.
([6]) IO L 169, 25.6.2019, lch. 1.
([7]) IO L 151, 7.6.2019, lch. 15.
([8]) IO L 153, 3.5.2021, lch. 1.

— ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) agus lena gcruthaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún ([9]),

— ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha ([10]),

— ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ([11]),

— ag féachaint do Threoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE ([12]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) ([13]),

— ag féachaint do Threoir 85/374/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir le comhfhogasú fhorálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin na mBallstát a bhaineann le dliteanas i leith táirgí lochtacha ([14]) (an Treoir um Dhliteanas Táirgí),

— ag féachaint do Threoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach ([15]) (Treoir RoHS),

— ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha ([16]) (an Rialachán maidir le Cosmaidí),

— ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus nithe a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia agus lena n-aisghairtear Treoracha 80/590/CEE agus 89/109/CEE ([17]) (an Rialacháin maidir le hÁbhair a Bhíonn i dTadhall le Bia),

— ag féachaint do Threoir 2006/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le ceallraí agus taisc-cheallraí agus ceallraí dramhaíola agus taisc-cheallraí dramhaíola agus lena n-aisghairtear Treoir 91/157/CEE ([18]) (an Treoir maidir le Ceallraí),

— ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ([19]) ("Rialachán CLP"),

---

([9]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.
([10]) IO L 342, 22.12.2009, lch. 59.
([11]) IO L 353, 31.12.2008, lch. 1.
([12]) IO L 153, 22.5.2014, lch. 62.
([13]) IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.
([14]) IO L 210, 7.8.1985, lch. 29.
([15]) IO L 174, 1.7.2011, lch. 88.
([16]) IO L 342, 22.12.2009, lch. 59.
([17]) IO L 338, 13.11.2004, lch. 4.
([18]) IO L 266, 26.9.2006, lch. 1.
([19]) IO L 353, 31.12.2008, lch. 1.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha ([20]) (an Rialachán maidir le POPanna),

— ag féachaint do rún uaithi an 25 Samhain 2020 maidir le sábháilteacht táirgí sa mhargadh aonair ([21]),

— ag féachaint do rún uaithi an 25 Samhain 2020 "I dtreo margadh aonair níos inbhuanaithe do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí" ([22]),

— ag féachaint do rún uaithi an 12 Feabhra 2020 maidir le próisis chinnteoireachta uathoibrithe: cosaint tomhaltóirí agus saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí a áirithiú ([23]),

— ag féachaint do rún uaithi an 12 Nollaig 2018 i ndáil leis an bPacáiste maidir leis an Margadh Aonair Digiteach ([24]),

— ag féachaint do rún uaithi an 4 Iúil 2017 maidir le "Caighdeáin Eorpacha don 21ú aois" ([25]),

— ag féachaint do rún uaithi an 4 Iúil 2017 maidir le saolré níos faide do tháirgí: buntáistí do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí ([26]),

— ag féachaint do rún uaithi an 26 Bealtaine 2016 i ndáil leis an bPacáiste maidir leis an Margadh Aonair Digiteach ([27]),

— ag féachaint do rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2020 ina bhfuil moltaí don Choimisiún maidir leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha: Feidhmiú an Mhargaidh Aonair a fheabhsú ([28]),

— ag féachaint do rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2020 ina bhfuil moltaí don Choimisiún faoi chuimsiú gnéithe eitice den intleacht shaorga, den róbataic agus de theicneolaíochtaí gaolmhara ([29]),

— ag féachaint do rún uaithi an 18 Aibreán 2019 maidir le creat cuimsitheach de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le suaiteoirí inchríneacha ([30]),

— ag féachaint don rún uaithi an 10 Iúil 2020 maidir leis an Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht ([31]),

— ag féachaint d'fhaisnéisiú Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (EPRS) in Aibreán 2021 dar teideal "The EU Toy Safety Directive" (Treoir AE maidir le Sábháilteacht Bréagán'),

— ag féachaint do thogra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (COM(2020)0825),

— ag féachaint do thogra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha comhchuibhithe a leagan síos maidir leis an intleacht shaorga (an Gníomh maidir leis an Intleacht Shaorga) agus gníomhartha reachtacha áirithe de chuid an Aontais a leasú (COM(2021)0206),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Márta 2020 maidir le plean gníomhaíochta fadtéarmach chun rialacha an mhargaidh aonair a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr (COM(2020)0094),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal "Chemicals Strategy for Sustainability. Towards a Toxic-Free Environment" [Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht – i dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí] (COM(2020)0667),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2021 dar teideal "Fostering a European approach to Artificial Intelligence" [Cur chuige Eorpach a chothú maidir leis an Intleacht Shaorga](COM(2021)0205),

---

([20]) IO L 169, 25.6.2019, lch. 45.
([21]) IO C 425, 20.10.2021, lch. 19.
([22]) IO C 425, 20.10.2021, lch. 10.
([23]) IO C 294, 23.7.2021, lch. 14.
([24]) IO C 388, 13.11.2020, lch. 39.
([25]) IO C 334, 19.9.2018, lch. 2.
([26]) IO C 334, 19.9.2018, lch. 60.
([27]) IO C 76, 28.2.2018, lch. 112.
([28]) IO C 404, 6.10.2021, lch. 2.
([29]) IO C 404, 6.10.2021, lch. 63.
([30]) IO C 158, 30.4.2021, lch. 18.
([31]) IO C 371, 15.9.2021, lch. 75.

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Samhain 2020 dar teideal “New Consumer Agenda – Strengthening consumer resilience for sustainable recovery” [“Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip – Athléimneacht thomhaltóirí a neartú ar mhaithe le téarnamh inbhuanaithe”] (COM(2020)0696),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 maidir le straitéis de chuid an Aontais maidir le cearta an linbh (COM(2021)0142),

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 15 Márta 2021 dar teideal “Straitéis Ceimiceán Inbhuanaithe an Aontais: Déanaimis beart de réir briathair”,

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta, mar aon le hAirteagal 1(1)(e) de chinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 12 Nollaig 2002 maidir leis an nós imeachta i gcomhair údarú a dheonú chun tuarascálacha féintionscnaimh a tharraingt suas, agus Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0349/2021),

A. de bhrí gur glacadh an Treoir maidir le Sábháilteacht Bréagán in 2009 chun ardleibhéal sláinte agus sábháilteachta a áirithiú do leanaí agus chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh do bhréagáin a fheabhsú trí bhacainní ar thrádáil bréagán idir na Ballstáit a bhaint;

B. de bhrí go bhfuil creat daingean sábháilteachta bréagán AE ceaptha chun a áirithiú go mbainfidh leanaí taitneamh as an eispéireas is sábháilte is féidir agus go nglactar leis go forleathan mar thagarmharc domhanda;

C. de bhrí go n-aithníonn Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh súgradh mar cheart ag gach leanbh, a bhfuil gach Ballstát den AE ina shínitheoirí air; de bhrí go gcuirtear le forbairt, le sláinte agus le folláine leanaí trí shúgradh agus gur dlúthchuid den fhás aníos é; De bhrí go léiríonn staidéir gur féidir le bréagáin an súgradh a shaibhriú agus leanaí a choinneáil ag súgradh ar feadh tréimhse níos faide;

D. de bhrí gur treoir chomhchuibhithe uasta é an TSD, rud a chiallaíonn nach gceadaítear do Bhallstáit aon cheanglais éagsúla a ghlacadh seachas na ceanglais a fhoráiltear ann; de bhrí go bhfuil na rialacha agus na ceanglais do bhréagáin, in a lán cásanna, níos déine ná na rialacha agus na ceanglais le haghaidh táirgí eile mar gheall ar leochaileacht na dtomhaltóirí a bhfuil siad ceaptha dóibh;

E. de bhrí go mbaineann gníomhaíochtaí trádálaithe bradacha agus díolacháin táirgí neamhchomhlíontacha ar líne an bonn rómhinic ó éifeachtacht TSD an Aontais;

F. de bhrí, in ainneoin easpa sonraí cuimsitheacha maidir lena thionchar iomlán, go bhfuil TSD fós éifeachtach den chuid is mó maidir le saorghluaiseacht bréagán a ráthú sa mhargadh aonair agus de bhrí gur tháinig méadú 10 % ar líon na gcuideachtaí atá ag feidhmiú sa mhargadh ó cuireadh i bhfeidhm go hiomlán TSD ó 2013 go 2017, agus gur tháinig méadú leanúnach ar láimhdeachas thionscal bréagán AE ó tháinig an treoir i bhfeidhm; de bhrí gur FBManna iad 99 % de na cuideachtaí san earnáil agus gur micrifhiontair iad formhór na gcuideachtaí sin;

G. de bhrí go n-éilítear le TSD go bhfuil bréagáin a chuirtear ar fáil ar mhargadh AE sábháilte agus go n-áirithítear ardleibhéal cosanta do leanaí in aghaidh guaiseacha de dheasca substaintí ceimiceacha i mbréagáin; de bhrí go bhféadfadh gá a bheith le hoiriúnú tapa ar cheanglais shonracha agus ar chaighdeáin shonracha má léiríonn na forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha go bhfuil rioscaí agus dúshláin a bhaineann le bréagáin ag teacht chun cinn nach rabhthas ar an eolas fúthu roimhe sin;

H. de bhrí, sa straitéis inbhuanaitheacht ceimiceán, gur leag an Coimisiún béim ar an ngá atá le forálacha a thabhairt isteach nó a threisiú chun comhéifeachtaí ceimiceán a chur san áireamh, lena n-áirítear bréagáin, agus chun cur chuige cineálach na mbréagáin a leathnú chun a áirithiú nach mbeidh ceimiceáin i dtáirgí tomhaltais, bréagáin san áireamh, arb iad is cúis le hailse nó sóchán géinte, a mbíonn tionchar acu ar an gcóras atáirgthe nó ar an gcóras inchríneach, nó atá marthanach agus bithcharnach; de bhrí go gcuireann straitéis na gceimiceán i leith na hinbhuanaitheachta de cheangal ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na rialacha mionsonraithe agus ar an amchlár chun an cur chuige cineálach céanna a leathnú, maidir le táirgí tomhaltais, chun ceimiceáin dhíobhálacha bhreise a chur san áireamh, lena n-áirítear na ceimiceáin sin a dhéanann difear do na córais imdhíonachta, néareolaíocha nó riospráide agus ceimiceáin atá tocsaineach d’orgán sonrach;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

I. de bhrí go bhfuil tábhacht le hinbhuanaitheacht fheabhsaithe ach gur cheart tús áite a thabhairt do shábháilteacht bréagán i gcónaí; de bhrí nár cheart do cheanglais chun inbhuanaitheacht a fheabhsú dochar a dhéanamh don tsábháilteacht;

1. á chur in iúl gur geal léi tuarascáil mheastóireachta an Choimisiúin maidir le TSD, arb é is aidhm léi a fheidhmiú a mheas ó tháinig sí i bhfeidhm;

2. ag aithint breisluach TSD maidir le feabhas a chur ar shábháilteacht leanaí agus leibhéal comhionann cosanta a áirithiú ar fud an mhargaidh aonair, i gcomparáid leis an treoir roimhe seo, agus an ról atá aici maidir le deimhneacht dhlíthiúil agus cothrom iomaíochta a sholáthar do ghnólachtaí; ag cur in iúl gur oth léi nach gcomhlíonann roinnt de na monaróirí neamh-AE atá ag díol a dtáirgí sa mhargadh aonair, go háirithe trí mhargaí ar líne, reachtaíocht AE, agus go bhfuil go leor bréagán a dhíoltar in AE fós ina mbagairt shuntasach ar leanaí;

3. ag aithint ról lárnach atá ag caighdeáin chun gur féidir le monaróirí an Treoir a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go sofhreagrúil, chomh maith le ról na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra maidir le comhlíonadh a áirithiú i gcás nach bhfuil fáil ar chaighdeáin nó nach gcuirtear i bhfeidhm iad; ag cur béim ar an ngá atá ann líon na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra a mhéadú i roinnt réigiún; á thabhairt chun suntais gur cheart go mbeadh caighdeáin oscailte, chuimsitheacha, inbhuanaithe, thrédhearcacha agus ardcháilíochta ag na Ballstáit; á chur i bhfios go láidir gur cheart do chaighdeáin a bheith neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus bunaithe ar fheidhmíocht, lena n-áirithítear dálaí cothroma iomaíochta i measc oibreoirí eacnamaíocha, go háirithe FBManna;

4. ag cur béim ar an ngá atá ann caighdeáin uaillmhianacha a fhorbairt le haghaidh bréagáin oiriúnaitheacha, lena gcuirfear ar chumas leanaí faoi mhíchumas taitneamh a bhaint as bréagáin agus idirghníomhú leo;

5. ag tabhairt dá haire go bhfuil fadhbanna ag roinnt údaráis faireachais margaidh maidir leis na forálacha atá in Airteagal 11 den TSD a fhorfheidhmiú, lena gcuirtear d’oibleagáid ar mhonaróirí rabhaidh ar bhréagáin a mharcáil ar bhealach atá infheicthe go soiléir, soléite, intuigthe agus cruinn; á chur i bhfios go láidir gurb é easpa ceanglas sonraithe agus caighdeán gaolmhar is cúis leis na fadhbanna sin; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, ceanglais shonracha a thabhairt isteach maidir le hinfheictheacht agus inléiteacht rabhadh i leith bréagán, chun a chur ar chumas na mBallstát na ceanglais sin a fhorfheidhmiú ar bhealach aonfhoirmeach;

6. ag aithint gur próiseas duaisiúil é cur chun feidhme agus ullmhúchán do chur i bhfeidhm cuí TSD a théann thar na blianta agus a éilíonn infheistíocht shuntasach airgeadais ó mhonaróirí bréagán na hEorpa; ag cur béim ar a thábhachtaí atá an chobhsaíocht dhlíthiúil chun forbairt chobhsaí a dhéanamh ar ghnólachtaí intíre, go háirithe fiontair teaghlaigh bheaga agus mheánmhéide;

7. ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil neamhréireachtaí fós ann ar gá athbhreithniú a dhéanamh ar TSD ina leith; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, leanúint dá phróiseas meastóireachta agus measúnú tionchair uileghabhálach a dhéanamh chun a sheiceáil ar cheart aghaidh a thabhairt orthu agus conas aghaidh a thabhairt orthu; á chur i bhfáth go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí, go háirithe ó na húdaráis forfheidhmithe dlí, chun a áirithiú go gcuirfidh na hoibreoirí eacnamaíocha ar fad a chuireann bréagáin ar mhargadh an AE diancheanglais sábháilteachta i bhfeidhm; ag cur béim ar an ngá atá ann na dúshláin, na rioscaí sonracha agus an tionchar diúltach ar chuideachtaí a tháirgeann bréagáin chomhlíontacha a chur san áireamh, ar dúshláin iad a eascraíonn as bréagáin neamhchomhlíontacha, neamhshábháilte agus ghóchumtha a dhíol, a thagann ó thíortha nach bhfuil san Aontas den chuid is mó, agus chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí nua;

***Ceimiceáin***

8. ag aithint sholúbhtacht an TSD reatha agus gur de chineál é a sheasfaidh an aimsir a bheag nó a mhór ós rud gur leasaíodh an Treoir 14 uair sa tréimhse 2012-2019 chun oiriúnú don fhianaise eolaíoch nua a léiríonn rioscaí nach rabhthas ar an eolas fúthu roimhe sin do leanaí, go háirithe i réimse na gceimiceán; ag cur in iúl gur cúis imní di, áfach, go bhfuil fadhbanna ann fós a d’fhéadfadh sábháilteacht leanaí a chur i mbaol agus nach féidir iad a réiteach ach go páirteach trí ghníomhartha cur chun feidhme;

9. á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le bréagáin a chuirtear ar mhargadh an Aontais chun cloí le TSD, chomh maith le reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le ceimiceáin, go háirithe Rialachán REACH agus an Treoir RoHS, chomh maith leis an Rialachán maidir le Cosmaidí, an Rialachán maidir le Ábhair Theagmhála Bia, an Treoir maidir le Cadhnraí, an Rialachán maidir le CLP agus an Rialachán maidir le POPanna, gan beann ar an áit a monaraítear iad;

10. á chur i bhfáth go bhféadfadh sé go mbeadh ualach mór ag baint le scaipeadh amach na gceanglas thar roinnt píosaí reachtaíochta agus le foráil a dhéanamh do theorainnluachanna éagsúla, go háirithe le haghaidh FBManna, agus go bhféadfadh sé i gcásanna áirithe gur gá substaintí a thomhas faoi dhó, mar a tharlaíonn i gcás teorainnluachanna ascnaimh agus inneachair; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, breithniú a dhéanamh ar na teorainneacha uile is infheidhme maidir le bréagáin a chomhdhlúthú ar luachanna aonfhoirmeacha, a bhfuil bonn cirt leo trí mheasúnú breise, in aon phíosa reachtaíochta amháin, chun measúnú comhréireachta a shruthlíniú agus chun é a dhéanamh níos éasca agus níos saoráidí na ceanglais a chomhlíonadh; á iarraidh ar an gCoimisiún, ina theannta sin, breithniú a dhéanamh ar rochtain ar fhaisnéis a chuíchóiriú, lena n-áirítear trí thairseach ar líne, chun a bhfuil ag teastáil a shoiléiriú agus d'fhonn nascleanúint na bpíosaí éagsúla reachtaíochta sin a éascú maidir le faireachas margaidh, oibreoirí eacnamaíocha agus tomhaltóirí;

11. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfágann an maolú ón toirmeasc ar cheimiceáin atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh (CMRanna) a leagtar amach in TSD, gur féidir na ceimiceáin sin i gcásanna ar leith a bheith ann i dtiúchain a dhealraíonn a bheith ró-ard chun cosaint leanaí a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú tionchair a dhéanamh d'fhonn anailís a dhéanamh ar ar cheart teorainneacha cineálacha maidir le maolú ar CMRanna sa TSD a laghdú, tar éis na moltaí a rinne an coiste eolaíoch ábhartha, agus a fhiosrú an ceart, i gcomhréir leis an straitéis ceimiceán don inbhuanaitheacht, maolú ó na rialacha maidir le CMRanna a bheith ann nach bhfuil rochtain ag leanaí orthu i mbréagáin a scriosadh agus ar cheart forálacha leordhóthanacha a dhéanamh chun nochtadh leanaí do shubstaintí contúirteacha, tocsaineacha, creimneacha agus greannacha a sheachaint; á iarraidh ar an gCoimisiún nochtadh comhcheangailte leanaí do cheimiceáin chomh maith le héifeachtaí féideartha ísealdáileoige a chur san áireamh;

12. á chur i bhfáth go gcruthaítear neamhréireachtaí nuair a leagtar síos teorainnluachanna níos ísle i mbréagáin do leanaí faoi bhun 36 mí nó a bheartaítear a chur sa bhéal do cheimiceáin amhail nítreasaimíní agus substaintí nítreasáithithe ar an leibhéal náisiúnta i gcomparáid leo siúd atá bunaithe in TSD, fiú nuair a thugann an Coimisiún údar cuí leis; ag tabhairt dá haire, áfach, gur cheart go mbeadh an t-ardleibhéal cosanta céanna ag leanaí uile AE; ag aithint nach féidir an teorainnluach sin a leasú le gníomh cur chun feidhme ach go mbeadh gá le nós imeachta reachtach ina leith; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis an teorainnluach a oiriúnú don luach is déine atá i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta maidir le hathbhreithniú ar TSD, tar éis measúnú tionchair uileghabhálach a dhéanamh, agus foráil a dhéanamh maidir le sásra solúbtha lena mbeifear in ann na teorainnluachanna do shubstaintí ceimiceacha contúirteacha a oiriúnú go tapa agus staid ina socraítear luachanna éagsúla ar an leibhéal náisiúnta a sheachaint, lena n-áiritheofar cothroime iomaíochta sa mhargadh inmheánach a rachaidh chun tairbhe do thomhaltóirí agus d'oibreoirí eacnamaíocha; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá don Pharlaimint le grinnscrúdú domhain a choinneáil ar na gníomhartha cur chun feidhme atá le glacadh chun na críche sin;

13. á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin an cur chuige cineálach riosca maidir le CMRanna a leathnú chuig suaiteoirí inchríneacha, ar bhonn shainmhíniú na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS), agus anailís a dhéanamh sa mheasúnú tionchair ar cheart é a chur i bhfeidhm in athbhreithniú amach anseo ar TSD chun a áirithiú go gcuirfear cosc ar shuaiteoirí inchríneacha i mbréagáin chomh luath agus a shainaithnítear iad, chomh maith le breithniú a dhéanamh ar reachtaíocht chothrománach a thabhairt isteach leis an aidhm sin, mar atá iarrtha ag an bParlaimint agus ag an gComhairle arís is arís eile agus an prionsabal "substaint amháin, measúnú amháin" atá sa straitéis ceimiceán don inbhuanaitheacht á urramú; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis an méid sin, an tiomantas measúnú a dhéanamh ar an gcur chuige sin a leathnú chuig ceimiceáin a dhéanann difear do na córais imdhíonachta, néareolaíocha nó riospráide agus chuig ceimiceáin atá tocsaineach d'orgán sonrach, d'fhonn ardleibhéal cosanta i gcoinne na gceimiceán sin a ráthú chomh maith le freagairt rialála a bheidh oiriúnaithe don todhchaí ar a n-úsáid i mbréagáin a áirithiú, i gcomhréir leis an rún atá ag an gCoimisiún tosaíocht a thabhairt d'úsáidí uile na gceimiceán sin le haghaidh srianta REACH;

14. á chur in iúl gur ábhar imní di nach gcuirtear san áireamh sna forálacha níos déine maidir le ceimiceáin i mbréagáin atá beartaithe do leanaí faoi bhun 36 mhí go bhfuil leanaí aosta fós leochaileach i leith substaintí contúirteacha; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh monaróirí dul timpeall ar na forálacha mar thoradh ar an idirdhealú sin trína léiriú go bhfuil an bréagán ceaptha do leanaí os cionn 36 mhí fiú nuair is léir nach amhlaidh atá; á chur i bhfáth gur léirigh roinnt geallsealbhóirí, an Coimisiún agus na Ballstáit nach leor an t-idirdhealú sin, ós rud é go bhféadfadh sé go gcruthófaí bealaí éalaithe leis agus go bhféadfaí éifeachtacht TSD a theorannú leis, agus gur iarr siad go gcuirfí as an áireamh é; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, anailís a dhéanamh ar an tsaincheist sin laistigh den mheasúnú tionchair don athbhreithniú ar TSD agus i gcomhréir iomlán leis an bhfianaise eolaíoch is déanaí, cinneadh a dhéanamh an gá an t-idirdhealú sin a dhíothú agus teorainnluachanna sonracha a shocrú do cheimiceáin i mbréagáin; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, nuair a thagann fianaise eolaíoch chun solais go bhfuil ceimiceán contúirteach do leanaí, gur cheart a úsáid a shrianadh i mbréagáin agus i ngach táirge a bhaineann le leanaí;

***Faireachas margaidh agus teicneolaíochtaí nua***

15. ag tabhairt dá haire go bhfuil oibleagáid d'údarás inniúil na mBallstát de réir TSD faireachas margaidh a dhéanamh agus aird chuí á thabhairt ar an bprionsabal réamhchúraim, bréagáin ar an margadh a thástáil agus cáipéisíocht na monaróirí a fhíorú d'fhonn bréagáin neamhshábháilte a aistarraingt agus beart a ghlacadh ina gcoinne siúd atá freagrach as

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

iad a chur ar an margadh; á chur in iúl gur ábhar imní di go bhfuil éifeachtacht an fhaireachais margaidh faoi TSD teoranta, cé go leanann sé de bheith ríthábhachtach chun sláinte agus sábháilteacht leanaí atá i mbaol a chosaint, agus go mbaineann sé an bonn ón gcothroime iomaíochta d'oibreoirí eacnamaíocha a chomhlíonann an reachtaíocht, chun leasa trádálaithe bradacha nach gcuireann rialacha AE i bhfeidhm; ag tabhairt dá haire go bhfuil deacrachtaí fós ann maidir le faisnéis agus doiciméadacht a fháil ó roinnt oibreoirí eacnamaíocha;

16. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh Rialachán (AE) 2019/1020, a bhfuil sé d'aidhm aige faireachas margaidh a fheabhsú trí rialuithe na n-údarás náisiúnta a neartú agus a chomhchuibhiú chun a áirithiú go mbeidh táirgí a thagann isteach sa mhargadh aonair, lena n-áirítear bréagáin, sábháilte agus i gcomhréir leis na rialacha, agus á iarraidh ar na Ballstáit é a chur chun feidhme go pras agus acmhainní leordhóthanacha daonna, airgeadais agus teicniúla a sholáthar do na húdaráis chustaim agus ar na húdaráis faireachais margaidh chun líon agus éifeachtacht na rialuithe a mhéadú, ionas gur féidir forfheidhmiú éifeachtach TSD a áirithiú agus cosc a chur ar leathadh bréagán neamhshábháilte agus neamhchomhlíontacha in AE;

17. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/1020 ag na Ballstáit agus tacaíocht ghníomhach a thabhairt do na Ballstáit i bhforfheidhmiú na straitéisí náisiúnta faireachais margaidh; ag tathant ar an gCoimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos tagarmharcanna agus teicnící le haghaidh seiceálacha ar bhonn anailís chomhchoiteann riosca ar leibhéal AE, chun a áirithiú go ndéanfar dlí AE a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach, chun na rialuithe ar tháirgí atá ag teacht isteach i margadh AE a neartú agus éagsúlachtaí a sheachaint agus leibhéal éifeachtach agus aonfhoirmeach na rialuithe sin a bhaint amach. á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear na nósanna imeachta chun saoráidí tástála AE a ainmniú, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2019/1020;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún féidearthachtaí a fhiosrú go leanúnach chun teicneolaíochtaí nua amhail ríomhlipéadú, blocshlabhra agus an intleacht shaorga a úsáid d'fhonn táirgí neamhshábháilte a bhrath, rioscaí a mhaolú agus comhlíonadh TSD a fheabhsú, chomh maith le hobair na n-údarás faireachais margaidh a éascú trí fhaisnéis atá inrochtana, cothrom le dáta, struchtúraithe agus dhigiteach, más féidir, a sholáthar faoi tháirgí agus a n-inrianaitheacht i slabhra an tsoláthair;

19. á athdhearbhú go bhfuil teorainn leis an maoiniú agus leis na hacmhainní daonna, lenar laghdaíodh éifeachtacht agus raon feidhme a lán údarás faireachais margaidh le blianta beaga anuas; á chur in iúl gur díol sásaimh di, ina leith sin, gur glacadh clár an mhargaidh aonair agus gur tugadh isteach cuspóir sonrach, agus líne bhuiséid ar leith agus acmhainní tiomnaithe don fhaireachas margaidh, rud a chuideoidh le tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát chun a áirithiú nach dtiocfaidh ach bréagáin shábháilte agus chomhlíontacha isteach i margadh AE;

20. á chur i bhfios go láidir go bhfuil faireachas éifeachtach margaidh riachtanach chun bréagáin nach bhfuil sábháilte a bhrath agus chun cur i bhfeidhm cuí TSD a áirithiú; á iarraidh ar na Ballstáit, dá bhrí sin, dlús a chur le comhordú a gcuid gníomhaíochtaí faireachais margaidh, lena n-áirítear trí dhea-chleachtais a mhalartú agus a gcórais a dhigitiú, agus comhar idir údaráis faireachais margaidh agus údaráis eile amhail údaráis chustaim, teileachumarsáide agus cosanta sonraí a neartú; á iarraidh ar na húdaráis um fhaireachas margaidh agus ar na húdaráis chustaim, dá bhrí sin, taithí a roinnt go gníomhach agus dlús a chur leis an gcomhordú agus leis an gcomhar eatarthu féin, lena n-áirítear ar an leibhéal trasteorann, ionas gur féidir faisnéis faoi bhréagáin neamhshábháilte a aistriú go tapa agus go bhféadfar deireadh a chur go héifeachtach le hallmhairí bréagán neamhshábháilte; á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach i gcónaí rialuithe leanúnacha agus éifeachtacha a choinneáil ar fud AE ar bhréagáin a thagann isteach sa mhargadh inmheánach chun a áirithiú go gcomhlíonann siad ceanglais AE; á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí comhpháirteacha faireachais margaidh a eagrú agus a mhaoiniú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí oiliúna, chun dlús a chur le forfheidhmiú reachtaíocht an Aontais maidir le bréagáin, agus chun comhoibriú le húdaráis inniúla na dtíortha nach bhfuil in AE chun faisnéis a mhalartú faoi bhréagáin nach bhfuil sábháilte; á iarraidh ar na Ballstáit, thairis sin, rátaí íosta samplála nó seiceálacha íosta a shocrú chun feabhas a chur ar fhorfheidhmiú;

21. á thabhairt chun suntais gur cheart do na húdaráis faireachais margaidh rúnsiopadóireacht a dhéanamh ar bhonn rialta agus uair sa bhliain ar a laghad, lena n-áirítear ar mhargaí ar líne, chun bréagáin a bhrath ar bhealach níos éifeachtúla, go háirithe toisc gurb iad na bréagáin na táirgí is minice a chuirtear in iúl ar chóras mear-rabhaidh AE maidir le táirgí neamhbhia contúirteacha (Safety Gate);

22. á chur in iúl gur cúis imní di na leochaileachtaí nua agus na rioscaí a bhaineann le bréagáin nasctha, maidir le sábháilteacht leanaí, slándáil leanaí, príobháideacht agus sláinte intinne; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé príobháideacht leanaí a chosaint agus bréagáin nasctha á n-úsáid; á chur in iúl gur ábhar imní di gur léirigh cuid de na bréagáin sin atá curtha ar mhargadh AE cheana nach bhfuil an tslándáil leordhóthanach, chomh maith le coimircí teoranta nó gan aon chosaint ar chibearbhagairtí; ag spreagadh táirgeoirí bréagán nasctha sásraí sábháilteachta agus slándála a chomhtháthú ina mbréagáin trí dhearadh; á iarraidh ar an gCoimisiún roghanna éagsúla le haghaidh gníomhaíochta a fhiosrú i ndáil le

leibhéal an riosca agus prionsabal na comhréireachta, amhail raon feidhme TSD a leathnú chun forálacha maidir le príobháideachas agus slándáil faisnéise a chur san áireamh, reachtaíocht chothrománach a ghlacadh maidir le ceanglais chibearshlándála le haghaidh táirgí bainteacha agus seirbhísí gaolmhara, amhail an gníomh Eorpach maidir le hathléimneacht i ndáil le cibearshlándáil, nó reachtaíocht chothrománach ábhartha a threisiú, amhail an Treoir maidir le Trealamh Raidió, chomh maith leis an RGCS, agus páirt a thabhairt don Pharlaimint ag ina chuid roghanna;

23. á chur in iúl gur ábhar imní di nach bhfreagraíonn tomhaltóirí go dona do na haistarraingtí, agus go bhfuil bréagáin neamhshábháilte fós á n-úsáid ag leanaí cé gur aistarraingíodh iad; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, treoirlínte a fhoilsiú maidir le nósanna imeachta aistarraingte, lena n-áirítear seicliosta ina bhfuil ceanglais nithiúla, agus á iarraidh ar na margaí ar líne sásraí éifeachtacha a bhunú chun a áirithiú gur féidir leo teacht ar a gcuid úsáideoirí, ceannaitheoirí agus díoltóirí chun iad a chur ar an eolas chomh tapa agus is féidir nuair a bheidh gá le haistarraingtí agus chun líon na dtomhaltóirí a shroicheann na hais a mhéadú;

***Ríomhthráchtáil***

24. ag aithint an róil dearfaigh atá ag ríomhthráchtáil, lena n-áirítear ról na margaí ar líne, lenar cumasaíodh monaróirí bréagán AE a fhorbairt; ag cur béim, sa chomhthéacs sin, ar an bhfás i ngníomhaíochtaí na ngnólachtaí sin laistigh de AE agus lasmuigh de araon; á thabhairt chun suntais go gcruthaíonn forbairt na ríomhthráchtála dúshláin d'údaráis faireachais margaidh ó thaobh comhlíonadh táirgí a dhíoltar ar líne a áirithiú; ag tabhairt dá haire nach gcomhlíonann a lán táirgí a cheannaítear ar líne ceanglais sábháilteachta an Aontais agus gur ábhar imní di an líon ard bréagán contúirteach a dhíolann díoltóirí bradacha ar líne; á mheas go bhfuil sé riachtanach fáil réidh le bréagáin neamhchomhlíontacha agus contúirteacha a dhíol ar líne;

25. á chur in iúl gur díol sásaimh di treoir an Choimisiúin maidir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1020, lena soiléirítear cúraimí oibreoirí eacnamaíocha go háirithe i dtaca le táirgí a dhíoltar ar líne agus a chuirtear ar mhargadh an Aontais ó thíortha neamh-AE. ag cur béim ar an ngá atá ann dul i ngleic le táirgí neamhchomhlíontacha a dhíoltar go díreach le tomhaltóirí ó thíortha nach bhfuil san Aontas trí mhargaí ar líne; á mheabhrú nach féidir le hoibreoirí eacnamaíocha ach táirgí sábháilte a chur ar mhargadh an Aontais; á thabhairt chun suntais go bhfuil sé ríthábhachtach go gcomhlíonfadh gach oibreoir eacnamaíoch rialacha AE chun sábháilteacht leanaí a áirithiú agus chun cothrom iomaíochta a chur ar fáil do chuideachtaí; á iarraidh ar na húdaráis faireachais margaidh agus ar na húdaráis chustaim dlús a chur lena gcomhar, lena n-áirítear faisnéis a mhalartú maidir le torthaí neamhchomhlíonta, agus gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin láidre a dhéanamh chun stop a chur le trádálaithe bradacha leas a bhaint as margadh AE;

26. ag cur béim ar bhreisluach an phrionsabail "bíodh aithne agat ar do chustaiméir gnó" chun comhlíonadh agus inrianaitheacht bréagán a dhíoltar ar líne a mhéadú; á chur i bhfios go bhfuil an gealltanas maidir le sábháilteacht táirgí deonach agus go bhfuil rannpháirtíocht theoranta na n-oibreoirí margaidh ann; á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil éifeachtaí teoranta léirithe ag an ngealltanas sábháilteachta táirgí go dtí seo;

27. á chur i bhfáth go bhféadfadh ról ollmhór a bheith ag margaí ar líne maidir le cúrsaíocht bréagán neamhshábháilte a theorannú; á chreidiúint, dá bhrí sin, gur cheart oibleagáid a bheith orthu níos mó freagrachta a ghlacadh maidir le sábháilteacht agus comhlíonadh bréagán a dhíoltar ar a n-ardáin a áirithiú, go háirithe maidir le bréagáin neamhchomhlíontacha a shainaithint agus a bhaint, agus trí dhul i gcomhairle leis an gcóras Safety Gate freisin, agus comhoibriú go héifeachtach leis na húdaráis faireachais margaidh maidir leis na bréagáin neamhchomhlíontacha a bhaint agus cosc a chur ar athléiriú bréagán neamhshábháilte; á áitiú, sna téarmaí is láidre, sa chiall sin, gur den bhunriachtanas é forfheidhmiú éifeachtach agus intuartha a áirithiú chomh maith le comhsheasmhacht iomlán idir TSD agus ionstraimí éagsúla amhail an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, an Gníomh maidir leis an Intleacht Shaorga, an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí agus an gníomh reachtach a bheidh ann amach anseo lena ndéanfar athbhreithniú ar an Treoir maidir le Dliteanas i leith Táirgí, chun na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht agus cearta bunúsacha a ráthú; á iarraidh go mbeadh réitigh in ann fógra a thabhairt faoi bhréagáin neamhchomhlíontacha ag eagraíochtaí tomhaltóirí agus ag comharthóirí iontaofa;

28. ag cur béim ar an ngá atá ann dlús a chur leis an gcomhar le tíortha nach bhfuil san Aontas d'fhonn cosc a chur ar bhréagáin neamhshábháilte neamhchomhlíontacha a theacht isteach i margadh AE, agus cothrom iomaíochta do ghnólachtaí á áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún faisnéis a fhoilsiú maidir lena ghníomhaíochtaí faireacháin;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

***Ionstraim dlí agus an bealach chun cinn***

29. á iarraidh ar an gCoimisiún, ós rud é go ngníomhaíonn TSD mar rialachán de facto, a mheas an bhféadfadh a athbhreithniú deis a bheith ann é a thiontú ina rialachán chun a éifeachtacht agus a éifeachtúlacht a fheabhsú agus neamhréireachtaí cur chun feidhme a sheachaint i measc na mBallstát agus ilroinnt an mhargaidh a sheachaint;

30. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le raon feidhme níos leithne le haghaidh leasuithe san athbhreithniú a dhéanfar amach anseo, agus measúnú tionchair domhain mar thaca leis chun anailís a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí ceanglais mheicniúla agus fhisiceacha, CMRanna, teorainnluachanna i gcomhair nítreasaimíní agus substaintí nítreasáithithe, chomh maith le forálacha lipéadaithe do chumhráin ailléirgineacha agus do cheimiceáin chontúirteacha, a chur isteach san athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar TSD, chun gur féidir modhnuithe éasca solúbtha a dhéanamh;

31. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go seachnaíonn táirgeoirí áirithe TSD a chomhlíonadh trí mhaímh nach bréagáin iad a dtáirgí, agus go bhfuil siad in úsáid go soiléir amhlaidh; á thabhairt chun suntais go bhfuil na doiciméid treorach ón gCoimisiún ina gcuidiú chun a shoiléiriú an bhfuil an táirge ina bhréagán nó nach bhfuil agus chun cur chun feidhme comhchuibhithe TSD a áirithiú chun leasa na n-údarás faireachais margaidh agus na n-oibreoirí eacnamaíocha araon; á chur i bhfáth, mar sin féin, go bhfuil táirgí fós laistigh den "limistéar liath" agus á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, an fhadhb sin a réiteach laistigh de shainmhíniú bréagán san athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar TSD; ag cur béim ar an ngá atá le hidirphlé oscailte, cuiditheach leis na geallsealbhóirí ábhartha chun na críche sin;

32. ag cur béim ar a thábhachtaí atá ról na mbréagáin i bhforbairt agus i bhfoirmiú scileanna leanaí, agus ar an tacaíocht oideolaíoch a thugann siad chun cúraimí nua a chur i gcrích agus chun scileanna ó aois an-óg a fheabhsú agus a fhoghlaim; á iarraidh ar an gCoimisiún an treoir bréagán a athbhreithniú d'fhonn feabhas a chur ar an tsábháilteacht bréagán agus, ag an am céanna, an t-ualach agus na costais riaracháin agus dhlíthiúla ar mhonaróirí a laghdú chun bealach soiléir chuig bréagáin shábháilte inacmhainne a áirithiú do gach leanbh san Aontas Eorpach;

33. á mheas go bhfuil faisnéis de dhíth ar thomhaltóirí agus ar na gníomhaithe i slabhraí luacha chun iompar níos inbhuanaithe a thiomáint; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, anailís a dhéanamh sa mheasúnú tionchair an bhféadfadh marthanacht agus inleasaitheacht bréagán tionchar a imirt ar a sábháilteacht agus má chruthaítear go bhfuil tionchar den sórt sin ann, anailís a dhéanamh ansin an bhféadfaí faisnéis níos fearr maidir le marthanacht bréagán agus maidir le hindeisitheacht bréagán a chur leis na forálacha lipéadaithe ar bhealach comhréireach neamhshriantach; á chreidiúint i ndáil leis sin go bhféadfaí réitigh nuálacha agus dhigiteacha a úsáid chun an fhaisnéis sin a chur ar fáil do thomhaltóirí, chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis sábháilteachta so-aitheanta, agus ualaí iomarcacha ar chuideachtaí á seachaint agus íoslaghdú á dhéanamh ar ábhair phacáistíochta;

34. á mheas go bhfuil rabhaidh agus faisnéis sábháilteachta tábhachtach do thomhaltóirí; ag tabhairt dá haire gur cheart ceanglais bhreise lipéadaithe a choinneáil chomh híseal agus is féidir ionas nach ndéanfaí aird a tharraingt uaidh sin; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht faisnéis chomhréireachta a léiriú nach bhfuil beartaithe don tomhaltóir deiridh go leictreonach;

***Sonraí***

35. á thabhairt chun suntais go bhfuil sé deacair an leibhéal cosanta a TSD a mheas go cainníochtúil agus cur leis an obair chun bréagáin a chaighdeánú de bharr easpa staitisticí comhleanúnacha ar leibhéal an AE ar thionóiscí de dheasca bréagán; á chreidiúint go bhfuil comhordú agus maoiniú neamhleor ar leibhéal AE mar bhunchúis le heaspa sonraí comhsheasmhacha agus á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt air sin in athbhreithniú amach anseo ar an treoir; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht bunachar sonraí uile-Eorpach maidir le tionóiscí agus gortú a bhunú ina mbeadh roinn ar leith le haghaidh bréagán, atá poiblí, soláimhsithe don úsáideoir agus inrochtana d'údaráis phoiblí, do thomhaltóirí agus do mhonaróirí, agus lena bhféadfar faisnéis a thabhairt isteach agus a bhailiú maidir le tionóiscí agus gortuithe a tharlaíonn mar gheall ar bhréagáin chontúirteacha, lena n-áirítear iad sin a dhíoltar ar líne; á mheas, thairis sin, go mbeadh rogha bhreise ann trí úsáid a bhaint as táscairí agus sonraí amhail iad siúd a bailíodh ón gCóras Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh, Safety Gate agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha chun éifeachtúlacht TSD a mheas, agus á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht réitigh dhigiteacha a bhunú lena bhféadfaí feabhas a chur ar inrianaitheacht feadh an tslabhra soláthair agus cur le leibhéal níos airde sábháilteachta do bhréagáin;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

36. á iarraidh ar na Ballstáit dlús a chur lena mbailiú sonraí maidir leis an TSD, atá míchothrom anois, nach bhfuil ionadaíoch agus neamhiomlán, agus chun faisnéis a mhalartú faoi rioscaí agus leochaileachtaí maidir le sábháilteacht bréagán; á iarraidh ar ghnólachtaí dlús a chur leis an gcomhar leis na Ballstáit, agus níos mó sonraí a roinnt maidir le tionóiscí bréagán chun sábháilteacht leanaí a fheabhsú agus muinín i mbréagáin a chuirtear ar an margadh inmheánach a fheabhsú;

37. á iarraidh ar an gCoimisiún úsáid a bhaint as an deis a thugtar le hathbhreithniú TSD táscairí fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme ceart ag na Ballstáit agus ar a éifeachtacht fhoriomlán; á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar bhailiú sonraí atá le soláthar go rialta ag na Ballstáit, ag údaráis faireachais margaidh agus ag comhlachtaí dá dtugtar fógra; á mholadh don Choimisiún tuarascáil ghinearálta a ullmhú ar leibhéal AE bunaithe ar na tuarascálacha náisiúnta, agus iad a chur ar fáil don phobal agus a bheith inrochtana go héasca ag na páirtithe leasmhara uile orthu;

o

o o

38. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0038

# An Eoraip a neartú sa chomhrac in aghaidh na hailse

## Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 ar an Eoraip a neartú sa chomhrac in aghaidh na hailse – i dtreo straitéis chuimsitheach agus chomhordaithe (2020/2267(INI))

(2022/C 342/12)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint do chinneadh uaithi an 18 Meitheamh 2020 maidir le coiste speisialta um shárú na hailse a chur ar bun, agus lena sainítear a fhreagrachtaí, a líon comhaltaí agus a théarma oifige ([1]),

— ag féachaint do dhoiciméad oibre an Choiste Speisialta um Shárú na hAilse an 27 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *Inputs of the Special Committee on Beating Cancer (BECA) to influence the future Europe's Beating Cancer Plan* [Ionchuir an Choiste Speisialta um Shárú na hAilse (BECA) chun tionchar a imirt ar Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa a bheidh ann amach anseo] ([2]),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Feabhra 2021 maidir le Plean Sáraithe Ailse na hEorpa (COM(2021)0044),

— ag féachaint do Chlár Réime AE um Thaighde agus Nuálaíocht 2021-2027 (Fís Eorpach) ([3]) agus do Mhisean tiomnaithe an chláir Fís Eorpach maidir le hAilse ([4]),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640),

— ag féachaint do chonclúidí na Comhairle an 15 Meitheamh 2021 maidir le rochtain ar chógais agus ar fheistí leighis le haghaidh Aontas níos láidre agus níos athléimní ([5]),

— ag féachaint do na treoirleabhair a forbraíodh faoi na Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha maidir le hailse – An Chomhpháirtíocht Eorpach um Ghníomhaíocht in aghaidh na hAilse (EPAAC), An Ghníomhaíocht Chomhpháirteach um Rialú Ailse (CanCon), An Chomhpháirtíocht Nuálach um Ghníomhaíocht in aghaidh na hAilse (iPAAC) – agus Clár Oibre 2030 maidir le hAilse Neamhchoitianta arna bhunú faoin nGníomhaíocht Chomhpháirteach maidir le hAilsí Neamhchoitianta (JARC),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2020 maidir le Limistéar Eorpach Taighde (LET) nua do Thaighde agus Nuálaíocht (COM(2020)0628),

— ag féachaint do Mholadh 2003/878/CE ón gComhairle an 2 Nollaig 2003 maidir le scagthástáil ailse ([6]),

— ag féachaint do thuarascáil na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse (IARC) ó mhí na Bealtaine 2017 ar chur chun feidhme an Molta ón gComhairle maidir le scagthástáil ailse ([7]),

— ag féachaint do na treoirlínte Eorpacha maidir le dearbhú cáilíochta i scagthástáil agus i diagnóisiú le haghaidh ailse chíche, ailse cheirbheacs agus ailse cholaireicteach,

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] (COM(2020)0381),

---

([1]) IO C 362, 8.9.2021, lch. 182.
([2]) Doiciméad oibre an 27 Deireadh Fómhair 2020.
([3]) Rialachán (AE) 2021/695 an 28 Aibreán 2021 ag bunú Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).
([4]) Tuarascáil eatramhach ón mBord Misin um Ailse dar teideal *Conquering cancer: Mission possible* [An Ailse a shárú: Misean indéanta].
([5]) IO C 269 I, 7.7.2021, lch. 3.
([6]) IO L 327, 16.12.2003, lch. 34.
([7]) https://ec.europa.eu/health/sites/default/files/major_chronic_diseases/docs/2017_cancerscreening_2ndreportimplementation_en.pdf

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2021 ar chreat straitéiseach AE maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair] (2021-2027) (COM(2021)0323),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Samhain 2020 maidir leis an Straitéis Chógaisíochta don Eoraip (COM(2020)0761),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *Chemicals Strategy for Sustainability. Towards a Toxic-Free Environment* [Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht – i dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí] (COM(2020)0667),

— ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2021 dar teideal *Pathway to a Healthy Planet for All – EU Action Plan: "Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil"* [Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách – Plean Gníomhaíochta AE: I dtreo Truailliú Nialasach don Aeir, d'Uisce agus don Ithir] (COM(2021)0400),

— ag féachaint do Threoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair (an Treoir maidir le Carcanaiginí agus Só-ghineacha – CMD) ([8]), lena n-áirítear na trí threoir leasaitheacha agus an togra ón gCoimisiún don cheathrú treoir leasaitheach (COM(2020)0571),

— ag féachaint do Threoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ar an láthair oibre ([9]),

— ag féachaint do thuarascáil achoimre chomhairliúcháin phoiblí a Coiste Speisialta um Shárú na hAilse an 19 Aibreán 2021 dar teideal *The impact of the COVID-19 pandemic on cancer prevention, health services, cancer patients and research: lessons from a public health crisis* [Tionchar phaindéim COVID-19 ar chosc ailse, seirbhísí sláinte, othair ailse agus taighde: ceachtanna ó ghéarchéim sláinte poiblí],

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Samhain 2020 dar teideal *Building a European Health Union – preparedness and resilience* [Aontas Sláinte Eorpach a thógáil – ullmhacht agus athléimneacht] (COM(2020)0724) agus do na tograí gaolmhara ón gCoimisiúin maidir le rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Samhain 2020 maidir le bagairtí trasteorann tromchúiseacha ar shláinte (COM(2020)0727), maidir le ról treisithe don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach i leith ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus bainistiú géarchéimeanna le haghaidh táirgí íocshláinte agus feistí leighis (COM(2020)0725), agus na comhaontuithe sealadacha gaolmhara a bhaineann leis na rialacháin sin, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 lena mbunaítear Lárionad Eorpach um ghalair a chosc agus a rialú (COM(2020)0726),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte ("Clár EU4Health") don tréimhse 2021-2027 ([10]),

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le measúnú ar theicneolaíochtaí sláinte agus lena leasaítear Treoir 2011/24/AE (COM(2018)0051), agus don chomhaontú a bhaineann leis sin,

— ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le trialacha cliniciúla ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/20/CE ([11]) (an Rialachán maidir le Trialacha Cliniciúla) agus don Chóras Faisnéise maidir le Trialacha Cliniciúla a bunaíodh i gcomhréir leis an rialachán sin,

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach ([12]),

([8]) IO L 158, 30.4.2004, lch. 50.
([9]) IO L 131, 5.5.1998, lch. 11.
([10]) IO L 107, 26.3.2021, lch. 1.
([11]) IO L 158, 27.5.2014, lch. 1.
([12]) IO L 166, 11.5.2021, lch. 1.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

— ag féachaint do Thuarascáil Uimh. 21/2019 ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil dar teideal *Healthy environment, healthy lives: how the environment influences health and well-being in Europe* [Comhshaol sláintiúil, saol sláintiúil: An tionchar atá ag an gcomhshaol ar an tsláinte agus ar an bhfolláine san Eoraip] ([13]),

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 9 Meitheamh 2021 maidir le Plean Sáraithe Ailse na hEorpa ([14]),

— ag féachaint do chonclúidí agus do mholtaí an staidéir a ullmhaíodh don Phainéal um Thodhchaí na hEolaíochta agus na Teicneolaíochta (STOA) i mí Iúil 2021 dar teideal *The health impact of 5G* [Tionchar sláinte 5G] ([15]),

— ag féachaint do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe, go háirithe SDG 3 maidir le sláinte agus dea-bhail,

— ag féachaint don cheathrú heagrán den Chód Eorpach in aghaidh Ailse ([16]),

— ag féachaint don Chód Eorpach um Chleachtas Ailse ([17]),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 dar teideal *EU strategy on the rights of the child* [Straitéis AE maidir le cearta an linbh] (COM(2021)0142),

— ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre ón gCoimisiún an 19 Iúil 2018 maidir le VEID/SEIF, heipitíteas víreasach agus eitinn san Aontas Eorpach agus i dtíortha comharsanachta a chomhrac – An staid mar atá, ionstraimí beartais agus dea-chleachtais (SWD(2018)0387),

— ag féachaint don tuarascáil ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) in 2020, dar teideal *Alcohol and cancer in the WHO European Region: An appeal for better prevention* [Alcól agus ailse i Réigiún Eorpach EDS: Achomharc chun cosc níos fearr a dhéanamh] ([18]),

— ag féachaint do ghníomhaíocht agus do chonclúidí an ghrúpa leasa uilepháirtí FPEnna i gcoinne Ailse (MAC),

— ag féachaint do rún uaithi an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip ([19]),

— ag féachaint do rún ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Márta 2017 maidir leis na roghanna atá ag AE ó thaobh rochtain ar tháirgí íocshláinte a fheabhsú ([20]),

— ag féachaint do rún uaithi an 10 Iúil 2020 maidir leis an Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht ([21]),

— ag féachaint do rún uaithi an 12 Feabhra 2019 maidir le cur chun feidhme na dTreorach maidir le Cúram Sláinte Trasteorann ([22]),

— ag féachaint do rún uaithi an 16 Eanáir 2019 maidir le nós imeachta údarúcháin an Aontais maidir le lotnaidicídí ([23]),

— ag féachaint do rún uaithi an 10 Iúil 2020 ar straitéis sláinte poiblí an Aontais don ré i ndiaidh COVID-19 ([24]),

— ag féachaint do rún uaithi an 17 Meán Fómhair 2020 maidir leis an nganntanas táirgí íocshláinte – conas déileáil le fadhb atá ag teacht chun cinn ([25]),

— ag féachaint do rún uaithi an 15 Nollaig 2016 maidir leis an rialachán maidir le cógais leighis phéidiatraiceacha ([26]) agus don mheasúnú tionchair tosaigh ón gCoimisiún maidir le hathbhreithniú ar reachtaíocht AE maidir le cógais leighis do leanaí agus do ghalair neamhchoitianta,

---

([13]) https://www.eea.europa.eu/publications/healthy-environment-healthy-lives
([14]) IO C 341, 24.8.2021, lch. 76.
([15]) https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2021/690012/EPRS_STU(2021)690012_EN.pdf
([16]) https://cancer-code-europe.iarc.fr/index.php/en/
([17]) https://www.europeancancer.org/2-standard/66-european-code-of-cancer-practice
([18]) https://apps.who.int/iris/bitstream/handle/10665/336595/WHO-EURO-2020-1435-41185-56004-eng.pdf?sequence=1&is Allowed=y
([19]) IO C 270, 7.7.2021, lch. 2.
([20]) IO C 263, 25.7.2018, lch. 4.
([21]) IO C 371, 15.9.2021, lch. 75.
([22]) IO C 449, 23.12.2020, lch. 71.
([23]) IO C 411, 27.11.2020, lch. 48.
([24]) IO C 371, 15.9.2021, lch. 102.
([25]) IO C 385, 22.9.2021, lch. 83.
([26]) IO C 238, 6.7.2018, lch. 128.

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil óna Coiste Speisialta um Shárú na hAilse (A9-0001/2022),

A. de bhrí gur cheart go bhfreagródh Plean Sáraithe Ailse na hEorpa (“an Plean”) go héifeachtach don éileamh ar dhul chun cinn ó theaghlaigh agus ó ghairmithe sláinte i dtaca leis an 1,3 milliún duine a fhaigheann bás de dheasca ailse gach bliain san Eoraip, lena n-áirítear 6 000 leanbh agus duine óg, do riachtanais ríthábhachtacha na n-othar a bhfuil diagnóisiú tráthúla, agus cóireálacha agus cúram éifeachtúil, nuálach, inrochtana agus inacmhainne ag teastáil uathu faoi láthair don ailse agus d’aimhréidheanna agus comhghalrachtaí a bhaineann le hailse, do na hionchais dhlisteanacha atá ag níos mó ná 12 mhilliún marthanóir ailse agus a dteaghlaigh a bhfuil orthu dul i ngleic leis an “ngnáthshaol”, do thoil shoiléir na nglúnta atá le teacht a bheidh le cosaint ar bhagairtí sláinte agus fachtóirí riosca, agus d’imní na rialtas a chaithfidh aghaidh a thabhairt ar ualach eacnamaíoch agus sóisialta atá ag dul i méid mar gheall ar ailse agus na cóireálacha gaolmhara a bhaineann léi; de bhrí gur cheart go mbeadh sé d’aidhm ag gníomhaíochtaí an Aontais sa chomhrac in aghaidh ailse ráta marthanais na n-othar ailse a mhéadú cúig bliana;

B. de bhrí gur lú ná 10 % de dhaonra an domhain an Eoraip, ach go bhfuil an ceathrú cuid de chásanna uile na hailse inti, agus de bhrí gurb í an ailse an dara cúis is mó báis san Eoraip i ndiaidh galair chardashoithíocha agus an chéad chúis is mó báis de dheasca galair i leanaí níos sine ná bliain amháin d’aois; de bhrí go n-éilítear aird leanúnach agus tacaíocht ar bhonn uilíoch chun freastal ar riachtanais shonracha leanaí agus déagóirí a bhfuil ailse orthu, agus gur cheart an oinceolaíocht phéidiatraiceach a idirdhealú ó bhainistiú ailse i measc daoine fásta; de bhrí, cé go bhfuil laghdú beag tagtha ar rátaí básmhaireachta a bhuí le feachtais scagthástála, diagnóisic fheabhsaithe agus nuálaíocht theiripeach, go bhfuil líon na gcásanna diagnóisithe ag dul i méid mar sin féin, go háirithe mar gheall ar ionchas saoil níos faide a bheith ann, rud a fhágann go bhfuil daonra ag dul in aois; de bhrí go dtarlaíonn beagnach trí cheathrú de na diagnóisí ailse in AE i ndaoine atá 60 bliain d’aois nó níos sine;

C. de bhrí go léiríonn ailse an éagóir agus éagothromas sóisialta sa chúram sláinte mar go bhfuil na difríochtaí sna rátaí marthanais ailse ar fud Bhallstáit AE os cionn 25 %; de bhrí nach bhfuil saoránaigh AE cothrom ó thaobh coisc de, go bhfuil cosaint éagothrom acu ar fhachtóirí riosca, go bhfuil oideachas éagothrom orthu maidir le hiompraíocht shláintiúil agus nach bhfuil an trealamh céanna acu i gcoinne mífhaisnéise; de bhrí nach bhfuil saoránaigh AE cothrom ó thaobh rochtain thráthúil ar chóireáil agus cúram inacmhainne agus ar ardcháilíocht ó Bhallstát amháin go Ballstát eile agus ó réigiún go réigiún eile in aon tír ar leith; de bhrí go bhfuil éagsúlachtaí móra ann ar fud na hEorpa maidir le rochtain ar fhoirne leighis atá iomlán ildisciplíneach agus ilghairmiúil; de bhrí tar éis téarnamh nó nuair a bhíonn maolú ann ón tinneas, go bhfuil saoránaigh AE neamhchothrom ina gcumas filleadh ar an obair, a bheith neamhspleách ó thaobh airgeadais agus filleadh ar shaol suaimhneach teaghlaigh, sóisialta agus mothúchánach; de bhrí gur bearta tábhachtacha agus cúiseanna éagothromaíochtaí agus éagothromas iad aicme agus inscne ag gach céim den ghalar;

D. de bhrí gur bunaíodh beartais shonracha náisiúnta nó réigiúnacha ailse i bhformhór na mBallstát, a bhfuil a misin, a n-acmhainneachtaí agus a mbuiséid ilchineálach; de bhrí go bhfuil roinnt réigiún tagtha chun bheith ina moil sa chomhrac in aghaidh na hailse, le saineolas ar cheart a roinnt ar fud an Aontais;

E. de bhrí gur cheart go mbeadh sé d’aidhm ag an bPlean, ní hamháin dul i ngleic le saincheist ríthábhachtach maidir leis an tsláinte phoiblí agus cabhrú le hothair maireachtáil níos faide agus níos fearr, ach gur cheart go gcuirfí tús leis freisin chun éagothromaíochtaí agus éagothromais sláinte a laghdú agus chun ualach sóisialta agus eacnamaíoch an ghalair a laghdú; de bhrí gur cheart don Choimisiún cur chuige atá dírithe ar an othar agus atá bunaithe ar chearta na saoránach a chur chun cinn trí bhreithnithe maidir le ceartas, inbhuanaitheacht, cothromas, dlúthpháirtíocht, nuálaíocht agus comhoibriú a chomhtháthú ag croílár an Phlean, lena n-áirítear a “thionscnamh chun cabhrú le leanaí a bhfuil ailse orthu”;

F. de bhrí gurb í paindéim COVID-19 a bhí ina chúis, agus atá fós ina cúis, le mórshuaitheadh ar chláir scagthástála ailse, ar chóireáil, ar thaighde, agus ar sheirbhísí marthanóireachta agus leantacha, agus an tionchar atá aige sin ar othair ailse, ar theaghlaigh agus ar ghairmithe cúraim sláinte; de bhrí gur chruthaigh an paindéim riachtanas práinneach seirbhísí ailse a atógáil i dtíortha uile na hEorpa agus aghaidh a thabhairt ar riaráistí i ngníomhaíochtaí coisctheacha, agus i luathbhrath agus luathdhiagnóisiú, ar ábhar mór buartha iad; de bhrí go meastar nach ndearnadh 100 milliún

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

scagthástáil san Eoraip le linn na paindéime agus nach ndearnadh 1 mhilliún cás ailse a dhiagnóisiú; de bhrí nach bhfuair othar amháin ailse as gach cúigear an chóireáil mháinliachta nó cheimiteiripe a bhí de dhíth orthu in am ([27]); de bhrí gur ghabh gairmithe cúraim sláinte ualach na paindéime orthu féin agus go raibh orthu déileáil le timpeallacht oibre an-strusmhar;

G. de bhrí go n-áirítear le litearthacht sláinte eolas agus scileanna a bhaint amach, feasacht ar chearta agus muinín chun gníomhaíocht a dhéanamh chun sláinte phearsanta agus phobail a fheabhsú; de bhrí gur cheart, le gníomhaíochtaí chun litearthacht sláinte a chur chun cinn faoin bPlean, díriú ar othair agus saoránaigh a chumhachtú trí uirlisí cumarsáide úrscothacha, agus freisin trí shaineolas a lorg ó eagraíochtaí othar agus eagraíochtaí neamhrialtasacha eile atá ag obair chun litearthacht sláinte a scaipeadh agus a leathnú le blianta anuas, agus trí chomhoibriú leo; de bhrí, chun othair a chumhachtú, gur gá cúnamh a thabhairt dóibh chun a gcearta a thuiscint; de bhrí gur cheart daoine atá faoi eisiamh agus riachtanais daoine faoi mhíchumas foghlama a chur san áireamh sna hiarrachtaí ar fad chun litearthacht sláinte a mhéadú, lena n-áirítear litearthacht dhigiteach; de bhrí gur cheart éagothromaíochtaí maidir le heolas ar theicneolaíochtaí TF, maidir le rochtain orthu agus maidir lena n-úsáid, mar aon le difríochtaí réigiúnacha, náisiúnta, sóisialta agus eacnamaíocha, a chur san áireamh; de bhrí gur cheart an fhaisnéis is gá a bheith ar fáil i dteangacha coitianta nach teangacha de chuid an Aontais iad chun dul i dteagmháil le himircigh, le daoine nuathagtha agus le grúpaí leochaileacha eile agus le pobail mhionlaigh; de bhrí, agus iarrachtaí á ndéanamh chun litearthacht sláinte a fheabhsú, gur cheart go mbeadh sé de dhualgas freisin cúnamh a thabhairt do shaoránaigh chun mífhaisnéis a shainaithint, agus aird á tabhairt ar na tionchair dhíobhálacha a d'fhéadfadh a bheith aige sin i ngach réimse de chúram ailse, lena n-áirítear cosc, vacsaíniú agus cóireáil;

H. de bhrí gur féidir tuairim is 40 % de chásanna ailse in AE a chosc; de bhrí go bhfuil cosc níos éifeachtaí ná aon leigheas, chomh maith le bheith ina straitéis fhadtéarmach is cost-éifeachtúla chun ailse a rialú; de bhrí gur cheart aghaidh a thabhairt sa Phlean ar na príomhthosca riosca agus ar na tosca sóisialta ailse; de bhrí go bhfuil leibhéal AE ríthábhachtach maidir le cosc a chur ar ailse toisc go bhfuil inniúlachtaí suntasacha aige a mbíonn tionchar acu ar an gcuid is mó de na fachtóirí riosca a bhaineann le hailse;

I. de bhrí, de réir Thuarascáil Uimh. 21/2019 ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, gurb í ailse an galar neamhthógálach is mó atá inchurtha i leith an chomhshaoil, agus gurbh é an comhshaol ba chúis le níos mó ná 250 000 bás de dheasca ailse in 2016 as 32 thír Eorpacha ardioncaim; de bhrí gur shainaithin an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil truailliú an aeir chomhthimpeallaigh, ceimiceáin, dóchán breosla laistigh agus radaíocht mar fhachtóirí riosca comhshaoil a bhaineann le hailse;

J. de bhrí gurb é truailliú aeir an príomhchúis báis, lena mbaineann truailleáin ó réimse leathan foinsí, lena n-áirítear fuinneamh, iompar, talmhaíocht agus tionscal, a chuireann le 400 000 bás anabaí in aghaidh na bliana, lena n-áirítear bás ó ailse scamhóg, galar croí agus strócanna;

K. de bhrí go moltar sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le comhar neartaithe in aghaidh galair is féidir a chosc le vacsaín (COM(2018)0245) treoir AE a fhorbairt chun córais chuimsitheacha leictreonacha faisnéise maidir le himdhíonadh a bhunú ar an leibhéal náisiúnta chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar chláir imdhíonta; de bhrí gur cheart an méid sin a dhéanamh agus na rialacha cosanta sonraí á gcomhlíonadh go hiomlán; de bhrí gur ionfhabhtú gnéas-tarchurtha é papalómaivíreas daonna (HPV) a bhaineann le beagnach 5 % de na hailse uile i mban agus i bhfear ar fud an domhain, eadhon ailse cheirbheacs agus bhéalfharaingeach, ach freisin ailsí anasacha, péinis, faighne agus pite; de bhrí gur gá spriocanna um vacsaíniú HPV do chailíní a bhaint amach chomh maith le scagthástáil eagraithe ailse ceirbheacs ar ardcháilíocht a bhunú chun spriocanna 2030 EDS a bhaint amach maidir le hailse ceirbheacs a dhíothú mar fhadhb sláinte poiblí; de bhrí go bhfuil rátaí vacsaínithe HPV íseal ar fud na mBallstát, rud atá ina chúis imní; de bhrí, ar an drochuair, go bhfuil neamhréitigh mhóra i gcumhdach vacsaínithe idir na Ballstáit, ó níos lú ná 30 % go dtí níos mó ná 70 % (agus an leibhéal is gá den díolúine daonra ag 70 %); de bhrí gurb é Helicobacter pylori príomhchúis thógálach na hailse ar fud an domhain, i gcás adanacarcanóma gastrach neamhchairdiach go príomha;

L. de bhrí go bhfuil ailsí inchríneacha áirithe (amhail ailse toróideach, ailse chíche agus ailse uiríoch) ag dul i méid; de bhrí go bhféadfadh fo-iarmhairtí inchríneacha a bheith ag cóireálacha inchríneacha le haghaidh ailse atá spleách ar hormóin; de bhrí go bhféadfadh iarmhairtí fadtéarmacha a bheith ag cóireálacha ailse amhail comhghalrachtaí inchríneacha i marthanóirí ailse; de bhrí gur fachtóir riosca aitheanta é an murtall i gcás go leor ailsí, lena n-áirítear ailsí inchríneacha; de bhrí gur eol go n-imríonn nochtadh do cheimiceáin ar suaiteoirí inchríneacha iad (EDCanna)

([27]) https://www.europeancancer.org/resources/201:time-to-act.html
https://www.europeancancer.org/timetoact/impact/data-intelligence

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

tionchar ar theacht chun cinn an mhurtaill agus na hailse; de bhrí go gcosnaíonn EDCanna idir EUR 157 milliún agus EUR 270 billiún in aghaidh na bliana (suas le 2 % de OTI AE) ([28]) ar chostais chúraim sláinte agus ar an acmhainneacht tuillimh a chaill siad, mar gheall, go príomha, ar neamhoird néarafhorbartha agus mheitibileacha agus ar ailse;

M. de bhrí go bhfuil nochtadh do shubstaintí contúirteacha ag an obair freagrach as tuairim is 120 000 cás ailse a bhaineann leis an obair gach bliain, rud is cúis ina dhiaidh sin le thart ar 80 000 bás in aghaidh na bliana, arb ionann é agus 8 % de bhásanna ailse (12 % de bhásanna ailse i measc na bhfear, agus 7 % de bhásanna ailse i measc na mban); de bhrí go bhféadfadh sé a bheith deacair gaolmhaireacht chúise a bhunú, áfach, mar gheall ar thréimhsí fada aga folaigh; de bhrí go bhfuil 50 carcanaigin tosaíochta sainaitheanta ag IARC de chuid EDS agus gur léirigh sí go bhfuil oibrithe faoi lé go forleathan san Eoraip; de bhrí go ndealraítear go bhfuil formhór mór na n-ailse, arna spreagadh ag carcanaiginí ceirde ag an obair, inchoiscthe má dhéantar na carcanaiginí a rialú dá réir sin ach, faoi Threoir 2004/37/CE, níl teorainnluachanna ceangailteacha um nochtadh ceirde (OEL) ann ach do 27 de na carcanaiginí tosaíochta go dtí seo; de bhrí go bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta chun ailsí ceirde a bhaineann le sealobair oíche chomh maith le radaíocht UV (d'oibrithe amuigh faoin aer) a chosc, a bhrath agus a aithint ar bhealach níos fearr;

N. de bhrí go bhféadfadh margadh saothair atá ag athrú i ngeall ar fhorbairtí déimeagrafacha, teicneolaíochtaí nua agus cineálacha nua post tionchar a bheith aige ar shláinte agus sábháilteacht ag an obair; de bhrí go bhfuil níos mó oibrithe ag dul isteach in obair ardáin, obair neamhthraidisiúnta nó fostaíocht neamhthipiciúil; de bhrí go bhfuil fachtóirí amhail radaíocht, strus, eagrú na hoibre agus dálaí oibre go léir nasctha le hailse a bhaineann leis an obair ([29]); de bhrí go bhfuil easpa sonraí iontaofa agus inchomparáide ar leibhéal an Aontais faoi láthair maidir le nochtadh san ionad oibre d'fhachtóirí riosca ailse ([30]);

O. de bhrí, murab ionann agus tionóiscí san ionad oibre, ina bhféadfaí gortuithe a mheasúnú agus cúiteamh a dhámhachtain ar bhealach níos éasca, go bhféadfadh sé blianta nó na deicheanna de bhlianta a thógáil sula ndéanfar ailsí a bhaineann leis an obair a dhiagnóisiú agus sula sainaithneofar an chúis mar is ceart; de bhrí go moltar sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le galair cheirde ([31]) go ndéanfadh na Ballstáit, a luaithe is féidir, an sceideal Eorpach atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an moladh thuasluaite a thabhairt isteach ina ndlíthe náisiúnta, ina rialacháin nó ina bhforálacha riaracháin náisiúnta maidir le galair cheirde atá faoi dhliteanas cúitimh; de bhrí go gciallaíonn na neamhionannais atá ann idir na Ballstáit sa mhéid a bhaineann leis an ráta aitheantais de ghalair cheirde go bhfuil go leor oibrithe ann nach n-aithnítear a ngalar ceirde riamh;

P. de bhrí gur gás radaighníomhach é an radón nach bhfuil dath ná boladh air, agus de réir mar atá an radón ag meath san aer, scaoileann sé radaíocht atá in ann damáiste a dhéanamh do DNA na gceall laistigh den chorp; de bhrí go bhfuil leibhéil radóin an-éagsúil i réigiúin éagsúla nó i limistéir chónaithe fiú agus go bhféadfadh sé a bheith san aer lasmuigh agus laistigh araon;

Q. de bhrí go ndearna IARC na réimsí leictreamaighnéadacha radaimhinicíochta a aicmiú in 2011 mar réimsí a d'fhéadfadh a bheith carcanaigineach i leith daoine, ar bhonn riosca méadaithe glióma a bhaineann le húsáid fón póca; de bhrí go bhfuil staidéir, a foilsíodh in 2015 agus in 2018, a léiríonn méadú suntasach (níos mó ná dúbailt) i siadaí glioblastoma thar tréimhse 20 bliana (1995-2015) i ngach aoisghrúpa, agus staidéir eile a léiríonn an riosca méadaithe de glioblastoma a bhaineann le húsáid fón póca agus fón gan sreang i ndaoine idir 18-80 bliain d'aois; de bhrí go bhfuil tuilleadh staidéar de dhíth chun na rioscaí gaolmhara sin a shuí;

R. de bhrí gur cineálacha neamhchoitianta ailse iad 24 % de na diagnóisí nua ailse, lena n-áirítear ailsí péidiatraiceacha, ar fud na hEorpa gach bliain agus gurb ionann iad agus dúshlán sláinte poiblí astu féin; de bhrí go bhfuil dúshláin roimh othair a bhfuil ailsí neamhchoitianta orthu, atá nasctha le diagnóisiú déanach nó mícheart, easpa rochtana ar theiripí agus saineolas iomchuí, easpa tuisceana ar an mbuneolaíocht, easpa indéantacht thráchtála maidir le teiripí nua a fhorbairt, líon beag bainc fíocháin ar fáil, deacrachtaí maidir le staidéir chliniciúla dhea-chumhachtaithe a dhéanamh, agus mothúcháin leithlisithe freisin;

([28]) https://www.endocrine.org/news-and-advocacy/news-room/2015/estimated-costs-of-endocrine-disrupting-chemical-exposure-exceed-150-billion-annually-in-eu
([29]) EU-OSHA: https://osha.europa.eu/en/themes/work-related-diseases/work-related-cancer
([30]) EU-OSHA: https://osha.europa.eu/en/publications/worker-survey-exposure-cancer-risk-factors/view
([31]) Moladh ón gCoimisiún an 19 Meán Fómhair 2003 maidir leis an sceideal Eorpach ar ghalair cheirde (IO L 238, 25.9.2003, lch. 28).

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

S. de bhrí gur cheart an Plean a chur chun feidhme i ndlúthchomhar le moltaí agus gníomhaíochtaí IARC, SDGanna na Náisiún Aontaithe don tsláinte dhomhanda, lena n-áirítear an cuspóir maidir le cumhdach sláinte uilíoch a bhaint amach, moltaí agus treoirlínte EDS, comhaontuithe idirnáisiúnta sláinte lena n-áirítear Creat-Choinbhinsiún EDS maidir le Rialú Tobac agus Tionscnamh Domhanda EDS um Ailse Óige, Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha AE maidir le hAilse, agus moltaí agus treoirlínte ó shaineolaithe agus ó chomhlachais othar; de bhrí gur cheart a aithint mar thosaíocht sa Phlean dlúthpháirtíocht agus comhpháirtíocht an Aontais le tíortha ísealioncaim agus meánioncaim, lena n-áirítear iad siúd i réigiún níos leithne na hEorpa de chuid EDS;

T. de bhrí go dtugann an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais na hOstaire, na Fionlainne agus na Sualainne díolúine don tSualainn ón toirmeasc uile-Aontais ar dhíol cineálacha áirithe tobac béil;

U. de bhrí go dtugtar aiste bia shláintiúil chothromaithe ar aiste bia na Meánmhara a bhfuil ról cosanta aici i gcosc príomhúil agus tánaisteach na bpríomhghalar meathlúcháin;

V. de bhrí, cé go dtugtar aird shuntasach sa Phlean ar raon riachtanas beartais maidir le scagthástáil ailse, gur lú an tionscnamh a chuirtear ar fáil chun ailsí a bhrath go luath nach gcumhdaítear le cláir scagthástála; de bhrí go bhfuil gá, dá bhrí sin, le gníomhaíocht spriocdhírithe chun feasacht níos fearr ar chomharthaí rabhaidh ailse a chothú i measc saoránach agus gairmithe cúraim sláinte;

W. de bhrí gur mhó an méadú ar phraghsanna na gcógas ailse ná an méadú ar an gcaiteachas iomlán ar ailse, agus gur aithníodh go bhfuil cógais nua ailse atá ag teacht ar an margadh ar phraghas ard ina spreagadh tábhachtach don mhéadú ar chaiteachas ar chúram ailse; de bhrí gur aithníodh i dTuarascáil Theicniúil EDS 2018 maidir le praghsáil leigheasanna ailse agus a tionchar ([32]) go raibh praghsanna na gcógas ailse níos airde ná mar a bhí le haghaidh tásca eile agus go raibh na costais a bhaineann leo ag méadú ar ráta níos tapúla, rud a d'fhág easpa rochtana ar chóireáil do go leor othar ar fud an domhain agus a chuireann bac ar chumas na rialtas rochtain inacmhainne a chur ar fáil do chách;

X. de bhrí go bhféadfadh an chaoi a thugtar aghaidh ar ailse i straitéis chuimsitheach amhail an Plean Sáraithe Ailse a chuir an Coimisiún i láthair, a bheith ina samhail do ghalair neamhthógálacha eile, agus de bhrí gur cheart, dá bhrí sin, go mbainfeadh othair a bhfuil galair ainsealacha eile acu tairbhe as a bhfuil bainte amach agus as prionsabail an Phlean, agus gur cheart pleananna comhchosúla a fhorbairt le haghaidh paiteolaíochtaí eile lena mbaineann ardrátaí básmhaireachta;

Y. de bhrí go bhfuil comhar idir Ballstáit, comhbheartas arna thiomáint ar leibhéal na hEorpa agus comhroinnt eolais trasteorann fíor-riachtanach chun dul chun cinn a dhéanamh i réimse na hailse; de bhrí gur ar na Ballstáit atá an phríomhfhreagracht as cosaint sláinte agus as córais cúraim sláinte;

Z. de bhrí go bhfuil gá le cur chuige cuimsitheach, ildisciplíneach agus comhordaithe chun aghaidh a thabhairt ar thosca sláinte a bhaineann le hiompar, tosca bitheolaíochta, comhshaoil, tosca a bhaineann leis an obair, tosca socheacnamaíocha agus tráchtála ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach chun tacú le gníomhaíochtaí lena ndírítear ar gach gné den ailse (cosc, brath, cóireáil, cúram maolaitheach, cúram leantach do mharthanóirí agus athimeascadh) trí leas éifeachtach a bhaint as na príomhuirlisí amhail acmhainní agus cistiú leormhaith, reachtaíocht, taighde agus comhroinnt eolais; de bhrí gur léiríodh go bhfeabhsaítear cáilíocht saoil agus marthanacht fhoriomlán othar le cur chuige cóireála atá dírithe ar an othar; de bhrí go gcuireann teicneolaíochtaí nua agus an intleacht shaorga ardacmhainneacht ar fáil chun feabhas a chur ar réimse an taighde ar ailse, na bpróiseas cóireála agus cúraim;

AA. de bhrí gurb iad an taighde agus an nuálaíocht an t-aon dóchas atá againn go mbeimis in ann ailse a shárú lá éigin amach anseo; de bhrí go bhfuil gá le cistiú leanúnach agus éifeachtach chun tacú le tionscadail uaillmhianacha agus le dálaí oibre maithe agus cobhsaí do thaighdeoirí atá ag obair i réimse na hailse; de bhrí gur príomhgheallsealbhóirí iad cuideachtaí cógaisíochta, lena n-áirítear FBManna, don nuálaíocht i réimse na hailse;

AB. de bhrí gur cheart an cur chuige "Sláinte sna Beartais Uile" agus "Aon Sláinte Amháin" a chur chun cinn tuilleadh, agus gur cheart iarrachtaí chun ailse a chomhrac a chomhtháthú i mbeartais uile AE;

([32]) https://www.who.int/publications/m/item/technical-report-on-pricing-of-cancer-medicines-and-its-impacts

AC. de bhrí gur cheart do AE agus a Bhallstáit a gcuid fórsaí a shlógadh agus dreasachtaí leormhaithe agus buiséid inbhuanaithe a sholáthar chun go mbainfí amach an cuspóir uaillmhianach an t-ualach ailse agus bás ón ailse san Eoraip a shárú;

AD. de bhrí, dá bhrí sin, go bhféadfadh an Plean a bheith ina chéim thábhachtach i dtreo fíor-Aontais Shláinte Eorpaigh agus ina léiriú poiblí do shaoránaigh ar an rath a d'fhéadfadh a bheith ar chomhar sláinte AE;

1. á chur in iúl gur geal léi an Plean agus á iarraidh ar an gCoimisiún sineirgí nua a lorg idir an Plean agus Clár EU4Health, an Straitéis Chógaisíochta don Eoraip, an Straitéis Ceimiceán agus an Straitéis Tionsclaíochta Eorpach nuashonraithe; á mheas go gcuirfeadh creat cuimsitheach ailse den sórt sin le hailse a chosc, a bhrath go luath agus a leigheas; á iarraidh ar an gCoimisiún oibriú chun comhbheartas ailse a fhorbairt lena n-áirítear, nuair is gá, tograí le haghaidh dréacht-reachtaíochta;

A. ***Réimsí gníomhaíochta***

I. *Cosc ailse i mbeartais uile na hEorpa*

2. á chreidiúint go láidir gur cheart gníomhaíochtaí coisctheacha cuimsitheacha i gcoinne na hailse, trí bhearta lena dtacaítear le díothú nó laghdú na díobhála a tharlaíonn mar gheall ar fhachtóirí riosca inmhodhnaithe, a chur chun feidhme i mbeartais agus i gcláir mhaoinithe uile na hEorpa; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit feachtais ardaithe feasachta phoiblí maidir le cosc ar ailse a chomhtháthú i ngach beartas ábhartha; á iarraidh ar an gCoimisiún cuspóirí an Phlean a chuíchóiriú i ngach beartas ábhartha earnála; á chreidiúint go láidir gur cheart go mbeadh gníomhaíochtaí coisctheacha bunaithe ar fhianaise; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an maoiniú le haghaidh taighde eolaíoch a mhéadú maidir le cúiseanna na hailse agus le héifeachtúlacht agus cur chun feidhme na mbeart coisctheach;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta coisctheacha éifeachtacha a cheapadh agus a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a bheidh bunaithe ar shaineolas eolaíoch neamhspleách, ar dhea-chleachtais agus ar cheachtanna foghlamtha, agus ar threoir chliniciúil; chuige sin, á iarraidh, go háirithe, go gcuirfí an Cód Eorpach in aghaidh Ailse (ECAC) chun feidhme chun rioscaí ailse a laghdú ar bhonn na fianaise eolaíche is déanaí, agus go ndéanfaí nuashonrú rialta ar ECAC trí thimthriall atá bunaithe ar fhaireachán agus ar mheastóireacht leanúnach;

4. á aithint gur féidir níos mó ná 40 % de na hailsí go léir a chosc trí ghníomhaíochtaí comhordaithe atá dírithe ar thosca sláinte a bhaineann le hiompar, tosca bitheolaíochta, comhshaoil, tosca a bhaineann leis an obair, tosca socheacnamaíocha agus tráchtála; á iarraidh go dtabharfaí níos mó airde ar stíl mhaireachtála shláintiúil a chothabháil chun ailse a chosc agus chun atarlú ailsí áirithe a laghdú;

5. ag tacú le haidhm an Mhisin Ailse de chuid Fís Eorpach níos mó ná 3 mhilliún bás anabaí breise a sheachaint le linn na tréimhse 2021-2030, trí dhlús a chur le dul chun cinn i gcláir chun ailse a chosc agus a rialú, a dhéanann iarracht comhdheiseanna maidir le rochtain ar na cláir sin a fháil; á iarraidh ar an gCoimisiún maoiniú leormhaith a leithdháileadh ar an Misean Ailse de chuid Fís Eorpach agus ar chláir ábhartha eile (amhail "Eolaíocht agus Beartas le haghaidh Todhchaí Shláintiúil" – HBM4EU) chun an cuspóir sin a bhaint amach;

6. á chur in iúl gur saoth léi na héagothromaíochtaí agus na héagothromais sláinte laistigh de AE maidir le hailse a chosc; ag áitiú gur gá pobail agus daoine leochaileacha, imeallaithe agus eisiata go sóisialta agus daoine atá ina gcónaí i gceantair iargúlta (amhail i réigiúin thuaithe, réigiúin iargúlta nó réigiúin is forimeallaí i bhfad ó ionaid leighis) a shainaithint, agus aird ar leith a thabhairt orthu, chun a áirithiú go mbeidh rochtain acu ar sheirbhísí chun ailse a chosc; á mheas, chuige sin, gur gá cosc na hailse a leagan amach i gcomhthéacs an cheartais shóisialta, rud a chiallaíonn go bhfuil gá le hathruithe sistéamacha trí bheartais phoiblí ar fud an daonra thar athruithe iompair an duine aonair;

7. ag aithint go bhfuil úsáid tobac ar an gcúis is mó inchoiscthe ailse san Aontas, arb í is cúis le 15-20 % de chásanna ailse san Eoraip agus an príomhfhachtóir riosca maidir le bás ailse san Eoraip (27 % de bhásanna ailse is ionann agus 700 000 bás de dheasca ailse gach bliain in AE); á mheabhrú go bhfuil difríochtaí móra ann ar fud AE ós rud é go n-athraíonn cion na gcaiteoirí tobac níos mó ná cúig oiread ó thír go tír;

8. ag tacú go láidir leis an gcuspóir "glúin saor ó thobac", a leagtar amach sa Phlean, a bhfuil sé mar aidhm aige go n-úsáidfeadh níos lú ná 5 % den daonra tobac faoi 2040, i gcomparáid le 25 % sa lá atá inniu ann; ag tathant ar an gCoimisiún spriocanna eatramhacha a bhunú a ndéanfar faireachán leanúnach orthu agus a chuirfear chun cinn go leanúnach, lena n-áirítear ar an leibhéal náisiúnta, agus a thuairisceofar laistigh den Chlárlann um Éagothromaíochtaí Ailse chun na hiarrachtaí is fearr a dhéanamh chun an sprioc fhoriomlán a bhaint amach; á iarraidh ar an gCoimisiún cistiú

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

a dhéanamh ar chláir lena ndéantar éirí as caitheamh tobac a chur chun cinn; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis an gcomhar idir na Ballstáit maidir leis na cleachtais is fearr agus is éifeachtaí a mhalartú chun caitheamh tobac a laghdú;

9. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Táirgí Tobac ([33]), ar an Treoir maidir le Cáin ar Tháirgí Tobac ([34]) agus ar an gcreat dlíthiúil maidir le ceannach trasteorann tobac ag daoine príobháideacha, agus ag tathant ar an gCoimisiún bearta iomchuí a dhéanamh agus tograí reachtacha a thabhairt, chun tosaigh chun an méid seo a leanas a thabhairt isteach:

(a) méadú agus cóineasú aníos ar íosdleachtanna máil ar gach táirge tobac agus ar a bpraghas margaidh deiridh, rud a chuirfeadh feabhas ar chosc trí ghlacadh agus úsáid tobac a laghdú, go háirithe i measc na gcaiteoirí reatha, agus a choinneodh daoine óga ó thosú ar chaitheamh tobac;

(b) ceanglas maidir le pacáistíocht chaighdeánaithe phléineáilte agus an oibleagáid rabhaidh sláinte a áireamh ar 80 % de phacáistíocht tosaigh agus chúil táirgí tobac, lena n-áirítear rabhaidh phictiúrtha; agus

(c) forfheidhmiú géar ar an toirmeasc ar bhlastáin shaintréitheacha i dtáirge tobac chun mealladh na dtáirgí sin i leith daoine a chaitheann tobac, daoine nach gcaitheann tobac agus daoine óga a laghdú;

10. á iarraidh go ndéanfaí measúnú agus athbhreithniú ar mhodhanna tomhais a úsáidtear faoi láthair le haghaidh tarra, nicitín agus aonocsaíde carbóin i dtobac agus i dtáirgí gaolmhara, bunaithe ar thaighde eolaíoch neamhspleách a rinneadh le déanaí;

11. á iarraidh go gcuirfidh na Ballstáit na hoibleagáidí faoin Treoir maidir le Plaisteach Aon Úsáide (AE) 2019/904 ([35]) chun feidhme ina n-iomláine i ndáil le scagairí i dtáirgí tobac ina bhfuil plaisteach iontu chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní faoin gcomhshaol agus faoin tsláinte a bhaineann leis na scagairí sin;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh ar na meastóireachtaí eolaíocha ar na rioscaí sláinte a bhaineann le toitíní leictreonacha, táirgí tobac téite agus táirgí núíosacha tobac, lena n-áirítear an measúnú ar na rioscaí a bhaineann leis na táirgí sin a úsáid i gcomparáid le táirgí eile tobac a chaitheamh, agus liosta a bhunú ar an leibhéal Eorpach de na substaintí atá sna táirgí sin agus a astaítear uathu; á mheas go bhféadfadh toitíní leictreonacha a cheadú chun ligean do chaiteoirí tobac áirithe éirí as caitheamh tobac de réir a chéile; á mheas ag an am céanna nár cheart go mbeadh toitíní leictreonacha tarraingteach do mhionaoisigh ná do dhaoine nach gcaitheann tobac; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, meastóireacht a dhéanamh, faoi chuimsiú na Treorach um Tháirgí Tobac, ar cad iad na blastáin i dtoitíní leictreonacha tarraingteach go háirithe do mhionaoisigh agus do dhaoine nach gcaitheann tobac, agus toirmeasc a mholadh orthu sin, agus thairis sin, toirmeasc a mholadh ar gach blastán saintréitheach i dtáirgí tobac téite agus i dtáirgí núíosacha tobac;

13. á iarraidh go ndéanfaí Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac (FCTC) ([36]) agus Prótacal ar mhaithe le Trádáil Aindleathach i dTáirgí Tobac a Dhíothú le Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte ([37]) a chur chun feidhme go pras agus go hiomlán, agus aird ar leith á tabhairt ar Airteagal5.3 FCTC agus na treoirlínte ann faoi bheartais sláinte poiblí a chosaint ar leasanna dílsithe an tionscail tobac; ag tathanta ar an gCoimisiún rialacha sonracha iompair a chur chun feidhme dá oifigigh uile agus dá sheirbhísigh eile agus iad ag idirghníomhú le tionscal an tobac, i gcomhréir le cinneadh an Ombudsman Eorpaigh i gCás 852/2014/LP ([38]);

14. ag tacú leis an togra ón gCoimisiún maidir le nuashonrú a dhéanamh ar an Moladh ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le timpeallachtaí atá saor ó chaitheamh tobac ([39]) chun a chumhdach a leathnú chuig táirgí atá ag teacht chun cinn, amhail toitíní leictreonacha agus táirgí tobac téite agus timpeallachtaí saor ó thobac a leathnú, lena n-áirítear spásanna amuigh faoin aer;

---

([33]) Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialachán agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, tíolacadh agus díol táirgí tobac agus táirgí gaolmhara (IO L 127, 29.4.2014, lch. 1).

([34]) Treoir 2011/64/AE ón gComhairle an 21 Meitheamh 2011 maidir le struchtúr agus rátaí na ndleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac monaraithe (IO L 176, 5.7.2011, lch. 24).

([35]) Treoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú (IO L 155, 12.6.2019, lch. 1).

([36]) https://fctc.who.int/who-fctc/overview

([37]) https://fctc.who.int/protocol/overview

([38]) https://www.ombudsman.europa.eu/ga/decision/en/73774

([39]) IO C 296, 5.12.2009, lch. 4.

15. á mheabhrú go ndéanann IARC eatánól agus aicéataildéad ó mheitibileacht eatánóil i ndeochanna alcólacha a aicmiú mar charcanaigineach i leith daoine, agus gur féidir tuairim is 10 % de chásanna uile ailse i measc na bhfear agus 3 % de chásanna uile ailse i measc na mban san Eoraip a lua le hól alcóil ([40]); á chur i bhfios go láidir gur dá laghad an méid alcóil a óltar is ea is lú an riosca go dtiocfaidh ailse chun cinn; á chur i bhfáth gur fachtóir riosca é an t-ól díobhálach alcóil, maidir le go leor ailsí éagsúla, amhail ailse bhéalchuasa, ailse farainge, ailse larainge, ailse éasafagais, ailse ae, ailse cholaireicteach agus ailse chíche i mná; ag meabhrú an staidéir a ndearnadh EDS ([41]) tagairt dó ina n-aithnítear nach bhfuil aon leibhéal sábháilte d'ól alcóil ann a mhéid a bhaineann le hailse a chosc, agus á chur i bhfáth an gá atá ann é sin a chur san áireamh agus beartas maidir le hailse a chosc á cheapadh agus á chur chun feidhme ([42]);

16. á chur in iúl gur geal léi sprioc an Choimisiúin laghdú 10 % ar a laghad a bhaint amach ar mhí-úsáid alcóil faoi 2025; á mholadh don Choimisiún agus do na Ballstáit gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun an díobháil a bhaineann le halcól a laghdú agus a chosc faoi chuimsiú straitéis athbhreithnithe AE i leith alcóil ([43]), lena n-áirítear straitéis Eorpach maidir le gan aon alcól a bheith á ól ag mionaoisigh, ar straitéis í lena ngabhfaidh tograí reachtacha, i gcás inarb iomchuí, agus prionsabal na coimhdeachta agus reachtaíocht náisiúnta reatha maidir le teorainneacha aoise i ndáil le hól alcóil á n-urramú ag an am céanna; ag tacú le faisnéis níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí trí fheabhas a chur ar lipéadú deochanna alcólacha chun faisnéis faoi ólachán measartha agus freagrach a áireamh iontu agus trí léiriú sainordaitheach a thabhairt isteach maidir le liosta na gcomhábhar agus faisnéis faoi chothú, agus chomh maith leis sin, trí lipéadú digiteach a thabhairt isteach; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta sonracha a dhéanamh lena ndíreofar ar ól trom agus ardriosca ([44]); á mheas go bhfuil sé tábhachtach mionaoisigh a chosaint ar chumarsáid tráchtála maidir le halcól a ól chomh maith le suiteáil táirgí agus urraíocht brandaí alcóil, lena n-áirítear sa timpeallacht dhigiteach, ós rud é nach mór gan fógraíocht a dhíriú go sonrach ar mhionaoisigh agus gan daoine a spreagadh le halcól a ól; á iarraidh go gcuirfí toirmeasc ar fhógraíocht alcóil agus ar urraíocht alcóil ag imeachtaí spóirt nuair is mionaoisigh is mó a théann go dtí na himeachtaí sin; á iarraidh go ndéanfaí dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme Threoir athbhreithnithe Sheirbhísí na Meán Closamhairc ([45]); á iarraidh go neartófai leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha atá beartaithe cumas na mBallstát seasamh le reachtaíocht lena bhféachtar le mionaoisigh agus pobail leochaileacha eile a chosaint ó chumarsáid tráchtála le haghaidh deochanna alcólacha agus an reachtaíocht sin a fhorfheidhmiú; á mholadh go ndéanfaí cistí poiblí a leithdháileadh le haghaidh feachtais feasachta náisiúnta agus Eorpacha; ag tacú leis an athbhreithniú atá beartaithe ar reachtaíocht an Aontais maidir le cánachas ar alcól agus le ceannach trasteorann alcóil ag daoine príobháideacha agus le hathbhreithniú ar bheartais praghsála alcóil, lena n-áirítear breithniú ar chánacha ar dheochanna alcólacha a mhéadú;

17. á chur i bhfios go láidir go bhfuil tionchar suntasach ag bia ar shláinte daoine aonair, agus go léiríonn fianaise eolaíoch go mbíonn tionchair dhiúltacha ar an tsláinte ag sciartha bia ar mhéid mhíchuí a ithe agus go bhféadfadh sé an riosca go dtiocfaidh ailse chun cinn a mhéadú; á iarraidh go ndéanfaí feachtais chuimsitheacha cothaithe a fhorbairt, a bheadh i gcomhréir le Straitéis AE "ón bhfeirm go dtí an forc";

18. á mholadh do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar chomhairleoireacht cothaithe a chur ar fáil sa chúram sláinte príomhúil;

19. ag cur béim ar an ról atá ag aiste bia fholláin chun minicíocht agus atarlú na hailse a chosc agus a theorannú, agus á chur i bhfáth gur féidir rioscaí aonair ailse a laghdú trí níos mó plandaí, arna dtáirgeadh go hinbhuanaithe, agus níos mó bianna planda-bhunaithe, amhail torthaí agus glasraí úra, gráinní iomlána agus léagúim a ithe; ag cur béim, thairis sin, ar an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar ró-thomhaltas feola agus táirgí sárphróiseáilte, agus ar tháirgí a bhfuil leibhéal ard siúcraí, salainn agus saillte iontu; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, an t-athbhreithniú a dhéanfar go luath ar scéim AE do thorthaí, glasraí agus bainne i scoileanna agus ar bheartas AE maidir le táirgí talmhaíochta a chur chun cinn; á iarraidh ar an

---

([40]) Scoccianti C., Cecchini M., Anderson A.S. et al., *European Code against Cancer 4th Edition: Alcohol drinking and cancer* [Cód Eorpach i gcoinne Ailse Eagrán 4: Ól alcóil agus ailse], Cancer Epidemiol. 2016 Nollaig; lgh. 181-188. https://pubmed.ncbi.nlm.nih.gov/27816465/

([41]) https://www.euro.who.int/en/health-topics/disease-prevention/alcohol-use/news/news/2018/09/there-is-no-safe-level-of-alcohol,-new-study-confirms

([42]) https://www.thelancet.com/action/showPdf?pii=S0140-6736%2818%2931310-2

([43]) Teachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2006 maidir le straitéis de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis na Ballstáit an díobháil a bhaineann le halcól a laghdú (COM(2006)0625).

([44]) https://www.thelancet.com/journals/lanonc/article/PIIS1470-2045(21)00279-5/fulltext

([45]) Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh, IO L 303, 28.11.2018, lch. 69.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

gCoimisiún agus ar na Ballstáit tomhaltóirí a spreagadh agus cuidiú leo roghanna eolasacha, sláintiúla agus inbhuanaithe a dhéanamh faoi tháirgí bia trí bhíthin lipéadú cothúcháin comhchuibhithe éigeantach AE ar aghaidh an phacáiste a ghlacadh, a fhorbrófar ar bhonn fianaise eolaíoch láidir agus neamhspleách; á chur in iúl gur geal léi go ndírítear ar chothú folláin sa Ráthaíocht do Leanaí AE ([46]) agus á iarraidh go gcuirfí ar fáil Plean Gníomhaíochta nua AE maidir le Murtall i measc Leanaí; ag tacú le bearta fioscacha chun go mbeidh bianna úra (amhail torthaí agus glasraí, piseánaigh, léagúim agus lánghráinní) níos inacmhainne agus níos inrochtana ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe i gcás daoine ar ioncam íseal; ag spreagadh na mBallstát beartais phraghsála a úsáid, amhail difreáil na cánach breisluacha, agus rialuithe margaíochta chun tionchar a imirt ar éileamh, ar rochtain agus ar inacmhainneacht bianna agus deochanna atá ar bheagán saillte sáithithe, tras-saillte, salainn agus siúcra; ag tacú leis na Ballstáit agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar na forálacha ábhartha chun srian a chur ar fhógraíocht deochanna milsithe agus táirgí bia próiseáilte ina bhfuil leibhéal ard saillte, salainn agus siúcra, lena n-áirítear fógraíocht ar na meáin shóisialta, agus á iarraidh ar an gCoimisiún togra a chur ar aghaidh le haghaidh rialachán cuimsitheach uile-Aontais chun cosc a chur ar fhógraíocht den sórt sin i leith mionaoiseach;

20. á aithint go meastar go bhfuil an murtall ina fhachtóir riosca do go leor cineálacha ailse, amhail ailse cholaireicteach, dhuáin nó chíche, i measc nithe eile; á iarraidh ar na Ballstáit comhrac gníomhach a dhéanamh i gcoinne an mhurtaill trí roghanna sláintiúla cothaithe a chur ar fáil mar aon le cleachtas an spóirt, ní hamháin trí oiliúint a chur ar shaoránaigh agus iad a spreagadh na roghanna cearta a dhéanamh, ach freisin trí chláir lárnacha a áireamh sa chúram sláinte príomhúil lena gcabhraítear le hothair meáchan a chailleadh ar bhealach sláintiúil; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú leis an taighde agus an nuálaíocht a bhaineann leis an murtall agus é mar aidhm acu cur síos a dhéanamh ar an tionchar atá ag tosca géiniteacha, ag an micreaflóra daonna nó ag stádas síceolaíochta, i measc nithe eile, ar mheáchan an choirp, agus féachaint ar na hidirghabhálacha is éifeachtaí;

21. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún dul i ngleic le héilleáin charcanaigineacha atá i mbia; á mheabhrú rún ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Deireadh Fómhair 2020 ([47]) ina n-iarrtar dianteorainneacha dlíthiúla a leagan síos maidir le haicriolaimíd a bheith i mbia chun tomhaltóirí a chosaint go leordhóthanach, go háirithe na daoine is leochailí amhail naíonáin agus leanaí; ag tathant ar an gCoimisiún na tograí ábhartha a chur chun cinn go pras;

22. á iarraidh ar an gCoimisiún aird a thabhairt ar iarrataí éagsúla na Parlaiminte i rún uaithi an 16 Eanáir 2019 chun nós imeachta údaraithe an Aontais maidir le lotnaidicídí a fheabhsú;

23. á iarraidh ar na Ballstáit, ar rialtais réigiúnacha agus áitiúla, ar ionadaithe na sochaí sibhialta agus ar fhostóirí cleachtadh na ngníomhaíochtaí coirp agus an spóirt ar feadh an tsaoil a chur chun cinn agus a éascú, toisc gurb eol é go gcuireann siad teorainn le minicíocht agus le hatarlú na hailse chomh maith le fadhbanna meabhairshláinte a laghdú, agus go spreagtar cuimsiú sóisialta leis; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé cleachtas na gníomhaíochta coirp agus an spóirt a dhéanamh inrochtana agus cuimsitheach ó aois óg, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha, trí bhonneagair, trealamh agus cláir phoiblí a mhaoiniú; á iarraidh ar na Ballstáit rochtain ar ghníomhaíocht choirp a éascú d'othair atá san ospidéal má mholtar é sin go cliniciúil;

24. á chur in iúl gur geal léi feachtas “HealthLifestyle4all” an Aontais lena mbaineann spóirt, gníomhaíocht choirp agus aistí bia sláintiúla, chomh maith le hearnálacha lárnacha eile, a chur chun cinn. á mholadh go gcuirfeadh scoileanna oideachas sláinte san áireamh ina gcuraclaim chun a áirithiú go bhfoghlaimeoidh mionaoisigh agus déagóirí conas stíl mhaireachtála shláintiúil a threorú agus go gcuirfí ar an eolas iad faoi ECAC, agus á iarraidh go mbeadh oideachas sláinte mar chuid lárnach de bheartais oideachais cúnaimh shóisialta;

25. ag tabhairt le fios go bhfuil radaíocht ultraivialait (UV) dofheicthe sa radaíocht ón ngrian arbh fhéidir ailse chraicinn a bheith mar thoradh uirthi; á iarraidh ar an gCoimisiún dá bhrí sin athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2006/25/CE maidir le nochtadh oibrithe do rioscaí ó oibreáin fhisiceacha (radaíocht optúil shaorga) ([48]) agus radaíocht ghréine a áireamh ina raon feidhme; ag tacú leis an gcosaint i gcoinne nochtadh na radaíochta UV ar leibhéal AE a neartú, go háirithe trí reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta ceirde d'oibrithe amuigh faoin aer; á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin féachaint ar bhearta a bhaineann le nochtadh don radaíocht UV, lena n-áirítear ó fheistí súdaireachta saorga

([46]) Togra ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 le haghaidh Moladh ón gComhairle lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí (COM(2021)0137).
([47]) IO C 395, 29.9.2021, lch. 32.
([48]) IO L 114, 27.4.2006, lch. 38.

(gréasáin neamhnithe) ([49]); á chur i bhfios á thábhachtaí atá le feachtais faisnéise chun daoine a chur ar an eolas faoi na rioscaí a bhaineann le nochtadh iomarcach don ghrian agus chun iad a mhúineadh conas comharthaí rabhaidh a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint; á iarraidh go ndéanfaí bearta sonracha chun laghdú a dhéanamh ar nochtadh mionaoiseach agus déagóirí do radaíocht UV; á iarraidh go mbeadh reachtaíocht níos déine ann maidir le húsáid leapacha gréine chun críocha cosmaideacha agus go gcuirfí cosc ar a n-úsáid ag mionaoisigh; á iarraidh ar na Ballstáit tuairisciú ar ailse craicinn meileanóma a áireamh i gclárlanna náisiúnta ailse;

26. ag aithint gur féidir 2 % d'ualach ailse na hEorpa a chur i leith radaíocht ianúcháin agus gurb é nochtadh don radón laistigh agus a táirgí meatha an dara cúis is mó le hailse scamhóg san Eoraip; ag tnúth le torthaí Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom ([50]), a fheabhsóidh eolas ar nochtadh do radón, agus na frithbhearta beartaithe chun a charnadh in áitribh a laghdú; á mheabhrú go bhféadfadh radaíocht ianúcháin a bheith i dteaghlaigh phríobháideacha freisin; á mholadh don Choimisiún agus do na Ballstáit, dá bhrí sin, na réimsí criticiúla atá ann faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith ann a mhapáil ar mhaithe le freagairt go héifeachtach don bhagairt sin; á iarraidh ar an gCoimisiún cistí a leithdháileadh chun léarscáil réamhaisnéise den sórt sin a chruthú agus feachtais faisnéise a chur chun cinn don phobal chun feasacht a mhúscailt ar an ábhar sin; ag spreagadh na mBallstát a bpleananna náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta go rialta chun nochtadh don radón a laghdú, mar a iarrtar sa Treoir maidir le Neamhchosaint ar Fhoinsí Radaighníomhacha ([51]) agus nuashonrú a dhéanamh ar na treoirlínte maidir le maolú radóin le haghaidh foirgníochtaí nua; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar éifeachtacht na mbeart reatha maidir le cosaint a thabhairt d'oibrithe a nochtar do radaíocht ianúcháin amhail criúnna aerlínte, oibrithe stáisiún núicléach, oibrithe i suíomhanna tionsclaíocha ábhartha agus taighdeoirí, gairmithe sláinte agus tréidlianna a oibríonn in earnálacha na raideolaíochta, na radaiteiripe nó an leighis núicléach, agus athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta sin i gcás inar gá agus inar comhréireach;

27. á iarraidh ar an gCoimisiún taighde eolaíoch ildisciplíneach a chur chun cinn maidir le naisc a bheith ann idir réimsí leictreamaighnéadacha (EMFanna), lena n-áirítear 5G, agus ailse chun fianaise eolaíoch a bhailiú maidir le héifeachtaí fadtéarmacha EMFanna, agus chun an pobal a chur ar an eolas go tráthúil faoi thoradh na staidéar sin; á iarraidh go gcuirfí chun cinn taighde maidir le forbairt na teicneolaíochta lena laghdaítear an nochtadh radaimhinicíochta;

28. á mheas gur toisc shuntasach é an Comhaontú Glas don Eoraip chuireann le cosc na hailse san Eoraip, trí bhíthin truailliú an aeir, an bhia, an uisce, na hithreach agus nochtadh ceimiceán a laghdú; á iarraidh go ndéanfaí meastóireacht ar thionchar na mbeartas ar mhinicíocht ailse atá le comhtháthú sa Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc, sa Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht, agus sna Straitéisí Ceimiceacha, Truaillithe Nialasaigh agus Comhshaoil Neamhthocsainigh; á chur in iúl gur geal léi an t-athbhreithniú a dhéanfar go luath ar chaighdeáin AE maidir le cáilíocht an aeir agus á iarraidh ar an gCoimisiún iad a ailíniú le treoirlínte EDS dá dtagraítear i rún na Parlaiminte an 25 Márta 2021 maidir le cur chun feidhme na dTreoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh ([52]); á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcabhraíonn an comhbheartas talmhaíochta le feirmeoirí úsáid lotnaidicídí a laghdú; á mholadh go ndéanfaí taighde ar úsáid agus ar fhorbairt cógas atá níos sábháilte don chomhshaol, agus ag spreagadh cur chun feidhme sásraí éifeachtúla aistrithe dramhaíola lena seachnaítear truailliú an chomhshaoil, i gcomhréir le cuspóirí na Straitéise Cógaisíochta don Eoraip;

29. á chur i bhfáth gur gá an Treoir athbhreithnithe maidir le hUisce Óil ([53]) a chur chun feidhme go hiomlán agus an Treoir Réime maidir le hUisce a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ([54]), rud a laghdóidh an tiúchan in uiscí dromchla agus screamhuisce de thruailleán áirithe a d'fhéadfadh cur le minicíocht ailse;

---

([49]) Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais (IO L 96, 29.3.2014, lch. 357).

([50]) Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse 2021-2025 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus lena leasaítear Rialachán (Euratom) 2018/1563 (IO L 167 I, 12.5.2021, lch. 81).

([51]) Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle an 5 Nollaig 2013 lena leagtar síos caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta don chosaint i gcoinne na contúirte a eascraíonn as nochtadh don radaíocht ianúcháin, agus lena n-aisghairtear Treoir 89/618/Euratom, Treoir 90/641/Euratom, Treoir 96/29/Euratom, Treoir 97/43/Euratom agus Treoir 2003/122/Euratom (IO L 13, 17.1.2014, lch. 1).

([52]) IO C 494, 8.12.2021, lch. 64.

([53]) Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (IO L 435, 23.12.2020, lch. 1).

([54]) Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

30. á iarraidh, go háirithe, go neartófaí na ceanglais faisnéise maidir le carcanaigineacht faoin Rialachán maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) ([55]) chun gur féidir sainaithint a dhéanamh ar gach substaint charcanaigineach a mhonaraítear nó a allmhairítear, gan beann ar a méid, i gcomhréir leis an Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht, agus á iarraidh freisin go ndéanfaí ceimiceáin, lena n-áirítear EDCanna, a chlárú, a mheas, a údarú agus a shrianadh faoi Rialachán REACH, le bheith déanta i gcomhar le measúnuithe IARC agus EDS; á chur in iúl gur geal léi an tiomantas atá tugtha sa Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht an cur chuige cineálach maidir le bainistiú riosca a leathnú chun a áirithiú nach mbeidh ceimiceáin i dtáirgí tomhaltais arb iad is cúis le hailsí, sócháin ghéinte, a mbíonn tionchar acu ar an gcóras atáirgthe nó ar an gcóras inchríneach, nó atá marthanach agus bithcharnach agus tocsaineach; á iarraidh ar an gCoimisiún na bearta atá beartaithe sa Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht a chur chun feidhme go pras chun laghdú a dhéanamh ar nochtadh na saoránach do shubstaintí carcanaigineacha agus do shubstaintí ar suaiteoirí inchríneacha iad trí gach conair nochta; á iarraidh ar an gCoimisiún aird ar leith a thabhairt ar na codanna den daonra atá an-leochaileach do cheimiceáin ghuaiseacha agus na pobail leochaileacha sin a chur san áireamh ar bhealach níos fearr sna measúnuithe riosca ar cheimiceáin; á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach faisnéis a thabhairt do thomhaltóirí maidir le conairí nochta ina saol laethúil chun an cosc a neartú, agus á chur in iúl gur geal léi bunú an bhunachair sonraí maidir le Substaintí i dTáirgí arb Údar Imní iad, chuige sin; á iarraidh ar an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil tuarascáil a ullmhú i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán maidir le ceimiceáin sa chomhshaol san Eoraip; á iarraidh go ndéanfaí measúnú sa tuarascáil ar chineál sistéamach na gcarcanaiginí agus EDCanna i gcórais táirgthe agus tomhaltais na hEorpa, ar an úsáid a bhaintear astu i dtáirgí, ar a minicíocht i dtimpeallacht na hEorpa, agus ar an dochar a dhéanann siad do shláinte an duine, go háirithe maidir le hailse;

31. á mheas go mbeidh ar an gcéad eagrán eile de ECAC an t-eolas is déanaí maidir le carcanaiginí comhshaoil a chur i gcuntas; á iarraidh ar an gCoimisiún a mholadh gan mhoill go ndéanfaí athbhreithniú ar Airteagal 68(2) de REACH, ar an Rialachán maidir le Ábhair Theagmhála Bia ([56]), ar an Rialachán maidir le Táirgí Cosmaideacha ([57]), ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Bréagán ([58]) agus ar reachtaíocht ábhartha eile maidir le táirgí tomhaltais chun a áirithiú nach mbeidh ceimiceáin i dtáirgí tomhaltais is cúis le hailse, i gcomhréir leis an Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht; á iarraidh, thairis sin, go ndéanfaí athbhreithniú rialta ar an reachtaíocht sin chun forbairt ábhar, treochtaí agus táirgí nua a chur san áireamh; á chur i bhfios go láidir go bhfuil suaiteoirí inchríneacha i mbia, in ábhar teagmhála bia, i gcosmaidí, in earraí tomhaltais, i mbréagáin, agus in uisce óil chomh maith, agus gur féidir éifeachtaí díobhálacha, lena n-áirítear ailse, a bheith mar thoradh ar nochtadh, fiú ar dháileoga ísle, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma ([59]); á thabhairt chun suntais, i bhfianaise nochtadh forleathan dhaonra an Aontais do go leor suaiteoirí inchríneacha amhrasta nó aitheanta agus toisc go bhféadfadh éifeachtaí carnacha a bheith ag baint le nochtadh comhcheangailte roinnt suaiteoirí inchríneacha atá ag gníomhú ar chonairí comhchosúla nó éagsúla, gur gá an nochtadh do shuaiteoirí inchríneacha a íoslaghdú agus rialáil an Aontais a dhéanamh níos comhsheasmhaí thar earnálacha; á mholadh go ndéanfaí tuilleadh taighde chun an cumas atá ag ceimiceáin feidhmiú mar shuaiteoirí inchríneacha a chinneadh;

32. ag tacú go hiomlán le tiomantas an Choimisiúin faoin Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht leasú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú ceimiceán (Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ([60])) aicmí guaise nua a thabhairt isteach maidir le, *inter alia*, suaiteoirí inchríneacha, lena n-áirítear suaiteoirí inchríneacha amhrasta, agus na ceanglais faisnéise a thabhairt cothrom le dáta i ngach reachtaíocht ábhartha chun gur féidir iad a shainaithint;

33. á iarraidh ar an gCoimisiún an cur chuige "neamhúrchóideach trí dhearadh" a chomhtháthú leis na ceanglais rialála a bhaineann le táirgeadh ceimiceán agus cógas, chun cur chuige fíor-réamhchúramach a ghlacadh chun rioscaí dár sláinte, dár sochaí agus don chomhshaol a mhaolú;

---

([55]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

([56]) Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus nithe a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia (IO L 338, 13.11.2004, lch. 4).

([57]) Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha (IO L 342, 22.12.2009, lch. 59).

([58]) Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le sábháilteacht bréagán (IO L 170, 30.6.2009, lch. 1).

([59]) https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2019/608866/IPOL_STU(2019)608866_EN.pdf

([60]) IO L 353, 31.12.2008, lch. 1.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

34. á chur in iúl gur geal léi gur foilsíodh creat straitéiseach nua AE maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair don tréimhse 2021-2027, go háirithe an cur chuige "Fís Nialais" i leith básanna a bhaineann leis an obair, chomh maith leis an gcruinniú mullaigh atá beartaithe maidir le breithniú ar an tsláinte agus ar an tsábháilteacht cheirde in 2023, chun meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo "Fís Nialais"; á chur i bhfáth an gá atá le dlúth-rannpháirtíocht rialta na gcomhpháirtithe sóisialta agus na ngeallsealbhóirí sa straitéis sin; á chur in iúl gurb oth léi, áfach, an líon teoranta substaintí ar tugadh aghaidh orthu sa straitéis; á mholadh go ndéanfaí na hanailísí agus an taighde leanúnach maidir le substaintí nua a mheastar a bheith carcanaigineach, só-ghineach agus/nó tocsaineach don atáirgeadh, OELanna a bhunú d'oibreáin cheimiceacha nach bhfuil siad ann fós ina leith, agus leasuithe tréimhsiúla a dhéanamh nuair a bhíonn gá leis sin i bhfianaise sonraí eolaíocha agus forbairtí teicniúla eile le déanaí; á chur in iúl gur geal léi an suirbhé ar oibrithe a d'ullmhaigh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) maidir le nochtadh d'fhachtóirí riosca ailse; á chur i bhfáth go bhféadfadh cláir bhithfhaireacháin dhaonna a bheadh níos córasaí i gcomhréir iomlán le bearta cosanta sonraí, i suíomhanna ceirde agus i suíomhanna neamhcheirde araon, a bheith ar cheann de roinnt foinsí ábhartha faisnéise maidir le héifeachtaí ginearálta nochta do cheimiceáin agus maidir leis an tionchar ar an tsláinte; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, a uaillmhian a mhéadú mar ábhar práinne trí nuashonrú uaillmhianach agus rialta a dhéanamh ar Threoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair; á iarraidh ar an gCoimisiún, chuige sin, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Shláinte agus um Shábháilteacht, plean gníomhaíochta a chur i láthair chun luachanna OEL a bhaint amach do 25 substaint bhreise, grúpa substaintí breise nó substaintí a ghintear trí phróiseas faoi 2024 ar a laghad; á chur i bhfáth, chuige sin, gur gá don Choimisiún cur leis an gcumas athbhreithniú a dhéanamh ar OELanna agus cinn nua a chur leis, lena n-áirítear trí fhoireann mhéadaithe in aonaid agus údaráis ábhartha; á mheabhrú, sa chomhthéacs sin, gur deis í an chaibidlíocht leanúnach maidir leis an gceathrú hathbhreithniú ar Threoir 2004/37/CE chun obair Iarscríbhinn 1 a bhaineann le nochtadh do tháirgí íocshláinte guaiseacha a chomhlíonann na critéir lena n-aicmiú mar tháirgí carcanaigineacha, só-ghineacha agus/nó tocsaineacha don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a áireamh freisin, chun na bearta cosanta aonair agus ginearálta is fearr is féidir a áirithiú d'oibrithe a láimhseálann na táirgí sin; ag athdhearbhú a hiarrata go mbunófaí córas nua comhleanúnach, trédhearcach agus bunaithe ar riosca chun teorainneacha nochta a shocrú agus chun nochtadh oibrithe do mheascán substaintí a chur san áireamh ar bhealach níos fearr; á chur in iúl gur geal an gealltanas a thug an Coimisiún suaitheoirí inchríneacha a áireamh mar chatagóir substaintí ar cúis mhór imní iad faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (Rialachán REACH) agus iad a aicmiú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008; á chur i bhfáth gur cheart oibrithe a chosaint ar nochtadh do shuaitheoirí inchríneacha freisin; á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin togra reachtach a thíolacadh in 2022 chun nochtadh oibrithe d'aispeist a laghdú tuilleadh, ar carcanaigin chruthaithe (grúpa 1) í de réir IARC, atá freagrach i gcónaí as tuairim is leath de gach ailse ceirde san Eoraip; ag athdhearbhú i dtaca leis sin iarrataí na Parlaiminte i rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le hoibrithe a chosaint ar aispeist ([61]), go háirithe a hiarraidh ar straitéis Eorpach chun gach aispeist a dhíothú agus a moltaí maidir le meastóireacht níos fearr a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh neamhcheirde d'aispeist; á iarraidh ar na Ballstáit aitheantas agus cúiteamh i leith ailsí cruthaithe a bhaineann leis an obair a éascú agus an faireachán a dhéanann cigireachtaí saothair ar nochtadh a bhaineann leis an obair a atreisiú;

35. ag spreagadh an Choimisiúin agus na mBallstát SDGnna na Náisiún Aontaithe lena ndírítear ar ghalair theagmhálacha a bhaint amach chun cosc na n-ailsí a bhaineann le galair thógálacha a chur chun cinn; á chur in iúl gur geal léi na cláir vacsaínithe sa chomhrac i gcoinne tharchur papalómaivíris dhaonna (HPV); á áitiú go gcuirfí clár vacsaínithe HPV atá neodrach ó thaobh inscne de agus a mhaoinítear go poiblí chun feidhme sna Ballstáit chun a áirithiú go gcuirfear deireadh leis na hailse uile a bhaineann le HPV, agus á iarraidh go ndéanfaí 90 % de chailíní a vacsaíniú go hiomlán, agus méadú suntasach ar vacsaíniú buachaillí, le vacsaín HPV faoi 15 bliana d'aois faoi 2030; ag tathant go ndéanfaí dul chun cinn i dtreo spriocanna Plean Sáraithe Ailse na hEorpa maidir le vacsaíniú HPV a thuairisciú sa Chlárlann um Éagothromaíochtaí Ailse; á iarraidh ar na Ballstáit moladh ón gComhairle an 7 Nollaig 2018 maidir le comhar neartaithe in aghaidh galair is féidir a chosc le vacsaín ([62]) a chur chun feidhme chun éagothromaíochtaí imdhíonta i measc grúpaí leochaileacha a laghdú agus chun feabhas a chur ar imdhíonadh leanaí; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún moladh ón gComhairle a mholadh maidir le hailse atá inchoiscthe trí vacsaíniú; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, go bhfuil gá le gníomhaíochtaí comhordaithe lena ndírítear ar víris charcanaigineacha, amhail HPV agus víreas heipitítis B (HBV), chun a dtarchur a chosc; á iarraidh go mbeadh comhchuibhiú níos mó ar vacsaíniú HPV agus heipitítis B laistigh de chláir náisiúnta na mBallstát, agus a áirithiú go soláthraítear faisnéis faoi vacsaíniú agus go gcuirfear chun cinn rochtain chomhionann air do grúpaí daoine fásta atá leochaileach agus atá i mbaol; á mholadh go ndéanfaí faireachán rialta ar an vacsaíniú HPV agus heipitítis B atá ann faoi láthair ar leibhéal AE trí úsáid a bhaint as córas rianaithe cosúil leis an rianaire vacsaíne do COVID-19 a d'fhorbair an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), a spreagfaidh na Ballstáit freisin chun dea-chleachtas a ghlacadh agus móiminteam a chothabháil; á iarraidh ar na Ballstáit go mbeadh comhchuibhiú

([61]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0427.
([62]) IO C 466, 28.12.2018, lch. 1.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

agus idir-inoibritheacht sonraí ann agus forbairt fheabhsaithe a dhéanamh ar chórais náisiúnta sonraí imdhíonta; á chur i bhfios go láidir gur cheart ról lárnach a bheith ag ECDC maidir le dul chun cinn na mBallstát a rianú; ag tacú le tuilleadh taighde ar fhorbairt vacsaíní in aghaidh víris eile amhail víreas heipitíteas C agus víreas easpa imdhíonachta daonna (VEID); á mheas gur cheart idir an dá linn réitigh theiripeacha a úsáid go mór chun sprioc EDS a bhaint amach, eadhon deireadh a chur le heipitíteas C faoi 2030, agus á iarraidh ar an gCoimisiún acmhainní airgeadais a úsáid faoin gCiste Téarnaimh agus Athléimneachta chun na spriocanna sin a bhaint amach trí iarrachtaí scagthástála a mhaoiniú; á iarraidh go gcomhoibreofar leis Ballstáit agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta chun tionchar na mífhaisnéise ar vacsaíniú a chomhrac agus chun aghaidh a thabhairt ar an drogall roimh vacsaíní; á iarraidh go n-úsáidfear EU4Health agus sruthanna cistiúcháin eile AE chun na críche sin, lena n-áirítear tacú le hiarrachtaí múscailte feasachta do shaoránaigh, do sholáthraithe oideachais agus do ghairmithe cúraim sláinte, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do thaighde iompair faoin gclár Fís Eorpach; á mholadh go gcuirfí Cód Cleachtais AE maidir le bréagaisnéis i bhfeidhm ar bhealach níos láidre, go háirithe maidir le mífhaisnéis faoi vacsaíní;

36. ag tabhairt le fios go ndeimhnítear le sonraí a bailíodh le déanaí go bhfuil baol níos airde ag daoine a bhfuil athlasadh ainsealach orthu, lena n-áirítear ó ghalair réamatach agus galair mhatánchnámharlaigh (RMDanna), ailse agus urchóideachtaí eile a fhorbairt; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit borradh a chur faoin taighde ar an gcaidreamh idir athlasadh ainsealach, ailse agus RMDanna;

37. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i dtaighde ar na cúiseanna atá le hailse i measc daoine fásta agus le hailsí péidiatraiceacha agus ógánach freisin;

38. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé cistiú iomchuí a leithdháileadh ar thaighde ar an eolaíocht agus ar na daonnachtaí sóisialta chun meastóireacht a dhéanamh ar neamhionannais maidir le rochtain ar chaighdeáin chúraim agus nuálaíochta i ndáil le hailse leanaí ar fud na hEorpa, lena gcuirtear san áireamh difríochtaí suas le 20 % i measc na mBallstát i rátaí marthanais na n-othar ailse péidiatraice, agus chun bearta maolaithe a fhoirmliú chun cearta comhionanna agus rochtain ar chóir leighis a ráthú do gach leanbh agus do dhaoine óga a bhfuil ailse orthu san Eoraip; á chur in iúl gur oth léi, i ndáil leis sin, na héagsúlachtaí i dtaca le rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte ardcháilíochta i measc na mBallstát, agus i measc réigiúin éagsúla laistigh de na Ballstáit freisin, agus á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na héagsúlachtaí sin trí na bearta reachtacha iomchuí chun cearta comhionanna a áirithiú in AE;

39. á mholadh go spreagfaí beatha cíche chun an baol a bhaineann le hailse chíche i measc na mban a theorannú trí bhíthin máithreacha a chur ar an eolas agus oideachas a chur orthu faoi na buntáistí a bhaineann le beathú cíche;

40. ag tabhairt dá haire go bhfuil sé léirithe go bhfuil togracht ghéiniteach maidir le hailse ann atá nasctha le sócháin géinte sonracha; á thabhairt chun suntais go bhfuil modhanna chun sócháin den sórt sin a bhrath ar fáil, tráth breithe chun ailsí péidiatraiceacha áirithe a bhrath go luath nó le linn an tsaoil, go háirithe i gcás ailse chíche, agus ailsí ubhagáin agus colaireicteacha, agus go bhféadfadh brath na sóchán sin a bheith ina gcuidiú chun ailse luathchéime a chosc nó a bhrath agus chun roghanna cóireála a threorú; á mholadh, dá bhrí sin, go dtacódh na Ballstáit le rochtain mhéadaithe ar thástáil ghéiniteach d'othair i ngach aoisghrúpa mar aon le comhairleoireacht leighis agus diagnóisic ard-seicheamhaithe trí mhaoiniú a chur ar leataobh agus trí bhealaí soiléire a chruthú chun aisíocaíocht thapa agus éifeachtúil a dhéanamh, agus feasacht a mhúscailt maidir lena mhéid is féidir le saoránaigh rochtain a fháil ar na seirbhísí sin san Aontas; á mholadh go gcuirfí borradh faoi infheistíocht i mbonneagar agus i scileanna a bhaineann le hardáin seicheamhaithe ghéinitigh agus in oiliúint sainchomhairleoirí géineolaíochta in aonaid shonracha, amhail mar atá ann cheana in ionaid áirithe; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le taighde ar ghéineolaíocht chun géinitíopaí a aimsiú ar mó an dóchúlacht go bhforbróidh siad ailsí áirithe, lena n-áirítear ailsí leanaí, ar galair iad a bhfuil neamhchosaint ghearr acu ar oibreáin sheachtracha;

41. á thabhairt chun suntais gur féidir le teicnící amhail eipidéimeolaíocht mhóilíneach léargais nua a thabhairt ar na hidirghníomhaíochtaí idir géinte agus an comhshaol in ailse i gcomparáid le gnátheipidéimeolaíocht; á chur i bhfios gur féidir leas a bhaint as na léargais sin, mar aon le staidéir bhreise ar eipigéineolaíocht, chun tuiscint níos fearr a fháil ar na tosca riosca a chuireann leis na cúiseanna a bhíonn le hailse agus chun an luathbhrath a mhéadú;

42. ag tacú go láidir leis an athbhreithniú a bheartaítear ar ECAC chun dea-chleachtais a fhorbairt, a chomhroinnt agus a chur chun feidhme i gcláir um chosc na hailse, ar athbhreithniú é ina ndíreofar, go háirithe, ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, agus le seoladh aipe móibílí soláimhsithe de chuid an Aontais lena dtacaítear le daoine agus lena gcumhdaítear réimsí ó chosc na hailse agus oideachas fúithi go cúram ailse, mar a fógraíodh i bPlean Sáraithe Ailse na hEorpa; á thabhairt chun suntais gur cheart an fhaisnéis uile atá cothrom le dáta a chur ar fáil freisin i bhformáidí neamhdhigitiúla, chomh maith le bheith ar fáil ar aipeanna móibíleacha, chun cuimsitheacht a áirithiú; á chur i bhfáth gur cheart do IARC ECAC a mheasúnú go córasach agus gur cheart don Choimisiún leanúint den obair mheastóireachta a chomhordú;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

43. ag spreagadh an Choimisiúin agus na mBallstát litearthacht sláinte maidir le rioscaí agus cinntithigh ailse a chur chun cinn tuilleadh, mar aon le litearthacht dhigiteach, atá nasctha léi, uirlisí oideachais um chosc a fhorbairt agus tacú le hardáin agus feidhmchláir ríomhfhoghlama a chruthú; á iarraidh go dtabharfar aird ar leith ar dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste, leochaileach, eisiata go sóisialta agus ar an imeall, agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil feachtais shonracha múscailte feasachta do ghrúpaí a bhfuil riachtanais litearthachta sláinte ar leith acu bunriachtanach; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé tábhachtach litearthacht sláinte maidir le substaintí carcanaigineacha ag an láthair oibre a mhéadú, agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go soláthraíonn fostóirí oiliúint iomchuí; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról tábhachtach ag soláthraithe cúraim sláinte phríomhúil i gcur chun cinn na sláinte i measc roinnt grúpaí sa daonra, ós rud é gur féidir leo a gcuid gníomhaíochtaí maidir le cur chun cinn na sláinte a chur in oiriúint do riachtanais na n-othar i bhfianaise scileanna digiteacha na n-othar, nó fiú mura bhfuil scileanna digiteacha ar bith acu; á mheas gurb é cosc ar ailse an chéad chéim i dtreo beartas oideachais sláinte poiblí Eorpach;

44. á iarraidh go dtreiseofar go leanúnach leis an Lárionad Eolais um Ailse, ar cheart a chur de chúram air treochlár Eorpach a bhunú chun feachtais choisc ar mórscála a cheapadh agus a chomhordú, i sineirge le cláir náisiúnta, agus chun feachtais éifeachtacha chumarsáide a cheapadh agus a chomhordú maidir le cur chun cinn na sláinte i gcláir oideachais (iompraíochtaí neamhdhíobhálacha, cothú sláintiúil, gníomhaíocht choirp, bealaí tarchuir víreas carcanaigineach, agus deiseanna vacsaínithe agus cóireála i gcás na n-ionfhabhtuithe sin, etc.) agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine óga agus ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé tábhachtach comhoibriú le heagraíochtaí náisiúnta agus áitiúla na sochaí sibhialta agus teachtaireachtaí á bhforbairt do na feachtais sin;

45. á chur i bhfios go láidir gur tosca riosca iad caitheamh tobac agus ól díobhálach alcóil, droch-chothú, innéacs ard maise coirp, stíl mhaireachtála neamhghníomhach agus truailliú na timpeallachta atá i gcoiteann le galair ainsealacha eile; á chreidiúint, dá bhrí sin, gur gá bearta maidir le cosc ailse agus le laghdú riosca a chur chun feidhme i gcomhthéacs clár comhtháite chun galair ainsealacha a chosc, i ndlúthchomhar leis an nGrúpa Stiúrtha um Chur Chun Cinn na Sláinte, um Ghalair a Chosc agus um Bhainistiú Galar Neamhthógálacha; á iarraidh go mbeidh cruinniú mullaigh maidir le breithniú agus cosc ann chun díriú ar chinntithigh ailse agus galar ainsealach eile a tháirgtear ar bhonn tráchtála, ar cruinniú mullaigh é ina ndéanfaí institiúidí AE, na Ballstáit, cumainn othar agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach i réimse na sláinte a thabhairt le chéile;

46. á iarraidh, maidir le cur chun feidhme na gclár coisc, go mbeidís cuimsitheach trí pháirt a thabhairt do na réigiúin agus na bardais, do na saoránaigh, don tsochaí shibhialta agus do chumainn othar, go háirithe tríd an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa;

II. *Scagthástáil chuimsitheach agus brath cuimsitheach ailse*

47. á chur in iúl gur saoth léi na moilleanna agus na heasnaimh a bhíonn ann go minic ar dhiagnóisiú tráthúil ailsí siomptómacha, ar moilleanna agus easnaimh iad a bhaineann le heaspa faisnéise nó le próisis scagthástála agus braite ailse gan a bheith á gcomhlíonadh; á aithint gur gá aird ar leith a thabhairt ar leanúnachas na gclár scagthástála agus na seirbhísí luathbhraite agus cúraim ailse le linn géarchéim sláinte (amhail géarchéim COVID-19) nó i gcásanna ina dtagann laghdú ar acmhainneacht na gcóras sláinte; ag spreagadh an Choimisiúin agus na mBallstát feachtais sláinte poiblí a eagrú, i gcomhpháirtíocht le geallsealbhóirí ailse, chun aghaidh a thabhairt ar aon mhoilleanna a d'fhéadfadh a bheith ar scagthástáil, luathbhrath agus cúram mar thoradh ar ghéarchéim sláinte; á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht le sonraí tapa agus cothrom le dáta maidir le cláir scagthástála ailse chun gur féidir frithghníomhú go tapa agus obair leantach a dhéanamh go tapa i gcás ina gcuirtear isteach ar chumais maidir le scagthástáil rialta, agus é mar aidhm líon na scagthástálacha a chuirtear siar a laghdú go dearbh-íosmhéid;

48. á chur in iúl gur oth léi na neamhionannais idir na Ballstáit maidir le rochtain ar scagthástáil ailse, a fhágann gur lú iad na deiseanna marthanais mar thoradh ar dhiagnóisiú déanach ailse, ar idirdhealú do-ghlactha i gcoinne shaoránaigh AE bunaithe ar a dtír chónaithe é; á chur i bhfios go láidir gurb ann, de réir Eurostat, d'éagsúlachtaí cumhdaigh faoi dheich, ar a laghad, ar fud an Aontais i gcás scagthástáil ar ailse chíche; á chur i bhfios gur tugadh ar aird san fhoilseachán "Sracfhéachaint ar an tSláinte: Eoraip 2018" gur idir 25 % agus 80 % a bhíonn an éagsúlacht idir na Ballstáit, i gcás scagthástáil ar ailse cheirbheacs, ó thaobh chumhdach an spriocdhaonra de; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, mar shampla, de réir na tuarascála is déanaí ó IARC ar chur chun feidhme Mholtaí 2003 ón gComhairle maidir le scagthástáil, nár thuairiscigh ach 18 mBallstát go raibh cláir scagthástála daonra-bhunaithe náisiúnta nó réigiúnacha acu le haghaidh ailse chíche, ailse cheirbheacs agus ailse cholaireicteach; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le tionscadail, mar shampla trí EU4Health, Misean an chláir Fís Eorpach maidir le hAilse nó cláir ábhartha eile, chun féachaint ar na bacainní lena gcuirtear srian ar luathbhrath na hailse agus ar luathdhiagnóisiú na hailse san Eoraip;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

49. á iarraidh ar na Ballstáit oibriú le chéile, go háirithe i réigiúin trasteorann agus i limistéir iargúlta (lena n-áirítear limistéir shléibhtiúla agus limistéir uirbeacha atá scoite amach ó ionaid scagthástála), chun éagothromaíochtaí sóisialta agus geografacha i scagthástáil na hailse agus i seirbhísí luathdhiagnóiseachta a laghdú;

50. ag tacú le scéim nua scagthástála ailse, a fhaigheann tacaíocht ón Aontas, a sheoladh, mar a fógraíodh sa Phlean, chun cuidiú leis na Ballstáit a áirithiú go dtairgfear scagthástáil, faoi 2025, do 90 % de dhaonra an Aontais a cháilíonn do scagthástáil ar ailse chíche, ailse cheirbheacs agus ailse cholaireicteach; á iarraidh ar an gCoimisiún ailsí eile a áireamh sa scéim, bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí, le spriocanna soiléire do gach cineál ailse; ag tacú le taighde ar chineálacha eile ailse a d'fhéadfaí a bhrath go héifeachtach trí scagthástáil; á iarraidh ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh gach dhá bhliain ar thorthaí na scéime scagthástála ailse ó thaobh rochtain chothrom a bheith ag an spriocdhaonra air, chun na neamhionannais idir na Ballstáit agus na réigiúin a rianú, bearta nua iomchuí agus cláir scagthástála chomhghaolacha a mholadh ina bhfuil na torthaí is déanaí sa taighde maidir le scagthástáil ailse, agus más gá, bearta a chur i láthair chun cumhdach na seirbhísí scagthástála agus coisc sna Ballstáit a mhéadú; ag tathant ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún tuairisciú agus faireachán a dhéanamh ar bhaint amach na spriocanna scagthástála sa Chlárlann Éagothromaíochtaí Ailse;

51. ag spreagadh na mBallstát scagthástáil ailse le haghaidh ailse chíche, ailse cheirbheacs agus ailse cholaireicteach a chur chun cinn, mar chuid de chláir náisiúnta agus réigiúnacha atá bunaithe ar dhaonra, lena n-áirítear sna réigiúin iargúlta agus sna réigiúin is forimeallaí, agus acmhainní leormhaithe a chur ar fáil chuige sin; á athdhearbhú gur cheart, ag an am céanna, fócas méadaithe a bheith sa Phlean maidir le tionscnaimh scagthástála, diagnóisithe agus cóireála le haghaidh ailsí nach féidir a chosc; ag spreagadh an Choimisiúin agus na mBallstát scagthástáil spriocdhírithe a chur chun cinn do ghrúpaí ardriosca; á mholadh go láidir do na Ballstáit beartas cuimsitheach maidir le scagthástáil a fhorbairt lena bhféadfar scagthástáil thráthúil a dhéanamh nuair a bhraitear ailsí a bhfuil saintréithe ó oidhreacht acu; á mholadh go mbunóidh na Ballstáit cláir thaighde maidir le modhanna luathdhiagnóiseachta, atá éifeachtach, cruinn, neamhionrach agus nuálach, amhail bithchomharthaí sóirt, i gcomhair cineálacha éagsúla ailse;

52. á iarraidh go gcuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit chun feidhme go hiomlán na treoirlínte Eorpacha maidir le dearbhú cáilíochta i scagthástáil ailse le haghaidh ailse chíche, ailse cheirbheacs agus ailse cholaireicteach, agus seirbhísí luathbhraite, chun an mhoill ar dhiagnóisiú na n-ailsí sin a íoslaghdú; á mholadh go dtabharfaí aghaidh ar éagothromaíochtaí laistigh de na Ballstáit maidir le scagthástáil, b'fhéidir trí na critéir maidir le scagthástáil ailse, chomh maith le creataí dlí, rialachas agus struchtúir dearbhaithe cáilíochta, a dhéanamh níos doichte agus níos bunaithe ar eolaíocht; á mheas, chun aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí i scagthástáil ailse, go bhfuil gá le comhphrótacail chaighdeánaithe maidir le scagthástáil ar leibhéal an Aontais, a théann níos faide ná treoirlínte dea-chleachtais, e.g. maidir le halgartaim chun cláir scagthástála agus táscairí a eagrú chun cáilíocht na gclár scagthástála a mheas;

53. ag spreagadh bailiú sonraí maidir le scagthástáil ailse a fheabhsú agus a chomhchuibhiú chun lamháil do thuarascáil bhliantúil Eorpach; ag spreagadh faireachán rialta a dhéanamh, thairis sin, ar chláir scagthástála reatha ar leibhéal AE; ag cur béim ar an ngá atá ann tacair sonraí maidir le minicíocht na hailse a nascadh ó chláir scagthástála a bhfuil catagóirí ceirde acu, rud a chuideoidh le bearta coisctheacha iomchuí a shainaithint; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach seirbhísí sláinte poiblí a mhéadú (lena n-áirítear maoiniú, bonneagar agus gnéithe a bhaineann le gairmithe sláinte) chun feabhas a chur ar chosc, scagthástáil agus diagnóisiú na hailse; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé sonraí faoi chomhghalrachtaí ailse a scagadh agus a bhailiú chun iad a réamh-mheas níos fearr; á chur i bhfios go láidir gur cheart, leis an dul chun cinn eolaíochta i dtuar riosca na hailse, go bhféadfaí cláir scagthástála atá iomchuí ó thaobh riosca de a fhorbairt;

54. ag cur béim ar an ngá atá ann dlúthfhaireachán a dhéanamh ar othair reatha agus ar iar-othair heipitítis B agus C chun cosc a chur ar fhorbairt ailse;

55. ag spreagadh an Choimisiúin a mheas an bhféadfaí córas "dara tuairim" a éascú laistigh den Treoir maidir le Cúram Sláinte Trasteorann ([63]) i gcás cásanna ailse atá deacair nó neamhthipiciúil, agus á mholadh go dtabharfadh na Ballstáit isteach ceart na n-othar chun a iarraidh go lorgóidh speisialtóirí ó Bhallstát amháin comhairle ó speisialtóirí ó Bhallstát eile laistigh de chóras comhtháite aonair;

56. á chur in iúl gur geal léi an próiseas a thionscain Grúpa Príomhchomhairleoirí Eolaíochta agus an Sásra um Chomhairle Eolaíoch ón gCoimisiún i ndáil leis an nuashonrú atá le teacht ar mholadh 2003 ón gComhairle maidir le scagthástáil d'ailse chíche, cheirbheacsach agus cholaireicteach, lena gcuirfear san áireamh scagthástálacha nua agus na sonraí is déanaí maidir leis na prótacail scagthástála is fearr (íomháú athshondais mhaighnéadaigh, tástáil HPV, cineálacha

([63]) Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm (IO L 88, 4.4.2011, lch. 45).

cur chuige atá srianta ó thaobh riosca de agus áireamháin riosca); ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart faisnéis maidir leis na cláir scagthástála sin a tharchur chuig Lárionad Eolais um Ailse an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (aois tionscnaimh agus an glacadh a bhí leo ina dhiaidh sin, tionchar ar mharthanas, éifeachtúlacht costais etc.) agus gur cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta iad a mheas go rialta; á iarraidh ar an gCoimisiún treoirlínte AE a fhorbairt chun iarrachtaí taighde a chothú chun measúnú a dhéanamh ar chláir scagthástála ailse atá bunaithe ar an eolaíocht (lena n-áirítear ailse scamhógach, phróstataigh, ghoile agus ubhagáin) agus ról na hintleachta saorga mar chuid den nuashonrú ar an moladh ón gComhairle in 2022, i ndlúthchomhar le IARC, leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, le gairmithe cúraim sláinte agus le heagraíochtaí othar; á iarraidh go n-aithneofaí an fhianaise lena gcruthaítear go bhfuil éifeacht dhearfach ag scagthástáil spriocdhírithe ailse scamhóg ar bhásmhaireacht; ag spreagadh na Comhairle, bunaithe ar thoradh an mheasúnaithe thuasluaite, machnamh a dhéanamh ar scagthástáil ailse scamhóg agus phróstataigh a chur san áireamh sa nuashonrú ar an moladh ón gComhairle in 2022; á iarraidh, de thoradh na tuairime ón nGrúpa Príomhchomhairleoirí Eolaíochta ón gCoimisiún agus an nuashonrú ar an moladh ón gComhairle in 2022 maidir le scagthástáil ailse, spriocanna soiléire agus follasacha a leagan síos d'aon ailsí nua ar gá dul i ngleic leo;

57. á mholadh go seolfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit ardán AE le haghaidh ionaid scagthástála náisiúnta, agus leas á bhaint as an taithí atá ag ardáin chomhchosúla le haghaidh malartú agus comhar amhail an Líonra Eorpach um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte agus Cinn na nGníomhaireachtaí Leigheasra; á mholadh go gcuirfí de chúram ar an ardán sin saineolas a chomhroinnt agus dea-chleachtais a chur chun feidhme, dúshláin choiteanna a phlé, comhoibriú, oiliúint agus fothú acmhainní a spreagadh chun feabhas a chur ar cháilíocht na gclár scagthástála, feidhmiú mar mhol lárnach do thionscadail agus do thionscnaimh maidir le scagthástáil ailse le tacaíocht ón Aontas, agus líonra soláthraithe sonraí a chothabháil san fhadtéarma don tuarascáil cur chun feidhme ó IARC maidir le scagthástáil ailse;

58. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé feasacht a mhéadú maidir le scagthástáil ailse agus luathbhrath i measc shaoránaigh na hEorpa agus glacadh na scagthástála sin agus an luathbhraite sin trí fheachtas múscailte feasachta ar fud an Aontais mar chuid de laethanta feasachta na hEorpa, suirbhéanna inspreagtha agus feachtais chumarsáide atá ann cheana a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le gníomhaíochtaí breise, iad a mhaoiniú agus a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí iad arb é is aidhm dóibh feasacht a mhúscailt maidir le scagthástáil a dhéanamh ar ailse agus rannpháirtíocht i scagthástáil a chur chun cinn i measc an phobail i gcoitinne agus i measc cónaitheoirí incháilithe araon trí fhógraí díreacha a thabhairt; ag spreagadh na mBallstát chun obair ghníomhach a dhéanamh ar straitéisí oideachais in ionaid cúraim sláinte phríomhúil; ag spreagadh taighde ar thosca comhlíonta iompraíochta agus bacainní a chuireann bac ar luathbhrath agus ar dhiagnóisiú ailse chun rannpháirtíocht i gcláir scagthástála a spreagadh, a fhaigheann tacaíocht ó chistiú AE amhail an cistiú a chuirtear ar fáil faoin gclár taighde Fís Eorpach;

59. á iarraidh go mbeadh comhar treisithe ann le tíortha nach bhfuil san Aontas agus go háirithe leis an réigiún Eorpach níos leithne chun eagrú feachtas scagthástála agus clár luathdhiagnóiseachta a spreagadh, go háirithe d'ailsí na mban agus go háirithe i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim agus do phobail mhionlaigh, agus sainiúlachtaí ailsí na mban sna tíortha sin á gcur san áireamh freisin; á chur i bhfáth gur féidir leis an Aontas Eorpach rannchuidiú tábhachtach a dhéanamh chun spriocanna idirnáisiúnta maidir le hailse a bhaint amach, amhail sprioc EDS deireadh a chur le hailse cheirbheacs mar fhadhb sláinte poiblí;

60. ag aithint na tábhachta a bhaineann le hidirghabhálaithe sláinte, le treoraithe othar agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus á iarraidh go gcuirfí san áireamh iad i bpróisis chinnteoireachta agus i straitéisí leithdháilte acmhainní; ag aithint an róil ríthábhachtaigh atá acu, go háirithe i ndáil le feachtais um chosc agus vacsaíniú, trí chuidiú le bacainní idir údaráis agus an tsochaí a shárú, lena n-áirítear grúpaí leochaileacha;

61. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit an comhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte a atreisiú agus obair a dhéanamh chun moltaí agus treoirlínte beartais EDS a chur chun feidhme;

*IIIa. Rochtain chomhionann ar chúram ailse: i dtreo cúram den scoth*

62. á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil dúshláin fós roimh othair AE maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí cúraim sláinte agus páirt a ghlacadh i dtrialacha cliniciúla i mBallstáit eile agus nach bhfuil ach mionlach othar, agus roinnt gairmithe cúraim sláinte freisin, ar an eolas faoin gceart atá ag othair cúram sláinte trasteorann a lorg faoin dá chreat atá

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

ann cheana: an Treoir maidir le Cúram Sláinte Trasteorann agus an Rialachán Slándála Sóisialta ([64]); á iarraidh go ndéanfaí an Treoir maidir le Cúram Sláinte Trasteorann a athchóiriú, go háirithe chun soghluaisteacht agus rochtain ar threalamh agus ar chúram an-speisialaithe a éascú trí na pointí teagmhála náisiúnta a neartú trí níos mó acmhainní buiséadacha a chur ar fáil dóibh, agus chun go bhféadfaí treoirlínte ón gCoimisiún a fhorbairt lena leagfar síos amlínte faofa agus athbhreithnithe inghlactha agus comhchuibhithe chun dlús a chur leis an méid ama atá ag teastáil chun cóireáil a fháil san Aontas faoin Rialachán maidir leis an tSlándáil Shóisialta; á iarraidh go méadófaí líon na bhfeachtas faisnéise maidir le cearta na n-othar ar chúram sláinte trasteorann, lena n-áirítear na feachtais sin atá dírithe ar ghairmithe sláinte, chomh maith le hionad ilfhreastail a fhorbairt le haghaidh faisnéise maidir le conairí rochtana trasteorann AE; ag cur béim ar an ngá atá le laghdú a dhéanamh ar na bacainní lóistíochta agus teanga a bhíonn ar othair agus rochtain á fáil acu ar chúram sláinte i mBallstát eile de chuid an Aontais; á chur i bhfáth gur gá faisnéis shoiléir a chur ar fáil d'othair maidir le ceanglais réamhúdarúcháin a bhfuil feidhm acu maidir le Ballstáit áirithe; á chur i bhfios gur gá tacaíocht airgeadais ar leith a chur ar fáil do thuismitheoirí ar ioncam íseal a dhéanann a leanbh a thionlacan thar lear le haghaidh cóireála; ag cur béim ar an ngá atá leis an bpróiseas a éascú trí athbhreithniú iomlánaíoch a dhéanamh ar na creataí cúraim sláinte trasteorann, agus béim chomhionann á tabhairt ar an Treoir maidir le Cúram Sláinte Trasteorann agus ar an Rialachán Slándála Sóisialta, d'othair a thaistealaíonn thar lear le haghaidh trialacha cliniciúla i bhfianaise na riachtanas nach bhfreastalaítear orthu agus na sochar a d'fhéadfadh a bheith ann, agus a bhféadfadh dúshláin a bheith acu amhail easpa soiléireachta maidir le prótacail leantacha tar éis dóibh filleadh abhaile agus maidir le costais a bhaineann lena rannpháirtíocht sa triail chliniciúil ó ghníomhaireachtaí árachais náisiúnta a chumhdach; ag cur béim ar an ngá atá le soiléiriú maidir le rochtain ar thrialacha cliniciúla trasteorann, toisc nach bhfuil sé sin soiléir sa Treoir maidir le Cúram Sláinte Trasteorann; á chur i bhfios go láidir gur cheart na costais uile a bhaineann le cóireáil a mhaoiniú sula dtosófar í chun a áirithiú nach ndéanfar othair ar ioncam íseal a eisiamh; á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh, i gcomhthéacs an chéad athbhreithnithe eile ar na creataí atá ann cheana, ar shraith aonair rialacha údarúcháin agus aisíocaíochta a bhunú don rochtain ar chúram sláinte trasteorann, lena n-áirítear an ceart chun an dara tuairim a fháil; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibriú le chéile chun meastóireachtaí rialta a dhéanamh ar Straitéis r-Shláinte an Choimisiúin ó 2018 ar aghaidh chun taifid sláinte leictreonacha idirnasctha, idir-inoibritheacht níos fearr, agus cáilíocht sonraí fheabhsaithe, príobháideachas agus slándáil d'othair ailse a áirithiú ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach, agus a áirithiú ag an am céanna go gcloífear go docht le rialacha príobháideachais agus slándála maidir le sonraí sláinte othar; ag tabhairt dá haire acmhainneacht na Clárlainne Éagothromaíochtaí Ailse mar bhealach chun feabhas sna réimsí sin a thuairisciú agus a thomhas;

63. ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá sé cóireáil a riar go tapa agus torthaí scrúduithe ábhartha leighis a chur ar fáil d'othair ailse ar bhealach tráthúil, óir dá mhéad ama a thógann sé sin, is mó a théann an galar ar aghaidh, rud a chuireann marthanas an othair i mbaol; á chur in iúl gurb oth léi nach leor acmhainní poiblí i mBallstáit áirithe chun brath agus cóireáil thráthúil a ráthú, rud a fhágann go bhfágtar othair a bhíonn ag brath ar árachas sóisialta arna sholáthar go poiblí le seans níos lú go dtiocfaidh siad slán, agus, ar an gcaoi sin, níl de rogha acu ach an earnáil phríobháideach;

64. á iarraidh go ndéanfaí cáilíochtaí a bhaineann leis an tsláinte i gcúram ailse a aithint go frithpháirteach ar fud an Aontais agus go ndéanfaí scéim choiteann aitheantais do thíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach a mheas, mar a iarradh i dTreoir 2005/36/CE ([65]), chun a áirithiú go mbeidh an scéim sin éascaitheach do speisialtachtaí a bhaineann leis an oinceolaíocht; á iarraidh go ndéanfaí cláir uas-scilithe a fhorbairt chun cur ar chumas na ndaoine sin ar mian leo dul isteach san oinceolaíocht é sin a dhéanamh tráth ar bith le linn a ngairmréime;

65. á iarraidh go dtabharfaí aitheantas iomlán d'oinceolaíocht mhíochaine agus d'oinceolaíocht phéidiatraiceach mar dhisciplíní speisialaithe, caighdeáin cháilíochta uile-Eorpacha a bhunú chun cóireálacha leighis le haghaidh ailse a riar agus a mhaoirsiú, do dhaoine fásta agus do leanaí araon, agus rochtain othar ar speisialtóirí ailse a éascú ionas go bhféadfaidh siad leas a bhaint as nuálaíochtaí agus as rochtain ar thrialacha luathchliniciúla ar dhrugaí nua a bhfuil gealladh fúthu, teicneolaíochtaí sláinte agus ionaid tagartha le haghaidh cóireálacha casta amhail teiripe cille agus géinteiripe; ag cur béim ar an ngá atá ann a áirithiú go gcumhdaítear leis na forálacha ábhartha rochtain ar an nuálaíocht i luath-thrialacha cliniciúla le haghaidh urchóideachtaí atá athiompaithe nó ar deacair iad a chóireáil;

66. á iarraidh go neartófar scileanna máinliachta in AE trí oinceolaíocht mháinliachta a aithint mar dhisciplín speisialtóra, caighdeáin cháilíochta pan-Eorpacha a bhunú le haghaidh máinliacht ailse, rochtain othar ar ionaid "ardéilimh" a éascú le haghaidh máinliacht ailse agus rochtain ar nósanna imeachta máinliachta nuálacha; á iarraidh go dtabharfaí aitheantas do mháinliacht ardcháilíochta agus á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sí maidir le srian a chur le hailse

([64]) Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).

([65]) Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

a bhraitear ag céim luath; á chur i bhfáth gur gá curaclam lárnach san oinceolaíocht mháinliachta a chur chun cinn chomh maith le sainoiliúint aonair san oinceolaíocht mháinliachta, agus á iarraidh go gcuirfí cláir ar bun chun oideachas oinceolaíochta máinliachta in AE a chomhchuibhiú; ag tacú le trialacha cliniciúla a fhorbairt san oinceolaíocht mháinliachta mar chuid den chóireáil áitiúil-réigiúnach agus ag cur chun cinn infheistíocht níos mó i gcistí taighde agus nuálaíochta AE agus náisiúnta sa taighde ar an oinceolaíocht mháinliachta; ag cur béim ar an tábhacht a bhaineann le cóireálacha caighdeánaithe oinceolaíochta máinliachta chun cáilíocht saoil fhadtéarmach a fheabhsú do mharthanóirí ailse;

67. ag tacú le feabhsú teiripe radaíochta ardcháilíochta in AE agus le rochtain mhéadaithe agus chomhionann ar an teiripe sin trí aitheantas a thabhairt don fhisic leighis agus don teiripe radaíochta mar dhisciplíní tiomnaithe, comhchaighdeáin oideachais agus oiliúna a chur chun cinn, maoiniú AE a mhéadú do na Ballstáit chun a mbonneagar teiripe radaíochta a leathnú, agus breis infheistíochta a dhéanamh i gcistí taighde agus nuálaíochta AE agus náisiúnta i dtaighde teiripe radaíochta;

68. á iarraidh go gcuirfí chun cinn oinceolaíocht gheiriatrach mar bhrainse ar cheart aird ar leith a thabhairt air agus ar gá é a shaibhriú trí thaighde eolaíoch chun an chóireáil is fearr agus na modhanna diagnóiseacha is fearr d'othair scothaosta a fháil amach; á mheabhrú go dtarlaíonn os cionn 60 % de na cásanna nua ailse agus os cionn 70 % de na básanna ailse in AE i ndaoine atá 65 bliana d'aois nó níos sine; ag tabhairt dá haire go bhfuiltear ag dréim leis go dtiocfaidh méadú ar an gcion sin de réir mar atá daonra AE ag dul in aois, agus, ar an gcaoi sin, gur dúshlán ríthábhachtach é sin do chórais cúraim sláinte; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt go práinneach ar an staid sin le gníomhaíochtaí nithiúla; á iarraidh go sonrach ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gníomhaíocht a dhéanamh chun trialacha cliniciúla a éascú i measc daoine scothaosta, chun samhlacha ildisciplíneacha cuimsitheacha don chúram oinc-gheiriatrach a chur chun feidhme i ngnáthbhealaí cliniciúla, agus chun ionaid barr feabhais san oinceolaíocht gheiriatrach a chruthú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit deiseanna a chothú le haghaidh oiliúint agus uas-sciliú an lucht saothair oinceolaíochta i bprionsabail na geiriatraice;

69. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gníomhaíochtaí a phleanáil lena gcuirfear chun cinn, i gcomhthéacs an chúraim agus na cóireála, aird níos mó ar thorthúlacht na n-othar a chosaint, go háirithe i gcás ailsí péidiatraiceacha agus ailsí ógánach;

70. á chur in iúl gur geal léi an plean gníomhaíochta nua faoin gclár oibre straitéiseach d'fheidhmeanna radaíochta ianúcháin leighis ([66]), lena dtacófar le slándáil na n-acmhainní táirgeachta do rada-iseatóipí, agus le soláthar na rada-iseatóipí sin, trí chabhlach nua a chur in ionad an chabhlaigh atá ann anois, atá ag dul in aois, agus na teicneolaíochtaí atá ann cheana a chur chun feidhme, go háirithe imoibreoirí agus luasairí cáithníní, faoi ionstraimí airgeadais atá ann cheana, ganntanas rada-iseatóipí a sheachaint trí thrasnú teorainneacha agus díolúintí le haghaidh iompair a éascú, agus feabhas a chur ar cháilíocht agus sábháilteacht theicneolaíocht na radaíochta sa leigheas, ar teicneolaíocht í nach bhfuil fáil chomhionann uirthi i ngach Ballstát AE, trí mheastóireacht a dhéanamh ar rada-iseatóipí trí mheasúnuithe teicneolaíochta sláinte, trí rochtain ar an margadh a chomhchuibhiú, trí leigheas núicléach a dhearbhú mar speisialtacht liachta atá go hiomlán neamhspleách, trí chaighdeáin oiliúna a chur chun cinn, agus trí infheistíocht a dhéanamh i dtaighde ar leigheas núicléach;

71. á iarraidh ar an gCoimisiún ról cleachtóirí ginearálta, péidiatraiceoirí, altraí, gairmithe cúraim phríomhúil agus lianna speisialaithe a chur chun cinn, agus ar na Ballstáit é a neartú, i bhfianaise a thábhachtaí atá siad maidir le hothair a tharchur le haghaidh tástálacha diagnóiseacha agus speisialtóirí oinceolaíochta, chomh maith leis an ról atá ag saineolaithe cothúcháin nó diaitéitigh, síceolaithe agus speisialtóirí athshlánúcháin le linn cóireáil ailse agus cúram leantach, chun rochtain ar chóireáil cheart agus ar chúram ceart a áirithiú ag an am ceart tríd an gconair chúraim is fearr; á iarraidh go bhforbrófaí foirne ildisciplíneacha chun othair ailse a bhainistiú le linn a n-aistear cóireála, agus go ndéanfaí cinnteoireacht ildisciplíneach faoi chuimsiú cruinnithe comhairliúcháin trasdhisciplíneacha tiomnaithe (an Chomhairle) ina dtabharfar le chéile speisialtóirí éagsúla ailse agus gairmithe cúraim phríomhúil; á chur i bhfios a thábhachtaí atá sé síoroiliúint a chur ar fáil do ghairmithe sláinte chun iad a choinneáil cothrom le dáta maidir le roghanna nua cóireála ailse; á iarraidh go ndéanfaí ról an chomhordaitheora cóireála níos forleithne chun a áirithiú go ndéanfar an chóireáil othar a chomhordú go hiomchuí, agus chun rochtain éasca a thabhairt d'othair ar fhaisnéis nuashonraithe a bhaineann le diagnóisiú ailse agus ar chomhairle maidir le conas an córas sláinte a úsáid;

72. á mheas gur cheart raon feidhme Threoir 2005/36/CE a athbhreithniú chun go bhféadfar aitheantas frithpháirteach a thabhairt d'oideachas altranais ailse agus d'oideachas d'fhoireann leighis eile a thacaíonn leis an bpróiseas cóireála;

([66]) Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal "an Clár Oibre Straitéiseach maidir le hiarratais radaíochta ianúcháin leighis (SAMIRA)" (SWD(2021)0014).

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

73. á iarraidh ar na Ballstáit, laistigh dá gcláir náisiúnta um rialú ailse (NCCPanna), straitéisí a fhorbairt lena gcuimsítear agus lena gcuirtear chun feidhme bearta coisctheacha i gcoinne an riosca go ndéanfaí gairmithe cúraim ailse a spíonadh; á áitiú ar an gCoimisiún agus ar EU-OSHA aird a dhíriú ar an ábhar imní sin, agus á chur i bhfáth gur cheart iad a mheas mar chomhpháirtithe tábhachtacha chun an plean sin a chur chun feidhme i ndáil leis sin;

74. á mholadh go n-úsáidfí cóireálacha siúlacha ailse chun cáilíocht saoil na n-othar agus a dteaghlach a chaomhnú, i gcás inarb indéanta agus ina bhfuil sé sábháilte é sin a dhéanamh; á chur i bhfáth, go háirithe, gur cheart cóireáil siúlach do leanaí a chur chun cinn, ar choinníoll go ndeartar na spásanna/timpeallachtaí ábhartha agus na feistí leighis atá ar fáil ar bhealach a fhreastalóidh ar riachtanais na n-othar péidiatraiceach; ag cur i bhfáth ról na gcógaiseoirí, na n-oinceolaithe agus na n-altraí san obair leantach ildisciplíneach a dhéantar ar othair a ghlacann cógais leighis béil frithailse; á iarraidh ar na Ballstáit teicneolaíochtaí ríomhshláinte, teilileigheas agus seirbhísí teileachúraim a chur chun feidhme nó a fheabhsú chun leanúnachas cúraim ailse d'othair chónaithe agus d'othair sheachtracha, chomh maith le cúram pobail, a áirithiú; á áitiú ar an gCoimisiún maoiniú taighde ón gclár Fís Eorpach a úsáid chun tacú le húsáid teilileighis agus chun cabhrú le treoirlínte fianaise-bhunaithe a bhunú; á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíochtaí chun rochtain chomhionann ar sheirbhísí teilileighis ar fud na mBallstát a áirithiú, agus go dtabharfaí maoiniú do chlár EU4Health agus clár don Eoraip Dhigiteach chun tacú le méadú sa litearthacht dhigiteach d'othair agus do ghairmithe cúraim sláinte;

75. á iarraidh ar na Ballstáit seirbhísí cúraim mhaolaithigh atá lárnach agus ildisciplíneach a chur ar fáil d'othair ailse chun a bpian agus a míchompord a mhaolú, chun cúram compoird a chur chun cinn agus chun a áirithiú go mbeidh altraí nó cúramóirí i láthair, agus a ndínit á caomhnú acu agus réamhphleanáil cúraim agus neamhspleáchas an othair á gcur san áireamh; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le malartuithe rialta faisnéise agus na cleachtais is fearr maidir le hospís agus cúram maolaitheach baile ar leibhéal AE a chur chun feidhme, agus na malartuithe agus na cleachtais sin a chomhordú; á iarraidh go bhforbrófaí cúram maolaitheach a bhaineann go sonrach le leanaí, go háirithe sna Ballstáit sin nach gcuirtear cúram den chineál sin ar fáil go forleathan iontu go fóill; á mholadh do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar chúram maolaitheach ina gcuid NCCPanna, líon na n-aonad maolaitheach i ngach réigiún a uasmhéadú chun a líon a oiriúnú go hiomchuí do riachtanais na n-othar, tréimhsí feithimh a íoslaghdú, agus cistiú inbhuanaithe agus líon leordhóthanach foirne a bhfuil dea-oiliúint orthu a áirithiú; á mheas gur cheart creat rialála AE maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla a leathnú ionas go bhféadfar caighdeánú a dhéanamh ar oideachas cúraim mhaolaithigh agus ar dhea-chleachtais gairmithe sláinte; ag cur béim ar an ngá atá le líonraí tagartha le haghaidh cúram maolaitheach agus lena gcomhtháthú le conairí ailse ar gach leibhéal, eadhon sainospidéil, ionaid cúraim sláinte phríomhúil, cúram ospíse agus cúram baile, chomh maith leis an ngá atá le comhtháthú críche ospidéil; á chur i bhfáth gur cheart rochtain na n-othar ar chúram tacúil agus maolaitheach (lena n-áirítear seirbhísí síc-oinceolaíochta) ar fud AE a thomhas agus a thuairisciú tríd an gClárlann um Éagothromaíochtaí Ailse; á iarraidh go mbeadh comhar níos dlúithe idir córais cúraim sláinte agus córais cúnaimh shóisialta sna Ballstáit uile;

76. ag spreagadh an Choimisiúin agus na mBallstát critéir shonracha dearbhaithe cáilíochta a ghlacadh (lena n-áirítear caighdeáin choiteanna cúraim, eagrúcháin, bonneagair agus inniúlachtaí leormhaithe, cleachtais ildisciplíneach, oideachas leanúnach do ghairmithe, oideachas d'othair agus rannpháirtíocht i dtaighde cliniciúil) agus treoirlínte cliniciúla comhpháirteacha chun a chinntiú go gcuirtear caighdeáin chreidiúnaithe i bhfeidhm maidir le hospidéil phoiblí agus phríobháideacha a chuireann cóireáil ar othair ailse, chun bainistíocht éifeachtúil, shábháilte agus chomhionann a ráthú ar ailsí ar fud an Aontais; á áitiú nach mór do na critéir sin cloí leis na caighdeáin is airde atá ar fáil d'eolaíocht fhianaisebhunaithe a foilsíodh in irisí eolaíochta piarmheasúnaithe; á áitiú gur cheart institiúidí poiblí agus príobháideacha a chomhlíonann na critéir maidir le dearbhú cáilíochta a chur san áireamh i NCCPanna mar chuid den Phlean agus é mar aidhm acu an cháilíocht is airde de chóireáil ailse a chur ar fáil do gach othar ar fud an Aontais; á iarraidh ar na Ballstáit léarscáileanna a chruthú de riachtanais sláinte oinceolaíochta agus iad a chúpláil le mapálacha agus fardail réalaíocha don bhonneagar oinceolaíochta acu atá ann cheana; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go gcuirfear ar chumas na mBallstát leis an gcleachtadh mapála sin rochtain ar bhonneagar leighis atá ann cheana a phleanáil ar bhealach níos fearr, réimsí soiléire gníomhaíochta a chinneadh agus tús áite a thabhairt do leithdháileadh acmhainní, agus comhar trasteorann idir na lárionaid tagartha oinceolaíochta a phleanáil;

77. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé beartaithe líonra de chuid an Aontais a bhunú, mar a fógraíodh sa Phlean, lena nascfar ionaid tagartha náisiúnta chuimsitheacha aitheanta don ailse (ionaid tagartha) i ngach Ballstát chun glacadh diagnóise agus cóireálacha ar cháilíocht dhearbhaithe a éascú, lena n-áirítear oiliúint, taighde agus cur chun cinn trialacha cliniciúla ar fud AE; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún tacú le hionaid den sórt sin a bhunú d'ailsí neamhchoitianta agus d'ailsí a bhfuil cóireálacha casta ag teastáil lena n-aghaidh; á iarraidh ar an gCoimisiún lárionaid den chineál sin atá ann cheana laistigh de AE a shainaithint, bunú ionaid ailse chuimsithigh náisiúnta amháin ar a laghad a chur chun cinn i ngach Ballstát agus tacú leis an gcomhordú ar líonra na n-ionad sin; á chur i bhfáth gur cheart go n-áireofaí ar chuspóirí an líonra sin éagothromaíochtaí a laghdú agus taighde aistriúcháin, cliniciúil agus torthaí a neartú; á thabhairt chun suntais gur cheart cur chun cinn agus forbairt an taighde aistriúcháin a mheas mar phríomhchuspóir tábhachtach Líonra an Aontais Eorpaigh d'Ionaid Chuimsitheacha Ailse; ag tabhairt dá haire gur cheart don Choimisiún, agus an líonra

sin de chuid an Aontais á fhorbairt aige, machnamh a dhéanamh ar an ngá atá le hinfheistíocht a dhéanamh i dtrealamh úrscothach agus i lianna dea-oilte agus i speisialtóirí cúraim sláinte eile a bhfuil speisialtachtaí éagsúla acu, agus á mholadh go mbeadh réimse speisialtachtaí agus disciplíní dea-fhorbartha ailse rannpháirteach ón tús san obair a dhéanann Líonra an Aontais Eorpaigh d'Ionaid Chuimsitheacha Ailse chun comhar ildisciplíneach a threisiú agus, dá bhrí sin, torthaí d'othair a fheabhsú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le hinbhuanaitheacht an chomhair thrasteorann atá ann cheana féin, amhail na Líonraí Tagartha Eorpacha agus comhar a bhaineann le hailse phéidiatraiceach; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit trí chuid den bhuiséad a chur i leataobh sna cistí comhtháthaithe agus réigiúnacha chun tacú le bunú na n-ionad sin chun cumhdach iomlán an daonra a áirithiú;

78. á iarraidh go ndéanfar NCCP a shainaithint, a neartú nó a chruthú i ngach Ballstát, i gcomhréir le treoir EDS maidir le NCCPanna, ina bhfuil struchtúr ar leith, institiúid náisiúnta ailse b'fhéidir, atá i gceannas ar chur chun feidhme agus ar obair leantach na NCCPanna faoi seach, ag a mbeidh cuspóirí agus acmhainní leormhaithe; á iarraidh go ndéanfaí inneachar NCCPanna a ailíniú chomh dlúth agus is féidir leis an bPlean chun cur chun feidhme rathúil an phlean a éascú; á mholadh go mbunófar NCCPanna i gcomhréir leis an Treoir Eorpach do na Cláir Náisiúnta um Rialú Ailse ar Cháilíocht arna dtionscnamh ag an gComhpháirtíocht Eorpach um Ghníomhaíocht i gcoinne na hAilse (EPAAC) agus á iarraidh go n-áireofaí comhpháirt d'ailse phéidiatraiceach agus d'ailse neamhchoitianta i ngach NCCP chun a áirithiú go leithdháilfear acmhainní iomchuí agus go dtabharfar isteach cláir cur chun feidhme leormhaithe chun freastal ar riachtanais shonracha na n-othar sin; á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh líonra de na heagraíochtaí sin; á chur i bhfáth gur cheart forálacha maidir le cumais foirne leormhaithe a bheith ar áireamh i NCCPanna chun a ráthú go mbeidh líon leordhóthanach oibrithe oinceolaíochta i ngach Ballstát, i gcomhréir leis an líon foriomlán daonra;

*IIIb. Rochtain chomhionann ar chúram agus ar chógais ailse san Aontas Eorpach*

79. á iarraidh ar an gCoimisiún margadh leigheasra na hEorpa a neartú chun feabhas a chur ar rochtain chomhionann ar chóireáil, lena n-áirítear nuálaíochtaí agus leigheas pearsantaithe, ganntanais cógas a laghdú, an fhadhb i dtaca le costais airde ar theicneolaíochtaí agus cóireálacha nuálacha a shárú, úsáid cógas cineálach agus bithshamhlacha a spreagadh agus cóireálacha ailse a fheabhsú do dhaoine fásta agus do leanaí; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na húdaráis iomaíochta náisiúnta measúnú a dhéanamh ar mhargadh leigheasra na hEorpa, ag díriú ar éadáil FBManna ag cuideachtaí móra cógaisíochta a bhaineann an bonn d'iomaíocht chóir; ag spreagadh idirphlé il-gheallsealbhóra maidir le rochtain ar chógais agus ar nuálaíochtaí atá bunaithe ar shamhlacha amhail ACCELERATE ([67]) in earnáil na hailse péidiatraí agus ina mbeidh na gníomhaithe ábhartha uile rannpháirteach, lena n-áirítear an lucht acadúil, an tionsclaíocht, gairmithe sláinte agus ionadaithe othar;

80. á iarraidh ar na Ballstáit dlús a chur leis an gcumas náisiúnta taighde agus táirgthe le haghaidh cógas agus táirgí sláinte eile, lena n-áirítear trí shaotharlanna náisiúnta cógaisíochta a bhunú, d'fhonn rochtain chothrom ar chóireáil a sholáthar, ganntanais cógas a laghdú agus spleáchas ar an tionscal cógaisíochta, rochtain saor ó chostas a áirithiú ar chóireálacha nuálacha agus cóireálacha ailse a fheabhsú do dhaoine fásta agus do leanaí; á iarraidh ar na Ballstáit, ina theannta sin, rochtain saor ó chostas a sholáthar ar chóireálacha agus ar chógais a úsáideann othair ailse trí bhíthin a gcuid seirbhísí sláinte poiblí agus machnamh a dhéanamh ar bheartais cógas lena dtugtar rochtain saor ó chostas ar chógais d'úsáideoirí atá os cionn 65 bliana d'aois, d'úsáideoirí a bhfuil tinneas ainsealach air agus do theaghlaigh atá i ngátar eacnamaíoch;

81. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 lena mbunaítear cód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine ([68]) agus ar Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáide tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach ([69]) (EMA) chun an creat údaraithe margaíochta a neartú, infhaighteacht cógas a fheabhsú agus iomaíocht chineálach agus bhithshamhlach a mhéadú;

82. ag tabhairt dá haire gur minic a bhíonn tionchar ag ganntanais cógas ar othair ailse agus go ndéanann mórshuaitheadh ar sholáthar cóireálacha ailse an-dochar dóibh, dá gcúramóirí agus dá dteaghlaigh; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibriú le chéile chun ganntanais na gcógas leighis agus na dtáirgí míochaine, agus na gcógas

---

([67]) https://www.accelerate-platform.org/

([68]) IO L 311, 28.11.2001, lch. 67.

([69]) IO L 136, 30.4.2004, lch. 1.

ailse go háirithe, a chosc agus a bhainistiú, lena n-áirítear ganntanais cógas riachtanach ailse neamhchostasach; ag tacú le forbairt bascaeid choitinn de dhrugaí ailse a bhféadfadh ganntanas díobh a bheith ann chun a áirithiú go mbeidh rochtain leanúnach ag othair ar chóireáil iomchuí, bunaithe ar riachtanais othar a shainítear go trédhearcach agus go hiomchuí;

83. á iarraidh go ndéanfar an slabhra soláthair a atreisiú agus a éagsúlú, go háirithe slabhra soláthair na ndrugaí ailse, laistigh de AE, go ndéanfar dlúthfhaireachán ar theannas i réimse an leighis agus ar ghanntanais cógas leighis, agus go gcruthófar stoc-charn straitéiseach na gcógas leighis sin, na gcomhábhar gníomhach agus na n-amhábhar criticiúil sin, go háirithe nuair a bhíonn teorainn le líon na soláthróirí; á iarraidh ar reachtaíocht chógaisíochta an Aontais oibleagáid dhlíthiúil a thabhairt isteach do chuideachtaí cógaisíochta faisnéis a thuairisciú don EMA maidir le stoic leormhaithe sábháilteachta de chógais riachtanacha ailse; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá ról na gcleachtas soláthair inbhuanaithe chun ganntanas cógas a chosc; ag tathant ar an gCoimisiún, i gcomhthéacs Threoir AE maidir le Soláthar Poiblí ([70]), treoirlínte a fhorbairt chun tacú le cleachtais soláthair phoiblí i réimse na cógaisíochta do dhrugaí ailse, go háirithe maidir le cur chun feidhme chritéir na tairisceana is buntáistí go heacnamaíoch, arb é is aidhm dóibh inbhuanaitheacht fhadtéarmach, iomaíocht agus slándáil an tsoláthair a áirithiú agus infheistíocht sa mhonaraíocht a spreagadh;

84. á chur i bhfios go ndéantar cúram ailse éifeachtúil agus slán, níos mó iomaíochta agus nuálaíocht agus coigiltis do chórais cúraim sláinte a éascú mar thoradh ar chógais chineálacha agus bhithshamhlacha, agus ar an gcaoi sin go gcuirtear feabhas ar an rochtain atá ag othair ar chógais leighis; á iarraidh go dtabharfar isteach cuspóir straitéiseach sa Phlean agus go gcuirfí NCCPanna chun cinn go gníomhach úsáid leigheasra seachphaitinne a chur chun cinn, i gcás inarb iomchuí agus ina bhfuil sé chun tairbhe na n-othar; á chur i bhfáth nár cheart bac ná moill a chur ar a dteacht isteach sa mhargadh agus gur cheart an próiseas forbartha a chur chun cinn agus a mhaoiniú; á iarraidh ar an gCoimisiún iomaíocht shláintiúil a áirithiú maidir le dul in éag na gceart maoine intleachtúla mar ábhar práinne trí inrochtaineacht ar chógais bhithshamhlacha a áirithiú ón gcéad lá ar aghaidh agus trí na bacainní ar fad ar rochtain ar iomaíocht a bhaint, mar shampla trí nascáil phaitinne, trí chosc a chur ar chleachtais síorghlasaithe mhaoine intleachtúla a chuireann moill mhíchuí ar rochtain ar chógais agus trí fhorbairt dhomhanda aonair a cheadú;

85. á mheas gur cheart do na Ballstáit díriú ar an meastóireacht ar theicneolaíochtaí leighis; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, an comhaontú maidir leis an Rialachán maidir le Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air an 22 Meitheamh 2021 chun tacú le measúnú comhchuibhithe ar dhiagnóis agus cóireálacha nuálacha ailse, agus le rochtain níos tapa orthu, agus á mheas go bhféadfadh próiseas cinnteoireachta níos éifeachtúla ról a imirt lena éascú, i measc bearta eile; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil cógais ailse ar cheann de na chéad ghrúpaí táirgí íocshláinte a ndéanfar measúnú comhpháirteach orthu faoin Rialachán maidir le Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta breise a dhéanamh lena ndíreofar ar ghlacadh agus úsáid measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha a spreagadh, ar measúnuithe iad atá le déanamh faoin rialachán; á thabhairt chun suntais gurb ann d'uirlisí atá á n-úsáid ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte chun cógais ailse a ionchorprú ar Liosta Eiseamlárach EDS de na cógais riachtanacha;

86. á mheabhrú go bhfuil sé de cheart ag gach othar an chóireáil is fearr is féidir a fháil, gan beann ar acmhainní airgeadais, inscne, aois ná náisiúntacht na n-othar; ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis imní di, go bhfuil difríocht mhór ann maidir le hinfhaighteacht agus rochtain ar theiripí éagsúla ailse, agus go bhfuil neamh-inacmhainne ar cheann de na príomhchúiseanna; á áitiú, dá bhrí sin, gur gá a áirithiú go mbeidh rochtain chomhionann ar dhrugaí sábháilte, éifeachtacha agus inacmhainne, go háirithe drugaí ailse, laistigh de AE; á iarraidh ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar chaibidlíocht chomhpháirteach i dtaobh praghsanna le cuideachtaí cógaisíochta, de réir Thionscnamh Beneluxa maidir le Beartas Cógaisíochta agus Dearbhú Vaileite; á iarraidh ar an gCoimisiún gné lárnach den Phlean agus den Straitéis Chógaisíochta don Eoraip a dhéanamh de phraghsáil chothrom agus d'inacmhainneacht cóireálacha nua, go háirithe trí choinníollachtaí a chur le maoiniú poiblí AE (e.g. faoin gclár Fís Eorpach agus faoin Tionscnamh Nuálach Sláinte), agus a áirithiú go dtabharfar cuntas ar infheistíocht phoiblí i T&D agus go mbeidh cógais a thagann as taighde a mhaoinítear go poiblí ar fáil ar phraghsanna cothroma agus inacmhainne; á chur i bhfios go láidir gur cheart gurb amhlaidh a bheadh freisin i gcás cógais a bhaineann tairbhe as cosaint rialála nó mhargaidh shonrach amhail cógais a fhorbraítear chun ailsí neamhchoitianta nó ailsí phéidiatraiceacha a chóireáil; á iarraidh go mbeadh níos mó trédhearcachta ann ar fud an chórais chógaisíochta, go háirithe maidir le comhpháirteanna praghsála, critéir aisíocaíochta agus praghsanna (glana) iarbhír na gcógas leighis i mBallstáit éagsúla chun praghsanna níos cothroime a áirithiú agus chun cuntasacht phoiblí a thabhairt don earnáil chógaisíochta;

87. á mholadh go láidir go leathnófaí nósanna imeachta soláthair chomhpháirtigh, go háirithe le haghaidh cógais agus cóireálacha ailse atá (fíor)annamh, péidiatraiceach agus núíosach, nósanna imeachta diagnóiseacha, tástálacha diagnóiseacha coimhdeachta, agus vacsaíní lena gcoisctear ailse amhail vaicsíní HPV agus heipitítis B, chun dul i ngleic le ganntanais agus feabhas a chur ar inacmhainneacht agus ar rochtain ar chóireáil ailse ar leibhéal an Aontais; ag tabhairt dá haire gur cheart

([70]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

go bhfeabhsódh nósanna imeachta um sholáthar comhpháirteach agaí freagartha agus gur cheart dóibh a bheith trédhearcach; á thabhairt chun suntais nár cheart go gcuirfeadh soláthar poiblí comhpháirteach bac ar rochtain ar othair ná bac ar nuálaíocht leighis;

88. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le creat rialála a neartaíonn dreasachtaí le haghaidh cóireáil ailse neamhchoitianta in AE chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na heasnaimh atá ann cheana; á chur i bhfios go láidir go ndéantar córais phaitinne ar fud an domhain a dhréachtú ar bhealach nach gceadaítear ach don aireagóir saothrú tráchtála a dhéanamh ar a bpaitinn ar feadh tréimhse áirithe ama – i.e. ar feadh ré na paitinne – agus ina dhiaidh sin, gur féidir le duine ar bith an t-aireagán a tháirgeadh gan bhac; á iarraidh ar an gCoimisiún dreasachtaí spriocdhírithe nua a fhorbairt chun a áirithiú go mbeidh rochtain chothrom ar chógais ailse i limistéir nach mbeadh forbairt táirgí inbhuanaithe murach sin;

89. á iarraidh ar an gCoimisiún togra a thíolacadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 89/105/CEE ón gComhairle maidir le trédhearcacht na mbeart lena rialaítear praghsanna táirgí íocshláinte ([71]) chun rialuithe éifeachtacha a áirithiú chomh maith le trédhearcacht iomlán na nósanna imeachta a úsáidtear chun praghas na gcógas leighis agus aisíocaíocht a gcostas a chinneadh, go háirithe cógais ailse, sna Ballstáit; á mholadh do na húdaráis inniúla a iarraidh ar chuideachtaí cógaisíochta faisnéis a chur ar fáil maidir le costais taighde agus forbartha, lena n-áirítear maoiniú ó acmhainní poiblí, sula dtabharfar údarú margaíochta, chomh maith leis na sochair agus na fóirdheontais chánach a fuair siad; á iarraidh go ndéanfar úsáid cistí poiblí a chur san áireamh i ríomh na gcostas drugaí; á iarraidh ar EMA líon na n-iniúchtaí a mhéadú chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann na cuideachtaí cógaisíochta na ceanglais maidir le trédhearcacht;

90. ag tabhairt dá haire gur nocht an dul chun cinn mór atá déanta sa bhitheolaíocht gur scáth-théarma é ailse ar níos mó ná 200 galar, agus gur féidir beachtleigheas nó leigheas pearsantaithe a chur ar fáil trí dhrugaí a spriocdhíriú ar shócháin éagsúla; á mheas gur bealach a bhfuil gealladh faoi chun feabhas a chur ar chóireáil ailse é beachtleigheas nó leigheas pearsantaithe, arb é atá ann céadrogha cóireála atá bunaithe ar bhithchomharthaí siada aonair lena léirítear géinitíopaí nó feinitíopaí; ag spreagadh na mBallstát, dá bhrí sin, leigheas pearsantaithe a fhorbairt ar fud an Aontais trí chomhar eatarthu agus chun cur chun feidhme ardán réigiúnach um ghéinitic mhóilíneach a chur chun cinn agus rochtain chothrom agus mhear ar arddhiagnóisic agus ar chóireáil phearsantaithe a éascú d'othair, agus príobháideacht sonraí á n-urramú go hiomlán, agus a áirithiú go bhfuil othair ar an eolas agus go dtoilíonn siad lena sonraí sláinte a úsáid don taighde; ag tabhairt dá haire, le hilroinnt agus aicmiú ailsí bunaithe ar ghéinitíopaí sonracha, nár cheart go bhfágfaí go ndéanfaí iad a shainiú mar "ghalair neamhchoitianta shaorga", agus é mar aidhm cúiteamh airgeadais a mhéadú;

91. á mheabhrú go meastar, i gcomhthéacs an leighis phearsantaithe, an leighis inscnebhunaithe agus teiripí, gur straitéisí éifeachtacha cóireála iad chun ailse a leigheas, agus aird á tabhairt ar na difríochtaí idir fir agus mná ar an leibhéal bitheolaíoch, géiniteach agus matánchnámharlach; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit forbairt na cóireála inscnebhunaithe d'ailse a éascú, i gcomhréir leis na tásca ag teacht ó liachleachtóirí agus lianna;

92. á chur in iúl gur geal léi an tionscadal "Géanómaíocht don tSláinte Phoiblí" agus bunú an treochláir maidir le cosc pearsantaithe sa Phlean chun bearnaí sa taighde agus sa nuálaíocht a shainaithint agus chun tacú le cur chuige chun na haimhrialtachtaí bitheolaíocha aitheanta go léir a mhapáil as a eascraíonn soghabhálacht i leith ailse, lena n-áirítear ailsí oidhreachta, arb ionann iad agus idir 5 agus 10 % de chásanna ailse;

93. á iarraidh go ndéanfar Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 an 16 Aibreán 2014 maidir le trialacha cliniciúla ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine a chur i bhfeidhm go hiomlán agus go tapa ([72]); á mheas go n-éascófaí, le cur i bhfeidhm an rialacháin, trialacha cliniciúla móra a sheoladh ar fud na hEorpa ar bhealach comhchuibhithe, éifeachtúil agus comhordaithe ar an leibhéal Eorpach chun taighde ar dhrugaí ailse a éascú agus chun feabhas a chur ar cháilíocht saoil na n-othar agus a dteaghlach; á mheas, thairis sin, gur cheart an rialachán a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach i ngach Ballstát chun nósanna imeachta chun taighde cliniciúil a dhéanamh a chuíchóiriú; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé athbhreithniú nua a dhéanamh ar dheiseanna chun an t-ualach riaracháin a bhaineann le trialacha cliniciúla a laghdú; á iarraidh go bhfoghlaimeofar ceachtanna fadtéarmacha ó phaindéim COVID-19 ar na cineálacha comhair idirnáisiúnta trialach agus comhroinnte faisnéise a bheidh ann amach anseo;

94. á chur i bhfios go bhféadfadh scéim PRIME arna seoladh ag an EMA a bheith ina hionstraim an-éifeachtach chun tacaíocht a fheabhsú d'fhorbairt cógas nuálaíoch san oinceolaíocht, ionas go dtabharfar iad d'othair níos luaithe;

([71]) Treoir 89/105/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1988 a bhaineann le trédhearcacht na mbeart lena rialaítear praghsanna táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus a bhaineann lena gcur faoi raon feidhme córas árachais sláinte náisiúnta (IO L 40, 11.2.1989, lch. 8).

([72]) IO L 158, 27.5.2014, lch. 1

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

95. á iarraidh go mbeadh timpeallacht níos inbhuanaithe ann, lena n-áirítear maidir le tacaíocht airgeadais, chun taighde a dhéanamh agus anailís a dhéanamh ar thaighde atá ann cheana maidir le hathearraíocht a bhaint as cógais le haghaidh cóireáil ailse, go háirithe ag tríú páirtithe nach bhfuil aon intinn tráchtála acu, agus go gcruthófaí tionscadal breise a bhaineann úsáid as ríomhaireacht ardfheidhmíochta chun tástáil a dhéanamh go tapa ar mhóilíní atá ann cheana agus ar theaglaimaí nua drugaí, ag tosú le riachtanais arda nach bhfuiltear ag freastal orthu, amhail cóireáil le haghaidh ailsí lena ngabhann drochphrógnóis, ailsí mheiteastáiseach agus ailsí neamhchoitianta;

96. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a bhaineann le húsáid seachlipéid cógas, lena n-áirítear cógais neamhchostasacha agus cógais a úsáidtear le haghaidh ailsí neamhchoitianta; á iarraidh ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar an staid reatha maidir le húsáid seachlipéid cógas;

97. á aithint go mbeidh gá le rialacháin chasta (teiripí cille agus géinteiripe, mar shampla) le go leor teicneolaíochtaí atá le teacht; á mheas gur cheart don Aontas próiseas rialála a mhaoiniú, a dhreasú agus a áirithiú lena spreagtar taighde agus nuálaíocht go gníomhach, lena réamh-mheastar riachtanais taighdeoirí sa saol acadúil, sa tionscal agus i gclinicí, lena gcuirtear ar an eolas iad agus lena dtreoraítear go gníomhach iad maidir le próisis rialála, lena n-ullmhaítear an bealach do theicneolaíochtaí amach anseo, lena ndéantar meastóireacht ar na teicneolaíochtaí sin céim ar chéim agus lena gcothaítear teacht isteach cóireálacha nua sábháilte agus éifeachtacha sa mhargadh;

98. á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé fianaise láidir a chruthú agus a thuairisciú maidir le próifílí éifeachtúlachta agus sábháilteachta cógas, i dtrialacha cliniciúla agus i staidéir leantacha ar iar-theacht isteach sa mhargadh araon; ag tacú le forbairt trialacha cliniciúla maidir le húsáid drugaí ailse nua agus inacmhainne i ndaoine fásta agus i leanaí; ag tacú le forbairt trialacha cliniciúla illárnacha ar fud na hEorpa chun bealaí feabhsaithe cóireála agus cúraim a aimsiú d'othair, lena n-áirítear leanaí agus othair níos sine; á chur i bhfios go láidir nach mór do na húdaráis trédhearcacht, comhlíonadh le ceanglais iompair staidéir agus cur in iúl luath na sonraí ábhartha don EMA agus don phobal i gcoitinne a áirithiú;

99. ag tabhairt dá haire gurb ann do thogra reachtach ón gCoimisiún maidir le hÚdarás um Ullmhacht agus Freagairt um Éigeandáil Sláinte (HERA) a bhunú; ag tabhairt dá haire gur cheart don Choimisiún, faoi 2023 agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, athbhreithniú domhain a dhéanamh ar chur chun feidhme oibríochtaí HERA, lena n-áirítear a struchtúr, rialachas, chistiú agus acmhainní daonna; ag tabhairt dá haire nach mór aghaidh a thabhairt sna hathbhreithnithe sin, go háirithe, ar aon ghá le struchtúr HERA a mhodhnú, lena n-áirítear an fhéidearthacht é a uasghrádú go gníomhaireacht neamhspleách, athbhreithniú a dhéanamh ar a sainordú agus tuiscint a fháil ar na himpleachtaí airgeadais a bheadh ag aon mhodhnú den sórt sin, ach gan a bheith teoranta dóibh sin; ag tabhairt dá haire gur cheart don Choimisiún tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar thorthaí na n-athbhreithnithe agus gur cheart na torthaí sin a chur ar fáil don phobal; ag tabhairt dá haire gur cheart go mbeadh togra reachtach ag gabháil leis na hathbhreithnithe sin, i gcás inarb iomchuí, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a leagtar amach, agus ról Pharlaimint na hEorpa mar chomhreachtóir á urramú go hiomlán; á mheas, má dhéantar HERA a uasghrádú go gníomhaireacht neamhspleách, go bhféadfadh sé, ag an bpointe sin, a bheith in ann rochtain thapa, chothrom agus inbhuanaithe ar nuálaíochtaí ailse d'othair ailse, lena n-áirítear nósanna imeachta diagnóiseacha chomh maith le tástálacha diagnóiseacha coimhdeachta, a réamh-mheas, a dhreasú, a fhorbairt agus a éascú; á mheas go bhféadfadh HERA comhoibriú go dlúth san fhadtéarma le heintitis phoiblí agus phríobháideacha chun éiceachóras acmhainní príobháideacha agus poiblí a phleanáil, a chomhordú agus a thógáil lena bhféadfar creataí éigeandála oiriúnacha a chur ar fáil do rochtain AE ar amhábhair lárnacha i gcás suaitheadh sa soláthar domhanda;

100. ag cur béim ar an ngá atá ann an nuálaíocht a chur chun cinn maidir le cóireálacha tarrthála ailse; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, creat reachtaíochta cógaisíochta a chruthú le haghaidh cógais leighis agus teiripí oinceolaíochta lena gcuirtear nuálaíochtaí ceannródaíocha iarbhír chun cinn seachas táirgí cógaisíochta comhchosúla, nach bhfuil iontu ach substaint eile a bhfuil an úsáid chéanna ag baint léi, gan tairbhí móra nó cógaisíocht an-chostasach, nach dtairgeann ach mionfheabhsuithe d'othair; á iarraidh go n-oibreoidh cuibhreannas mór údarás poiblí, cuideachtaí príobháideacha agus ENRanna, lena n-áirítear cumainn othar agus marthanóirí agus lucht acadúil, i gcomhar lena chéile chun inrochtaineacht agus inacmhainneacht roghanna cóireála ailse a éilíonn teicneolaíochtaí casta a ráthú, mar shampla, teiripe cille (T-chealla CAR), géinteiripe, imdhíon-teiripe aistrithe trí eastóscáin géanóim siada (teachtaire RNA) agus nanaitheicneolaíochtaí; á chur i bhfáth, chun úsáid níos leithne teiripí nuálacha a éascú, nach mór do AE agus do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh chun na teiripí atá ar fáil faoi láthair a mhaoiniú, ach ní mór dóibh freisin tacú le modhanna atá níos costéifeachtúla a fhorbairt; á chreidiúint, le laghdú na gcostas a bhaineann leis na teiripí is nuálaí agus is éifeachtaí, go mbeadh fáil níos leithne orthu a bheadh chun leas na n-othar in AE agus níos faide i gcéin; á iarraidh go n-áiritheofar rochtain chothrom ar theiripí nuálacha, i réigiúin uirbeacha ina bhfuil dlús mór daoine agus i gceantair thuaithe nó iargúlta araon;

*IIIc. Rochtain chomhionann ar chúram ailse ildisciplíneach ardcháilíochta: i dtreo freagairt níos fearr a thabhairt ar thionchar na ngéarchéimeanna sláinte ar othair ailse*

101. á chur i bhfios go láidir go raibh tionchar suntasach ag géarchéim COVID-19, agus go bhfuil tionchar suntasach aige fós, ar mharthanas agus cáilíocht saoil na n-othar ag gach céim den ghalar, mar gheall ar mhoilleanna i ngníomhaíochtaí coisctheacha amhail vacsaíniú, cur siar scéimeanna coisctheacha, trialacha cliniciúla, scagthástáil, tarchuir, diagnóisí, gnáthaimh agus cóireálacha máinliachta, ganntanais sa soláthar cógas agus soláthairtí liachta eile, ganntanais lucht oibre ardcháilithe, cumarsáid laghdaithe le gairmithe sláinte agus an eagla atá ar othair maidir le hionfhabhtú; á thabhairt chun suntais go dtugtar le fios leis an bhfianaise gur chuir cliniceoirí bail ar 1,5 milliún níos lú othair ailse ar fud na hEorpa sa chéad bhliain den phaindéim agus go ndearna siad 100 milliún níos lú scagthástálacha ailse, agus dá bhrí sin, go bhféadfadh ailse a bheith ar mhilliún saoránach san Aontas faoi láthair mar thoradh ar phaindéim COVID-19 ([73]);

102. á mheas gur fíorthástáil struis do chórais sláinte AE ab ea paindéim COVID-19; á chur i bhfios go láidir gurb é an príomhcheacht ba cheart a fhoghlaim ná an gá atá le hinfheistiú san earnáil sláinte poiblí agus le straitéis éigeandála a fhorbairt chun a lamháil do na Ballstáit cur, ar bhealach comhordaithe, i gcoinne aon ghéarchéimeanna sláinte a bheidh ann amach anseo; á chur i bhfáth go mbíonn grúpaí leochaileacha, lena n-áirítear othair ailse, go háirithe gan chosaint le linn géarchéime sláinte; á chur i bhfáth gur cheart bearta sonracha faoin straitéis éigeandála sin a dhíriú ar chosaint na ngrúpaí leochaileacha, lena n-áirítear othair ailse, nach féidir leo fanacht go dtí deireadh na géarchéime; á chur i bhfáth gur cheart go dtacófar, leis na bearta sonracha sin, le forbairt, táirgeadh agus stoc-charnadh táirgí chun na grúpaí leochaileacha sin a chosaint;

103. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sonraí a bhailiú go dícheallach trí chlárlanna oiriúnacha chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí vacsaíní i gcoinne COVID-19 i bpobail leochaileacha, lena n-áirítear othair a bhfuil ailse orthu, agus na freagairtí imdhíonachta a thugann siad ina dhiaidh sin;

104. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur measa na ganntanais lucht saothair a bhí ann cheana féin mar thoradh ar phaindéim COVID-19; á aithint a phráinní atá sé líon leordhóthanach gairmithe cúraim sláinte speisialaithe a áirithiú i gcúram ailse; á athdhearbhú gur cheart bearta sonracha faoin straitéis éigeandála a dhíriú ar aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair trí ghairmithe sláinte a earcú, i gcúram príomhúil agus cúram speisialaithe araon, agus a athoiliúint, más rud é gur speisialtóirí iad i réimsí eile; á mholadh go bhféadfadh an Chlárlann um Éagothromaíochtaí Ailse feidhmiú mar uirlis chun ganntanais lucht saothair atá ann cheana a thomhas agus a thuairisciú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le cur chuige nua maidir le cúram sláinte atá dírithe ar an duine chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach duine ar sheirbhísí diagnóiseacha, seirbhísí teiripe agus seirbhísí sláinte poiblí ar ardchaighdeán; ag cur béim ar an ngá atá le hobair a dhéanamh ar mheascán scileanna chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an bhfreagairt do riachtanais foirne in earnáil na sláinte; ag tacú le malartú na ndea-chleachtas idir na Ballstáit i ndáil leis an méid sin; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit ardáin oiliúna ar líne a chruthú do ghairmithe cúraim sláinte amhail cúramóirí, agus cláir chúraim theiripigh a chruthú lena ndeonaítear cáilíochtaí agus lena n-aithnítear a n-inniúlachtaí;

105. á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil go leor deacrachtaí fós ag othair rochtain a fháil ar sheirbhísí cúraim sláinte poiblí, ós rud é go bhfuil ganntanais lucht saothair agus easpa cumais ag go leor ranna oinceolaíochta sna hospidéil phoiblí; á iarraidh, dá bhrí sin, go gcruthófaí ranna radaiteiripe ar ardchaighdeán agus lárionaid oinceolaíochta nua-aimseartha in ospidéil phoiblí, bunaithe ar threoirlínte Eorpacha agus i gcomhréir leis an bhfianaise eolaíoch is déanaí;

106. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar na húdaráis ábhartha aitheantas a thabhairt don ról lárnach atá ag cúramóirí neamhfhoirmiúla, iad a lánpháirtiú i bhfoirne sláinte agus cúraim agus iad a chumhachtú leis an gcumas roghanna eolasacha a dhéanamh maidir le bearta tacaíochta atá ar fáil le tacaíocht ó ghairmithe cúraim sláinte; á aithint gur chuir an phaindéim le ról ríthábhachtach na gcúramóirí neamhfhoirmiúla, a chuireann formhór an chúraim laethúil ar fáil d'othair ailse agus a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar easpa soiléir tacaíochta praiticiúla agus beartais, lena n-áirítear maidir le cearta sóisialta, oiliúint, cabhair shíceolaíoch, faisnéis agus aitheantas; ag cur i bhfios chéatadán ard na gcúramóirí neamhfhoirmiúla i measc dhaonra an Aontais agus ar na difríochtaí maidir leis an gcaoi a dtacaítear leo agus an chaoi a n-aithnítear a gcearta ar fud na mBallstát; á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar chúram neamhfhoirmiúil a chur ar bhonn foirmiúil, lena n-áiritheofaí go n-aithneofaí íoschaighdeán áirithe ceart, go háirithe dóibh siúd a bhfuil cúram fadtéarmach á sholáthar acu;

([73]) Eagraíocht Ailse na hEorpa, "Ní fhanfaidh ailse le deireadh phaindéim Covid-19. Is mithid gníomhú.", 11 Bealtaine 2021, arna rochtain an 21 Nollaig 2021.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

107. á mholadh go ndéanfaí córas sláinte digiteach a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar shiomptóimí go cianda agus chun cóireáil ailse leanúnach a áirithiú i gcúram pobail; á iarraidh go ndéanfaí rochtain bhuan ar chomhairliúcháin leighis, ar sheirbhísí síceasóisialta agus ar theagmháil idir an t-othar agus gairmithe sláinte, agus idir an gairmí sláinte freastail agus teaghlach an othair, a ráthú trí úsáid a bhaint as teilileigheas agus teileachúram agus trína gcomhtháthú isteach i gcórais cúraim sláinte, i dtimpeallachtaí atá saor ó bhagairtí sláinte in ospidéil, nó, i gcás inar féidir agus ina bhfuil sé sábháilte é a dhéanamh, i gcógaslanna; á iarraidh forbairt teiripeach a spreagadh lena bhféadfar tacú le haistriú chuig cúram baile;

108. á iarraidh go mbeidh cumarsáid fheabhsaithe ann idir gairmithe sláinte, othair, marthanóirí, cúramóirí, tuismitheoirí agus údaráis phoiblí maidir le héifeachtacht agus sábháilteacht idirghabhálacha sláinte, go háirithe scagthástáil, diagnóisiú agus cóireáil ailse, agus go mbeidh feachtais feasachta maidir le cosc ann in aimsir géarchéime;

109. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit pleananna Eorpacha um chosc agus um bainistiú a ghlacadh mar chuid de straitéis theagmhasach atá comhleanúnach agus iomlánaíoch chun cosc agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais cógas leighis, feistí, táirgí agus foirne in aimsir géarchéime sláinte; á chur i bhfios go láidir go bhfuil freagrachtaí ar shealbhóirí údaraithe margaidh agus ar dháileoirí mórdhíola i ndáil le reachtaíocht ábhartha an Aontais;

IV. *Tacaíocht láidir d'othair ailse, dóibh siúd a tháinig slán ón ailse agus do chúramóirí*

110. á chur i bhfáth nár cheart go mbeadh othair ailse thíos le "pionós dúbailte" ina saol laethúil; á iarraidh go nglacfar treoir maidir le frith-idirdhealú, agus go ndéanfar treoracha maidir le seirbhísí airgeadais a chur chun feidhme go cothrom agus go comhionann, amhail an Treoir maidir le Creidmheas do Thomhaltóirí ([74]), gan aon idirdhealú in aghaidh othair ailse agus daoine a tháinig slán ón ailse;

111. ag tabhairt dá haire gur gá díriú ar an gcáilíocht saoil atá ag líon méadaitheach othar ailse ainsealach nach féidir a gcuid tinnis a leigheas ach ar féidir iad a chobhsú ar feadh roinnt blianta; ag cur béim ar a thábhachtaí atá moltaí sonracha ón Aontas chun feabhas a chur ar cháilíocht saoil na n-othar agus na marthanóirí, lena n-áirítear trí chúram tacaíochta cuimsitheach atá comhtháite i gcúram ailse, ag tosú leis an diagnóis agus ag leanúint ar feadh fhad chúrsa an ghalair (lena n-áirítear faoiseamh pian, seirbhísí síceolaíochta, gníomhaíocht choirp oiriúnaithe, teiripí comhlántacha bunaithe ar fhianaise eolaíoch, rochtain ar oideachas, tacaíocht chothaithe, cúnamh sóisialta a chuimsíonn gach cúram laethúil amhail cabhair teaghlaigh nó cúram leanaí, rochtain ar shláinte atáirgthe agus athbhunú sláine aeistéití) agus rochtain ar lárionaid tacaíochta speisialaithe; á iarraidh ar na Ballstáit ainiarmhairtí paiteolaíocha (míchumas fisiciúil nó foghlama) a aithint, chomh maith le hidirdhealú sóisialta, lena n-áirítear san ionad oibre; á iarraidh ar an gCoimisiún treoirlínte a mholadh do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar a thábhachtaí atá sé córais chuimsitheacha cumhdaigh a bhunú lena ráthófar go gcomhlíonfar na riachtanais sin; á aithint gur galar í an ailse a bhfuil ualach airgeadais ag baint leis, lasmuigh de chóireálacha ailse, fiú; á iarraidh ar an gCoimisiún ardán a bhunú chun dea-chleachtais i gcúram maolaitheach a mhalartú agus chun tacú le taighde ar chúram maolaitheach;

112. á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis AE maidir le cabhair agus cúram a mheas chun cúram fadtéarmach iomchuí, inrochtana agus ardcháilíochta a áirithiú;

113. á thabhairt chun suntais gur féidir le cógas comhtháiteach atá aitheanta go heolaíoch agus atá formheasta ag na húdaráis sláinte poiblí dul chun tairbhe d'othair i dtaca leis na héifeachtaí a ghabhann le galair éagsúla, ar nós ailse, agus lena gcóireáil; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cur chuige iomlánaíoch agus comhtháiteach atá dírithe ar an othar a fhorbairt agus, i gcás inarb iomchuí, úsáid chomhlántach na dteiripí sin a spreagadh faoi mhaoirseacht na ngairmithe cúraim sláinte;

114. á chur i bhfios go láidir gur féidir le míchothú cur isteach ar thorthaí na cóireála ailse, agus gur cuid riachtanach de chúram ailse, dá bhrí sin, gurb ea cúram cothaitheach optamach; á iarraidh ar na Ballstáit moltaí a fhorbairt chun cothú cliniciúil a ionchorprú i ngach gné de chúram ailse, lena n-áirítear cóireáil, tacaíocht agus taighde; á mheas, aon uair a léirítear, nach foláir tacaíocht chliniciúil chothaithe a chur ar fáil d'othair ailse faoi chúram saineolaí bia a bheidh le cur san áireamh san fhoireann ildisciplíneach; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, an oiliúint idir-speisialta maidir le tacaíocht chothaithe atá beartaithe agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit íoschaighdeáin a fhorbairt d'oiliúint leanúnach maidir le cúram cothaithe don lucht saothair ildisciplíneach; ag moladh go mbeidh bainistiú cothaithe ina chuid lárnach agus eiticiúil den taighde cliniciúil uile a bhaineann le hothair ailse; ag moladh, thairis sin, go n-áireofar tacaíocht chuí chothaitheach i gCairt um Chearta na n-othar ailse;

([74]) IO L 133, 22.5.2008, lch. 66.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

115. ag tathant go mór ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear gach othar ailse go hiomlán ar an eolas faoin bhféidearthacht maidir le nósanna imeachta caomhnaithe torthúlachta a bheith ann sula gcuirfear tús le cóireáil ghníomhach; á iarraidh go bhforbrófar treoirlínte ar leibhéal AE do ghairmithe sláinte, lena saineofar an aois ag ar cheart othair ailse a chur ar an eolas faoi infhaighteacht nósanna imeachta sláinte atáirgthe; ag spreagadh na mBallstát, thairis sin, foráil a dhéanamh chun go ndéanfar leis na scéimeanna náisiúnta árachais sláinte, na hothair ailse uile a chumhdaítear le hárachas sláinte náisiúnta éigeantach a aisíoc as na seirbhísí sin;

116. ag moladh do na Ballstáit tnáitheadh theaghlaigh agus ghaolta na n-othar ailse, rud ar minic leis a bheith amhlaidh, a chur i gcuntas agus cúnamh síceolaíoch agus socheacnamaíoch a chur ar fáil dóibh, go háirithe don dream is leochailí, agus tréimhsí sosa san áit oibre a sholáthar dóibh ar feadh fhad chúrsa an ghalair, mar aon le tacaíocht mhéala; ag spreagadh, thairis sin, na forbartha ar scéimeanna tacaíochta comhtháite, leormhaithe agus inrochtana d'othair ailse agus dá dteaghlaigh, lena gcuirfear an tsláinte, seirbhísí pobail agus sóisialta san áireamh;

117. á mheabhrú go bhfuil cumhachtú na n-othar agus litearthacht sláinte ríthábhachtach don straitéis ailse Eorpach agus nach mór othar-lárnacht agus cinnteoireacht rannpháirteach a bheith i gcroílár na bpróiseas cóireála agus cúraim; ag moladh chur chun cinn na n-othar dea-eolasach atá rannpháirteach go gníomhach ina gcóireáil féin agus á iarraidh go gcuirfear oideachas teiripeach ar chúramóirí agus othar agus go ndéanfar iad a chumhachtú sna cláir chúraim; á mheas gur cheart go mbainfí úsáid as modheolaíocht atá saincheaptha go sonrach le haghaidh phróiseas oiliúna agus cumhachtaithe na n-othar péidiatraiceach, i bhfianaise a saintréithe agus a riachtanas sonrach; á iarraidh go ndéanfar cinnteoireacht rannpháirteach, le faisnéis atá pearsantaithe agus intuigthe agus bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil d'othair, mar chuid lárnach de NCCPanna, a fhaigheann tacaíocht ón bPlean; á iarraidh go dtacófar leis na tionscnaimh agus leis na gníomhaíochtaí sin chun othair ailse a chumhachtú trí chistiú AE, go háirithe an Clár EU4Health;

118. ag aithint an róil lárnaigh atá ag comhlachais neamhspleácha othar agus cúramóirí i ndáil le habhcóideacht agus tionlacan othar, seirbhísí a chuirtear ar fáil d'othair agus do chúramóirí ailse, scaipeadh litearthachta sláinte, ardú feasachta agus tacaíocht leanúnach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit rannpháirtíocht fhoirmiúil na gcomhlachas a chur i gcuntas, mar aon lena n-iarrataí agus lena moltaí agus beartais agus reachtaíocht a bhaineann le hailse á gceapadh acu agus tacaíocht phoiblí a chur ar fáil dóibh i bhfoirm deontais oibriúcháin agus deontais a bhaineann le tionscadail ar mhaithe lena neamhspleáchas ar chistiú príobháideach a ráthú; á iarraidh ar an gCoimisiún critéir shoiléire a leagan síos ar dá réir is féidir tacaíocht airgeadais phoiblí a bhronnadh; á mheas gur cheart go mbeadh ról ag othair phéidiatraiceacha, ar bhonn aonair agus i dteannta a chéile, maidir le feabhas a chur ar nósanna imeachta cúraim sláinte agus taighde do na hothair uile trí rannchuidiú lena dtaithí shonrach; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, dá bhrí sin, gur cheart uirlisí foghlama agus oideachais leormhaithe a fhorbairt agus a mhaoiniú go cuí chun rannpháirtíocht leanaí a phleanáil agus a áirithiú;

119. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé roghanna cuí maidir le héileamh ar chúiteamh a dhaingniú d'oibrithe i gcás ailse cheirde; á iarraidh ar na Ballstáit an moladh ón gCoimisiún an 19 Meán Fómhair 2003 maidir le galair cheirde a chur chun feidhme ina iomláine agus a áirithiú go mbeidh roghanna cuí ann chun cúiteamh a éileamh d'oibrithe i gcásanna ailse cheirde, lena bhfágfaí go mbeadh an deis ag gach oibrí cúiteamh cuí a fháil tar éis dó nó di a bheith nochta do shubstaintí díobhálacha nó tar éis don ailse a bhaineann leis an obair difear a dhéanamh dóibh; á iarraidh ar an gCoimisiún liosta íosta de ghalair cheirde a chruthú a mbeidh critéir aitheantais inchomparáide ag gabháil leo ar fud an Aontais;

120. á iarraidh ar na Ballstáit feabhas a chur ar ath-lánpháirtiú na marthanóirí ailse i ngníomhaíochtaí sóisialta agus i margadh an tsaothair, lena gcabhrófar leo aistriú go róil ghairmiúla nua i gcás ina gcuirfear cosc orthu leanúint ar aghaidh sa phost céanna de dheasca ainiarmhairtí agus éascú a dhéanamh ar fhilleadh marthanóirí ailse péidiatraicí ar an scoil nó ar an ardoideachas; ag tabhairt dá haire an tearcluacháil ghinearálta ar iarchúraim i gcomparáid le hailse a chosc atá chomh tábhachtach céanna; ag meabhrú na moltaí agus na n-uirlisí atá forbartha ag Gníomhaíocht Chomhpháirteach CHRODIS+ chun cothú a dhéanamh ar othair a choinneáil ag an obair, ar a gcumas filleadh ar an obair agus a n-athimeascadh i margadh an tsaothair agus ag spreagadh an Choimisiúin tacú le cur chun feidhme na moltaí agus na n-uirlisí sin ar fud na mBallstát; ag moladh moltaí sonracha AE maidir le bearta le haghaidh marthanóirí ailse chun cosc a chur ar atarlú ailse príomhúla agus ar fhorbairt ailsí nua mar aon le bearta maidir lena n-athshlánú, lena n-áirítear forálacha sonracha le haghaidh cúram fadtéarmach leantach do mharthanóirí ailse ar leanaí iad agus iad ag druidim i dtreo na haosachta; á chur i bhfáth an gá atá le hiarchúram leighis agus síceolaíoch do mharthanóirí na hailse;

121. á mheas gur cheart sainordú a thabhairt do EU-OSHA i dtaca le ról níos láidre a bheith aici i gcur chun cinn dea-chleachtas sna Ballstáit maidir le lánpháirtiú na n-othar ailse agus na ndaoine a tháinig slán ón ailse san ionad oibre agus maidir lena gcosaint ar an idirdhealú; á chur in iúl go bhfuil sí ag súil leis an staidéar nua, a fógraíodh sa Phlean, maidir le filleadh na ndaoine a tháinig slán ón ailse ar an obair, lena leagfar amach beartais fostaíochta náisiúnta agus cosanta sóisialta agus lena sainaithneofar constaicí agus na dúshláin atá fós ann;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

122. á chur i bhfios go láidir an ról ríthábhachtach atá ag cigireachtaí saothair i dtaobh comhlíonadh leis an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta a dhaingniú agus maidir le hailse a bhaineann leis an obair a chosc; á iarraidh ar na Ballstáit cigireachtaí saothair a neartú agus a áirithiú go ndéanfar iad a chistiú go leordhóthanach; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le faireachán agus fíorú d'oibrithe taistil; á iarraidh go ndéanfar an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA) a chur chun feidhme chomh mear agus is féidir agus é a bheith ag feidhmiú a luaithe is féidir, agus á iarraidh ar ELA fíorchumhacht cigireachta saothair a chur ar fáil i gcásanna trasteorann agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta maidir le sláinte agus sábháilteacht; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit ról a thabhairt do ELA i gcásanna trasteorann chun forfheidhmiú cuí reachtaíochta sláinte agus sábháilteachta a áirithiú;

123. ag tathant ar an gCoimisiún aird a dhíriú ar athruithe i margadh saothair AE, agus ar chistiú leordhóthanach a dhaingniú chun sonraí a bhailiú mar is cuí; á chreidiúint go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach faisnéis agus sonraí a bhailiú go forleathan agus go críochnúil agus gur tosaíocht leanúnach don Choimisiún é chun freagairt leis na tionscnaimh reachtacha agus neamhreachtacha a bhfuil gá leo maidir le hailse a bhaineann leis an obair a chosc; á chur i bhfáth go bhfuil gá le cláir chuimsitheacha náisiúnta a chur ar bun do na Ballstáit uile, lena bhféadfaí sonraí maidir le nochtadh do charcanaiginí a bhailiú ar fud AE agus á chur i bhfáth gur cheart go gcumhdófaí gach carcanaigin ábhartha leis na cláir sin; á iarraidh go mbeidh dlúthchomhar ann idir institiúidí AE, na Ballstáit, EU-OSHA agus geallsealbhóirí ábhartha, agus go mbeidh ról láidir ag na comhpháirtithe sóisialta ag an am céanna; á iarraidh go mbainfear úsáid as na sonraí a bhaileofar chun obair leantach a dhéanamh i ndáil leis na bearta reachtacha agus neamhreachtacha is gá chun dul i ngleic le hailse a bhaineann leis an obair;

124. ag tacú leis an gCárta Cliste do Dhaoine a Tháinig Slán ón Ailse a leathfar amach go luath, mar a fógraíodh sa Phlean, do na hEorpaigh go léir a tháinig slán ón ailse, go háirithe daoine a tháinig slán ó ailsí leanaí agus ailsí óganach, lena dtabharfar achoimre ar a stair chliniciúil, lena n-áirítear taithí an othair féin, agus lena n-éascófar cúram leantach agus lena ndéanfar faireachán ar an gcúram sin; á chur i bhfáth a íogaire atá sonraí sláinte aonair agus, dá bhrí sin, an gá atá leis an gCárta Cliste a bheith cosanta go hiomlán faoi Rialachán Ginearálta an Aontais maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ([75]);

125. á mheas nár cheart d'árachóirí ná baincéirí stair leighis na ndaoine a ndearna ailse difear dóibh a chur san áireamh; á iarraidh go n-áiritheofar i reachtaíocht náisiúnta nach ndéanfar idirdhealú i gcoinne daoine a tháinig slán ón ailse i gcomparáid le tomhaltóirí eile; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún dul i mbun plé le gnólachtaí chun cód iompair a fhorbairt chun a áirithiú go léireofar forbairtí i gcóireálacha ailse agus a n-éifeachtúlacht fheabhsaithe i gcleachtais ghnó na soláthraithe seirbhíse airgeadais; ag tacú, i gcomhthráth, le cur chun cinn na bhforbairtí a rinneadh sa Fhrainc, sa Bheilg, i Lucsamburg agus san Ísiltír, ina dteachtann daoine a tháinig slán ón ailse an "ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad"; á iarraidh, faoi 2025, ar a dhéanaí, gur cheart do na Ballstáit uile an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad a ráthú do gach othar Eorpach 10 mbliana tar éis dheireadh a gcóireála, agus 5 bliana tar éis dheireadh na cóireála d'othair a ndearnadh a ndiagnóisiú sula raibh siad 18 mbliana d'aois; á iarraidh go tabharfar isteach caighdeáin choiteanna maidir leis an gceart go ndéanfaí ligean i ndearmad faoi na forálacha ábhartha maidir le beartas cosanta tomhaltóirí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, chun na cleachtais náisiúnta ilroinnte i réimse an mheasúnaithe acmhainneachta creidmheasa a leigheas agus chun rochtain chomhionann ar chreidmheas do dhaoine a tháinig slán ón ailse a áirithiú; á iarraidh go ndéanfar an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad do mharthanóirí ailse a leabú i reachtaíocht ábhartha AE chun idirdhealú a chosc agus chun rochtain marthanóirí ailse ar sheirbhísí airgeadais a fheabhsú;

126. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis an gCód Eorpach um Chleachtas Cúraim Ailse arna seoladh ag Eagraíocht Ailse na hEorpa, ar uirlis chumhachtaithe fhaisnéiseach í, chun a áirithiú go soláthrófar an cúram is fearr atá ar fáil do shaoránaigh agus d'othair Eorpacha;

127. á aithint go bhfuil géarghá le cairt Eorpach um chearta na n-othar ailse; á iarraidh go ndéanfar leis an gcairt seo an conair cúraim ailse (i.e. rochtain ar chosc, diagnóisiú tosaigh agus ar feadh a gcóireála), a chur i gcuntas ag gach céim agus feidhm a bheith aici ar bhealach cothrom i leith gach saoránach AE, gan beann ar an tír nó an réigiún ina bhfuil cónaí orthu;

V. *Dúshláin maidir le hailse i measc leanaí, óganach agus daoine óga*

128. á chur in iúl gur geal léi na tionscnaimh a d'fhógair an Coimisiún chun aird a tharraingt ar ailse i measc leanaí; á iarraidh go mbeidh ceanglais shoiléire beartais ann maidir leis na riachtanais taighde ó thaobh ailse phéidiatraiceach de; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún leithdháileadh neamhionann na hinfheistíochta ar ailsí péidiatraiceacha a cheartú; á mheas gur cheart sruth cistithe soiléir agus sonrach AE a thiomnú do thaighde agus cóireáil ailse péidiatraicí agus gur cheart leithdháiltí buiséid a bheith curtha i leataobh ar fud chláir ábhartha uile AE; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé tacú le hardáin taighde acadúla idirnáisiúnta lena ndírítear ar ailsí péidiatraiceacha, atá bunaithe ar thaighde a dhéanann gníomhaithe ábhartha eile;

([75]) IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

129. ag tabhairt dá haire go bhfuil an t-ualach oibre maorlathach a bhaineann le triail a ghníomhachtú san Eoraip róthrom i gcás go leor galair neamhchoitianta lena n-áirítear ailsí leanaí toisc go bhfuil easpa urraíocht tráchtála ann do thrialacha atá faoi stiúir imscrúdaitheora agus go bhfuil a lán eagraíochtaí neamhthráchtála fós nach bhfuil toilteanach ról an urraitheora a ghabháil de láimh ar leibhéal uile-Eorpach do thrialacha ilnáisiúnta i leanaí; á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht atá cheana ann, ina leith sin, agus trialacha ilnáisiúnta do leanaí a éascú;

130. á iarraidh go ndéanfar deonú smeara a chur chun cinn sna Ballstáit ionas gur féidir beatha na mílte daoine atá diagnóisithe le leoicéime a shábháil, líon atá ag méadú de shíor agus lena n-áirítear go leor leanaí, ós rud é gurb í an leoicéime an ailse leanaí is coitianta; á thabhairt chun suntais gurb é an trasphlandú smeara an t-aon dóchas atá ann do go leor daoine atá buailte le leoicéime agus le galair fola eile agus nach mbeidh ball teaghlaigh comhoiriúnach ag triúr as ceathrar othar, agus go mbeidh deontóir, dá bhrí sin, ag teastáil uathu;

131. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit díriú ar rochtain chomhionann agus atá cothrom ó thaobh na geografaíochta de ar na diagnóisic speisialaithe is fearr agus cóireáil ildisciplíneach do leanaí a bhfuil ailse orthu a áirithiú, agus feabhas a chur ar na torthaí cóireála ailse i ngach Ballstát; á mheas gur cheart speisialtacht acadúil agus gairmí an oinceolaí phéidiatraicigh a aithint i ngach Ballstát; á chreidiúint gur cheart do gach othar a d'fhulaing ailse mar leanbh nó mar dhéagóir cúram leighis leanúnach a fháil agus iad a fhaire fiú i ndiaidh dóibh aosacht a bhaint amach, agus á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfar bearta a chur i gcrích chun an comhar a dhéanamh níos solúbtha idir gairmithe péidiatraiceacha agus gairmithe sláinte a fhreastalaíonn ar dhaoine fásta; ag spreagadh malartú eolais i dtaobh chúrsa galair na n-ailsí i measc leanaí agus déagóirí;

132. á chur i bhfáth an gá atá le clárlanna cuimsitheacha daonra-bhunaithe d'ailse leanaí, bunaithe ar chórais aicmithe ailse leanaí a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta, chun sonraí inchomparáide ar ardchaighdeán a áirithiú ar fud na hEorpa; ag athdhearbhú an ghá atá le líon na gcásanna ailse i leanaí agus i ndéagóirí a fhoilsiú ar bhonn bliantúil ar a laghad san Aontas agus i ngach Ballstát;

133. á iarraidh go ndéanfar óganaigh agus daoine óga (AYAnna) a bhfuil ailse orthu a aithint ar leibhéal AE mar ghrúpa ar leith a bhfuil riachtanais leighis agus síceasóisialta sonracha acu agus go ndéanfar cláir scoile a chur ar bun a bheidh tiomnaithe dóibh;

134. ag cur béim ar an ngá atá le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar shaincheisteanna meabhairshláinte i leanaí agus in othair ailse AYA agus i marthanóirí; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain agus fáil chothrom ar bhearta tacaíochta síceasóisialta iomchuí don ghrúpa othar sin;

135. á chur i bhfáth go bhfuil gá le neartú a dhéanamh ar an gceart chun cúram trasteorann i gcás leanaí agus othair ailse AYA nuair nach bhfuil an chóir leighis is fearr ar fáil ina dtír chónaithe, agus a áirithiú go gcumhdófar leis an reachtaíocht ábhartha, rochtain ar nuálaíocht trí thrialacha cliniciúla i gcás urchóideachtaí athiompaithe nó urchóideachtaí ar deacair iad a chóireáil, trí inbhuanaitheacht an chomhair trasteorann atá ann cheana a fheabhsú, lena n-áirítear na Líonraí Tagartha Eorpacha (ERNanna), go háirithe an ERN maidir le hailse phéidiatraiceach; ag cur béim ar an ngá atá le soiléiriú maidir le rochtain ar thrialacha cliniciúla trasteorann, toisc nach bhfuil sé sin sonraithe go soiléir sa Treoir maidir le Cúram Sláinte Trasteorann;

136. ag tabhairt dá haire go ndearna an dá rialachán maidir le táirgí íocshláinte péidiatraiceacha ([76]) agus dílleachta ([77]) cothú ar an bhforbairt agus ar infhaighteacht cógas d'othair a bhfuil galair neamhchoitianta orthu agus do leanaí, agus go ndearnadh infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí a atreorú i dtreo limistéir a ndearnadh faillí iontu roimhe seo; á iarraidh go ndéanfar athbhreithniú uaillmhianach ar na rialacháin maidir le táirgí íocshláinte péidiatraiceacha agus dílleachta chun an fhorbairt ar dhrugaí ailse nuálacha agus rochtain orthu a áirithiú, go ndéanfar na drugaí is tábhachtaí a shainaithint chun freastal ar riachtanais na leanaí a bhfuil ailsí droch-phrognóiseacha orthu, tacú le taighde acadúil agus le rannpháirtíocht FBManna, moilleanna a laghdú ionas gur féidir le leanaí rochtain níos mire a bheith acu ar dhrugaí péidiatraiceacha, ar ghéinteiripe agus ar teiripe cille, iomaíocht a spreagadh tríd an gcreat rialála a oiriúnú agus infheistíocht i gcógais iarphaitinne dílleachta agus phéidiatraiceacha a spreagadh agus aghaidh a thabhairt ar an rochtain theoranta atá ann ar chógais riachtanacha áirithe i ngeall ar ghanntanais drugaí agus praghas ard na gcógas leighis nuálach; á mholadh go ndéanfar ardú 20 % ar na drugaí ailse péidiatraicí nua atá ar fáil faoi 2027, mar aon le méadú ar inrochtaineacht leighis phearsantaithe; á mheas, dá réir sin, gur cheart oibleagáid shoiléir chun taighde péidiatraiceach a áireamh a bhreithniú mar choinníoll le haghaidh iarratas ar chistiú; á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcás inarb iomchuí, i gcomhphlé leis na Ballstáit,

([76]) IO L 378, 27.12.2006, lch. 1.
([77]) IO L 18, 22.1.2000, lch. 1.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

córas a oibriú ar mhaithe le rochtain ar fhíor-nuálaíochtaí ceannródaíocha d'othair ailse péidiatraicí; á iarraidh ar an gCoimisiún éascú a dhéanamh ar athrú cuspóra na gcógas a theipeann ar dhaoine fásta nuair atá réasúnaíocht eolaíoch agus réamhchliniciúil ann, agus dreasachtaí níos éifeachtaí agus níos saincheaptha a chur ar fáil chun cothú a dhéanamh ar fhorbairt cógas i gcomhair ailse i leanaí agus ar fhorbairt First-in-Child ar chógais nua frithailse phéidiatraiceacha; á iarraidh ar an gCoimisiún forbairt thráthúil ar chógas péidiatraiceach a spreagadh agus moilleanna a laghdú, amhail trí bhíthin luach saothair luath-chomhréireach a leithdháileadh de réir a chéile agus ní go heisiach ag deireadh an deimhnithe fhorlíontaigh cosanta; á iarraidh ar an gCoimisiún gan Airteagal 11(b) den Rialachán Péidiatraiceach a áireamh san athbhreithniú atá beartaithe chun lamháil don fhorbairt ar chógas ailse péidiatraicí a bheith á stiúradh ag an eolaíocht agus ag sásra gníomhaíochta an chógais;

137. á iarraidh go gcruthófar grúpa comhairleach geallsealbhóirí ar leibhéal AE a bheidh tiomnaithe d'ailsí leanaí, d'ailsí óganach agus d'ailsí daoine óga, lena bhféadfaí tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme spriocdhírithe agus comhleanúnach na ngníomhaíochtaí ábhartha ar fud an Phlean, Fhís na hEorpa, na Straitéise Cogaisíochta don Eoraip agus an Chláir EU4Health;

138. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air agus á iarraidh ar na Ballstáit Treoir (AE) 2019/1158 an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí ([78]) a thrasuí go hiomlán, lena dtugtar isteach saoire do chúramóirí agus an deis socruithe solúbtha maidir le ham oibre a iarraidh ionas go mbeidh sé de cheart ag oibrithe saoire cúramóirí 5 lá oibre in aghaidh na bliana a bheith acu chun cúram pearsanta nó tacaíocht phearsanta a thabhairt do ghaol nó do dhuine a bhfuil cónaí air nó uirthi sa teaghlach céanna leis an oibrí agus a bhfuil gá aige nó aici le cúram suntasach leighis ar chúis thromchúiseach leighis, mar a shainítear ag gach Ballstát;

139. á chur in iúl gur geal léi cruthú Líonra AE de Dhaoine Óga a Tháinig Slán ón Ailse a d'fhógair an Coimisiún;

140. ag tacú leis an moladh ó JARC maidir leis an bhfeidhmiú céimneach ar aitheantóir Eorpach uathúil othair, ar an bPas Marthanais agus ar threoirlínte maidir le faireachas fadtéarmach agus ar an aistriú ó chúram péidiatraiceach go cúram do dhaoine fásta, chun a áirithiú go ndéanfar faireachán ar thorthaí fadtéarmacha i marthanóirí ailse leanaí i dtimpeallacht trasteorann; á chur i bhfáth an gá atá leis an "gceart go ndéanfaí ligean i ndearmad" a bheith oiriúnach don fheidhm don daonra sin;

VI. *Dúshláin a bhaineann le hailsí neamhchoitianta aosach*

141. Á aithint gur dúshláin don tsláinte phoiblí gurb ea ailsí neamhchoitianta aosach; á mheabhrú go bhfuil na dúshláin chéanna ag othair atá ag fulaingt le hailsí neamhchoitianta aosach a mhéid a bhaineann le hannamhacht agus cineál neamhchoitianta a ngalair, lena n-áirítear moill fhada ar dhiagnóisiú, agus mídhiagnóis ar uairibh, agus deacracht teacht ar chúram agus cóireálacha atá tráthúil agus leormhaith; ag tabhairt dá haire gur minic a mbraitheann othair ina n-aonar agus scoite amach ón bpobal agus gur minic lena gcáilíocht saoil a bheith laghdaithe go mór agus go n-imrítear tionchar suntasach agus diúltach ar a gcúramóirí freisin; á iarraidh ar an gClárlann Éagothromaíochtaí Ailse faisnéis maidir le hailsí neamhchoitianta a chomhtháthú, arb ionann iad agus thart ar 24 % de chásanna nua ailse a tharlaíonn i ngach aoisghrúpa;

142. ag tacú le tionscnamh suaitheanta tiomnaithe a thabhairt isteach maidir le hailsí neamhchoitianta aosach laistigh den Phlean chun dul i ngleic leis na dúshláin shonracha atá os comhair an phobail othar seo agus an leas is fearr a bhaint as na moltaí a leagtar amach i gClár Oibre Ailse Neamhchoitianta 2030 chun taighde a chothú agus cúram a fheabhsú i ngach céim d'aistear an othair atá ag fulaingt le hailse neamhchoitianta; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé a áirithiú go n-áireofar ailsí neamhchoitianta aosach sna tionscnaimh uile ar fud cheithre cholún an Phlean;

143. á iarraidh go dtabharfar cistiú tiomnaithe do thionscadail taighde maidir le hailse neamhchoitianta aosach faoin gclár Fís Eorpach, lena n-áirítear faoin Misean Ailse (mar shampla, faoi UNCAN.eu – an Tionscnamh Eorpach um an Ailse a Thuiscint), chun teiripí spriocdhírithe a fhorbairt agus chun tacú le bunachair sonraí, clárlanna agus bithbhainc a fhorbairt a bhaineann le hailse neamhchoitianta aosach;

144. á chur i bhfáth a dheacra atá sé ailsí neamhchoitianta aosach a dhiagnóisiú ar bhealach níos tráthúla; ag moladh, dá bhrí sin, rochtain níos éasca agus níos mire ar thástáil mhóilíneach lenar féidir cabhrú le hothair diagnóis bheacht agus teiripe spriocdhírithe a fháil, agus rochtain fiú ar thrialacha cliniciúla ábhartha i gcás inarb iomchuí; á chur i bhfáth, thairis sin, go bhfuil taighde ar bhithchomharthaí ríthábhachtach sa réimse sin;

([78]) IO L 188, 12.7.2019, lch. 79.

145. á iarraidh go méadófar feasacht maidir le hailse neamhchoitianta aosach i measc gairmithe cúraim sláinte príomha agus tánaisteacha agus lena gcuirfear chun feidhme tarchuir leormhaithe chuig sainionaid speisialaithe ildisciplíneacha ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon;

146. ag spreagadh na mBallstát líonraí náisiúnta i gcomhair ailse neamhchoitianta aosach a chur ar bun chun an leas is fearr is féidir a bhaint as othair a atreorú chuig ionaid speisialaithe ar bhealach tráthúil agus éascú a dhéanamh ar idirghníomhaíocht le ERNanna chun malartú eolais ildisciplínigh agus cúraim ardcháilíochta a uasmhéadú, mar aon le taighde cliniciúil a chothú;

147. á iarraidh go bhfeabhsófar rochtain ar thrialacha cliniciúla agus ar chláir úsáide atruaiche d'othair ailse neamhchoitianta aosach; á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil sé thar a bheith deacair i gcónaí d'othair ailse neamhchoitianta aosach ó go leor tíortha rochtain a fháil ar chláir úsáide atruaiche agus ar thrialacha thar lear; á iarraidh go gcuirfear chun feidhme ar bhonn níos fearr scéimeanna AE d'othair ailse neamhchoitianta aosach chun rochtain a fháil ar chúram sláinte thar lear, agus á mheas gur cheart do na córais sláinte náisiúnta éascú a dhéanamh ar rochtain ar thrialacha agus ar chláir úsáide atruaiche d'othair ar a bhfuil ailsí neamhchoitianta aosach agus nach bhfuil ach beagán roghanna cóireála acu;

148. ag moladh cuir chuige rialála nua chun go mbeidh othair ailse neamhchoitianta aosach in ann rochtain a fháil ar theiripí nua nuálacha faoi fhaireachán sábháilte, agus éascú á dhéanamh ar bhailiú fíorshonraí mar aon leis na sonraí a bhailítear i dtrialacha cliniciúla;

149. ag cur béim ar an ngá atá le hailsí neamhchoitianta aosach a áireamh sa "chlár oiliúna il-speisialtachta don ailse" lena n-áirítear freisin sainoiliúint altranais, i gcomhar le ERNanna i gcás ailse neamhchoitianta aosach; ag cur béim ar an ngá atá le tacaíocht a thabhairt do chláir oideachasúla lena ndíreofar ar othair ailse neamhchoitianta aosach, ar chúramóirí agus ar ionadaithe othar i gcomhar le ERNanna chun leibhéal na litearthachta sláinte a mhéadú agus ar deireadh cabhrú le hothair agus lena dteaghlaigh roghanna eolasacha a dhéanamh faoi roghanna cóireála agus faoi chúram leantach;

150. ag aithint na sainiúlachtaí a bhaineann le hailse neamhchoitianta aosach i gcláir atá tiomanta do cháilíocht saoil othar ailse, marthanóirí agus cúramóirí a fheabhsú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oiliúint shonrach a chur chun feidhme do ghairmithe nach soláthróirí cúraim sláinte iad (e.g. oibrithe sóisialta, bainisteoirí cáis, etc.), atá ag tabhairt aire d'othair ailse neamhchoitianta aosach; á chur i bhfáth gur gá d'othair ailse neamhchoitianta aosach tacaíocht shíceolaíoch leormhaith a fháil, mar aon le hathshlánú agus faireachán a dhéanamh ar fho-éifeachtaí fadtéarmacha na gcóireálacha ag gairmithe a thuigeann a ngalar neamhchoitianta agus a shainiúlachtaí; ag moladh go gcuirfear freisin plean cúraim marthanais ar fáil do gach othar a bhfuil ailse aosach neamhchoitianta air nó uirthi; á mheas go bhfuil gá freisin le rochtain a bheith ag cúramóirí othar ailse neamhchoitianta aosacha (baill teaghlaigh go minic) ar thacaíocht shíceasóisialta chun dul i ngleic le déine agus castacht an ghalair, agus leis an ualach suntasach cúraim a dtugann siad faoi;

151. á iarraidh ar na Ballstáit roinn shonrach a chur san áireamh maidir le bainistiú a dhéanamh ar ailsí neamhchoitianta aosach ina gcuid NCCPanna (mar aon le roinn ar leith maidir le hailsí i leanaí) mar a mholtar i gClár Oibre Ailse Neamhchoitianta 2030; á mheas gur cheart na sainiúlachtaí sin a aithint i ranna tiomnaithe i ngach NCCP, lena n-áirítear sineirgí ábhartha le pleananna náisiúnta galar neamhchoitianta, chun taighde a chothú agus chun feabhas a chur ar bhainistiú cúraim agus ar chonairí cúraim do na hothair sin, ó chúram príomhúil go lárionaid ildisciplíneacha cúraim sláinte atá thar a bheith speisialaithe agus atá mar chuid de na ERNanna ábhartha nó atá i ndlúth-theagmháil leo; ag tabhairt dá haire, go dtí seo, nach n-áirítear go leordhóthanach in go leor de NCCPanna na mBallstát, ailsí neamhchoitianta aosach agus ailsí péidiatraiceacha;

152. ag tathant ar na húdaráis náisiúnta ábhartha eagraíochtaí othar ailse neamhchoitianta aosach a rannpháirtiú mar chomhpháirtithe i NCCPanna chun riachtanais agus ionchais na n-othar ailse neamhchoitianta aosach a chur in iúl, agus chun bheith rannpháirteach go gníomhach i gcur chun feidhme beart tiomnaithe i gcás ailsí neamhchoitianta aosach;

B. ***Uirlisí i gcomhair gníomhaíochta***

I. *Taighde iomlánaíoch agus na himpleachtaí a bhaineann leis*

153. á chur i bhfáth gur cheart an Plean a chur chun feidhme i ndlúthchomhar leis an Misean Ailse faoi scáth Fhís na hEorpa agus a chuspóirí i dtaca le hinfheistíocht AE i dtaighde ar ailse agus táirgeadh poiblí agus nuálaíocht a chur chun cinn; á chur in iúl gur geal léi go ndéanfar cistiú le Fís na hEorpa ar bhonneagair thaighde, néalríomhaireacht agus gníomhaíochtaí na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí; á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar ailse

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

phéidiatraiceach mar ábhar do chomhpháirtíocht Eorpach faoin gcéad chlár straitéiseach eile de chuid Fhís na hEorpa; ag moladh go dtabharfar cistiú iomchuí do thionscadail faoi Fhís na hEorpa atá tiomnaithe do chógais nua ailse péidiatraicí ar mhaithe leis an mbearna atá ann i gcógais phéidiatraiceacha a dhúnadh;

154. á mheabhrú go bhfuil taighde ildisciplíneach ar ailse, agus a aistriú go gnáthchleachtas cliniciúil, ríthábhachtach chun feabhsuithe leanúnacha i gcosc, diagnóisiú agus cóireail na hailse a áirithiú, agus sa chúram leantach do na daoine a thagann slán as; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, seoladh chomhpháirtíochtaí Fhís na hEorpa chun eolas eolaíoch a aistriú ina nuálaíochtaí a théann chomh fada leis na hothair; á iarraidh ar an gCoimisiún súil ghéar a choinneáil ar ghníomhaíocht na gcomhpháirtíochtaí a bhaineann le Fís na hEorpa agus ar an taighde a aistrítear go fíor-bhreisluach don chleachtas leighis atá ann faoi láthair;

155. á chur in iúl gur geal léi an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Limistéar Eorpach Taighde nua um Thaighde agus um Nuálaíocht, ina leagtar amach na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí straitéiseacha a bheidh le cur chun feidhme i ndlúthchomhar leis na Ballstáit; ag tacú leis an sprioc 3 % de OTI AE a infheistiú sa taighde agus san fhorbairt, lena gcabhrófar le sármhaitheas taighde a chur chun cinn ar fud AE agus lena gcumasófar don phobal eolaíoch, don tsochaí agus don fhíorgheilleagar rochtain a bheith acu ar thorthaí taighde; á chur in iúl gur saoth léi na héagothromaíochtaí suntasacha i gcistiú taighde ar fud AE; á iarraidh ar na Ballstáit comhshocrú maidir le taighde agus nuálaíocht san Eoraip a ghlacadh lena n-áirítear an gealltanas an caiteachas poiblí ar thaighde agus ar nuálaíocht a ardú go 1,25 % den OTI faoi 2030 ar bhealach comhordaithe ar fud AE;

156. á iarraidh ar na Ballstáit gairmeacha eolaíocha tarraingteacha a chur chun cinn agus a áirithiú do thaighdeoirí san Eoraip, agus béim ar leith á leagan ar mhná; á iarraidh ar na Ballstáit lucht saothair agus bonneagar eolaíoch dea-struchtúrtha a chur ar bun, agus cistiú leanúnach a áirithiú dá n-ionaid taighde; á chur in iúl go gcabhrófar le héiceachóras taighde agus nuálaíochta a chruthú ar fud an Aontais leis an tionscnamh sláinte nuálach atá beartaithe, lena ndéanfar an comhar idir an tionscal sláinte, an saol acadúil agus geallsealbhóirí eile a chur chun cinn chun eolas eolaíoch a thiontú ina nuálaíochtaí lena dtabharfar aghaidh ar chosc, ar dhiagnóisiú, ar chóireáil agus ar bhainistiú galar, lena n-áirítear ailse;

157. ag athdhearbhú a hiarrata go mbeadh cistiú inbhuanaithe leordhóthanach ann do thaighde iomaíoch Eorpach ar ailse; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh sé d'aidhm ag an taighde sin aghaidh a thabhairt ar réimsí nach bhfuil freastal de shaghas ar bith déanta orthu agus gur cheart é a dhéanamh thar chodanna uile chontanaim an chúraim ailse, lena n-áirítear i gcás na módúlachtaí cóireála uile; á iarraidh ar na Ballstáit méadú 20 % ar a laghad a dhéanamh ar shlógadh taighde phoiblí maidir le nuálaíochtaí teiripeacha, diagnóiseacha agus scagthástála ailse, lena gcumhdófar gach pobal othar lena mbaineann; á iarraidh, thairis sin, go ndéanfar tacaíocht a thabhairt do thaighde ar chógais phéidiatraiceacha agus dílleachta trí dhuaischistí nuálaíochta Fhís na hEorpa agus trí cláir taighde náisiúnta; á mheas gur cheart na coinníollacha le haghaidh rochtain ar chistiú poiblí a athbhreithniú, lena n-áiritheofar trédhearcacht na gconarthaí a shonraítear idir eintitis phoiblí agus eintitis phríobháideacha mar aon le coinníollachtaí maidir le hinrochtaineacht agus inacmhainneacht nuálaíochtaí nua nuair a éireoidh le tionscadail;

158. ag tacú le moladh Bhord an Mhisin Ailse maidir leis an Ailse a Chloí i leith clár taighde a chur ar bun a mbeidh sé de chúram air straitéisí agus modhanna éifeachtacha maidir le cosc na hailse a shainaithint maidir le cinntithigh thráchtála na sláinte agus nochtadh do charcanaiginí ceirde ([79]); ag tacú leis an moladh i dtaobh Saoráid Tacaíochta Beartais a chruthú chun feabhas a chur ar chomhroinnt eolais agus chun tacú le beartais choisc a bhaineann le hailse a chur chun feidhme ar leibhéal AE, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil;

159. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún cláir a chur ar bun chun an tacaíocht is gá a chur ar fáil don chomhphobal cógais idirghabhálach cillbhunaithe Eorpach a comhdhlúthaíodh le déanaí, lena gcruthófar agus lena gcomhtháthófar teicneolaíochtaí ceannródaíocha ceallacha agus saorga chun tuiscint a fháil ar luathimeachtaí a bhaineann le freagairt don ailse agus do theiripe, agus úsáid a bhaint as an eolas sin chun torthaí othar a fheabhsú; ag tacú le hardáin i gcomhair cógas idirghabhálach cillbhunaithe a chruthú chun sineirgí a chomhordú agus a chur ar bun idir an taighde, an nuálaíocht agus gníomhaíochtaí ilearnálacha; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hinfheistíocht a dhéanamh i gcuir chuige thaighde agus nuálaíochta chun straitéisí nuálacha cillbhunaithe luathbhraite agus straitéisí cóireála pearsantaithe a chruthú i gcás na hailse;

([79]) Bord an Mhisin Ailse, *Conquering Cancer – Mission Possible*, [Ag Cloí na hAilse – Misean Indéanta] an Coimisiún Eorpach, 2020.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

160. á chur i bhfáth go bhfuil gá le taighde neamhspleách agus ildisciplíneach a dhéanamh ar ailse "ó luathchéim an taighde go céim an chur i bhfeidhm" is é sin ón tsaotharlann go dtí na staidéir fheidhmeacha a dhéanfar ar othair, agus go bhfuil gá le hath-mheastóireacht rialta a dhéanamh ar éifeachtacht na gcógas atá ar an margadh cheana; á chur i bhfáth go bhfuil gá le torthaí an taighde sin a chur ar fáil go poiblí ar bhealach trédhearcach agus simplí; á iarraidh go ndéanfar bearta a chur ar bun chun teorainn a chur leis na rioscaí don tsláinte de dheasca na bréagaisnéise agus na mífhaisnéise, go háirithe ar na meáin shóisialta, agus aird ar leith á tabhairt ar bhearta lena gcosnófar leanaí agus daoine óga; á iarraidh go dtabharfar tacaíocht do thionscnaimh scaipthe eolaíochta;

161. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh san fhorbairt ar mhodheolaíochtaí nua taighde neamhainmhithe, amhail *in silico* agus in orgánóidigh, ar mhaithe le tréimhsí breathnóireachta réamhchliniciúla a ghiorrú, éifeachtúlacht sa taighde a mhéadú, agus turgnaimh nach bhfuil gá leo ar ainmhithe a laghdú ar minic gur lú hiontaofacht a bhaineann leo; á chur i bhfios go láidir, maidir le modhanna neamhainmhithe chun tástáil a dhéanamh ar charcanaigineacht ceimiceán sa timpeallacht, amhail straitéisí tástála atá dírithe ar na meicníochtaí bitheolaíocha bunúsacha as a dtagann ailse, gur cheart go soláthrófaí leo faisnéis níos ábhartha ná na modhanna ainmhíbhunaithe atá in úsáid faoi láthair i gcomhair measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht ceimiceán, lena gcuirfear ar chumas na n-údarás, dá bhrí sin, bearta a dhéanamh ar bhonn níos mire chun nochtadh do cheimiceáin dhíobhálacha a theorannú, ar ceimiceáin iad a d'fhéadfadh a bheith ina siocair le hailse;

162. á iarraidh ar na Ballstáit gealltanas láidir a thabhairt chun an comhar poiblí-príobháideach a spreagadh, á thiomáint ag riachtanais na sláinte poiblí, lena gcuirfear deireadh leis na bacainní ar iomaíochas ar fud AE;

163. á mheas go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag an úsáid a bhainfear as intleacht saorga, as anailís algartamach "mórshonraí" agus as teicneolaíochtaí eile nua-aimseartha i ndiagnóisiú agus sa chinnteoireacht i gcás ailsí sna blianta amach romhainn; á chur i bhfios go láidir trí chomhcheangal a dhéanamh ar shonraí fíorshaoil, samhaltú matamaiticiúil, intleacht shaorga agus uirlisí digiteacha go gcabhrófar go mór le coireálacha nuálacha a fhorbairt ar bhealach atá níos éifeachtúla ó thaobh costais de, agus go bhféadfaí laghdú a dhéanamh ar líon na n-othar a bheidh ag teastáil le haghaidh trialacha cliniciúla agus ar an úsáid a bhainfí as ainmhithe sa taighde; ag spreagadh an Choimisiúin agus na mBallstát an t-eolas maidir le bitheolaíocht ailse a chur chun cinn trí bhonneagair ghéanómaíochta agus faisnéisíochta a chur chun feidhme; ag tathant ar na comhpháirtithe cur chun feidhme uile a bheith san airdeall i gcónaí i dtaobh phrionsabail an phríobháideachais agus na slándála sonraí, na muiníne, na trédhearcachta, na n-othar-lárnachta agus rannpháirtíocht na n-othar;

164. á thabhairt chun suntais a ríthábhachtaí atá an taighde cliniciúil agus á iarraidh ar na Ballstáit éascú a dhéanamh ar idir-réiteach an chúraim othar le tionscnaimh taighde agus nuálaíochta, go háirithe i lárionaid bheaga, lena laghdófar an t-ualach oibre agus cóimheas na n-othar de réir gairmí sláinte;

165. á iarraidh go ndéanfar taighde ar an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag an intleacht shaorga agus ag teicneolaíochtaí nua-aimseartha maidir le diagnóisiú, faireachán, cinnteoireacht agus cúram na hailse; á chur in iúl gur geal léi gur seoladh an tionscadal "Géanómaíocht ar mhaithe le Sláinte Phoiblí" lena dtabharfar rochtain shlán ar mhéideanna móra sonraí géanómaíochta a mbeidh úsáid le baint astu i leigheas P4 (leigheas coisctheach, tuarthach, pearsantaithe agus rannpháirtíochta);

166. ag tacú le hacmhainní agus ardáin nua digiteacha a chruthú, amhail an Tionscnamh Eorpach um Íomháú Ailse, agus le neartú an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis maidir le hAilse, lena gcumasófar do na húdaráis inniúla dea-úsáid a bhaint as an intleacht shaorga a chuirfear i bhfeidhm maidir le mórshonraí sna blianta amach romhainn; á chur i bhfáth go bhfuil gá le rochtain chothrom agus thrédhearcach ar an bhfaisnéis a áirítear sna hardáin sin;

167. á chur in iúl gur geal léi gur seoladh an tionscnamh suaitheanta "Diagnóisic agus Cóireáil Ailse do Chách" faoin bPlean, arb é is aidhm dó an rochtain ar dhiagnóis agus cóireáil nuálach ailse a fheabhsú agus an úsáid a bhainfear as teicneolaíocht "seicheamhaithe den chéad ghlúin eile" a chur chun cinn ar mhaithe le próifílí géiniteacha meara agus éifeachtúla na siadcheall a chur i gcrích, lena lamhálfar do thaighdeoirí agus cliniceoirí próifílí ailse a chomhroinnt agus na cuir chuige dhiagnóiseacha agus theiripeacha chéanna nó chomhchosúla a chur i bhfeidhm i leith othair a bhfuil próifílí ailse inchomparáide acu; á chur i bhfáth go bhfuil gá le cóireálacha pearsantaithe a mheas bunaithe ar thrialacha cliniciúla dea-dheartha a bhfuil luach breise teiripeach cruthaithe ag baint leo d'othair;

168. á chur in iúl gur geal léi an Chomhpháirtíocht maidir le Leigheas Pearsantaithe atá beartaithe, a fógraíodh sa Phlean agus a bheidh le cistiú faoi Fhís na hEorpa, lena sainaithneofar na tosaíochtaí maidir le taighde agus leis an oideachas sa leigheas pearsantaithe, lena dtacófar le tionscadail taighde maidir le hailse a chosc, a dhiagnóisiú agus a chóireáil, agus lena ndéanfar moltaí maidir le leathadh amach na gcur chuige i dtaca le leigheas pearsantaithe i gcleachtas leighis laethúil; á chur i bhfáth go bhfuil gá le téarmaíocht dea-shainithe a leagan síos a bheidh comhsheasmhach ar an leibhéal domhanda i gcás cógais leighis phearsantaithe lena ndéanfaí cuíchóiriú ar an infheistíocht sa taighde agus a rachadh chun tairbhe litearthacht

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

sláinte na n-othar; ag tacú le treochlár a chur ar bun maidir le cosc pearsantaithe lena lamhálfar do bhearnaí sa taighde agus sa nuálaíocht a shainaithint agus do mhapáil a dhéanamh ar gach aimhrialtacht bhitheolaíoch aitheanta as a n-eascraíonn soghabhálacht i leith ailse, lena n-áirítear tosca oidhreachtúla agus comhshaoil agus saincheisteanna péidiatraiceacha; á iarraidh go bhféadfaí na réitigh sin a chur ar fáil trí chórais sláinte poiblí;

169. á iarraidh go gcuirfear feabhas ar fhothú acmhainneachta, ar bhonneagar, ar an gcomhar agus ar an gcistiú don taighde ar thrialacha cliniciúla neamhbhrabúsacha chun straitéisí cóireála a fheabhsú, agus béim á leagan ar dhaoine scothaosta agus ar phobail othar atá leochaileach agus tearcionadaithe, lena n-áirítear mná agus leanaí; á iarraidh go dtacóidh AE leis an gclár oibre don chóras sláinte agus don optamú cóireála;

170. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit staidéir atá tiomnaithe do na heolaíochtaí daonna agus sóisialta a chur chun cinn, go háirithe na staidéir sin lena dtugtar aghaidh ar neamhionannais sláinte ag na céimeanna éagsúla de ghalair na hailse, mar aon leis an taighde ar an mbealach is fearr is féidir cóireáil ailse a eagrú, seirbhísí agus soláthraithe cúraim sláinte a mhaoiniú, soláthar seirbhísí cúraim sláinte a eagrú, agus feidhmiú institiúidí bainistíochta; á iarraidh go n-áireofar leis na staidéir sin neamhionannais i gcúram ailse a bhaineann le tosca amhail inscne, aois agus stádas socheacnamaíoch, agus béim ar leith á leagan ar ghrúpaí imeallaithe agus leochaileacha sa tsochaí;

171. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú leis an bhforbairt ar thrialacha cliniciúla ilionaid Eorpacha, go háirithe i gcás ailsí íosmhínicíochta agus/nó ailsí a bhfuil roghanna cóireála laghdaithe acu, agus an comhar ilnáisiúnta agus stiúradh trialacha cliniciúla trasteorann a neartú, ag tógáil ar na struchtúir atá cheana ann i gcás inarb iomchuí, amhail an Chomhairle Eorpach um Thaighde Cliniciúil in earnáil na hailse péidiatraicí, agus rannpháirtíocht na dtíortha níos lú a spreagadh; á thabhairt chun suntais, thairis sin, go bhfuil gá le tionscnaimh beartais ailse uile AE a bheith comhordaithe i dtreo aidhmeanna sainithe agus comhroinnte;

172. ag tacú le taighde cliniciúil chun meastóireacht a dhéanamh ar indéantacht, éifeachtúlacht agus cost-éifeachtúlacht na n-idirghabhálacha nach mbaineann le cóireáil, amhail staidéir ar thosca sláinte (lena n-áirítear tosca comhshaoil) agus cáilíocht saoil;

173. á chreidiúint go láidir gur cheart othair agus cumainn othar neamhspleácha, mar aon le tuistí agus cúramóirí a rannpháirtiú i dtosaíochtaí agus i gcríochphointí taighde a shainmhíniú i gcás trialacha cliniciúla, chun a áirithiú go dtabharfaidh na trialacha aghaidh ar riachtanais na n-othar Eorpach nach bhfuil comhlíonta, lena n-áirítear cáilíocht saoil mar an príomh-chríochphointe; á mheas gur cheart torthaí deiridh na dtrialacha a chur in iúl do na hothair atá rannpháirteach agus don phobal; á iarraidh go mbeidh othair phéidiatraiceacha rannpháirteach sa sainmhíniú ar riachtanais nach bhfuil comhlíonta chun ionchur a sholáthar i ndearadh phrótacal na dtrialacha cliniciúla, cumarsáid leis an spriocdhaonra a fheabhsú agus feabhas a chur ar mhodhanna chun torthaí a scaipeadh; á chur i bhfáth, a mhéid a bhfuiltear ag comhlíonadh forálacha trédhearcachta sa Rialachán maidir le Trialacha Cliniciúla, gur cheart iad a choinneáil faoi fhaireachas agus tuairisciú rialta a dhéanamh ina leith;

174. á mholadh go ndéanfar grinnscrúdú níos stóinsithe ar thrialacha cliniciúla agus go mbeidh níos mó trédhearcachta ann sa phróiseas taighde ar chóireálacha ailse agus san fhorbairt a dhéanfar orthu, lena n-áirítear tairseach a chur ar bun chun lamháil d'othair rochtain a fháil ar fhaisnéis maidir leis na trialacha cliniciúla atá ar fáil san Eoraip; á iarraidh go mbeidh trédhearcacht ann maidir leis an rochtain ar shonraí ó thrialacha cliniciúla ar leibhéal AE agus maidir lena n-úsáid, lena n-áirítear na sonraí sin a tréigeadh; á chur i bhfios go láidir gur cheart go n-áireofaí leis sin freisin faisnéis atá saincheaptha do leanaí agus d'othair óga;

175. á mholadh go mbeidh an taighde ina pharaiméadar den Chlárlann Éagothromaíochtaí Ailse ar mhaithe le héagothromaíochtaí a thomhas agus faireachán a dhéanamh orthu a mhéid a bhaineann le rochtain ar thrialacha cliniciúla agus chun tuiscint níos fearr a fháil ar neamhionannais réigiúnacha agus náisiúnta i ngníomhaíochtaí trialach agus chun freagairt níos fearr dóibh, agus rianú a dhéanamh ar an bhfeabhas atá tagtha ar thionscnaimh a bheidh le glacadh tríd an bPlean, amhail Líonra an Aontais d'Ionaid Chuimsitheacha Náisiúnta Ailse;

176. á thabhairt chun suntais gur cheart difríochtaí a bhaineann le hinscne a chur san áireamh sa taighde ar ailse, ag na céimeanna réamhchliniciúla agus cliniciúla araon, chun cur síos a dhéanamh ar na difríochtaí i bhfisiphaiteolaíocht an ghalair agus i gcomhghalrachtaí gaolmhara, agus i ndrugaí cógaschinéiteacha/cógasdinimiceacha, as measc drugaí eile;

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

177. ag moladh Dhearbhú Porto 2021 maidir le Taighde Ailse ina dtugtar chun suntais deiseanna i gcomhair cur chuige cuimsitheach i leith taighde ar ailse aistritheach lena bhféadfaí tréimhse marthanais ailse-shonrach 10 mbliana a bhaint amach i gcás 75 % d'othair a ndearnadh diagnóis orthu in 2030 sna Ballstáit ag a bhfuil córais cúraim sláinte dea-fhorbartha; ag tathant ar an gCoimisiún a bheith rannpháirteach go gníomhach agus ról ceannasach a bheith aige chun an sprioc sin a bhaint amach;

178. á chur in iúl gur geal léi go leanfaidh Gníomhaíochtaí Marie Sklodowska-Curie d'oideachas agus d'oiliúint a chur ar thaighdeoirí maidir le hailse a chosc, a thuar, a bhrath, a dhiagnóisiú agus a chóireáil;

II. *Eolas comhroinnte*

179. á mheas go bhfuil gá le saineolas, sonraí, cláir oiliúna agus uirlisí cumarsáide a chomhroinnt chun feabhas a chur ar an eolas maidir le hailse i measc gairmithe cúraim sláinte, taighdeoirí agus othar; á thabhairt chun suntais go bhfuil an comhar trasearnála agus trasteorann agus an chomhroinnt eolais ríthábhachtach chun cáilíocht an chúraim ailse in AE a fheabhsú tuilleadh; ag tabhairt dá haire a ríthábhachtaí atá comhroinnt sonraí i dtaobh an intleacht shaorga agus uirlisí meaisínfhoghlama a chur i bhfeidhm i leith an taighde a dhéanfar ar an gcoinníoll go bhfuil maoirseacht dhaonna ann, mar aon le claochlú digiteach an chúraim sláinte a chumasú, dul i ngleic le héagothromaíochtaí i gcosc ailse, i diagnóisiú agus i gcóireáil ar fud na hEorpa agus an úsáid a bhainfear as acmhainní na gcóras cúraim sláinte a optamú trí éifeachtúlacht a mhéadú agus lena lamhálfar, dá bhrí sin, d'infhaighteacht ar bhonn níos leithne ar shonraí cúram sláinte oinceolaíocha, lena n-áirítear i limistéir nach bhfuil chomh huirbithe agus atá níos iargúlta; á chur i bhfáth a íogaire is atá sonraí sláinte; á iarraidh go gcomhlíonfar go hiomlán Rialachán (AE) 2016/679 an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) ([80]) chun srianta nach bhfuil gá leo ar cúram sláinte trasteorann a sheachaint; á chur i bhfáth go bhfuil gá le léirthuiscint agus cur chun feidhme comhchuibhithe a dhéanamh ar RGCS, go háirithe ag údaráis cosanta sonraí, lena n-áirítear Aithrisí 33 agus 157, agus an idirghníomhaíocht idir é agus an Rialachán maidir le Trialacha Cliniciúla, a luaithe is infheidhme, lena n-áirítear Aithris 29 agus Airteagal 28(2) den Rialachán sin, ar fud an Aontais chun taighde eolaíoch a éascú; á iarraidh ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí a áirithiú go ndéanfar a threoirlínte maidir le taighde sláinte a thabhairt cothrom le dáta d'fhonn taighde a chothú, agus á iarraidh ar an gCoimisiún tograí nithiúla a dhéanamh faoi dheireadh na bliana 2022;

180. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú na ERNanna, go háirithe an ról atá acu maidir le saineolas agus dea-chleachtais a bhailiú agus a chomhroinnt, lena gcuíchóireofar, dá bhrí sin, atreorú othar sa bhainistiú ar ailsí neamhchoitianta, ar ailsí iad a dhéanann difear do thuairim is 5.1 milliún othar ar fud na hEorpa agus a éilíonn comhar ar mhórscála; ag cur béim ar a thábhachtaí atá ERNanna maidir le héagothromaíochtaí sláinte a shárú agus lena n-áiritheofar cóireáil atá níos sábháilte agus ar ardchaighdeán thar theorainneacha AE;

181. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cistiú fadtéarmach iomchuí agus marthanach a áirithiú do na ERNanna, agus iad a chomhtháthú sna córais náisiúnta sláinte; á iarraidh go gcumhdófar leis an gcistiú, *inter alia*, cúiteamh ar chomhairliúcháin fhíorúla, tacaíocht do chláir nasctha agus oideachais, agus aisíocaíocht éifeachtach ar thaisteal othar i gcomhréir leis an Treoir maidir le Cúram Sláinte Trasteorann nuair is gá sin, ar mhaithe le cothú a dhéanamh ar na caighdeáin fheabhsaithe cúraim agus ar rochtain chomhionann ar na hidirghabhálacha is fearr is féidir do na hothair uile a bhfuil gá acu leo ar fud na hEorpa; á iarraidh freisin go dtabharfar tacaíocht d'fheidhmiú céimneach, d'uasghrádú agus d'fheidhmiú rianúil bonneagair dhigitigh lena simpleofar agus lena n-éascófar rochtain ar ERNanna, agus go gcruthófar straitéis sonraí sláinte AE chun feabhas a chur ar chlárlanna reatha na ngalar neamhchoitianta i spás sonraí coiteann agus aonfhoirmeach; á chur i bhfáth go bhfuil gá le cistiú a ráthú d'fheidhmiú leanúnach na ERNanna trí Chlár EU4Health, Fís na hEorpa, clár an tSeimeastair Eorpaigh, cistí struchtúracha, agus trí Airteagal 195 den Rialachán Airgeadais; ag tacú leis an leathnú ar na ceithre ERN atá cheana ann (PaedCan maidir le hailse phéidiatraiceach, EURACAN maidir le hailse sholadach neamhchoitianta aosach, EuroBloodNet maidir le galair neamhchoitianta haemaiteolaíocha lena n-áirítear urchóideachtaí haemaiteolaíocha neamhchoitianta agus GENTURIS maidir le siondróim riosca siada ghéinitigh) chun go n-áireofar ailsí neamhchoitianta, casta, atá deacair a leigheas agus ailsí péidiatraiceacha, ós rud é go bhféadfaí éascú a dhéanamh ar rochtain chomhionann d'othair, lena n-áirítear leanaí agus AYA, ar an gcúram is fearr a bhfuil fáil air ar fud na hEorpa agus go bhféadfaí feabhas a chur ar fheidhmiú ERNanna agus ar thorthaí sláinte i ndaonraí na n-othar atá ag fulaingt le galair neamhchoitianta;

([80]) IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

182. á chreidiúint, chun ERNanna a fhorbairt agus a bharrfheabhsú tuilleadh, go mbeidh gá le rannpháirtíocht na mBallstát uile sna ERNanna atá cheana ann, agus go mbeidh "lánchomhalta" amháin nó "comhalta cleamhnaithe" amháin ar a laghad ag gach Ballstát i ngach ERN agus i ngach fearann fochliniciúil/líonra téamach na ERNanna, go mbeidh gá le héascú a dhéanamh ar thuras an othair aonair trí chomhoibriú éifeachtach na bpointí teagmhála náisiúnta le ERNanna, le meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú ERNanna trí shonraí maidir lena bhfeidhmíocht agus a líonrú i réimse na n-ailsí neamhchoitianta a chomhroinnt, le húsaid a bhaint as uirlisí teilileighis lena lamhálfar do thaifid cáis agus torthaí íomháithe a chomhroinnt ar bhealach slán chun plé a dhéanamh ar chásanna ailse atá casta agus neamhchoitianta, agus le leithdháileadh a dhéanamh ar chistiú leordhóthanach agus fadtéarmach, ar leibhéal an Aontais (EU4Health) agus ar an leibhéal náisiúnta;

183. á iarraidh ar na Ballstáit aird chuí a thabhairt ar a thábhachtaí atá eagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta i dtaobh othair ailse, marthanóirí agus a ngaolta a thabhairt le chéile, ó thaobh a rannpháirtíochta de sa phróiseas comhroinnte eolais, sa chomhrac i gcoinne na hailse, ó thaobh tacaíocht reachtach de, agus ó thaobh cistiú ar leithligh a chur ar fáil do na heagraíochtaí sin, go háirithe iad siúd atá rannpháirteach i gcláir chun ailse a chomhrac;

184. ag moladh do na Ballstáit tacú le cur chuige tiomnaithe agus saincheaptha i leith ailsí neamhchoitianta aosach agus ailsí péidiatraiceacha, agus tionscnaimh AE á gcur san áireamh, agus chun ERNanna a chomhtháthú go hiomlán ina gcórais náisiúnta sláinte; á iarraidh go gcruthófar prótacail choiteanna chomhsheasmhacha lena rialófar bailiú sonraí, agus go gcruthófar tacar aonair sainmhínithe lena dtabharfar míniú ar na sonraí a bhailítear; á iarraidh go mbeadh baint ag eagraíochtaí othar ailse neamhchoitianta le ERNanna agus leis an lárionad tagartha Eorpach;

185. á mheabhrú go bhfuil ról gníomhach glactha ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde maidir le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí na gclárlann ailse agus leas a bhaint as a sonraí; á mheas gur cheart neartú a dhéanamh ar an sainordú, cistiú agus tacaíocht pholaitiúil don Airmheán Comhpháirteach Taighde chun leanúint de chuid oibre comhordaithe le clárlanna ailse agus chun dlús a chur leis an gcomhordú sin, go háirithe ó thaobh torthaí na n-othar agus fíorfhianaise de a bhailiú agus braislí ailse a shainaithint, agus iad a chomhtháthú i gclárlanna ailse atá ann faoi láthair;

186. á chur in iúl gur geal léi an fhorbairt ar bhonneagar Eorpach taighde atá tiomnaithe go hiomlán do thaighde péidiatraiceach, lena n-áirítear oinceolaíocht, lena n-éascófar taighde bunúsach, réamhchliniciúil agus trasnáisiúnta péidiatraiceach atá mar bhonn agus mar thaca ag infhaighteacht trialacha cliniciúla agus cógas do leanaí;

187. á chur in iúl gur geal léi seoladh an Lárionaid Eolais maidir leis an Ailse in 2021, chun rannchuidiú a dhéanamh le malartuithe agus comhordú na dtionscnamh eolaíoch agus teicniúil a bhaineann le hailse ar leibhéal AE; á mheas gur cheart go mbeadh na geallsealbhóirí uile (ionadaithe ó gach NCCP, cumainn othar agus cúramóirí, sochaithe léannta, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha AE, ionadaithe oibreoirí eacnamaíocha, etc.) rannpháirteach san ionad eolais; á chreidiúint gur cheart an lárionad eolais sin a bheith bunaithe ar scagadh sonraí, tuarascálacha ERN agus clárlanna ailse; á mheas gur cheart a mhisean a shainiú go soiléir agus an méid seo a leanas a áireamh leis:

(a) líonra na NCCPanna uile a chomhordú;

(b) treochlár Eorpach a tháirgeadh chun feachtais ar mhórscála um chosc agus cláir oideachais maidir le cur chun cinn na sláinte a spreagadh;

(c) bunú critéar coiteann cáilíochta a chomhordú chun creidiúnú náisiúnta na gclár scagtha, na gclárlann ailse agus na n-ionad cúraim sláinte a threorú;

(d) forbairt a dhéanamh, ar bhonn na fianaise eolaíche is déanaí, ar threoirlínte maidir le cleachtas cliniciúil agus scéimeanna dearbhaithe cáilíochta chun feabhas a chur ar an gconair chúraim ina hiomláine i gcás gach cineál ailse, agus go háirithe i gcás ailsí neamhchoitianta agus péidiatraiceacha;

(e) tuarascálacha bliantúla a dhréachtú agus creataí a leagan síos chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí ó chláir scagthastála, ó chlárlanna ailse agus ó ERNanna ar leibhéal AE;

(f) staidéir a thíolacadh ar thionchar an choisc agus na diagnóise, lena n-áirítear meastacháin maidir le laghdú na gcostas eacnamaíoch a ghintear trí infheistíocht mhéadaithe i gcosc agus i ndiagnóisiú;

(g) malartú dea-chleachtas agus torthaí idir ERNanna agus Ionaid Chuimsitheacha Ailse a chomhordú;

(h) samhail chuimsitheach a ghiniúint a bheidh bunaithe ar an bPlean agus ar Fhís na hEorpa, lena mbeidh ionchur ó othair agus ó chúramóirí, chun tosaíochtaí taighde a shainaithint agus forbairt b’fhéidir a dhéanamh ar fhórsa taighde ailse comhordaithe agus éifeachtúil san Eoraip a chumasú;

(i) éascú a dhéanamh ar chomhroinnt sonraí anaithnidithe, arna mbailiú i Néal Ailse Eorpach, do chliniceoirí agus do thaighdeoirí, agus d’eintitis lena bhforbrófar seirbhísí sláinte agus réitigh teicneolaíochta nua-aimseartha d’othair ailse;

(j) tacú le cláir oiliúna choiteanna do ghairmithe cúraim sláinte, othair agus cúramóirí;

(k) faisnéis nuashonraithe, dheimhnithe agus thrédhearcach a sholáthar do shaoránaigh agus do ghairmithe maidir leis na cúiseanna atá le hailse, cóireálacha agus reachtaíocht AE;

(l) faireachán a dhéanamh ar leibhéal chur chun feidhme na moltaí ábhartha i NCCPanna na mBallstát agus torthaí an fhaireacháin sin a chur ar fáil go rialta;

(m) tascairí intomhaiste agus inatáirgthe a mholadh do na príomhthorthaí a leagtar amach sa Phlean;

188. á mheabhrú go gcaithfidh taighdeoirí oibriú le chéile chun an chóireáil is fearr is féidir a fháil go háirithe d’othair atá ag fulaingt le hailse neamhchoitianta, ach go bhfuil bacainní tromchúiseacha os a gcomhair; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, breathnú go córasach, trína shásra um chomhairle eolaíoch nó trí Thoscaire Speisialta a cheapadh maidir le taighde trasteorann ar ailse, ar na constaicí ar fad ar thaighde agus comhar trasteorann maidir le hailse, lena n-áirítear rialáil, ar mhaithe le taighde trasteorann ar ailse a chur chun cinn;

189. á mholadh go gcruthófar ar a laghad clárlann ailse amháin i ngach réigiún AE, lena n-áirítear na réigiúin iargúlta agus na réigiúin is forimeallaí; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach feidhmiú rianúil clárlanna ailse a áirithiú; ag tacú le neartú a dhéanamh ar acmhainneacht na gclárlann náisiúnta ailse chun torthaí caighdeánaithe arna dtuairisciú ag an othar a bhailiú, chun stíleanna maireachtála shaoránaigh AE a mhapáil ar bhonn níos fearr, lena n-áirítear dálaí socheacnamaíocha, faisnéis cheirde, tosca comhshaoil, agus sonraí eile, agus chun na cúiseanna atá leis na héagothromaíochtaí i minicíocht, leitheadúlacht agus marthanas na hailse a shainaithint; á chur i bhfáth go bhfuil gá bunriachtanach le sonraí a bhailiú i gcomhar le chéile ar fud na mBallstát uile; á iarraidh go ndéanfar foinsí sonraí agus idir-inoibritheacht na gclár réigiúnach agus náisiúnta ailse a chur i gcomparáid le chéile trí raon feidhme agus cáilíocht bhailiú na sonraí a chomhchuibhiú, agus go mbeidh rochtain shlán ar na sonraí sin; á iarraidh go ndéanfar cláir náisiúnta ailse a shainordú chun anailís a dhéanamh ar éagothromaíochtaí maidir le galracht agus chun moltaí a dhéanamh do chomhairlí náisiúnta ailse agus don Airmheán Comhpháirteach Taighde maidir leis an ngá atá le hidirghabháil; á iarraidh go mbainfear úsáid as modhanna nua-aimseartha eipidéimeolaíocha agus móilíneacha géineolaíochta chun anailís a dhéanamh ar leitheadúlacht ailse agus chun na cúiseanna atá léi a shainaithint; á iarraidh go ndéanfar clárlanna sonracha ailse a chur chun feidhme i gcomhair urchóideachtaí péidiatraiceacha i gcomhréir leis an Aicmiú Idirnáisiúnta ar Ailse Óige; á iarraidh go bhfeabhsófar rochtain ar thrialacha cliniciúla agus ar úsáid atruach d’othair ailse neamhchoitianta aosach;

190. ag tacú go láidir le cruthú Clárlainne Éagothromaíochtaí Ailse ar an leibhéal Eorpach, amhail a fógraíodh sa Phlean, chun treochtaí, éagothromaíochtaí, neamhionannais agus bearnaí idir na Ballstáit agus laistigh díobh a shainaithint; á chreidiúint go gcabhróidh an chlárlann sin le dúshláin agus réimsí sonracha gníomhaíochta a shainaithint ionas go ndéanfar infheistíocht agus idirghabháil a threorú ar leibhéal AE, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach; á iarraidh go mbeidh an Chlárlann ar fáil don phobal; á chur i bhfáth gur gá don Chlárlann freisin éagothromaíochtaí sóisialta a chumhdach amhail iad siúd a bhaineann le stádas socheacnamaíoch, le slí bheatha agus le hinscne;

191. á iarraidh ar an gCoimisiún foilsiú na dtorthaí eolaíocha a chur chun cinn mar rochtain oscailte, chun go mbeidh siad ar fáil go héasca do gach gairmí agus taighdeoir sláinte;

192. ag tacú leis an rún atá ag an gCoimisiún othair ailse a chumasú rochtain shlán a fháil ar ríomhthaifid sláinte agus iad a chomhroinnt thar theorainneacha; á mheas go bhféadfadh an Coimisiún an bunús a leagan síos don Spás Eorpach Sonraí Sláinte, i gcomhar le Sláinte Dhigiteach na hEorpa, trí shonraí leighis anaithnidithe a bhailiú, a anailísiú agus a mhalartú (ó chlárlanna ailse, ospidéil, trialacha cliniciúla agus cohóirt acadúla) agus sonraí bitheolaíocha (ó shamplaí fola agus siada) i Néal Eorpach maidir le hAilse; á chur i bhfios go láidir go bhfuil léirmhíniú comhchuibhithe ar RGCS sna Ballstáit uile ina bhonn do thionscnaimh nua um chomhroinnt sonraí amhail an Spás Eorpach do Shonraí Sláinte; á mholadh go mbainfear úsáid as sonraí sláinte chun críocha taighde (altrúchas ó thaobh sonraí de); á chur in iúl gur geal léi

go bhfuil sé beartaithe Ionad Digiteach Eorpach fíorúil d'Othair Ailse a chruthú faoi Mhisean Ailse Fhís na hEorpa chun tacú le cur chuige caighdeánaithe i leith rannpháirtíocht na n-othar toilteanach i dtaisceadh agus malartú a gcuid sonraí sláinte; á mholadh go n-áireofar othair in aon ghníomhaíochtaí a bhaineann le stóráil agus úsáid a bhainfear as sonraí sláinte chun críocha ceaptha beartais agus taighde; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé beartaithe an Córas Eorpach um Fhaisnéis maidir le hAilse a leathnú roimh 2022;

193. á iarraidh go mbeidh caighdeáin fheabhsaithe ann in oideachas agus oiliúint na ngairmithe cúraim sláinte; á mholadh go mbeidh cláir oiliúna choiteanna agus ildisciplíneacha ann do ghairmithe cúraim sláinte i ndlúthchomhar le sochaithe foghlama Eorpacha; á chur in iúl gur geal léi seoladh cláir oiliúna idir-speisialta ailse ag gach céim den chonair chóireála agus chúraim, lena n-áirítear diagnóis, cóireáil, castachtaí agus deacrachtaí agus comhghalrachtaí, marthanas agus cúram deiridh saoil;

III. *Plean Sáraithe Ailse na hEorpa a Mhaoiniú*

194. ag cur béim ar an bhfíoras nár cheart breathnú ar an bPlean ach amháin mar ghealltanas polaitiúil chun fíorathrú a chur i gcrích, ach mar shraith de thionscnaimh nithiúla agus uaillmhianacha lena dtacófar le hiarrachtaí na mBallstát laghdú a dhéanamh ar an bhfualaingt fhisiceach agus mheabhrach arb í an ailse is cúis léi, agus lena ndéanfar na hiarrachtaí sin a chomhordú agus a chomhlánú; ag moladh don Choimisiún cur chun feidhme comhleanúnach na dtionscnamh a leagtar amach sa Phlean a bharrfheabhsú, le treoir shoiléir do na Ballstáit maidir le gníomhaíochtaí nithiúla i gcoinne rochtain mhíchothrom ar dhiagnóisiú agus ar chóireáil ailse, chomh maith le cistiú leordhóthanach, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar rochtain mhíchothrom; ag cur béim, áfach, ar acmhainneacht éagsúil na mBallstát na cistí atá tiomnaithe do chláir sláinte a ionsú go dtí seo; á iarraidh ar an gCoimisiún treoir agus forléargas soiléir a thabhairt do na Ballstáit ar acmhainní tiomnaithe AE, na conairí atá sainithe go sonrach agus lena nasctar na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Phlean le sásraí cistiúcháin AE atá sainithe ann, agus na sineirgí agus na comhlántachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir Clár EU4Health agus cláir eile – amhail an Eoraip Dhigiteach, Fís na hEorpa, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta/NextGenerationEU, cistí struchtúracha agus comhtháthaithe – chun feabhas a chur ar rochtain chothrom ar dhiagnóisiú agus ar chúram ardcháilíochta, chun infheistíocht leordhóthanach i gcosc agus i nuálaíocht na hailse a áirithiú, agus chun feabhas a chur ar athléimneacht na gcóras sláinte; ag cur béim ar a thábhachtaí atá cistí comhtháthaithe i dtaobh comhionannas rochtana ar chúram sláinte a bhaint amach, go háirithe i gcodanna de AE nach bhfuil chomh forbartha sin, lena n-áirítear ceantair thuaithe, trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar sláinte agus i lucht saothair;

195. á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go leithdháilfear cistí leordhóthanacha chun an Plean agus a NCCPanna faoi seach a chur chun feidhme go hiomchuí; á mheas nár cheart níos mó ná 30 % den Phlean a leithdháileadh ar chur chun feidhme na NCCPanna;

196. á chur in iúl gur geal léi an plean cistithe EUR 4 bhilliún agus á thabhairt dá haire comhlántacht na bhfoinsí cistiúcháin mar a leagtar amach sa Phlean féin; ag tabhairt dá haire gur cheart féachaint ar an mbuiséad atá beartaithe mar chéad chéim chun gach gníomhaíocht faoin bPlean a chur i gcrích; á mheabhrú go mbainfidh an Plean tairbhe as foinsí éagsúla cistiúcháin, amhail na cláir EU4Health, Fís na hEorpa agus na cláir don Eoraip Dhigiteach, cistí an bheartais comhtháthaithe, agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta; á thabhairt chun suntais gur gá an comhrac i gcoinne na hailse a áireamh ar fud na bhfoinsí cistiúcháin uile ar bhealach comhleanúnach agus trédhearcach; á chur i bhfáth, go háirithe, a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar thaighde ar ailse agus ar chosc na hailse agus an gá atá le níos mó cistí a thiomnú dóibh; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hathbhreithniú rialta a dhéanamh ar an leithdháileadh buiséid atá beartaithe don Phlean, d'fhonn é a mhéadú nuair is féidir; á chur i bhfáth gur gá do na Ballstáit na cistí sin a shlógadh ionas go mbeidh siad i gcomhréir leis na riachtanais atá sainaitheanta ag gach tír, agus atá dírithe ar leas an phobail agus ar sheirbhísí sláinte poiblí;

o

o o

197. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste Eorpach na Réigiún, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte.

P9_TA(2022)0039

# Cur cun feidhme an chomhbheartais eachtraigh agus slándála – tuarascáil bhliantúil 2021

## Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 ar chur chun feidhme an chomhbheartais eachtraigh agus slándála – tuarascáil bhliantúil 2021 (2021/2182(INI))

(2022/C 342/13)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), go háirithe Airteagail 21 agus 36 de,

— ag féachaint do Chairt na Náisiún Aontaithe, do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, d'Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí an 1 Lúnasa 1975 agus dá doiciméid ina dhiaidh sin agus do Chairt Pháras le haghaidh Eoraip Nua an 19-21 Samhain 1990,

— ag féachaint do thuarascáil an 16 Meitheamh 2021 ó Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála dar teideal *CFSP Report – Our priorities in 2021* [Tuarascáil CBES – Ár dtosaíochtaí in 2021] (HR(2021)0094)),

— ag féachaint do Rún 1325(2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 31 Deireadh Fómhair 2000 maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil,

— ag féachaint dá moladh maidir le treo an chaidrimh pholaitiúil idir an tAontas Eorpach agus an Rúis an 16 Meán Fómhair 2021 [1] agus dá rún maidir leis an staid ag teorainn na hÚcráine agus i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil na Rúise an 16 Nollaig 2021 [2],

— ag féachaint do na Dearbhuithe Comhpháirteacha maidir leis an gcomhar idir an tAontas agus ECAT an 10 Iúil 2016 agus an 8 Iúil 2018,

— ag féachaint do na rúin a tháinig uaithi roimhe seo maidir le cúrsaí i Hong Cong, lena n-áirítear rún an 8 Iúil 2021 maidir le Hong Cong, go háirithe cás Apple Daily [3], agus rún an 19 Meitheamh 2020 maidir le dlí slándála náisiúnta Dhaon-Phoblacht na Síne do Hong Cong agus an gá atá ann go ndéanfadh AE ardleibhéal neamhspleáchais Hong Cong a chosaint [4],

— ag féachaint d'Airteagal 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-0354/2021),

A. de bhrí go bhfuil sé de dhualgas agus de fhreagracht ar Parlaimint na hEorpa grinnscrúdú agus maoirseacht dhaonlathach a dhéanamh ar an gcomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES) agus ar an gcomhbheartas slándála agus cosanta agus gur cheart go bhfaigheadh sí an fhaisnéis is gá ar bhealach trédhearcach agus tráthúil agus go mbeadh na modhanna éifeachtacha aici chun an ról sin a chomhlíonadh;

B. de bhrí gur chuir na forbairtí idirnáisiúnta a tharla le déanaí mar aon le dúshláin ilghnéitheacha agus timpeallacht gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa dlús leis na treochtaí atá ann cheana a dhéanann difear do phríomhghnéithe CBES AE, gur nocht siad a leochailí atá an tAontas i leith eachtraí agus brúnna seachtracha, gur léirigh siad an gá atá le gníomhaíocht níos láidre, níos uaillmhianaí, níos inchreidte, níos straitéisí agus níos aontaithe ó AE ar an leibhéal domhanda, agus gur chuir siad béim ar an ngá atá ann go mbeadh AE in ann a chuid cuspóirí straitéiseacha féin a leagan síos go neamhspleách agus an cumas na cuspóirí sin a bhaint amach a fhorbairt;

---

(1) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0383
(2) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0515.
(3) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0356.
(4) IO C 362, 8.9.2021, lch. 71.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

C. de bhrí go n-áirítear ar na forbairtí agus na dúshláin sin paindéim COVID-19 agus na hiarmhairtí a ghabhann léi, paindéim nach bhfacthas a leithéid riamh cheana agus a tháinig as Wuhan na Síne; an t-athrú ar ról na Stát Aontaithe ar an ardán domhanda, iarrachtaí na Rúise chun struchtúr slándála na hEorpa a tharraingt ó chéile agus na hionsaithe leanúnacha atá á ndéanamh aici ar an Úcráin agus forghabháil na Rúise ar chríocha sa tSeoirsia agus san Úcráin, ionsaithe hibrideacha i gcoinne Bhallstáit an Aontais, amhail imircigh a bheith á n-úsáid mar uirlis, a bhfuil sé mar aidhm leo dúshlán bhonnchloch an daonlathais san Eoraip a thabhairt; an sárú leanúnach atá á dhéanamh ag an mBealarúis ar an dlí idirnáisiúnta; Páirtí Cumannach na Síne agus réimis fhorlámhacha agus ollsmachtacha eile a bheith ag éirí níos teanntásaí; an chaoi ar thit struchtúir stáit na hAfganastáine as a chéile go mear le déanaí agus ar ghlac an Talaban seilbh ar an tír ina dhiaidh sin; an teannas sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, go háirithe i Muir na Síne Theas agus Thoir agus i gCaolas na Téaváine; leathadh na n-arm ollscriosta; amhras a bheith á chaitheamh ar na comhaontuithe maidir le rialú arm; an t-athrú aeráide, na coireanna airgeadais; an méadú ar choinbhleachtaí réigiúnacha a bhfuil easáitiú an daonra mar thoradh orthu; an iomaíocht le haghaidh acmhainní nádúrtha; an ganntanas fuinnimh agus uisce; na stáit loicthe; an sceimhlitheoireacht; an choireacht thrasnáisiúnta eagraithe; na cibirionsaithe; agus na feachtais bhréagaisnéise;

D. de bhrí go bhfuil na treochtaí sin ann mar thoradh ar na hathruithe ar chóimheá dhomhanda na cumhachta i dtreo domhan ilpholach ina bhfuil méadú ar an iomaíocht gheopholaitiúil, arb é an toradh atá air sin ná go bhfuil an rialachas domhanda agus soláthar earraí poiblí idirnáisiúnta ag éirí níos deacra tráth a bhfuil gá níos mó agus níos mó leo;

E. de bhrí go bhfuil an domhan anois i ré nua na "neamhshíochána", tréimhse ina bhfuil an éiginnteacht gheopholaitiúil ag dul i méid mar gheall ar an méadú ar na coinbhleachtaí réigiúnacha agus an iomaíocht mhór le haghaidh cumhachta a bhfuil impleachtaí móra acu do shlándáil an Aontais;

F. de bhrí gur bagairt inchreidte agus thromchúiseach do shlándáil na hÚcráine agus do shlándáil na hEorpa é fórsaí míleata na Rúise a bheith ag méadú ar bhonn leanúnach feadh theorainn na hÚcráine agus ina críocha atá faoi fhorghabháil go neamhdhleathach, agus sa Bhealarúis agus i gCeantar Kaliningrad chomh maith; de bhrí gur cheart go nglacfaí smachtbhannaí diana eacnamaíocha agus airgeadais i ndlúthchomhar leis na Stáit Aontaithe, ECAT agus comhpháirtithe eile mar thoradh ar aon ghníomhaíochtaí míleata breise agus ionsaithe hibrideacha eile ag Cónaidhm na Rúise;

G. de bhrí go bhfuil drochthionchar an athraithe aeráide ar shlándáil an Aontais ag éirí níos soiléire;

H. de bhrí go meastar gur san Afraic a tharlóidh níos mó ná leath an mhéadaithe ar dhaonra an domhain faoi 2050 agus go meastar gur ansin a bheidh 1,3 billiún den 2,4 billiún duine breise ar an bpláinéad; de bhrí go mbeidh sraith dúshlán nua ann mar thoradh ar dhlús an fháis sin i roinnt de na tíortha is boichte agus ar éifeachtaí an athraithe aeráide, agus mura dtabharfar aghaidh orthu láithreach, go mbeidh drochthionchar acu ar na tíortha atá i gceist agus ar AE; de bhrí go meastar i dtuarascáil 2019 ó Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt maidir le trádáil agus forbairt ([5]) go mbeidh USD 2,5 trilliún breise ag teastáil in aghaidh na bliana chun gealltanais Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach;

I. de bhrí nach mór do AE gníomhú ar an leibhéal domhanda agus guth comhleanúnach amháin aige atá fréamhaithe i gcomhchultúr straitéiseach chun a ról ceannaireachta a fhorbairt agus an t-iltaobhachas a athbheochan agus a athchóiriú faoi threoir a chuid luachanna amhail an daonlathas, an smacht reachta, an ceartas sóisialta, na cearta bunúsacha lena n-áirítear an comhionannas inscne agus an tacaíocht don tsaoirse ar fud an domhain, mar aon leis an bhfís atá aige do thodhchaí inbhuanaithe agus ionchuimsitheach;

J. de bhrí go dtacaíonn tromlach leathan de shaoránaigh an Aontais agus na barúlacha a fuarthas go dtí seo ar ardán digiteach na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa le ról níos láidre a bheith ag an Aontas agus cur chuige coiteann Eorpach i gcúrsaí a bhaineann leis an mbeartas eachtrach agus slándála agus gur mian leo beartas eachtrach agus slándála de chuid an Aontais a fheiceáil atá níos comhleanúnaí agus níos éifeachtaí;

1. á thabhairt chun suntais, chun an cuspóir straitéiseach a bhaint amach maidir lena ról ceannaireachta domhanda a fhorbairt, gur cheart don Aontas a CBES a mhúnlú ar bhonn na sé ngníomhaíocht seo a leanas:

— ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chosaint atá bunaithe ar na prionsabail agus ar na gealltanais a chumhdaítear i gCairt na Náisiún Aontaithe, in Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí agus i gCairt Pháras le haghaidh Eoraip Nua,

([5]) Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt, *Trade and Development Report 2019 – Financing a Global Green Deal* [Tuarascáil maidir le Trádáil agus Forbairt 2019 – Comhaontú Glas don Domhan a Mhaoiniú], 2019.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

— a bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh comhpháirtíochtaí iltaobhacha maidir le tosaíochtaí domhanda a neartú, go háirithe a comhpháirtíocht leis na Náisiúin Aontaithe, agus ó thaobh an daonlathas agus cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn ar fud an domhain,

— infheictheacht agus cinnteoireacht AE a fheabhsú, agus lánúsáid níos éifeachtaí a bhaint as ionstraimí cumhachta crua agus boige an Aontais, lena n-áirítear trí vótáil trí thromlach cáilithe a thabhairt isteach le haghaidh na cinnteoireachta i mbeartas eachtrach AE,

— an cheannasacht Eorpach a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí seachtracha agus inmheánacha AE a idirnascadh go comhleanúnach, trí chomhcheangal a dhéanamh idir an cumas gníomhú go neamhspleách más gá agus an ullmhacht tabhairt faoi dhlúthpháirtíocht straitéiseach le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis,

— straitéisí réigiúnacha a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear an rannpháirtíocht taidhleoireachta agus eacnamaíoch agus an comhar slándála,

— an mhaoirseacht, an grinnscrúdú agus an chuntasacht dhaonlathach a neartú mar aon leis an ngné pharlaiminteach de CBES an Aontais;

***A bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh comhpháirtíochtaí iltaobhacha maidir le tosaíochtaí domhanda a neartú, go háirithe a comhpháirtíocht leis na Náisiúin Aontaithe, agus ó thaobh an daonlathas agus cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn ar fud an domhain***

2. á chur in iúl gur geal léi uaillmhian agus tionscnaimh an Aontais atá ag dul i méid ó thaobh comhpháirtíochtaí domhanda maidir le príomhthosaíochtaí a chur chun cinn agus ó thaobh an t-ord iltaobhach atá bunaithe ar rialacha agus luachanna a neartú trí athchóiriú a dhéanamh ar na príomhinstitiúidí agus na príomheagraíochtaí chun a n-éifeachtúlacht a fheabhsú agus an teacht aniar atá iontu a mhéadú agus trí úsáid níos fearr a bhaint as na sásraí agus na hinstitiúidí atá ann cheana le haghaidh an rialachais dhomhanda iltaobhaigh; ag tabhairt dá haire go bhfágann na tionscnaimh sin gur féidir leis an bpobal idirnáisiúnta, atá á rialú ag an dlí idirnáisiúnta, déileáil go héifeachtach le dúshláin dhomhanda amhail an t-athrú aeráide, paindéimí, an ghéarchéim fuinnimh agus bagairtí sceimhlitheoireachta, agus an tionchar atá ag gníomhaithe forlámhacha urchóideacha a chomhrac; á athdhearbhú nach mór do bheartas eachtrach agus slándála AE a áirithiú go ndéanfar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe go dtí 2030 a chur chun feidhme;

3. á chur i bhfáth gur gá comhpháirtíocht fhíorstraitéiseach a fhorbairt idir AE agus na Náisiúin Aontaithe maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide agus cearta an duine agus i gcomhthéacs an bhainistithe géarchéime; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar rialtais ar fud an domhain tuilleadh inniúlachtaí agus acmhainní mar aon le cumas idirghabhála níos mó a shannadh do chomhlachtaí na Náisiún Aontaithe; á chur in iúl gurb oth léi go gcuireann an tSín agus an Rúis cosc ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe réimis leatromacha a cháineadh as a gcuid gníomhaíochtaí, go gcuireann siad bac ar fhreagairt aontaithe idirnáisiúnta ar ghéarchéimeanna éagsúla, agus go gcuireann siad cosc ar chur chun feidhme chinntí G7 ar leibhéal na Náisiún Aontaithe; á athdhearbhú go dtacaíonn sí go láidir leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit tacaíocht leormhaith airgeadais a sholáthar chun go mbeidh an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta in ann a cuid cúraimí a chur i gcrích;

4. á thabhairt chun suntais nach mór don Aontas an daonlathas a chosaint agus a chur chun cinn ar fud an domhain trí dhea-shampla a thabhairt, lena n-áirítear trína áirithiú go gcomhlíontar prionsabail an daonlathais, cearta an duine agus an smacht reachta go docht sna Ballstáit uile; á iarraidh ar an Aontas comhghuaillíocht tíortha daonlathacha a chur chun cinn ar fud an domhain; ag áitiú gur gá acmhainní a chomhthiomsú, dea-chleachtais a mhalartú, gníomhaíochtaí comhpháirteacha a chomhordú agus straitéisí comhroinnte a fhorbairt maidir le cur i gcoinne na trasnaíochta díobhálaí agus na bréagaisnéise arb iad stáit fhorlámhacha agus a n-ionadaithe, gníomhaithe agus eagraíochtaí naimhdeacha neamhstáit, agus gníomhaithe frithdhaonlathacha laistigh de shochaithe daonlathacha is cúis leo; á chreidiúint, chun go n-éireoidh leis an méid sin, gur cheart don Aontas agus dá Bhallstáit, trí dhlúthchomhar le hEagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) i measc eagraíochtaí eile, cur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí a chur chun cinn chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha agus clár oibre uaillmhianach a bheith acu chun tacú leis an daonlathas a bheadh dírithe ar an tsaoirse cainte agus neamhspleáchas na meán a chaomhnú agus a chur chun cinn; á chur in iúl, ina leith sin, go dtacaíonn sí go hiomlán leis na Cruinnithe Mullaigh ar son an Daonlathais arna n-óstáil ag na Stáit Aontaithe, ina ndírítear ar ghníomhaíochtaí nithiúla chun cearta uilíocha an duine a chosaint, chun an cúlú daonlathach a chosc agus chun an t-éilliú a chomhrac;

5. á iarraidh ar AE forbairt a dhéanamh ar a bhosca uirlisí chun cur i gcoinne na trasnaíochta, na bolscaireachta agus na n-oibríochtaí tionchair ón iasacht, lena n-áirítear ionstraimí nua a fhorbairt lenar féidir costais a fhorchur ar dhéantóirí na coire agus struchtúir ábhartha a neartú, go háirithe tascfhórsaí cumarsáide straitéisí na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS); á chur in iúl gur geal léi an t-athbhreithniú leanúnach atá á dhéanamh ar Chód Cleachtais an Choimisiúin maidir le Bréagaisnéis; á chur i bhfáth nach mór do AE cur le hinfheictheacht a chuid gníomhaíochtaí trína chuid gníomhaíochtaí seachtracha a chur in iúl ar bhealach níos fearr agus níos straitéisí dá shaoránaigh féin agus níos faide i gcéin;

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

6. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an cúlú leanúnach maidir leis an daonlathas agus cearta an duine atá ag tarlú i roinnt tíortha nach bhfuil san Aontas, líon atá ag dul i méid, lena n-áirítear ionsaithe ar chearta polaitiúla agus ar shláine na bpróiseas toghcháin; ag athdhearbhú a thábhachtaí atá tacaíocht leanúnach an Aontais do na próisis toghcháin ar fud an domhain trí na misin breathnóireachta toghchán, i measc bealaí eile, agus ag meabhrú bhunról Pharlaimint na hEorpa ina leith sin; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an leibhéal is airde cosanta a áirithiú do bhreathnóirí náisiúnta toghchán; á iarraidh ar AE a chomhar i dtaca le breathnóireacht toghchán a neartú tuilleadh leis na comhpháirtithe ábhartha uile amhail an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE), Comhairle na hEorpa agus na heagraíochtaí a thacaíonn leis an Dearbhú Prionsabal maidir le Breathnóireacht Idirnáisiúnta Toghchán agus an Cód Iompair do Bhreathnóirí Idirnáisiúnta Toghchán;

7. ag moladh don Aontas a ról ceannaireachta a fhorbairt tuilleadh maidir leis an tsaoirse, an daonlathas agus cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn i bhfóraim iltaobhacha, go háirithe sna Náisiúin Aontaithe; á chreidiúint gur cheart do AE a áirithiú go mbainfí úsáid thrédhearcach agus éifeachtach as Córas Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine (GHRSR) (Gníomh Magnitsky AE), lena n-áirítear trí raon feidhme GHRSR a leathnú chun cionta a bhaineann leis an éilliú a chur san áireamh; á athdhearbhú gur cheart do AE na forálacha maidir le cearta an duine sna comhaontuithe idirnáisiúnta atá tugtha i gcrích aige a fhorghníomhú ar bhealach níos fearr; ag meabhrú chineál polaitiúil GHRSR AE, atá mar chuid de chur chuige beartais AE atá comhtháite agus cuimsitheach;

8. ag éileamh go ndéanfaí an príomhshruthú inscne agus Plean Gníomhaíochta Inscne III (GAP III) an Aontais a chur chun feidhme go hiomlán agus a chomhtháthú go córasach i ngníomhaíocht sheachtrach uile an Aontais, ar gach leibhéal rannpháirtíochta agus sna gníomhaíochtaí agus na coincheapa ábhartha uile, lena n-áirítear tar éis do thréimhse GAP III a bheith istigh; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit ceannaireacht a fheidhmiú i gcur chun feidhme Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil; ag tathant ar SEGS a chothromaíocht gheografach a fheabhsú chun go mbeadh ionadaíocht náisiúnta iomchuí ann lena léireofaí éagsúlacht na mBallstát uile, mar a léirítear in Airteagal 27 de Rialacháin Foirne na nOifigeach ([6]);

9. á iarraidh go gcuirfí Coincheap Idirghabhála Síochána 2020 AE chun feidhme go héifeachtach chun seasamh an Aontais a dhaingniú mar ghníomhaí domhanda a bhfuil tionchar aige agus a infheistíonn i gcosc agus idirghabháil coinbhleachtaí, agus mar phríomhghníomhaí i gcur chun cinn agus cur chun feidhme na síochána ar an leibhéal idirnáisiúnta; ag meabhrú bhuntáiste comparáideach an Aontais i dtaca le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach i gcomparáid leis na Ballstáit aonair; ag cur béim ar an ról lárnach atá ag Parlaimint na hEorpa sa réimse sin tríd an taidhleoireacht pharlaiminteach; ag aithint ról na n-eagraíochtaí don óige ó thaobh sochaithe síochánta a chothú, agus ó thaobh cultúr na síochána, na caoinfhulaingthe agus an idirphlé idirchultúrtha agus idirchreidimh a chur chun cinn;

10. á iarraidh an athuair go dtabharfaí tacaíocht níos mó do straitéis slándála muirí an Aontais, ós rud é go bhfuil méadú ag teacht, ar fud an domhain agus sa chomharsanacht, ar an dúshlán a bhaineann leis an tsaoirse loingseoireachta a choinneáil; á chur i bhfios go láidir gur cheart i gcónaí an tsaoirse loingseoireachta a urramú; á iarraidh ar AE díriú níos mó ar an tsaoirse loingseoireachta a áirithiú agus ar bhearta atá dírithe ar choinbhleachtaí armtha agus eachtraí míleata ar muir a mhaolú agus a chosc;

11. á iarraidh go mbeadh clár oibre uaillmhianach ag AE, i gcomhar leis na príomh-chomhpháirtithe, chun tacú leis an tsaoirse reiligiúin nó creidimh lasmuigh de AE agus chun ceist na géarleanúna ar fhorais reiligiúin nó creidimh a tharraingt anuas; ag tabhairt dá haire, trí thacú leis an tsaoirse reiligiúin nó creidimh, go gcuidíonn sé sin le síocháin bhuan a chothú agus, dá bhrí sin, le haghaidh a thabhairt ar chuid mhaith de na dúshláin atá roimh AE agus a thíortha comhpháirtíochta; ag tathant ar an gCoimisiún Toscaire Speisialta nua de chuid AE a cheapadh, a luaithe is féidir, chun an tsaoirse reiligiúin nó creidimh a chur chun cinn;

12. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí AE mar cheannródaí domhanda sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus ag tathant ar an gCoimisiún agus ar SEGS tionscnaimh nua a mholadh amhail idirnáisiúnú an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip mar aon le tionscnaimh chun freagairt don bhaol slándála de dheasca an athraithe aeráide, agus chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an athraithe aeráide ar an leibhéal áitiúil, go háirithe i bpobail leochaileacha agus i bpobail atá buailte go dona; á chreidiúint gur cheart don Aontas tacú le spriocanna uaillmhianacha laghdaithe $CO_2$ i dtíortha atá lasmuigh den Aontas agus á chur i bhfáth go bhfuil ról ríthábhachtach le himirt ag an taidhleoireacht aeráide; ag dréim leis go mbeidh iarmhairtí suntasacha geopholaitiúla ag cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus go mbeidh tionchar aige ar chaidreamh an Aontais le cuid dá chomhpháirtithe, amhail trí aghaidh a thabhairt ar spleáchas AE ar sholáthairtí breosla iontaise ón Rúis;

13. á chur in iúl gur geal léi cur chuige agus ceannaireacht dhomhanda AE ó thaobh vacsaíní COVID-19 a sholáthar agus aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha na paindéime trí shásra COVAX agus pacáiste domhanda téarnaimh Fhoireann na hEorpa; á iarraidh ar an Aontas straitéis dhomhanda láidir sláinte a chur chun tosaigh, lena n-áirítear na hiarrachtaí domhanda agus iarrachtaí an Aontais ullmhacht dhomhanda níos fearr agus freagairt éifeachtach ar ghéarchéimeanna a bheidh ann amach anseo a áirithiú mar aon le rochtain saor in aisce, chóir, inacmhainne agus chothrom ar vacsaíní ar fud an domhain; á athdhearbhú gur gá don Aontas a bheith níos neamhspleáiche ó thaobh cúrsaí sláinte de

([6]) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

agus a chuid slabhraí soláthair a éagsúlú chun deireadh a chur leis an spleáchas ar réimis fhorlámhacha agus ollsmachtacha; á chur in iúl gur geal léi an chomhpháirtíocht idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe i dtaca leis an bhfeachtas domhanda le haghaidh vacsaíní in aghaidh COVID-19;

14. ag aithint gur gnéithe tábhachtacha de chaidreamh seachtrach agus comhaontuithe comhpháirtíochta an Aontais iad an teicneolaíocht, an nascacht agus sreabhadh sonraí agus go bhfuil impleachtaí móra geopholaitiúla acu; ag tathant ar AE comhpháirtíochtaí domhanda a fhorbairt chun noirm agus caighdeáin atá cothrom, oscailte agus bunaithe ar luachanna a bhunú maidir le húsáid na teicneolaíochta atá riailbhunaithe, eiticiúil agus dírithe ar an duine agus lena n-urramaítear príobháideachas úsáideoirí aonair, go háirithe i dtaca leis an intleacht shaorga agus rialú an idirlín tríd an gcibearthaidhleoireacht a chur i gcroílár a chuid gníomhaíochtaí seachtracha; á chur i bhfáth nach mór don Aontas comhar agus comhordú a áirithiú i measc na dtíortha daonlathacha i dtaca leis sin agus a áirithiú go n-urramófar an dlí idirnáisiúnta agus daonnúil agus aghaidh á tabhairt ar choinbhleachtaí; á chur i bhfáth go bhféadfadh teicneolaíochtaí nua digiteacha a bheith ina mbagairt shonrach ar chosantóirí chearta an duine agus daoine eile trína gcuid gníomhaíochtaí a rialú, a shrianadh agus an bonn a bhaint díobh, mar a léiríodh le déanaí sa mhéid a nocht an tionscadal Pegasus; á iarraidh ar AE dul ar aghaidh agus moratóir a chur ar onnmhairiú teicneolaíochtaí spiaireachta a bhfuil spriocanna smachtaithe acu agus creat rialála idirnáisiúnta láidir a ghlacadh sa réimse sin; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit dícheall cuí maidir le cearta an duine a áirithiú mar aon le grinnfhiosrúchán cuí ar onnmhairiú teicneolaíochta faireachais agus cúnaimh theicniúil ón Eoraip i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Dé-Úsáid ([7]); á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit dul i mbun idirphlé le rialtais tíortha atá lasmuigh de AE chun deireadh a chur le cleachtais agus reachtaíocht dhiansmachtúil i réimse na cibearshlándála agus na frithsceimhlitheoireachta; á chur i bhfáth nach mór do AE cearta an duine aonair a chaomhnú; á chur i bhfios go láidir, dá bhrí sin, nach bhfuil na córais scórála sóisialta i gcomhréir le bunluachanna AE; á chur i bhfáth nár cheart beartais agus uirlisí faireachais den sórt sin a thabhairt isteach agus a úsáid in AE in imthosca ar bith; á chur i bhfios go láidir, dá bhrí sin, go gcaithfidh AE oibriú chun scaipeadh trasnáisiúnta an chur faoi chois dhigitigh a theorannú agus cur ina choinne; ag tabhairt dá haire gur inniúlacht de chuid na mBallstát é onnmhairiú teicneolaíochtaí agus arm cosanta;

15. á athdhearbhú gur cheart don Aontas straitéis dhomhanda nascachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme mar shíneadh ar an Straitéis Nascachta atá ann faoi láthair idir an tAontas agus an Áise agus mar fhreagairt straitéiseach chun cur lena thionchar ina lán réigiún ar domhan amhail Meiriceá Laidineach, an Afraic agus an Áise; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, an tionscnamh uaillmhianach agus ilghnéitheach "Global Gateway" a thíolaic an Coimisiún an 1 Nollaig 2021, a bhfuil sé mar aidhm leis infheistíocht a dhéanamh i ngréasáin dhigiteacha agus bonneagar ardcháilíochta, i measc nithe eile, le comhpháirtithe ar fud an domhain ar bhealach cóir agus inbhuanaithe, agus lena ngealltar comhpháirtíochtaí níos láidre gan spleáchais a chruthú; á chur i bhfáth gur cheart don Choimisiún a chur mar choinníoll le tionscadail nascachta le tíortha nach bhfuil in AE go gcloífí le dianchearta sóisialta agus saothair, le trédhearcacht, le cearta an duine, le dícheall cuí, le hidir-inoibritheacht, le dea-rialachas agus le caighdeáin dhaonlathacha mar aon le húsáid eiticiúil na teicneolaíochta go náisiúnta agus thar lear; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, gur cheart don Choimisiún straitéis a fhorbairt chun feabhas a chur ar rochtain a chuid comhpháirtithe ar theicneolaíocht iontaofa agus shábháilte; á thabhairt chun suntais nach mór d'infheistíochtaí sa nascacht tacú leis an teacht aniar eacnamaíoch agus le dícharbónú an gheilleagair atá i gcomhréir le Comhaontú Pháras; á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun comhpháirtíochtaí nascachta AE a chur chun feidhme agus ag moladh don Choimisiún na tionscadail nascachta sin a fhorbairt i gcomhpháirt agus i gcomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis; á chur in iúl gur gheal léi dá mbunófaí comhpháirtíocht nascachta leis an Aontas Afracach (AA) ag an gcéad chruinniú mullaigh eile idir AA agus AE;

16. á chur in iúl gur geal léi tionscnamh domhanda G7 "Build Back Better World" agus ag tathant ar AE ról gníomhach a imirt chun é a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear trí naisc a shainaithint agus ar bhealach a threisíonn an tionscnamh "Global Gateway" freisin;

***Infheictheacht agus cinnteoireacht AE a fheabhsú, agus lánúsáid níos éifeachtaí a bhaint as ionstraimí cumhachta crua agus boige an Aontais, lena n-áirítear trí vótáil trí thromlach cáilithe a thabhairt isteach le haghaidh na cinnteoireachta i mbeartas eachtrach AE***

17. á athdhearbhú go bhfuil sé de dhíth ar an Aontas, thar aon ní eile, go mbeadh aontacht agus fíorthoil pholaitiúil níos láidre ann i measc a Bhallstát maidir le teacht ar chomhaontú faoi spriocanna coiteanna i dtaca le beartas eachtrach AE agus comhar slándála agus cosanta AE agus iad a chur chun cinn go comhpháirteach agus é mar aidhm leo na cuspóirí, na luachanna agus na noirm a leagtar síos in Airteagal 21 CAE a chur chun feidhme; á chur i bhfios go láidir gur gá Aontas Slándála agus Cosanta a bhunú a d'fhónfadh mar thúsphointe chun comhbheartas cosanta Eorpach a chur chun feidhme, i gcomhréir leis an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 42(2) CAE;

([7]) Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1).

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

18. á chur i bhfios go láidir gur gá go mbeadh ionstraimí dá chuid féin ag beartas eachtrach AE i ndáil le gnóthaí eachtracha, cearta an duine agus an tslándáil agus an chosaint; á mheabhrú gur cumhdaíodh an Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO) i gConradh Liospóin ach nár bunaíodh é go dtí 2017; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gComhairle, dá bhrí sin, an misneach a bheith acu an úsáid is éifeachtúla is féidir a bhaint as ionstraimí uile an bheartais eachtraigh atá ar fáil sna Conarthaí;

19. á thabhairt chun suntais gur gá don Aontas, i gcomhar leis na Ballstáit, a chumas gníomhú go héifeachtúil, go tráthúil, go réamhghníomhach agus go neamhspleách a neartú agus freagairt an Aontais ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a mhúnlú; á chur i bhfáth gur géarghá don Aontas sásra a bhunú le haghaidh malartú uathoibríoch faisnéise idir na Ballstáit agus AE faoi ghnóthaí eachtracha agus saincheisteanna slándála a tharlaíonn lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear faoin sceimhlitheoireacht atá ina bagairt i gcónaí ar luachanna agus slándáil na hEorpa agus a bhfuil cur chuige ilghnéitheach ag teastáil ina leith; á chur in iúl gur geal léi próiseas leanúnach an Chompáis Straitéisigh arb é an túsphointe é chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo Aontas Slándála agus Cosanta san Eoraip, chun ceannasacht straitéiseach a bhaint amach do AE maidir lena shlándáil agus lena chosaint agus chun go dtiocfaidh comhchultúr straitéiseach slándála agus cosanta chun cinn san Eoraip a mbeidh ár gcuid luachanna agus cuspóirí coiteanna agus tuiscint choiteann ar bhagairtí mar threoir aige mar aon leis an urraim do bheartais shonracha slándála agus cosanta na mBallstát; ag dréim leis go gcuideoidh an Compás Straitéiseach le fís choiteann a chruthú le haghaidh shlándáil agus chosaint an Aontais ó thaobh neamhspleáchas straitéiseach a bhaint amach; á chur i bhfáth gur cheart an toradh a léiriú i leagan athchóirithe de Straitéis Dhomhanda 2016 an Aontais ina gcuirfí na príomhbhagairtí, na príomhdhúshláin agus na príomhdheiseanna san áireamh, agus ina gcuirfí bealaí ar fáil don Aontas chun ról domhanda níos réamhghníomhaí a imirt; á thabhairt chun suntais, thairis sin, gur cheart go gcuirfeadh na torthaí sin an bonn ar fáil le haghaidh athbhreithniú ar dhoiciméid eile amhail Plean Forbartha Cumas 2018;

20. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá cearta an duine mar ghné lárnach de bhosca uirlisí AE maidir le gnóthaí eachtracha agus ag leagan béim ar chomhlántacht na gné sin; ag moladh do AE comhoibriú le tíortha comhpháirtíochta chun cearta an duine a chosaint agus smachtbhannaí a chur i bhfeidhm chun a dtionchar a mhéadú; á chur i bhfios go bhfuil cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus aonfhoirmeach na mbeart sriantach sna Ballstáit uile ina réamhchoinníoll le haghaidh inchreidteacht agus éifeachtacht bheartas seachtrach an Aontais; ag tathant ar an gCoimisiún, ina ról mar chaomhnóir na gConarthaí, agus ar an gComhairle agus an Leas-Uachtarán/ Ardionadaí arb iad atá freagrach as aontacht, comhleanúnachas agus éifeachtacht bheartas seachtrach AE, a áirithiú go mbeidh na freagairtí náisiúnta ar sháruithe na mbeart sriantach arna nglacadh ag AE éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach; á iarraidh ar AE, maidir leis sin, a áirithiú go mbeidh bearta sriantacha AE, a forchuireadh mar fhreagairt ar iompar bagarthach na Rúise i leith na hÚcráine agus ar ionghabháil neamhdhleathach na Rúise ar an gCrimé, éifeachtach agus comhlíonta go hiomlán; ag tathant ar AE dlúth-chomhoibriú agus dlúthchomhar a chothú leis na Stáit Aontaithe maidir le húsáid smachtbhannaí agus iad ag gabháil do chuspóirí coiteanna i dtaca le beartas eachtrach agus slándála, agus aon iarmhairtí gan choinne do leasanna an dá thír á seachaint san am céanna;

21. á chur i bhfáth, thairis sin, tar éis don Chomhairle é a ghlacadh, gur cheart don Chompás Straitéiseach breisluach suntasach a bheith aige do CBES de chuid AE agus do chomhbheartas slándála agus cosanta (CBSC) AE agus gur cheart go bhfeabhsódh sé an dlúthpháirtíocht i measc na mBallstát tuilleadh; á chur in iúl gur geal léi go gcuireann an Compás Straitéiseach le hanailís choiteann ar bhagairtí agus ar dhúshláin atá roimh AE agus a Bhallstáit, go sainaithnítear bearnaí cumais leis atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo – ar bhonn institiúideach agus ar bhonn sócmhainní araon – agus go soláthraítear treochlár soiléir chun na bearnaí sin a líonadh; ag athdhearbhú rún Pharlaimint na hEorpa a bheith rannpháirteach sa phróiseas, go háirithe trína ceart chun grinnscrúdaithe a fheidhmiú agus trí nós imeachta athbhreithnithe rialta a bhunú; ag dréim leis go mbeidh an dréacht críochnaitheach den Chompás Straitéiseach agus Coincheap Straitéiseach ECAT i gcomhréir lena chéile chun comhoibriú agus comhroinnt ualaí neartaithe níos fearr a áirithiú, agus go n-aithneofar bealaí iontu chun an comhar idir AE agus ECAT a threisiú; ag athdhearbhú phrionsabal na foinse aonair fórsaí; ag cur iallach ar na Ballstáit, tar éis chur i gcrích an Chompáis Straitéisigh, teacht ar chultúr straitéiseach comhchoiteann, mar aon le comhthuiscint uaillmhianach ar Airteagal 42(7) CAE agus ar Airteagal 222 CFAE agus ar an ngaol atá acu le hAirteagal 5 de Chonradh an Atlantaigh Thuaidh; ag dréim leis go mbeidh an Compás Straitéiseach in ann tuilleadh deiseanna a chur ar fáil do thíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear Comhpháirtíocht an Oirthir, maidir le feabhas a chur ar athléimneacht i leith bagairtí agus dúshláin slándála na linne seo; á mheas gur cheart beartas eachtrach agus slándála ionsaitheach na Rúise a aithint sa doiciméad seo mar bhagairt mhór slándála do mhór-roinn na hEorpa;

22. á mheabhrú go bhforáiltear sna Conarthaí don deis nósanna imeachta cinnteoireachta a fheabhsú le haghaidh CBES; á mheabhrú gurb ann d'Airteagal 31(2) CAE, lena gceadaítear don Chomhairle cinntí áirithe a dhéanamh maidir le hábhair a bhaineann leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) trí vótáil trí thromlach cáilithe, agus an "clásal *passerelle*" atá in Airteagal 31(3) CAE, lena bhforáiltear gur féidir athrú de réir a chéile chuig vótáil trí thromlach cáilithe i gcás cinntí i réimse CBES nach bhfuil impleachtaí míleata ná cosanta acu ach lena gcuirtear feabhas ar dhlúthpháirtíocht agus cúnamh frithpháirteach AE le linn géarchéimeanna; á chur i bhfáth go gcuireann an aontoilíocht bac ar chumas an Aontais gníomhú agus, dá bhrí sin, ag tathant ar na Ballstáit vótáil trí thromlach cáilithe a úsáid chun cinntí a dhéanamh a bhaineann le CBES;

á iarraidh an athuair, go háirithe, go dtabharfaí vótáil trí thromlach cáilithe isteach le haghaidh ráitis faoi shaincheisteanna idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus cinntí a bhaineann le cearta an duine a ghlacadh, le haghaidh smachtbhannaí faoi GHRSR a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme, agus le haghaidh na gcinntí ar fad i ndáil le misin an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC); á chur i bhfáth go bhféadfadh úsáid Airteagail 31 agus 44 CAE feabhas a chur ar sholúbthacht agus cumas an Aontais gníomhú i leith réimse leathan saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach;

23. á iarradh go mbeadh comhairliúcháin níos láidre ann idir AE agus ECAT ag leibhéal an Choiste Pholaitiúil agus Slándála agus ag leibhéal Chomhairle an Atlantaigh Thuaidh;

24. á iarraidh an athuair go mbunófaí foirmeacha nua comhair, amhail an Chomhairle Eorpach Slándála, chun cur chuige comhtháite i leith coinbhleachtaí agus géarchéimeanna a fhorbairt; á chur i bhfios go láidir gur cheart comhdhéanamh an chomhair sin a mheas mar aon leis na sainchúraimí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis; á mheabhrú go soláthraíonn an Chomhdháil ar Thodhcaí na hEorpa atá ar siúl faoi láthair creat ábhartha chun tograí nuálacha a mhúnlú i ndáil leis sin; á iarraidh go mbeadh an Chomhdháil níos uaillmhianaí i dtaca leis an ngné sheachtrach de bheartais AE, lena n-áirítear maidir leis an tslándáil agus an chosaint, amhail trí bhuanaonaid mhíleata ilnáisiúnta de chuid AE a bhunú agus trí vótáil trí thromlach cáilithe a thabhairt isteach sa chinnteoireacht maidir le beartas eachtrach AE; ag tabhairt dá haire, áfach, nach réiteofar na dúshláin struchtúracha agus pholaitiúla atá roimh CBSC le creataí nua institiúideacha amháin; á iarraidh an athuair go mbunófaí Comhairle Airí Cosanta;

25. á chur i bhfáth gur cheart a áireamh ar ionstraimí dílse an Aontais go mbunófaí Acadamh Eorpach Taidhleoireachta, ina gcuirfí oiliúint ar thaidhleoirí AE ón tús ar fad agus ina dtabharfaí níos gaire do luachanna agus leasanna coiteanna AE iad, ag dul i dtreo fíor-*esprit de corps* a bheadh bunaithe ar chultúr coiteann taidhleoireachta ó ghné Eorpach; á iarraidh go gcuirfí chun feidhme go hiomlán an treoirthionscadal *Towards the creation of a European Diplomatic Academy* [I dtreo Acadamh Eorpach Taidhleoireachta a chruthú]', lena bhféadfaí an bealach a réiteach chun an t-acadamh sin a bhunú agus ar cheart bunú próisis roghnúcháin chun dul isteach in SEGS agus i dToscaireachtaí AE a bheith mar chuid de; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé ionadaíocht taidhleoireachta AE i dtíortha nach bhfuil san Aontas a neartú agus féachaint le hionadaíocht iomlán taidhleoireachta a bhaint amach in eagraíochtaí iltaobhacha i gcoitinne agus sna Náisiúin Aontaithe go háirithe; á chur i bhfáth go gcuirfeadh ionadaíocht níos láidre de chuid AE i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus in eagraíochtaí iltaobhacha an aontacht a bhfuil géarghá léi chun cinn i measc institiúidí agus Bhallstáit AE ó thaobh dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda i réimse CBES;

26. á chur i bhfáth go bhfuil sineirge idir sócmhainní uile an Aontais i réimse na gníomhaíochta seachtraí de dhíth ar chur chuige iomlánaíoch i leith CBES; á thabhairt chun suntais, ina leith sin, go bhfuil ról lárnach agus buntáiste comparáideach ag Parlaimint na hEorpa i dtaidhleoireacht AE, go háirithe tríd an gcaidreamh idirpharlaiminteach agus rannpháirtíocht fhorleathan Pharlaimint na hEorpa trí chláir tacaíochta daonlathais i dteannta tríú páirtithe; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit a aithint gur cuid lárnach de "Fhoireann na hEorpa" í Parlaimint na hEorpa agus é sin a léiriú sna struchtúir oibríochtúla; á chur i bhfios go láidir gur uirlis fhónta taidhleoireachta é an cultúr agus gur cuid bhunúsach de chumhacht bhog an Aontais é; á chur i bhfios go láidir go bhfuil acmhainneacht mhór ag baint leis an gcultúr ó thaobh luachanna AE a chur chun cinn;

27. á iarraidh ar SEGS agus ar an gComhairle bearta a dhéanamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme agus sainorduithe Ionadaithe Speisialta agus Toscairí Speisialta AE agus measúnú trédhearcach agus cuimsitheach ar éifeachtacht agus breisluach na seasamh sin a áirithiú, mar a d'iarr Parlaimint na hEorpa i moladh uaithi an 13 Márta 2019 ([8]); ag tathant ar SEGS agus ar an gComhairle gach beart is gá a dhéanamh chun an moladh ó Pharlaimint na hEorpa a chomhlíonadh sa tréimhse ama is giorra is féidir;

28. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Choimisiúin dlús a chur le cumais fadbhreathnaitheachta an Aontais, lena n-áirítear maidir leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES), mar a léirítear sa dara Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an bhFadbhreathnaitheacht Straitéiseach dar teideal *The EU's capacity and freedom to act* [Acmhainn agus saoirse AE chun gnímh]; ag moladh go ndéanfaí gníomhaíochtaí fadbhreathnaitheacha idirinstitiúideacha ar an leibhéal polaitiúil chun an fhadbhreathnaitheacht i gceapadh beartas a leabú agus chun feabhas a chur ar ullmhacht an Aontais do dhúshláin a bheidh ann amach anseo amhail géarchéimeanna agus coinbhleachtaí atá faoi thionchar na haeráide, agus chun cur lena chumas forbairtí réigiúnacha agus domhanda a mhúnlú;

([8]) Moladh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Márta 2019 chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le raon feidhme agus sainordú Ionadaithe Speisialta AE (IO C 23, 21.1.2021, lch. 146).

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

29. ag cur béim ar an bhfíoras nach mór an ghné sheachtrach de bhuiséad AE a chistiú go hiomchuí agus a ullmhú chun freagairt gan mhoill do dhúshláin atá ann faoi láthair, atá ag teacht chun cinn agus a bheidh ann amach anseo; ag éileamh gur cheart go mbeadh an buiséad le haghaidh gníomhaíocht sheachtrach dírithe ar réimsí tosaíochta, ar bhonn geografach agus téamach araon, agus ar réimsí inar féidir le gníomhaíocht AE an breisluach is mó a chur ar fáil;

***An cheannasacht Eorpach a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí seachtracha agus inmheánacha AE a idirnascadh go comhleanúnach, trí chomhcheangal a dhéanamh idir an cumas gníomhú go neamhspleách más gá agus an ullmhacht tabhairt faoi dhlúthpháirtíocht straitéiseach le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis***

30. á iarraidh ar AE cur lena cheannasacht straitéiseach i réimsí sonracha atá bunriachtanach do thábhacht leanúnach an Aontais ar an leibhéal idirnáisiúnta, amhail cur chun cinn luachanna AE, na cearta bunúsacha, an trádáil chóir, an eacnamaíocht, an tslándáil agus an teicneolaíocht, an ceartas sóisialta, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, fuinneamh agus an ról atá aige ó thaobh dul i ngleic le teanntás na réimeas forlámhach agus ollsmachtach; á chur i bhfáth gur gá gníomhaíochtaí seachtracha agus beartais inmheánacha AE a nascadh go comhleanúnach; á iarraidh an athuair go gcruthófaí Aontas Eorpach Slándála agus Cosanta, a d'fhónfadh mar thúsphointe chun comhbheartas cosanta Eorpach a chur chun feidhme, i gcomhréir leis an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 42(2) CAE, agus lena gcuirfí ar chumas an Aontais gníomhú go neamhspleách chun a chuid leasanna slándála a chosaint nuair is gá agus a rannchuideodh le comhpháirtí straitéiseach níos cumasaí agus níos inchreidte dá chomhghuaillithe, lena n-áirítear ECAT agus na Stáit Aontaithe, a dhéanamh den Aontas; á iarraidh go gcuirfí dlús leis an gcomhar cosanta agus go ndéanfaí cuíchóiriú air, mar shampla maidir le saincheisteanna a bhaineann le trealamh cosanta;

31. á chur i bhfáth gurb é a chiallaíonn neamhspleáchas AE i réimse na slándála agus na cosanta ná forbairt, comhordú agus imlonnú tapa na gcumas straitéiseach iontaofa agus idir-inoibritheach atá riachtanach le haghaidh bainistiú éifeachtach géarchéime; cosaint AE agus a chuid saoránach; oiliúint na bpríomh-chomhpháirtithe; an comhar éifeachtúil, an chinnteoireacht agus roinnt na gcumas saothair, forbartha agus táirgthe idir na Ballstáit i ndlúthpháirtíocht iomlán agus ar leibhéal AE, agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile amhail na Náisiúin Aontaithe agus ECAT; agus an cumas cinneadh a dhéanamh agus gníomhú go neamhspleách más gá agus i gcomhréir lena chuid leasanna, prionsabal agus luachanna féin mar a leagtar síos in Airteagal 21 CAE iad, go háirithe trína bhunú féin mar ghníomhaí domhanda éifeachtach, agus lánurraim á tabhairt don dlí idirnáisiúnta; á chur i bhfáth gur cheart tús áite a thabhairt do thógáil comhghuaillíochtaí, comhpháirtíochtaí agus socruithe iltaobhacha atá láidir agus iontaofa agus do chothú dlúthpháirtíochta straitéisí le tíortha atá ar aon intinn leis; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go dtreiseodh an cur chuige sin an comhar le comhpháirtithe, go háirithe faoi chuimsiú ECAT; ag tabhairt dá haire gur cheart go mbeadh na cumais agus na struchtúir straitéiseacha Eorpacha fheabhsaithe sin comhoiriúnach do ECAT agus gur cheart dóibh é a chomhlánú; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, gur fhógair Uachtarán an Choimisiúin go dtionólfaí Cruinniú Mullaigh maidir leis an gCosaint Eorpach faoi Uachtaránacht na Fraince ar an gComhairle; á thabhairt chun suntais go dtíolacfaidh an tAontas agus ECAT dearbhú comhpháirteach maidir le comhar faoi dheireadh 2021; á iarraidh go gcruthófaí "cumas mear-imlonnaithe", mar a chuir an Leas-Uachtarán/Ardionadaí i láthair é, mar chéadchéim i dtreo buanaonaid mhíleata ilnáisiúnta de chuid AE a bhunú; á chur i bhfáth go mbeadh ar fhórsa den sórt sin breisluach a sholáthar i gcomparáid le Cathghrúpaí AE, nár imlonnaíodh riamh; á iarraidh ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún dá bhrí sin roghanna a mheasúnú agus a fhorbairt le haghaidh buanaonaid mhíleata ilnáisiúnta de chuid AE a bhunú, ar aonaid iad a mhaoineofaí ón tSaoráid Eorpach Síochána agus ó bhuiséad AE araon trí leas iomlán a bhaint as na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil le Conarthaí AE i láthair na huaire;

32. ag aithint gurb é ECAT bunchloch leanúnach na slándála agus na cosanta san Eoraip agus ag moladh do na comhghuaillithe ar dhá thaobh an Atlantaigh a dtiomantas do ECAT mar an phríomhinstitiúid le haghaidh chosaint an limistéir Eora-Atlantaigh a athdhearbhú; á iarraidh an athuair ar na comhghuaillithe cloí leis na ceanglais ar aontaíodh leo maidir le comhroinnt dualgas agus iad a chomhlíonadh, lena n-áirítear an caiteachas ar chosaint, a bhfuil sprioc 2 % den olltáirgeacht intíre (OTI) ag gabháil leis, mar a aontaíodh ag cruinniú mullaigh ECAT in Casnewydd/Newport in 2014;

33. á iarraidh ar na Ballstáit a mbeartas onnmhairithe arm a ailíniú ar bhonn fhorálacha Chomhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainmhínítear comhrialacha lena rialaítear an rialú a dhéantar ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata ([9]), agus cur i bhfeidhm docht na gcritéar uile a ghlacadh; ag athdhearbhú a hiarrata ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí tús áite a thabhairt don réimse maidir le neamhleathadh, dí-armáil agus rialú arm, ós rud é go dtugann gníomhaithe urchóideacha stáit dúshlán roinnt de na córais rialaithe arm agus go ndéantar neamhaird de chuid eile díobh, agus go bhfuil teicneolaíochtaí nua á bhforbairt agus á n-imlonnú a d'fhéadfaí a mheas ní hamháin gur teicneolaíochtaí bunathraitheacha iad, ach gur teicneolaíochtaí réabhlóideacha iad freisin i ngnóthaí míleata;

34. á chur i bhfios go láidir nach mór don Aontas tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a cheannasacht agus a shaineolas teicneolaíoch, oibríochtúil agus digiteach trí thionscal agus margadh cosanta na hEorpa a neartú, trí Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí a fhorbairt, trí chur leis na gníomhaíochtaí comhpháirteacha i réimse an taighde agus na forbartha, an tsoláthair, na hoiliúna agus na cothabhála i gcúrsaí míleata, trí chur chuige coiteann i leith shlándáil an

([9]) IO L 335, 13.12.2008, lch. 99.

tsoláthair a shainiú, agus trí chomhar níos uaillmhianaí a dhéanamh le comhghuaillithe daonlathacha; á chur i bhfáth gur gá aird ar leith a thabhairt ar theicneolaíochtaí bunathraitheacha atá ag teacht chun cinn, ar bhearta cibearshlándála agus ar an gcibearchosaint, ar chosaint agus teacht aniar na mbonneagar criticiúil, agus ar shlándáil an tsoláthair i gcás príomh-chomhpháirteanna teicneolaíochta amhail micrisheoltóirí; ag meabhrú na ndeiseanna a chuirtear ar fáil leis na hionstraimí agus na sásraí atá ann cheana amhail PESCO, an Ciste Eorpach Cosanta agus an tAthbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint; á iarraidh ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na hionstraimí agus na sásraí sin; á chur in iúl gur geal léi na chéad iarrataí ar thograí le haghaidh an Chiste Eorpaigh Cosanta, ar ionstraim bhunriachtanach é chun slándáil agus cosaint na hEorpa a neartú mar aon le ceannasacht straitéiseach AE;

35. á chur in iúl go bhfuil imní uirthi faoi spleáchas teicneolaíoch AE ar sholáthraithe as tíortha atá lasmuigh de AE, go háirithe stáit neamhdhaonlathacha; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil an Eoraip ag brath ar uirlisí eachtracha le haghaidh na cibearshlándála; á iarraidh ar institiúidí AE teacht ar chomhthoil ar fud an Aontais faoin ngá atá ann neamhspleáchas na hEorpa a chaomhnú i bpríomhréimsí éagsúla teicneolaíochta agus cur chuige pragmatach agus neamhspleách a chur chun cinn chun spleáchas agus an comhéigean geopholaitiúil in earnálacha criticiúla na teicneolaíochta a sheachaint; á chur i bhfios go láidir, go háirithe, go bhfuil tábhacht straitéiseach le bonneagar 5G agus cáblaí faoi uisce;

36. á chur i bhfios go láidir gur gnéithe tábhachtacha iad an comhbheartas cibearchosanta agus cumais shuntasacha chibearchosanta chun Aontas Eorpach Slándála agus Cosanta atá níos doimhne agus feabhsaithe a fhorbairt; á chur i bhfáth a phráinní atá sé na cumais choiteanna agus cumais na mBallstát araon i réimse na cibearchosanta míleata a fhorbairt agus a neartú; á chur i bhfios go láidir gur gá d'institiúidí uile AE agus do na Ballstáit oibriú i gcomhar le chéile ar gach leibhéal chun straitéis chibearshlándála a chur le chéile; á iarraidh ar SEGS leibhéil leormhaithe chibearshlándála a áirithiú i gcás a chuid sócmhainní, áitreabh agus gníomhaíochtaí, lena n-áirítear a cheanncheathrú agus toscaireachtaí AE;

37. á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht nach beag le hearnáil spáis na hEorpa ó thaobh neamhspleáchas AE a bhaint amach ar an leibhéal domhanda mar aon le rathúnas agus slándáil na sochaí; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go bhfuil an cianspás ag iompú ina réimse polaitiúil de réir a chéile atá ina léiriú ar an iomaíocht gheopholaitiúil ar an domhan agus teorainn nua teicneolaíochta, agus go bhféadfadh sé iompú ina réimse míleata go tapa mura gcuirfear na hionstraimí dlí idirnáisiúnta cuí i bhfeidhm; ag tacú le tionscnaimh atá dírithe ar bhorradh a chur faoin mBeartas Eorpach Spáis, lena n-áirítear clár nua uaillmhianach spáis an Aontais, clár a bhfuil sé mar aidhm leis sócmhainní spáis na hEorpa atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a chosaint; ag éileamh gur cheart don Aontas na gealltanais pholaitiúla agus airgeadais atá tugtha aige a chur ar aon dul lena chuid uaillmhianta i réimse an spáis; á iarraidh ar AE seasamh lena ghealltanas go bhforbróidh sé rialachán cuimsitheach idirnáisiúnta maidir leis an spás, chun cosc a chur le húsáid an spáis mar arm; ag tacú le Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh ó thaobh luathrabhaidh a thabhairt do chinnteoirí faoi ghéarchéimeanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar aon le feasacht staide dhomhanda;

***Straitéisí réigiúnacha a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear an rannpháirtíocht taidhleoireachta agus eacnamaíoch agus an comhar slándála***

38. á chur in iúl gur geal léi na conclúidí ó Chruinniú Mullaigh na mBalcán Thiar a tionóladh in Brdo pri Kranju faoi Uachtaránacht na Slóivéine ar an gComhairle; ag athdhearbhú a cuid tacaíochta do dhearcadh Eorpach thíortha na mBalcán Thiar agus á athdhearbhú dá réir sin gur iarr sí go gcuirfí dlús le próiseas an mhéadaithe agus go gcuirfí bealach soiléir ar fáil do thíortha atá ag iarraidh teacht isteach san Aontas; ag tathant ar na Ballstáit na gealltanais a thug siad a chomhlíonadh faoi dheireadh agus á chur i bhfáth a phráinní atá sé na chéad chomhdhálacha idir-rialtasacha leis an Albáin agus an Mhacadóin Thuaidh a thionól láithreach agus léirscaoileadh víosaí a dheonú don Chosaiv; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil próiseas an mhéadaithe fós bunaithe go daingean ar na critéir ábhartha uile a bheith á gcomhlíonadh ag na tíortha is iarrthóirí mar a shainigh an Chomhairle Eorpach iad agus béim mhór á leagan ar an daonlathas, an smacht reachta agus cearta an duine agus cearta mionlach a neartú, mar aon leis an athmhuintearas agus dul chun cinn eacnamaíoch a chothú sna Balcáin Thiar, nithe atá riachtanach chun go mbeidh síocháin, seasmhacht agus rathúnas buan ann; ag cur béim ar an ngá atá le comhar feabhsaithe chun dul i ngleic le dúshláin choiteanna; á chur i bhfáth nach mór ceachtanna a fhoghlaim ón mbeartas um méadú agus go bhfuil gá le tuilleadh infheictheachta agus infheistíochtaí sa réigiún chun feasacht an phobail a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, cur le hinchreidteacht agus rannpháirtíocht AE; á iarraidh go n-oibreodh AE i gcomhar leis na tíortha sna Balcáin Thiar chun teacht ar réitigh ar na fadhbanna atá ina mbac ar thuilleadh athchóirithe, lena n-áirítear cur chun feidhme na 14 phríomhthosaíocht sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus chun a áirithiú go gcuirfear Comhaontú Síochána Dayton chun feidhme; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá lánpháirtiú na stát comhpháirtíochta sin san Aontas Eorpach chun seasmhacht agus slándáil na mór-roinne ina hiomláine a chinntiú; á iarraidh ar AE tacú leis an tsochaí shibhialta sna Balcáin Thiar ó thaobh na luachanna Eorpacha a chur chun cinn agus a scaipeadh; ag moladh obair Oibríocht Mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia-Heirseagaivéin (ALTHEA) atá faoi chúram EUFOR, oibríocht a rannchuidíonn le síocháin, seasmhacht agus lánpháirtiú Eorpach na Boisnia agus an Heirseagaivéine; á athdhearbhú go bhfuil ról ríthábhachtach ag an oibríocht sin i gcónaí i slándáil agus seasmhacht na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus an réigiúin; á thabhairt chun suntais, i bhfianaise an mhéadaithe a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo, go bhfuil gá le cinnteoireacht níos éifeachtúla ar leibhéal AE; ag cáineadh go láidir na gluaiseachta neamhbhunreachtúla i dtreo scartha atá á déanamh ag údaráis Republika Srpska, a bhfuil sé mar aidhm léi institiúidí comhthreomhara a chruthú sa leigheas agus i bhfeistí leighis, sa cheartas, sa chosaint, sa tslándáil agus sa chánachas, agus ar an gcaoi sin an bonn a bhaint ó struchtúir stáit na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus atá ina bagairt fhéideartha d'aontacht agus d'iomláine chríochach na Boisnia agus na Heirseagaivéine; ag cáineadh ról díobhálach gníomhaithe réigiúnacha agus thrasnaíocht eachtrach na Rúise; á

iarraidh ar an gComhairle smachtbhannaí spriocdhírithe a fhorchur ar Milorad Dodik agus ar a chomhghuaillithe as a chuid gníomhaíochtaí éillitheacha, as díchobhsú leanúnach na tíre, agus as an mbonn a bhaint ó cheannasacht agus iomláine chríochach na Boisnia agus na Heirseagaivéine;

39. á chur i bhfios go láidir gur cheart don Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais 2021-2027 (IPA III) a glacadh le déanaí tacú le hinfheistíocht fhadtéarmach i dtodhchaí Eorpach an réigiúin agus gur cheart coinníollacht fheabhsaithe na hionstraime a úsáid go héifeachtach chun torthaí nithiúla a bhaint amach; á chur in iúl gur geal léi na coinníollacha níos déine a bhaineann leis an daonlathas, cearta an duine agus an smacht reachta faoin IPA III nuachóirithe; á chur in iúl gur geal léi an plean eacnamaíoch agus infheistíochta do na Balcáin Thiar agus á iarraidh go gcuirfí chun feidhme láithreach é chun téarnamh fadtéarmach agus fás eacnamaíoch an limistéir agus a nascacht inbhuanaithe a éascú, rud a thabharfadh na Balcáin Thiar níos gaire do mhargadh aonair AE;

40. ag athdhearbhú a tacaíochta daingne do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, agus go háirithe maidir lena neamhspleáchas, a gceannasacht agus a n-iomláine chríochach laistigh dá dteorainneacha atá aitheanta go hidirnáisiúnta mar aon leis an meas ar thoil na ndaoine a dtodhchaí féin agus a mbeartas eachtrach a chinneadh, gan aon chur isteach ón taobh amuigh; á iarraidh go ndéanfaí na Comhaontuithe Comhlachais leis an tSeoirsia, leis an Moldóiv agus leis an Úcráin a chur chun feidhme go hiomlán mar aon leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe leis an Airméin; á chur i bhfios go láidir gur gá leanúint ar aghaidh leis an gcaibidlíocht ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir AE agus an Asarbaiseáin i gcomhréir leis na coinníollacha a leag Parlaimint na hEorpa amach i moladh uaithi an 4 Iúil 2018 maidir leis an gcaibidlíocht ar an gComhaontú Cuimsitheach idir AE agus an Asarbaiseáin ([10]); ag tathant ar thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, agus go háirithe na tíortha sin a roghnaigh bealach an daonlathais agus na lánpháirtíochta Eorpaí, a áirithiú go gcloífear leis na saoirsí bunúsacha, cearta an duine agus an smacht reachta agus leanúint de na hathchóirithe sóisialta, eacnamaíocha agus polaitiúla is gá a chur chun feidhme; á chur in iúl gur geal léi Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún an 18 Márta 2020 dar teideal *Eastern Partnership policy beyond 2020 – Reinforcing Resilience – an Eastern Partnership that delivers for all* [Beartas Comhpháirtíochta an Oirthir tar éis 2020 – Athneartú na hAthléimneachta – Comhpháirtíocht an Oirthir a dhéanfaidh beart do chách] (JOIN(2020)0007); ag athdhearbhú go bhfuil tacaíocht an Aontais do thuilleadh lánpháirtithe ag brath ar dhul chun cinn nithiúil maidir leis na hathchóirithe sin; ag tacú le prionsabal na coinníollachta agus na difreála atá ag AE, lena n-áirítear dreasachtaí; á chur i bhfáth nach féidir an rath ar thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a léiriú agus a dhaingniú ach amháin trí phróiseas lánpháirtithe AE, agus gur féidir leis a thaispeáint do mhuintir na Rúise freisin cé na buntáistí socheacnamaíocha a d'fhéadfadh teacht as athchóirithe de chineál Eorpach; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle leas a bhaint as an gcruinniú mullaigh de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir atá ar na bacáin chun teachtaireacht láidir tacaíochta a chur chuig ár gcomhpháirtithe; á iarraidh ar cheannairí AE a áirithiú go rannchuideoidh na cúig sprioc fhadtéarmacha agus na 10 sprioc nua le haghaidh 2025, tríd an gcistiú a chuirfear ar fáil faoin bplean eacnamaíoch agus infheistíochta a moladh i mí an Mheithimh 2021, go mór leis an téarnamh sóisialta agus eacnamaíoch ó phaindéim COVID-19, go neartóidh siad na naisc eacnamaíocha agus go mbunóidh siad bealaí trádála idir AE agus na tíortha comhpháirtíochta;

41. ag cáineadh rannpháirtíocht dhíreach agus indíreach na Rúise agus gníomhaithe seachtracha eile i gcoinbhleachtaí armtha mar aon leis na hionsaithe hibrideacha, na forghabhálacha agus na méaduithe ar fhórsaí míleata laistigh den réigiún nó ar a cuid teorainneacha leis an réigiún; á chur i bhfios go láidir gur gá go mbeadh AE agus ECAT araon i láthair go fisiciúil sa réigiún de dheasca na bagartha leanúnaí atá i ngar dúinn; ag tacú le neartú an chomhair idir AE agus tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir i réimse na slándála agus na cosanta, go háirithe maidir le réiteach síochánta ar choinbhleachtaí réigiúnacha a chur chun cinn, aghaidh a thabhairt ar bhagairtí hibrideacha, ar chibirionsaithe, ar bhréagaisnéis agus ar fheachtais bholscaireachta, stop a chur le trasnaíocht tríú páirtithe sna próisis dhaonlathacha agus cur le teacht aniar na sochaí; ag aithint go bhfuil na trí chomhpháirtí chomhlachaithe cóineasaithe le CBES agus ag tacú le comhar feabhsaithe i réimse CBSC, lena n-áirítear rannpháirtíocht in PESCO má chomhlíontar na coinníollacha;

42. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an chaoi a bhfuil cúrsaí sa Bhealarúis; ag cáineadh go láidir na ngníomhartha foréigin i gcoinne na n-agóideoirí síochánta agus á iarraidh go scaoilfí saor láithreach agus gan choinníoll na príosúnaigh pholaitiúla go léir, a gabhadh roimh an toghchán uachtaránachta, mar dhea, ar an 9 Lúnasa 2020 agus ina dhiaidh, agus go dtarraingeofaí siar na cúiseanna ina leith; á athdhearbhú nach dtugann sí aitheantas do Aliaksandr Lukashenka mar uachtarán na Bealarúise; á iarraidh ar an gComhairle na smachtbhannaí is déine agus is leithne is féidir a chur chun feidhme gan mhoill, agus i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta, in aghaidh lucht na calaoise toghcháin, an fhoréigin agus na géarleanúna sa Bhealarúis agus in aghaidh na ndaoine aonair agus na n-eintiteas a eagraíonn na gníomhaíochtaí a fhágann go mbíonn sé níos éasca ar dhaoine teorainneacha seachtracha AE a thrasnú, nó a chabhraíonn leis na gníomhaíochtaí sin; á iarraidh ar an gComhairle níos mó comhordú idirnáisiúnta a dhéanamh a bhfuil sé mar aidhm leis an deachtóir agus a réimeas a scoitheadh amach tuilleadh; ag cáineadh go láidir na n-ionsaithe hibrideacha atá déanta ag réimeas Lukashenka i gcoinne an Aontais, lena n-áirítear leas a bheith á bhaint as imircigh neamhrialta ag teorainneacha seachtracha AE agus as daoine mar uirlis chun críoch polaitiúil, gníomh a sháraíonn na noirm idirnáisiúnta; ag tathant ar AE agus a Bhallstáit freagairt go pras do na bagairtí atá ag teacht chun cinn i gcomhréir le dlí AE agus na hoibleagáidí

([10]) IO C 118, 8.4.2020, lch. 158

idirnáisiúnta agus a chomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES) agus a bheartais imirce agus tearmainn a chur in oiriúint do na dúshláin nua; ag seasamh i ndlúthpháirtíocht leis na Ballstáit a bhfuil na bagairtí sin orthu; á chur in iúl gur cúis bhuartha di imscaradh trúpaí Rúiseacha ar mhórscála sa Bhealarúis, á mheas gur bagairt an méid sin don tslándáil Eorpach agus do cheannasacht na Bealarúise, agus á iarraidh go dtarraingeoidís siar láithreach agus go n-urramófaí an cheannasacht sin; á chur i bhfáth go bhfuil sí go daingean ar son an daonlathais sa Bhealarúis agus á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé go mbeadh níos mó teagmhála ann le hionadaithe na sochaí sibhialta agus an fhreasúra dhaonlathaigh sa Bhealarúis; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá ardán Pharlaimint na hEorpa sa chomhrac i gcoinne na saoirse ó phionós sa Bhealarúis agus ag moladh go n-úsáidfí na modhanna dlíthiúla uile atá ar fáil chun Lukashenka agus lucht a réimis a thabhairt os comhair na cúirte;

43. á chur i bhfáth gur gá do AE agus do na Ballstáit níos mó rannpháirtíochta a dhéanamh i gCugas Theas ar mhaithe le seasmhacht agus rathúnas an réigiúin agus chun cur i gcoinne thionchar na gcumhachtaí réigiúnacha agus an chur isteach uathu; á chur in iúl gur geal léi an méid atá déanta ag Uachtarán na Comhairle Eorpaí chun an ghéarchéim pholaitiúil sa tSeoirsia a mhaolú; ag féachaint air mar ghníomh ceannaireachta de chuid AE agus á iarraidh go mbeadh cur chuige den chineál céanna ann i leith na ngéarchéimeanna agus na gcoinbhleachtaí i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir agus níos faide i gcéin; ag tacú le hiomláine chríochach na Seoirsia agus ag cáineadh fhorghabháil na Rúise ar chríocha na Seoirsia, lena n-áirítear Réigiún na hAbcáise agus Tskhinvali/na hOiséite Theas; ag meabhrú a cuid oibleagáidí idirnáisiúnta don Rúis faoi chomhaontú sosa cogaidh 2008 a ndearna AE idirghabháil ann faoi Uachtaránacht na Fraince; á iarraidh ar an Rúis gníomhú ar bhealach cuiditheach agus dul chun cinn a cheadú i bPlé Idirnáisiúnta na Ginéive; á iarraidh ar an Rúis stop a chur leis na sáruithe atá sí a dhéanamh ar chearta an duine i gcríocha na Seoirsia atá faoi fhorghabháil agus á mheabhrú do Chónaidhm na Rúise go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil uirthi mar an chumhacht a fheidhmíonn "rialú éifeachtach", mar a cuireadh in iúl sa rialú ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine sa chás *An tSeoirsia* v *an Rúis* (II) ([11]); ag cáineadh ghníomhaíochtaí gríosaithe na bhfórsaí forghabhála, lena n-áirítear fuadach saoránach de chuid na Seoirsia mar aon leis an marú, an choinneáil neamhdhleathach agus an teorannú leanúnach atá ar bun; á iarraidh ar AE, ar a chuid Ballstát agus ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí oibriú go gníomhach i gcomhar le chéile chun teacht ar réiteach buan idir an Airméin agus an Asarbaiseáin maidir leis an Nagarna-Carabaic agus cosc a chur le géarú eile ar an teannas sa réigiún, go háirithe trí bhrú a chur ar an Asarbaiseáin agus ar an Airméin aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna iarchogaidh, lena n-áirítear líniú na dteorainneacha agus go scaoilfí saor gach príosúnach cogaidh atá fós i ngéibheann; ag tabhairt dá haire gurb é Grúpa Mhionsc san Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) an t-aon eagraíocht atá aitheanta go hidirnáisiúnta le haghaidh an choinbhleacht sin a réiteach, ar bhonn phrionsabail na hiomláine críochaí, an fhéinchinntiúcháin agus na gceart comhionann, agus ar an mbonn nach n-úsáidfí an lámh láidir agus go bhfaighfí réiteach síochánta ar choinbhleachtaí; á iarraidh go bhfillfeadh sé ar a ról idirghabhála gan mhoill;

44. ag athdhearbhú go gcáineann sí go láidir beartais ionsaitheacha na Rúise i leith na hÚcráine, go háirithe an tóstal míleata gan fasach ar theorainneacha na hÚcráine, in Donbas atá faoi fhorghabháil agus i leithinis ghafa na Crimé agus, sa Bhealarúis, an tacaíocht airgeadais agus mhíleata leanúnach d'fhoirmíochtaí armtha in Donbas, forghabháil neamhdhleathach Phoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus chathair Sevastopol, imshuí Muir Mheoid, agus na cibirionsaithe leantacha agus ionsaithe hibrideacha eile i gcoinne na hÚcráine; á chur i bhfios go láidir gurb ionann tóstal míleata na Rúise agus bagairt ar an tsíocháin, ar an gcobhsaíocht agus ar an tslándáil san Eoraip; á iarraidh ar Rialtas na Rúise a fhórsaí a tharraingt siar ó theorainneacha na hÚcráine agus scor de bhagairt a chur ar na críocha máguaird; á chur i bhfáth go mbeidh smachtbhannaí polaitiúla, eacnamaíocha, airgeadais agus pearsanta i gcoinne Chónaidhm na Rúise, a geilleagair agus a cinnteoirí mar thoradh ar ionsaitheacht bhreise Rúiseach i gcoinne na hÚcráine; á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh an tArdán Idirnáisiúnta maidir leis an gCrimé agus á iarraidh ar institiúidí AE, ar na Ballstáit agus ar na comhpháirtithe uile atá ar aon intinn leo páirt ghníomhach a ghlacadh sa tionscnamh sin a bhfuil sé mar aidhm leis iomláine chríochach na hÚcráine a chur ar bun arís; á athdhearbhú go dtacaíonn sí le Mejlis phobal Tatarach na Crimé arb é an t-aon chomhlacht amháin é atá aitheanta go hidirnáisiúnta a dhéanann ionadaíocht ar Thataraigh na Crimé agus ag moladh an tseasaimh dhochloíte atá glactha ag saoránaigh na hÚcráine sa Chrimé faoi fhorghabháil, go háirithe Tataraigh na Crimé; á iarraidh go ndéanfaí Próiseas Mhionsc a athbheochan chun deireadh a chur leis an gcoinbhleacht mhíleata in Oirthear na hÚcráine; ag tacú le hiarrataí ar chúnamh míleata agus slándála méadaithe agus inchreidte don Úcráin in earnáil na slándála agus sna hathchóirithe míleata atá á ndéanamh aici, agus ag smaoineamh ar oiliúint mhíleata a chur ar fáil d'oifigigh i bhfórsaí armtha na hÚcráine; ag aithint gur tionóladh an chéad chruinniú um an idirphlé idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir leis an gcibearshlándáil agus á iarraidh go ndéanfaí méadú ar chúnamh cibearshlándála an Aontais don Úcráin; á chur in iúl gur geal léi an plé ar Mhisean de chuid AE le haghaidh Comhairle Mhíleata agus Oiliúna san Úcráin agus ag cur a cuid tacaíochta in iúl dó;

45. ag cáineadh go láidir na ngníomhartha forleathana foréigin a thit amach i ndiaidh agóidí síochánta sa Chasacstáin i mí Eanáir 2022; á iarraidh ar údaráis na Casacstáine imscrúdú idirnáisiúnta iomlán agus neamhspleách a sheoladh maidir le sáruithe ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha le linn na corraíola;

46. ag cur béim ar a phráinní atá an t-idirphlé leantach maidir le slándáil san Eoraip idir na Stáit Aontaithe, a gcomhghuaillithe Eorpacha agus an Rúis; á áitiú go gcaithfidh AE a bheith ina chomhpháirtí lárnach sa phlé sin chun neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach gach stáit Eorpaigh a chaomhnú, bearta cothaithe muiníne a chothú agus an teannas ar mhór-roinn na hEorpa a laghdú; ag cur béim ar an bhfíoras, ag an am céanna, dá ndéanfadh

([11]) Breithiúnas ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine an 21 Eanáir 2021, *an tSeoirsia* v *an Rúis* (II).

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

Cónaidhm na Rúise ionradh ar an Úcráin, gur gá go mbeadh AE ullamh, i gcomhar leis na Stáit Aontaithe agus comhghuaillithe eile agus dlúth-chomhpháirtithe, chun smachtbhannaí forleathana a fhorchur i gcoinne na Rúise;

47. á athdhearbhú go bhfuil peirspictíocht Eorpach ag an tSeoirsia agus an Úcráin de bhun Airteagal 49 CAE agus go bhféadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar bheith ina mBallstáit den Aontas ar choinníoll go gcloíonn siad le critéir Chóbanhávan ar fad agus prionsabail an daonlathais, go n-urramaíonn siad saoirsí bunúsacha, cearta an duine agus cearta mionlach, agus go seasann siad leis an smacht reachta; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit aitheantas a thabhairt do pheirspictíocht Eorpach na Seoirsia agus na hÚcráine, a mheastar a bheith ríthábhachtach do chobhsaíocht agus do shlándáil na dtíortha, mar aon le bheith ina spreagadh dóibh leanúint d'athchóirithe inmheánacha a chur chun feidhme;

48. á chur in iúl gur geal léi teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Leas-Uachtarán/Ardionadaí an 9 Feabhra 2021 maidir leis an gcomhpháirtíocht athnuaite le comharsanacht an deiscirt ([12]) agus ag tacú leis an tsíocháin, an tseasmhacht, an rathúnas agus prionsabail an daonlathais sa réigiún; á iarraidh ar an gCoimisiún na tionscnaimh a leagtar amach sa teachtaireacht chomhpháirteach sin a chur chun feidhme go hiomlán; á chur in iúl gurb oth léi, 25 bliana tar éis thús Phróiseas Barcelona, nach bhfuil tógáil limistéir choitinn rathúnais, seasmhachta agus saoirse le tíortha Meánmhara Chomharsanacht an Deiscirt tugtha chun críche go fóill; á iarraidh an athuair, áfach, go ndéanfaí athbhreithniú domhain ar Bheartas Comharsanachta na hEorpa ina iomláine i dtaca leis an gcistiú agus an chabhair a chuirtear ar fáil do thíortha iasachta atá ar theorainn AE chun a áirithiú go ndeanfaidh na comhpháirtithe comharsanachta dul chun cinn maidir leis na hathchóirithe agus go mbeidh siad tiomanta d'idirphlé agus comhar dlúth leis an Aontas, agus chun beartais shaincheaptha a ráthú san am céanna;

49. ag meabhrú an ghealltanais atá tugtha ag AE faoi Phróiseas Síochána an Mheánoirthir agus faoi chomhaontú a thabhairt i gcrích idir an dá pháirtí, lena n-áirítear maidir le saincheisteanna a bhaineann le comhaontú i ndáil leis an stádas deiridh, ag féachaint, go háirithe, ar an ngá atá ann na dálaí ar an talamh le haghaidh réiteach síochánta dhá stát a chaomhnú, ar bhonn theorainneacha 1967, agus Iarúsailéim mar phríomhchathair ar an dá stát, agus stát slán Iosrael ann agus stát neamhspleách, daonlathach agus inmharthana na Palaistíne buailte leis, iad ag maireachtáil taobh le taobh go síochánta agus go sábháilte, ar bhonn an chirt féinchinntiúcháin agus an dlí idirnáisiúnta á urramú go hiomlán; á iarraidh, ar an ábhar sin, go gcuirfí tús arís le fíor-iarrachtaí síochána a bheadh dírithe ar thorthaí nithiúla a bhaint amach idir an dá thaobh le tacaíocht ón bpobal idirnáisiúnta; á iarraidh ar AE níos mó a dhéanamh chun an próiseas síochána idir na hIosraelaigh agus na Palaistínigh a athbheochan, lena n-áirítear trí bhearta cothaithe muiníne, trí idirphlé réigiúnach agus trí níos mó comhar trasatlantach sa réigiún mar aon le húsáid níos fearr a bhaint as an tionchar atá aige ar an dá pháirtí; á chur i bhfáth gur gá i gcónaí tacú le seirbhísí ríthábhachtacha a chur ar fáil do na milliúin teifeach Palaistíneach ar fud an Mheánoirthir; á iarraidh, dá bhrí sin, go mbeadh tacaíocht leanúnach ann ó AE agus go hidirnáisiúnta – idir thacaíocht pholaitiúil agus tacaíocht airgeadais – do Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNRWA);

50. á iarraidh go gcuirfí deireadh le gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh an bonn a bhaint d'inmharthanacht an réitigh dhá stát ar an talamh, amhail lonnaíochtaí Iosraelacha a bheith á dtógáil agus tithe agus bonneagar na bPalaistíneach a bheith á leagan sa Bhruach Thiar atá faoi fhorghabháil, lena n-áirítear in Iarúsailéim Thoir; á iarraidh go dtiocfaí ar réiteach polaitiúil chun deireadh a chur le himshuí Stráice Gaza agus leis an ngéarchéim dhaonnúil atá ann, lena n-áirítear na ráthaíochtaí riachtanacha slándála chun foréigean in aghaidh Iosrael a chosc; ag déanamh cáineadh géar ar an sceimhlitheoireacht; ag cur béim ar a thábhachtaí atá toghcháin na Palaistíne chun dlisteanacht dhaonlathach na tacaíochta atá i measc an phobail d'institiúidí polaitiúla sa Phalaistín a athbhunú;

51. á thabhairt chun suntais go bhfuil bliain ann ó tugadh Comhaontú Abraham i gcrích agus á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé don tsíocháin, don tseasmhacht agus don chomhar sa réigiún; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle tacú le normalú an chaidrimh idir Iosrael agus na Stáit Arabacha trí Chomhaontú Abraham a chur chun feidhme agus a leathnú mar rannchuidiú tábhachtach chun síocháin bhuan a bhaint amach sa Mheánoirthear; ag aithint an róil thábhachtaigh a d'imir na Stáit Aontaithe;

52. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di cúrsaí sa Liobáin agus ag tathant go láidir ar Rialtas na Liobáine feidhmiú ar bhealach inchreidte agus cuntasach atá saor ó thrasnaíocht eachtrach agus é dírithe ar an misean atá aige; á chur i bhfáth go bhfuil freagracht ar leith ar Hezbollah agus ar ghrúpaí eile as gluaiseacht phobail na Liobáine a chur faoi chois in 2019 agus as géarchéim pholaitiúil agus eacnamaíoch na Liobáine; á iarraidh ar an Iaráin gan a ladar a chur isteach i ngnóthaí inmheánacha na Liobáine agus á iarraidh go n-urramófaí ceannasacht agus neamhspleáchas polaitiúil na Liobáine; ag déanamh cáineadh géar ar na roicéid a scaoil Hezbollah ó dheisceart na Liobáine i dtreo ceantair in Iosrael ina bhfuil cónaí ar shibhialtaigh; ag diúltú d'aon ról a bheadh ag an Uachtarán Bashar al-Assad sa tSiria i ndiaidh na coinbhleachta agus í ag tagairt do Rún 2254 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe; á chur in iúl gur geal léi fiosrúcháin choiriúla atá dírithe ar al-Assad agus a chomhluadar de bharr úsáid arm ceimiceach, agus ag tacú leis na fiosrúcháin sin, agus ag éileamh go gcoinneofaí cuntasach iad as an iliomad coireanna cogaidh atá déanta acu; ag moladh do na Ballstáit an liosta díobh siúd atá faoi réir smachtbhannaí spriocdhírithe a leathnú chun oifigigh shibhialtacha agus mhíleata laistigh de réimeas Assad

([12]) JOIN(2021)0002.

a chur san áireamh ann, oifigigh a bhfuil cruthúnas ann ina leith go raibh siad páirteach i gcoireanna cogaidh, i gcoireanna in aghaidh an chine dhaonna agus i sáruithe tromchúiseacha eile; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta de chuid AE maidir leis an tsaoirse ó phionós a thíolacadh, agus caibidil ar leith ann maidir leis an tSiria; á chur i bhfáth gur cheart don phlean gníomhaíochta sin féachaint le comhordú agus comhchuibhiú níos fearr a dhéanamh ar acmhainní agus iarrachtaí na mBallstát ó thaobh coirpigh chogaidh a ionchúiseamh san Aontas;

53. á chur in iúl gur cúis imní di i gcónaí beartas eachtrach Rialtas na Tuirce atá ag éirí níos teanntásaí, rud a chuireann an tír ar neamhréir leis an Aontas ina iomláine, a Bhallstáit aonair agus na tíortha atá taobh leis arís agus arís eile; ag tabhairt dá haire, de réir Thuarascáil 2021 ón gCoimisiún maidir leis an Tuirc an 19 Deireadh Fómhair 2021 ([13]), gur choinnigh an Tuirc ráta ailínithe an-íseal i dtaca le CBES – thart ar 14 % i mí Lúnasa 2021; á mheabhrú go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas le fada maidir le cearta an duine agus an daonlathas sa Tuirc; ag tabhairt dá haire go mbeidh aon chistiú a thabharfaidh an tAontas don Tuirc faoi réir rialacha maidir le coinníollacht, lena n-áirítear urraim do phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe, don dlí idirnáisiúnta, agus do na luachanna agus prionsabail Eorpacha; á iarraidh go gcuirfí tús arís leis an idirphlé taidhleoireachta chun teacht ar réitigh inbhuanaithe ar na díospóidí sa Mheánmhuir Thoir; á aithint go mbeidh príomhleas straitéiseach ag an Aontas sa Tuirc i gcónaí agus gur gá an comhar a threisiú i réimsí leasa choitinn, agus béim ar leith á leagan ar réimsí áirithe beartais amhail an t-athrú aeráide, an fhrithsceimhlitheoireacht, an imirce, an tslándáil agus an geilleagar; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, an t-idirphlé ardleibhéil maidir leis an imirce agus an tslándáil a bhí ann le déanaí, an chéad cheann riamh, agus ag athdhearbhú a buíochais don Tuirc as ucht na milliúin imirceach agus dídeanaithe ón tSiria a óstáil; ag déanamh amach, agus an chaoi a bhfuil cúrsaí faoi láthair, gur beag seans atá ann go dtiocfaidh an Tuirc isteach san Aontas Eorpach; ag éileamh go láidir, dá bhrí sin, mura gcuirfear an treocht reatha ar mhalairt slí go práinneach agus go comhsheasmhach, gur cheart don Aontas a mholadh, i gcomhréir leis an gcreat caibidlíochta ó Dheireadh Fómhair 2005, go gcuirfí an chaibidlíocht aontachais leis an Tuirc ar fionraí go foirmiúil, ionas go bhféadfadh an dá thaobh athbhreithniú a dhéanamh, ar bhealach réalaíoch agus trí idirphlé ardleibhéil struchtúrtha, ar oiriúnacht an chreata atá ann faoi láthair agus ar a chumas feidhmiú agus féachaint ar shamhlacha cuimsitheacha nua agus malartacha a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh an chaidrimh a bheidh ann amach anseo; á mheabhrú go bhfuil an tAontas réidh le húsáid a bhaint as na hionstraimí ar fad atá ar fáil dó, lena n-áirítear smachtbhannaí, chun a chuid leasanna agus leasanna na mBallstát a chosaint agus chun an tseasmhacht réigiúnach a choinneáil;

54. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go gcuirfí an Comhaontú um Tharraingt Siar idir AE agus an Ríocht Aontaithe chun feidhme ina iomláine, lena n-áirítear an Prótacal maidir le hÉirinn agus Tuaisceart Éireann mar aon leis an gComhaontú Trádála agus Comhair; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an Prótacal chun an tsíocháin agus an tseasmhacht a chaomhnú, agus chun sláine agus dea-fheidhmiú mhargadh aonair na hEorpa a áirithiú; á chur in iúl gur geal léi na céimeanna chun Tionól Parlaiminteach Comhpháirtíochta a bhunú d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa agus Feisirí Pharlaimint na Ríochta Aontaithe, mar a fhoráiltear sa chomhaontú; á chur in iúl go bhfuil sí toilteanach i gcónaí an creat comhair idir AE agus an Ríocht Aontaithe a fhorbairt agus a neartú tuilleadh, agus go bhféadfadh comhaontú maidir leis an mbeartas slándála eachtraí agus cosanta agus saincheisteanna leasa choitinn teacht as sin; á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, a thábhachtaí atá sé go mbeadh dlúthchomhar ann idir AE agus an Ríocht Aontaithe i bhfóraim idirnáisiúnta, go háirithe sna Náisiúin Aontaithe, agus aird á tabhairt ar an iliomad luachanna agus leasanna atá i gcoiteann acu agus a chóngaraí atá siad dá chéile ó thaobh na tíreolaíochta de;

55. á chur i bhfios go láidir gur gá an comhar trasatlantach idir AE agus na Stáit Aontaithe a neartú ar bhonn comhpháirtíocht chomhionann a bheidh bunaithe ar luachanna agus cuspóirí coiteanna agus ar phrionsabal na comhpháirtíochta i saincheisteanna ceannaireachta agus freagrachta, agus neamhspleáchas, leasanna agus ardmhianta an pháirtí eile á n-urramú san am céanna; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, an ráiteas dar teideal *Towards a renewed Transatlantic partnership* [I dTreo Comhpháirtíocht Thrasatlantach Athnuaite] ó chruinniú mullaigh 2021 idir AE agus na Stáit Aontaithe, ar ráiteas é lena gcuirtear bonn maith ar fáil do chlár oibre uaillmhianach trasatlantach; ag tacú go hiomlán le sineirgí agus comhchuspóirí eachtracha agus slándála agus ag gealladh go saothróidh sí iad tríd an gcomhar a dhoimhniú tuilleadh faoi chuimsiú an idirphlé thrasatlantaigh idir AE agus SAM chun aghaidh a thabhairt ar chuid mhaith de na príomhdhúshláin dhomhanda amhail an t-athrú aeráide agus an bhagairt ó réimis fhorlámhacha agus ollsmachtacha; á chur in iúl gur geal léi gur seoladh an Chomhairle Thrasatlantach Trádála agus Teicneolaíochta; ag moladh go dtionólfaí cruinnithe mullaigh AE-SAM ar bhonn rialta chun spreagadh leanúnach a thabhairt don chomhar trasatlantach ríthábhachtach ar an leibhéal is airde; á athdhearbhú go bhfuil sí i bhfách le Comhairle Pholaitiúil Thrasatlantach a bhunú, a bheadh faoi stiúir cheannairí beartais eachtraigh an dá pháirtí; á chur i bhfios go láidir nach mór do AE a chumas chun gnímh a fhorbairt tuilleadh chun go mbeidh caidreamh láidir trasatlantach ann; á thabhairt chun suntais a riachtanaí atá sé go rachadh AE in oiriúint go pras do ról na Stát Aontaithe ar an ardán domhanda, ról atá ag athrú, chun a chuid leasanna ríthábhachtacha a chosaint agus a chuid spriocanna i dtaobh an bheartais eachtraigh a shaothrú; á chur i bhfios go láidir nach mór do AE agus do na Stáit Aontaithe a gcuid iarrachtaí a chomhordú chun dul i ngleic leis an sceimhlitheoireacht agus an radacú agus a áirithiú go dtacófar leis na hiarrachtaí sin leis na hacmhainní riachtanacha; á iarraidh ar AE agus SAM oibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí leanúnacha, atá ag dul i méid, ar chosaint agus caomhnú na hoidhreachta cultúrtha, go háirithe i limistéir choinbhleachta;

([13]) SWD(2021)0290.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

56. á chur i bhfios go láidir go bhfuil caidreamh AE leis an Afraic fíorthábhachtach chun freagairt do riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta agus a n-acmhainn iontach a fhorbairt agus chun leasanna coiteanna a shaothrú; á chur i bhfios go láidir gur cheart go léireodh an caidreamh sin leis an Afraic go bhfuil cinniúint choiteann ag an dá mhór-roinn agus gur cheart é a bheith dírithe ar dhearcadh inchreidte a chruthú, go háirithe do na glúnta is óige; á chur in iúl gur geal léi teachtaireacht chomhpháirteach an 9 Márta 2020 ón gCoimisiún agus ón Leas-Uachtarán/Ardionadaí dar teideal *Towards a comprehensive strategy with Africa* [I dtreo straitéis chuimsitheach leis an Afraic] ([14]), agus á iarraidh an athuair go mbogfaí ar aghaidh ón gcomhar idir deontóirí agus faighteoirí agus go dtaobhófaí le fíor-chomhpháirtíocht a mbeadh an fhorbairt dhaonna agus cosaint acmhainní nádúrtha ina croílár aici; á áitiú gur gá, ina leith sin, a iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí an plé le comhpháirtithe AE san Afraic a dhoimhniú – idir thíortha aonair agus eagraíochtaí réigiúnacha, amhail an Sásra Eacnamaíoch Réigiúnach agus na Comhphobail Eacnamaíocha Réigiúnacha a chomhdhéanann an tAontas Afracach (AA); á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé tacú leis an Aontas Afracach agus lena chomhchodanna réigiúnacha ina gcuid iarrachtaí struchtúr éifeachtach slándála a bhunú chun coinbhleachtaí a chosc agus a bhainistiú trí thacaíocht chuimsitheach a thabhairt, i measc nithe eile, d'oibriú an Fhórsa Fuireachais Afracaigh agus a chomhchodanna réigiúnacha; á iarraidh go ndéanfaí na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun feidhme go docht i ngach réimse den chaidreamh idir AE agus an Afraic; á chur in iúl gur geal léi gur tugadh Comhaontú Iar-Cotonou i gcrích i mí Aibreáin 2021, gur treisíodh naisc AE le tíortha Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin agus gur méadaíodh an comhar i bhfóraim iltaobhacha i dtaca leis an gClár Oibre don Fhorbairt Inbhuanaithe agus an gníomhú ar son na haeráide; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil moill ar shíniú Chomhaontú Iar-Cotonou; ag tabhairt dá haire gur ann do na comhaontuithe um athligean isteach le tíortha na hAfraice;

57. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an éiginnteacht atá ag dul i méid as cuimse i réigiún na Saiheile, rud atá ag cur isteach ar shlándáil agus dálaí maireachtála líon saoránach gan áireamh, agus an méadú ar líon na n-ionsaithe ó mhíleataigh Ioslamacha a bhfuil tionchar mór acu ar sheasmhacht an réigiúin, go háirithe Mailí agus Buircíne Fasó; á iarraidh ar AE agus ar G5 na Saiheile beart a dhéanamh chun nach gclisfidh an tslándáil sa réigiún máguaird; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, an chomhpháirtíocht athnuaite idir ECAT agus an Mháratáin, arb í príomh-chomhghuaillí réigiúnach an Aontais í agus a bhfuil a cuid fórsaí sa líne thosaigh ag comhrac na sceimhlitheoireachta sa réigiún; á cháineadh go bhfuil cuideachtaí príobháideacha míleata agus slándála san Afraic, go háirithe Grúpa Rúiseach Wagner ag a bhfuil tacaíocht na Creimile a bhfuil sáruithe forleathana ar chearta an duine déanta aige agus é ag tacú le leasanna na stát neamhdhaonlathach, rud a bhí chun aimhleasa na sibhialtach neamhchiontach agus na slándála, na cobhsaíochta agus an rathúnais i dtíortha Afracacha a bhí léirscriosta ag an gcogaíocht; á áitiú gur gá an straitéis idir AE agus an Afraic a thabhairt cothrom le dáta trí chur chuige comhtháite lenar féidir slándáil agus forbairt a áirithiú chun seasmhacht a bhaint amach sa tSaiheil, ar údar imní an chaoi a bhfuil cúrsaí ansin, agus na forbairtí a chonacthas in 2021 á gcur san áireamh agus i bhfianaise na neamhsheasmhachta atá ag dul i méid sa réigiún agus an tionchair mhóir atá ag imeachtaí sa réigiún ní hamháin ar an Afraic ach ar AE agus a Bhallstáit freisin; ag cur béim ar an bhfíoras, ar an ábhar sin, gur gá comhoibriú ar straitéis i réimsí na cosanta, na forbartha agus chothú na síochána chun cur i gcoinne fhás na jiohádach i réigiún na Saiheile agus in áiteanna eile san Afraic;

58. á chur in iúl gur cúis mhór imní di na forbairtí sa Rúis agus á athdhearbhú gur chun leasa an Aontais é an tsaoirse, an tseasmhacht agus an tsíocháin a chaomhnú ar mhór-roinn na hEorpa agus níos faide i gcéin; á chreidiúint gur cheart don Aontas oibriú i ndlúthchomhar le ECAT agus le comhpháirtithe eile chun stop a chur leis an Rúis a bheith ag déanamh gníomhaíochtaí díchobhsaithe agus treascracha san Eoraip, go háirithe sna Stáit Bhaltacha agus in Oirthear na hEorpa, lena n-áirítear trí thrasnaíocht thoghchánach, feachtais bhréagaisnéise agus tacaíocht do na páirtithe atá i bhfad amach ar an eite dheis; á thabhairt chun suntais nach mór d'údaráis na Rúise íoc go daor as an gcos ar bolg a dhéanann sí ar a cuid saoránach féin; á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil seilbh i gcónaí ag fórsaí míleata na Rúise ar chodanna den Úcráin agus den tSeoirsia, rud atá ag sárú an dlí idirnáisiúnta, go bhfuil siad fós i láthair i bPoblacht na Moldóive, agus go bhfuil an Rúis fós ag baint an bhoinn den tsíocháin agus den tslándáil sa réigiún, agus go mbaineann sí leas gníomhach as bearta hibrideacha i gcoinne tíortha daonlathacha san Eoraip; á chur in iúl gur cúis mhór imní di cur isteach na Rúise ar réigiún na mBalcán Thiar, rud a dhéanann sí trí bhearta hibrideacha lena n-áirítear feachtais bhréagaisnéise a bhfuil sé mar aidhm leo an bonn a bhaint de ról AE agus dá thiomantas do thodhchaí Eorpach na dtíortha aonair; á chur i bhfáth gur gá labhairt d'aon ghuth faoi bheartas AE sa chomhthéacs sin, lena n-áirítear maidir le smachtbhannaí a fhorfheidhmiú; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, a straitéis maidir leis an Rúis a chomhordú ar bhealach níos dlúithe leis na Ballstáit ionas go seasfaidh an tAontas gualainn ar ghualainn in aghaidh bhagairtí na Rúise; á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé molta ag Parlaimint na hEorpa go ndéanfadh AE, in éineacht leis na Ballstáit, athbhreithniú ar bheartas AE i leith na Rúise agus go bhforbródh sé straitéis chuimsitheach dá chuid ina leith; ag tathant ar AE straitéis a fhorbairt maidir leis an gcaidreamh a d'fhéadfadh a bheith ag AE leis an Rúis amach anseo agus í ina tír dhaonlathach, rud a léireodh go soiléir do mhuintir na Rúise na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an gcaidreamh sin; á chur i bhfios go láidir nach féidir aon athrú mór a dhéanamh ar an gcaidreamh leis an Rúis fad a chloíonn sí le beartais ionsaitheacha i leith AE agus na dtíortha ar a theorainn; á athdhearbhú go gcaithfidh AE a chur in iúl go mbeidh air bearta breise srianta agus díspreagtha a thabhairt isteach i leith na Rúise má leanann an Rúis ar aghaidh leis an mbeartas atá aici faoi láthair i leith na Bealarúise; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na sáruithe leanúnacha atá déanta ag an Rúis ar na comhaontuithe agus caighdeáin maidir le rialú arm, ar dá mbarr a chlis ar an gConradh maidir le Fórsaí Núicléacha le Meánraon, agus gur cúis bhuartha di na sáruithe atá déanta ag an Rúis ar an gCoinbhinsiún um Airm Cheimiceacha trí úsáid a bhaint, ar bhonn intíre agus laistigh de chríoch an Aontais, as oibreáin

([14]) JOIN(2020)0004.

néaróg de ghrád míleata; á chur i bhfios go láidir gur gá brú a chur ar Chónaidhm na Rúise cloí leis an dlí idirnáisiúnta agus le conarthaí idirnáisiúnta; ag cáineadh na húsáide a bhaineann an Rúis as acmhainní fuinnimh mar uirlis bhrú ar bhonn geopholaitiúil, go háirithe a soláthar gáis chun na Ballstát tríd an Úcráin, agus á iarraidh go ndéanfaí an spleáchas fuinnimh ar an Rúis a íoslaghdú trí éagsúlú na bhfoinsí agus na mbealaí fuinnimh a spreagadh, lena n-áirítear trí thionscadal Nord Stream 2 a stopadh; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit slándáil fuinnimh na hEorpa a neartú, go háirithe i bhfianaise an mhéadaithe thobainn a tháinig ar na praghsanna gáis agus leictreachais le déanaí; ag tathant ar an Aontas dul i mbun rannphháirtíocht níos dlúithe le muintir na Rúise, lena n-áirítear trí chuspóir "rannphháirtíochta" atá sainithe go soiléir a fhorbairt, cuspóir ar cheart dó a bheith dírithe ní hamháin ar rannphháirtíocht thraidisiúnta roghnaitheach leis an gCreimil, ach freisin ar rannphháirtíocht "straitéiseach" agus níos dinimiciúla le lucht an fhreasúra agus leis an tsochaí shibhialta sa Rúis;

59. á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht straitéiseach agus gheopholaitiúil ag baint leis an Artach don Aontas agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil an tAontas tiomanta do bheith ina ghníomhaí freagrach, agus forbairt fhadtéarmach inbhuanaithe agus shíochánta an réigiúin á lorg aige; ag cur béim ar an gcastacht ar leith a bhaineann leis na dúshláin atá roimh réigiún an Artaigh, a dteastaíonn níos mó rannphháirtíochta agus réiteach ón Aontas lena n-aghaidh, agus aird á tabhairt freisin ar eolas agus toil áitritheoirí an Artaigh, lena n-áirítear na pobail dúchais; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Leas-Uachtarán/Ardionadaí an 13 Deireadh Fómhair 2021 maidir le rannphháirtíocht níos láidre ó AE chun go mbeidh an tArtach síochánta, inbhuanaithe agus rathúil ([15]); á iarraidh ar na geallsealbhóirí uile freagairt d'éifeachtaí agus iarmhairtí an athraithe aeráide, ar cúis mhór imní iad, san Artach; á thabhairt chun suntais go mbaineann baol mór slándála sa réigiún agus níos faide i gcéin le míleatú an Artaigh agus á chur in iúl go bhfuil imní uirthi go bhféadfadh saincheisteanna slándála domhanda leathnú amach go dtí an tArtach agus go bhfuil imní uirthi faoin méadú mór atá ag teacht de réir a chéile ar fhórsaí míleata na Rúise san Artach mar aon leis an tionchar atá ag na tionscnaimh agus mianta forleathana forbartha agus bonneagair atá ag an tSín sa réigiún; ag tabhairt dá haire go bhfuil ról ríthábhachtach ag an Artach i slándáil na hEorpa ina hiomláine; á chur i bhfáth gur gá do AE fís shoiléir a bheith aige dá ról i gcúrsaí slándála san Artach agus dul i mbun comhar éifeachtach le ECAT; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé na dlíthe agus comhaontuithe idirnáisiúnta a urramú chun go mbeidh an tArtach ina réigiún ísealteannais i gcónaí; á iarraidh go dtabharfaí níos mó airde ar an gcéad chábla snáthoptaice san Artach, mar chuid de chóras néaróg an idirlín, a bhfuil oibríochtaí idirnáisiúnta faisnéise ag díriú air níos mó agus níos mó; ag moladh do bhaill na Comhairle Artaí aghaidh a thabhairt ar an méadú ar an míleatú agus ardáin a lorg chun aghaidh a thabhairt go leormhaith ar an méid sin le baill na Comhairle Artaí agus leo siúd nach baill iad; ag moladh do AE tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun stádas breathnóra a bhaint amach sa Chomhairle Artach chun go mbeidh tionchar geopholaitiúil níos láidre aige;

60. á thabhairt chun suntais gur comhpháirtí comhair agus caibidlíochta de chuid AE í an tSín, ach gur iomaitheoir í freisin i líon réimsí atá ag dul i méid, mar aon le céile córasach iomaíochta; á iarraidh an athuair, mar a cuireadh i bhfios go láidir i rún uaithi an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le straitéis nua idir AE agus an tSín ([16]), ar an Aontas straitéis níos teanntásaí, níos cuimsithí agus níos comhleanúnaí a fhorbairt idir an AE agus an tSín lena dtabharfaí na Ballstáit uile le chéile agus lena múnlófaí an caidreamh leis an tSín, agus í ag éirí níos teanntásaí agus níos idirghabhálaí, ar mhaithe leis an Aontas ina iomláine; á chur in iúl gur cheart don straitéis sin ord riailbhunaithe iltaobhach a chur chun cinn, cosaint luachanna agus leasanna an Aontais a bheith ina croílár aici agus gur cheart í a bheith bunaithe ar thrí phrionsabal: comhoibriú i gcás inar féidir, dul in iomaíocht i gcás inar gá, agus aghaidh a thabhairt ar an méid sin i gcás inar gá; á iarraidh go mbeadh comhar níos mó ann idir tíortha daonlathacha chun aghaidh a thabhairt ar an méadú ar theanntás agus diansmacht Pháirtí Cumannach na Síne;

61. ag moladh go láidir go mbeadh an Téaváin rannphháirteach mar bhreathnóir, ar bhealach fónta, i gcruinnithe, sásraí agus gníomhaíochtaí eagraíochtaí idirnáisiúnta agus go mbeadh comhar níos doimhne ann idir AE agus an Téaváin, lena n-áirítear comhaontú déthaobhach infheistíochta; á iarraidh ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus ar an gCoimisiún tús a chur go práinneach le measúnú tionchair, comhairliúchán poiblí agus réamhstaidéar maidir le comhaontú déthaobhach infheistíochta le húdaráis na Téaváine chun ullmhú don chaibidlíocht le haghaidh na naisc eacnamaíocha dhéthaobhacha a dhoimhniú; ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis mhór bhuartha di, gurbh ann do léiriú fórsa le déanaí agus gur mhéadaigh ar theannais sna teophointí réigiúnacha amhail Muir na Síne Theas agus Thoir agus Caolas na Téaváine; á chur in iúl gur cúis mhór imní di inlíochtaí leanúnacha na Síne i gCaolas na Téaváine, lena n-áirítear na hinlíochtaí sin atá dírithe ar an Téaváin nó a tharlaíonn i Zón Aitheantais Aerchosanta na Téaváine; á iarraidh ar Dhaon-Phoblacht na Síne stop a chur leis an mbuaileam sciath sin, arb ionann é agus bagairt thromchúiseach ar an tsíocháin agus an tseasmhacht i gCaolas na Téaváine agus sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach; á athdhearbhú gur cheart an caidreamh idir an tSín agus an Téaváin a fhorbairt ar bhealach cuiditheach trí idirphlé; á chur i bhfáth go bhfuil sí i gcoinne aon ghníomhaíocht aontaobhach a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de *status quo* Chaolas na Téaváine; á chur i bhfáth nár cheart aon athrú a dhéanamh ar an gcaidreamh traschaolais i gcoinne thoil shaoránaigh na Téaváine; ag tathant ar AE agus a Bhallstáit ról réamhghníomhach a ghlacadh i ndáil le hoibriú le comhpháirtithe idirnáisiúnta atá ar aon intinn leis chun síocháin agus cobhsaíocht ar fud Chaolas na Téaváine a shaothrú, agus comhpháirtíochtaí a chur ar bun le rialtas daonlathach na Téaváine;

([15]) JOIN(2021)0027.
([16]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0382.

62. ag cáineadh go láidir na sáruithe atá á ndéanamh go leanúnach ar chearta an duine sa tSín, go háirithe i gcoinne mionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha, atá dírithe den chuid is mó ar Mhoslamaigh ar Uigiúraigh iad, ar Chríostaithe agus ar Thibéadaigh, ach ag cáineadh na mbeart dianteannta in aghaidh an daonlathais agus na saoirse in Macao agus i Hong Cong freisin, lena n-áirítear tríd an dlí danartha maidir leis an tslándáil náisiúnta a fhorchur in 2020; ag cáineadh iompar ionsaitheach na Síne i Muir na Síne Theas agus Thoir a bhfuil tionchar aige ar shaoirse na loingseoireachta, mar aon le seasamh athbhreithnitheach na Síne san Áise Thoir, as ar eascair roinnt coinbhleachtaí teorann leis na tíortha thart uirthi;

63. ag athdhearbhú an ghéarcháinte atá déanta aici ar na smachtbhannaí treallacha agus gan bhunús atá curtha ag údaráis na Síne ar roinnt daoine aonair agus eintiteas ón Eoraip, lena n-áirítear cúigear Feisirí de Pharlaimint na hEorpa; á iarraidh an athuair ar Rialtas na Síne deireadh a chur leis na bearta sriantacha sin nach bhfuil aon údar leo;

64. ag cáineadh ghníomhaíochtaí Dhaon-Phoblacht na Síne i Hong Cong agus á chur i bhfios go láidir, maidir leis an mbonn a bheith á bhaint go leanúnach ó fhéinriail Hong Cong, go bhfuil sé sin in aghaidh oibleagáidí na Síne faoi chonarthaí iltaobhacha agus faoin dlí idirnáisiúnta, agus ní hamháin sin ach go gcaitheann sé amhras ar ról Bhéising mar chomhpháirtí inchreidte freisin; ag athdhearbhú a tiomantais do na smachtbhannaí spriocdhírithe faoi Chóras Domhanda Smachtbhannaí AE i ndáil le Cearta an Duine arna gcur ar na hoifigigh ón tSín a bhfuil baint acu le sáruithe ar chearta an duine i Hong Cong agus in Xinjiang, agus ag tathant arís ar an gComhairle smachtbhannaí spriocdhírithe a ghlacadh, lena n-áirítear toirmisc taistil agus reo sócmhainní a chur chun feidhme i gcás daoine aonair agus eintitis i Hong Cong agus i nDaon-Phoblacht na Síne as sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine agus ar an dlí idirnáisiúnta i Hong Cong; á iarraidh ar na Ballstáit sin a bhfuil conarthaí eiseachadta acu fós leis an tSín agus le Hong Cong eiseachadadh aonair a chur ar fionraí cibé áit a gcuireann eiseachadadh duine i mbaol céastóireachta nó cóireáil nó pionós cruálach, mídhaonna nó táireach, áit a mbeadh ar an duine sin aghaidh a thabhairt ar chúisimh ar chúiseanna a spreagtar go polaitiúil, i gcásanna eile ina ndíreofaí ar mhionlaigh eitneacha, ionadaithe ón bhfreasúra ar son an daonlathais i Hong Cong agus easaontóirí i gcoitinne, agus cibé áit a sáródh sé sin oibleagáidí AE faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine;

65. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go n-oibreodh AE i gcomhar lena chomhpháirtithe trasatlantacha chun imscrúdú neamhspleách seachtrach a dhéanamh ar bhunúis an víris COVID-19 a tháinig as Wuhan na Síne, chun teacht ar fhreagraí agus léargais a bhfuil géarghá leo i dtaca leis an gcaoi a bhféadfaí cosc a chur le tubaistí domhanda amach anseo a mbeadh tionchar díreach acu ar an mbeartas eachtrach agus slándála;

66. ag déanamh cáineadh ar an gcaoi ar chomhéignigh Páirtí Cumannach na Síne an Liotuáin agus Ballstáit agus comhpháirtithe eile de chuid AE, agus á iarraidh go mbeadh dlúthpháirtíocht níos mó ann le tíortha ar chomhéignigh Páirtí Cumannach na Síne iad, lena n-áirítear trí chomhoibriú lenár gcomhghuaillithe daonlathacha i dtaca lenár margaí a oscailt do na geilleagair atá thíos le comhéigean eacnamaíoch Pháirtí Cumannach na Síne; á chur in iúl gur geal léi cinneadh an Choimisiúin cás a sheoladh i gcoinne na Síne in EDT chun an Liotuáin a chosaint.

67. á chur in iúl gur geal léi gur fhógair Uachtarán an Choimisiúin pleananna chun teachtaireacht chomhpháirteach nua a thíolacadh maidir le comhpháirtíocht le réigiún na Murascaille; á iarraidh ar an Aontas straitéis chomhleanúnach a thíolacadh le haghaidh rannpháirtíocht chothromaithe an Aontais sa réigiún, agus slándáil agus comhar réigiúnach á gcur chun cinn mar phríomhchuspóir straitéiseach; ag tabhairt dá haire gur cheart go bhféachfaí leis an rannpháirtíocht sin le sineirgí a chothú le gníomhaithe réigiúnacha, amhail trí Chomhdháil Bhagdad um Chomhar agus um Chomhpháirtíocht agus trí níos mó tacaíochta ó AE do na tionscnaimh thaidhleoireachta den dara conair (Track II) ina mbeadh an lucht acadúil, an tsochaí shibhialta, ceannairí reiligiúnacha agus gníomhaithe eile rannpháirteach; á chur in iúl gur údar misnigh aici maolú an teannais idir an Iaráin agus an Araib Shádach agus á iarraidh ar an dá thír an próiseas le haghaidh caidreamh iomlán taidhleoireachta a athbhunú a thabhairt chun críche go pras; á athdhearbhú gurb é tosaíocht an Aontais an Plean Cuimsitheach Comhpháirteach Gníomhaíochta (JCPOA) a athbheochan mar ábhar slándála don Eoraip agus don réigiún; á mheabhrú gurb é JCPOA an t-aon bhealach amháin chun stop a chur le gníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá ag cothú imní; ag moladh ról an Leas-Uachtaráin/Ardionadaí agus SEGS san idirghabháil idir na Stáit Aontaithe agus an Iaráin féachaint le JCPOA a athbheochan; á iarraidh ar na Stáit Aontaithe agus ar an Iaráin dul i mbun caibidlíocht fhónta féachaint le JCPOA a chomhlíonadh arís; á áitiú gurb é an bealach chun JCPOA a athbheochan ná, ar thaobh amháin, go gcomhlíonfadh an Iaráin a cuid oibleagáidí ar fad faoi JCPOA agus, ar an taobh eile, go gcuirfeadh na Stáit Aontaithe deireadh lena gcuid smachtbhannaí ar fad a bhaineann le JCPOA; ag tabhairt dá haire gur gá aghaidh a thabhairt ar na gníomhaíochtaí urchóideacha agus díchobhsaithe níos leithne atá ar bun ag an Iaráin ar fud an Mheánoirthir agus níos faide i gcéin, lena n-áirítear ar chríoch na mBallstát, agus cur ina gcoinne; á chur i bhfáth nach mór coimircí leordhóthanacha a bheith san áireamh in aon chomhaontú leis an Iaráin ionas nach mbeidh an Iaráin in ann airm núicléacha a fháil; á chur in iúl gur cúis mhór imní di gur tuairiscíodh nach bhfuil rochtain ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA) ar a cuid trealaimh faireacháin agus faireachais i stáisiúin agus láithreáin núicléacha san Iaráin, rud a chuireann bac mór ar chumas IAEA gníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine a fhíorú agus faireachán a dhéanamh orthu,

agus go bhfuil ceist na gcoimircí fós gan réiteach le dhá bhliain anuas; ag cáineadh na sáruithe atá déanta ag an Iaráin ar chearta an duine i measc a muintire féin mar aon le clár na ndiúracán balaistíoch agus na gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta sa réigiún;

68. á chur i bhfios go láidir gur oscailt súl do AE an chaoi a bhfuil cúrsaí san Afganastáin agus go gcaithfidh sé athmheasúnú a dhéanamh ar an gcur chuige idirnáisiúnta i leith tógáil náisiúin thar lear, sainmhíniú as an nua a dhéanamh ar bhonn straitéiseach ar chur chuige comhtháite a chuid beartas seachtrach, níos mó freagrachta a ghlacadh air féin as an tslándáil dhomhanda agus tuilleadh ceannasachta a lorg ina bheartas eachtrach agus slándála; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an staid uafásach dhaonnúil, pholaitiúil, eacnamaíoch agus slándála san Afganastáin, go háirithe ós rud é go bhfuil an-ocras ar dhuine as gach triúr de mhuintir na hAfganastáine; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS dlús a chur leis an gcabhair dhaonnúil agus na huirlisí uile atá ar fáil a úsáid chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar chosaint ag na hAfganastánaigh atá i mbaol; á chur i bhfios nach mór do réimeas an Talaban freagracht agus cuntasacht a ghlacadh as beatha daoine agus maoin a chosaint agus an tslándáil, an t-ord sibhialta agus seirbhísí poiblí a athbhunú; á athdhearbhú go bhfuil sé de cheart ag mná agus cailíní na hAfganastáine, daoine atá ag obair leis an tsochaí shibhialta san Afganastáin, cosantóirí chearta an duine, gníomhaithe polaitiúla, iriseoirí, an lucht acadúil, ealaíontóirí, mionlaigh reiligiúnacha agus eitneacha agus grúpaí eile atá i mbaol, ar nós gach duine san Afganastáin, maireachtáil faoi shábháilteacht agus faoi shlándáil, saol lándínite a chaitheamh agus rochtain iomlán a bheith acu ar an oideachas agus ar an saol poiblí, agus á chur in iúl gur geal léi an tacaíocht fhorleathan idirnáisiúnta atá ann dá gcearta agus dá saoirsí; á iarraidh go ndéanfaí níos mó de mhuintir na hAfganastáine atá i mbaol a aslonnú, go háirithe breithiúna mná, cosantóirí chearta an duine, iriseoirí, foireann áitiúil agus daoine eile atá i mbaol mar gheall ar a gcuid gníomhaíochtaí ó thaobh an daonlathas agus saoirsí bunúsacha a chur chun cinn; á iarraidh ar an Aontas an méid a baineadh amach le 20 bliain anuas a chaomhnú agus a áirithiú nach mbeidh an Afganastáin ina tearmann do ghrúpaí sceimhlitheoireachta arís; á iarraidh ar AE grinnscrúdú críochnúil a dhéanamh ar an tréimhse 20 bliain san Afganastáin agus ceachtanna a fhoghlaim uaithi agus go ndéanfaí straitéis chuimsitheach cheachtbhunaithe de chuid AE a fhorbairt láithreach bonn don Afganastáin agus do na tíortha thart uirthi; ag cur béim ar a thábhachtaí atá an comhar le tíortha comharsanachta agus réigiúnacha chun slándáil dhomhanda agus seasmhacht réigiúnach a áirithiú, agus é á chur san áireamh san am céanna nach raibh na spriocanna céanna ag comharsana uile na hAfganastáine agus na cumhachtaí réigiúnacha agus a bhí ag an gcomhghuaillíocht a bhí faoi stiúir na Stát Aontaithe; á thabhairt chun suntais, ina leith sin, go raibh ról tábhachtach ag tíortha áirithe ó thaobh Eorpaigh a aisdúichiú agus Afganastánaigh a bhí mbaol a aslonnú, go háirithe trí bhrú mhór taidhleoireachta a chur ar fhórsaí an Talaban;

69. á chur in iúl gur geal léi tiomantas athnuaite an Aontais don réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach agus go n-aithnítear go bhfuil an tábhacht atá leis do leasanna AE ag dul i méid, mar a luitear i dTeachtaireacht Chomhpháirteach an 16 Meán Fómhair 2021 ón Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus ón gCoimisiún i ndáil le straitéis AE maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach ([17]) agus i gConclúidí ón gComhairle an 19 Aibreán 2021 maidir leis an ábhar céanna; ag moladh go mbeadh comhar níos láidre ann le tíortha sa réigiún, go háirithe an tSeapáin, Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN), an Astráil, an Nua-Shéalainn agus an Chóiré; ag aithint na dianiomaíochta geopholaitiúla agus na ndíospóidí críochacha sa réigiún, arb é an méadú ar theanntás na Síne i leith na dtíortha thart uirthi is cúis leo den chuid is mó; á iarraidh ar na páirtithe uile cloí le prionsabail an dlí idirnáisiúnta, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le rannpháirtíocht straitéiseach fhadtéarmach sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach agus gur gá sásraí cuimsitheacha agus straitéiseacha um idirphlé déthaobhach agus iltaobhach a bhunú le tíortha an réigiúin Ind-Chiúin-Aigéanaigh agus le sochaithe na dtíortha sin, go háirithe le tíortha atá ar aon intinn le AE amhail an tSeapáin, an Chóiré Theas, an Astráil agus an Nua-Shéalainn i measc tíortha eile; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an tslándáil agus an tseasmhacht sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach do rathúnas agus slándáil AE; ag tabhairt dá haire gur ann do chomhpháirtíochtaí nua atá ag teacht chun cinn sa réigiún amhail an comhaontas míleata tríthaobhach idir an Astráil, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe (AUKUS) agus á chur in iúl gurb oth léi gur cruthaíodh an chomhpháirtíocht sin le leibhéal íseal comhordaithe;

70. á thabhairt chun suntais go bhfuil tionchar réigiúnach agus geopholaitiúil na hIndia ag méadú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil rannpháirtíocht pholaitiúil de dhíth chun an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an India a threisiú agus chun acmhainneacht iomlán an chaidrimh dhéthaobhaigh a scaoileadh; á athdhearbhú go bhfuil gá le comhpháirtíocht níos doimhne ar cheart di a bheith bunaithe ar luachanna coiteanna agus ar lánurraim do chearta an duine; ag aithint gur comhpháirtí tábhachtach í an India do AE mar gheall ar shuíomh na tíre agus an príomhról atá aici i réimsí bunúsacha; á chur i bhfios go bhfuil an chomharsanacht Indiach agus an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach níos mó mar limistéar ina bhfuil an tSín, lena beartas agus a spriocanna forleathnaithe, ag cruthú dúshláin straitéiseacha, gheopholaitiúla, eacnamaíocha agus tráchtála atá ag fás;

71. á iarraidh go gcuirfí dlús leis an gcomhar lenár gcomhpháirtithe i Meiriceá Laidineach agus go gcuirfí feabhas air; á chreidiúint go bhfuil caidreamh neartaithe le Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib fíorthábhachtach do straitéis gheopholaitiúil an Aontais ar domhan; á chur i bhfáth gur gá don Aontas na naisc lena dtugtar an tAontas agus tíortha Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib le chéile a neartú, go háirithe ó thaobh an t-ord riailbhunaithe iltaobhach a chosaint; á iarraidh ar AE gach uirlis atá ar fáil a úsáid chun a chomhar leis na comhpháirtithe i Meiriceá Laidineach agus

([17]) JOIN(2021)0024.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

Muir Chairib a dhoimhniú; ag tathant ar an Aontas a sheasamh mar chomhpháirtí tosaíochta thíortha Mheiriceá Laidinigh a fháil ar ais i bhfianaise na ngníomhaithe geopholaitiúla eile atá ag dul i méid sa réigiún, go háirithe mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus an taidhleoireacht maidir le vacsaíní; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit beartais níos teanntásaí a chur chun feidhme i leith réimis fhorlámhacha a bhfuil tairbhe bainte acu as an gcaidreamh atá acu le AE agus a bhfuil cearta agus saoirsí a gcuid saoránach tarraingthe ó chéile nó sáraithe acu nó a bhfuil cosc díreach curtha acu leo;

***An mhaoirseacht, an grinnscrúdú agus an chuntasacht dhaonlathach a neartú mar aon leis an ngné pharlaiminteach de CBES an Aontais***

72. á thabhairt chun suntais rannchuidiú sonrach Pharlaimint na hEorpa le beartas eachtrach agus slándála an Aontais trína cuid sócmhainní taidhleoireachta parlaimintí, mar shampla trí na tuarascálacha agus na rúin a thagann uaithi, an gréasán mór buanchomhlachtaí idirpharlaiminteacha atá aici, a hidirphlé polaitiúil le sealbhóirí oifige ar fud an domhain agus a cuid gníomhaíochtaí tacaíochta daonlathais, idirghabhála agus breathnóireachta toghcháin; ag déanamh tagairt dá misean aimsithe fíoras chuig an Úcráin i mí Feabhra 2022 mar eiseamláir de fhreagrúlacht a taidhleoireachta parlaimintí; á dhearbhú gur cheart do Pharlaimint na hEorpa leas iomlán a bhaint as a cuid cumhachtaí maoirseachta agus buiséadacha i gcinntí an Aontais ar an leibhéal idirnáisiúnta; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá cláir tacaíochta daonlathais Pharlaimint na hEorpa, cláir a bhfuil an-chumas iontu ról AE ar fud an domhain a neartú trí rannpháirt a thabhairt do na príomh-gheallsealbhóirí polaitiúla agus tríd an rialachas daonlathach inbhuanaithe a éascú i dtíortha atá lasmuigh de AE;

73. á chur i bhfios go láidir go bhfuil idirphlé polaitiúil agus teicniúil idir parlaimintí ríthábhachtach agus nach mór é a chomhordú go maith le gníomhaíochtaí an fheidhmeannais; á chur i bhfáth, dá réir sin, a thábhachtaí atá sé an fhaisnéis chuí go léir a mhalartú go seolta idir na hinstitiúidí i réimse CBES, lena n-áirítear faisnéis rúnda ábhartha a mhalartú, ar mhaithe le héifeachtacht ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais ina hiomláine agus CBES níos cuntasaí;

74. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an mhaoirseacht pharlaiminteach ar ghníomhaíocht sheachtrach AE a chumasú agus a neartú, lena n-áirítear trí leanúint leis na comhairliúcháin rialta leis an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus leis an gCoimisiún; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról tábhachtach ag an maoirseacht sin chun dea-fheidhmiú dhaonlathas na hEorpa agus muinín an phobail a áirithiú; á chur i bhfáth go bhféadfadh an mhaoirseacht sin a bheith mar thúsphointe i dtreo ról institiúideach níos láidre do Pharlaimint na hEorpa in CBES; á iarraidh go dtabharfaí chun críche go pras na caibidlíochtaí chun comhaontú nua a chur in ionad Chomhaontú Idirinstitiúideach 2002 maidir le rochtain Parlaimint na hEorpa ar fhaisnéis íogair de chuid na Comhairle i réimse an bheartais slándála agus cosanta ([18]); á iarraidh go ndéanfaí comhordú ar sheirbhísí slándála agus faisnéise na mBallstát;

75. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá na Comhthionóil Pharlaiminteacha mar spásanna le haghaidh comhair agus idirphlé institiúideach agus go rannchuidíonn siad ar bhealach luachmhar le gníomhaíocht eachtrach AE i gcúrsaí slándála mar aon leis an ngá atá ann a ngníomhaíocht a chur chun cinn agus a bhfeidhmiú agus a bhforbairt chuí a áirithiú; á iarraidh go neartófaí an mhaoirseacht a dhéanann Parlaimint na hEorpa ar obair Thoscaireachtaí AE ó thaobh ionadaíocht a dhéanamh ar luachanna agus prionsabail AE thar lear agus ó thaobh comhlíonadh leasanna AE a bhaint amach gan neamhaird a dhéanamh den chur chuige bunaithe ar chearta an duine; á thabhairt chun suntais a riachtanaí atá sé go mbeadh na hacmhainní agus na cumais uile is gá agus is iomchuí ag Toscaireachtaí AE chun gníomhú go héifeachtach sna cúraimí sin;

76. á iarraidh go mbainfí leas iomlán as rannpháirtíocht mhéadaithe Pharlaimint na hEorpa i gclársceidealú na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta ("An Eoraip Dhomhanda") agus IPA III; á chur in iúl gur geal léi gur tugadh isteach Idirphlé Geopholaitiúil Ardleibhéil débhliantúil le haghaidh ionstraimí maoinithe sheachtraigh mar uirlis ríthábhachtach chun ní amháin grinnscrúdú a dhéanamh ach chun tosaíochtaí beartais eachtraigh an Aontais a mhúnlú go gníomhach freisin; á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé mar aidhm leis an idirphlé geopholaitiúil sin é a chur ar chumas Pharlaimint na hEorpa treoshuíomhanna, stiúradh straitéiseach agus treoir a chur ar fáil chun gur féidir tosaíochtaí téamacha agus geografacha na hionstraime "An Eoraip Dhomhanda" agus IPA III a chlársceidealú agus a chur chun feidhme; ag éileamh, áfach, go bhfaigheadh Parlaimint na hEorpa na doiciméid ábhartha ullmhúcháin in am tráth agus go mbeadh leibhéal leormhaith sonraí iontu chun grinnscrúdú fiúntach a dhéanamh; á iarraidh go gcuirfí feabhas ar an trédhearcacht i gcur chun feidhme na n-ionstraimí maoinithe trí bhunachar sonraí aonair coiteann atá poiblí agus trédhearcach a chruthú le haghaidh tionscadal agus gníomhaíochtaí;

([18]) IO C 298, 30.11.2002, lch. 1.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

77. ag meabhrú don Chomhairle go bhfuil sé de cheart ag Parlaimint na hEorpa go gcuirfí ar an eolas í faoi gach céim de na nósanna imeachta a bhaineann leis an gcaibidlíocht ar chomhaontuithe idirnáisiúnta agus a dtabhairt i gcrích agus go bhfuil saincheart aici toiliú a dheonú do na comhaontuithe sin nó an toiliú sin a choinneáil siar; á chur in iúl go bhfuil rún daingean aici na cumhachtaí sin a úsáid, mar a shainítear sna Conarthaí iad, chun trédhearcacht agus maoirseacht dhaonlathach na gcomhaontuithe idirnáisiúnta a ndéantar caibidlíocht orthu thar ceann AE a áirithiú mar aon le cur chun feidhme na Saoráide Eorpaí Síochána, mar a cuireadh i bhfios i moladh uaithi an 28 Márta 2019 ([19]), lena n-áirítear maidir lena mhéid a chomhlánaíonn sí ionstraimí eile de chuid AE i réimse na gníomhaíochta seachtraí;

78. ag athdhearbhú a tuairime go bhfuil sé thar am athbhreithniú a dhéanamh ar dhearbhú 2010 maidir le cuntasacht pholaitiúil chun an bonn sin a fheabhsú don chaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Leas-Uachtarán/Ardionadaí;

o

o o

79. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, agus chuig rialtais agus parlaimintí na Ballstát.

([19]) Moladh ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Márta 2019 chuig an gComhairle agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir leis an Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, le tacaíocht ón gCoimisiún, chuig an gComhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána (IO C 108, 26.3.2021, lch. 141).

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0040

# Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta – tuarascáil bhliantúil 2021

## Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 ar chur chun feidhme an Chomhbheartais Tráchtála agus Cosanta – tuarascáil bhliantúil 2021 (2021/2183(INI))

(2022/C 342/14)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

— ag féachaint do Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE),

— ag féachaint do rún uaithi an 27 Feabhra 2014 maidir le húsáid ladrann armtha ([1]),

— ag féachaint do rún uaithi an 11 Nollaig 2018 maidir le soghluaisteacht mhíleata ([2]),

— ag féachaint do rún uaithi an 12 Meán Fómhair 2018 maidir le córais arm uathrialaitheach,

— ag féachaint dá seasamh an 26 Samhain 2019 ar an togra le haghaidh treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE ón gComhairle maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha agus Treoir 2008/118/CE a bhaineann leis na socruithe ginearálta do dhleacht mháil i dtaca leis an iarracht chosanta laistigh de chreat an Aontais ([3]),

— ag féachaint do rún uaithi an 15 Eanáir 2020 maidir le cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta – tuarascáil bhliantúil ([4]),

— ag féachaint do rún uaithi an 15 Eanáir 2020 ar an Tuarascáil Bhliantúil maidir le cur chun feidhme an chomhbheartais eachtraigh agus slándála – tuarascáil bhliantúil ([5]),

— ag féachaint do rún uaithi an 17 Meán Fómhair 2020 maidir le honnmhairiú arm: Comhsheasamh 2008/944/CBES a chur chun feidhme ([6]),

— ag féachaint do rún uaithi an 23 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Comhionannas Inscne i mbeartas eachtrach agus slándála AE ([7]),

— ag féachaint do rún uaithi an 25 Márta 2021 ar chur chun feidhme Threoir 2009/81/CE, maidir le soláthar i réimsí na cosanta agus na slándála, agus Threoir 2009/43/CE, maidir le haistriú táirgí a bhaineann le cosaint ([8]),

— ag féachaint dá seasamh an 28 Aibreán 2021 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe ([9]),

([1]) IO C 285, 29.8.2017, lch. 110.
([2]) IO C 388, 13.11.2020, lch. 22.
([3]) IO C 232, 16.6.2021, lch. 71.
([4]) IO C 270, 7.7.2021, lch. 54.
([5]) IO C 270, 7.7.2021, lch. 41.
([6]) IO C 385, 22.9.2021, lch. 47.
([7]) IO C 404, 6.10.2021, lch. 202.
([8]) IO C 494, 8.12.2021, lch. 54.
([9]) IO C 506, 15.12.2021, lch. 159.

— ag féachaint do rún uaithi an 7 Iúil 2021 ar an gcomhar idir AE agus ECAT i gcomhthéacs an chaidrimh thrasatlantaigh ([10]),

— ag féachaint do rún uaithi an 7 Deireadh Fómhair 2021 ar staid chumais chibearchosanta AE ([11]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 ([12]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle ([13]),

— ag féachaint don doiciméad dar teideal *Implementation Plan on Security and Defence* [Plean Cur chun Feidhme maidir le Slándáil agus Cosaint], a chuir Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (Leas-Uachtarán/Ardionadaí) faoi bhráid na Comhairle an 14 Samhain 2016, agus do na conclúidí ón gComhairle an 14 Samhain 2016 maidir le Straitéis Dhomhanda AE a chur chun feidhme i réimse na slándála agus na cosanta, inar leagadh amach leibhéal nua uaillmhéine do AE i réimse na slándála agus na cosanta,

— ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 19 Samhain 2018, maidir le comhshocrú sibhialtach an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC) a bhunú,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 10 Nollaig 2018 maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 7 Meitheamh 2018 maidir leis an óige, an tsíocháin agus an tslándáil agus do chonclúidí ón gComhairle an 5 Meitheamh 2020 maidir leis an óige i mbun gníomhaíochta seachtraí,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle 20 Samhain 2020 maidir le hAthbhreithniú Straitéiseach 2020 ar an mBuanchomhar Struchtúrtha (PESCO),

— ag féachaint do ráiteas ó chomhaltaí na Comhairle Eorpaí an 26 Feabhra 2021 maidir le slándáil agus cosaint,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle maidir le Comhpháirtíocht athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt – Clár oibre nua don Mheánmhuir an 16 Aibreán 2021;

— ag féachaint do na Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis chomhtháite an Aontais Eorpaigh sa tSaiheil an 16 Aibreán 2021,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 25 Samhain 2013, an 18 Samhain 2014, an 18 Bealtaine 2015, an 27 Meitheamh 2016, an 14 Samhain 2016, an 18 Bealtaine 2017, an 17 Iúil 2017, an 25 Meitheamh 2018, an 17 Meitheamh 2019, an 10 Nollaig 2019, an 17 Meitheamh 2020, an 12 Deireadh Fómhair 2020, an 20 Samhain 2020, an 7 Nollaig 2020 agus an 10 Bealtaine 2021 maidir le CBSC,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2021 maidir le hOibríocht EUFOR Althea,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2021 maidir le hionsaithe hibrideacha, lena n-úsáidtear imircigh mar uirlisí, a sheol réimeas na Bealarúise,

(10) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0346.
(11) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0412.
(12) IO L 170, 12.5.2021, lch. 149.
(13) IO L 209, 14.6.2021, lch. 1.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

— ag féachaint do Chlár Oibre Straitéiseach nua 2019-2024 a ghlac an Chomhairle Eorpach an 20 Meitheamh 2019,

— ag féachaint don Dearbhú Comhpháirteach ó chomhaltaí na Comhairle Eorpaí in éineacht le Ballstáit G5 na Saiheile an 28 Aibreán 2020,

— ag féachaint do Choincheap na Comhairle le haghaidh Cur Chuige Comhtháite maidir leis an Athrú Aeráide agus leis an tSlándáil mar a glacadh é an 5 Deireadh Fómhair 2021,

— ag féachaint do Threochlár na Comhairle um Athrú Aeráide agus Cosaint an 9 Samhain 2020,

— ag féachaint don tuarascáil ar an athbhreithniú cosanta bliantúil ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint arna cur i láthair na Comhairle le linn chruinniú an 20 Samhain 2020,

— ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe a chuireann an tAontas nó a Bhallstáit i mbaol ([14]),

— ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2017/2315 ón gComhairle an 11 Nollaig 2017 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach ([15]),

— ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021, lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 ([16]),

— ag féachaint do Chinntí (CBES) 2021/748, 2021/749, 2021/750 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2021 maidir le rannpháirtíocht Cheanada, Ríocht na hIorua agus Stáit Aontaithe Mheiriceá i dtionscadal soghluaisteachta míleata PESCO,

— ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2021/1143 ón gComhairle an 12 Iúil 2021 maidir le Misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mozambique),

— ag féachaint don straitéis dhomhanda dar teideal *Shared Vision, Common Action: A Stronger Europe – A Global Strategy for the European Union's Foreign and Security Policy* [Fís Chomhroinnte, Gníomhaíocht Chomhchoiteann: Eoraip níos láidre – Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh], a chuir an Leas-Uachtarán/Ardionadaí i láthair an 28 Meitheamh 2016,

— ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 6 Márta 2014 dar teideal *For an open and secure global maritime domain: elements for a European Union maritime security strategy* [Ar mhaithe le réimse muirí domhanda a bheadh oscailte agus slán: gnéithe le haghaidh straitéis slándála muirí an Aontais Eorpaigh] (JOIN(2014)0009),

— ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 7 Meitheamh 2017 dar teideal *A Strategic Approach to Resilience in the EU's external action* [Cur chuige Straitéiseach don Athléimneacht i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh] (JOIN(2017)0021),

— ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 16 Nollaig 2020 dar teideal *The EU's Cybersecurity Strategy for the Digital Decade* [Straitéis Chibearshlándála AE don Deacáid Dhigiteach] (JOIN(2020)0018),

— ag féachaint d'aithisc an Uachtaráin von der Leyen maidir le Staid an Aontais 2020 agus 2021 agus na litreacha intinne a ghabhann leo,

— ag féachaint do Chlár Oibre Bliantúil an Chiste Eorpach Cosanta le haghaidh 2021, arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 30 Meitheamh 2021,

— ag féachaint d'athbhreithniú Uimh. 09/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 12 Meán Fómhair 2019 maidir le cosaint Eorpach,

— ag féachaint do Chonradh an Atlantaigh Thuaidh,

— ag féachaint don dá Dhearbhú Chomhpháirteacha maidir leis an gcomhar idir AE agus ECAT a síníodh an 8 Iúil 2014 agus an 10 Iúil 2018,

---

([14]) IO L 129 I, 17.5.2019, lch. 13.
([15]) IO L 331, 14.12.2017, lch. 57.
([16]) IO L 102, 24.3.2021, lch. 14.

— ag féachaint do séú tuarascáil ar dhul chun cinn an 17 Bealtaine 2021 maidir le cur chun feidhme an tacair chomhchoitinn de thograí a d'fhormhuinigh Comhairle AE agus Comhairle ECAT an 6 Nollaig 2016 agus an 5 Nollaig 2017,

— ag féachaint don tacar comhchoiteann de 74 thogra chun Dearbhú Comhpháirteach Vársá a chur chun feidhme a d'fhormhuinigh Comhairle AE agus Comhairle ECAT an 6 Nollaig 2016 agus an 5 Nollaig 2017,

— ag féachaint don ráiteas ó chruinniú mullaigh AE-na Stát Aontaithe dar teideal *Towards a Renewed Transatlantic Partnership* [I dtreo comhpháirtíocht Thrasatlantach Athnuaite] an 15 Meitheamh 2021,

— ag féachaint d'ionradh agus d'ionghabháil neamhdhleathach na Rúise ar an gCrimé,

— ag féachaint don sárú atá déanta ag an Rúis ar aerspás agus ar theorainneacha muirí na mBallstát,

— ag féachaint do láithreacht eacnamaíoch agus mhíleata na Síne atá ag dul i méid i dtíortha na Meánmhara agus na hAfraice,

— ag féachaint don bhagairt ón sceimhlitheoireacht intíre agus eachtrach, go príomha ó ghrúpaí amhail SIIS,

— ag féachaint do theicneolaíochtaí nua amhail an intleacht shaorga, cumais spáis agus an ríomhaireacht chandamach lena gcuirtear deiseanna nua ar fáil don chine daonna, ach freisin lena gcruthaítear dúshláin nua i réimse na cosanta agus an bheartais eachtraigh lena n-éilítear straitéis shoiléir agus comhthoil i measc comhghuaillithe,

— ag féachaint do Chairt na Náisiún Aontaithe agus d'Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip 1975,

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige,

— ag féachaint don ráiteas deiridh a d'eisigh Comhphobal Eacnamaíoch Stát na hAfraice Thiar (ECOWAS) ag cruinniú mullaigh urghnách an 8 Meán Fómhair 2021,

— ag féachaint do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe, go háirithe SDG 16 atá dírithe ar shochaithe síochánta agus cuimsitheacha a chur chun cinn don fhorbairt inbhuanaithe,

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-0358/2021),

A. de bhrí gur tugadh chun suntais in 2020 le paindéim COVID-19 go bhfuil méadú tagtha ar bhagairtí domhanda agus ar leochaileacht an Aontais de bharr a spleáchas seachtrach; de bhrí go bhfuil coincheap na slándála agus na huathrialach straitéisí leathnaithe ag an bpaindéim chun buarthaí sláinte, teicneolaíochta agus eacnamaíocha a chumhdach;

B. de bhrí go bhfuil an Eoraip ag tabhairt aghaidh ar mheath gasta agus marthanach maidir lena timpeallacht straitéiseach; de bhrí go bhfuil an sceimhlitheoireacht fós ina bagairt ollmhór; de bhrí go bhfuil stáit ag cur a n-uaillmhianta in iúl maidir le tuilleadh cumhachta agus ag saothrú straitéisí fairsingithe a bhaineann le fórsa armtha a úsáid; de bhrí go bhfuil baol ann go ndéanfar an fharraige, an spás, an tArtach agus cibearspás a mhíleatú mar thoradh ar na straitéisí sin, chomh maith le rás na n-arm a athbheochan;

C. de bhrí gur samplaí iad leathadh na gcibirionsaithe in aghaidh bonneagar straitéiseach le linn ghéarchéim COVID-19, agus cás Pegasus le déanaí, lena dtugtar údar le bearta cosanta a fhorbairt go tapa i gcoinne na gcineálacha cibearbhagairtí is déanaí agus na dteicnící spiaireachta is forbartha; de bhrí go bhfuil gealltanas tugtha ag an Aontas EUR 1,6 billiún a infheistiú in acmhainn freagartha agus uirlisí cibearshlándála a chur in úsáid d'údaráis phoiblí, d'fhiontair agus do dhaoine aonair, agus an comhar idir na hearnálacha poiblí agus príobháideacha sa réimse sin a mhéadú;

D. de bhrí go bhfuil Parlaimint na hEorpa, mar an fóram chun daonlathas na hEorpa a léiriú, ina targaid; de bhrí go bhfuil an digitiú gníomhaíochtaí, mar thoradh ar theilea-obair le linn phaindéim COVID-19, tar éis ár neamhchosaint ar bhagairtí reatha a mhéadú;

E. de bhrí go bhfuil buiséad iomlán EUR 395 billiún ag AE trí chumais mhíleata na mBallstát, rud a fhágann go bhfuil sé sa dara háit ar leibhéal domhanda; de bhrí go bhfuil cumais na hEorpa ilroinnte agus go bhfuil dúbláil, bearnaí agus easpa idir-inoibritheachta á bhfulaingt acu;

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

F. de bhrí go bhfuil castacht mhéadaitheach na mbagairtí nasctha leis an bhforbairt theicneolaíoch, digitiú na sochaithe agus comhtháthú na ngeilleagar idirnáisiúnta; de bhrí, mar thoradh air sin, go bhfuil bagairtí hibrideacha ag dul i méid, lena gcomhcheanglaítear modhanna míleata agus/nó neamh-mhíleata amhail an bhréagaisnéis, úsáid na himirce le haghaidh dúmháil, cibirionsaithe nó brú eacnamaíoch a bhíonn in aghaidh leasanna agus luachanna Eorpacha agus ar bagairt iad atá ag dul i méid ar shlándáil AE, a chuid fiontar, seirbhísí poiblí agus saoránach;

G. de bhrí, chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí géarchéime atá ag méadú ag teorainneacha an Aontais agus sna limistéir ina bhfuil leasanna aige, go bhfuil gealltanas tugtha ag na Ballstáit cumais mhearfhreagartha a sholáthar i gcomhréir le príomhspriocanna AE, go háirithe cathghrúpaí; de bhrí go bhfuil teorainneacha éagsúla i dtéarmaí polaitiúla, eagraíochtúla agus airgeadais ag baint leo sin; de bhrí, mar thoradh air sin, nár imlonnaíodh riamh iad;

H. de bhrí go bhféadfadh – mura rachfar i ngleic leis – méadú nach bhfacthas riamh cheana ar fhórsaí na Rúise san Úcráin agus mórthimpeall na hÚcráine lena ngabhann éilimh arna gcur ar aghaidh ag an gCreimil, a bheith ina shiocair le hathbheochan réimsí tionchair na Rúise san Eoraip agus ciorrú a dhéanamh ar uaillmhianta chomhpháirtithe AE san oirthear, amhail an Úcráin agus an tSeoirsia, chun bheith ina mbaill de ECAT;

I. de bhrí go bhfuil an comhphobal idirnáisiúnta, AE ach go háirithe, tiomanta don tSaiheil agus do Mhailí go háirithe; de bhrí gur chuir giunta Mhailí fáilte roimh theagascóirí agus amhais mhíleata Rúiseacha atá nasctha leis an ngrúpa Wagner, mar a thugtar air, agus go n-úsáideann sí cheana iad chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí míleata i Mailí; de bhrí go bhfuil ainghníomhartha déanta ag an ngnólacht sin i ngach suíomh ina bhfuil idirghabháil déanta aige;

J. de bhrí go bhfuil baol méadaithe sceimhlitheoireachta don réigiún agus níos faide i gcéin ag teacht as an aistarraingt ón Afganastáin agus as teacht i gcumhacht an Talaban an athuair; de bhrí go ndearna AE misean CBSC a imlonnú, Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh san Afganastáin (EUPOL Afganastáin) ó 2007 go dtí 2016, agus gur deonaíodh EUR 17 mbilliún don Afganastáin; de bhrí, le linn na haistarraingthe, go raibh na Ballstáit ag brath ar na Stáit Aontaithe, a d'imlonnaigh 6 000 saighdiúir chun aerfort Chabúl a dhaingniú laistigh de thréimhse ama an-ghearr, agus mar gheall air sin bhíothas in ann saoránaigh Eorpacha, chomh maith le náisiúnaigh na hAfganastáine a bhí i mbaol, a aslonnú; de bhrí, sa chás sin, nach raibh AE in ann aerdhroichead a chur i bhfeidhm ná a aslonnuithe féin a chomhordú; de bhrí, dá mbeadh ar AE oibríocht cosúil leis an aslonnú as Cabúl a reáchtáil, nach mbeadh sé in ann, mar atá cúrsaí faoi láthair, cinntí a dhéanamh go pras, trúpaí a imlonnú, aslonnuithe a chur chun feidhme go rathúil nó aerdhroichid a dhéanamh go héifeachtach agus go réamhghníomhach; de bhrí nach mór do AE agus na Ballstáit, dá bhrí sin, ceachtanna uile ghéarchéim na hAfganastáine a fhoghlaim go práinneach chun cumas AE gníomhú go neamhspleách in imthosca comhchosúla a neartú; de bhrí gur cheart go bhféadfaí, leis an gCompás Straitéiseach, leibhéal uaillmhéine AE a shocrú, go háirithe i dtéarmaí na gceachtanna a foghlaimíodh ón teip maidir leis an Afganastáin;

***Dúnghaois chosanta agus slándála AE a fhorbairt ag baint úsáid as an gCompás Straitéiseach chun uathriail straitéiseach a spreagadh***

1. á chur i bhfáth go bhfuil AE ag tabhairt aghaidh ar na nithe seo a leanas:

— bagairtí nua agus bagairtí atá ag forbairt ó ghníomhaithe stáit agus neamhstáit araon i ndomhan ilpholach, amhail an sceimhlitheoireacht, an t-údarasaíochas atá ag dul i méid, bagairtí hibrideacha trí bhíthin modhanna cogaíochta hibridí amhail cibirionsaithe, agus úsáid na himirce mar uirlis, an bhréagaisnéis agus an trasnaíocht eachtrach, ar nithe iad atá tar éis na línte idir cogadh agus síocháin a fhágaint doiléir agus bagairtí ar acmhainní nádúrtha, ar an tslándáil fuinnimh agus ar an athrú aeráide a mhéadú;

— míleatú méadaithe ar fud an domhain, lena mbaineann iomaíocht chumhachta domhanda athfhillteach le gné mhíleata mhéadaitheach agus teannas geopholaitiúil atá ag dul i méid, aois na "neamhsíochána" arb é is saintréith di iomaíocht naimhdeach, laghdú ar iarrachtaí dí-armála agus ar chórais idirnáisiúnta rialaithe arm, leathadh armán ollscriosta, lena n-áirítear airm núicléacha, agus úsáid arm ceimiceach;

— comharsanacht atá éagobhsaí i gcónaí, san Oirthear agus sa Deisceart araon;

á mheas go bhfuil bagairt dhíreach agus indíreach ar shlándáil na mór-roinne ag baint leis an éagobhsaíocht agus leis an dothuarthacht ar theorainneacha an Aontais agus sa gharchomharsanacht (an Afraic Thuaidh, an Meánoirthear, réigiún Chugais, na Balcáin, an Mheánmhuir Thoir, etc.), agus ina chomharsanacht fhairsingithe (an tSaiheil, Corn na hAfraice, etc.), in éineacht le hionsaitheacht na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus na Seoirsia; á chur i bhfáth go bhfuil nasc doshéanta idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach; ag aithint gur chun leasa an Aontais Eorpaigh í rannpháirtíocht ghníomhach sa chomharsanacht; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá cobhsaíocht sna Balcáin Thiar; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil méadú ag teacht ar mhíleatú Leithinis na Crimé agus go bhfuil iarrachtaí á ndéanamh ag Cónaidhm na Rúise réigiún na Mara Duibhe a dhíchobhsú;

2. ag cáineadh go láidir neartú míleata na Rúise san Úcráin agus mórthimpeall na hÚcráine, mar aon le héileamh na Creimile i dtaobh deireadh a chur le ECAT a leathnú tuilleadh agus athchóiriú a dhéanamh ar struchtúr slándála na hEorpa bunaithe ar an smaoineamh “réimsí tionchair”, smaoineamh a bhfuil a lá caite; á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé de shaoirse ag gach tír dhaonlathach a comhghuaillíochtaí féin a roghnú agus ina leith sin, ag tacú go láidir le mianta na hÚcráine agus na Seoirsia atá i bhfabhar leis an iarthar, lena n-áirítear a ballraíocht in ECAT agus a n-aontachas leis an Aontas sa todhchaí;

3. ag tabhairt dá haire go raibh tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 agus ag roinnt dúshlán do bheartas eachtrach, slándála agus cosanta an Aontais in 2020, inar nochtadh ár gcomhordú neamhleor agus ár spleáchas ar an gcuid eile den domhan; á chur i bhfáth nach mór do AE ceachtanna a fhoghlaim uaidh sin d’fhonn, go háirithe, an cheannasacht dhigiteach agus theicneolaíoch agus uathriail straitéiseach fhoriomlán mar ghníomhaí idirnáisiúnta, agus a chumas agus a thoilteanas chun cinneadh a dhéanamh agus gníomhú go neamhspleách, más gá, a atreisiú i gcúrsaí gnóthaí eachtracha, slándála agus cosanta agus chun athmheasúnú a dhéanamh ar a spleáchas ar ghníomhaithe nach bhfuil na luachanna céanna acu; ag athdhearbhú gur gá do AE a uathriail sa chúram sláinte a neartú freisin;

4. á chur in iúl gur díol sásaimh di seoladh na hoibre maidir leis an gCompás Straitéiseach, cleachtas machnaimh straitéisigh nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, ar cheart di a bheith curtha i gcrích i mí an Mhárta 2022; á chur i bhfáth gur túsphointe í forbairt an Chompáis Straitéisigh chun comhchosaint Eorpach a chur chun feidhme i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach in Airteagal 42(2) CAE, agus chun CBSC a shainiú, agus gur cheart go mbeadh sé ina chéim mhór i dtreo fíor-aontas cosanta Eorpach lena gcuirfear san áireamh cás bunreachtúil sonrach roinnt Ballstát; á mheas gur cheart don Chompás Straitéiseach tuilleadh comhtháthaithe a fhorbairt i réimse na slándála agus na cosanta; á chur i bhfáth – i ndomhan an-ilpholach ina bhfuil iomaíocht mhéadaithe idir ollchumhachtaí – gur féidir le tionchar comhcheangailte an Aontais rannchuidiú le slándáil na mBallstát a áirithiú agus go bhfuil gá le beartas stóinseach cosanta AE ionas go mbeidh AE in ann oibriú go héifeachtach i dtreo na síochána, shlándáil an duine, an daonlathais agus na forbartha inbhuanaithe; á thabhairt chun suntais go mbeadh aontas Eorpach um chosaint mar chuid de chuspóir sonraithe AE maidir le huathriail straitéiseach a bhaint amach; ag tabhairt dá haire, sa chomhthéacs sin, go luíonn an fhreagairt ar dhúshláin slándála seachtraí an Aontais agus a Bhallstát go príomha i ndeimhniú agus cur chun feidhme praiticiúil na gcumas le haghaidh measúnú níos fearr a dhéanamh ar chásanna géarchéime, i gcinnteoireacht níos tapa agus i ngníomhaíocht níos láidre i gcás ina n-éilítear sin leis na himthosca, go neamhspleách i gcás inar gá, chun a leasanna agus a luachanna a chosaint, agus comhghuaillíochtaí agus comhpháirtíochtaí á n-urramú ag an am céanna; ag tabhairt dá haire go bhforbródh sé comhtháthú níos fearr an Aontais ó thaobh slándála agus cosanta de; ag creidiúint go bhfuil géarghá le fíoraontas Eorpach um shlándáil agus um chosaint a fhorbairt ina gcuimseofar gach gné, ionstraim, buiséad agus cumas, idir mhíleata agus shibhialta, agus timthriall iomlán na coinbhleachta ó chosc go dtí cobhsú iarchoinbhleachta, agus a bheidh bunaithe ar choincheap nua-aimseartha, forásach agus láidir maidir le slándáil an duine, lena dtabharfar aghaidh ar éilimh shlándála shaoránaigh AE, pobal áitiúil agus slándáil agus cobhsaíocht na n-institiúidí stáit; ag tathant ar AE feabhas a chur ar a chumais institiúideacha maidir le cosc coinbhleachtaí, idirghabháil, idirphlé agus díghéarú;

5. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé tacú leis trí anailís 360° ar bhagairtí; á chur i bhfáth nach mór go mbeadh an Compás Straitéiseach mar fhreagairt uaillmhianach AE ar an anailís sin, agus nach mór a chuid torthaí a bheith faoi réir athbhreithniú rialta agus réadúil leis an aidhm sásra a fhorbairt le haghaidh measúnú leanúnach ar bhagairtí agus le haghaidh comhairliúchán parlaiminteach;

6. á chur i bhfáth gur gá go mbeifí in ann leis an gCompás Straitéiseach atreisiú a dhéanamh ar chumas an Aontais gníomhú mar chomhpháirtí straitéiseach a bheidh ag éirí níos inchreidte de réir a chéile agus mar ghníomhaí domhanda don tsíocháin a dhéanann córas idirnáisiúnta riailbhunaithe agus comhar iltaobhach a neartú agus a chosaint, chomh maith leis an gcumas gníomhú go neamhspleách más gá; á chur i bhfáth nach mór an cleachtas sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus cúrsa uaillmhianach a leagan amach, agus é mar aidhm leis a bheith réadúil agus oibríochtúil agus clár ama a áireamh ann maidir le cinntí agus sásraí faireacháin a chur chun feidhme; á chur i bhfáth nach mór leis an gcleachtas go gcuirfí ar chumas an Aontais dul chun cinn comhsheasmhach agus éifeachtach a dhéanamh i dtreo beartas cosanta comhleanúnach, cultúr straitéiseach comhchoiteann, comhthuisceana ar dhúshláin straitéiseacha AE agus an chumais chun bagairtí a thuar, agus foráil a dhéanamh d’fhreagairt mhear agus chomhordaithe, do chásanna idirghabhála amach anseo agus do chumas maidir le hathléimneacht neamhspleách ionas go mbeidh AE in ann acmhainní a shlógadh ar bhonn na dlúthpháirtíochta, i gcomhréir leis na Conarthaí, i gcás ina bhfuil Ballstát i mbaol agus ina gcuirtear i gcoinne na síochána, na slándála agus na cobhsaíochta idirnáisiúnta lasmuigh de AE, agus ar deireadh chun saoránaigh, leasanna agus luachanna na hEorpa a áirithiú; á mheabhrú go n-áirítear ar leibhéal uaillmhéine reatha AE maidir le slándáil agus cosaint, mar atá leagtha amach i gconclúidí ón gComhairle an 14 Samhain 2016, freagairt do choinbhleachtaí agus do ghéarchéimeanna seachtracha, acmhainní na gcomhpháirtithe a fhothú, agus “an tAontas agus a chuid saoránach a chosaint”; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an cur chuige comhtháite mar bhonn le freagairt AE ar choinbhleachtaí agus ar ghéarchéimeanna;

7. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go bhfaigheadh Parlaimint na hEorpa, go háirithe a Fochoiste um Shlándáil agus um Chosaint, nuashonruithe rialta agus tuarascálacha rialta maidir le cur chun feidhme an Chompáis Straitéisigh ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) a luaithe a bheidh an Compás Straitéiseach formheasta i mí an Mhárta 2022;

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

***Misin agus oibríochtaí CBSC in 2020 – meastóireacht agus moltaí***

8. á mheabhrú go bhfuil aon mhisean shibhialta déag agus seacht misean agus oibríocht mhíleata á n-imlonnú ag an Aontas faoi láthair; á mheabhrú nach bhfuil ach trí cinn acu sin a bhfuil sainordú feidhmiúcháin acu: EUNAVFOR (Fórsa Cabhlaigh an Aontais Eorpaigh) Somalia – Oibríocht ATALANTA, EUNAVFOR Mediterranean – Oibríocht IRINI (EUNAVFOR MED IRINI), agus fórsa míleata AE sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin (EUFOR ALTHEA); á mheabhrú rannpháirtíocht fhoriomlán AE sa tSaiheil agus i gCorn na hAfraice trí bhíthin sé mhisean shibhialtacha (Misean Fothaithe Acmhainneachta AE i Mailí (EUCAP Sahel Mali), EUCAP Sahel Niger, EUCAP Somalia) agus sé mhisean mhíleata (Misean Oiliúna an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUTM Mali), EUTM Somalia, EUNAVFOR ATALANTA, EUNAVFOR MED IRINI); á thabhairt dá haire nach bhfuil barr a gcumas bainte amach go fóill ag na misin agus na hoibríochtaí sin agus go bhfuil tionchar phaindéim COVID-19 á fhulaingt acu, rud a chuir isteach ar a ngníomhaíocht agus a chuir srian lena n-éifeachtacht; ag moladh go ndéanfaí buiséad, pleanáil agus trealamh mhisin agus oibríochtaí CBSC AE a mheasúnú i bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh ó COVID-19 agus, dá bhrí sin, á mheas go ndéanfaí athbhreithniú ar thorthaí agus b'fhéidir a sainordú a oiriúnú mar chuid den athbhreithniú straitéiseach caighdeánach ar mhisean;

9. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cobhsaíocht inbhuanaithe, slándáil an duine agus rathúnas don Aontas ina chomharsanacht; ag tabhairt dá haire go bhfuil misin mhíleata CBSC dírithe beagnach go heisiach ar oiliúint a chur ar fhórsaí armtha (EUTManna), gan gné feidhmiúcháin agus tacaíocht theoranta acu; á mheas, gan difear a dhéanamh do ghné neamhfheidhmiúcháin na misean sin, gur cheart a sainordú a neartú, agus béim á cur ar chóitseáil, chun cur ar chumas comhairleoirí Eorpacha a fhíorú ar an láthair a beaichte is féidir an bhfuil na cláir oiliúna curtha chun feidhme mar is ceart agus an bhfuil siad i gcomhréir le riachtanais oibríochtúla na bhfórsaí armtha áitiúla;

10. á chur i bhfáth gur cheart seachadadh arm faoi scáth na Saoráide Eorpaí Síochána lánurraim a thabhairt do Chomhsheasamh AE maidir le honnmhairiú arm, don dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus don dlí daonnúil, agus forálacha éifeachtacha trédhearcachta a áireamh inti;

11. á chur in iúl gur saoth léi gníomhaíocht cheannairí an coup i Mailí; á chur in iúl gur cúis mhór imní di an easpa seirbhísí bunriachtanacha stáit i Mailí agus sa tSaiheil i gcoitinne; á chur in iúl gur cúis mhór imní di an meath slándála sa réigiún; á chur in iúl gur cúis mhór imní di tuarascálacha ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe ina liostaítear sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a tharla san am atá thart agus atá ag tarlú faoi láthair, agus sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear coireanna líomhnaithe cogaidh, arna ndéanamh ag grúpaí armtha, lena n-áirítear grúpaí sceimhlitheoireachta, fórsaí armtha Mhailí agus fórsaí armtha eile G5 na Saiheile; á chur in iúl gur saoth léi saoirse ó phionós i ndáil leis sin agus á chur i bhfios go láidir go mbaineann coireanna leanúnacha sin an bonn freisin ó iarrachtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta chun timpeallacht shlán agus shábháilte a chruthú agus grúpaí armtha agus sceimhlitheoirí a chomhrac; á chur i bhfáth go bhfuil rannpháirtíocht na ngníomhaithe naimhdeacha ag méadú i réigiún atá ríthábhachtach dár slándáil, rud a d'fhéadfadh cuspóir comhchoiteann AE agus Mhailí maidir le slándáil an duine, an tsíocháin, an chobhsaíocht agus an fhorbairt inbhuanaithe sa tír a chur i mbaol, áit a bhfuil gníomhaithe eile, nach gá go mbeadh na prionsabail eiticiúla chéanna acu agus atá ag AE agus a chuid Ballstát, toilteanach na bearnaí cumais a líonadh, beag beann ar chaighdeáin idirnáisiúnta an smachta reachta ná an dlí cogaidh a urramú; á chur in iúl gur cúis mhór imní di an tionchar méadaitheach atá ag cuideachtaí míleata príobháideacha eachtracha agus na pleananna a d'fhéadfadh a bheith ag rialtas Mhailí chun comhar a thionscnamh le cuideachta mhíleata phríobháideach Rúiseach, Grúpa Wagner atá nasctha leis an gCreimil, maidir le hoiliúint a chur ar a chuid fórsaí armtha; á chur i bhfios nach bhfuil an comhar sin ag luí le comhar slándála agus cosanta AE, go háirithe EUTM Mali, agus go n-éileofaí ar AE, dá bhrí sin, a rannpháirtíocht i Mailí a athmheasúnú; ag tathant ar údaráis reatha Mhailí staonadh ó chonradh a thabhairt do Ghrúpa Wagner agus ó chead a thabhairt dá phearsanra dul isteach i gcríoch Mhailí; á chur i bhfios go láidir, ar bhonn níos ginearálta, gur gá dlúthfhaireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na gcuideachtaí slándála príobháidí agus míleata a bhfuil a lorg domhanda á méadú acu i limistéir leochaileacha lena n-áirítear an Afraic, Meiriceá Laidineach agus Oirthear na hEorpa, agus á mheabhrú a thábhachtaí atá sé Parlaimint na hEorpa a choimeád ar an eolas maidir leis an ábhar;

12. ag tabhairt dá haire gur fógraíodh atheagrú ghníomhaíocht mhíleata na Fraince sa tSaiheil, i gcomhar agus i gcomhairle lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta agus Afracacha; á chur i bhfáth gur cheart na forbairtí sin a dhéanamh i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta go léir, go háirithe cinn Eorpacha, atá i láthair sa tSaiheil; á chur in iúl gur díol sásaimh di tiomantas leanúnach AE agus na mBallstát maidir le tíortha G5 na Saiheile a chobhsú, go háirithe trí thacaíocht a thabhairt d'Fhórsa Comhpháirteach G5 na Saiheile, trí mhisin CBSC AE agus rannpháirtíocht mhéadaitheach fhórsaí armtha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i dTascfhórsa Takuba a neartú;

13. á chur in iúl gur díol sásaimh di oiriúnú shainordú nua sínte EUTM Mali; á iarraidh go neartófar an comhar struchtúrach agus an tacaíocht neamhfheidhmiúcháin a thugtar do na fórsaí armtha agus go gcuirfear dlús le próiseas an réigiúnaithe lena gcuirtear ar chumas an mhisin cúnamh míleata a sholáthar d'fhórsaí armtha thíortha G5 agus go háirithe do Bhuircíne Fasó agus don Nígir, rud a bhainfidh impleachtaí do chomhpháirtithe idirnáisiúnta, Eorpacha agus Afracacha; á chur i bhfios go láidir na féidearthachtaí atá ann de bharr na Saoráide Eorpaí Síochána maidir le seachadadh trealaimh

chun oiliúint a chur ar fhórsaí armtha Mhailí, rud a bheidh ríthábhachtach chun gníomhaíocht agus éifeachtacht ghníomhaíocht na hEorpa a neartú; á chur in iúl go bhfuil sí cinnte gur gá do AE a chumais maidir le soláthar trealaimh a mhéadú go tapa agus go héifeachtach ionas nach gcaillfidh misin EUCAP agus EUTM iontaoibh na n-údarás áitiúil, ar choinníoll go gcomhlíonann na fórsaí slándála sin an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus go bhfuil siad faoi rialú daonlathach;

14. á iarraidh ar na Ballstáit rannchuidiú suntasach a sholáthar do ghníomhaíocht chomhairleach EUTM Mali agus na baill foirne atá in ann rannchuidiú leis a sheoladh; á mheabhrú nach mór do phróiseas réigiúnaithe CBSC sa tSaiheil leanúint den chomhar agus den chomhordú a neartú le gníomhaithe idirnáisiúnta agus le Ballstáit AE atá rannpháirteach sa réigiún, trí bhíthin tionscnaimh leanúnacha amhail an Chomhpháirtíocht um Shlándáil agus Cobhsaíocht sa tSaiheil (P3S); á chur i bhfios go láidir go bhfuil tacaíocht láidir á soláthar ag AE freisin d'oibríochtú Fhórsa Comhpháirteach G5 na Saiheile agus don ghné phóilíneachta a bhaineann leis; á chur in iúl gur díol sásaimh di Straitéis Chomhtháite nua AE don tSaiheil, lena n-áirítear cur chuige níos leithne atá dírithe ar rialachas a neartú agus lena leagtar béim ar leith ar an ngá atá le láithreacht stáit agus seirbhísí poiblí i dtíortha an réigiúin a atreisiú; á chur i bhfios go láidir na hiarrachtaí a rinne EUCAP Sahel Mali chun tacú le himlonnú fhórsaí slándála Mhailí i lár Mhailí; á cur i bhfios go láidir na hiarrachtaí arna ndéanamh EUCAP Sahel Niger chun cabhrú leis an Nígir beartas náisiúnta cosanta agus slándála a fhorbairt; á mheabhrú go dtacaíonn réigiúnú ghníomhaíochtaí CBSC le cur chuige comhtháite AE i leith na Saiheile agus, mar sin, nach mór leanúint de ghníomhaíochtaí an Aonaid Réigiúnaigh um Chomhairle agus Comhordú (RACC); á chreidiúint go bhfuil cur chuige réigiúnaithe maidir le CBSC sa tSaiheil ábhartha ach go n-éilítear leis eagrú agus comhordú níos soiléire idir misin shibhialta agus mhíleata reatha CBSC, gníomhaithe áitiúla agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile amhail misean síochánaíochta na Náisiún Aontaithe – Misean Ilghnéitheach Comhtháite Cobhsúcháin na Náisiún Aontaithe i Mailí (MINUSMA) – agus na hoibríochtaí faoi stiúir arm na Fraince; á áitiú go bhfuil gá le hiarracht shuntasach chun cúnamh a thabhairt do Bhuircíne Fasó, i bhfianaise dhéine na mbagairtí atá os comhair na tíre sin agus cumas teoranta aici; á mheabhrú, chun a bheith éifeachtach go marthanach, nach mór go mbeadh bearta nithiúla agus infheicthe ag gabháil le freagairtí míleata agus slándála chun seirbhísí bunriachtanacha a sholáthar don phobal; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a bheith in ann tacú ar bhealach níos gníomhaí leis na stáit atá ar theorainn Mhurascaill na Guine ionas go mbeidh siad in ann bagairt mhéadaitheach na sceimhlitheoireachta atá os a gcomhair a chomhrac; á chur i bhfáth gur gá aird ar leith a thabhairt ar an éagobhsaíocht mhéadaitheach i réigiúin na Saiheile, na hAfraice Thiar agus Chorn na hAfraice agus ar na himpleachtaí tábhachtacha atá ag forbairtí sna réigiúin sin ní hamháin d'ilchríoch na hAfraice ach don Aontas Eorpach freisin;

15. á chur in iúl gur geal léi an plé atá ar siúl faoi láthair maidir le rannpháirtíocht Mhósaimbíc agus na hIndia i misin agus oibríochtaí CBSC san Afraic; á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht ghníomhach na Seoirsia i ngníomhaíochtaí CBSC agus go háirithe a rannpháirtíocht i misin oiliúnaithe i bPoblacht na hAfraice Láir (PAL) agus Mailí;

16. á mheabhrú gur cúis mhór imní di an staid slándála sa tSomáil agus gur cúis díchobhsaithe í ar fud Chorn na hAfraice agus níos faide i gcéin fiú; á chur i bhfáth go bhfuil Al-Shabab fós ar cheann de na heagraíochtaí sceimhlitheoireachta is cumhachtaí atá nasctha le Al-Qaeda agus gur cheart go spreagfadh an fíoras sin na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar rannpháirtíocht níos mó sa réigiún straitéiseach sin trí mhisin agus oibríochtaí Eorpacha agus ar sholáthar na sócmhainní a bheadh ag teastáil ina leith; á chur i bhfáth go bhféadfaí tionchar suntasach a fheidhmiú ar an gcaoi a ndéantar oibríochtaí laistigh den chreat iltaobhach um chúnamh míleata ach EUTM Somalia a neartú le cumas comhairleach i struchtúir ordaithe; á chur i bhfáth gur aonad iomlán comhleanúnach iad EUNAVFOR ATALANTA, EUCAP agus EUTM na Somáile lena dtacaítear le Creat Straitéiseach an Aontais le haghaidh Chorn na hAfraice; á chur in iúl gur geal léi ról ríthábhachtach Oibríocht ATALANTA sa chomhrac i gcoinne na píoráideachta agus na gáinneála i gCorn na hAfraice, lena dtacaítear, ar an gcaoi sin, le cosaint éifeachtach a thabhairt do shoithí an Chláir Dhomhanda Bia chomh maith le ról ríthábhachtach EUCAP na Somáile maidir le comhairle a thabhairt d'údaráis chónaidhme agus réigiúnacha Puntland agus Críoch Shomáile maidir le forbairt gníomhaíochtaí garda cósta agus na póilíneachta muirí; á chur i bhfios go láidir go bhfuil rannpháirtíocht AE i gCorn na hAfraice fós ábhartha chun acmhainneacht fhorsaí slándála na Somáile a neartú agus á thabhairt dá haire freisin gur gá a n-éifeachtacht a fheabhsú; á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht comhpháirtithe atá ar aon intinn leo agus ag spreagadh tuilleadh rannpháirtíochta uathu chun uiscebhealaí sábháilte i Murascaill Áidin agus san Aigéan Indiach a áirithiú; á iarraidh go mbeidh cur chuige comhtháite ann chun dul i ngleic leis na saincheisteanna forbartha agus rialachais atá ag spreagadh na píoráideachta;

17. á thabhairt dá haire agus é ina chúis bhuartha di go bhfuil cúrsaí slándála agus polaitiúla ag dul in olcas i bPoblacht na hAfraice Láir (PAL); á iarraidh go n-athbhunófar plé cuimsitheach idir an rialtas, an freasúra daonlathach agus an tsochaí shibhialta agus go ndéanfar an comhaontú síochána a athbheochan; á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil Uachtarán PAL tar éis dul i muinín Ghrúpa Wagner, ar cuideachta phríobháideach mhíleata í atá nasctha le rialtas na Rúise, atá freagrach as coireanna cogaidh agus sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine in PAL; á chur in iúl gur cúis bhuartha di tionchar an chinnidh sin ar inmharthanacht agus éifeachtúlacht an mhisin oiliúnaithe do thrúpaí na hAfraice Láir; ag cáineadh na mbagairtí méadaitheacha agus na dteagmhas naimhdeach a eascraíonn ó roinnt fórsaí armtha áitiúla agus eachtracha, lena n-áirítear cuideachtaí slándála eachtracha, ar bagairtí agus teagmhais iad atá ag díriú ar Mhisean Ilghnéitheach Comhtháite Cobhsúcháin na Náisiún Aontaithe in PAL (MINUSCA), chomh maith le feachtais bhréagaisnéise atá dírithe ar

ghníomhaíocht an Aontais; á chur in iúl gur geal léi Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh in PAL (EUAM PAL) agus ag tacú go hiomlán leis; á chur in iúl gur geal léi gníomhaíocht mhisean EUTM, go háirithe oiliúint oifigigh agus oifigigh neamhchoimisiúnaithe Fhórsaí Armtha Phoblacht na hAfraice Láir (FACA) agus an rannchuidiú a dhéanann sé le próiseas foriomlán an athchóirithe ar an earnáil slándála arna chomhordú ag MINUSCA, agus ag tacú go hiomlán leis; á áitiú gur gá an pobal a chur ar an eolas maidir le cuspóirí agus dul chun cinn an mhisin; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé measúnú a dhéanamh ar fhíoracmhainneacht AE freagairt do riachtanais trealaimh FACA, mar chuid den athbhreithniú straitéiseach a dhéanfar sa chéad leath de 2022; á áitiú nach mór don tacaíocht faoi chuimse na Saoráide Eorpaí Síochána maidir le haonaid arna mbunú ag EUTM a bheith choinníollach ar fhorbairtí dearfacha ar an staid pholaitiúil, inmheánach agus réigiúnach a bheith á gcur chun cinn ag údaráis PAL;

18. ag meabhrú na tábhachta straitéisí a bhaineann le Canáil Mhósaimbíc; á chur in iúl gur geal léi tiomantas na mBallstát agus VP/HR freagairt ar an mbagairt sceimhlitheoireachta atá ag dul in olcas in Cabo Delgado agus á chur in iúl gur cúis bhuartha di an riosca a bhaineann le scaipeadh na bagartha sin sa cheantar; á chur in iúl gur geal léi an cinneadh ón gComhairle chun Misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc) a sheoladh; á thabhairt úsáid na Saoráide Eorpaí Síochána dá haire chun costais choiteanna EUTM Mhósaimbíc a chumhdach agus trealamh míleata a sholáthar; á iarraidh ar an gComhairle agus ar SEGS an úsáid is fearr a bhaint as an tSaoráid Eorpach Síochána agus leas a bhaint as an taithí sin chun an an tSaoráid Eorpach Síochána a fheabhsú agus a mhéadú amach anseo; á thabhairt dá haire go gcomhlíonann EUTM cuspóir shonrach, eadhon oiliúint a chur ar aonaid fórsaí speisialta chun an cheannairc Ioslamaíoch i réigiún Cabo Delgado a chomhrac, lena n-áirítear an ghluaiseacht jiohádach Ansar al-Sunna; á iarraidh go ndéanfar é a imscaradh a luaithe is féidir i bhfianaise a bhfuil ag tarlú; ag tathant ar na Ballstáit rannchuidiú le bunú fórsaí don mhisean ar bhealach níos cothroime; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le straitéis comhleanúnach fadtéarmach cuimsitheach do Mhósaimbíc, ar gá di freisin ceannaircí Ioslamaíocha a chomhrac chun dul i ngleic le heasnaimh rialachais agus riachtanais forbartha chun réiteach inbhuanaithe ar an gcoinbhleacht a bhaint amach; á chur i bhfáth gur gá á áirithiú go gcloífidh fórsaí an rialtais leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus go dtabharfar déantóirí básuithe seachbhreithiúnacha, gníomhartha céastóireachta, creachta agus mí-úsáidí eile os comhair na cúirte;

19. á chur in iúl gur geal léi tiomantas aonchiallach na Comhairle d'Oibríocht EUFOR Althea, mar a luaitear i gconclúidí uaithi an 18 Deireadh Fómhair 2021 agus á chur in iúl gur geal léi athnuachan oibríocht Althea in 2020 agus athdhíriú a shainordaithe chun tacú le húdaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéinetimpeallacht shábháilte shlán a choinneáil, freisin tríd an tríú athbhreithniú straitéiseach ar an oibríocht arna cur i láthair i mí Meitheamh 2021; á mheabhrú gur réitigh an misean sin an bealach i dtreo na síochána, na cobhsaíochta agus chomhtháthú Eorpach na Boisnia agus na Heirseagaivéine, agus go bhfuil ról ríthábhachtach fós ag an misean sin do shlándáil agus do chobhsaíocht na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus an réigiúin; á mheabhrú go bhfuil luach suntasach ag baint leis an taithí agus na ceachtanna a foghlaimíodh ón misean sin maidir le misin agus oibríochtaí míleata agus sibhialtacha uile CBSC atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na gníomhaíochtaí scarthacha arna ndéanamh ag an gcomhalta Seirbiach d'Uachtaránacht na Boisnia agus na Heirseagavéine, Milorad Dodik, ar gníomhaíochtaí iad a d'fhéadfadh a bheith míbhunreachtúil agus a bhaineann an bonn de Chomhaontú Síochána Dayton agus, dá bhrí sin, den tslándáil agus den tsíocháin sa réigiún ina iomláine; á chur i bhfáth nach mór cumas atreisiúcháin leordhóthanach ar fuireachais a choinneáil fós chun go mbeifear in ann freagra a thabhairt go mear i gcás ina dtéann an staid slándála in olcas; á thabhairt dá haire go bhféadfaí feabhas a chur ar an misean sin trí fhaisnéis shlán agus bealaí cumarsáide do phríomhchathracha na mBallstát agus trí fheabhas a chur ar bhailiú faisnéise foinse oscailte agus ar chumais anailísithe; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé leanúint le gníomhaíocht thánaisteach um dhímhianú agus le hoiliúint chomhchoiteann a chur ar fhórsaí armtha na Boisnia agus na Heirseagaivéine; ag tathant ar na Ballstáit a ngealltanais a chomhlíonadh maidir le bunú fórsaí do Althea; ag dréim le rannpháirtíocht na hÚcráine i misean Althea; ag aithint an chomhair thábhachtaigh idir AE agus ECAT sna Balcáin Thiar, go háirithe trí mhisean Althea EUFOR, a bhfuil a cheanncheathrú oibríochta lonnaithe ag Ard-Cheanncheathrú na gCumhachtaí Comhghuaillíocha san Eoraip (SHAPE) a bhuí leis an tsocraíocht dá ngairtear "Beirlín Plus";

20. ag tabhairt thorthaí Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia (EUMM na Seoirsia) dá haire le sásamh; á fhormheas go gcuirfí síneadh leis go ceann dhá bhliain; á áitiú gur gá tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar ghealltanais CBSC sa réigiún; ag cáineadh go láidir na forghabhála mídhleathaí agus an mhíleataithe arna ndéanamh ag an Rúis ar réigiúin na hAbcáise agus Tskhinvali/na hOiséite Theas sa tSeoirsia, de shárú ar an dlí idirnáisiúnta, ar bagairt thromchúiseach í ar réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir (EaP), agus ar an Eoraip ina hiomláine; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an staid slándála atá ag dul in olcas i gcríocha de chuid na Seoirsia atá faoi fhorghabháil agus gníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise, lena ndéantar an tsíocháin agus an tslándáil i réigiún EaP a dhíchobhsú; ag tathant ar AE leanúint de bheith ag éileamh ar an Rúis páirt chuiditheach a ghlacadh in Idirphlé Idirnáisiúnta na Ginéive agus a hoibleagáidí faoi chomhaontú an 12 Lúnasa 2008 maidir leis an sos comhraic a bhí faoi stiúir ag an Aontas a chomhlíonadh, go háirithe a fórsaí míleata a tharraingt siar as críocha de chuid na Seoirsia atá faoi fhorghabháil agus cead a thabhairt do mhisean

faireacháin an Aontais Eorpaigh rochtain gan bhac a bheith aige ar chríoch iomlán na Seoirsia; ag cáineadh choinneáil mhídhleathach agus fhuadach shaoránaigh na Seoirsia agus na gníomhaíochtaí "teorannaithe" méadaithe feadh na Líne Teorann Riarthaí; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na feachtais bréagaisnéise atá ag díriú ar mhisean EUMM sa tSeorsia agus á iarraidh go neartófar a hacmhainneachtaí maidir le faireachán, anailísiú agus cumarsáid straitéiseach; ag athdhearbhú a tacaíochta daingne do thíortha EaP, agus go háirithe maidir lena neamhspleáchas, lena gceannasacht agus lena n-iomláine chríochach laistigh dá dteorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta; ag moladh do AE a rannpháirtíocht i réiteach coinbhleachta síochánta ar fud réigiún EaP a neartú; á iarraidh an athuair ar an Aontas a áirithiú go mbeidh gné slándála thíortha EaP léirithe mar is ceart sa Chompás Straitéiseach agus féachaint le sraith comhaontuithe slándála a sheoladh – creataí le haghaidh infheistíocht agus cúnamh méadaithe sa tslándáil, san arm, san fhaisnéis agus sa chibearchomhar – leis an tSeoirsia, leis an Moldóiv agus leis an Úcráin mar thíortha comhlacaithe, chun a n-athléimneacht agus a slándáil a neartú;

21. ag tabhairt atreisiú mhisean comhairleach AE san Iaráic (EUAM) dá haire, lena n-áirítear tacaíocht do chur chun feidhme an athchóirithe ar an tslándáil inmheánach agus do chur chun feidhme straitéisí náisiúnta chun an sceimhlitheoireacht (lena n-áirítear an comhrac i gcoinne antoisceachas foréigneach) agus an choireacht eagraithe a chomhrac agus a sheachaint, le tagairt shonrach do bhainistiú teorainneacha, coireacht airgeadais, go háirithe an t-éilliú, sciúradh airgid agus gáinneáil i maoin oidhreachta cultúrtha;

22. á iarraidh ar AE aghaidh a thabhairt ar na bagairtí comhsheasmhacha agus méadaitheacha ar chosaint agus ar chaomhnú na hoidhreachta cultúrtha agus dul i ngleic le smuigleáil déantúsán cultúrtha, go háirithe i limistéir choinbhleachta; á thabhairt dá haire, san Iaráic, trí oidhreacht chultúrtha agus fréamhacha stairiúla a bhaint de roinnt pobal, go bhfuil siad níos leochailí i leith an radacaithe; á mheabhrú gurb é EUAM na hIaráice an t-aon mhisean nó oibríocht CBSC a bhfuil gné maidir le cosaint na hoidhreachta cultúrtha ar áireamh ina shainordú chun cúnamh agus oideachas a sholáthar do chomhpháirtithe áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála a bhaineann le caomhnú agus cosaint na hoidhreachta cultúrtha; á iarraidh ar an gComhairle agus ar SEGS gné chomhchosúil a áireamh i misin agus oibríochtaí eile;

23. á mholadh go ndéanfaí comhaltaí de Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libia) a imlonnú go Tripoli, áit a ndéanfaidh sé a ghníomhaíochtaí; á mholadh, leis an misean sin, a bhíonn ag tacú le húdaráis na Libia maidir leis na líonraí idirnáisiúnta coireachta a dhíchur, ar líonraí iad atá rannpháirteach i ngáinneáil ar imircigh, gáinneáil ar dhaoine agus sceimhlitheoireacht i réimsí an bhainistithe teorainneacha, gur cheart go bhféachfaí go fóill ann, faoi chuimse straitéis réigiúnach, ar na féidearthachtaí tacaíochta le haghaidh forbairt arna stiúradh ag an Aontas ar acmhainneachtaí teorann Stáit na Saiheile i dtaca le misin CBSC sa tSaiheil (go háirithe EUCAP Sahel Niger); á chur in iúl gur cúis bhuartha di a bhfuil i ndán d'imircigh, d'iarrthóirí tearmainn agus do dhídeanaithe sa Libia; á iarraidh go ndúnfaidh údaráis agus mílístí Libia na saoráidí coinneála d'imircigh;

24. á chur in iúl gur geal léi seoladh oibríocht CBSC sa Mheánmhuir, EUNAVFOR MED IRINI agus a athnuachan go dtí an 31 Márta 2023; ag cur béim ar a ról ríthábhachtach i gcur chun feidhme an trádbhaic arm maidir leis an Libia i gcomhréir le Rún 2526 (2020) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe; á thabhairt chun suntais go bhfuil fothú acmhainneachta ag cur isteach ar gháinneáil ar dhaoine agus gáinneáil ar airm; á thabhairt chun suntais gur diúltaíodh do EUNAVFOR MED IRINI roinnt uaireanta iniúchtaí a cheadú, fiú ar shoithí na Tuirce; á iarraidh go gcuirfidh SEGS teachtaireacht thrédhearcach ar fáil maidir leis an tsaincheist sin; á thabhairt dá haire go bhfuil fíorbheagán sócmhainní ag EUNAVFOR MED go dtí seo, rud a laghdaíonn a chumais go suntasach; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach bhfuil NATO, atá gníomhach sa limistéar trí Oibríocht "Sea Guardian", ag comhoibriú go héifeachtach trí bhíthin comhtháthú comhair mhéadaithe nó trí fhaisnéis agus acmhainní a chomhroinnt; á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint le cumarsáid phoiblí faoin misean agus a bhordáil ar shoithí, cur chuige cairdiúil agus iniúchtaí, lena n-áirítear diúltuithe; ag cur béim ar na hoibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cuardach agus tarrtháil daoine atá i nguais ar muir i gcomhréir iomlán le dlí na mara; á iarraidh ar AE ról suntasach a bheith aige sa Mheánmhuir, ós rud é go bhfuil sé tagtha chun bheith ina ghníomhaí atá in ann cobhsaíocht an réigiúin a ráthú; á chur in iúl gur geal leis torthaí Chill Idirchaidrimh agus Phleanála an Aontais Eorpaigh maidir le slándáil, faisnéis agus saineolas pleanála a sholáthar do ghníomhaithe AE sa Bhruiséil agus ar an talamh nó ar muir (toscaireacht AE, EUBAM, EUNAVFOR MED) agus do Mhisean Tacaíochta na Náisiún Aontaithe sa Libia (UNSMIL);

25. á chur in iúl gur oth léi ról díchobhsaitheach foriomlán na Tuirce in go leor limistéar ar cúis bhuartha iad in AE agus ina chomharsanachtaí, rud a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus cobhsaíocht i mbaol; á chur in iúl gur cúis mhór imní di gníomhaíochtaí neamhdhleathacha na Tuirce agus an baol go ndéanfaidh sí gníomhaíocht mhíleata i gcoinne Bhallstáit AE, go háirithe an Ghréig agus an Chipir, sa Mheánmhuir Thoir, agus a gníomhaíochtaí neamhdhleathacha laistigh de limistéir muirí na Cipire agus na Gréige, ar thug sí fógra maidir leo le déanaí, agus na gníomhaíochtaí agus an bhagairt sin á gcáineadh go géar aici; á thabhairt dá haire go bhfuil iarrachtaí déanta chun an teannas a mhaolú, ach á chur in iúl gur oth léi gníomhaíochtaí gríosaitheacha agus an baol go ndéanfaidh soithí míleata na Tuirce ionsaí i gcoinne oibríocht MED INRI de shárú ar an dlí idirnáisiúnta agus ar chearta ceannasacha Bhallstáit AE; á athdhearbhú go bhfuil an tAontas ullamh le

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

gach ionstraim agus rogha atá ar fáil dó a úsáid, lena n-áirítear na hionstraimí agus na roghanna faoi Airteagal 29 CAE agus Airteagal 215 CFAE, chun a leasanna agus leasanna a Bhallstát a chosaint, agus chun cobhsaíocht réigiúnach a chaomhnú;

26. ag moladh obair Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM na hÚcráine); ag tabhairt tuarascáil measúnaithe riachtanas SEGS maidir le hearnáil an oideachais mhíleata ghairmiúil san Úcráin dá haire agus á chur in iúl gur geal léi an obair leanúnach maidir le raon feidhme na rannpháirtíochta a d'fhéadfadh a bheith ag AE san Úcráin a mheas ar bhonn na tuarascála sin, lena gcomhlánaítear na hiarrachtaí arna ndéanamh ag an Úcráin agus a comhpháirtithe idirnáisiúnta maidir le hearnáil an oideachais mhíleata ghairmiúil a athchóiriú sa tír;

27. á iarraidh go ndéanfar CBSC sibhialtach a athbheochan trí 22 ghealltanas atá i gComhshocrú Sibhialtach CBSC a chur chun feidhme; á chur i bhfáth, sa Chompás Straitéiseach, nach mór go leagfaí síos an uaillmhian maidir le CBSC sibhialtach a athnuachan, agus gur cheart Comhshocrú 2.0 a ghlacadh ar bhealach tráthúil; ag tacú leis an smaoineamh gur cheart don Chompás gnéithe bunúsacha de CBSC sibhialtach a leagan amach, lena n-áirítear forbairt cumas sibhialtach tar éis 2023; ag tacú leis an smaoineamh gur cheart tosaíochtaí straitéiseacha do CBSC sibhialtach a bheith nasctha le próiseas athbhreithnithe bliantúil an Chomhaontuithe; á chur i bhfáth go bhfuil gá le nasc níos láidre idir CBSC, Ceartas agus Gnóthaí Baile agus gníomhaíocht arna stiúradh ag an gCoimisiún, nuair is iomchuí, agus urraim chuí á tabhairt do chúraimí agus nósanna imeachta éagsúla an dá bheartas arna bhforordú leis an gConradh, agus gníomhaithe eile ábhartha bainistithe géarchéime chun feabhas a chur ar rannchuidiú CBSC le freagairt an Aontais ar na dúshláin slándála; á iarraidh ar AE machnamh a dhéanamh ar na nósanna imeachta atá ann faoi láthair maidir le himlonnú misean d'fhonn an próiseas cinnteoireachta a dhéanamh níos gasta agus níos éifeachtúla; á chreidiúint gur cheart do AE leanúint dá mheasúnú cuimsitheach ar EUCAP Sahel Mali, EUCAP Sahel Niger, EUCAP Somalia agus misin shibhialtacha EUAM RCA, agus athbhreithniú a dhéanamh ar a sainordú, a mbuiséad agus a n-acmhainní daonna, ag áirithiú go bhfreastlófar ar fhíor-riachtanais leo, chun a gcumas oibriúcháin agus a n-éifeachtúlacht a chothú;

28. ag aithint rannchuidiú mhisin agus oibríochtaí CBSC leis an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht, ach á chur in iúl go bhfuil laige struchtúrach leanúnach agus próisis chinnteoireachta fadálacha ann do mhisin agus oibríochtaí sibhialtacha agus míleata CBSC; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé sainorduithe níos solúbtha agus níos stóinsithe a thabhairt do mhisin mhíleata, ar sainorduithe iad atá saincheaptha don staid mar atá ar an láthair; á iarraidh go ndéanfar athruithe ar struchtúir agus nósanna imeachta CBSC ionas gur féidir misin a imlonnú ar bhealaí níos tapúla, níos solúbtha agus níos comhleanúnaí; á chur i bhfios go láidir go bhfuil géarghá le nascanna níos dlúithe idir oibríochtaí Eorpacha *ad hoc* atá ann faoi láthair agus misin nó oibríochtaí míleata CBSC, go háirithe agus aghaidh á thabhairt ar ghéarchéim phráinneach nó rochtain á ráthú ar limistéir straitéiseacha a chonspóidtear; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór d'aon sainorduithe a bheidh ann amach anseo straitéis scoir shoiléir chuimsitheach a bheith acu, mar aon le liosta na n-acmhainní atá ag teastáil chuige sin; á chur i bhfáth gur gá do gach misean, agus go háirithe misin mhíleata, oibriú le daoine áitiúla chun acmhainneacht a fhorbairt laistigh de thréimhse ama réasúnta d'fhonn imeacht inbhuanaithe a lamháil;

29. á chur i bhfáth go bhfuil gá le meastóireacht rialta, córasach agus trédhearcach ar mhisin agus oibríochtaí uile CBSC ar bhonn critéir ábhartha straitéiseacha agus oibríochtúla; á iarraidh ar VP/HR próiseas a sheoladh chun foghlaim ó na ceachtanna ó mhisin, oibríochtaí agus gníomhaíochtaí a bhí ann roimhe sin agus atá fós ar siúl, agus díriú ar cé na cuínsí polaitiúla, institiúideacha agus freisin na cuínsí socheacnamaíocha a chaithfear a chomhlíonadh chun go dtacóidh gníomhaíochtaí slándála agus cosanta go héifeachtach le cothú marthanach na síochána agus le struchtúir inbhuanaithe agus struchtúir rialachais dhaonlathaigh a neartú; á mheas gur gá níos mó freagrachtaí oibríochtúla maidir le seoladh agus bainistiú misean agus oibríochtaí a tharmligean chuig a n-eagraíocht cheannasaíochta mhíleata; á iarraidh ar bhonn níos ginearálta go mbeidh struchtúir mhíleata AE rannpháirteach go córasach i ngach beartas agus ionstraim ag a bhfuil tionchar ar rannpháirtíocht oibríochtúil na bhfórsaí armtha Eorpacha, agus go háirithe in obair Choiste Cláir CEF;

30. á chur in iúl gur mórchúis bhuartha di an líon íseal fórsaí a ghintear d'oibríochtaí agus misin, agus ag tathant go láidir ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin a luaithe is féidir; ag tathant ar AE agus ar a Bhallstáit an fhoireann, an oiliúint agus na cumais riachtanacha a thabhairt do mhisin CBSC chun a sainorduithe a chomhlíonadh agus chun go mbeidh siad níos airdeallaí agus níos athléimní faoi choinníollacha nach bhfuil chomh fabhrach céanna; ag cur béim, i ndáil leis sin, ar thionscadal "Lárionad Oibríochtaí um Fhreagairt Géarchéimeanna" de chuid PESCO atá á phlé faoi láthair, arb é is aidhm dó feabhas a chur ar an bpróiseas bunuithe fórsaí; á chur in iúl gur oth léi ag an am céanna nach nglacann ach sé Bhallstát páirt i dtionscadal PESCO go dtí seo; á iarraidh ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún lánúsáid a bhaint as an tSaoráid Eorpach Síochána agus as na féidearthachtaí maidir le maoiniú ó bhuiséad an Aontais dá bhforáiltear leis na Conarthaí chun bunú fórsaí agus imlonnuithe míleata a éascú; ag tacú le rannpháirtíocht tríú tíortha in oibríochtaí agus misin CBSC nuair atá siad i gcomhréir le leasanna agus luachanna na hEorpa; á chreidiúint gur cheart don rannpháirtíocht sin a mhéadú nuair is iomchuí agus i gcás inarb iomchuí;

31. á chur in iúl gur cúis bhuartha di cúbláil mhéadaitheach faisnéise, an bhréagáisnéis agus bagairtí hibrideacha a eascraíonn go háirithe as an Rúis, agus as an tSín, ach freisin as gníomhaithe eile, lena ndéantar difear díreach do roinnt mhaith láithreacha oibríochta agus do mhisin agus oibríochtaí CBSC, lena ndéantar réigiúin iomlána a dhíchobhsú agus misin AE thar lear a dhídhlisteanú; á iarraidh go ndéanfar struchtúrú ar fhreagairt mhisin agus oibríochtaí CBSC ar na bagairtí sin mar ábhar práinne; á chur i bhfios go láidir, i ndáil leis sin, nach mór do AE, do na Ballstáit agus do thíortha

comharsanachta iarrachtaí comhpháirteacha a dhéanamh, lena n-áirítear chun bagairtí hibrideacha, cibearionsuithe agus rioscaí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha (CBRN) a réamh-mheas; á chur in iúl gur geal léi cruthú cúltaca acmhainneachta um fhreagairt ar ghéarchéimeanna do theagmhais CBRN; ag tathant ar SEGS tacaíocht nithiúil a sholáthar do mhisin agus oibríochtaí CBSC trí chumarsáid straitéiseach;

32. á iarraidh go neartófar struchtúir cheannais an Aontais, go háirithe an Fhoireann Mhíleata (EUMS) agus an Cumas Míleata Pleanála agus Seolta (MPCC), nach mór an fhoireann, an trealamh agus na hacmhainní is gá a sholáthar dóibh a luaithe is féidir, agus nach mór dóibh a bheith in ann faisnéis rúnaicmithe a mhalartú ar bhealach slán, lena n-áirítear leis na Ballstáit agus le misin nó oibríochtaí; á chur in iúl gur saoth léi, i ndáil leis sin, gur cuireadh an t-aistriú go dtí céim 2 de MPCC ar atráth agus á iarraidh ar na Ballstáit a ngealltanais maidir lena chumasú a chomhlíonadh go hiomlán; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé struchtúr ceannais agus rialaithe lánfheidhmiúil a dhéanamh de MPCC a luaithe is féidir, a bheadh in ann feidhm réamhaíochta réamhbhreathnaitheach agus straitéiseach a sholáthar, oibríochtaí agus misin Eorpacha a stiúradh leis an bhfreagrúlacht agus an tsolúbthacht atá ag teastáil ón gcomhthéacs straitéiseach agus neamhspleáchas oibríochtúil straitéiseach na nEorpach a neartú;

33. á thabhairt chun suntais go gcuireann rannpháirtíocht na mban i misin CBSC le héifeachtacht an mhisin agus gur spreagadh é d'inchreidteacht AE mar thacadóir do chearta comhionanna do mhná agus d'fhir ar fud an domhain; á iarraidh go ndéanfar Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil (WPS) agus Rún 2250 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an Óige, an tSíocháin agus an tSlándáil (YPS) a chur chun feidhme ar bhealach níos córasaí, agus go neartófar clár oibre AE maidir le WPS agus YPS; á iarraidh go ndéanfar príomhshruthú fiúntach ar inscne i gceapadh CBSC, go háirithe trí chothromaíocht inscne níos fearr a bhaint amach i bpearsanra agus ceannaireacht mhisin agus oibríochtaí CBSC agus trí oiliúint shonrach a chur ar an bpearsanra a imscartar; á iarraidh go mbeidh bearta ann chun timpeallacht oibre atá saor ó ghnéaschiapadh agus ciapadh inscnebhunaithe a áirithiú; á iarraidh an athuair go n-áireofaí anailís inscne in ionstraimí nua CBSC, lena n-áirítear an Ciste Eorpach Cosanta agus an tSaoráid Eorpach Síochána; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil misin shibhialtacha uile CBSC tar éis comhairleoir inscne a cheapadh anois agus á iarraidh ar mhisin mhíleata CBSC déanamh amhlaidh; ag spreagadh Bhallstáit AE mná a chur chun cinn mar iarrthóirí do na folúntais atá cheana ann; á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil líon na mban a oibríonn i misin CBSC agus go háirithe in oibríochtaí míleata fós an-íseal; ag tathant ar SEGS an gá atá le sprioc nithiúil a chur chun cinn chun líon na mban i misin agus oibríochtaí bainistithe géarchéime AE a mhéadú; ag tathant ar na Ballstáit féachaint ar bhealaí chun beartais earcaíochta agus choinneála a neartú agus rannpháirtíocht na mban i misin chothú na síochána agus na síochánaíochta a chur chun cinn; á chur i bhfáth go bhfuil gá le líne bhuiséid nua de chuid AE a áireamh lena maoineofaí post na gcomhairleoirí inscne i misin mhíleata CBSC;

34. ag fanacht leis an teachtaireacht chomhpháirteach maidir le cur chuige straitéiseach chun tacú le dí-armáil, díshlógadh agus athimeascadh iarchomhraiceoirí, arna fhógairt i litir intinne ar Staid an Aontais 2020, ina bhféachtar ar athbhreithniú tráthúil a dhéanamh ar Choincheap AE 2006 maidir le Tacaíocht a thabhairt do Dhí-armáil, Díshlógadh agus Athimeascadh; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá athchóiriú na hearnála slándála mar thosaíocht, go háirithe dár misin CBSC; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar SEGS cur leis an teachtaireacht chomhpháirteach atá ar na bacáin maidir le dí-armáil, díshlógadh agus athimeascadh san earnáil slándála agus i bhfothú acmhainneachta chun tacú leis an tslándáil agus leis an bhforbairt (CBSD) d'fhonn cur chuige Aontais comhsheasmhach, comhleanúnach agus athnuaite ó bhonn i leith cúnamh slándála do thríú tíortha a bhaint amach; á iarraidh go mbeidh comhsheasmhacht ann idir ionstraimí CBSC agus cabhair um fhorbairt AE;

### *Géarchéimeanna a thuar agus a bhainistiú*

35. á chur in iúl gur geal léi acmhainneacht comhair na n-arm Eorpach i dtaca le cuidiú le saoránaigh sa chomhrac i gcoinne na paindéime in 2020; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur léirigh rannchuidiú luachmhar na bhfórsaí armtha le linn phaindéim COVID-19 a thábhachtaí atá úsáid shocmhainní agus acmhainneachtaí míleata na mBallstát chun tacú le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit breithniú a dhéanamh go dairíre i dtaobh socruithe mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Airteagal 44 CAE agus lánúsáid a bhaint astu chun a chur ar chumas an Aontais freagairt go mear, go héifeachtúil agus leis an tsolúbthacht is gá ar ghéarchéimeanna slándála le gné chomhchoitinn láidir AE, lena n-áirítear trí oibríocht *ad hoc* a cheadú atá á déanamh cheana féin ag grúpa Ballstát chun sainordú *ex post* AE a fháil ina dhiaidh sin; á chur in iúl gur geal léi an ról dearfach comhthiomsaithe agus comhordaithe a bhí ag fórsaí armtha le linn phaindéim COVID-19, go háirithe aistrithe le haghaidh cóireáil leighis agus seachadtaí trealaimh idir na Ballstáit, chomh maith leis na sineirgí a cruthaíodh le bonneagair agus sócmhainní chomhghuaillithe ECAT le haghaidh aeraistrithe agus iompar trealaimh riachtanach; á chur in iúl gur geal léi, go háirithe, ról na Ceannasaíochta Eorpaí um Aeriompar (EATC) in aslonnú agus aistriú othar agus seachadadh soláthairtí leighis le linn na paindéime; á mholadh úsáid na haershoghluaisteachta míleata go ginearálta, lena n-áirítear iompar, athbhreoslú san aer agus aslonnú aerleighis san Eoraip, lena n-áirithítear éifeachtúlacht agus éifeachtacht iarrachtaí an aeriompar mhíleata san Eoraip;

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

á iarraidh, i ndáil leis sin, ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar fhorbairt chomhpháirteach an trealaimh cosanta straitéiseach sin agus á mholadh go gcruthófar aonad míleata éigeandála AE a bhfuil sé mar aidhm leis úsáid thrasteorann acmhainneachtaí lóistíochta míleata trasteorann a éascú chun aghaidh a thabhairt ar éigeandálaí, d'fhonn níos mó comhordaithe, sinéirge agus dlúthpháirtíochta a lamháil i soláthar cúnaimh d'oibríochtaí tacaíochta sibhialta;

36. ag tacú leis an uaillmhian "mearfhórsa iontrála" a chruthú ar thacaigh VP/HR léi, ar cheart briogáid talún ilnáisiúnta de thart ar 5 000 trúpa agus gnéithe maidir le haer, an mhuir agus fórsaí speisialta a áireamh ann, ar mearfhórsa é is féidir a shlógadh in éigeandáil slándála; á mheabhrú go bhfuil easpa saineolais theicniúil agus acmhainneachtaí is gá maidir leis an talamh, an mhuir agus an aer ag AE chun oibríochtaí céadiontrála a dhéanamh chun an tslándáil i láthair oibríochta a athbhunú; á chreidiúint go bhfuil sé réalaíoch agus riachtanach, mar chéad chéim, go dtiocfadh na Ballstáit ar chomhaontú, faoi chuimse an Chompáis Straitéisigh, maidir leis na cuínsí a d'fhágfadh go mbeadh gá le fórsa den sórt sin a shlógadh, agus go dtiocfaidís ar chomhaontú maidir le cás oibríochtúla amháin nó níos mó, lena n-áirítear laistigh de thréimhsí ama thar a bheith gearr; á mheabhrú, áfach, le linn na 15 blianta ar ann do chathghrúpaí AE, nár úsáideadh riamh iad, go háirithe mar gheall ar easpa comhdhearcaidh pholaitiúil i measc na mBallstát agus ar chastacht an chur chun feidhme agus an mhaoinithe, cé go raibh an fhéidearthacht ann iad a imlonnú roinnt mhaith uaireanta; á mheabhrú gur gá iad a dhéanamh oibríochtúil trí chleachtaí rialta allamuigh a dhéanamh; á chur in iúl gur saoth léi easpa tiomantais na mBallstát maidir leis na cathghrúpaí ó thaobh cúrsaí polaitiúla agus cúrsaí praiticiúla de á chur in iúl gur oth léi nach raibh ach cathghrúpa amháin, faoi stiúir na hIodáile, ag feidhmiú in 2021; á chur in iúl gur cúis bhuartha a laige atá an phleanáil straitéiseach le haghaidh 2022 agus 2023 agus á iarraidh go ndéanfar athbhreithniú uirthi; á iarraidh ar na Ballstáit cur lena ngealltanas chun acmhainneachtaí míleata AE a mhéadú; á chur in iúl nach mór breisluach a bheith ag baint le coincheap an fhórsa mhearimscartha i gcomparáid le cathghrúpaí AE; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún measúnú críochnúil, machnamh agus forbairt a dhéanamh ar roghanna chun fórsa seasta a chur ar bun, atá lonnaithe go buan agus a bhíonn ag traenáil le chéile; á chreidiúint gur cheart don "mhearfhórsa iontrála" nua a bheith ann mar thoradh ar athchóiriú uaillmhianach arna dhéanamh ar na cathghrúpaí nó gur cheart dó iad a ionadú go hiomlán chun tuilleadh dúbáiltí cumais i CBSC AE a sheachaint; á chur in iúl go bhfuil an leibhéal céanna uaillmhéine aici agus an léibhéal uaillmhéine arna leagan amach ag VP/HR ó thaobh stóinseacht uirlisí míleata AE, go háirithe ionstraimí *ad hoc*; á iarraidh ar an gComhairle agus ar SEGS staidéar a dhéanamh ar conas athlonnú chathghrúpaí AE nó "mhearfhórsa iontrála" nua AE, cur chun feidhme Airteagal 44 CAE, agus gné oibríochtúil PESCO nach bhfuil leas bainte aisti go fóill, a eagrú ar an mbealach is fearr; ag dréim leis, trí na gnéithe sin a nascadh, go gcuirfear ar chumas AE agus a Bhallstát freagairt mhear agus éifeachtach a thabhairt ar ghéarchéimeanna ina chomharsanacht trí mhodhanna míleata, agus na cúraimí arna leagan amach in Airteagal 43 (1) CAE, dá ngairtear cúraimí Petersberg freisin, a chur i gcrích;

37. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá faisnéis chruinn agus thráthúil chun tacú le cinnteoireacht agus chun misin agus oibríochtaí slána a áirithiú, agus chun dul i ngleic ar bhealach níos fearr le feachtais tionchair agus bréagaisnéise lena ndírítear orthu; á iarraidh ar SEGS acmhainneacht faisnéise a chur i bhfeidhm i láithreacha oibríochta trí aonaid faisnéise a chruthú i misin agus oibríochtaí uile CBSC, lena dtabharfaí faisnéis i bhfíor-ama do Lárionad Faisnéise agus Staide AE (EU INTCEN), do EUMS agus don Chumas Sibhialtach Pleanála agus Seolta (CPCC) chun tacú le cinnteoireacht; á chur i bhfios go láidir, ar bhonn níos ginearálta, go bhfuil obair EU INTCEN agus Stiúrthóireacht Faisnéise EUMS (EUMS INT) spleách ar thoilteanas na mBallstát faisnéis a chomhroinnt agus á iarraidh go méadófar acmhainní airgeadais agus teicniúla EU INTCEN; ag aontú le hanailís Uachtarán an Choimisiúin ina haitheasc ar Staid an Aontais Eorpaigh 2021 nach mór do AE feabhas a chur ar chomhar i réimse na faisnéise; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá feasacht staide agus comhar idir seirbhísí náisiúnta faisnéise, agus á chur in iúl gur geal léi iarradh Uachtarán an Choimisiúin go mbeadh lárionad comhpháirteach feasachta staide ann, ar uirlis ríthábhachtach í chun feabhas a chur ar fhadbhreathnaitheacht straitéiseach agus ar uathriail straitéiseach AE;

38. á chur in iúl gur díol sásaimh di bunú na Saoráide Eorpaí Síochána in 2020; á mheabhrú go gcuirfidh an tSaoráid Eorpach Síochána ar chumas an Aontais freagairt ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtaí do na dúshláin slándála atá ann faoi láthair, agus á iarraidh, dá bhrí sin, go gcuirfí i mbun oibríochta í go pras; á chur i bhfáth nach mór go ndéanfar an trealamh is gá, lena n-áirítear an trealamh marfach i gcás inarb ábhartha agus inar gá, agus an oiliúint a chur ar fáil sna hamharclanna oibríochta ábhartha, agus cineál na saoráide atá cothrom ó thaobh na geografaíochta de á chur san áireamh, agus na hocht gcritéar de Chomhsheasamh 944, cearta an duine agus an dlí daonnúil á n-urramú go hiomlán, faoi réir measúnú riosca *ex ante* cuimsitheach agus faireachán buan AE ar sholáthar na teicneolaíochta míleata do ghníomhaithe tríú tír agus forálacha éifeachtacha trédhearcachta; á chur i bhfios go láidir nach mór do SEGS dlúthfhaireachán a dhéanamh ar inrianaitheacht agus úsáid chuí an ábhair a chuirtear ar fáil dár gcomhpháirtithe faoin tSaoráid Eorpach Síochána, agus cur chuige 360 céim na Saoráide Eorpaí Síochána á chur san áireamh; á chur i bhfios nach dtugann an tSaoráid Eorpach Síochána aghaidh ar threalamh a sholáthar do chomhpháirtithe amháin ach go bhfeidhmíonn sí freisin ina rogha chistiúcháin le haghaidh na gcostas comhchoiteann a bhaineann le hoibríocht mhíleata laistigh de CBSC, ar cheart úsáid

a bhaint aisti a mhéid is gá; á ghealladh go n-áiritheoidh sí comhleanúnachas agus comhlántacht idir misin agus oibríochtaí CBSC, ionstraim airgeadais an Aontais NDICI agus an tSaoráid Eorpach Síochána; á iarraidh an athuair go gcruthófaí roinn riaracháin nua laistigh de SEGS chun an ionstraim nua seo a bhainistiú; ag leagan béim ar a riachtanaí atá sé an Compás Straitéiseach a úsáid chun fís shoiléir a fhorbairt faoin gcaoi ar mian leis na Ballstáit an tSaoráid Eorpach Síochána a úsáid sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma;

39. á chur in iúl gur díol sásaimh di treochlár SEGS ó mhí na Samhna 2020 maidir leis an athrú aeráide agus maidir leis an gcosaint, ina n-áirítear gníomhaíochtaí nithiúla lena dtugtar aghaidh ar an nasc idir an aeráid agus an tslándáil, ar nasc é atá ag éirí níos ábhartha de réir a chéile; á chur i bhfios go láidir gur minice a tharlaíonn tubaistí nádúrtha, paindéimí domhanda nó tubaistí de dhéantús an duine, a chuireann leis na dúshláin slándála atá ann faoi láthair, díreach mar a chuireann cibirbhagairtí agus bagairtí hibrideacha leis na dúshláin sin, agus a bhfuil acmhainní breise ag teastáil lena n-aghaidh dá bhrí sin; á mholadh don Aontas agus a Bhallstáit a gcumas a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua sin; á chur i bhfáth, agus aghaidh á thabhairt ar na dúshláin nua slándála sin, nár cheart go ndéanfaí acmhainní a atreorú ó chumais thraidisiúnta, ó ghnáthchumais chosanta agus slándála;

40. á mheas gur cineál cogaidh hibridigh chomhcheangailte é leas a bhaint as an sreabhadh imirce mar uirlis trí theorainneacha seachtracha thoir AE mar aon le feachtais bhréagaisnéise a bhfuil sé d’aidhm aige an tAontas a imeaglú agus a dhíchobhsú; á iarraidh ar an Aontas reachtaíocht ábhartha a fhorbairt a chuireann na coimircí riachtanacha ar fáil chun gníomhú agus freagairt ar leas a bheith á bhaint as an imirce mar uirlis chun críocha polaitiúla ag tríú tíortha, chun cosaint éifeachtach theorainneacha seachtracha an Aontais agus cosaint chearta an duine agus dhínit an duine a áirithiú, agus chun bearta a ghlacadh chun trasnuithe neamhrialta a chosc; á athdhearbhú a dlúthpháirtíocht leis an Laitvia, leis an Liotuáin agus leis an bPolainn in aghaidh leas a bheith á bhaint as an imirce mar uirlis ag réimeas Lukashenko chun an tAontas a dhíchobhsú;

***Aontas níos athléimní: rochtain ar spásanna straitéiseacha conspóide a áirithiú agus cúnamh frithpháirteach agus slándáil a fheabhsú idir na Ballstáit***

*Saoirse gluaiseachta ar muir a chosaint*

41. á chur i bhfios, i bhfianaise an teannais gheopholaitiúil mhuirí atá ann faoi láthair, nach mór don Aontas luachanna agus prionsabail uilíocha a chosaint, Cairt na Náisiún Aontaithe, an dlí idirnáisiúnta amhail Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS), an t-iltaobhachas agus an comhar idirnáisiúnta, agus a leasanna a chosaint trí shaoirse loingseoireachta, sábháilteacht na bealaí muirí cumarsáide agus bonneagar amach ón gcósta a ráthú; á mheabhrú go bhfuil dlúthbhaint ag leasanna muirí an Aontais le dea-bhail, rathúnas agus slándáil a shaoránach, agus go ndéantar thart ar 90 % de thrádáil sheachtrach an Aontais agus 40 % dá thrádáil inmheánach a iompar ar muir; á chur i bhfios go láidir inniúlachtaí agus cumhacht an Aontais Eorpaigh, go háirithe go normatach, i réimse na hathléimneachta;

42. á chur in iúl an athuair gur gá ról an Aontais mar sholáthraí slándála muirí idirnáisiúnta a neartú; á iarraidh ar an Aontas cur le hoibríochtaí cabhlaigh CBSC agus iad a fhorbairt chun go mbeidh ardán láidir ann chun rannpháirtíocht oibríochtúil níos buaine a fhorbairt tuilleadh ar an leibhéal idirnáisiúnta; á iarraidh go dtabharfar aird ar an bhféidearthacht cleachtaí cabhlaigh rialta a eagrú lenar cheart sócmhainní le foireann agus sócmhainní gan foireann a chomhcheangal, i gcás inar féidir, chun an idir-inoibritheacht a fheabhsú; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach go gcoinneodh an tAontas timpeallacht chobhsaí agus shlán sna farraigí mórthimpeall air; ag tabhairt dá haire, agus is cúis imní di, gur aithníodh san Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint (CARD) go bhfuil “bearnaí suntasacha” ann i dtaobh cumas ceannais agus rialaithe, faisnéise, faireachais agus taiscéalaíochta muirí; á chur in iúl gur díol sásaimh di na sé thionscadal de chuid PESCO atá dírithe ar chumais mhuirí a fhorbairt, chomh maith leis na cláir chomhpháirteacha um fhorbairt cumais chabhlaigh; á chur i bhfios go láidir gur gá don Aontas agus do ECAT oibriú i ndlúthchomhar le chéile chun cur chuige comhchoiteann éifeachtach a ghlacadh maidir le bagairtí ar an tslándáil mhuirí, amhail an choireacht trasteorann agus an choireacht eagraithe, lena n-áirítear líonraí coiriúla eagraithe a bhfuil baint acu leis an ngáinneáil ar dhaoine, gáinneáil ar airm agus ar dhrugaí, smuigleáil agus iascaireacht neamhdhleathach;

43. á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, seoladh choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe (CMPanna) agus treoirthionscadail i Murascaill na Guine; á iarraidh i ndáil leis an gcoincheap sin, bunaithe ar anailís ar riachtanais, lena n-áirítear go bhféadfadh sé rannchuidiú le teannais réigiúnacha a dhíghéarú, go leathnófaí é chuig réimsí eile leasa, go háirithe an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, chun seasamh idirnáisiúnta agus luachanna na hEorpa a áirithiú agus a chosaint; á iarraidh go ndéanfaí meastóireacht ar an gcoincheap sin agus ar mhisin ábhartha atá ar siúl sa Pharlaimint agus go ndéanfaí iad a phlé; á iarraidh ar an gCoimisiún freisin aird ar leith a thabhairt ar ghnéithe slándála agus cosanta sa chéad nuashonrú eile ar a theachtaireacht maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan atá beartaithe do 2022; á iarraidh ar na Ballstáit mhuirí a gcumas cabhlaigh míleata a neartú chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí neamhshiméadracha agus traidisiúnta ar an tslándáil mhuirí, ar shaoirse loingseoireachta agus ar gheilleagar gorm an Aontais; á iarraidh ar an Aontas a straitéis slándála muirí a thabhairt cothrom le dáta faoi 2022; á chur in iúl gur díol sásaimh di seoladh an mhisin Eorpaigh maidir le Feasacht ar Staid Mhuirí i gCaolas Hormuz (EMASOH) i dtús na bliana 2020, agus go dtacaíonn sí leis an dá chuspóir atá leis: timpeallacht shábháilte loingseoireachta a ráthú, agus an teannas réigiúnach atá ann faoi láthair a mhaolú;

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

á chur in iúl gur díol sásaimh di an t-athbhreithniú straitéiseach “cuimsitheach agus comhordaithe” ar EUNAVFOR ATALANTA, EUTM Somalia, agus EUCAP Somalia, agus go ndearnadh iad a leathnú, d'fhonn gach gné slándála a chuimsiú ann;

*Bagairtí hibrideacha a chomhrac*

44. ag cáineadh na ngníomhartha mailíseacha a rinneadh i gcoinne na mBallstát, amhail ionsaithe hibrideacha a bhaineann leas as an imirce mar uirlis; á iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit feabhas a chur ar a gcumas bagairtí hibrideacha a shainaithint; ag áitiú go ngníomhóidh an tAontas agus na Ballstáit go láidir agus ar bhealach comhordaithe i gcoinne aon chibearghníomhaíocht nua atá mailíseach, neamhdhleathach nó díchobhsaithe trí leas iomlán a bhaint as na hionstraimí atá ar fáil don Aontas agus i gcomhar lena chomhpháirtithe; á iarraidh ar na Ballstáit cumais náisiúnta chibearchosanta a fheabhsú; á iarraidh ar an Aontas oibriú chun ionstraim dlí a chruthú chun freagairt do bhagairtí hibrideacha agus chun cibearchumas cuimsitheach a fhorbairt lena n-áirítear líonraí slána, teachtaireachtaí agus comhroinnt faisnéise, oiliúint agus cleachtaí, lena n-áirítear trí thionscadail PESCO, agus leas á bhaint as bosca uirlisí cibearthaidhleoireachta an Aontais; á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú práinneach ar an gcreat beartais cibearchosanta chun cumas coisc, sannta, díspreagtha agus freagrúlachta an Aontais agus a Bhallstát a mhéadú trína seasamh, a bhfeasacht staide, uirlisí agus nósanna imeachta a neartú; á chur i bhfios go láidir nach foláir d'institiúidí agus Ballstáit uile AE oibriú ar bhealach níos comhoibríche ar na leibhéil uile chun straitéis cibearshlándála a fhorbairt, ar cheart go mbeadh mar phríomhchuspóir aici athléimneacht a neartú tuilleadh, agus cibearchumais shibhialtacha agus mhíleata choiteanna, náisiúnta, láidre agus comhar a fhorbairt, ach a fhorbairt ar bhonn níos fearr freisin, chun freagairt do dhúshláin mharthanacha slándála; á chur in iúl gur díol sásaimh di, dá bhrí sin, an fógra ó SOTEU 2021 maidir le beartas Eorpach cibearchosanta; á chur in iúl gur díol sásaimh di an comhar méadaithe i measc na mBallstát maidir leis an gcibearchosaint faoi chuimsiú PESCO, lena n-áirítear foirne mearfhreagartha; á mheabhrú go bhfuil cur chun feidhme rathúil mhisin agus oibríochtaí AE ag brath níos mó agus níos mó ar rochtain gan bhac ar chibearspás slán, agus go bhfuil gá, dá bhrí sin, le cumais láidre agus athléimneacha chibearoibríochta, mar aon le freagairtí leormhaithe ar ionsaithe i gcoinne fearais, misin agus oibríochtaí míleata; á aithint, go pointe áirithe, go bhfuil an chibearchosaint níos éifeachtaí más ann do roinnt modhanna agus bearta ionsaitheacha, ar choinníoll go bhfuil an úsáid a bhainfear astu comhlíontach leis an dlí idirnáisiúnta; á chur in iúl gur cúis imní di go bhfuil an tAontas agus na Ballstáit ag brath ar uirlisí eachtracha chun a gcibearshlándáil a ráthú; á chur i bhfáth a riachtanaí atá sé cultúr cibearshlándála a chothú laistigh d'eintitis phoiblí agus phríobháideacha Eorpacha, lena n-áirítear trí chúrsaí agus curaclaim thiomnaithe a thabhairt isteach; ag tabhairt dá haire an obair thábhachtach oiliúna a rinne an Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint (ESDC) a bhain leis an gcibearchosaint, agus á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, bunú an chibearoideachais, na hoiliúna, na meastóireachta agus freachnaimh (ETEE); á chur i bhfáth gur cheart do ESDC tairbhiú tuilleadh de chistiú struchtúrach an Aontais ionas go mbeifear in ann feabhas a chur ar a rannchuidiú le scileanna cibearchosanta AE a chothú, go háirithe i bhfianaise an ghá mhéadaithe atá le cibearshaineolaithe ardleibhéil a bheith ann; ag aithint an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le cibear-acmhainneachtaí agus le hacmhainneachtaí intleachta uathoibrithe; á chur i bhfáth gur bagairtí iad sin ar na Ballstáit agus ar institiúidí uile an Aontais; á thathant ar institiúidí uile AE agus ar na Ballstáit leanúint d'fheabhas a chur ar a gcibeartheicneolaíochtaí agus ar a dteicneolaíochtaí uathoibrithe, agus á mholadh, ina theannta sin, go mbeidh comhar ann maidir leis an dul chun cinn teicneolaíoch sin; á mholadh go ndéanfaí roghanna a fhiosrú a bhaineann le forbairt chibearchumas ár gcomhpháirtithe, amhail sainordú mhisin oiliúna AE a leathnú chun saincheisteanna chibearchosanta a chuimsiú freisin nó cibirmhisin shibhialtacha a sheoladh; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur forchuireadh smachtbhannaí i gcoinne déantóirí cibirionsaithe de chuid na Rúise, na Síne agus na Cóiré Thuaidh, lena n-áirítear WannaCry, NotPetya agus Oibríocht Cloud Hopper;

45. á iarraidh ar SEGS sraith straitéisí de chuid an Aontais a chruthú, i gcomhréir leis an bplean gníomhaíochta um an daonlathas Eorpach, a bhfuil sé mar aidhm aici, ní hamháin díriú ar athléimneacht na mBallstát agus na ngeallsealbhóirí a fheabhsú in aghaidh na bréagaisnéise, ach freisin chun ceanglais éigeantacha a leagan síos d'ardáin shóisialta agus chun cur ar chumas saoránach cinntí eolasacha a dhéanamh, agus freisin feabhas a chur ar chumas an Aontais an comhrac a neartú in aghaidh na bréagaisnéise agus iompraíocht mhailíseach d'aon ghnó, chun iad a shainaithint, a dhíspreagadh, a chomhrac agus smachtbhannaí a fhorchur orthu;

46. ag áitiú, i bhfianaise éabhlóid na bagartha seo agus oiriúnú riachtanach ár n-institiúidí, go gcuirfear bearta i bhfeidhm sna hinstitiúidí Eorpacha, lena n-áirítear an Pharlaimint, chun a n-acmhainneachtaí inmheánacha a chomhdhlúthú; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá an comhordú idirinstitiúideach a chuir an Fhoireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE (CERT-EU) ar bun; ag tathant ar na hinstitiúidí Eorpacha, go háirithe an Coimisiún, na hacmhainní daonna is gá a chur ar fáil chun CERT-EU a neartú; ag tathant ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí, ina leith sin, agus/nó ar na Ballstáit acmhainní airgeadais agus pearsanra a mhéadú chun cumas an Aontais é féin a chosaint ar chibirionsaithe a neartú;

47. ag spreagadh fheabhsú an chúnaimh fhrithpháirtigh oibríochtúil idir na Ballstáit; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cleachtaí breise a dhéanamh bunaithe ar chásanna bainistithe géarchéime; ag tathant ar na Ballstáit teacht ar chomhthuiscint uaillmhianach, nuair a bheidh an Coiste Straitéiseach curtha i gcrích, maidir le hAirteagail 42(7) CAE agus 222 CFAE, lena n-áirítear maidir le hAirteagail 222 CFAE agus 42(7) CAE a ghníomhachtú i gcás cibirionsaí hipitéiseach; á chur i bhfáth, ina leith sin, nár sainmhíníodh riamh na coinníollacha go soiléir chun Airteagal 42(7) CAE agus módúlachtaí an chúnaimh atá ag teastáil a gníomhachtú, agus á iarraidh go gcuirfí an uirlis sin chun feidhme ar bhealach níos oibríochtúla;

*Ceannasacht an Aontais sa spás agus san aer a chaomhnú*

48. á iarraidh ar an Aontas straitéis um chosaint spáis a fhorbairt chun an rochtain uathrialach agus gan bhriseadh atá ag an Aontas agus ag na Ballstáit ar shócmhainní spáis a chaomhnú i gcónaí; á áitiú gur gá teacht chun cinn cultúir straitéisigh chomhchoitinn Eorpaigh maidir le slándáil agus cosaint sa spás a chur chun cinn, spleáchais straitéiseacha a laghdú agus feabhas a chur ar rialachas oibríochtúil na gclár Eorpach spáis, agus é mar aidhm, sa deireadh, neamhspleáchas straitéiseach a bhaint amach i ngach réimse eile; ag tacú le tionscnaimh atá dírithe ar bhorradh a chur faoi bheartas spáis an Aontais, lena n-áirítear clár nua uaillmhianch spáis AE, ar clár é nach mór dó sócmhainní spáis na hEorpa atá ann faoi láthair agus a bhí ann cheana a chosaint; á mholadh don Aontas feabhas a chur ar a fheasacht staide agus a thacaíocht gheofhaisnéise trína n-acmhainneachtaí saineolais a neartú trí Lárionad Satailíte AE (SATCEN) agus trí acmhainneachtaí na mBallstát a neartú chun an nasc idir CBSC agus clár spáis an Aontais trí Galileo a áirithiú, go háirithe trí PRS agus Copernicus, chun leas a bhaint as deiseanna infheistíochta (go háirithe faoin gclár Fís Eorpach agus CEF) agus chun féachaint ar shineirgí eile a d'fhéadfadh a bheith ann idir an spás agus an chosaint (lena n-áirítear acmhainneachtaí); á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé don Aontas rochtain uathrialaitheach ar an spás agus ar a lainseálaithe féin a bheith aige; á áitiú go mbeadh an tAontas ar thús cadhnaíochta maidir leis an dlí idirnáisiúnta spáis a neartú, ar réimse é a bhfuil ag méadú ar na hagóidí atá ann ina leith; á iarraidh ar an Aontas agus a Bhallstáit tionscnaimh idirnáisiúnta maidir le dí-armáil sa spás a chur chun cinn go gníomhach;

49. ag tabhairt rabhaidh go bhféadfadh an cianspás a bheith ina réimse míleata mura gcuirtear na hionstraimí dlí idirnáisiúnta cearta i bhfeidhm; ag áitiú gur cheart don Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta maidir leis an dlí idirnáisiúnta spáis a neartú, ar réimse é a bhfuil ag méadú ar na hagóidí atá ann ina leith, a bheith ag féachaint le cosc a chur ar armáil an spáis trí oibriú i dtreo ionstraim chuimsitheach dlí idirnáisiúnta, agus comhghuaillíochtaí, comhar idirnáisiúnta agus réitigh iltaobhacha a chothú ina leith sin;

50. á chur in iúl gur díol sásaimh di an togra le haghaidh tionscadal nua Eorpach um nascacht shlán, lena n-áirítear satailítí candamacha; á iarraidh go dtabharfaí an tionscadal sin chun críche go pras, chun leibhéal na slándála teileachumarsáide san Aontas a fheabhsú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil riosca méadaitheach ann a bhaineann le cibirionsaithe agus ionsaithe fisiciúla ar shatailítí Eorpacha agus ar shatailítí na mBallstát; ag áitiú gur gá ionsaithe den sórt sin a chosc agus sásraí cosanta a chur ar bun ina n-aghaidh;

51. á chur in iúl gur díol imní di an méadú leanúnach atá tagtha ar smionagar spáis, go háirithe i bhfithis íseal, a chuireann ár n-acmhainneachtaí satailíte, agus líon na micrisatailítí i mbaol; á chur i bhfáth go méadaíonn meigea-bhuíon nua satailítí an baol imbhuailte tuilleadh; á chur in iúl gur díol sásaimh di an obair atá ar bun maidir le beartas Eorpach a fhorbairt chun spásthrácht a bhainistiú, agus á iarraidh go gcuirfí dlús leis an gcaibidlíocht chun gur féidir teacht ar fhreagairtí idirnáisiúnta ina leith; á mheas gur cheart go dtiocfadh feabhas ar an acmhainneacht chun faireachán a dhéanamh ar smionagar spáis atá ar cheann de na héachtaí nithiúla a bhaineann le beartas den sórt sin; á mholadh go gcoimisiúnófaí SATCEN chun anailís a dhéanamh agus tuarascáil a dhréachtú ar shábháilteacht agus/nó leochaileachtaí shatailítí an Aontais agus na mBallstát i dtaca le smionagar spáis, cibirionsaithe agus ionsaí diúracáin díreach;

52. ag tabhairt dá haire an obair thábhachtach a rinne EU SATCEN; á chur in iúl gur oth léi nach bhféadfaidh cistiú mhisin SATCEN tairbhe a bhaint as clársceidealú fadtéarmach bhuiséad AE agus á chur i bhfios gur cheart go mbainfeadh EU SATCEN tairbhe as cistiú struchtúrach an Aontais chun go mbeidh sé in ann a ranníocaíochtaí le gníomhaíochtaí an Aontais a choinneáil, go háirithe chun íomháú satailíte ardtaifigh a chur ar fáil chun tacú le misin agus oibríochtaí CBSC; á mheas gur cheart riachtanais forbartha theicneolaíocha SATCEN a chur san áireamh i gclár oibre CEF; á mholadh go ndéanfaí pobal anailíse sonraí geospásúla sonraí a chruthú faoi chuimsiú PESCO; á chreidiúint nach mór ról lárnach a bheith ag EU SATCEN sa chomhthéacs sin; á mholadh go ndéanfadh an Pharlaimint agus SATCEN comhaontú a shíniú lena gceadófar don Pharlaimint rochtain a bheith aici ar sheirbhísí íomhánna agus anailíse an lárionaid a mheasann sí a bheith úsáideach chun críche faisnéise agus chun a seasaimh agus a cinnteoireacht a fhorbairt, agus nósanna imeachta rúndachta agus slándála SATCEN á gcomhlíonadh go hiomlán;

53. á áitiú go n-urramófar an tsaoirse aerthráchta; á iarraidh ar an Aontas é féin a chosaint ar aon bhagairt ar an eitlíocht shibhialta nó i gcás nach n-urramaítear a aerspás, agus an tsábháilteacht eitlíochta idirnáisiúnta a chosaint i gcomhar le misean póilíneachta aeir ECAT agus le comhpháirtithe an Aontais; á iarraidh ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí tús a chur leis an obair chun measúnú a dhéanamh ar a inmholta atá sé coincheap na láithreachta muirí comhordaithe a leathnú chuig an aerthimpeallacht;

*Bonneagair straitéiseacha a chosaint*

54. ag leagan béim ar na bagairtí nua atá roimh an Eoraip, lena n-áirítear comhéigniú eacnamaíoch, feachtais bhréagaisnéise, tionchar a imirt ar thoghcháin agus goid maoine intleachtúla; ag tabhairt dá haire go dtí seo nach ngníomhachtaíonn na bagairtí sin Airteagal 5 de Chonradh an Atlantaigh Thuaidh ná Airteagal 42(7) CAE, ach gur cheart freagairt chomhchoiteann a thabhairt orthu; á iarraidh go mbeadh comhordú Eorpach méadaithe ann chun tuilleadh ionsaithe hibrideacha arna ndéanamh ag roinnt gníomhaithe idirnáisiúnta a mheas, a anailísiú agus a chosc; á iarraidh go

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

gcuirfí ionstraimí reatha an Aontais i bhfeidhm ionas gur féidir leo rannchuidiú ar bhealach níos éifeachtaí chun bagairtí hibrideacha a chosc agus a chomhrac agus chun bonneagar criticiúil agus feidhmiú ár n-institiúidí daonlathacha a chosaint, agus chun ár slabhraí soláthair a dhaingniú, agus breithniú á dhéanamh ar na struchtúir reatha agus ar fhéidearthacht nua frithbhearta comhchoiteanna a fhorfheidhmiú mar chuid den bhosca uirlisí hibrideach níos leithne; ag leagan béim ar a phráinní atá sé go ndéanfaidh institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile san Eoraip a gcuid inniúlachtaí straitéiseacha cumarsáide a fhorbairt, córais chumarsáide shlána agus acmhainneacht mhearfhreagartha i gcoinne ionsaithe a sholáthar dóibh féin, agus a n-athléimneacht a mhéadú go mór;

55. á iarraidh ar an Aontas na ceachtanna a foghlaimíodh ó chleachtaí atá bunaithe ar chásanna Airteagal 42(7) CAE a chur chun feidhme agus anailís sholúbtha agus neamhcheangailteach a fhorbairt chun é a ghníomhachtú ionas gur féidir an cúnamh frithpháirteach agus an dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit a neartú;

56. á chur i bhfáth gurb iad cáblaí snáithíní optúla cnámh droma an gheilleagar dhigitigh ar fud an domhain, trína dtéann 97 % den trácht idirlín ar fad; á chur i bhfáth, cé gur cuid lárnach fhíor-riachtanach de bhonneagar criticiúil an Aontais na cáblaí sin agus go bhfuil an-tábhacht gheopholaitiúil ag baint leo dá bhrí sin, is spriocanna sabaitéireachta nó oibríochtaí spiaireachta coigríche iad le déanaí; á mheas gur cheart don Aontas tús áite a thabhairt do shlándáil agus cosaint na gcáblaí sin; á iarraidh ar an Aontas clár slándála AE maidir le cáblaí snáithíní optúla a chur ar bun, lena gcuimsítear taighde, comhordú, forbairt beartais, tuairisciú teagmhas, imscrúdú agus faireachán agus oiliúint a chur ar gharda cósta; á chur i bhfios go mbraitheann ár ngeilleagair nua-aimseartha i gcoitinne, tionscail na cosanta agus na slándála go háirithe, go mór ar leathsheoltóirí; á chur in iúl gur díol sásaimh di ina leith sin an fógra ó Uachtarán an Choimisiúin gur cheart aghaidh a thabhairt ar an nganntanas leathsheoltóirí trí thaighde, dearadh agus táirgeadh a neartú san Aontas trí ghníomh Eorpach um Shliseanna; á chur i bhfios go láidir sa chomhthéacs sin ról thionscal cosanta agus slándála na hEorpa san Aontas, mar go gcuireann sé na hacmhainní ar fáil chun sábháilteacht shaoránaigh na hEorpa a ráthú chomh maith le forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe an Aontais a áirithiú; á chur i bhfios go láidir gur díol sásaimh di iarrachtaí AE chun na haidhmeanna sin a bhaint amach agus Comhghuaillíocht Eorpach um Amhábhar (ERMA) a chruthú;

***Acmhainneachtaí sibhialta agus míleata a fhorbairt, próisis agus forbairt a fheabhsú agus a gcomhleanúnachas a áirithiú***

57. ag tabhairt dá haire go bhfuil leochaileachtaí, laigí agus dúshláin leanúnacha nochta ag an bpaindéim; ag tabhairt dá haire nach raibh na hacmhainneachtaí agus na cumais iomlána ag an Aontais chun a áirithiú go n-aslonnófaí a shaoránaigh ón Afganastáin ar bhealach sábháilte agus comhordaithe le linn aslonnú míleata Aerfort Idirnáisiúnta Chabúl, aslonnú nach raibh ord ná eagar air; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí meastóireacht chríochnúil; á iarraidh go mbeadh toilteanas polaitiúil ann go ngníomhófar freisin le linn éigeandálaí agus géarchéime ar bhealach tapa, éifeachtach agus soiléir agus chun spleáchais straitéiseacha na hEorpa a laghdú, lena n-áirítear nuair a bhíonn tionchar acu ar acmhainneacht na hEorpa dul i mbun gníomhaíocht mhíleata; á mheabhrú an cuspóir neamhspleáchas straitéiseach an Aontais Eorpaigh a neartú ionas go mbeidh sé ina chomhpháirtí straitéiseach inchreidte, atá éilitheach agus in ann a leasanna agus a luachanna a chosaint; á chur in iúl gur díol sásaimh di ina leith sin obair agus tionscnaimh an Choimisiúin agus gníomhaíochtaí SEGS;

58. á chur in iúl gur díol sásaimh di an dul chun cinn atá déanta chun go mbeifear in ann cumais mhíleata nua Eorpacha a fhorbairt i ndáil leis an gClár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (EDIDP) agus leis an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta (PADR) trí bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na cosanta Eorpaí (EDTIB) a neartú, rud atá ríthábhachtach chun neamhspleáchas straitéiseach a bhaint amach; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá EDTIB láidir, iomaíoch agus nuálach, in éineacht le teacht chun cinn mhargadh an Aontais um threalamh cosanta lena n-urramaítear go hiomlán rialacha an mhargaidh inmheánaigh agus Comhsheasamh an Aontais maidir le honnmhairiú arm; á iarraidh ar an gCoimisiún ceachtanna nithiúla a fhoghlaim ó na hionstraimí sin do CEF, agus é mar chuspóir aige sin torthaí oibríochtúla a bhaint amach; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur glacadh Rialachán CEF agus na rialacha soiléire a leagtar amach ann; á mheabhrú cineál an-íogair agus an-straitéiseach an taighde cosanta, don iomaíochas tionsclaíoch agus do neamhspleáchas straitéiseach an Aontais araon; á mheas, chun iomaíochas EDTIB a chaomhnú, go bhfuil sé ríthábhachtach tacú leis an rochtain atá ag a chuid cuideachtaí ar mhaoiniú bainc agus neamhbhainc; á chur i bhfios go láidir gur cineál déach an táirgeadh cosanta den chuid is mó agus go bhfreastalaíonn sé ar an réimse sibhialta; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfaidh an t-éicilipéad Eorpach, rud a spreagann an tionscal chun a bheith níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, iomaíochas thionscal cosanta na hEorpa a chaomhnú, go háirithe ós rud é go bhfuil ról tábhachtach aige maidir le neamhspleáchas straitéiseach AE;

59. á mholadh go mbunófaí rialachas éifeachtúil a mbeidh baint ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit leis chun tionscadail a bhainistiú ar leibhéal an stáit agus ar leibhéal an tionscail araon; á mholadh don Choimisiún gur cheart dó féachaint ar roghanna chun an t-ualach maorlathach a laghdú chun rannpháirtíocht cuideachtaí a éascú, go háirithe rannpháirtíocht na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna), i dtionscadail CEF; ag cur chun cinn tionscnamh amhail

EDIDP, PESCO agus CEF chun rannpháirtíocht FBManna a éascú trí iarrachtaí a mhéadú chun tacú le goradh agus infheistíocht caipitil; á mholadh go ndéanfaí sásra comhpháirteach a chur ar bun chun tástáil allamuigh a dhéanamh ar acmhainneachtaí a fhorbraítear faoi chuimsiú EDIDP agus CEF chun comhtháthú na n-acmhainneachtaí sin in airm náisiúnta a éascú; á chur in iúl gur díol sásaimh di forálacha na Treorach maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta (Treoir 2009/81/CE) lena ndírítear ar sholáthar comhoibritheach a chothú sa chosaint, agus á iarraidh ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na hiarrachtaí forbartha a rinneadh faoi CEF agus a áirithiú go mbainfear amach leibhéal leordhóthanach barainneachtaí scála;

60. an Coimisiún a chur faoi cheanglas leanúint dá iarrachtaí chun ilroinnt mhargadh inmheánach an Aontais maidir le táirgí cosanta a chomhrac, toisc go bhfuil dúbláil neamhriachtanach agus méadú neamhéifeachtúlachtaí sa chaiteachas cosanta ag na Ballstáit fós mar thoradh air sin;

61. á chur in iúl gur saoth léi an laghdú atá tagtha ar na méideanna a shanntar faoi CAI do CEF agus don tsoghluaisteacht mhíleata, a fhágann go bhfuil sé níos riachtanaí fós go mbeidh comhleanúnachas ann idir tionscnaimh cosanta an Aontais (PESCO, CARD, CEF agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE)); ag leagan béim i ndáil leis sin ar ról na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (GEC); ag meabhrú na gconclúidí ón gcéad CARD agus, go háirithe, a thábhachtaí atá sé cur leis an gcomhsheasmhacht idir tionscnaimh tosaíochta cumais Eorpaigh agus na próisis pleanála náisiúnta, go háirithe san fhadtéarma, chun freastal go hiarbhír ar riachtanais na bhfórsaí armtha; á iarraidh ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún moltaí CARD a chomhtháthú tuilleadh i gcláir oibre CEF agus tionscadail PESCO amach anseo chun feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas idir na hionstraimí sin; á mheabhrú, ina leith sin, an fhreagracht deiridh atá ar na Ballstáit an cuspóir maidir le comhleanúnachas i dtimpeallacht an chumais Eorpaigh a bhaint amach, go háirithe sna réimsí a shainaithnítear i dtuarascáil CARD; á mheabhrú freisin a thábhachtaí atá an gealltanas a thug na Ballstáit i gcreataí éagsúla, chun luas marthanach infheistíochta cosanta a choinneáil agus leas a bhaint as deiseanna CEF chun infheistíocht nua a spreagadh; á chur i bhfios go láidir go bhfuil leibhéil leormhaithe acmhainní airgeadais, pearsanra agus sócmhainní riachtanach chun a áirithiú go bhfuil an neart agus an cumas ag an Aontas an tsíocháin agus an tslándáil a chur chun cinn laistigh dá theorainneacha féin agus ar fud an domhain; á iarraidh go méadófaí an buiséad do CEF tar éis 2027;

62. ag tabhairt dá haire gur seoladh ciste nuálaíochta ECAT i ndáil le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach, a shínigh 16 mBallstát de chuid an Aontais agus an Ríocht Aontaithe; á thabhairt chun suntais go dtugtar aghaidh sa chiste sin ar ábhair a chumhdaítear faoi CEF freisin, agus á iarraidh, dá bhrí sin, ar na Ballstáit uile de chuid an Aontais atá rannpháirteach comhlántacht le CEF a áirithiú chun gur féidir dúbláil neamhriachtanach a sheachaint; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, gur gá dlúthchomhar idir AE agus an Ríocht Aontaithe maidir le cúrsaí slándála agus cosanta;

63. á iarraidh ar Bhallstáit an Aontais ar comhghuaillithe ECAT iad a áirithiú gurb ionann a mbuiséid chosanta náisiúnta agus 2 % ar a laghad dá OTI;

64. á chur i bhfáth, thar aon ní eile, gur uirlisí chun freastal ar an Aontas agus a Bhallstát iad PESCO agus CEF; á chur i bhfáth nach mór go bhfágfadh PESCO agus CEF go mbeifí in ann an comhar cosanta a fheabhsú le breisluach Eorpach idir na Ballstáit: á mheabhrú, dá bhrí sin, na cuspóirí maidir le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais a neartú, oibríocht na bhfórsaí Eorpacha agus idir-inoibritheacht na gcóras cosanta a mhéadú, ilroinnt thimpeallacht an chumais agus mhargadh cosanta na hEorpa a laghdú do na tionscnaimh sin, tacú le hiomaíochas EDTIB, neamhspleáchas straitéiseach a neartú, ceannasacht theicneolaíoch, cumas oibríochtúil a fheabhsú agus ilroinnt mhargadh cosanta na hEorpa a laghdú;

65. á chur in iúl gur oth léi an mhoill bhreise a bhaineann le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh maidir le rialachas PESCO; á mheabhrú an gá atá le dreasachtaí airgeadais a fhorbairt; á mheabhrú nach mór rannpháirtíocht tríú tír i dtionscadail aonair PESCO a chinneadh de réir an cháis, nuair is chun leas straitéiseach an Aontais é an rannpháirtíocht sin, go háirithe i gcás saineolas teicniúil nó cumais bhreise a sholáthar, agus gur cheart an rannpháirtíocht sin a dhéanamh ar bhealach fíor-choinníollach agus ar bhonn cómhalartachta atá seanbhunaithe agus éifeachtach; á iarraidh go mbeadh sí rannpháirteach go hiomlán sa chinneadh aon tionscadal de chuid PESCO a oscailt do rannpháirtíocht tríú páirtí; á chur in iúl gur geal léi céimeanna tosaigh thionscal na soghluaisteachta míleata agus á iarraidh go gcuirfí na chéad chéimeanna eile chun feidhme go pras; á chur in iúl gur díol sásaimh di rannpháirtíocht na Stát Aontaithe, na hIorua agus Cheanada sa tionscadal soghluaisteachta míleata; á chur in iúl gur díol sásaimh di na comhpháirtíochtaí déthaobhacha maidir le hidirphlé slándála agus cosanta, go háirithe le Ceanada agus leis an Iorua, dhá rannpháirtí thábhachtacha do mhisin agus oibríochtaí CBSC;

66. á chur i bhfáth gur gá do EDF forbairt agus comhdhlúthú earnálacha tionsclaíocha na hEorpa agus churaidh thionsclaíocha na hEorpa a chur chun cinn, agus iomaíochas FBManna a chothú trí bhíthin loighic an chlársceidealaithe ilbhliantúil lena n-ionchorpraítear treochláir theicneolaíochta agus acmhainneachta a fhorbairt chun an intuarthacht is gá

a áirithiú, rud atá fíor-riachtanach do thionscadail chasta fhadtéarmacha, agus chun leas a bhaint as sineirgí cosanta sibhialta; á áitiú, dá bhrí sin, gur gá sineirgí a bhunú le beartais éagsúla an Aontais, agus go háirithe le Fís Eorpach agus le Clár Spáis an Aontais Eorpaigh, chun go lamhálfar díriú éifeachtach acmhainní EDF ar shaincheisteanna míleata i gciall chúng; á chur in iúl gur geal léi plean gníomhaíochta an Choimisiúin le haghaidh sineirgí idir tionscail shibhialta, chosanta agus spáis, lena gcuirtear nuálaíocht in earraí dé-úsáide chun cinn; á iarraidh ar an Aontas agus ar an gCoimisiún rannchuidiú EDTIB le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais a chur san áireamh go córasach ina bheartais uile; á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis thionsclaíoch shonrach a chur i láthair do EDTIB freisin;

67. á chur in iúl gur geal léi gur tháinig laghdú ar líon na dtionscadal, atá níos dírithe, agus méadú ar an bhfaireachán polaitiúil mar thoradh ar an athbhreithniú straitéiseach ar PESCO; á mheabhrú do na Ballstáit a thábhachtaí atá sé a ngealltanais sa chreat sin a chomhall chun tionscadail a dhéanamh níos éifeachtúla agus chun acmhainneacht iomlán oibríochtúil a bhaint amach de réir sceidil, agus go háirithe roimh 2025; ag dréim leis, dá bhrí sin, go mbeidh measúnú críochnúil san áireamh sa chéad athbhreithniú straitéiseach eile, nach mór go n-eascródh baint amach thorthaí thionscadail PESCO as;

68. ag tacú leis an togra ón gCoimisiún maidir le díolúine CBL le haghaidh trealamh cosanta arna dhearadh agus arna fhorbairt taobh istigh den Aontas, ar beart dearfach é lena bhféachtar le cleachtais a chaighdeánú ar an leibhéal domhanda agus neamhspleáchas straitéiseach Eorpach a chothú;

69. á mheas gur cheart go mbeadh na cuspóirí seo a leanas ag ciseán inniúlachtaí an Chompáis Straitéisigh:

— tosaíochtaí soiléire a shainiú don athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Cumas (CDP) agus timthriallta na bpríomhchuspóirí ina dhiaidh sin (i.e. Príomhspriocanna (HLGanna)),

— cuíchóiriú a dhéanamh ar na próisis pleanála agus forbartha cumas (CDP, HLG/Spriocanna Ardtionchair Cumais (HICG), PESCO, CARD) agus comhleanúnachas na dtorthaí a choinneáil le próisis ábhartha ECAT, go háirithe Próiseas Pleanála um Chosaint ECAT (NDPP),

— próisis forbartha chumais mhíleata an Aontais, próisis pleanála cosanta a chomhtháthú, agus an leas is fearr a bhaint as tionscnaimh chosanta an Aontais trí PESCO agus CARD,

— díriú ar líon beag tionscadal atá comhsheasmhach le cuspóirí CBSC, a bhfuil gá leo le haghaidh leibhéal uaillmhéine AE a bhaint amach, lena neartaítear acmhainneachtaí na mBallstát, atá oibríochtúil agus a ngabhann breisluach Eorpach leo;

70. á chur i bhfáth gur réimse deiseanna í an earnáil dhigiteach ina bhfuil bagairtí suntasacha freisin de ghníomhaíochtaí mailíseacha i gcoinne na slándála agus na ndaonlathas ó ghníomhaithe stáit agus neamhstáit, lena scriostar na línte atá sainithe i ndlí na coinbhleachta armtha, agus go dtrasnaítear teorainneacha léi; á chreidiúint gur gá tuilleadh a dhéanamh chun rochtain na nEorpach a ráthú ar an earnáil seo atá faoi dhíospóid anois, agus chun cultúr slándála agus dlúthpháirtíochta idir Eorpaigh a fhorbairt mar aon le huirlisí éifeachtacha chun é seo a bhaint amach; á iarraidh go dtabharfaí aird ar leith ar thionchar na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad agus go n-úsáidfear iad ar fud an Aontais, chun taighde agus nuálaíocht a éascú agus chun athléimneacht an Aontais a mhéadú trína áirithiú gur gá a n-úsáid a rialú agus go sonrach chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

— anailís a dhéanamh ar thionchar na hintleachta saorga (IS) ar shlándáil agus ar chosaint, lena n-áirítear úsáid mhailíseach an chineáil teicneolaíochta sin agus úsáid IS ag na Ballstáit i gcoinne na mbagairtí sin;

— béim a leagan ar a thábhachtaí atá EDTIB nuálach agus iomaíoch (arb é an meán é chun freagairt ar na riachtanais arna sainiú ag na Ballstáit agus AE) agus láidreachtaí agus leochaileachtaí a shainaithint;

— slándáil na slabhraí soláthair a áirithiú (laistigh agus lasmuigh den Aontas), lena n-áirítear le haghaidh amhábhar, comhpháirteanna agus teicneolaíochtaí bunriachtanacha;

— rabhaidh, faisnéis agus bagairtí a roinnt i bhfíor-am trí lárionaid oibríochtúla a nascadh;

71. á iarraidh, dá bhrí sin, ar an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí domhanda creat rialála cuimsitheach a bhunú d'fhorbairt agus d'úsáid arm IS-chumasaithe; á iarraidh ar VP/HR, ar na Ballstáit agus ar an gComhairle Eorpach seasamh comhpháirteach maidir le córais arm uathrialaitheach a ghlacadh lena n-áiritheofar rialú fónta daonna ar fheidhmeanna criticiúla na gcóras arm; ag áitiú gur gá go gcuirfí tús le caibidlíocht idirnáisiúnta maidir le

hionstraim a bheadh ceangailteach ó thaobh dlí lena dtoirmeascfaí airm lán-uathrialaitheacha; ag tacú le hobair ar chórais arm uathrialaitheach marfach laistigh den Choinbhinsiún maidir le hÚsáid Gnáth-Arm Áirithe (CCW), arb é an t-aon fhóram idirnáisiúnta é faoi láthair ina bpléitear na saincheisteanna sin;

72. á chur in iúl gur geal léi tiomantas athnuaite na mBallstát don Chomhsheasamh arna leasú le Cinneadh (CBES) 2019/1560 ón gComhairle agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé measúnú críochnúil a dhéanamh ar iarratais ar údarú chun teicneolaíocht agus trealamh míleata a onnmhairiú, i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach ann; á thabhairt dá haire go léirítear feasacht mhéadaitheach i measc na mBallstát le Cinneadh (CBES) 2019/1560 ón gComhairle agus le conclúidí comhfhreagracha an 16 Meán Fómhair 2019, ar an ngá atá le trédhearcacht agus cóineasú níos mó ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach maidir le honnmhairí arm; á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí a rinneadh chun cur leis an trédhearcacht, an grinnscrúdú poiblí agus an grinnscrúdú parlaiminteach a dhéantar ar onnmhairí arm; á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí comhpháirteacha chun measúnuithe riosca, seiceálacha úsáideoirí deiridh agus fíoruithe iar-loingsithe a fheabhsú;

73. á chreidiúint go láidir, de réir mar atá an tAontas ag éirí níos uaillmhianaí maidir le saincheisteanna cosanta, go bhfuil gá le cóineasú agus comhsheasmhacht níos fearr i mbeartais onnmhairithe arm na mBallstát; á iarraidh ar na Ballstáit cloí go hiomlán le Comhsheasamh 2008/944/CBES maidir le comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairí trealaimh agus teicneolaíochta míleata mar a leasaíodh le Cinneadh (CBES)2019/1560 ón gComhairle, agus critéar 4 maidir le cobhsaíocht réigiúnach a chur chun feidhme go docht; á iarraidh go gcuirfí sásra comhairliúcháin i bhfeidhm i measc na mBallstát measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chomhsheasaimh;

74. ag tabhairt aird ar iarrachtaí comhpháirteacha Ballstát áirithe acmhainneachtaí todhchaíocha bunriachtanacha a fhorbairt lasmuigh de chreat AE, go háirithe Córas Aerchomhraic don Todhchaí (FCAS) agus an Príomhchóras Talamhchomhraic (MGCS); á thabhairt chun suntais go bhfuil na tionscadail sin tábhachtach chun acmhainneachtaí míleata Eorpacha a neartú i gcoitinne; ag cur suntas i dtorthaí an chéad CARD, lenar sainaithníodh nuachóiriú agus éadáil córas tanc catha mar réimse fócais don chomhar; á mholadh go bhfiosródh na Ballstáit i dtrácht deiseanna breise comhair agus cistiúcháin ar an leibhéal Eorpach, go háirithe EDF, chun lán-úsáid a bhaint as cumas nuálaíochta thionscail chosanta na hEorpa agus barainneachtaí scála níos mó a bhaint amach; á mheas sa chomhthéacs sin gur dúbailt neamhriachtanach de FCAS é tionscadal Tempest faoi stiúir na Ríochta Aontaithe ina nglacann Ballstáit AE páirt freisin agus, dá bhrí sin, ag spreagadh na stát atá rannpháirteach sa dá thionscadal an dá thionscadal a chomhcheangal chun barainneachtaí scála a bhaint amach agus chun idir-inoibritheacht idir AE agus an Ríocht Aontaithe a áirithiú; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, gur gá dlúthchomhar idir AE agus an Ríocht Aontaithe maidir le cúrsaí slándála agus cosanta, lena dtógfar comhpháirtíochtaí cosanta níos láidre agus lena dtacófar le neamhspleáchas tíortha comhpháirtíochta;

### *Comhpháirtíochtaí cosanta a neartú agus tacú le ceannasacht tíortha comhpháirtíochta*

*Iltaobhachas maidir le rialú arm, dí-armáil agus neamhleathadh a chosaint*

75. á iarraidh go dtacófaí le neartú agus caomhnú na struchtúr rialaithe arm san Eoraip, i gcomhthéacs an chreimthe de réir a chéile a chonacthas le tarraingt siar na Stát Aontaithe agus na Rúise ón gConradh um Aerspás Oscailte; á iarraidh go dtacófaí go gníomhach le gach gné de chórais agus d'fhóraim dhí-armála agus go neartófaí iad: uiliú, tacaíocht do chur chun feidhme, tacaíocht pholaitiúil agus institiúideach, agus tacaíocht airgeadais; á iarraidh ar an Aontas aird ar leith a thabhairt ar an mbaol CBRN i gcomhthéacs na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha, agus béim ar leith á leagan ar an gcóras toirmisc agus ar na gnáthoibleagáidí faoin gCoinbhinsiún um Airm Cheimiceacha (CWC) agus ar an gcomhrac i gcoinne saoirse ó phionós;

76. á chur in iúl gur geal léi an síneadh ar an gConradh um Laghdú Arm Straitéiseach (Conradh START Nua) agus gur oth léi go bhfuil deireadh tagtha leis an gConradh maidir le fórsaí núicléacha le meánraon (INF); ag tabhairt leathadh diúrachán hipearsonach dá haire; á chreidiúint gur cheart don Aontas Eorpach rannchuidiú le rás arm diúracán hipirshonach idirnáisiúnta a chosc; ag athdhearbhú a lán-tacaíochta do thiomantas AE agus a Bhallstát don Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach (NPT) mar bhunchloch an chórais maidir le neamhleathadh agus dí-armáil núicléach; ag athdhearbhú a hiarrata go nglacfaí bearta nithiúla agus éifeachtacha le linn 10ú Comhdháil Athbhreithnithe NPT; á áitiú gur gá a áirithiú go mbeidh ról láidir cuiditheach ag an Aontas maidir leis na hiarrachtaí neamhleata domhanda riailbhunaithe agus maidir leis an ollstruchtúr rialaithe arm agus dí-armála a fhorbairt agus a threisiú;

77. ag athdhearbhú go dtacaíonn sí i gcónaí leis an bPlean Cuimsitheach Comhpháirteach Gníomhaíochta (JCPOA), arb ionann é agus an bealach is fearr le dearbhuithe a fháil maidir le neamhleathadh san Iaráin; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur cuireadh tús an athuair leis an bplé, agus á iarraidh ar na páirtithe uile filleadh ar chomhlíonadh iomlán; á iarraidh ar an Aontas a áirithiú go gcomhlíonfaidh na páirtithe uile oibleagáidí faoi CWC agus an tsaoirse ó phionós a chomhrac; á

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit iarracht a dhéanamh prótacal a ghabhfaidh leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha lena mbunaítear sásraí fíoraithe a thabhairt chun críche;

*Idirphlé, comhpháirtíochtaí agus comhar maidir le slándáil agus cosaint a neartú*

78. á chur i bhfáth gur cheart don Aontas cur chuige straitéiseach a ghlacadh maidir lena chomhpháirtíochtaí comhthairbheacha, ar cur chuige é a bheadh bunaithe, go háirithe, ar luachanna agus prionsabail chomhroinnte maidir le cosaint a leasanna agus ar an aidhm atá aige uathriail straitéiseach a bhaint amach; á chur i bhfios go láidir gur chun leasa an Aontais é gníomhú i gcomhar le comhpháirtithe, agus comhghuaillíochtaí á lán-urramú, agus an uathriail straitéiseach ina cuid den chreat iltaobhach;

79. á iarraidh go mbeadh comhar níos dlúithe ann le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus go háirithe leis na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear idir misin CBSC agus oibríochtaí síochánaíochta, go háirithe i láthair chomhpháirteacha; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an comhar leis an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) i réimse na slándála;

80. á chur i bhfios go láidir gur gá comhar trasatlantach idir AE agus na Stáit Aontaithe a neartú ar bhonn comhpháirtíocht chomhionann a bheidh bunaithe ar luachanna agus cuspóirí comhroinnte, agus neamhspleáchas, leasanna agus ardmhianta an pháirtí eile á n-urramú ag an am céanna; á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh idirphlé straitéiseach AE-na Stát Aontaithe maidir le slándáil agus cosaint ar bun d'fhonn rannchuidiú le caidreamh trasatlantach cothrom a rachaidh chun tairbhe an dá thaobh; á chur in iúl go háirithe gur geal léi na hidirphléití idir AE agus na Stáit Aontaithe atá ar na bacáin maidir leis an tSín, an Rúis agus réigiún an Aigéin Indiaigh agus an Aigéin Chiúin; ag cur béim ar ghné oibríochtúil na comhpháirtíochta agus a thábhachtaí atá sé go gcaomhnaítear uathriail straitéiseach an Aontais, go háirithe a mhéid a bhaineann le Rialacháin na Stát Aontaithe maidir le Gáinneáil Idirnáisiúnta ar Airm (ITAR); á chur in iúl gur geal léi ábharthacht na formáide sin chun dul i ngleic le bagairtí hibrideacha; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, rannpháirtíocht tríú tíortha le GEC trí chomhaontuithe riaracháin, ar choinníoll go mbeidh bearta *quid pro quo* atá ceangailteach ó thaobh an dlí agus coimircí ag gabháil léi, lena gcosnófar leasanna cosanta agus slándála an Aontais agus a Bhallstát; á chur in iúl gur oth léi gur gann an comhairliúchán agus faisnéis a bhí ann i measc Chomhghuaillíochtaí AE maidir leis an aistarraingt as an Afganastáin agus maidir le comhshocrú tríthaobhach slándála AUKUS; á chur i bhfios go láidir gur cheart go meabhrófaí do AE arís leis sin go bhfuil gá práinneach ann beart a dhéanamh de réir briathair maidir le cosaint AE chun cumas AE a bheith ina ghníomhaí domhanda ar son na síochána a áirithiú;

81. á chur i bhfios gur gá an comhar riachtanach le ECAT atá cumhdaithe in Airteagal 42(2) de Chonradh an Atlantaigh Thuaidh a fhorbairt agus aird chuí á tabhairt do shaintréithe agus róil shonracha ECAT agus AE, agus lán-urraim á tabhairt d'uathriail chinnteoireachta an dá eagraíocht; á iarraidh go mbeadh ECAT níos láidre ann a dtacódh Aontas Eorpach níos láidre leis (colún na hEorpa laistigh de ECAT) agus á chur in iúl gur mian léi go mbeadh forbairt an-inbhraite ann sa chomhpháirtíocht idir AE agus ECAT, go háirithe i bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar hibridiú bagairtí, lenar cheart go n-áireofaí paraiméadair nach mbaineann go díreach le cúrsaí míleata san iomaíocht straitéiseach in am na síochána; ag aithint, i gcás bagairtí nua ar chríoch na hEorpa, amhail bréagaisnéis, goid maoine intleachtúla, comhéigean eacnamaíoch nó cibearshabaitéireacht, go bhfuil an tAontas Eorpach ag neartú a acmhainneachtaí ionas go mbeidh sé ina sholáthraí slándála; á chur i bhfáth go n-iarrtar leis an staid straitéiseach reatha go dtabharfadh ECAT tacaíocht dhoshéanta do thionscnaimh Eorpacha maidir le cosaint, lena n-áirítear cumas, agus sainchumais gach eagraíochta á n-urramú; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé comhaontú "Beirlín Plus" a chur chun feidhme go hiomlán agus cur in iúl doiciméad rúnaicmithe idir an dá eagraíocht a cheadú; á mheas, leis an obair atá á déanamh i gcomhthráth ar Chompás Straitéiseach AE agus ar an nuashonrú a bhfuiltear ag dréim lena chur i gcrích ar Choincheap Straitéiseach ECAT araon, go léirítear deis uathúil chun tosaíochtaí soiléire agus comhleanúnachas a leagan síos agus sineirgí breise a shainaithint ar mhaithe leis an nasc trasatlantach a neartú agus an comhar idir AE agus ECAT a chur chun cinn tuilleadh; á iarraidh, sa chomhthéacs sin, go gcuirfí coincheap straitéiseach nua ECAT san áireamh agus go mbeadh sé comhleanúnach le Compás Straitéiseach an Aontais; ag aithint ról ECAT mar bhunchloch na slándála comhchoitinne do na Ballstáit sin ar comhaltaí de ECAT iad freisin; á thabhairt dá haire agus é ina chúis bhuartha di, áfach, go bhfuil éagsúlachtaí móra agus seasmhacha le comhghuaillí neamh-AE-ECAT amháin ag cur isteach ar an gcomhar idir an dá eagraíocht agus ag baint an bonn ón dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit, go háirithe i limistéar straitéiseach na Meánmhara Thoir; ag tnúth leis an Dearbhú Comhpháirteach nua ó AE agus ECAT;

82. á thabhairt dá haire go bhféadfadh méadú an-sciobtha teacht ar bhagairtí ó antoiscigh tar éis tharraingt siar ECAT as an Afganastáin agus gabháil cumhachta an Talaban ina dhiaidh sin; á iarraidh go ndéanfaí machnamh críochnúil ar na ceachtanna arna bhfoghlaim ón Afganastáin agus go mbeadh straitéis ghníomhach sa réigiún chun an tionchar a bheidh ag an Afganastáin mar ghorlann shábháilte nua don antoisceachas agus don sceimhlitheoireacht a mhaolú; á athdhearbhú gur gá gach iarracht a dhéanamh chun slándáil agus cearta an duine a choimirciú do mhuintir na hAfganastáine agus iad a chosaint ar fhoréigean, ar ghéarleanúint agus ar bheith á marú; á chur i bhfáth gur gá leanúint le haslonnú, go háirithe

i gcás na ndaoine sin a d'oibrigh don Aontas; á thabhairt dá haire gur leag an tarraingt siar ón Afganastáin béim ar an ngá atá ann do AE sciar a fhreagrachta as an tslándáil dhomhanda a mhéadú, agus go rannchuideodh sé ar bhonn fónta le neartú a chumas agus a acmhainneachtaí;

83. á iarraidh go mbeadh caidreamh níos dlúithe ann leis na stáit dhaonlathacha i réigiún an Aigéin Indiaigh agus an Aigéin Chiúin, agus in earnálacha beartais sonracha (cibearshlándáil, earnálacha hibrideacha, muirí, rialú arm etc.), agus le Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN) agus le comhpháirtíochtaí Mheiriceá Laidinigh; ag cur sonrú sna dúshláin slándála i réigiún an Aigéin Indiaigh agus an Aigéin Chiúin, ar ábhar spéise ar leith iad do AE; á thabhairt dá haire agus é ina chúis mhéadaitheach bhuartha di, go bhfuil an tSín ag cur go leanúnach lena hairm agus lena staid mhíleata, go háirithe an tástáil thuairiscithe ar dhiúracán hipirshonach agus na sáruithe méadaitheacha ar Zón Aitheantais Aerchosanta na Téaváine; á iarraidh ar na páirtithe uile lena mbaineann a gcuid difríochtaí a réiteach trí mhodhanna síochánta agus an teannas a laghdú agus staonadh ó ghníomhaíocht aontaobhach a dhéanamh chun an *status quo* a athrú; á iarraidh ar na páirtithe uile cloí le prionsabail an dlí idirnáisiúnta, go háirithe UNCLOS; ag cur sonrú in ábharthacht na bréagaisnéise atá ag méadú, arb é réigiún an Aigéin Indiaigh agus an Aigéin Chiúin a háit tionscnaimh agus a d'fhéadfadh an bonn a bhaint ó ghníomhaíochtaí an Aontais sa réigiún agus á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún dul i ngleic leis an dúshlán sin ar bhealach comhchosúil lena dtéitear i ngleic le bréagaisnéis a thagann as taobh thoir an Aontais; á thabhairt dá haire agus é ina chúis mhór bhuartha di gurbh ann do léiriú fórsa le déanaí agus gur mhéadaigh ar theannais sna teophointí réigiúnacha amhail Muir na Síne Theas agus Thoir agus Caolas na Téaváine; á chur i bhfios go láidir go bhfuil tábhacht mhór ag baint le síocháin agus cobhsaíocht i réigiún an Aigéin Indiaigh agus an Aigéin Chiúin do AE agus dá Bhallstáit; á chur in iúl gur cúis mhór imní di inlíochtaí leanúnacha na Síne i gCaolas na Téaváine, lena n-áirítear na hinlíochtaí sin atá dírithe ar an Téaváin nó a tharlaíonn i Zón Aitheantais Aerchosanta na Téaváine; á iarraidh ar PRC staonadh ón mbuaileam sciath sin, arb ionann é agus bagairt thromchúiseach don tsíocháin agus don chobhsaíocht i gCaolas na Téaváine agus i réigiún an Aigéin Indiaigh agus an Aigéin Chiúin; á athdhearbhú gur gá idirphlé, gan chomhéigean ná bearta díchobhsaitheacha ó cheachtar den dá thaobh; á chur i bhfáth go bhfuil sí i gcoinne aon ghníomh aontaobhach a d'fhéadfadh an bonn a bhaint ó *status quo* Chaolas na Téaváine, agus nach féidir aon athrú ar an gcaidreamh idir dhá thaobh an Chaolais a bheith ann gan toil mhuintir na Téaváine; á thabhairt chun suntais gur ábhar imní é dearcadh na Síne i leith stáit agus críocha áirithe, ar dearcadh é atá ag éirí níos trodaí; á chur i bhfáth gur cheart do AE measúnú a dhéanamh ar iarmhairtí féideartha coinbhleachta réigiúnaí ar shlándáil AE, agus ar cheart dó freisin measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar cheart do AE freagairt ar staid slándála atá ag dul in olcas i réigiún an Aigéin Indiaigh agus an Aigéin Ciúin agus níos faide i gcéin; á chur in iúl gur geal léi an plé atá ar siúl faoi láthair maidir le rannpháirtíocht na Seapáine in EUTM Mali agus Mozambique agus maidir le rannpháirtíocht na hIndia in oibríochtaí agus misin Afracacha CBSC;

84. á chur in iúl gur geal léi síniú an Chomhaontaithe Straitéisigh maidir le Comhar Míleata agus Cosanta idir an Ghréig agus an Fhrainc mar chéim dhearfach i dtreo neamhspleáchas straitéiseach Eorpach agus cruthú fíor-Aontais Eorpaigh um Chosaint fheidhmiúil; á iarraidh go mbeadh comhar feabhsaithe ann le tíortha comhpháirtíochta sa Mheánmhuir chun an t-antoisceachas, an sceimhlitheoireacht, an trádáil aindleathach in airm agus an gháinneáil ar dhaoine a chomhrac;

85. ag cur béim láidir ar a thábhachtaí atá sé ó thaobh na geopholaitíochta de go nglacfadh an tAontas príomhfhreagracht chuige féin i dtaca le cobhsaíocht, slándáil agus rathúnas réigiúnach mar aon le cosc a chur ar phróisis díchobhsaithe i gcomharsanacht AE, lena n-áirítear Thoir agus Theas agus san Artach; ag aithint luach méadaitheach polaitiúil, eacnamaíoch, comhshaoil, slándála agus straitéiseach an Chiorcail Artaigh; ag tathant ar na Ballstáit leanúint den chomhar leis an gComhairle Artach maidir le gach saincheist a bhfuil leas ag AE inti agus straitéis chuimsitheach a fhorbairt don réigiún; á thabhairt dá haire go bhfuil dúshláin slándála ag teacht chun cinn san Artach mar gheall ar an timpeallacht atá ag athrú agus an spéis gheopholaitiúil sa réigiún atá ag dul i méid; á chur i bhfios go láidir gur gá beartas Artach an Aontais a áireamh in CBSC; á chur i bhfáth gur gá do AE fís shoiléir a bheith aige dá ról i gcúrsaí slándála san Artach agus dul i mbun comhar éifeachtach le ECAT; á chur i bhfáth gur gá don Artach leanúint de bheith ina limistéar ina bhfuil comhar síochánta agus ag tabhairt rabhadh i gcoinne mhíleatú méadaithe an réigiúin;

86. ag aithint a thábhachtaí atá rannpháirtíocht CBSC i gComharsanacht an Oirthir; ag tacú le doimhniú an chomhair mhíleata agus slándála le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir chun cobhsaíocht ar theorainneacha an Aontais a chaomhnú; ag athdhearbhú a hiarrata go bhforbrófaí ról AE níos gníomhaí maidir le coinbhleachtaí leanúnacha a réiteach go síochánta agus maidir le haon choinbhleachtaí sa réigiún amach anseo a chosc; á iarraidh go gcuirfí tacaíocht ar fáil do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus go mbeadh tíortha leasmhara Chomhpháirtíocht an Oirthir rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an Lárionaid Eorpaigh um Chur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha; á iarraidh go mbunófaí ardán comhair AE um Chumarsáid Straitéiseach agus um Chomhpháirtíocht an Oirthir chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le dul i ngleic leis an mbréagaisnéis d'fhonn athléimneacht thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a fheabhsú;

87. ag aithint rannchuidiú na Seoirsia, Phoblacht na Moldóive agus na hÚcráine le misin agus oibríochtaí CBSC; ag tacú le comhar cosanta agus slándála níos dlúithe leis na comhpháirtithe luachmhara sin;

88. ag athdhearbhú go gcáineann sí go láidir iompar ionsaitheach na Rúise i leith na hÚcráine, go háirithe an tóstal míleata suntasach ag teorainneacha na hÚcráine agus in Donbass, leithinis ghafa na Crimé agus an Bhealarúis, an tacaíocht airgeadais agus mhíleata leanúnach do ghrúpaí armtha in Donbass, forghabháil neamhdhleathach Phoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus forghabháil neamhdhleathach chathair Sevastopol, imshuí Muir Mheoidh agus cibearionsaithe leantacha agus ionsaithe hibrideacha leantacha eile ar an Úcráin; á chur i bhfios go láidir go bhfuil tóstal míleata na Rúise agus sárú leantach na Rúise ar an sos comhraic ina mbagairt ar an tsíocháin, ar an gcobhsaíocht agus ar an tslándáil san Eoraip; á iarraidh ar Rialtas na Rúise a fhórsaí a tharraingt ó theorainneacha na hÚcráine agus scor de bhagairt a chur ar na críocha máguaird; ag meabhrú gurb iad Formáid na Normainne agus Comhaontuithe Mhionsc I agus II na haon tionscnaimh taidhleoireachta a bhfuil sé mar aidhm leo deireadh a chur leis an gcogaíocht idir an Úcráin agus na scarúnaithe a bhfuil tacaíocht na Rúise acu in Donetsk agus Luhansk agus á iarraidh go dtacófar leis na hiarrachtaí ar chainteanna Fhormáid na Normainne a atosú agus ar thorthaí inláimhsithe a bhaint amach; ag moladh na n-iarrachtaí suntasacha ar dhlúthchomhar a chothú idir AE, na Ballstáit agus na Stáit Aontaithe agus i measc na mBallstát maidir leis an gcás; á iarraidh go dtabharfar breis cúnaimh mhíleata agus slándála don Úcráin, de réir a riachtanas, lena n-áirítear tríd an tSaoráid Eorpach Síochána a shlógadh; ag moladh do na Ballstáit a gcúnamh míleata agus slándála déthaobhach don Úcráin a mhéadú; ag aithint gur tionóladh an chéad chruinniú um an idirphlé idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir leis an gcibearshlándáil agus á chur in iúl go bhfuil sí toilteanach tacú, más gá, le méadú ar chúnamh cibearshlándála an Aontais don Úcráin; á chur in iúl gur geal léi seoladh an idirphlé idir AE agus an Úcráin maidir le cibearshlándáil agus ag moladh go mbeidh idirghníomhaíocht chomhchosúil ann le tíortha leasmhara eile de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir;

89. á chur in iúl gur oth léi an easpa comhpháirtíochta idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach maidir le comhar slándála agus cosanta, de dheasca na neamhspéise atá léirithe ag rialtas na Ríochta Aontaithe, in ainneoin na ráthaíochtaí a tugadh sa dearbhú polaitiúil lena leagtar amach an caidreamh a bheidh ann amach anseo idir AE agus an Ríocht Aontaithe; á chur i bhfios go láidir gur gá comhaontú maidir le beartas eachtrach agus comhar slándála idir AE agus an Ríocht Aontaithe ionas go mbeifear in ann dul i ngleic ar bhealach níos fearr le dúshláin slándála choiteanna dhomhanda; á iarraidh ar Rialtas na Ríochta Aontaithe tús a chur le caibidlíochtaí chun comhar láidir a chur ar bun maidir le beartas eachtrach, slándáil, cosaint agus forbairt cumais; á iarraidh go bhforbrófaí comhar níos dlúithe agus comhpháirtíocht níos láidre le heagraíochtaí ábhartha Afracacha, amhail an tAontas Afracach, ECOWAS, Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice (SADC), G5 na Saiheile, an Pharlaimint Phan-Afracach, lena gcuirfí ról parlaiminteach níos mó chun cinn san Afraic; á iarraidh ar AE, thairis sin, cloí lena ghealltanais a thug sé ag an gCeathrú Cruinniú Mullaigh idir AE agus an Afraic, i dtaca le tacú le cobhsaíocht eacnamaíoch agus pholaitiúil agus tacú tuilleadh le cumais an Fhórsa Fuireachais Afracaigh; ag cur béim, i bhfianaise nádúr timthriallach na gcoinbhleachtaí sa réigiún, ar an ngá atá le teagmháil pholaitiúil níos mó leis na rialtais a dtacaíonn AE leo chun trédhearcacht níos mó a áirithiú, chun dul i ngleic leis an éilliú, chun cuimsitheacht a chothú agus chun teagmháil a dhéanamh le saoránaigh agus iarracht á déanamh srian a chur leis an méadú mór atá tagtha ar choinbhleachtaí armtha agus eitneacha san Afraic;

90. á iarraidh go mbeadh comhar ann i réimse na hoiliúna agus an fhothaithe acmhainneachta míleata le tíortha comhpháirtíochta atá lagaithe ag coinbhleachtaí nó bagairtí réigiúnacha nó a bhfuil trasnaíocht mhailíseach eachtrach ag díriú orthu;

91. ag aithint an róil atá ag an sreabhadh méadaithe airgid aindleathaigh chuig tearmainn chánach agus an riosca a bhaineann leo ó thaobh míleatú méadaithe, maoiniú gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta agus éagobhsaíocht dhomhanda atá ag dul in olcas; á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh gníomhaíochtaí chun srian a chur le sciúradh airgid, agus go gcumhachtófaí comhpháirtithe, go háirithe san Afraic agus i Meiriceá Laidineach, trí bhíthin sásraí chun srian a chur le hidirbhearta airgeadais diamhra a bhfuil baint ag údaráis tearmann cánach leo;

***Rialachas Eorpach CBSC a fheabhsú***

92. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil tús curtha ag Ard-Stiúrthóireacht an Tionscail Cosanta agus an Spáis (AS DEFIS) le hoibríochtaí; á chur in iúl gur geal léi an fógra go dtionólfar cruinniú mullaigh Eorpach maidir le Cosaint go luath in 2022, agus gur fhógair Uachtarán na Comhairle Eorpaí gur bliain na cosanta Eorpaí a bheadh sa bhliain 2022; ag dréim leis go dtabharfar spreagadh nua d'fhorbairt bhreise an Aontais Eorpaigh um Chosaint leis an dá thionscnamh; á iarraidh ar shaoránaigh, ar lucht acadúil, ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ar an earnáil phríobháideach a n-ionchais a chur in iúl maidir le hollstruchtúr CBSC, leis an tsíocháin, leis an gcosaint, leis an gclár oibre slándála, leis an gCompás Straitéiseach agus le ról AE sa domhan le linn na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa; á iarraidh ar institiúidí an Aontais Eorpaigh glacadh leis na hionchais sin trína n-iompú ina dtograí agus ina ngníomhaíochtaí nithiúla; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé na huirlisí atá ar fáil don tsochaí shibhialta a fheabhsú chun a rannpháirtíocht fhónta i bhfoirmliú agus formhaoirseacht an bheartais cosanta a áirithiú; á iarraidh go gcruthófaí Coiste um Shlándáil agus um Chosaint lánfheidhme i bParlaimint na hEorpa agus go gcuirfí Comhairle Airí Cosanta AE ar bhonn foirmiúil;

93. ag meabhrú an róil atá ag Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála; á iarraidh ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar athchóiriú ar an bpróiseas cinnteoireachta, go háirithe Airteagal 31 CAE, lena leathnófar vótáil trí thromlach cáilithe (QMV) chuig beartas eachtrach agus slándála an Aontais i réimsí a bhaineann le CBSC, mar aon le féachaint an bhféadfaí leas iomlán a bhaint as "clásail *passerelle*" agus as raon feidhme na n-airteagal lena bhfeabhsaítear dlúthpháirtíocht agus cúnamh frithpháirteach an Aontais i gcás géarchéimeanna;

94. á chur i bhfios gur cheart dul i gcomhairle leis an bParlaimint roimh ré agus gur cheart í a chur ar an eolas go cuí maidir le misin CBSC a phleanáil, a mhodhnú agus maidir leis an bhféidearthacht iad a fhoirceannadh; á chur i bhfios go láidir gur gá go mbeadh an Pharlaimint rannpháirteach go gníomhach sa mheastóireacht ar mhisin agus ar oibríochtaí CBSC d'fhonn a dtrédhearcacht agus a dtacaíocht pholaitiúil agus phoiblí a threisiú; á mheas gur cheart a moltaí atá ar fáil a chur san áireamh go cuí; á chur in iúl go bhfuil rún daingean aici a ról iomlán a chomhlíonadh maidir le grinnscrúdú a dhéanamh ar an Ionstraim "an Eoraip Dhomhanda", go háirithe maidir le gné na síochána agus na slándála atá inti, agus i gcur chun feidhme EDF freisin;

95. á chur i bhfáth gur gá comhar níos dlúithe a fhorbairt le parlaimintí náisiúnta maidir le cúrsaí CBSC ar mhaithe leis an gcuntasacht agus an grinnscrúdú a atreisiú agus ar mhaithe leis an taidhleoireacht cosanta a neartú;

96. á áitiú gur cheart an Pharlaimint a chur ar an eolas go rialta agus gur cheart dul i gcomhairle léi maidir le cur chun feidhme PESCO, i bhfianaise an naisc riachtanaigh atá ann le hionstraimí airgeadais éagsúla CBSC, go háirithe EDF, a ndéanann Parlaimint na hEorpa grinnscrúdú air;

97. á áitiú gur tábhachtach an rud é naisc éifeachtacha a bheith ann idir struchtúir rialachais éagsúla AE (an Coimisiún, SEGS, GEC, etc.), agus gur gá dea-chaidreamh a chothú le Parlaimint na hEorpa, mar an t-aon chomhlacht amháin a dhéanann ionadaíocht ar shaoránaigh an Aontais, i gcomhréir le forálacha ábhartha na gConarthaí;

98. á chur in iúl go dtabharfaidh sí aird ar leith ar a áirithiú go léireofar nádúr speisialta gnóthaí míleata ar bhealach níos fearr i ndlí an Aontais Eorpaigh; á mheabhrú, chuige sin, go bhfuil an Pharlaimint i bhfabhar stádas an airm a chaomhnú, ar stádas é a chomhlíonann riachtanais an-sonracha na gairme míleata agus arb ionann é agus ráthú ar éifeachtacht na bhfórsaí armtha i ngach ceann de na Ballstáit; á iarraidh go gcaomhnófaí acmhainneachtaí idirghabhála na seirbhísí faisnéise, toisc nach féidir leis na seirbhísí sin an tslándáil náisiúnta a chosaint gan rochtain a choinneáil ar na sonraí nasctha arna gcur ar fáil ina n-iomláine, mar bheart coisctheach, go ceann tréimhse leordhóthanach ama agus faoi mhaoirseacht na gcúirteanna náisiúnta agus an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine; á thabhairt dá haire gur ghlac an Chomhairle a cur chuige ginearálta maidir le pacáiste an Aerspáis Eorpaigh Aonair; á mheabhrú gur gá ceannasacht na mBallstát agus saoirse na bhfórsaí armtha Eorpacha chun gníomhú a choimirciú; ag meabhrú, i ndáil le soláthar seirbhísí, na riachtanas slándála náisiúnta a bhaineann le rochtain, iontaofacht agus sláine sonraí, agus á áitiú gur cheart go bhféadfaí an dúshlán déthaobhach sin a shárú trí chlásail choimirce mhíleata a chur isteach i rialacháin AE;

o

o o

99. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus chuig Coimisinéirí inniúla amhail an Coimisinéir um an Margadh Inmheánach, chuig Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, chuig Ardrúnaí ECAT, chuig gníomhaireachtaí an Aontais atá ag obair i réimsí an spáis, na slándála agus na cosanta, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0041

# Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan – tuarascáil bhliantúil 2021

## Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 maidir le cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh i leith an ábhair – tuarascáil bhliantúil 2021 (2021/2181(INI))

(2022/C 342/15)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine,

— ag féachaint d'Airteagail 2, 3, 8, 21 agus 23 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE),

— ag féachaint d'Airteagail 17 agus 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

— ag féachaint do Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus do chonarthaí agus ionstraimí eile na Náisiún Aontaithe um chearta an duine,

— ag féachaint don Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla,

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chosc agus Pionósú Choir an Chinedhíothaithe in 1948 agus do Rún 43/29 ó Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine an 22 Meitheamh 2020 maidir le cinedhíothú a chosc,

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an 18 Nollaig 1979 maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú,

— ag féachaint don Dearbhú maidir le Gach Cineál Éadulaingthe agus Idirdhealaithe atá Bunaithe ar Reiligiún nó Creideamh a Dhíothú, a fógraíodh le Rún 36/55 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Samhain 1981,

— ag féachaint do Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta Daoine a bhaineann le Mionlaigh Náisiúnta nó Eitneacha, Reiligiúnacha agus Teanga an 18 Nollaig 1992,

— ag féachaint do Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cosantóirí Chearta an Duine, a glacadh trí chomhthoil an 10 Nollaig 1998,

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh an 20 Samhain 1989 agus don dá Phrótacal Roghnacha a ghabhann leis, a glacadh an 25 Bealtaine 2000,

— ag féachaint do Chonradh Trádála Arm na Náisiún Aontaithe maidir le hEaspórtáil agus Measúnú ar Easpórtáil agus do Chód Iompair AE maidir le hOnnmhairiú Arm,

— ag féachaint do Dhearbhú Bhéising ó Mheán Fómhair 1995,

— ag féachaint do Choinbhinsiúin Chomhairle na hEorpa chun Cearta an Duine agus Dínit an Duine a Chosaint maidir le Feidhmiú na Bitheolaíochta agus na Míochaine (CETS Uimh. 164), a glacadh an 4 Aibreán 1997, agus do na prótacail a ghabhann leo, maidir le Gníomhaíocht in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine (CETS Uimh. 197), a glacadh an 16 Bealtaine 2005, agus maidir le Leanaí a Chosaint i gcoinne Taiscéalaíocht Ghnéasach agus Mí-Úsáid Ghnéasach (CETS Uimh. 201), a glacadh an 25 Deireadh Fómhair 2007,

— ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (dá ngairtear "Coinbhinsiún Iostanbúl" anseo feasta) an 11 Bealtaine 2011, nach bhfuil daingnithe ag na Ballstáit go léir,

— ag féachaint do Phrótacal Uimh. 6 de chuid Chomhairle na hEorpa a ghabhann leis an gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus a bhaineann le Deireadh a chur le Pionós an Bháis,

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine ([1]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú ([2]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda ([3]),

— ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024, arna ghlacadh ag an gComhairle an 18 Samhain 2020,

— ag féachaint do Ghlao Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe ar Ghníomhaíocht maidir le Cearta an Duine,

— ag féachaint do na Conclúidí ón gComhairle an 16 Samhain 2015 maidir le tacaíocht AE don cheartas idirthréimhseach,

— ag féachaint do na Conclúidí ón gComhairle an 17 Feabhra 2020 maidir le tosaíochtaí AE i bhfóraim na Náisiún Aontaithe um chearta an duine in 2020 agus an 22 Feabhra 2021 maidir le tosaíochtaí an AE i bhfóraim na Náisiún Aontaithe um chearta an duine in 2021,

— ag féachaint do na Conclúidí ón gComhairle an 13 Iúil 2020 maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe agus ag an 75ú Comhthionól Ginearálta de chuid na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2020-Meán Fómhair 2021, agus an 12 Iúil 2021 maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn 76ú seisiún Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2021-Meán Fómhair 2022,

— ag féachaint do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, a glacadh an 25 Meán Fómhair 2015 agus, go háirithe, do spriocanna 1, 4, 5, 8 agus 10 de,

— ag féachaint do rúin 1325, 1820, 1888, 1889, 1960, 2106, 2122 agus 2242 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le mná, síocháin agus slándáil,

— ag féachaint do na rúin ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 28 Bealtaine 2019 lena mbunaítear an Lá Idirnáisiúnta ag Comóradh Íospartaigh na nGníomhartha Foréigin atá Bunaithe ar Reiligiún nó ar Chreidimh agus an 19 Nollaig 2017 lena mbunaítear an Lá Idirnáisiúnta Cuimhneacháin d'Íospartaigh na Sceimhlitheoireachta agus na Tréigthe do Íospartaigh na Sceimhlitheoireachta,

— ag féachaint don tuarascáil ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir leis na cearta chun saoirse comhthionóil shíochánta agus maidir leis na cearta chun comhlachais an 17 Bealtaine 2019 maidir le feidhmiú na gceart sin sa ré dhigiteach,

— ag féachaint don nóta faisnéise ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir leis an gceart chun saoirse comhthionóil shíochánta agus maidir le dlíthíocht straitéiseach i gcoinne rannphháirtíocht phoiblí agus na gceart chun saoirse comhthionóil agus comhlachais,

— ag féachaint don tuarascáil ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir leis an gceart chun saoirse tuairimíochta agus chun tuairimí a nochtadh a chur chun cinn agus a chosaint an 28 Bealtaine 2019 maidir le drochéifeacht thionscal an fhaireachais ar shaoirse cainte,

— ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan sa Chaidreamh Seachtrach 2025–2025 (GAP III);

---

([1]) IO L 410 I, 7.12.2020, lch. 1.
([2]) IO L 206, 11.6.2021, lch. 1.
([3]) IO L 209, 14.6.2021, lch. 1.

— ag féachaint do straitéis AE maidir le cearta an linbh (2021-2024),

— ag féachaint don trácht a rinne an Coimisinéir um Chearta an Duine ó Chomhairle na hEorpa an 27 Deireadh Fómhair 2020 maidir le “Time to take action against SLAPPs” [Gníomhaímis anois in aghaidh SLAPPanna],

— ag féachaint do na treoirlínte athbhreithnithe ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2019 i ndáil le beartas AE i leith tríú tíortha i dtaca le céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach,

— ag féachaint do threoirlínte AE an 24 Meitheamh 2013 maidir le saoirse reiligiúin nó creidimh a chur chun cinn agus a chosaint,

— ag féachaint do Theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2012 dar teideal “The roots of democracy and sustainable development: Europe”s engagement with Civil Society in external relations’ [Fréamhacha an daonlathais agus na forbartha inbhuanaithe: Rannpháirtíocht na hEorpa leis an tSochaí Shibhialta i gcaidreamh seachtrach] (COM(2012)0492),

— ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 8 Aibreán 2020 maidir le freagairt dhomhanda AE ar COVID-19 (JOIN(2020)0011),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2020 maidir le Comhshocrú Nua um Imirce agus um Thearmann (COM(2020)0609),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Samhain 2020 dar teideal “Union of Equality: LGBTIQ Equality Strategy 2020-2025” [Aontas Comhionannais: Straitéis Comhionannais LADTIA 2020-2025] (COM(2020)0698),

— ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 17 Feabhra 2021 maidir le rannchuidiú AE le hiltaobhachas riailbhunaithe a neartú (JOIN(2021)0003),

— ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil AE ar Chearta an Duine agus an Daonlathas ar Domhan 2020,

— ag féachaint don rún uaithi an 3 Iúil 2018 maidir le sárú ar chearta phobail dhúchasacha an domhain, lena n-áirítear grabáil talún ([4]),

— ag féachaint dá rún an 15 Eanáir 2019 maidir le Treoirlínte AE agus sainordú Thoscaire Speisialta AE maidir le cur chun cinn saoirse reiligiúin agus creidimh lasmuigh den Aontas Eorpach ([5]),

— ag féachaint dá rún an 23 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Comhionannas Inscne i mbeartas eachtrach agus slándála AE ([6]),

— ag féachaint do rún uaithi an 20 Eanáir 2021 maidir le cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus ar bheartas AE i leith an ábhair – tuarascáil bhliantúil 2019 ([7]), agus go háirithe dá rúin roimhe seo maidir le tuarascálacha bliantúla níos luaithe,

— ag féachaint do rún an 10 Márta 2021 uaithi lena ngabhann moltaí don Choimisiún maidir le dícheall cuí corparáideach agus cuntasacht chorparáideach ([8]),

— ag féachaint do rún an 19 Bealtaine 2021 uaithi maidir le héifeachtaí an athraithe aeráide ar chearta an duine agus maidir le ról chosantóirí chearta an duine san ábhar ([9]),

— ag féachaint don rún an 16 Meán Fómhair 2021 maille le moltaí don Choimisiún maidir le foréigean inscnebhunaithe a shainaithint mar réimse nua coireachta a liostaítear in Airteagal 83(1) CFAE ([10]),

([4]) IO C 118, 8.4.2020, lch. 15.
([5]) IO C 411, 27.11.2020, lch. 30.
([6]) IO C 404, 6.10.2021, lch. 202.
([7]) IO C 456, 10.11.2021, lch. 94.
([8]) IO C 474, 24.11.2021, lch. 11.
([9]) IO C 15, 12.1.2022, lch. 111.
([10]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0388.

— ag féachaint do gach ceann dá rúin a glacadh in 2020 agus 2021 maidir le sáruithe ar chearta an duine, ar an daonlathas agus ar an smacht reachta (ar a dtugtar rúin phráinne) i gcomhréir le Riail 144 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do Dhuais Sakharov um Shaoirse Smaointeoireachta, a bronnadh in 2020 ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis agus a bronnadh in 2021 ar Alexei Navalny,

— ag féachaint don sainmhíniú ar eagraíocht na sochaí sibhialta sa ghluais d'achoimrí ar reachtaíocht AE,

— ag féachaint do chreat beartais AE maidir le tacaíocht a thabhairt don cheartas idirthréimhseach,

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-0353/2021),

A. de bhrí go bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, mar a leagtar amach in Airteagal 2 CAE; de bhrí nach féidir géarleanúint a dhéanamh ar aon duine ná aon duine a chiapadh ar bhealach ar bith as ucht a rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí chun cearta an duine nó an daonlathas a chosaint agus a chur chun cinn; de bhrí go mbíonn tionchar díreach ar chearta an duine agus ar an daonlathas ag guthanna easaontacha tosta agus ag srian a chur le rannpháirtíocht an phobail agus le rochtain ar fhaisnéis;

B. de bhrí go gcuireann na bagairtí tromchúiseacha ar iltaobhachas agus ar an dlí idirnáisiúnta a fheictear faoi láthair ceangal ar AE ról níos tiomanta fós a bheith aige maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint ar fud an domhain; de bhrí gur cheart go dtiocfadh gníomhaíochtaí níos teanntásaí, níos cinntithí agus níos éifeachtaí as beartais agus gníomhaíochtaí AE maidir le cearta an duine, le cabhair ó na hionstraimí uile atá ar fáil dó; de bhrí gur cheart do AE i gcónaí féachaint ar na bealaí is fearr chun gníomhú go héifeachtach, trí na hionstraimí is oiriúnaí a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe agus ar mhí-úsáid chearta an duine ar fud an domhain, agus gur cheart dó measúnú rialta a dhéanamh ar a bhosca uirlisí do chearta an duine chun na críche sin;

C. de bhrí go bhfuil seasamh ríthábhachtach ag Parlaimint na hEorpa mar institiúid láidir AE maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint agus maidir le tacadóir na gcosantóirí ar chearta an duine ó gach cearn den domhan;

D. de bhrí gur treochlár de thosaíochtaí AE a bhaineann le cearta an duine gurb ea Plean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020–2024, ar cheart é a bheith ag croílár bheartais sheachtracha uile AE; de bhrí, chun cearta an duine ar domhan a chur chun cinn ar bhealach éifeachtach, nach mór do AE comhleanúnachas idir a bheartais inmheánacha agus sheachtracha éagsúla a áirithiú;

***Dúshláin ghinearálta agus uirlisí beartais***

1. á chur in iúl gur cúis mhór imní di na dúshláin do chearta an duine agus don daonlathas, ar dúshláin iad as a n-eascraíonn laghdú ar an gcosaint don rialachas daonlathach agus do na hinstitiúidí daonlathacha agus do chearta uilíocha an duine, chomh maith leis an laghdú spáis don tsochaí shibhialta, a bhreathnaítear ar fud an domhain; á chur i bhfios go láidir an nasc idir an smacht reachta, an daonlathas agus sáruithe ar chearta an duine; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit iarrachtaí níos comhbheartaithe a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh chearta an duine ar fud an domhain, ar bhonn aonair agus i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta atá ar aon intinn leo, lena n-áirítear na Náisiúin Aontaithe; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit dea-shampla a thabhairt agus gníomhú mar fhíor-cheannaire domhanda maidir le cearta an duine, le comhionannas inscne agus leis an smacht reachta a chur chun cinn agus a chosaint, agus seasamh go láidir in aghaidh ionsaithe i gcoinne phrionsabail na huilíochta, na doshanntachta, na dodhealaitheachta, na hidirthuilleamaíochta agus na hidirghaolmhaireachta maidir le cearta an duine;

2. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) – an Eoraip Dhomhanda agus Plean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus maidir leis an Daonlathas 2020–2024 don sprioc sin; á mheabhrú, dá n-úsáidfí an vótáil trí thromlach cáilithe sa Chomhairle maidir le saincheisteanna i ndáil le cearta an duine, go mbeadh beartas eachtrach agus slándála AE níos éifeachtaí agus níos réamhghníomhaí ann, agus go neartófaí comhar maidir le nithe a bhfuil príomhleas straitéiseach ag AE iontu, agus san am céanna go léireofaí a bhunluachanna; á chur i bhfáth gur gá teacht ar chomhsheasaimh agus ar chomhdhearcadh i measc na mBallstát; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go nglacfadh na Ballstáit seilbh ar phlean gníomhaíochta an Aontais agus go dtabharfaidís tuairisc phoiblí ar a ngníomhaíocht faoin doiciméad straitéiseach seo; ag spreagadh parlaimintí náisiúnta agus réigiúnacha, institiúidí náisiúnta um chearta an duine agus eagraíochtaí áitiúla na sochaí sibhialta dul i dteagmháil lena n-údaráis ar leibhéal na mBallstát maidir lena rannchuidiú le beartas seachtrach an Aontais um chearta an duine a chur i gcrích;

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

3. á chur in iúl gur cúis mhór imní di go bhfuil méadú ag teacht ar líon na ndaonlathas agus na réimeas uathlathach ar fud an domhain, a bhfuil tromlach acu den chéad uair le 20 bliain anuas, agus a fhéachann lena muintir féin a chur faoi chois agus saoirse, rialachas daonlathach agus noirm idirnáisiúnta a lagú; á iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na huirlisí atá ar fáil dóibh, lena n-áirítear an ghiaráil eacnamaíoch a bhíonn acu sa chaidreamh frithpháirteach trádála, tacaíocht níos uaillmhianaí a fhorbairt don tsaoirse, don dea-rialachas, don smacht reachta agus d'institiúidí daonlathacha, agus chun cabhrú leis an spás a áirithiú don tsochaí shibhialta ar fud an domhain;

4. á iarraidh ar AE leanúint dá chomhar leis na Stáit Aontaithe agus le comhpháirtithe daonlathacha eile atá ar aon intinn leo a threisiú chun tacú leis an tsaoirse agus leis an daonlathas ar fud an domhain agus chun brú ar ais i gcoinne réimis fhorlámhacha agus ollsmachtacha; á iarraidh go nglacfaí uirlisí agus ionstraimí nua idirnáisiúnta chun an daonlathas a chosaint; á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú, nuashonrú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chláir tógála stáit an Aontais, chun a n-éifeachtúlacht a mhéadú, agus inbhuanaitheacht na dtorthaí a bhaintear amach a fheabhsú;

5. ag cur béim ar an bhfíoras go n-éilíonn tiomantas agus reitric uaillmhianach bheartas seachtrach an Aontais maidir le cearta an duine go mbeadh an beartas sin comhsheasmhach agus go mbeadh dea-shampla aige ionas nach mbainfear an bonn óna inchreidteacht agus é ag cur i gcoinne an mheathlaithe dhaonlathaigh dhomhanda; á iarraidh ar AE, chun na críche sin, cúram ar leith a ghlacadh chun measúnú agus cosc a dhéanamh ar aon sáruithe a bhaineann lena bheartais, lena thionscadail agus lena chistiú féin i dtríú tíortha agus trédhearcacht na sáruithe sin a áirithiú chun cur chuige neamhréireach maidir le cásanna inchomparáide ar chearta an duine ar fud an domhain a sheachaint, agus sásra um ghearáin a bhunú dóibh siúd a bhféadfadh sé gur sháraigh gníomhaíochtaí AE a gcearta;

6. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá tacaíocht AE do phróisis idirghabhála agus toghcháin trína chúnamh do bhreathnóirí baile agus trí na misin breathnóireachta toghchán, ina bhfuil ról gníomhach ag an bParlaimint; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an leibhéal is airde cosanta a sholáthar do bhreathnóirí toghcháin baile agus á iarraidh go dtabharfaí tuilleadh tacaíochta ina leith sin; á thabhairt chun suntais gur gá obair leantach éifeachtach a dhéanamh ar thuarascálacha agus ar mholtaí na misean sin chun caighdeáin dhaonlathacha a neartú agus chun aistrithe agus forbairt atá síochánta agus daonlathach sa todhchaí a éascú sna tíortha lena mbaineann; á mheabhrú go bhfuil uirlisí idirghabhála polaitiúla ag an bParlaimint, a d'fhéadfaí a fhorbairt tuilleadh chun cabhrú sa chur chuige foriomlán sin; á chur i bhfáth go láidir a thábhachtaí atá sé go leanfaidh Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (VP/HR) agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) de na tuarascálacha a dhréachtaigh na misin thaiscéalaíocha a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa in am trátha agus i bhfoirm mar a chomhaontaítear;

7. á iarraidh ar AE oibriú i ndlúthchomhar le heagraíochtaí intíre agus idirnáisiúnta amhail an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE), Comhairle na hEorpa agus na heagraíochtaí a d'fhormhuinigh an Dearbhú Prionsabal maidir le Breathnóireacht Idirnáisiúnta Toghchán chun constaicí ar fheachtas toghcháin aon iarrthóra, calaois toghcháin, neamhrialtachtaí vótála agus géarleanúint ar na meáin shaora a shainaithint go héifeachtach i ndáil leis an tuairisciú a dhéanann siad ar phróisis toghcháin;

8. á chur i bhfáth gur cheart do Pharlaimint na hEorpa a dícheall a dhéanamh chun cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh maidir le cearta an duine a chosaint, lena n-áirítear trína cuid rún práinne maidir le sáruithe ar chearta an duine a aistriú go teangacha áitiúla na dtíortha lena mbaineann agus iad a fhoilsiú agus a scaipeadh dá réir sin;

***An clár téamach maidir le cearta an duine agus an daonlathas***

9. á mheabhrú go bhfuil an urraim do chearta an duine, don daonlathas agus don smacht reachta ina cuspóir trasearnálach ar fud Ionstraim ICFCI ina hiomláine – an Eoraip Dhomhanda ina hiomláine mar a shonraítear in Airteagal 3 (cuspóirí) an rialacháin; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an clár téamach maidir le cearta an duine agus an daonlathas a glacadh faoi ICFCI – an Ionstraim don Eoraip Dhomhanda chun cearta an duine a chosaint agus an tsaoirse agus an daonlathas a chur chun cinn ar fud an domhain;

10. ag athdhearbhú gur eilimintí bunriachtanacha iad éagsúlú agus uasmhéadú na socruithe agus na sásraí cistiúcháin do ghníomhaithe na sochaí sibhialta faoi ICFCI agus gur cheart iad a spreagadh trí aird a thabhairt ar shainiúlachtaí na ngníomhaithe sin agus a áirithiú nach gcuirfear srian ar a raon feidhme le haghaidh gníomhaíochta ná ar líon na n-idirghabhálaithe ionchasacha, chomh maith le leanúint den obair i dtreo uathriail mhéadaithe an spáis shibhialta i gcomhréir le prionsabal an chomhtháthaithe beartais ar mhaithe le forbairt; á iarraidh go mbeadh leibhéal agus solúbthacht an chistithe ann don tsochaí shibhialta agus do chosantóirí chearta an duine faoi chlár téamach ICFCI maidir le cearta an duine agus daonlathas, lena n-áirítear maidir le ProtectDefenders.eu agus maidir leis an Dearlaic Eorpach i gComhair Daonlathais, chun a thromchúisí atá an frithfhreagairt neamhbhalbh atá ann faoi láthair agus an laghdú ar spás na sochaí sibhialta ar fud an domhain a léiriú;

11. á iarraidh go mbeadh trédhearcacht níos fearr ann maidir le forálacha maidir le cearta an duine i gcomhaontuithe maoiniúcháin faoi ICFCI agus soiléiriú ar an sásra agus ar na critéir maidir leis na comhaontuithe sin a chur ar fionraí i gcás sárú ar chearta an duine, ar phrionsabail dhaonlathacha agus ar an smacht reachta nó cásanna tromchúiseacha éillithe; á iarraidh ar an gCoimisiún staonadh go docht ó thacaíocht bhuiséadach a eisíoc le rialtais tríú tíortha mar mhódúlacht oibríochtúil chun cabhair a sholáthar i dtíortha ina bhfuil sáruithe forleathana ar chearta an duine agus cos ar bolg á imirt ar chosantóirí chearta an duine;

12. á chur in iúl gur geal léi an idirphlé straitéiseach idir an Coimisiún agus an Pharlaimint maidir le gach gné de NDICI, agus á iarraidh ar an gCoimisiún ionchur na Parlaiminte a bhaineann le tosaíochtaí maidir le cearta an duine a chur san áireamh go hiomlán, sa chlár téamach agus i ngach clár geografach; á chur i bhfáth nach féidir tionchar iomlán na hionstraime a bhaint amach ach amháin má dhéantar an clár maidir le cearta an duine a chuíchóiriú i mbeartais agus cláir sheachtracha uile an Aontais, má tá sé comhréireach lena bheartais inmheánacha agus má mheastar gur gníomhaí inchreidte idirnáisiúnta é AE atá tiomanta do chearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn;

13. ag moladh obair na Dearlaice Eorpaí i gcomhair Daonlathas i dtaca le tacú leis an tsochaí shibhialta agus le meáin shaora ar fud chomharsanacht theas agus oirthear an Aontais, chomh maith leis na Balcáin Thiar; á iarraidh ar an gCoimisiún sásraí athdheonaithe laistigh de chláir thacaíochta daonlathais an Aontais a mhéadú chun cur le cur chuige ón mbun aníos i leith tacaíocht daonlathais agus a áirithiú gur féidir le tionscnaimh bheaga ar an leibhéal réigiúnach nó ar an leibhéal áitiúil tairbhe a bhaint freisin as tacaíocht ón Aontas;

14. ag athdhearbhú go dtacaíonn sí le hobair na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha i ndáil le tacú leis an gcéad ghlúin eile de cheannairí polaitiúla i gcomharsanacht an Aontais agus níos faide i gcéin agus le hiad a chumhachtú;

***Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh le haghaidh Chearta an Duine***

15. á chur in iúl gur geal léi rannchuidiú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine (ISAE) le cearta an duine ar domhan a chosaint agus a chur chun cinn; ag cur béim ar ról tábhachtach ISAE i dtaca le héifeachtacht bheartais an Aontais maidir le cearta an duine a fheabhsú trí rannpháirtíocht le tríú tíortha, comhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo chun an clár maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus i dtaca le comhleanúnachas inmheánach agus seachtrach bheartais AE sa réimse a mhéadú; ag athdhearbhú gur cheart ainmniú ISAE a bheith faoi réir éisteacht roimh ré sa Pharlaimint;

16. á thabhairt dá haire gur cheart sainordú ISAE agus infheictheacht a róil a fheabhsú chun tionchar fóinteach a imirt ar chearta an duine; á chur i bhfios go láidir go bhfuil sainordú solúbtha ag ISAE a d'fhéadfaí a oiriúnú do chúinsí atá ag athrú go tapa; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhféadfaí seasamh ISAE a dhéanamh níos éifeachtaí trí fheabhas a chur ar ghníomhaíochtaí cumarsáide agus trí phróifíl níos poiblí a fhorbairt trí, *inter alia*, ráitis phoiblí a fhoilsiú lena dtacaítear le cosantóirí chearta an duine atá i mbaol, lena n-áirítear buaiteoirí Dhuais Sakharov agus na daoine a bhí sa bhabhta ceannais, agus le cosantóirí chearta an duine atá i bpríosún ar feadh tréimhsí fada, agus ar an gcaoi sin cabhrú lena sláine choirp agus le cosaint a thabhairt ar an obair ríthábhachtach a dhéanann siad; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go gcomhoibreoidh ISAE go dlúth le hionadaithe speisialta eile an Aontais maidir le tíortha agus réigiúin chun cearta an duine a shruthlíniú i mbeartais réigiúnacha an Aontais;

17. á mholadh go ndíreodh ISAE aird ar leith ar na tíortha agus ar na topaicí a dtugtar aghaidh orthu i rúin mhíosúla práinne na Parlaiminte maidir le sáruithe ar chearta an duine, agus ar aon sáruithe ar chearta an duine, go háirithe na sáruithe sin a dhéantar faoi réimis fhorlámhacha;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus ar na Ballstáit tacaíocht pholaitiúil agus acmhainní leormhaithe daonna agus airgeadais a áirithiú do ISAE agus dá bhfoireann;

19. á mholadh do ISAE iarrachtaí taidhleoireachta a shaothrú chun tacaíocht AE don dlí daonnúil idirnáisiúnta agus don cheartas idirnáisiúnta a fheabhsú; á iarraidh an athuair go mbeadh ionadaí speisialta AE ann i ndáil leis an tsaincheist sin;

***Idirphlé AE maidir le cearta an duine***

20. á aithint, le hidirphlé AE maidir le cearta an duine, go bhfuil an acmhainneacht ann cearta an duine agus an daonlathas a chur chun cinn sa chaidreamh déthaobhach le tríú tíortha, ach á chur i bhfios go láidir, chun go mbeidh sé éifeachtach, gur gá é a shaothrú ar bhealach atá dírithe ar thorthaí agus é a bhunú ar thagarmharcanna soiléire chun measúnú a dhéanamh ar a dtorthaí; á chur in iúl gur oth léi, cé go mbunaítear cuspóirí sonracha le treoirlínte athbhreithnithe AE i dtaca le hidirphlé maidir le cearta an duine le tíortha comhpháirtíochta/tríú tíortha, go mainnítear táscairí a shainaithint lena mbeifí in ann measúnú ceart a dhéanamh; á iarraidh ar SEGS na meastóireachtaí sin a dhéanamh

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

do gach idirphlé, i gcomhréir le treoirlínte AE, lena n-áirítear obair leantach ar chásanna aonair a ardaítear i gcomhthéacs idirphlé maidir le cearta an duine agus an Pharlaimint araon; den tuairim gur ghá, i gcás ina mainneofaí torthaí nithiúla a bhaint amach maidir le hidirphlé i leith chearta an duine le tríú tíortha; measúnú breise a dhéanamh ar an gcaoi chun caidreamh déthaobhach a sheoladh;

21. ag athdhearbhú an ghealltanais a tugadh i dtreoirlínte AE maidir le cosantóirí chearta an duine chun cásanna aonair chosantóirí chearta an duine atá i mbaol a tharraingt anuas le linn idirphlé AE maidir le cearta an duine le tíortha comhpháirtíochta/tríú tíortha, agus á chur i bhfáth gur gá a bheith comhsheasmhach chun a áirithiú go dtabharfar aird ar na cásanna sin ag na hócáidí sin; ag súil go dtabharfaidh SEGS aird ar leith ar na cásanna aonair a d'ardaigh an Pharlaimint, go háirithe ina rúin phráinne, chomh maith le buaiteoirí agus iomaitheoirí craoibhe Dhuais Sakharov atá i mbaol, agus go dtabharfaidh sí tuairisc ar an ngníomhaíocht a rinneadh;

22. á chur i bhfios go láidir gur cheart idirphlé a bheith mar cheann de na huirlisí i rannpháirtíocht chuimsitheach AE i gcearta an duine agus nár cheart breathnú air mar ionadú ar phléití maidir le cearta an duine ag fóraim ardleibhéil leis na gníomhaithe ábhartha uile agus, go háirithe, le comhpháirtithe straitéiseacha AE; á iarraidh ar SEGS an fhaisnéis maidir leis an idirphlé atá beartaithe a roinnt – idir idirphlé déthaobhach agus idirphlé laistigh d'fhóraim idirnáisiúnta – luath go leor roimh ré le Coiste na Parlaiminte um Ghnóthaí Eachtracha, Fochoiste na Parlaiminte um Chearta an Duine agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta;

23. á chur i bhfáth go bhfuil ról ríthábhachtach le himirt ag gníomhaithe uile na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhspleácha na sochaí sibhialta, eagraíochtaí atá bunaithe ar chreideamh, ceardchumainn, eagraíochtaí faoi stiúir an phobail agus cosantóirí chearta an duine san idirphlé chun ionchur a sholáthar don idirphlé iad féin agus don mheastóireacht ar a dtorthaí; á chur i bhfios go láidir gur cheart don Aontas agus dá chuid Ballstát comhairliúchán agus rannpháirtíocht dhílis, inrochtana agus chuimsitheach na n-eagraíochtaí sin a áirithiú faoi chuimsiú idirphlé oifigiúil agus neamhfhoirmiúil, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, chomh maith le réamhchainteanna; á iarraidh ar SEGS agus ar an gCoimisiún feabhas a chur ar chumarsáid agus ar thrédhearcacht maidir leis an tsochaí sibhialta; á iarraidh, chun na críche sin, ar SEGS agus ar an gCoimisiún infheictheacht na bpointí fócasacha um chearta an duine ag rannáin gheografacha a gceanncheathrúna a threisiú agus a mhéadú agus tacaíocht don tsochaí shibhialta a neartú, lena n-áirítear tacaíocht theicniúil, go háirithe i dtíortha ina bhfuil réimis leatromacha ag iarraidh obair na sochaí sibhialta a chosc;

24. á thabhairt chun suntais go mbeartaítear go mbeidh an t-idirphlé maidir le cearta an duine ina chuid lárnach d'fhoireann uirlisí bheartas eachtrach an Aontais agus nach féidir, dá bhrí sin, deireadh a chur leis an idirphlé iontu féin; ag athdhearbhú go gcaithfidh na luachanna ar a bhfuil an tAontas bunaithe, de bhun Airteagal 21 CAE, gach gné dá bheartais sheachtracha a threorú; á iarraidh, dá bhrí sin, ar SEGS agus ar an gComhairle cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir taidhleoireacht, leasanna agus luachanna, ar bhealach atá i gcomhréir ar bhealach níos fearr le cuspóirí maidir le cearta an duine atá mar bhonn faoi bheartas seachtrach AE agus a chuireann béim níos mó ar dhearcadh fadtéarmach; ag athdhearbhú, dá bhrí sin, nach mór urraim do chearta an duine a bheith ina choinníoll fhollasach maidir le tacaíocht AE do thríú tíortha;

***Iltaobhachas agus ceartas idirnáisiúnta***

25. á thabhairt dá haire go ndearnadh comóradh 75 bliana ar na Náisiúin Aontaithe in 2020, ar fóram uilechoiteann bunriachtanach é chun comhdhearcadh idirnáisiúnta a fhorbairt maidir le síocháin agus slándáil, forbairt inbhuanaithe agus urraim do chearta an duine agus don dlí idirnáisiúnta; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit a dtacaíocht ríthábhachtach do na Náisiúin Aontaithe a chaomhnú agus leanúint dá n-iarrachtaí chun labhairt d'aon ghuth amháin sna Náisiúin Aontaithe agus i bhfóraim iltaobhacha eile; ag tarraingt aird ar na dúshláin a bhaineann le teachtadh uilíoch chearta an duine agus á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le hiltaobhachas níos cuimsithí agus níos éifeachtaí agus le comhar idirnáisiúnta; ag cur béim ar ról ríthábhachtach chomhlachtaí na Náisiún Aontaithe mar fhóram chun síocháin, réiteach coinbhleachta agus cosaint chearta an duine a chur chun cinn, agus á iarraidh gníomhaíocht agus acmhainní feabhsaithe ina leith sin; á chur in iúl gur díol sásaimh dí Glao Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe ar Ghníomhaíocht maidir le Cearta an Duine;

26. á chur in iúl gur oth léi an cleachtas leanúnach maidir le caighdeáin dhúbailte ag tíortha áirithe maidir leis an gcaoi a gcaitear le cásanna chearta an duine ar fud an domhain; ag cáineadh an mhéadaithe ar na hiarrachtaí chun an bonn a bhaint ó fheidhmiú chomhlachtaí na Náisiún Aontaithe, go háirithe an Chomhairle um Chearta an Duine, trí amhras a chaitheamh ar uilíocht na gceart daonna, agus chun bac a chur ar an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil tíortha a raibh réimis uathlathacha agus sáruithe leantacha ar chearta an duine mar chuid díobh anois mar chuid den Chomhairle um Chearta an Duine agus ag cáineadh a neamhairde neamhbhailbhe ar a n-oibleagáidí maidir le cearta an duine agus a gcuntas teiste náireach ó thaobh a bheith ag comhoibriú le sásraí na Náisiún Aontaithe de, a bunaíodh tríd an gComhairle um Chearta an Duine; á iarraidh, ina leith sin, go ndéanfaí athchóiriú ó bhonn ar an gComhairle um Chearta an Duine, lena n-áirítear critéir shoiléire a leagan síos dá comhaltaí; á iarraidh ar SEGS, go háirithe, tús a chur le hiarrachtaí i dtreo seasamh comhordaithe AE agus na mBallstát maidir le ballraíocht sa Chomhairle um

Chearta an Duine, lena gcuirfí trédhearcacht níos fearr chun cinn sa phróiseas toghcháin, go háirithe trí vótaí na mBallstát a phoibliú agus an réasúnaíocht dá vótaí a sholáthar; á thabhairt chun suntais gur gá atá le próiseas fíoriomaíoch trína áirithiú go dtairgfidh na Ballstáit níos mó iarrthóirí ná suíocháin sna trí bhloc réigiúnacha agus trí chuntasacht na n-iarrthóirí a fheabhsú trína ngealltanais dheonacha agus a gcuntais teiste a ghéariniúchadh ó thaobh iad a bheith ag comhoibriú leis an gComhairle um Chearta an Duine agus le comhlachtaí conartha na Náisiún Aontaithe agus le nósanna imeachta speisialta;

27. ag cáineadh go láidir gach ionsaí a rinneadh ar shealbhóirí sainordaithe nósanna imeachta speisialta na Náisiún Aontaithe agus neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a sainorduithe; á chur i bhfáth nach féidir ceannasacht stáit a úsáid mar leithscéal chun faireachán ar chearta an duine ag an gcomhphobal idirnáisiúnta a sheachaint ós rud é, de réir Chairt na Náisiún Aontaithe agus Rún 60/251 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, go bhfuil an dualgas agus an fhreagracht ar gach stát, gan beann ar a gcórais pholaitiúla, eacnamaíocha agus chultúrtha, cearta uile an duine agus saoirsí bunúsacha do chách a chur chun cinn agus a chosaint, agus ba cheart do Chomhairle um Chearta an Duine dul i ngleic le cásanna sáruithe ar chearta an duine;

28. á iarraidh ar Bhallstáit AE agus ar chomhpháirtithe daonlathacha AE dul i ngleic go cinntitheach leis na hiarrachtaí sin agus a bhfreagairt ar sháruithe tromchúiseacha ar chearta idirnáisiúnta an duine a neartú; á iarraidh ar an gComhairle agus ar na Ballstáit obair a dhéanamh chun institiúidí iltaobhacha a athchóiriú chun go mbeidh siad níos athléimní agus chun go mbeidh ar a gcumas cinntí a dhéanamh atá níos comhsheasmhaí agus níos inoiriúnaithe;

29. á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le cistiú leordhóthanach do chomhlachtaí uile na Náisiún Aontaithe um chearta an duine, go háirithe na comhlachtaí conartha agus na nósanna imeachta speisialta; á iarraidh ar Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, chun na críche sin, acmhainní iomchuí a sholáthar ó bhuiséad na Náisiún Aontaithe agus ag tathant ar Bhallstáit an Aontais a ranníocaíochtaí deonacha a mhéadú;

30. á chur i bhfios go láidir gur gá athbhreithniú neamhchlaonta, cothrom agus trédhearcach a dhéanamh ar na hiarratais ar stádas comhairleach a dhéanann eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) ar Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe; ag tacú le hiarraidh AE go bhformheasfaí iarratais a bhfuil moill mhór orthu ó eagraíochtaí neamhrialtasacha creidiúnacha áirithe;

31. ag cáineadh na mbeart díoltais agus na ngníomhartha imeaglaithe ar thart ar 240 ball aonair den tsochaí shibhialta, ar chosantóirí chearta an duine agus ar iriseoirí i 45 thír chun comhoibriú leis na Náisiúin Aontaithe le bliain anuas, mar a thuairiscigh Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe; á iarraidh ar an Aontas agus a Bhallstáit gníomhaíocht láidir a dhéanamh i gcoinne na mbeart díoltais sin, lena n-áirítear trí bheart domhanda i leith na dtíortha lena mbaineann, agus gach beart is féidir a dhéanamh chun go mbeidh spásanna sábháilte agus oscailte ann le go mbeidh daoine aonair agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta i mbun idirghníomhaíocht leis na Náisiúin Aontaithe agus lena ionadaithe agus lena shásraí;

32. á athdhearbhú go dtacaíonn sí go láidir leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (ICC) mar an t-aon institiúid idirnáisiúnta atá in ann cuid de na coireanna is gráinniúla ar domhan a ionchúiseamh agus ceartas d'íospartaigh na gcoireanna sin a sholáthar; á thabhairt chun suntais a neamhspleáiche agus a neamhchlaonta atá an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit tacaíocht airgeadais leormhaithe a sholáthar chun go mbeidh an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta in ann a cúraimí a chur i gcrích; ag tacú le huilíocht Reacht na Róimhe agus á iarraidh ar AE clásal sonrach a áireamh maidir le daingniú an Reachta agus rochtain air i gcomhaontuithe a thabharfar i gcrích le tríú tíortha; á iarraidh go gcuirfeadh AE dlús lena rannpháirtíocht leis na tíortha nár aontaigh go fóill le Reacht na Róimhe; ag cáineadh go láidir aon ionsaí ar fhoireann nó ar neamhspleáchas ICC; den tuairim gurb ionann aon iarrachtaí chun an bonn a bhaint ó inchreidteacht agus ó ról ríthábhachtach ICC agus ionsaithe ar an iltaobhachas, agus gur cheart do AE agus dá Ballstáit cur ina n-aghaidh mar ionsaithe den sórt sin, go háirithe nuair is dlúth-thíortha comhpháirtíochta a thionscnaíonn iad; á chur i bhfáth go bhfuil rochtain iomlán ag teastáil ó ICC ar na tíortha a dhéanann sé imscrúdú orthu chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh; ag cur béim ar acmhainneacht na n-uirlisí nuálacha eile chun déantóirí coireanna idirnáisiúnta a thabhairt chun cuntais, lena n-áirítear dlínse uilíoch sna cúirteanna náisiúnta; ag cur béim, sa chomhthéacs sin, ar an bplé atá ar siúl faoi láthair i gCoimisiún Dlí Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe maidir le díolúine na n-oifigeach stáit agus ar iarrataí ar obair leantach a dhéanamh orthu; á iarraidh ar AE leanúint d'fhothú acmhainneachta a neartú ar an leibhéal náisiúnta i dtríú tíortha, agus tacaíocht á tabhairt do bhinsí coiriúla agus sásraí idirnáisiúnta, agus d'ardáin agus d'eagraíochtaí atá tiomnaithe don chomhrac i gcoinne na saoirse ó phionós amhail an Chomhghuaillíocht don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta;

33. á iarraidh an athuair go ngníomhófaí chun cur i gcoinne saoirse ó phionós agus chun cuntasacht a chur chun cinn i réigiúin agus i dtíortha atá thíos leis na coinbhleachtaí; á thabhairt dá haire gur ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle treoirthionscadal maidir leis an bhFaireachlann Eorpach ar an gComhrac in aghaidh na Saoirse; á iarraidh, ina leith sin, ar an gCoimisiún agus ar SEGS uirlisí comhchosúla a chur chun feidhme chun na híospartaigh a chumhachtú agus chun tacú leo trí rochtain a fháil ar leigheas agus ar chúiteamh, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an éilliú;

***Dúshláin shonracha do chearta an duine***

*COVID-19*

34. á chur i bhfios go láidir, mar thoradh ar COVID-19, gur cuireadh go mór leis na treochtaí atá ann le déanaí i dtaca le réimis fhorlámhacha a lagaíonn an daonlathas; á chur in iúl gur saoth léi an mhí-úsáid a bhaineann na réimis sin as an ngéarchéim eipidéimeolaíoch chun srian breise a chur leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse comhthionóil agus saoirse reiligiúin agus creidimh trí fheidhmiú institiúidí daonlathacha a shrianadh agus trí easaontú a chur faoi chois, lena n-áirítear teorainn a chur le saoirse na meán ar líne agus as líne araon agus díriú ar lucht cáinte agus ar sceithirí le feachtais chlúmhillte; á chur in iúl gur saoth léi freisin gur lean na réimis sin freisin d'idirdhealú in aghaidh daonraí imeallaithe, go háirithe pobail dhúchasacha agus mionlaigh eile, ollúsáid uirlisí faireachais, feachtais bhréagaisnéise, srianta ar rochtain ar fhaisnéis, go háirithe ó mheáin iolraíocha agus neamhspleácha trí dhúnadh iomlán an idirlín, scóigeadh bandaleithid agus blocáil ábhar, bearta éigeandála a chur chun feidhme gan critéir shoiléire i dtaobh a gcúlghairme, srianta ar chleachtadh daonlathach toghchán, agus úsáid rochtana roghnaí ar chúram sláinte mar mhodh chun idirdhealú a dhéanamh i gcoinne codanna áirithe den daonra;

35. ag aithint go bhfuil ról tábhachtach ag cosantóirí chearta an duine mar fhreagairt ar COVID-19 tríd an iliomad róil nua a ghlacadh chomh maith lena gcuid oibre laethúla maidir le cearta an duine, d'ainneoin na rioscaí suntasacha díréireacha a bhíonn acu; á thabhairt dá haire agus imní uirthi go bhfuil rialtais ar fud an domhain tar éis leas a bhaint as an bpaindéim mar dheis chun díriú go sonrach ar chosantóirí chearta an duine trí dhiúltú iad a scaoileadh saor ón bpríosún, trína gcoinneáil *incommunicado* a fhadú, trí chuairteanna príosúnachta a shrianadh, agus trí phianbhreith a chur orthu ar chúiseanna casta le linn éisteachtaí dorais iata;

36. á chur i bhfáth go raibh tionchar diúltach ag paindéim COVID-19 ar chearta eacnamaíocha agus sóisialta i bhformhór na dtíortha ar fud an domhain, cé gur spreag an ghéarchéim sláinte agus eacnamaíoch ina dhiaidh sin fás éagothroime laistigh de thíortha agus idir tíortha; ag cáineadh na n-iarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag na húdaráis faisnéis ríthábhachtach a choinneáil siar ó imscrúdaitheoirí idirnáisiúnta maidir le bunús agus scaipeadh COVID-19; á thabhairt chun suntais go ndearna iarmhairtí fíordhiúltach COVID-19 difear díréireach do ghrúpaí i gcásanna leochaileacha, lena n-áirítear mná, daoine LADTIA, daoine bochta, leanaí, daoine faoi mhíchumas, imircigh, dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn, mionlaigh reiligiúin, creidimh agus eile, oibrithe neamhfhoirmiúla agus daoine i bpríosún nó faoi choinneáil, i measc nithe eile; á chur i bhfáth gur mó an difear a dhéanann iarmhairtí diúltacha eacnamaíocha agus sóisialta na paindéime do ghrúpaí atá i gcásanna leochaileacha, chomh maith leis na srianta ar rochtain ar chúram sláinte agus oideachas; á thabhairt dá haire agus imní uirthi go bhfuil méadú tagtha ar an éadulaingt, ar an idirdhealú agus ar an bhfuathchaint i gcoinne grúpaí áirithe i gcásanna leochaileacha, go háirithe grúpaí mionlaigh, chomh maith le srianta ar shaoirsí bunúsacha;

37. á chur i bhfáth gur cheart do AE a thacaíocht a mhéadú chun dul i ngleic le hiarmhairtí diúltacha COVID-19, go háirithe do ghrúpaí i gcásanna leochaileacha; á iarraidh, chun na críche sin, ar an Aontas a chuid iarrachtaí a neartú go práinneach chun deireadh a chur leis an míchothromaíocht scanrúil i dtaca le dáileadh domhanda vacsaíní, agus ar an gcaoi sin an gealltanas a thug sé roimhe seo a chomhlíonadh chun tacú leis an vacsaín COVID-19 mar leas poiblí domhanda, trí aistriú teicneolaíoch agus méadú an táirgthe áitiúil, i measc nithe eile, lena n-áirítear trí Dhíorma Rochtana ar Theicneolaíocht COVID-19 (C-TAP), chun a áirithiú go mbeidh na vacsaíní ar fáil, inrochtana agus inacmhainne do líon na ndaoine is mó; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé tacú le córais oideachais agus cúraim sláinte a atreisiú chun iad a dhéanamh athléimneach i gcoinne bagairtí a bheidh ann amach anseo; ag áitiú ar AE agus ar a Bhallstáit maoiniú a mhéadú chun seirbhísí bunúsacha sláinte poiblí a sholáthar; á chur i bhfios go láidir, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá an chosaint shóisialta; á iarraidh go mbeidh níos mó tacaíochta ann do theicneolaíochtaí nuálacha chuige sin agus á chur in iúl gur geal léi freagairt Fhoireann na hEorpa; ag aithint an chirt chun sláinte fisiciúla agus meabhraí, atá fós faoi réir stiogma agus idirdhealú in go leor tíortha, agus á chur i bhfios go láidir gur léiríodh le paindéim COVID-19 go bhfuil fáillí móra fós ann i soláthar cúraim mheabhairshláinte;

*Cosantóirí chearta an duine*

38. ag moladh na hoibre tábhachtaí atá á déanamh ag cosantóirí uile chearta an duine ar fud an domhain, ar na costais is measa ar uairibh, agus ag glacadh na deise seo chun rannchuidiú chosantóirí uile chearta an duine le gluaiseacht chearta an duine a aithint; ag athdhearbhú gurb iad cosantóirí chearta an duine an t-aon idirghabhálaí amháin atá in ann faireachán "ar an láthair" agus cosaint chearta an duine a dhéanamh i gcríocha amhail críocha atá faoi fhorghabháil nó faoi nasc-ghabháil, go háirithe i limistéir choinbhleachta reoite áirithe, áit a bhfuil cumas teoranta rannpháirtíochta ann don chomhphobal idirnáisiúnta agus do AE araon;

39. á chur in iúl gur cúis mhór imní di drochstaid chosantóirí chearta an duine agus á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil siad ina n-íospartaigh d'fhoréigean a bhfuil méadú ag teacht air, lena n-áirítear maruithe spriocdhírithe; á chur in iúl go bhfuil cuntas teist ar ábhar imní é ag roinnt tíortha maidir le géarleanúint, ciapadh, imeaglú, fuadach agus marú seachbhreithiúnach na gcosantóirí ar chearta an duine; á chur i bhfios go láidir go bhfuil cásanna cosantóirí chearta na mban, ceart oibre, ceart comhshaoil agus ceart dúchasach thar a bheith tromchúiseach, agus gur measa iad de bharr COVID-19; á chur in iúl gur saoth léi úsáid mhéadaithe teicnící amhail ciapadh, feachtais coiriúlaithe agus clúmhillte,

gabhálacha treallacha agus gabháil neamhtheoranta i ndálaí mídhaonna chun cosantóirí chearta an duine a chur ina dtost, go minic ar bhonn cúisimh sceimhlitheoireachta nach bhfuil sainmhíniú beacht orthu; á iarraidh an athuair ar Thoscaireachtaí AE agus ar ambasáidí na mBallstát i dtríú tíortha staidéar a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar dhúshláin maidir leis an gceart chun cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, faisnéis a lorg, a fháil agus freagairt a thabhairt uirthi maidir le staid chosantóirí chearta an duine, cuairt a thabhairt orthu go rialta i bpríosún, faireachán a dhéanamh ar a gcuid trialacha, agus tacú leis an rochtain atá acu ar an gceartas agus ar an gcosaint; Ina theannta sin, á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit straitéis a fhorbairt do ghníomhaíocht uaillmhianach AE chun aghaidh a thabhairt ar an méadú atá ag teacht ar líon na n-ionsaithe a dhéantar ar chosantóirí chearta an duine;

40. á iarraidh go práinneach go gcruthófaí scéim ar fud AE chun víosaí gearrthéarmacha a eisiúint chun cosantóirí chearta an duine a athlonnú go sealadach, go háirithe trí threoracha a chur isteach i Lámhleabhar Víosaí AE agus trí na hionstraimí dlí maidir le víosaí a leasú, go háirithe an Cód Víosaí; ag cáineadh go láidir an easpa dul chun cinn atá déanta maidir leis an tsaincheist sin le bliain anuas agus ag áitiú go n-athbhreathnófaí, ar bhealach fóinteach, ar bheartas AE a bheadh níos comhordaithe maidir le víosaí éigeandála a eisiúint do chosantóirí chearta an duine ag na Ballstáit;

41. á iarraidh go dtabharfaí maoirseacht níos fearr do Pharlaimint na hEorpa ar ghníomhaíochtaí Thoscaireachtaí AE maidir le sáruithe agus mí-úsáid chearta an duine i dtríú tíortha agus bearta nithiúla fuinniúla a dhéanamh mura bhfuil siad in ann na freagrachtaí sin a chomhlíonadh; á chur i bhfios go láidir gur gá a áirithiú go bhféadfaidh Toscaireachtaí AE brath ar na hacmhainní agus ar na cumais uile is gá agus is iomchuí chun gníomhú go héifeachtach i gcás saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine i dtríú tíortha;

42. ag cáineadh go láidir go maraítear cosantóirí chearta an duine ar fud an domhain agus ag éileamh go mbeadh ceartas agus cuntasacht ann i leith na n-ionsaithe sin ar an leibhéal is airde cinnteoireachta; á chur i bhfáth go raibh an chuid is mó de chosantóirí seo chearta an duine rannpháirteach i gcosaint a dtalún agus an chomhshaoil agus i gcosaint chearta na ndaoine dúchasacha; á iarraidh an athuair go n-áiritheofaí go ndéanfar prionsabal an tsaorthoilithe fheasaigh roimh ré a urramú go hiomlán, i gcomhréir le Coinbhinsiún Uimh. 169 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Pobail Dhúchasacha agus Threibheacha; á chur i bhfáth gur gá rochtain ar cheartas a fheabhsú ar fud an domhain d'fhonn an díolúine forleathan i leith na maruithe sin a chomhrac; á thabhairt dá haire, áfach, go bhfuil iarrachtaí níos mó ag teastáil ní hamháin maidir le cúiteamh agus sásamh, ach freisin maidir le cosc trí, *inter alia*, neartú a dhéanamh ar na pleananna náisiúnta chun cosantóirí chearta an duine a chosaint i dtríú tíortha, i measc bearta eile;

*Saoirse cainte, saoirse comhthionóil shíochánta agus saoirse comhlachais*

43. á chur i bhfáth gur cúis mhór imní é an spiaireacht i gcoinne cosantóirí chearta an duine agus iriseoirí, i measc nithe eile, a tháinig chun solais le déanaí, amhail scannal NSO Pegasus agus go ndealraíonn sé go ndeimhnítear na contúirtí a bhaineann le mí-úsáid na teicneolaíochta faireachais chun an bonn a bhaint ó chearta an duine; á iarraidh go gcuirfí chun cinn spás sábháilte oscailte agus acmhainneacht níos fearr d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, do chosantóirí chearta an duine, d'iriseoirí agus do dhaoine aonair eile lena mbaineann chun iad a chosaint ar chibearfhaireachas agus ar chur isteach; á chur i bhfios go láidir gur gá a bheith ann rialáil náisiúnta agus idirnáisiúnta níos láidre sa réimse sin;

44. á chur in iúl gur cúis mhór imní di na srianta ar leith ar na saoirsí chun tuairimí a nochtadh, comhthionól síochánta agus comhlachais agus á chur bhfios go láidir gur gá iad a ráthú agus a urramú; ag athdhearbhú gurb ann do dhúshláin shonracha don tsaoirse tuairimíochta agus cainte agus an nasc atá acu le saoirse faisnéise, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis neamhspleách agus iontaofa ar líne agus as líne araon;

45. á thabhairt dá haire nach raibh an iriseoireacht neamhspleách agus bheith ann cainéil iontaofa meán, nach raibh siad chomh ríthábhachtach riamh maidir le sochaithe sábháilte sláintiúla dea-fheidhmiúla a choinneáil mar atá siad sa lá atá inniu ann agus á chur i bhfáth go bhfuil gá le tacaíocht phoiblí níos mó don iriseoireacht neamhspleách ar fud an domhain; á ghéarcháineadh go bhfuil ciapadh dlíthiúil agus reachtaíocht shriantach tagtha chun cinn mar mhodh chun guthanna criticiúla a chur ina dtost amhail trí agraí dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail agus coiriúlú clúmhillte ar líne agus as líne, a úsáidtear chun bac a chur ar iriseoirí, ar sceithirí agus ar chosantóirí chearta an duine chun deireadh a chur lena n-imscrúduithe ar éilliú agus ar ábhair eile a bhfuil leas poiblí ag baint leo ina lán tíortha; á mheabhrú gur gá trédhearcacht úinéireacht na meán a áirithiú, lena n-áirítear scairshealbhóirí, i bhfianaise a róil chun iolrachas na meán a ráthú;

46. ag athdhearbhú gurb ann do dhúshláin shonracha don tsaoirse comhlachais a eascraíonn as reachtaíocht shriantach amhail reachtaíocht fhrithsceimhlitheoireachta, reachtaíocht frith-toisceach agus reachtaíocht frith-éillithe i gcoinne eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus na rioscaí ina dhiaidh sin maidir le clárú trom, cistiú agus ceanglais tuairiscithe mar chineálacha rialaithe stáit, chomh maith le bearta eile amhail taispeántais a chur faoi chois trí fhorneart a úsáid, ciapadh

agus coinneáil threallach; á ghéarcháineadh go ndéantar cumhacht reachtach agus póilíneachta nó bearta slándála chun srian a chur leis an gceart agóide a mhí-úsáid mar sin; á chur i bhfios go láidir gur cuireadh deireadh le mórán léirsithe in 2020 agus in 2021, lena n-áirítear lucht agóide a fheallmharú agus na céadta agóideoirí síochánta a choinneáil go treallach, a ndearnadh céastóireacht nó ar cuireadh drochíde ar go leor acu agus ar cuireadh iallach orthu fíneálacha móra a íoc i dtrialacha nach raibh aon ráthaíocht ann maidir le caighdeáin íosta nós imeachta; ag géarcháineadh na sáruithe ar an gceart chun cómhargála, chun comhairliúcháin agus chun rannpháirtíochta oibrithe agus ceardchumann;

47. á chur in iúl gur chúis mhór bhuartha di go bhfuil srian á chur leis an tsaoirse acadúil agus go bhfuil méadú ag teacht ar chinsireacht agus príosúnacht scoláirí ar fud an domhain, rud a bhfuil iarmhairtí suntasacha aige don cheart chun oideachais; ag tathant ar AE agus ar a Bhallstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí taidhleoireachta trí rannpháirtíocht dhéthaobhach agus iltaobhach i ndáil le bagairtí nó ionsaithe ar shaoirse acadúil ó ghníomhaithe stáit agus neamhstáit; á iarraidh ar SEGS agus ar an gCoimisiún féachaint arís ar na sásraí tacaíochta agus cosanta atá ann cheana do chosantóirí chearta an duine chun an cumas a fhorbairt chun cúnamh a shainaithint agus a sholáthar, lena n-áirítear cosaint agus tacaíocht éigeandála, i gcásanna a bhaineann le hionsaithe ar an tsaoirse acadúil; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go leanfar de thacaíocht ardleibhéil a thabhairt don an Lárionad Eorpach Idir-Ollscoileanna um Chearta an Duine agus um Dhaonlathú agus don Champas Domhanda um Chearta an Duine, mar phríomhchuid de thacaíocht AE don oideachas ar chearta an duine ar fud an domhain;

48. ag géarcháineadh an chleachtais mhéadaithigh atá ag stáit fhorlámhacha maidir le imeachtaí ollmhóra spóirt nó cultúrtha a óstáil chun a ndlisteanacht idirnáisiúnta a threisiú agus tuilleadh srianta a chur ar easaontú intíre; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit dul i dteagmháil le cónaidhmeanna náisiúnta spóirt, le gníomhaithe corparáideacha náisiúnta agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir leis na socruithe chun páirt a ghlacadh in imeachtaí den chineál sin, lena n-áirítear Cluichí Oilimpeacha an Gheimhridh 2022 i mBéising; á iarraidh go bhforbrófaí creat beartais AE maidir leis an spórt agus le cearta an duine;

*An ceart chun comhshaoil shábháilte agus fholláin*

49. á aithint go bhfuil an t-athrú aeráide ar cheann de na bagairtí is mó atá os comhair chearta an duine sa ghlúin seo againne agus iad siúd atá le teacht, a bhfuil rioscaí tromchúiseacha ar leith ag baint leis do chearta bunúsacha na beatha, na sláinte, an bhia, na tithíochta agus caighdeán leormhaithe maireachtála do dhaoine aonair agus do phobail; á chur i bhfáth go bhfuil oibleagáidí ar rialtais maidir le cearta an duine agus forbairt inbhuanaithe; ar an eolas faoin dlúthchaidreamh idir cearta an duine, an comhshaol sláintiúil, bhithéagsúlacht, agus an comhrac in aghaidh an athraithe aeráide, agus á chur in iúl gur geal léi gur iarr na Náisiúin Aontaithe go dtabharfaí aitheantas ar fud an domhain don cheart chun comhshaoil shábháilte, ghlain, shláintiúil agus inbhuanaithe; ag leagan béim ar an ról ríthábhachtach atá ag cosantóirí chearta an duine maidir leis an gcomhshaol agus ag pobail áitiúla agus dúchasacha i ndáil leis an gcomhshaol sin a chaomhnú, in ainneoin na mbagairtí foréigin a chuireann na daoine sin is siocair le cleachtais atá díobhálach don chomhshaol, agus a bhaineann sochar astu, orthu go minic; ag moladh do AE agus dá Bhallstáit an t-éiceamharú a bheith á aithint mar choir idirnáisiúnta faoi Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta a chur chun cinn, agus á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún staidéar ar ábharthacht an éiceamharaithe do dhlí AE agus do thaidhleoireacht AE; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit tionscnaimh throma a dhéanamh chun cur i gcoinne saoirse ó phionós coireanna comhshaoil ar an leibhéal domhanda;

50. á thabhairt chun suntais go bhfuil oibleagáidí agus freagrachtaí ar na stáit agus ar shealbhóirí eile dualgas, lena n-áirítear gnólachtaí, éifeachtaí an athraithe aeráide a mhaolú, cosc a chur ar na tionchair dhiúltacha atá aige ar chearta an duine agus ar dhíghrádú agus ar chailliúint na bithéagsúlachta, agus beartais iomchuí a chur chun cinn atá uaillmhianach agus neamh-idirdhealaitheach go leor agus lena bhforáiltear do rannpháirtíocht na saoránach agus do rochtain ar leigheasanna éifeachtacha agus atá i gcomhréir le hoibleagáidí maidir le cearta an duine; ag tathant ar an Aontas gníomhú in aghaidh éifeachtaí na géarchéime domhanda maidir leis an aeráid, *inter alia* trí ghníomhaíochtaí beartais éifeachtacha agus inbhuanaithe a thabhairt isteach, agus spriocanna Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh; á iarraidh an athuair ar an Aontas agus ar a Bhallstáit an gaol idir cearta an duine agus an comhshaol a neartú ina ngníomhaíocht sheachtrach ar fad agus cosaint éifeachtach a sholáthar do chosantóirí chearta an duine agus an chomhshaoil;

51. ag tarraingt aird ar leith ar an nasc idir saothrú acmhainní agus maoiniú coinbhleachtaí, cogaí agus foréigean agus ag aithint go bhféadfadh iarmhairtí comhshaoil an athraithe aeráide an imirce agus an t-easáitiú éigeantach a dhéanamh níos measa;

52. á chur i bhfáth gur minic a bhí pobail dhúchasacha mar chéad íospartaigh ag an dífhoraoisiú, rud a chuireann a gcearta chun talún i mbaol, i measc cearta eile, agus a rochtain ar acmhainní ríthábhachtacha; á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, an ceart chun tosaíochtaí agus straitéisí a chinneadh agus a bhunú chun iad féin a fhorbairt agus chun a dtailte, a gcríocha agus a n-acmhainní eile a úsáid; á mheabhrú gurb é ceann de phríomhchúiseanna an dífhoraoisithe ná an baol nach gcuirfear pionós i bhfeidhm i ndiaidh sáruithe ar chearta na bpobal dúchasach agus á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go dtabharfaí cuntasacht as na sáruithe sin;

*Cearta na mban, cumhachtú na mban agus an comhionannas inscne*

53. á chur i bhfios go láidir a ríthábhachtaí atá sé cearta na mban a chur chun cinn agus á chur in iúl gur geal léi Plean Gníomhaíochta AE maidir leis an gComhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan sa Chaidreamh Seachtrach, 2021–2025, (GAP III) mar chomhartha de thiomantas an Aontais sa réimse sin; ag moladh ról tábhachtach na mbancheannairí polaitiúla agus na mbanghníomhaithe sibhialta i ngluaiseachtaí polaitiúla, sóisialta agus comhshaoil, agus á chur in iúl gur saoth léi gur minic foréigean a bheith á dhéanamh ar mhná mar gheall ar a n-inscne agus a ngníomhaíochtaí, agus gurb iadsan is trúig bháis dóibh fiú;

54. á mheabhrú go leagtar síos, le Coinbhinsiún Iostanbúl, mar an chéad chonradh atá ceangailteach go huilíoch agus a ceapadh chun foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, an tagarmharc do chaighdeáin idirnáisiúnta ar gá iad a dhaingniú agus a chur chun feidhme tuilleadh;

55. ag aithint gur imir an phaindéim tionchar díréireach ar mhná, go háirithe i ndáil leis an méadú ar an bhforéigean inscnebhunaithe mar thoradh ar bhearta dianglasála; á chur in iúl gur saoth léi gur mná, lena n-áirítear san Aontas, atá i mbunáite íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe, amhail foréigean teaghlaigh agus foréigean gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach, lena n-áirítear ciorrú ball giniúna ban, agus go ndéantar idirdhealú orthu sa saol polaitiúil agus sa saol gairmiúil, agus freisin i ndáil le rochtain ar oideachas agus ar chúram sláinte; á chur i bhfáth go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar sholáthar cúraim, cosanta agus rochtana ar an gceartas d'íospartaigh an fhoréigin inscne agus na gáinneála ar an gceartas mar thoradh ar an bpaindéim; á iarraidh ar AE forbairt pleananna agus prótacal cúnaimh éigeandála a chur chun cinn ag na Náisiúin Aontaithe agus i dtíortha comhpháirtíochta araon agus é mar aidhm aige sin cláir chúnaimh a chur in oiriúint do dhálaí na paindéime, do na géarchéimeanna a bhaineann leis an bpaindéim agus do na géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo; á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí agus na hinfheistíochtaí comhpháirteacha atá déanta ag AE, i gcomhar leis na Náisiúin Aontaithe, ó thaobh an Tionscnamh Spotsolais a sheoladh a bhfuil sé mar aidhm leis deireadh a chur le gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní;

56. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil an dul chun cinn foriomlán maidir le cearta na mban i bhfad faoi bhun ghealltanais thíortha na Náisiún Aontaithe a áiríodh i gCoinbhinsiún Bhéising 1995 agus á chur in iúl gur ábhar imní di nach bhfuiltear ag cur leis an dul chun cinn a baineadh amach; á chur in iúl gur cúis mhór imní di go bhfuil meath ag teacht ar cheart gach duine smacht iomlán a bheith aige nó aici ar chúrsaí a bhaineann lena ngnéasacht, mar aon le sláinte ghnéis agus atáirgthe agus na cearta a bhaineann léi (SGAC), gan chomhéigean ná idirdhealú, go háirithe maidir le rochtain shábháilte agus shaor ar ghinmhilleadh; ag géarcháineadh na n-iarrachtaí i dtaobh na teidlíochtaí agus na cosaintí atá ann cheana i réimse SGAC a tharraingt siar, chomh maith le reachtaíocht, beartais agus cleachtais lena ndiúltaítear nó lena sriantar na cearta sin i roinnt mhaith tíortha ar fud an domhain; á chur i bhfios go láidir nach mór rochtain ar SGAC agus an ceart chun oideachais, faisnéise, pleanála teaghlaigh, modhanna frithghiniúnacha nua-aimseartha, ginmhillidh shabháilte agus dhlíthiúil, agus cúraim sláinte máthartha, réamhbhreithe agus iarbhreithe a ráthú do gach duine; á iarraidh ar an Aontas agus a Bhallstáit cearta dosháraithe na mban a athdhearbhú chun sláine coirp, dínit agus cinnteoireacht fhéinrialaitheach, chun seasamh le huilíocht agus dodhealaitheacht chearta uile an duine i ngach comhthéacs, agus sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe (SRHR) a chur chun cinn mar chuid dá ngeallltanais idirnáisiúnta agus i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe;

57. á chur in iúl gur cúis mhór imní di an úsáid a bhaint as foréigean gnéasach agus foréigean inscne mar armán míleata; á chur i bhfáth go meastar faoi Reacht na Róimhe gur coireanna cogaidh, coireanna in aghaidh an chine dhaonna nó gnéithe comhdhéanamh den chinedhíothú nó den chéastóireacht iad coireanna gnéasacha agus an foréigean ar bhonn inscne; á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht chinntitheach chun deireadh a chur le húsáid an fhoréigin ghnéasaigh mar armán cogaidh; á iarraidh ar AE dul i ngleic le saoirse ó phionós i leith sáruithe ar chearta gnéis agus atáirgthe i suíomhanna coinbhleachta agus tacú le cearta na mban agus na gcailíní chun fírinne, leigheasanna éifeachtacha agus cúitimh maidir leis na cearta sin a shárú;

58. á chur i bhfáth go léiríonn meastacháin a d'fhoilsigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go mbíonn thart ar dhuine amháin as gach triúr ban (30 %) ar fud an domhain thíos le foréigean fisiciúil agus/nó foréigean gnéasach páirtí dlúthchaidrimh nó foréigean gnéasach neamhpháirtí le linn a saoil; á chur i bhfios go láidir gur foréigean páirtí dlúthchaidrimh é an chuid is mó den fhoréigean sin; á chur i bhfáth go maraíonn duine de theaghlach na mná 137 mbean gach lá; á iarraidh ar AE agus ar na gníomhaithe domhanda an foréigean páirtí dlúthchaidrimh a ghéarcháineadh agus na huirlisí uile atá ar fáil a úsáid chun foréigean páirtí dlúthchaidrimh a chosc, íospartaigh a chosaint agus na daoine a dhéanann an foréigean a ionchúiseamh; ag cáineadh na gcoireanna a dhéantar i gcoinne na gcailíní agus na mban laistigh den teaghlach mar gheall ar iompar a meastar gur iompar míchuí é chun clú an teaghlaigh a thabhairt ar ais, mar dhea;

59. á thabhairt dá haire go raibh meath suntasach ar staid íospartaigh na gáinneála in 2020, ar mná iad a bhformhór, toisc gur fhág paindéim COVID-19 iad i riocht níos leochailí fós; á chur in iúl gur geal léi gur seoladh Straitéis AE maidir leis an nGáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac (2021-2025); á thabhairt chun suntais go bhfuil gá ar leith ann an comhrac i gcoinne na gáinneála ar dhaoine a neartú agus i gcoinne na ngrúpaí coireachta eagraithe a bhfuil baint acu léi; á chur

i bhfios go láidir go bhfuil sé tar éis éirí níos casta fós le linn phaindéim COVID-19 íospartaigh na gáinneála a shainaithint; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit, dá bhrí sin, dlús a chur lena n-iarrachtaí sa chomhar idirnáisiúnta breithiúnach agus forfheidhmithe dlí chun cosc a chur ar gháinneáil agus íospartaigh a shainaithint, agus coiriúlú na n-íospartach á seachaint ag an am céanna, agus an tacaíocht sláinte agus shíceolaíoch is gá a sholáthar dóibh i ndlúthchomhar le hOifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta, le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta atá tiomanta d'íospartaigh a chosaint;

60. ag cáineadh nós tráchtála na máthairionadaíochta, feiniméan domhanda lena nochtar mná ar fud an domhain do theacht i dtír agus do gháinneáil ar dhaoine agus atá dírithe go háirithe ar mhná atá leochaileach ar bhonn airgeadais agus sóisialta; á thabhairt chun suntais go bhfuil drochthionchar aige ar mhná, ar chearta na mban, ar shláinte na mban agus ar an gcomhionannas inscne, agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil impleachtaí trasteorann ag baint leis; á iarraidh go mbeadh creat dlíthiúil Eorpach ann chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí diúltacha na máthairionadaíochta tráchtála;

*Cearta an linbh*

61. á mheabhrú nach bhfuil aon teorainneacha le cearta an linbh agus á iarraidh go mbeadh cur chuige córasach agus comhleanúnach ann maidir le cearta leanaí a chur chun cinn agus a chosaint san Eoraip agus níos faide i gcéin i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus le Clár Oibre 2030;

62. á iarraidh an athuair go gcuirfidh AE agus na Ballstáit dlús lena n-iarrachtaí ar an uile chineál mí-úsáide ar leanaí a dhíothú; á chur in iúl gur díol sásaimh di Straitéis AE maidir le Cearta an Linbh a glacadh le déanaí (2021-2024); á chur i bhfáth, áfach, go leanann leanaí de bheith ina n-íospartaigh den fhoréigean, den luathphósadh agus den phósadh éigeantais, den tiontú éigeantach, den striapachas, de phornagrafaíocht leanaí agus den phéidifilia, de mhí-úsáid ghnéasach, lena n-áirítear ciorrú ball giniúna, gáinneáil, scaradh éigeantach óna dtuismitheoirí, saothar leanaí agus earcaíocht mar shaighdiúirí leanaí, agus go bhfuil siad fós ag fulaingt de bharr an easpa rochtain ar oideachas agus ar chúram sláinte agus de bharr míchothaithe agus bochtaineachta, go háirithe le linn géarchéimeanna daonnúla agus coinbhleachtaí armtha; á chur i bhfáth gurb í 2021 an Bhliain Idirnáisiúnta um Shaothar Leanaí a Dhíothú; á iarraidh go ndéanfaí cearta an linbh agus Clár Oibre na Náisiún Aontaithe maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha a shruthlíniú i mbeartais sheachtracha uile an Aontais; ag áitiú ar AE a áirithiú go bhfuil a chuid beartas trádála agus forbartha comhtháite go hiomlán chun saothar leanaí a dhíothú; á thabhairt chun suntais, ina leith sin, gurb ann don idirphlé píolótach il-gheallsealbhóra maidir le cócó inbhuanaithe; á iarraidh ar na Ballstáit seasamh lena bhfreagachtaí maidir le leanaí trodaithe eachtracha atá ina saoránaigh den Aontas a chosaint;

63. á iarraidh ar an Aontas cearta leanaí agus cosaint leanaí a phríomhshruthú i mbeartais sheachtracha uile an Aontais, lena n-áirítear i gcomhthéacs idirphlé maidir le cearta an duine, comhaontuithe idirnáisiúnta agus trádála, an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais agus ICFCI – An Eoraip Dhomhanda; á thabhairt chun suntais gur gá gach idirghabháil de chuid an Aontais atá ábhartha do leanaí a rianú agus a áirithiú go ndéanfar cur chuige do-neamhdhíobhálach maidir le cearta an linbh a chur chun feidhme ina iomláine;

*Gáinneáil ar dhaoine agus saothar éigeantais*

64. ag géarcháineadh gach cineál gáinneála ar dhaoine, saothar éigeantais agus sclábhaíocht nua-aimseartha i measc raon leathan grúpaí lena n-áirítear mná, leanaí, inimircigh agus oibrithe oilte, i measc grúpaí eile; ag meabhrú do na Ballstáit gur gá iad siúd a bhfuil baint acu leis na gníomhaíochtaí sin a ionchúiseamh agus a chiontú ina dtíortha tionscnaimh agus ina ngrúpaí tráchta go hidirnáisiúnta; á chur i bhfáth gur gá faireachán cuimsitheach agus iniúchadh cuimsitheach a dhéanamh ar urraim do chearta an duine agus do chearta na fostaíochta nuair a dhéantar ranníocaíochtaí chun costas na seirbhísí riachtanacha i dtríú tíortha a chumhdach lena gceanglaítear iad, chun cosc a chur ar na seirbhísí sin a bheith á soláthar faoi dhrochdhálaí a sháraíonn cearta an duine; ag tathant ar AE agus ar a Bhallstáit a bheith ar thús cadhnaíochta i bhfóraim ilnáisiúnta chun deireadh a chur le gach cineál gáinneála ar dhaoine, saothair éigeantais agus sclábhaíochta nua-aimseartha, arb iad is cúis leis an imirce i ndrochdhálaí a mbíonn leochaileacht agus fulaingt an-mhór ag baint leo, chomh maith le bheith ina gcoireanna tromchúiseacha; á iarraidh, i bhfianaise thromchúis na sáruithe sin, go n-áireodh AE clásal sonrach lena ngéarcháintear agus lena gcuirtear in iúl neamhréireacht cineál ar bith gáinneála ar dhaoine, saothar éigeantais agus sclábhaíocht nua-aimseartha idir raon leathan grúpaí lena n-áirítear mná, inimircigh agus oibrithe oilte, i measc nithe eile, sna comhaontuithe atá ann faoi láthair agus sna comhaontuithe a dhéantar le tríú tíortha;

*Éadulaingt agus idirdhealú*

65. ag athdhearbhú go gcáineann sí go láidir an t-idirdhealú, an tseineafóibe, an éadulaingt, an ghéarleanúint agus na maruithe a bhaineann le cine, eitneacht, náisiúntacht, aicme shóisialta, míchumas, sainaicme, reiligiún, creideamh, aois, claonadh gnéasach agus féiniúlacht inscne, ar fadhb mhór i gcónaí é in a lán tíortha; á chur i bhfáth go bhfuil tionchar díréireach mór ag paindéim COVID-19 ar idirdhealú ciníoch agus eitneach, seineafóibe agus éadulaingt ghaolmhar; á chur in iúl gur geal léi gur seoladh Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Frithchiníochas, 2020-2025, ina n-aithnítear ní

hamháin na gnéithe aonair agus sóisialta den fheiniméan sin, ach nádúr struchtúrach an fheiniméin sin freisin; á chur i bhfáth go bhfuil an ciníochas, an t-idirdhealú, an tseineafóibe agus an éadulaingt a bhaineann leis sin fós ina sciúirse i roinnt mhaith tíortha ar fud an domhain, in ainneoin gur glacadh Dearbhú agus Clár Gníomhaíochta Durban in 2001, agus á iarraidh go mbeadh cur chuige neamhfhulaingthe ann i leith na bhfeiniméan sin; á iarraidh ar rialtais, ar eagraíochtaí réigiúnacha, ar an tsochaí shibhialta agus ar gheallsealbhóirí eile a n-iarrachtaí a mhéadú an dearbhú a chur chun feidhme go héifeachtach agus pleananna gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun ciníochas, idirdhealú ciníoch, seineafóibe agus éadulaingt ghaolmhar a chomhrac; á iarraidh ar AE cruinniú mullaigh domhanda maidir leis an bhfrithchiníochas a eagrú chun an ciníochas agus an t-idirdhealú a chomhrac ar fud an domhain i gcomhar le comhpháirtithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta atá ar aon intinn amhail ESCE, na Náisiúin Aontaithe, an tAontas Afracach, Eagraíocht na Stát Meiriceánach agus Comhairle na hEorpa;

66. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil idirdhealú agus géarleanúint fhorleathan agus chórasach roimh phobail dhúchasacha ar fud an domhain i gcónaí, lena n-áirítear an t-easáitiú éigeantach, gabhálacha treallacha agus marú chosantóirí chearta an duine agus cosantóirí talún; á iarraidh an athuair ar an Aontas, ar na Ballstáit agus ar a gcomhpháirtithe sa chomhphobal idirnáisiúnta na bearta uile is gá a ghlacadh chun cearta na bpobal dúchasach a aithint, a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear a dteanga, a dtailte, a gcríocha agus a n-acmhainní, agus chun sásra casaoide a chruthú chun gearáin a thaisceadh maidir le sáruithe agus mí-úsáidí; á chur in iúl gur díol sásaimh di an obair atá ar siúl ag an tsochaí shibhialta agus ag eagraíochtaí neamhrialtasacha maidir leis na saincheisteanna sin; ag tagairt do cheapachán a buanrapóirtéara ar phobail dhúchasacha laistigh den Pharlaimint chun faireachán a dhéanamh ar staid na bpobal dúchasach agus a gcearta daonna; ag moladh do thíortha forálacha Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) Uimh. 169 maidir le Pobail Dhúchasacha agus Threibheacha a dhaingniú; ag moladh go ndéanfaidh an tAontas agus a chuid Ballstát tagairtí do phobail dhúchasacha agus do na cearta atá i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach a chur san áireamh sna creataí ábhartha díchill chuí atá ag teacht chun cinn;

67. á chur in iúl go bhfuil imní mhór uirthi faoi scála agus iarmhairtí na n-ordlathas sainaicme, an t-idirdhealú ar bhonn sainaicme agus buanú sháruithe chearta an duine ar bhonn sainaicme, lena n-áirítear diúltú rochtana ar an gcóras dlí nó ar fhostaíocht, deighilt leanúnach, bochtaineacht agus stiogmatú, agus bacainní ar cheart bunúsacha an duine a fheidhmiú agus ar fhorbairt dhaonna a éascú mar gheall ar shainaicme; á iarraidh an athuair ar AE agus ar a Bhallstáit dlús a chur leis na hiarrachtaí agus tacú le tionscnaimh ag na Náisiúin Aontaithe agus sna tríú tíortha ábhartha chun deireadh a chur le hdirdhealú sainaicme;

*Cearta daoine LADTIA*

68. á ghéarcháineadh go ndearnadh sáruithe ar chearta an duine, idirdhealú, géarleanúint agus bagairtí ar an mbeatha daoine ar fud an domhain atá leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach, neamh-dhénártha, idirghnéasach agus aerach (LADTIA), agus gur maraíodh iad, rudaí atá níos measa de bharr COVID-19 a úsáid mar leithscéal chun cniogbheartaíocht a dhéanamh ar chosantóirí LADTIA agus chun dul i mbun clúmhilleadh homafóbach agus trasfhóbach; á iarraidh ar AE ról ceannasach a ghlacadh i gcosaint chearta na ndaoine LADTIA i bhfóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear oibriú i dtreo dhíchoiriúlú an ghnéaschlaonta, na féiniúlachta inscne, an léirithe inscne agus na saintréithe gnéis agus díothú ciorruithe ball giniúna idirghnéasach, "teiripe tiontaithe" mar a thugtar air, agus steiriliú éigeantach daoine trasinscneacha; á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear sa Straitéis um Chomhionannas LADTIA, 2020-2025, gealltanas AE saincheisteanna LADTIA a áireamh i ngach ceann dá bheartas seachtrach, lena n-áirítear tacaíocht faoi NDICI – an Ionstraim Eorpach Dhomhanda agus Ionstraim na gCistí Réamhaontachais; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit treoirlínte an Aontais maidir le cur chun cinn agus cosaint chearta an duine atá ag daoine LADTIA a chur i bhfeidhm go críochnúil agus go comhsheasmhach ar fud a gcuid beartas seachtrach;

*An ceart chun saoirse smaoinimh, coinsiasa, reiligiúin nó creidimh*

69. ag tacú go hiomlán leis an gceart chun na saoirse smaointeoireachta, coinsiasa agus reiligiúin, chun creideamh a bheith ag an duine, nó gan creideamh a bheith ag an duine, agus le ceart duine ar a reiligiún nó a chreideamh a léiriú agus a athrú gan eagla a bheith air go ndéanfaí foréigean, géarleanúint nó idirdhealú air; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar ghéarleanúint ar fhorais reiligiúin nó creidimh agus ag géarcháineadh na géarleanúna a fhulaingíonn mionlaigh ar na forais sin in go leor áiteanna ar fud an domhain; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar SEGS aird ar leith a thabhairt ar na cásanna sin agus freagairt dóibh dá réir sin; ag géarcháineadh na mí-úsáide a bhaintear as dlíthe diamhasla chun idirdhealú a bhuanú agus á chur in iúl gur saoth léi an úsáid a bhaintear as an reiligiún agus as institiúidí reiligiúnacha chun díobháil a dhéanamh do chearta an duine trí ghéarleanúint a dhéanamh, lena n-áirítear trí mhodhanna dlíthiúla, ar mhionlaigh nó ar phobail reiligiúnacha, ar mhná agus ar dhaoine LADTIA agus ar dhaoine eile i gcásanna leochaileacha; ag géarcháineadh an athuair aon iarracht a dhéanann údaráis nó rialtais rogha ceannairí reiligiúnacha nó creidimh a shéanadh nó cur isteach ar an rogha sin; á chur i bhfáth go bhfuil freagracht ar stáit cearta an duine atá ag daoine ar de mhionlaigh creidimh nó de mhionlaigh reiligiúnach iad a chur chun cinn agus a chosaint; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá tionscnaimh na sochaí sibhialta ina leith sin;

70. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle cláir uaillmhianacha a chur chun feidhme chun saoirse reiligiúin nó creidimh a chosaint ar fud an domhain, lena n-áirítear iarrachtaí idirnáisiúnta a spreagadh agus tacú leo chun fianaise a bhailiú ar choireanna ainghníomhartha, déantóirí na coire a thabhairt chun cúirte, pianbhreitheanna coiriúla a dhéanamh éifeachtach, agus cúiteamh a thabhairt do na híospartaigh; á iarraidh ar an gComhairle, ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit oibriú le tríú tíortha chun bearta a ghlacadh chun an choireacht fuatha a chosc agus a chomhrac;

71. ag tabhairt dá haire go bhfuil an post mar Thoscaire Speisialta AE um chur chun cinn saoirse reiligiúin agus creidimh lasmuigh den Aontas Eorpach fós folamh ar feadh níos mó ná bliain san iomlán; á iarraidh an athuair ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún measúnú trédhearcach, cuimsitheach a dhéanamh a luaithe is féidir maidir le héifeachtacht agus breisluach sheasamh an Toscaire Speisialta, acmhainní leormhaithe a sholáthar don Toscaire Speisialta, agus tacaíocht leormhaithe a thabhairt dá sainordú, dá n-acmhainneacht agus dá ndualgais institiúideacha;

*Mionlaigh náisiúnta, eitneacha agus teanga*

72. á mheabhrú go bhfuil an oibleagáid ar stáit cearta a mionlach náisiúnta, eitneach, cultúrtha, reiligiúnach agus teanga a chosaint laistigh dá gcríocha faoi seach; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le cosaint na gceart atá ag daoine ar de mhionlaigh iad ar fud an domhain, lena n-áirítear laistigh dá chlár téamach um chearta an duine agus daonlathas;

73. á iarraidh ar rialtais thíortha comhpháirtíochta AE urraim a thabhairt do chearta bunúsacha an duine atá ag mionlaigh náisiúnta, eitneacha agus teanga, lena n-áirítear a gcultúr, a dteanga, a reiligiún, a dtraidisiúin agus a stair, chun a gcultúir agus a n-éagsúlacht a chaomhnú; ag athdhearbhú gur gá do na rialtais sin na hoibleagáidí agus na gealltanais a ghlac siad orthu féin faoi na conarthaí agus comhaontuithe idirnáisiúnta a chomhlíonadh; á chur in iúl gur saoth léi aon iarrachtaí chun neamhaird a thabhairt ar bhunchearta agus ar chearta daonna na mionlach eitneach agus teanga trína gcomhshamhlú éigeantach;

*An ceart chun páirt a ghlacadh i dtoghcháin shaora agus chóra*

74. á chur i bhfios go láidir go bhfuil dlúthbhaint ag an gceart chun páirt a ghlacadh i seoladh na ngnóthaí poiblí, go háirithe trí thoghcháin le roinnt cearta daonna eile, chomh maith le bheith ina gceart daonna ann féin, a bhfuil a dteachtadh ríthábhachtach do phróiseas toghchánach fónta, agus atá i gcroílár na rialtas daonlathach;

75. ag cáineadh go láidir gur creimeadh luachanna daonlathacha i roinnt tríú tíortha agus go bhfuil dúshláin ann don tsláine toghcháin, don fhoréigean toghchánach, do mhí-úsáid acmhainní riaracháin ag na páirtithe rialaithe, do chiapadh na bhfreasúraí polaitiúla, don chinsireacht ar na meáin neamhspleácha agus do bhagairtí dóibh, agus do mhéadú na bréagaisnéise; ag tathant ar AE díriú ar an staid fhíorchúiseach seo agus cur ina coinne agus tograí nithiúla agus éifeachtacha a chur chun cinn, lena n-athdhearbhófaí go bhfuil sé toilteanach ról ceannasach a ghlacadh i gcur chun cinn luachanna daonlathacha agus toghchán saor agus cóir i dtríú tíortha;

76. á chur in iúl gur saoth léi an fíoras go bhfuil réimis údarásaíocha agus neamhliobrálacha ag imeacht ó chonair na ndaonlathas aibí, ó chearta uilíocha an duine agus ó chaighdeáin dhaonlathacha, rud a chruthaíonn tuiscint bhréagach den dlisteanacht trí phróisis toghcháin bhréige nach bhfuil saor, cóir ná trédhearcach; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit cur chun cinn an Aontais maidir le teacht aniar daonlathach i dtríú tíortha a neartú agus leas á bhaint acu as na hionstraimí uile atá ar fáil dóibh;

77. á iarraidh go mbunófaí cosaint próiseas daonlathach agus toghchánach mar phríomhábhar imní domhanda agus go bhforbrófaí creat éifeachtach le haghaidh freagairtí do gach cineál cur isteach ar phróisis toghcháin, ag comhoibriú go dlúth le heagraíochtaí idirnáisiúnta amhail ESCE;

*An t-éilliú agus cearta an duine*

78. á mheas go ndéantar leis an éilliú sáruithe ar chearta an duine a éascú, a bhuanú agus a institiúidiú agus go ndéantar difear díréireach do na daoine agus do na grúpaí is leochailí agus is imeallaithe sa tsochaí; ag áitiú go gcaithfidh AE agus a Bhallstáit dul i ngleic leis an éilliú mar sin ina ngníomhaíocht sheachtrach trí na caighdeáin trédhearcachta is airde a chur i bhfeidhm maidir lena gcistiú le tríú tíortha, agus trí thacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta frithéillithe, le hiriseoirí agus le sceithirí, agus bunú institiúidí éifeachtacha frithéillithe agus glacadh creataí rialála láidre á gcur chun cinn agus aghaidh á tabhairt ar dhlínsí rúndachta agus tearmainn chánach;

79. á iarraidh ar AE uirlisí a ghlacadh i gcoinne ceannairí údarásaíocha agus a gcumasóirí airgeadais, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil baint acu le calaois toghcháin, chun sócmhainní aindleathacha a nochtadh agus a chalcadh, agus chun cur i bhfeidhm dlínse uilíoch a chur chun cinn i gcásanna ina ndéantar mórshárú ar chearta an duine;

80. á chur in iúl go dtuigeann sí nach féidir le AE fónamh mar dhea-shampla sa chomhrac i gcoinne an éillithe fad is a bhíonn cuntais teiste neamhfhabhracha sa réimse seo ag roinnt de na Ballstáit agus ag roinnt gníomhaithe atá bunaithe san Aontas; ag súil go gcuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit dlús le gníomhaíocht nithiúil i gcoinne an mhíchleachtais sna réimsí sin; ag moladh go soláthródh an Pharlaimint, an Coimisiún agus na Ballstáit tacaíocht shuntasach d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, d'iriseoirí agus do sceithirí a ghníomhaíonn in aghaidh an éillithe;

81. á chur i bhfios go láidir gur gá prionsabail a fhorbairt maidir le sainmhíniú dlíthiúil ar an móréillitheacht a aithnítear go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear a nádúr sistéamach, mar choir sa dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus oibriú ina threo;

82. á iarraidh go rachfaí i ngleic leis na cásanna leanúnacha a bhaineann le saoirse ó phionós le haghaidh na móréillitheachta le forfheidhmiú níos láidre na ndlíthe frithéillithe chun cuntasacht a áirithiú do dhéantóirí scéimeanna móra éillithe; á iarraidh go ndéanfaí bealaí cur chuige cuimsitheacha a fhiosrú lena n-áirítear athchóirithe ar institiúidí idirnáisiúnta ceartais, amhail dlínse ICC a leathnú;

*Córas Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine (CDSCD AE – "Gníomh Magnitsky AE")*

83. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh Córas Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine (CDSCD AE – "Gníomh Magnitsky AE") mar bhreis bhunriachtanach le foireann uirlisí an Aontais maidir le cearta an duine agus maidir leis an mbeartas eachtrach, a neartaíonn ról AE mar ghníomhaí domhanda um chearta an duine trína fhágáil gur féidir leis beart sriantacha a ghlacadh i gcoinne daoine dlítheanacha agus daoine nádúrtha a raibh baint acu le sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine ar fud an domhain; ag moladh na Comhairle as na chéad smachtbhannaí spriocdhírithe a ghlacadh faoin réimeas agus á iarraidh ar an gComhairle bearta breise a ghlacadh más gá; á mheas nach gcuirtear cosc ná eisiamh le cur i bhfeidhm CDSCD AE ionstraimí eile de chuid an Aontais maidir le cearta an duine a chosaint, ar ionstraimí iad a d'fhéadfadh a bheith comhcheangailte agus comhlántach; ag cáineadh aon bhearta sriantacha in aghaidh an Aontais nó eintitis eile, ar bearta iad atá treallach nó nach bhfuil údar leo, mar fhreagairt do chinntí AE faoi CDSCD AE; á chur in iúl gur oth léi gur chinn an Chomhairle vótáil trí aontoilíocht a chur i bhfeidhm agus á iarraidh an athuair go dtabharfaí isteach vótáil trí thromlach cáilithe agus smachtbhannaí á nglacadh aici maidir le saincheisteanna chearta an duine;

84. á iarraidh an athuair go ndéanfaí raon feidhme CDSCD AE a leathnú chun gníomhartha éillithe a chur san áireamh chun a áirithiú go ndíreofar go héifeachtach ar na cumasóirí eacnamaíocha agus airgeadais a thacaíonn le mí-úsáideoirí chearta an duine; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh an Coimisiún togra reachtach a chur chun cinn maidir le córas nua de smachtbhannaí téamacha a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar ghníomhartha tromchúiseacha éillithe a shainítear ar bhonn Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe; á chur i bhfáth go bhfuil gá le straitéis éifeachtach chun CDSCD AE a chur chun feidhme go comhsheasmhach, le beartais sheachtracha eile an Aontais, go háirithe lena bheartais um chearta an duine, agus leis na creataí idirnáisiúnta atá ann cheana; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór do CDSCD AE urraim a thabhairt don phrionsabal gan dochar a dhéanamh do phobal ginearálta na tíre ar a ndírítear i gcomhréir leis an dlí coiriúil idirnáisiúnta agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta; á mheabhrú go bhfuil cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus aonfhoirmeach na mbeart sriantach sna Ballstáit uile ina réamhchoinníoll le haghaidh inchreidteacht agus éifeachtacht ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais; á chur in iúl gur geal léi gur fhógair an Coimisiún go ndéanfadh sé athbhreithniú faoi dheireadh 2021 ar chleachtais a bhaineann an bonn ó smachtbhannaí agus ar na hoibleagáidí tuairiscithe atá ar na Ballstáit maidir lena gcur chun feidhme agus a bhforfheidhmiú; ag áitiú ar an gCoimisiún, ina ról mar chaomhnóir na gConarthaí, agus ar an Leas-Uachtarán / Ardionadaí, mar an duine atá freagrach as aontacht, comhleanúnachas agus éifeachtacht bheartas eachtrach AE, a áirithiú go mbeidh na freagairtí náisiúnta do neamhchomhlíonadh na mbeart sriantach arna nglacadh ag AE éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach;

*Imirce agus tearmann*

85. ag athdhearbhú go bhfuil cearta daonna doshannta ag imircigh, ag teifigh agus ag daoine easáitithe agus ag dídeanaithe, agus á iarraidh go seasfaidh AE leo go hiomlán agus iad a áireamh ina chomhar le tríú tíortha, ó thaobh bunú ardchaighdeán dlíthiúil de agus, rud atá chomh tábhachtach céanna, ó thaobh a n-oibríochtaithe de, chun a áirithiú go gcosnófar na cearta sin go héifeachtach sa chleachtas; á mheabhrú nach mór don Aontas agus dá Bhallstáit ina ngníomhaíochtaí seachtracha agus seach-chríochacha, comhaontuithe agus comhar i réimse na himirce, na dteorainneacha agus an tearmainn, cearta an duine a urramú agus a chosaint, go háirithe na cearta sin a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha, lena n-áirítear an ceart chun beatha, saoirse agus tearmainn, go háirithe an measúnú aonair ar iarratais ar thearmann;

86. á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag an gcomhar leis an imirce ar chearta an duine le tríú tíortha, lena n-áirítear réamh-mheasúnú agus meastóireacht ar shásraí faireacháin, agus measúnuithe riosca trédhearcacha *ex ante* a dhéanamh ar an tionchar ar chearta na n-imirceach, na ndídeanaithe agus na ndaoine a easáitítear go héigeantach ó thaobh aon chomhair fhoirmiúil, neamhfhoirmiúil nó airgeadais de chuid an Aontais le tríú tíortha; á iarraidh, thairis sin, go mbeadh níos mó trédhearcachta ann agus go mbeadh leibhéal leormhaith grinnscrúdaithe pharlaimintigh agus formhaoirseachta daonlathaí ar a cuid gníomhaíochtaí sa réimse seo; ag leagan béim ar na rioscaí a bhaineann le socruithe neamhfhoirmiúla maidir le filleadh agus athligean isteach, nach bhfuil faoi réir grinnscrúdú breithiúnach agus nach bhfágann, dá bhrí sin, sásamh éifeachtach a bheith ann i leith sáruithe ar chearta

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

daonna imirceach agus iarrthóirí tearmainn; ag athdhearbhú, dá bhrí sin, gur a hiarratas ar AE a áirithiú go gcomhlíonfaidh gach comhaontú maidir le comhar imirce agus athligean isteach le stáit nach Ballstáit den Aontas iad an dlí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, dídeanaithe agus muirí, go háirithe an Coinbhinsiún i dtaobh Stádas Dídeanaithe; ag áitiú gur gá cearta an duine a phríomhshruthú agus faireachán a dhéanamh orthu sna gníomhaíochtaí uile a dhéanann Frontex agus an Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn;

87. á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce agus tacú leis an bhforbairt agus í a chur chun cinn, infheistíocht a dhéanamh san oideachas agus cúnamh díreach a sholáthar chun deiseanna saoil a fheabhsú, rud a d'fhéadfadh cur le sochaithe níos cobhsaí agus níos inbhuanaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún, ina leith sin, staidéar a dhéanamh ar na modhanna is fearr i dtaobh caidreamh a bhunú le tríú tíortha; á iarraidh go dtacódh an tAontas agus a Bhallstáit leis an gceart atá ag dídeanaithe agus ag iarrthóirí tearmainn filleadh ar a dtír dhúchais a luaithe a bheidh deireadh leis an ngéarleanúint nó leis an bhforéigean ba chúis lena n-easáitiú, agus prionsabal an *non-refoulement* á urramú ag an am céanna;

88. á iarraidh ar an gCoimisiún tograí reachtacha a ullmhú chun na cosaintí is gá a sholáthar do na Ballstáit chun freagairt go héifeachtach ar ionstraimiú na himirce ag tríú tíortha; á iarraidh ar thíortha comhpháirtíochta agus ar eagraíochtaí idirnáisiúnta a áirithiú go gcuirfear creataí dlíthiúla chun feidhme agus a n-iarrachtaí a mhéadú a oiread is féidir le haghaidh comhair maidir le saincheist na smuigléireachta ar imircigh, lena n-áirithítear go gcosnófar imircigh agus go gcuirfear cosc ar a saothrú;

89. ag géarcháineadh líon na mbásanna a tharlaíonn ar feadh na mbealaí imirce agus á iarraidh an athuair go mbunófaí cur chuige Eorpach comhordaithe chun tacú le próiseas pras agus éifeachtach chun iad siúd a fuair bás agus iad ar a mbealach go dtí an tAontas Eorpach a shainaithint agus chun an próiseas sin a áirithiú; á chur in iúl gur oth léi gur ndearnadh roinnt iarrthóirí tearmainn ionchasacha a fhilleadh chuig an teorainn nó gur díbríodh iad go dtí áiteanna ina raibh a saol i mbaol, rud a sháraíonn an dlí idirnáisiúnta agus, go háirithe, an ceart chun tearmainn; ag géarcháineadh na n-ionsaithe ar eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuidíonn le himircigh; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit a bheith go hiomlán trédhearcach maidir le cistí a leithdháileadh ar thríú tíortha le haghaidh comhair maidir leis an imirce, agus a áirithiú nach rachaidh an comhar sin chun tairbhe – go díreach nó go hindíreach – d'eintitis stáit a bhfuil baint acu le sáruithe ar chearta an duine; ag áitiú gur gá creataí a shainiú chun imircigh a chosaint, go háirithe trí bhealaí sábháilte dleathacha a oscailt d'imircigh agus tríd an rochtain ar víosaí daonnúla a fheabhsú, agus chun a gcur i bhfeidhm a fheabhsú; á iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa faireachán a dhéanamh ar chomhaontuithe maidir leis an imirce;

*An dlí daonnúil idirnáisiúnta*

90. á chur i bhfios go láidir go bhfuil urraim uilíoch don dlí daonnúil idirnáisiúnta agus don dlí idirnáisiúnta um chearta an duine den ríthábhacht, agus á iarraidh go n-áiritheoidh na páirtithe i gcoinbhleachtaí armtha an domhain go mbeidh rochtain iomlán, thráthúil, gan bhac ag gníomhaireachtaí cabhrach daonnúla ar phobail agus limistéir leochaileacha, agus na pobail shibhialtacha sin, go háirithe mná agus leanaí, mar aon le hoibrithe daonnúla agus leighis, a chosaint, mar a ráthaítear ag Coinbhinsiúin na Ginéive agus na prótacail bhreise a ghabhann leo; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé rannchuidiú le cruthú conairí daonnúla le haghaidh éigeandálaí, lena n-áirítear iad siúd lena mbaineann baol nó gar-bhaol go ndéanfaí sáruithe forleathana agus móra ar chearta an duine;

91. ag athdhearbhú gur cheart do AE agus a Bhallstáit tacú le héileamh Ardrúnaí agus Comhairle na Náisiún Aontaithe ar shos cogaidh domhanda agus cur go gníomhach leis an éileamh sin, lena n-áirítear trí bhearta éifeachtacha i gcoinne trádáil aindleathach arm agus trí fheabhas a chur ar thrédhearcacht agus ar chuntasacht maidir le honnmhairithe arm na mBallstát; á chur in iúl gur saoth léi gur fhág paindéim COVID-19 agus éifeachtaí na paindéime go bhfuil breis foréigin pholaitiúil ann, go ndeachaidh an iomaíocht idir grúpaí armtha i ndéine, gur ghéaraigh teannas atá ar fiuchadh le fada an lá, agus íospartaigh a bheith níos neamhchosanta; á chur in iúl gur cúis mhór imní di an méadú ar an bhforéigean gnéasach a bhaineann le coinbhleacht sa chomhthéacs sin, in ainneoin gurbh í 2020 comóradh 20 bliain Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le mná, maidir leis an tsíocháin agus maidir leis an tslándáil;

92. á mheabhrú gur eisigh sí a rún an 27 Feabhra 2014 maidir le ladrainn armtha ([11]) a úsáid agus á chur in iúl go bhfuil imní uirthi i gcónaí faoina n-úsáid lasmuigh den chreat dlí idirnáisiúnta; á iarraidh an athuair creat atá ceangailteach ó thaobh dlí a fhorbairt chun ladrainn armtha a úsáid chun a áirithiú nach ndéanfaidh na Ballstáit, i gcomhréir lena n-oibleagáidí dlíthiúla, básuithe neamhdhleathacha spriocdhírithe nó na maruithe sin ag tríú stáit a éascú; á iarraidh ar an gCoimisiún, sa bhreis air sin, Parlaimint na hEorpa a choinneáil ar an eolas go cuí maidir le húsáid chistí AE in aon tionscadal taighde agus forbartha a bhaineann le tógáil ladrann; á iarraidh go ndéanfaí measúnuithe tionchair ar chearta an duine i ndáil le tuilleadh tionscadal forbartha ladrann; á mheabhrú gur eisigh sí rún an 12 Meán Fómhair 2018 maidir le córais uathrialacha arm ([12]) agus ag tathant ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus ar na Ballstáit cosc a chur ar fhorbairt, ar tháirgeadh agus ar úsáid arm lán-uathrialach nach bhfuil smacht fónta ag an duine orthu maidir leis na feidhmeanna criticiúla a bhaineann le spriocanna a roghnú agus a ionsaí; ag áitiú go seolfaí caibidlíocht idirnáisiúnta maidir le hionstraim

---

([11]) IO C 285, 29.8.2017, lch. 110.
([12]) IO C 433, 23.12.2019, lch. 86.

a bheadh ceangailteach ó thaobh dlí agus lena gcuirfí toirmeasc ar airm mharfacha uathrialacha gan rialú fóinteach ag an duine; ag áitiú ar an Leas-Uachtarán / Ardionadaí agus ar na Ballstáit comhsheasamh a ghlacadh don chaibidlíocht idirnáisiúnta ina leith sin;

*Cogaí agus coinbhleacht a bheith ann ar fud an domhain agus a dtionchar ar chearta an duine*

93. á chur i bhfáth gurb ann do bhagairt ilghnéitheach ar leas a bhaint as cearta an duine mar thoradh ar choinbhleachtaí armtha nua-aimseartha, a mbíonn baint ag gníomhairí neamhstáit agus eagraíochtaí sceimhlitheoireachta leo go minic, chomh maith leis na stáit, agus a mbíonn iarmhairtí daonnúla tubaisteacha acu; á chur i bhfios go láidir go bhfuil sáruithe agus úsáidí ar chearta an duine déanta ag cuideachtaí príobháideacha míleata agus slándála; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil rochtain an-teoranta ag íospartaigh na sáruithe ar chearta an duine ar an gceartas i gcríocha amhail iad siúd atá faoi fhorghabháil nó faoi nascghabháil lena n-áirítear i limistéir choinbhleachta reoite, áiteanna ina bhfuil struchtúir dhlíthiúla agus institiúideacha chun cearta an duine a chosaint in easnamh nó neamhleor; á iarraidh an athuair ar an Aontas a fhreagairt do choinbhleachtaí a neartú, ar cheart dó a ionstraimí féin a fhorbairt go hiomlán agus a bheith in ann a ionstraimí féin a chur chun feidhme go huathrialach, i gcomhar le tíortha comhpháirtíochta agus eagraíochtaí réigiúnacha freisin, lena n-áirítear béim láidir ar chabhair dhaonnúil, ar chosc coinbhleachtaí, ar cheartas idirthréimhseach, ar idirghabháil chomh maith le comhréiteach, agus aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na gcoinbhleachtaí, agus an tacaíocht is gá a sholáthar do na misin idirnáisiúnta cothaithe síochána agus coimeádta síochána, agus freisin do mhisin an Aontais faoi chuimsiú an chomhbheartais slándála agus cosanta, agus oibríochtaí atógála iarchoinbhleachta lena dtacaítear le comhtháthú láidir ceart daonna agus gné inscne urrúnta, agus le grinnscrúdú a bheith á dhéanamh air, agus lena ndéantar a gcur i bhfeidhm;

94. á chur in iúl gur geal léi an coincheap úr i dtaobh idirghabháil síochána AE, lena leathnaítear bosca uirlisí an Aontais d'uirlisí bainistithe géarchéime chuig an mórsprioc maidir le claochlú coinbhleachta, agus ag moladh go bhforbrófar breis uirlisí agus acmhainneachtaí idirphlé sa réimse sin; á iarraidh an athuair ar na Ballstáit cuidiú le srian a choinneáil ar choinbhleachtaí armtha agus ar sháruithe tromchúiseacha ar chearta an duine nó ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta trí chloí go docht le forálacha Airteagal 7 de Chonradh Trádála Arm na Náisiún Aontaithe maidir le hOnnmhairithe agus Measúnú ar Onnmhairithe agus forálacha Chód Iompair AE maidir le hOnnmhairithe Arm, lena n-áirítear nuair a bhaineann sé le haistriú arm, faireachas agus trealamh faisnéise ar bith a mbeadh an baol ann go ndéanfadh na gníomhaithe stáit allmhairithe nó neamhstáit sáruithe ar chearta an duine nó ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta nó go n-éascófar sáruithe ar chearta an duine nó ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta; á iarraidh an athuair go mbeadh ann rialuithe níos déine ar fud an Aontais maidir le hairm a onnmhairiú, rialú níos fearr ar úsáid deiridh arm onnmhairithe, agus tuilleadh comhordaithe ar chinntí náisiúnta maidir le honnmhairiú arm;

95. á iarraidh ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus ar an gComhairle aird ar leith a thabhairt ar staid chearta an duine i gcríocha faoi fhorghabháil nó i gcríocha atá i gceangal leo agus bearta éifeachtacha a dhéanamh chun sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine ar an talamh a chosc; ag áitiú a thábhachtaí atá sé a áirithiú go bhfuil beartas AE comhleanúnach maidir le gairm bheatha nó ionghabháil críche; á mheabhrú gur cheart don dlí daonnúil idirnáisiúnta beartas an Aontais a threorú i ngach cás den sórt sin, lena n-áirítear i gcásanna forghabhála fadtréimhsí; á thabhairt chun suntais go bhfuil freagracht ar chorparáidí atá bunaithe san Aontas na beartais díchill chuí is déine a chur i bhfeidhm maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch nó airgeadais ar bith sna críocha sin nó leo, agus a áirithiú go gcomhlíonfar go docht an dlí idirnáisiúnta agus beartais smachtbhannaí AE nuair is infheidhme maidir leis na cásanna sin;

*Ceartas idirthréimhseach*

96. á iarraidh go gcuirfí chun cinn próisis an cheartais idirthréimhsigh lena gcumhachtaítear an tsochaí shibhialta, íospartaigh, pobail imeallaithe agus leochaileacha, mná, leanaí, daoine óga agus cónaitheoirí tuaithe agus uirbeacha araon; ag moladh go gcruthófaí naisc idir struchtúir bhuana amhail córais náisiúnta ceartais agus institiúidí náisiúnta agus líonraí chun ainghníomhartha a chosc agus tionscnaimh maidir leis an gceartas idirthréimhseach; á chur i bhfáth gur gá uirlisí, spás agus rochtain ar fhaisnéis a sholáthar do na híospartaigh agus do na pobail lena mbaineann;

*Dícheall cuí agus freagracht chorparáideach*

97. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil deis uathúil ag AE brú a chur ar ghnólachtaí seasamh le cearta an duine ar an leibhéal domhanda le reachtaíocht cheangailteach AE atá ar na bacáin maidir le dícheall cuí corparáideach agus cuntasacht chorparáideach, lena gcuirfear d'oibleagáid ar chuideachtaí drochthionchair ionchasacha agus/nó drochthionchair iarbhír ar chearta an duine, ar an gcomhshaol agus ar dhea-rialachas ina slabhra luacha a shainaithint, a chosc, a chur in iúl, a chur san áireamh agus a leigheas go héifeachtach ar feadh a slabhraí luacha agus córais maidir le dliteanas sibhialta agus rochtain ar cheartas a sholáthar d'íospartaigh agus cuntasacht a áirithiú; á iarraidh go mbeidh feidhm ag an straitéis maidir leis na gnóthais mhóra uile arna rialú ag dlí Ballstáit, atá bunaithe ar chríoch an Aontais nó atá ag oibriú sa mhargadh inmheánach, agus freisin maidir le cuideachtaí beaga agus meánmhéide (FBManna) atá liostaithe go poiblí agus FBManna in earnálacha ardriosca, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na comhréireachta; á chur i bhfáth gur gá rialuithe agus smachtbhannaí riaracháin a bhunú agus a fhorfheidhmiú chun an reachtaíocht a dhéanamh éifeachtach agus chun machaire comhréidh a áirithiú do ghnóthais; á mheas gur gá straitéisí díchill chuí na gcuideachtaí a shainiú agus a chur chun feidhme trí

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

chomhairliúchán bríoch rialta leis na geallsealbhóirí agus go gcuirfí ar fáil don phobal iad; á chur in iúl gur díol sásaimh di teacht i bhfeidhm iomlán Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht ([13]) in 2020 agus Rialachán AE maidir le Mianraí Coinbhleachta ([14]) in 2021 mar chéimeanna cuiditheacha sa réimse sin;

98. ag athdhearbhú go raibh dhá thrian, mar a mheastar, de chosantóirí chearta an duine a maraíodh ar fud an domhain anuraidh ag iarraidh a dtalamh agus an comhshaol a chosaint agus cearta na bpobal dúchasach a chosaint, go minic i gcomhthéacs gnó; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá níos mó ná riamh, mar a chuir cosantóirí chearta an duine in iúl, don Aontas reachtaíocht éigeantach maidir le dícheall cuí a chur chun feidhme do chuideachtaí;

99. á iarraidh an athuair go ndéanfaí an saothar éigeantais agus cineálacha eile sáruithe ar chearta an duine a chomhrac agus a dhíothú i slabhraí soláthair, lena n-áirítear mí-úsáid ceart comhshaoil, ceart dúchasach agus ceart oibrithe agus bagairtí agus ionsaithe in aghaidh chosantóirí chearta an duine; á iarraidh ar institiúidí AE dea-shampla a thabhairt agus measúnuithe díchill chuí críochnúla a dhéanamh ar dhíoltóirí, fochonraitheoirí san áireamh, ó lasmuigh den Aontas; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle toirmeasc a chur ar gach táirge a allmhairítear mar thoradh ar sháruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear saothar éigeantais ar bhonn comhionann; á iarraidh ar chuideachtaí Eorpacha a bhfreagracht chorparáideach a chomhlíonadh trí athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar a slabhraí soláthair chun a áirithiú nach gcuirtear isteach orthu i sáruithe ar chearta an duine;

100. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, in 2021, atá deich mbliana ann ó cuireadh Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine i dtoll a chéile, atá ina gcreat dílis ina ndéanann na treoirlínte ann atá ann, go háirithe iad siúd sa tríu colún atá dírithe ar rochtain ar chosantóirí chearta an duine a leigheas agus a urramú, struchtúr ríthábhachtach a sholáthar don chomhar le tríú tíortha maidir le cosc, chomh maith le rochtain ar shásraí gearáin agus sásaimh breithiúnacha agus neamhbhreithiúnacha d'íospartaigh; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh gach tír Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine a chur chun feidhme go hiomlán, agus á iarraidh ar na Ballstáit sin de AE nár ghlac pleananna gníomhaíochta náisiúnta go fóill maidir le cearta gnó é sin a dhéanamh a luaithe is féidir; á chur i bhfáth gur gá ionstraim cheangailteach idirnáisiúnta a bhunú chun gníomhaíochtaí corparáidí trasnáisiúnta agus cuideachtaí eile a rialáil sa dlí idirnáisiúnta um chearta an duine; ag moladh do AE agus dá Bhallstáit a bheith rannpháirteach ar bhealach cuiditheach in obair Mheitheal Idir-Rialtasach na Náisiún Aontaithe maidir le Corparáidí Trasnáisiúnta agus Fiontair Eile Ghnó i leith Chearta an Duine; ag meas gur céim riachtanach chun tosaigh é sin i gcur chun cinn agus i gcosaint chearta an duine;

*A thábhachtaí atá clásail láidre maidir le cearta an duine i gcomhaontuithe idirnáisiúnta*

101. á iarraidh an athuair go ndéanfar clásail in-fhorfheidhmithe um chearta an duine a áireamh go córasach sna comhaontuithe idirnáisiúnta uile idir tíortha atá in AE agus tíortha nach bhfuil in AE, lena n-áirítear comhaontuithe saorthrádála, comhaontuithe comhlachais agus comhaontuithe neamhspleácha cosanta infheistíochta; á iarraidh go bhfeabhsófaí na clásail sin, lena n-áirítear trí shásraí tiomnaithe faireacháin agus réitigh fadhbanna a leagan síos; á iarraidh go ndéanfar na clásail sin a fhorfheidhmiú trí thagarmharcanna soiléire agus go ndéanfar faireachán orthu, i gcomhar leis an bParlaimint, leis an tsochaí shibhialta agus le heagraíochta idirnáisiúnta ábhartha; á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh bunú tagarmharcanna sonracha a fhágáil go ndéanfadh AE scrúdú ar chomhréireacht a thabhairt isteach i smachtbhannaí as neamhchomhlíonadh; á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh iarmhairtí soiléire mar thoradh ar sháruithe ar chomhaontuithe, lena n-áirítear, mar rogha dheiridh, go gcuirfear an tAontas an comhaontú a fhionraí nó go dtarraingeodh sé siar as sna gcásanna is tromchúisí nó is leanúnaí de sháruithe ar chearta an duine; ag moladh go n-áireofar sásraí faireacháin maidir le cearta an duine i gcomhaontuithe uile trádála agus infheistíochta coigríche, mar aon le sásraí gearán, chun a áirithiú go mbeidh na saoránaigh agus na geallsealbhóirí áitiúla lena mbaineann in ann leas éifeachtach a bhaint as réiteach;

*Trádáil agus Scéim na bhFabhar Ginearálaithe (GSP)*

102. ag leagan béim ar an nasc láidir idir an trádáil agus cearta an duine agus ar an ról dreasaithe atá ag rochtain ar thrádáil maidir le seasamh le coinníollacht chearta an duine do thríú tíortha; á thabhairt dá haire gur thíolaic an Coimisiún togra le déanaí le haghaidh Rialachán athbhreithnithe GSP ([15]), ar deis é chun an nasc sin a neartú tuilleadh; á chur i bhfáth a riachtanaí atá GSP chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, i measc beartas eile, agus ag moladh go bhféachfaí lena bhféadfaí cóir fhabhrach a thairiscint d'earraí inbhuanaithe; á chur i bhfios go láidir go bhfuil rochtain ar stádas GSP+ ag brath ar urraim do choinbhinsiúin idirnáisiúnta agus ar dhul chun cinn a bheith á dhéanamh i réimse chearta an duine agus á iarraidh go gcuirfear coinníollacht i bhfeidhm go docht maidir le tíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear stádas GSP+ a chúlghairm má tá údar leis; á iarraidh ar an gCoimisiún tagarmharcanna soiléire agus trédhearcacha a úsáid agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí GSP+;

([13]) IO L 198, 22.6.2020, lch. 13.
([14]) IO L 130, 19.5.2017, lch. 1.
([15]) Togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa ón gComhairle (COM(2021)0579).

103. á chur i bhfáth gur gá a bheith ann rannpháirtíocht agus idirphlé leanúnach idir AE agus na geallsealbhóirí uile sna tíortha is tairbhithe, go háirithe eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ceardchumainn, chomh maith le tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar thrédhearcacht agus ar fhaireachán chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh scéim GSP a cuspóir maidir le forbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas;

*Teicneolaíochtaí digiteacha*

104. ag leagan béim ar ról tábhachtach teicneolaíochtaí digiteacha, go háirithe le linn phaindéim COVID-19; á chur i bhfáth go leanfar de na teicneolaíochtaí sin a chur chun feidhme ar fud an domhain sa tréimhse i ndiaidh na paindéime agus gur cheart iad a rialáil go hiomchuí chun a neart a threisiú agus fós n-éifeachtaí diúltacha ar chearta an duine a sheachaint; á chur i bhfáth, go háirithe, a thábhachtaí atá sé go mbeadh coimircí éifeachtacha ann don cheart chun príobháideachta agus chun cosanta sonraí sna córais ollfhaireachais a bhaineann leis an tsláinte, agus a thábhachtaí atá sé go mbainfí úsáid chomhréireach astu, rud ba cheart a bheith teoranta ó thaobh ama de freisin; á chur i bhfáth gurb do rioscaí follasacha a bhaineann le teicneolaíochtaí faireachais a bheith á n-úsáid ar bhealach míchuí i gcoinne chosantóirí chearta an duine, i gcoinne daoine den fhreasúra, i gcoinne iriseoirí, i gcoinne na sochaí sibhialta agus i gcoinne daoine eile, go háirithe ós rud é go bhfuil na teicneolaíochtaí sin ina gconstaic thromchúiseach ar chosaint chearta an duine, ar riosca do phríobháideacht agus ar shaoirse cainte, agus ar bhagairt thromchúiseach ar institiúidí daonlathacha; á iarraidh ar AE creat rialála láidir a cheapadh go práinneach sa réimse sin chun a áirithiú go mbeidh úsáid na dteicneolaíochtaí sin i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit lándícheall cuí maidir le cearta an duine a áirithiú agus grinnfhiosrúchán cuí a dhéanamh ar onnmhairithe teicneolaíochta agus cúnaimh theicniúil Eorpaigh; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit dul i dteagmháil le rialtais tríú tíortha chun deireadh a chur le cleachtais reachtacha diansmachta maidir leis an gcibearshlándáil agus leis an bhfrithsceimhlitheoireacht; á iarraidh ar AE an tionscnamh a ghlacadh moratóir domhanda láithreach a chur chun cinn maidir le teicneolaíocht spiairearraí a dhíol, a aistriú agus a úsáid;

105. ag tabhairt dá haire na tairbhí a eascraíonn as úsáid mhéadaithe a bheith á baint as an intleacht saorga, ach á chur i bhfáth nach mór na teicneolaíochtaí a fhorbairt, feidhm a bhaint astu, agus iad a úsáid, faoi mhaoirseacht dhaonna fhónta, ar bhealach atá iomlán trédhearcach agus fós cuntasacht agus neamh-idirdhealú a áirithiú, go háirithe chun claonadh i gcinntí uathoibrithe agus sáruithe ar chosaint sonraí a sheachaint;

106. á chur i bhfáth go bhfuil ról ríthábhachtach atá na hardáin shóisialta i ndáil leis an tsaoirse cainte agus an tsaoirse eagrúcháin a chur chun cinn, ach á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le coimircí cuí chun ionramháil nó teorannú nó srian nach bhfuil údar maith leis ar ábhar úsáideoirí a chosc, lena n-áirítear cinsireacht uathoibrithe, ar thaobh amháin, agus scaipeadh na fuathchainte, na bréagnuachta, na bréagaisnéise agus ábhair atá díobhálach d'aon ghnó, ar an taobh eile; á iarraidh ar AE bealaí a mholadh chun obair chosantóirí chearta an duine a éascú ar líne agus aitheantas a chur chun cinn ar an gcoincheap gur cheart díospóireacht maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint i ngach uile chúinse; á chur in iúl gur geal léi gur glacadh rialacha nua de chuid an Aontais maidir le honnmhairí, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, agus idirthuras agus aistriú earraí dé-úsáide a rialú;

107. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil méadú ag teacht ar na bagairtí atá os comhair an daonlathais trí chistiú eachtrach faoi cheilt, tríd an mbréagaisnéis agus trí chur isteach eile ar líne, agus á chur i bhfios go láidir gurb é an t-idirlíon agus an cibearspás go minic an t-aon limistéar saor ó rialú stáit agus ó chosantóirí chearta an duine, ó na meáin shaora agus ón bhfreasúra atá ar son an daonlathais; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle freagairt an Aontais a neartú agus oibriú i dtreo cosaintí idirnáisiúnta a chruthú maidir le bréagaisnéis, cibear-ionsaithe agus bagairtí hibrideacha eile a thagann ó ghníomhaithe eachtracha urchóideacha atá ag iarraidh an bonn a bhaint ó athléimneacht na sochaí agus ó phróisis dhaonlathacha ar fud an Aontais, inár gcomharsanacht agus níos faide i gcéin; á chur i bhfáth go bhfuil gá le níos mó tacaíocht phoiblí don taighde ar bhealaí núíosacha chun scaipeadh na bréagnuachta a chomhrac;

*Pionós an bháis, céasadh agus cineálacha eile drochíde*

108. ag athdhearbhú go bhfuil sí go láidir i gcoinne phionós an bháis toisc é a bheith danartha agus do-athraithe agus á iarraidh go gcuirfidh AE dlús lena iarrachtaí ar a mholadh go gcuirfí deireadh leis ar fud an domhain; á chur i bhfios go láidir gur tháinig treocht dhearfach chun cinn in 2020 i dtreo moratóir ar bhásuithe d'fhonn pionós an bháis a dhíothú ina iomláine, agus vótáil 123 stát i bhfabhar rún Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir leis an ábhar sin; á chur in iúl gur cúis mhór imní, áfach, an méadú suntasach ar bhásuithe i dtíortha áirithe; ag tathant ar AE agus ar a Bhallstáit díothú a chosaint i ngach fóram idirnáisiúnta agus tacú leis an tacaíocht is leithne is féidir don seasamh sin;

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

109. á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil céastóireacht agus íde atá mídhaonna nó táireach fós forleathan i mórán tíortha agus á iarraidh go neartóidh AE a iarrachtaí atá dírithe ar na cleachtais sin a dhíothú, agus fós tacú le híospartaigh agus sásraí a chur chun cinn chun déantóirí coireanna a choinneáil cuntasach; ag áitiú ar na tíortha nach bhfuil Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach daingnithe acu fós, agus an Prótacal Roghnach a ghabhann leis, go ndéanfaidís é a dhaingniú; ag aithint a thábhachtaí atá eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus cosantóirí chearta an duine sa chomhrac i gcoinne na céastóireachta agus cineálacha eile drochíde; ag cáineadh, sna téarmaí is déine is féidir, na sáruithe ar chearta an duine a tuairiscíodh in áiteanna coinneála agus á iarraidh go ndéanfar imscrúdú córasach ar gach líomhain sáruithe;

o

o o

110. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát, chuig Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chuig Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, chuig an Uachtarán ar an 76ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, chuig Uachtarán Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, chuig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus Cinn Toscaireachta AE.

P9_TA(2022)0043

# Dul i ngleic le bacainní neamhtharaife agus neamhchánach sa mhargadh aonair

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 maidir le dul i ngleic le bacainní neamhtharaife agus neamhchánach sa mhargadh aonair (2021/2043(INI))**

(2022/C 342/16)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Márta 2020 dar teideal *Identifying and addressing barriers to the Single Market* [Bacainní ar an Margadh Aonair a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu] (COM(2020)0093),

— ag féachaint d'Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

— ag féachaint do theachtaireacht an 10 Márta 2020 ón gCoimisiún dar teideal *Long term action plan for better implementation and enforcement of single market rules* [Plean gníomhaíochta fadtéarmach chun rialacha an mhargaidh aonair a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr] (COM(2020)0094),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Samhain 2020 dar teideal *New Consumer Agenda – Strengthening consumer resilience for sustainable recovery* [Clár Oibre Nua do Thomhaltóirí – Athléimneacht na dtomhaltóirí a neartú ar mhaithe le téarnamh inbhuanaithe] (COM(2020)0696),

— ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery* [Straitéis Thionsclaíoch Nua 2020 a nuashonrú: Margadh Aonair níos láidre a thógáil ar maithe le téarnamh na hEorpa] (COM(2021)0350),

— ag féachaint do theachtaireacht an 17 Márta 2021 ón gCoimisiún dar teideal *A common path to safe and sustained re-opening* [Conair choiteann i dtreo athoscailt shábháilte agus bhuan] (COM(2021)0129),

— ag féachaint do rún an 20 Eanáir 2021 uaithi maidir leis an margadh aonair a neartú: todhchaí na saorghluaiseachta seirbhísí [1], agus don tuairim ina leith ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta,

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1724 an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 [2] ("an Rialachán maidir leis an Tairseach Aonair Dhigiteach"),

— ag féachaint don tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – an Tuarascáil maidir le Bacainní ar an Margadh Aonair agus an Plean Gníomhaíochta maidir le Forfheidhmiú an Mhargaidh Aonair (COR 2020/02355),

— ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le (a) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún — "*Long term action plan for better implementation and enforcement of single market rules*" [Plean gníomhaíochta fadtéarmach chun rialacha an mhargaidh aonair a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr] (COM(2020)0094) agus (b) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún — "*Identifying and addressing barriers to the Single Market*" [Bacainní ar an Margadh Aonair a Shainaithint agus Aghaidh a Thabhairt orthu] (COM(2020)0093) CESE 2020/01412,

— ag féachaint do Dhoiciméad Inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin an 10 Márta 2020 dar teideal *Business Journey on the Single Market: Practical Obstacles and Barriers* [Turas Gnó ar an Margadh Aonair: Constaicí agus Bacainní Praiticiúla] (SWD(2020)0054),

— ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin an 8 Meán Fómhair 2020 dar teideal *Evaluation of the Vertical Block Exemption Regulation* [Athbhreithniú an Rialacháin um Blocdhíolúine Ingearach] (SWD(2020)0172),

— ag féachaint do staidéar Iúil 2020 ó Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide dar teideal *Territorial supply constraints in the EU retail sector* [Srianta soláthair críochacha in earnáil miondíola AE],

---

(1) IO C 456, 10.11.2021, lch. 14.
(2) IO L 295, 21.11.2018, lch. 1.

— ag féachaint do staidéar Feabhra 2018 a rinne Aontas Benelux i mí Feabhra 2018 dar teideal *Territorial Supply Constraints in the Retail Trade in Belgium, The Netherlands and Luxembourg* [Srianta soláthair críochacha san earnáil miondíola sa Bheilg, san Ísiltír agus i Lucsamburg],

— ag féachaint don staidéar a rinne Roinn Beartais Pharlaimint na hEorpa um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um an mBeartas Cháilíocht na Beatha i mí na Samhna 2020 dar teideal *Legal Obstacles in Member States to Single Market rules* [Constaicí dlíthiúla sna Ballstáit roimh rialacha an Mhargaidh Aonair],

— ag féachaint don staidéar a rinne Aonad Tacaíochta Pharlaimint na hEorpa um Rialachas Eacnamaíoch i mí Dheireadh Fómhair 2020 dar teideal *Background Reader on the European Semester Autumn edition 2020 – The European Semester from a Parliamentary perspective*,

— ag féachaint don staidéar a rinne Roinn Beartais Pharlaimint na hEorpa um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um an mBeartas Cháilíocht na Beatha i mí Feabhra 2021 dar teideal *The impact of COVID-19 on the Internal Market* [Tionchar COVID-19 ar an Margadh Inmheánach],

— ag féachaint don staidéar a rinne Roinn Beartais Pharlaimint na hEorpa um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um an mBeartas Cháilíocht na Beatha i mí na Samhna 2019 dar teideal *Contribution to Growth: The Single Market for Services – Delivering economic benefits for citizens and businesses* [Ag Cuidiú leis an bhFás: an Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí – sochair eacnamaíocha a sholáthar le haghaidh saoránach agus gnólachtaí],

— ag féachaint do Thuarascáil Speisialta Uimh. 05/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 14 Márta 2016 dar teideal *Has the Commission ensured effective implementation of the Services Directive?* [Ar áirithigh an Coimisiún go bhfuil an Treoir um Sheirbhísí á cur chur chun feidhme go héifeachtach?],

— ag féachaint don staidéar a rinne Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa i mí Aibreáin 2019 dar teideal *Mapping the Cost of Non-Europe* [Costas na Neamh-Eorpa a Mhapáil],

— ag féachaint do rún an 12 Nollaig 2018 uaithi maidir leis an bpacáiste maidir leis an margadh aonair (3),

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0336/2021),

A. de bhrí gurb ionann an margadh aonair agus 56 mhilliún post Eorpach agus go ngineann sé 25 % de OTI AE; de bhrí gurb í an earnáil agraibhia an earnáil mhonaraíochta is mó san Aontas ó thaobh fostaíochta agus breisluacha de;

B. de bhrí go bhfuil forbairt inbhuanaithe agus ardleibhéil caighdeán sóisialta agus comhshaoil ina réamhriachtanais le haghaidh cineál táirgiúlachta a bheidh comhoiriúnach le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 NA agus an sprioc neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050;

C. de bhrí go bhfuil cosaint ceart sóisialta, saothair agus ceardchumainn, lena n-áirítear cómhargáil, pá cothrom agus dea-dhálaí oibre, agus a gcur chun cinn, ina dlúthchuid de mhargadh aonair dea-fheidhmithe, cóir, ionchuimsitheach agus inbhuanaithe a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí ar ardchaighdeán; de bhrí nár cheart tús áite a bheith ag saoirsí eacnamaíocha chun earraí agus seirbhísí a sholáthar seachas ag cearta bunúsacha lena n-áirítear cearta sóisialta, saothair agus ceardchumainn agus nár cheart go mbainfidís uathu;

D. de bhrí go bhféadfaí leas a bhaint as measúnú uileghabhálach ar na bacainní neamhtharaife sa mhargadh aonair, san earnáil agraibhia go háirithe, chun spreagadh a thabhairt chun dul i ngleic leis na bacainní sin;

E. de bhrí gur cheart aon mheasúnú ar na bacainní ar an margadh aonair a bhunú ar thaithí agus dearcthaí na ngnólachtaí, na n-oibrithe agus na dtomhaltóirí a ghlacann páirt go pointe áirithe sa mhargadh aonair gach lá, agus nithe eile, agus ar chuspóir rialacha an mhargaidh aonair; de bhrí go bhfuil tionchar díréireach ag bacainní reatha ar an margadh aonair ar FBManna agus micrifhiontair, go bpionósaíonn siad iad fiú, agus go gcuireann siad bac ar a ngníomhaíochtaí trasteorann;

(3) IO C 388, 13.11.2020, lch. 39.

F. de bhrí gur ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit araon atá an fhreagracht as an margadh aonair a fheidhmiú, reachtaíocht reatha AE a chur chun feidhme agus bacainní a dhíothú;

G. de bhrí go n-eascraíonn roinnt mhaith bacainní a dhéanann difear don mhargadh aonair as reachtaíocht AE a chur i bhfeidhm go mícheart nó go neamhiomlán, gan trasuí cuí déanta ar reachtaíocht AE sna creata dlí náisiúnta, easpa beart dlí iomchuí AE a dhíríonn ar bhacainní atá ann faoi láthair, rochtain bhactha ar fhaisnéis riachtanach, nó bearta beartais aontaobhacha arna nglacadh ag Ballstáit; de bhrí go bhféadfadh idirghabháil rialála neamhriachtanach ar leibhéal AE difear dochrach a dhéanamh don mhargadh aonair freisin, ag cruthú bacainní le haghaidh tomhaltóirí aonair amhail ardchostais chomhlíontachta nó neamhchinnteacht dhlíthiúil;

H. de bhrí go bhféadfadh drochiarmhairtí a bheith ann ar leibhéal AE agus ar an leibhéal náisiúnta de dheasca ilroinnt, rialacha sriantacha náisiúnta, cur chun feidhme neamhleor nó mícheart, maorlathas agus rórialáil, agus gan bearta dlí AE iomchuí á bhforfheidhmiú, nó gan ann dóibh, chun dul i ngleic leis na bacainní, go gceilfear poist ar shaoránaigh, roghanna ar thomhaltóirí, agus deiseanna ar fhiontraithe;

I. de bhrí gur gníomh rialála díréireach nó idirdhealaitheach í bacainn neamhtharaife ar ualach nó costas atá le hiompar ag gnólacht ar mhian leis dul isteach i margadh agus nach bhfuil á iompar ag gnólachtaí atá sa mhargadh cheana féin atá mar thoradh uirthi, nó gur costas í a fhabhraíonn chuig gnólachtaí neamhnáisiúnta agus nach bhfuil á iompar ag gnólachtaí intíre, gan dochar do chearta na mBallstát rialáil agus cuspóirí dleathacha beartais phoiblí a shaothrú amhail cosaint an chomhshaoil agus cearta tomhaltóirí nó fostaíochta; de bhrí gur thug an Pharlaimint aghaidh ar bhacainní neamhtharaife i rún an 26 Bealtaine 2016 uaithi ([4]);

J. de bhrí go gciallaíonn "rórialáil" "cleachtais faoina dtionscnaíonn Ballstáit ceanglais riaracháin bhreise gan údar ar ceanglais iad nach mbaineann le cuspóirí na reachtaíochta agus a d'fhéadfadh baint ó fheidhmiú rianúil an mhargaidh intíre"; de bhrí nár mhór idirdhealú áfach idir rórialáil agus caighdeáin níos airde á socrú ar caighdeáin iad a théann níos faide ná na caighdeáin íosta uile-Aontais le haghaidh cosaint an chomhshaoil agus tomhaltóirí, cúram sláinte agus sábháilteacht bhia;

K. de bhrí nach bhfuil pacáiste reachtach cuimsitheach curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún reatha go fóill lena dtugtar aghaidh ar mhainneachtain i dtaca le feidhmiú shaoirsí lárnacha an mhargaidh aonair seachas forfheidhmiú, cé is moite de thionscnaimh dhigiteacha; de bhrí gur thug an Coimisiún tús áite don ghá le reachtaíocht reatha an mhargaidh aonair a bheith á fhorfheidhmiú níos fearr agus do roinnt tionscnamh digiteach agus glas chun an dé-aistriú a thabhairt i gcrích;

L. de bhrí go gcaithfear a áirithiú, le forbairt agus cur chun feidhme reachtaíocht an mhargaidh inmheánaigh, go mbeidh rannpháirtíocht cuí ag na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí sochaí sibhialta;

M. de bhrí gur dhiúltaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle do roinnt de na tograí i bPacáiste Seirbhísí 2016;

N. de bhrí go bhfuil tromlach suntasach gnólachtaí ann a mheasann nach bhfuil an margadh aonair lánpháirtithe a dhóthain; de bhrí go gcuirtear isteach go mór ar an ngnó agus ar thomhaltóirí ar fud an mhargaidh inmheánaigh nuair a dhéantar rialacha le haghaidh tráchtáil trasteorann a ilroinnt;

O. de bhrí gur minic a théann sé dian ar thrádálaithe go fóill fiú teacht ar fhaisnéis faoi na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le soláthar trasteorann seirbhísí agus díol earraí ainneoin na hiarrachtaí a rinneadh cheana trí roinnt clár agus cur i bhfeidhm,

([4]) IO C 76, 28.2.2018, lch. 105.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

P. de bhrí go bhfuair 71 % de FBManna a bhain triail as córas an aitheantais fhrithpháirtigh atá ann faoi láthair d'earraí neamh-chomhchuibhithe cinneadh lenar diúltaíodh rochtain ar an margadh dóibh, agus de bhrí go raibh an t-athbhreithniú a rinneadh le deireanas ar an rialachán lena rialaítear an córas sin dírithe, trí chreat níos fearr a sholáthar le haghaidh cinnteoireacht náisiúnta, ar a dhéanamh níos fusa do chuideachtaí é a chur i bhfeidhm;

Q. de bhrí gur príomhionstraim chun feidhmiú cuí an mhargaidh aonair a áirithiú atá sa Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla ([5]) ach go bhfuil an easpa ionstraimí uathaitheanta cáilíochtaí agus scileanna ó Bhallstát go chéile ina bac ar shoghluaisteacht gairmithe agus bacainní nach bhfuil údar leo á gcruthú dá réir;

R. de bhrí gur tionscadal nach mbeidh críochnaithe go brách atá i margadh aonair AE agus go bhféadfaí constaicí nua don mhargadh aonair a chruthú a chuirfeadh isteach ar a lánfheidhmiú de bharr a thapúla a tharlaíonn forbairtí sochaíocha agus teicneolaíochta;

S. de bhrí go bhfuil sé ar chumas na digiteála agus úsáid IS agus teicneolaíochtaí nua breisluach suntasach a chur leis an margadh aonair, agus go mbeidís ina gcabhair chun laghdú ar bhacainní agus ualaí atá ann faoi láthair agus deis a thabhairt maidir le deiseanna nua gnó agus lánfheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh agus leas tomhaltóirí agus fiontar a dhéanamh; de bhrí go bhféadfadh úsáid na dteicneolaíochtaí nua agus IS a bheith áisiúil chun bacainní áirithe a shárú sa mhargadh aonair digiteach;

T. de bhrí go dtugann easpa comhchuibhithe agus íoschaighdeánú neamhleor costas breise agus go laghdaítear ar shábháilteacht táirgí sa mhargadh aonair agus ag an am céanna go laghdaítear ar iomaíochas na hEorpa ar mhargaí idirnáisiúnta;

U. de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach do chreat an mhargaidh aonair go ndéanfaí saoirsí eacnamaíocha, cearta sóisialta, leasanna tomhaltóirí, oibrithe agus gnólachtaí, agus an leas coiteann a chothromú i gceart;

V. de bhrí gur cuireadh roinnt mhaith achainíocha nár bhain le bacainn neamhtharaife faoi bhráid Choiste na Parlaiminte um Achainíocha (PETI) le deireanas, achainíocha 0179/2021 agus 0940/2020, mar shampla;

W. de bhrí gur baineadh suaitheadh as táirgeadh agus tomhaltas de bharr ghéarchéim COVID-19 agus go bhfuil athmhúnlú déanta aici ar ghníomhaíochtaí intíre agus trasteorann, rud a chuireann isteach ar thomhaltóirí, gnólachtaí, oibrithe agus an soláthar seirbhísí; de bhrí go bhféadfadh sé gur éifeachtaí sealadacha cuid díobh, ach go mbeidh iarmhairtí fadtéarmacha ag éifeachtaí eile ar struchtúr agus riachtanais an mhargaidh aonair; de bhrí gur cuireadh dlús leis an aistriú chuig seribhísí digiteacha mar fhreagairt ar an bpaindéim; de bhrí gur léirigh an ghéarchéim a thábhachtaí atá lánpháirtiú Eorpach, forais láidre agus rialáil; de bhrí go ndearnadh difear dochrach don mhargadh inmheánach de bharr cleachtais threallacha soláthair phoiblí a cuireadh chun feidhme le linn phaindéim COVID-19 agus iad ina mbagairtí tromchúiseacha ar an trédhearcacht; de bhrí nár mhór, mar gheall ar an gcruachás ina bhfuilimid faoi láthair, deireadh a chur ní hamháin le srianta arb é COVID faoi deara iad ach le bacainní freisin nach bhfuil údar leo agus atá tar éis leanúint ar aghaidh sa mhargadh aonair leis na blianta, rud a chuirfeadh feabhas ar an margadh aonair agus a dhéanfadh é a dhoimhniú agus a chabhródh linn an cor ina bhfuilimid a chur dínn;

***Staid an mhargaidh aonair agus a chuspóirí beartais***

1. á chur in iúl gur geal léi Pacáiste Mhárta 2020 um Rialú an Mhargaidh Inmheánaigh, a bhfuil mar aidhm leis cur chun feidhme na reachtaíochta Eorpaí agus a forfheidhmiú a fheabhsú trí fhorléargas a chur ar fáil ar an gcéad dul síos ar na tionscnaimh atá ann faoi láthair agus tionscnaimh a bheidh ag teacht; á mheas freisin go bhfuil laigí reachtaíochta agus forfheidhmithe ann i gcónaí, atá ag cur isteach ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh aonair; á mheas go háirithe go bhfuil easpa tionscnamh ann a chuirfeadh feabhas ar an margadh aonair le haghaidh seirbhísí;

2. ag tacú leis an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le plean gníomhaíochta fadtéarmach chun rialacha an mhargaidh aonair a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú níos fearr, agus go háirithe na tograí chun SOLVIT a athneartú mar uirlis chun diospóidí margaidh aonair a réiteach, ról breise a thabhairt don Choimisiún cuidiú leis na Ballstáit dlí AE a thrasuí i gceart, go hiomlán agus in am chun léirmhíniú comhchuibhithe a áirithiú agus chun nach ndéanfar rórialáil, uirlis le

([5]) Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

haghaidh constaicí sa mhargadh aonair a chruthú faoin Tairseach Aonair Dhigiteach, agus a chur ar chumas saoránach agus gnólachtaí tuairisciú anaithnid a dhéanamh ar chonstaicí a chastar orthu agus a gcearta margaidh aonair á bhfeidhmiú acu;

3. á chur i bhfios go n-íocann idir ghnólachtaí agus thomhaltóirí araon as cur chun feidhme neamhleor agus ag spreagadh an Choimisiúin chun gníomhartha forfheidhmithe imleora a bheith ina dtosaíocht;

4. á chur i bhfáth na n-iarrachtaí chun a áirithiú go dtéann feidhmiú cuí an mhargaidh aonair le chéile le hiarrachtaí chun bunchuspóirí AE a bhaint amach maidir le forbairt inbhuanaithe agus geilleagar sóisialta margaidh, mar aon le hardleibhéal cosanta agus cáilíocht an chomhshaoil a fheabhsú;

5. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an margadh aonair ar na héachtaí is mó atá bainte amach ag an Aontas Eorpach i gcónaí; ag tathant ar an gCoimisiún, ar an ábhar sin, acmhainní a dhíriú ar shaincheisteanna a dhéanann difear don mhargadh aonair, go háirithe bacainní neamhthraife nach bhfuil údar leo a choisceann gnóthú lánacmhainn an mhargaidh aonair ar thomhaltóirí, oibrithe agus gnólachtaí, go háirithe FBManna, trí bhacainní neamhriachtanacha agus éagóracha ar shaorghluaiseacht earraí agus seirbhísí a chruthú;

6. á admháil gur cosúil go mbeidh faireachán níos laidre ag teastáil ó na Ballstáit freisin, stuamacht rialála, simpliú ar an tslí a ndéantar creat rialála reatha AE a chur i bhfeidhm agus béim pholaitiúil bhreise ar an margadh aonair, gur cosúil go mbeidh an méid sin uile ag teastáil chun bacainní den sórt sin a bhaint go héifeachtach agus lánpháirtiú an mhargaidh aonair a dhoimhniú a thuilleadh;

7. á aithint a bhuntábhachtaí atá beartas cosanta tomhaltóirí mar thoisc chun an margadh aonair a neartú agus rannchuidiú lena lánpháirtiú;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún leas a bhaint as acmhainní chlár an mhargaidh aonair chun rialachas an mhargaidh aonair a neartú agus feabhas a chur ar a fheidhmiú, go háirithe maidir le bacainní neamhtharaife;

9. á iarraidh ar na Ballstáit sláine an mhargaidh aonair a urramú trí fhaisnéis ar chur chun feidhme dhlí AE a mhalartú níos fearr agus tríd an gcur chun feidhme a chomhordú níos fearr, arna éascú ag an gCoimisiún, staonadh chomh fada agus is féidir ó rialacha náisiúnta a thionscnamh a imíonn uaidh agus réitigh a lorg ar an leibhéal Eorpach, treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr a chur i bhfeidhm chun rialacha náisiúnta a thionscnamh, measúnaithe tionchair cuí a sholáthar agus tacaíocht a thabhairt do gheallsealbhóirí chun go bhféadfaidh siad rannchuidiú go cuí leis an bpróiseas cinnteoireachta, agus na rialacha uile a chur i bhfeidhm ar bhealach a bhfuil bonn chirt leis, agus a bheidh comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach;

10. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gnóthú iomlán na gcuspóirí i gclár oibre an Chomhaontaithe Ghlais agus sa chár oibre digiteach ag brath den chuid is mó ar fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh aonair agus beartais phoiblí iomchuí, rud atá ina phríomhchumasóir d'éifeachtúlacht an mhargaidh agus don nuálaíocht agus atá ar cheann de na huirlisí iomadúla chun geilleagair na hEorpa a nuachóiriú; á chreidiúint, dá bhrí sin, gur cheart an leibhéal céanna airde a thabhairt ar easnaimh sa mhargadh aonair is a thugtar ar an gComhaontú Glas agus an clár oibre digiteach; á chur i bhfios go láidir gur cheart go gcuirfeadh beartais Eorpacha eile rialacha an mhargaidh aonair san áireamh agus go gcaithfidh siad a phrionsabail a urramú; á athdhearbhú a tiomantas féin d'fhorbairt agus coimirciú a dhéanamh ar mhargadh inmheánach stóinseach, inbhuanaithe atá fabhrach do thomhaltóirí, d'oibrithe agus do lucht gnó;

11. á chur in iúl gurb oth léi go mbeadh roinnt bacainní neamhtharaife ina mbac ar spriocanna AE maidir le straitéis tionsclaíochta, go háirithe táirgeacht a chur ar bun sa bhaile an athuair agus athléimneacht gheilleagar na hEorpa a neartú; á chur i bhfios go láidir gur réamhchoinníoll é margadh aonair láidir lánpháirtithe inar cuireadh deireadh le bacainní neamhtharaife chun spriocanna AE maidir le straitéis tionsclaíochta a bhaint amach;

12. ag tathant ar na Ballstáit a áirithiú go ngníomhóidh siad go comhréireach agus i ndlúthailíniú le cuspóirí dlisteanacha beartais phoiblí amhail sláinte phoiblí, an comhshaol, seirbhísí poiblí agus an leas coiteann; á chur in iúl áfach gurb oth léi go bhfuil Ballstáit ann a luann an leas coiteann chun a margaí intíre a leithlisiú; á thabhairt chun suntais thairis sin go ndéantar bacainní gan údar a chruthú sa mhargadh aonair le ceanglais amhail srianta críochacha nach bhfuil údar leo, ceanglais teanga neamhriachtanacha agus tástálacha maidir le riachtanais eacnamaíocha, agus á iarraidh ar an gCoimisiún maoirsiú na mBallstát a fheabhsú sa mhéid sin, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le fógraí dlí a dhéanamh;

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

13. á chur in iúl gur saoth léi go léiríonn staidéar Parlaiminte gur mhéadaigh líon na n-imeachtaí um shárú in aghaidh Ballstát i réimse an mhargaidh aonair idir 2017 agus 2019, agus go raibh 800 i gceist in 2019, an leibhéal is airde ó 2014 i leith;

***Bacainní ar shaorghluaiseacht earraí agus seirbhísí***

14. á chur i bhfios gur shainaithin an Coimisiún agus geallsealbhóirí grúpa príomhbhacainní gan údar ar ghníomhaíochtaí trasteorann, ina measc:

(a) éagothromaíochtaí rialála agus dlí AE á chur chun feidhme go neamhréireach, rud a chruthaíonn deacrachtaí le haghaidh malartuithe trasteorann agus a chuireann iallach ar chuideachtaí acmhainní a thiomnú don phróiseas duaisiúil i dtaca le hanailís a dhéanamh ar fhorálacha dhlí AE, trína ndéantar infheistíochtaí a atreorú ó ghníomhaíochtaí a chruthaíonn fostaíocht nó a thacaíonn le fás;

(b) forfheidhmiú neamhleor reachtaíocht AE agus nósanna imeachta fada agus casta chun sáruithe dlí AE a réiteach;

(c) ceanglais nó cleachtais riaracháin thuirsiúla agus iad casta uaireanta, amhail athchigireachtaí leanúnacha agus smachtbhannaí atá díréireach leis an gcion, faisnéis neamhleor agus dhorochtana nó faisnéis nach ann di agus línte teoranta cumarsáide leis an riarachán poiblí, rud a chuireann teorainn leis na feidearthachtaí freisin maidir le seirbhísí nua nó iomaíocha i suíomhanna nua a dheonódh rogha bhreise do thomhaltóirí;

(d) srianta soláthair críochacha a chuireann bac follasach ar fhorbairt an mhargaidh aonair agus an tairbhe fhéideartha a bheadh ann do thomhaltóirí;

(e) ceanglais theicniúla bhreise arna nglacadh ar an leibhéal náisiúnta a ghineann ró-ualaí riaracháin agus gan udar leo agus a d'fhéadfadh baint ó fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh;

(f) easpa uirlisí agus sásraí éifeachtacha chun eolas maidir le hoibleagáidí reatha a éascú nó easpa caighdeán teicniúil comhchuibhithe, costais chomhlíontachta a mhéadú le haghaidh cuideachtaí a oibríonn trasna teorainneacha;

(g) easpa trédhearcachta agus faisnéise agus ceanglais chasta nós imeachta a mhéadaíonn ar an deacracht rochtain a fháil ar sholáthar trasteorann, go háirithe i gcás fiontar beag agus meánmhéide (FBManna);

(h) rialacha neamhleor le haghaidh ríomhthráchtáil trasteorann;

(i) deacrachtaí maidir le díospóidí riaracháin agus tráchtála a réiteach go tráthúil;

15. ag tabhairt dá haire go ndearna cuideachtaí AE atá ag feidhmiú sa mhargadh inmheánach samplaí nithiúla a thuairisciú cheana féin de na bacainní thuasluaite, lena n-áirítear mar shampla, ceanglais ar sholáthraithe eachtracha seirbhísí cuideachta a chlárú i gclár trádála agus cuideachtaí an Bhallstáit óstaigh, fiú agus oibrithe á seoladh chuig críoch an Bhallstáit óstaigh acu ach ar bhonn sealadach amháin agus gan aon bhonneagar acu ansin óna bhféadfaidís gníomhaíochtaí a reáchtáil ar bhealach rialta, seasmhach agus leanúnach;

16. á chur i bhfáth gurb é an bealach is éifeachtaí chun laghdú ar ilroinnt an mhargaidh aonair comhchuibhiú a lorg a mhéid is féidir; á chur i bhfáth nár cheart gur ualach rialachán níos measa ar chuideachtaí a bheadh mar thoradh ar an gcomhchuibhiú sin mar sin féin;

17. á thabhairt chun suntais go dtreisítear sláine an mhargaidh aonair agus go meabhraítear a n-oibleagáidí do na Ballstáit maidir le fógra dlí a thabhairt trí sheasamh le smacht reachta;

18. ag cur béim ar an bhfíoras go mbíonn tionchar tromchúiseach ag bacainní neamhtharaifí, i measc bacainní eile, ar an earnáil seirbhísí agus, ar an gcaoi sin, ar chodanna eile den gheilleagar a bhfuil an earnáil seirbhísí mar bhonn taca leo; á thabhairt chun suntais, thairis sin, gur shainaithin an Coimisiún 24 shrian shonracha fós féin ar fud 13 earnáil, ar srianta iad a sháraíonn na rialacha arna mbunú leis an Treoir um Sheirbhísí ([6]), lena n-áirítear roinnt seirbhísí atá idirdhealaitheach nó atá ina gceanglais maidir le bunaíocht nó náisiúntacht; ag tabhairt dá haire gurb é cuspóir an phróisis láithreacht nó neamhláithreacht srianta a dhoiciméadú, agus go raibh measúnú comhréireachta srianta lasmuigh de raon feidhme an phróisis agus nár mheas an próiseas cé acu an raibh údar cirt leis an srian ábhartha nó an raibh sé comhréireach

19. á admháil go léiríonn an tuarascáil laghdú beag ar leibhéal na mbacainní i mbeagnach gach earnáil a measúnaíodh, rud a éilíonn measúnú thairis sin ón gCoimisiún; ag cur béim ar an bhfíoras, mar sin féin, gur obair mhall é, de réir an Choimisiúin, na laghduithe ar bhacainní a mhapáil sna hearnálacha seirbhísí éagsúla ó cuireadh an Treoir um Sheirbhísí chun feidhme in 2006 agus 2017, agus i gcás earnáil an mhiondíola gur i méid fiú a chuaigh na bacainní a mapáladh idir 2011 agus 2017, rud a dhíothaigh aon dul chun cinn a bhí déanta;

20. á chur in iúl gurb oth léi roinnt de na srianta faoin Treoir um Sheirbhísí a sainaithníodh a bheith tagtha chun cinn mar thoradh ar an neamhchinnteacht dhlíthiúil atá spreagtha ag an Treoir ó theacht i bhfeidhm di, i dtaca lena raon feidhme, go háirithe maidir le FBManna in earnáil na turasóireachta;

21. á chur i bhfios go dteachtann seirbhísí poiblí cosaint speisialta i ndáil le rialacha an mhargaidh inmheánaigh i ngeall ar an ról leasa ghinearálta a chomhlíonann siad, rud a chiallaíonn nach bacainní neamhtharaife iad na rialacha a leagann na húdaráis phoiblí síos chun iad a oibriú mar is cuí; á chur i bhfios, i ndáil leis sin, go dtagann seirbhísí sóisialta agus seirbhísí sláinte lasmuigh de raon feidhme na Treorach um Sheirbhísí;

22. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí bacainní ar mhiondíol a bhaint agus gníomhú go pras nuair a shainaithnítear bacainní nua; á iarraidh ar an gCoimisiún treoir a ullmhú maidir le comhréireacht nósanna imeachta údarúcháin sa mhiondíol chun cur le deimhneacht agus intuarthacht dhlíthiúil i gcás miondíola agus plean gnímh nua a chur i láthair le haghaidh earnáil mhiondíola na hEorpa faoi lár 2022;

23. á mheabhrú gur as cleachtais riaracháin seachas as neamh-chomhoiriúnacht le dlí AE a eascraíonn líon mór fadhbanna leis an soláthar trasteorann seirbhísí;

24. á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de bheith ag forbairt treoirlínte chun aghaidh a thabhairt ar reachtaíocht drochfheidhmíochta; á chur i bhfios go bhféadfadh easpa soiléire dlíthiúla agus ualaí maorlathais ar chuideachtaí agus oibrithe a sholáthraíonn seirbhísí i mBallstáit éagsúla a bheith mar thoradh ar léirmhíniú coiteann easnamhach ar dhlíthe AE faoina n-éascaítear saoirse ghluaiseachta d'oibrithe; á iarraidh ar an gCoimisiún tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit i bpróiseas an trasuí chun cur chuige níos comhchuibhithe a rathú;

25. á chur in iúl gur saoth léi go mbaintear úsáid neamhleor as an nós imeachta um fhógra a thabhairt faoin Treoir um Sheirbhísí ([7]); á thabhairt chun suntais go mbaintear ó chumas an Choimisiúin dá réir a áirithiú go mbeidh an treoir um Sheirbhísí á comhlíonadh ag dlíthe nua um sheirbhísí; á iarraidh ar na Ballstáit a n-oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt faoin Treoir um Sheirbhísí a chomhlíonadh; á iarraidh ar an gCoimisiúnplean gníomh a thabhairt ar aghaidh faoi lár 2022 maidir leis an gcreat reatha a fheabhsú; ag tabhairt dá haire i ndáil leis sin rún an Choimisiúin an lámhleabhar maidir le cur chun feidhme na Treorach um Sheirbhísí a nuashonrú chun gnéithe a éiríonn as an gcásdlí is deireanaí a ionchorprú agus chun forfheidhmiú na treorach a fheabhsú;

26. á chur i bhfáth go bhféadfadh bacainní eascairt freisin as cumais theoranta na rialtas náisiúnta seirbhísí a sholáthar i dteangacha eile, agus as ganntanais oiliúna agus bonneagair ábhartha; á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh faisnéis agus doiciméid a bhaineann le rochtain ar an margadh ar fáil, ní hamháin i dteanga oifigiúil an Bhallstát, ach i mBéarla nó sa teanga eile is mó úsáid sa gheilleagar áitiúil, freisin;

---

([6]) Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO L 376, 27.12.2006, lch. 36).

([7]) Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, 17.9.2015, lch. 1).

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

27. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit uirlisí áisiúla, gonta agus réidh le húsáid a ghlacadh le haghaidh na n-údarás náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar chleachtais mhíchearta agus ar sháruithe agus chun rialacha an mhargaidh inmheánaigh a fhorfheidhmiú;

28. á mheabhrú nach bhféadfaidh Ballstát beartas poiblí, sláinte phoiblí nó slándáil phoiblí a agairt ach amháin i gcás inar féidir leis a chruthú gurb ann do bhagairt iarbhír, sách tromchúiseach a dhéanann difear do cheann de leasanna bunúsacha na sochaí; á chur in iúl nach bhfuil idirdhealú státurraithe d'aon chineál inglactha dar léi, ar an ábhar sin, mar shampla in aghaidh daoine faoi mhíchumais nó bunaithe ar sheasamh eacnamaíoch, náisiúntacht, aois, bunadh cine nó eitneach, reiligiún nó creideamh, gairm, gnéas nó gnéaschlaonadh (lena n-áirítear LGBTIQ-fóibe); á mheas go bhféadfadh idirdhealú den sórt sin saoirsí an mhargaidh inmheánaigh a shrianadh agus sa tslí sin bacainn neamhtharaife a bhunú a dhéanfadh difear do shaorghluaiseacht earraí agus seirbhísí, óir coiscfear ar tháirgeoirí earraí agus soláthraithe seirbhísí na hearraí agus na seirbhísí céanna a sholáthar ar bhonn cothrom ar fud AE agus ar thomhaltóirí tairbhiú d'éachtaí an mhargaidh aonair;

29. á chur in iúl gur geal léi na feabhsuithe suntasacha a rinneadh ar shaorghluaiseacht earraí le blianta beaga anuas a bhuí le rialacháin amhail Rialachán (AE) 2018/302 ([8]) ("an Rialachán maidir le Geobhlocáil"), Rialachán (AE) 2019/1020 ([9]) ("an Rialachán maidir le Faireachas Margaidh ar Tháirgí agus Comhlíonadh Táirgí"), agus níos tábhachtaí fós a bhuí le Rialachán (AE) 2019/515 ([10]) ("an Rialachán maidir le hAitheantas Frithpháirteach Earraí"); á mheabhrú gur le hearraí neamh-chomhchuibhithe amháin a bhaineann prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh agus á chur i bhfáth a thábhachtaí atá comhchuibhiú ón mbarr anuas chun ardleibhéal sábháilteachta táirgí agus cosanta tomhaltóirí a áirithiú; á chreidiúint, trí phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm go críochnúil, agus trí na hionstraimí a sainíodh le deireanas le Rialachán (AE) 2019/515 a chur i bhfeidhm go ndéanfaí clár oibre an mhargaidh aonair a chur chun cinn go héifeachtúil, go háirithe sna réimsí a bhfuil deacrachtaí fós iontu;

30. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go ndeachaigh glacadh agus cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Geobhlocáil chun tairbhe do thomhaltóirí maidir le ceannacháin trasteoran a éascú; á mheabhrú, mar sin féin, go bhfuil constaicí áirithe ann i gcónaí, go háirithe sa soláthar seirbhísí agus inneachair closamhairc, agus gur follas an méid sin ó mhuinín laghdaithe na dtomhaltóirí sa tsiopadóireacht trasteorann ar líne; á iarraidh ar an gCoimisiún, mar chuid de thuarascáil meastóireachta a sceidealaíodh le haghaidh 2022, bealaí a mholadh chun geobhlocáil nach bhfuil údar léi agus atá neamhéifeachtach a bhaint agus dianiarracht a dhéanamh margadh aonair digiteach comhchuibhithe a thógáil;

31. á thabhairt chun suntais gurb ann do chleachtais idirdhealaitheacha agus frithiomaíocha amhail srianta críochacha soláthair a chuireann bac ar fhorbairt an mhargaidh aonair agus a bhaineann óna shochair fhéideartha do thomhaltóirí; á iarraidh ar an gCoimisiún teacht ar aghaidh le bearta leordhóthanacha chun srianta críochacha soláthair a dhíothú agus sa tslí sin bacainní ar an trádáil trasteorann a laghdú d'fhonn margadh aonair lánfheidhmithe a bhaint amach;

32. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil comhchuibhiú cáilíochtaí trí bhíthin aitheantas frithpháirteach ag rannchuidiú cheana féin le fás an mhargaidh aonair i ndáil le líon suntas gairmeacha; á chur in iúl gurb oth léi, mar sin féin, go mbeidh srianadh tromchúiseach ar aon dul chun cinn amach anseo de bharr bacainní riaracháin a bheith á bhforchur ag na Ballstáit; á chur i bhfios go láidir go neartófaí saoirse gluaiseachta oibrithe agus seirbhísí mar thoradh ar aitheantas frithpháirteach do dhioplómaí, cáilíochtaí, scileanna agus inniúlachtaí idir na Ballstáit agus ag tathant ar na Ballstáit aitheantas frithpháirteach a leathnú amach chuig na leibhéil fhéideartha oideachais agus oiliúna uile agus na nósanna imeachta riachtanacha a thionscnamh nó a fheabhsú a luaithe is féidir le haghaidh leathnú amach den sórt sin;

33. á mheabhrú stádas sonrach na ngairmeacha rialáilte sa mhargadh aonair agus a ról chun aghaidh a thabhairt ar an leas poiblí, ach á chur i bhfios go láidir freisin nár cheart leas a bhaint as an stádas sonrach sin chun bacainní nach bhfuil údar leo a chaomhnú, arb é ilroinnt an mhargaidh aonair an toradh orthu;

34. ag spreagadh na mBallstát chun deireadh a chur le srianta míchuí ar cháilíochtaí gairmiúla agus ag spreagadh an Choimisiúin chun leanúint de bheith airdeallach agus nósanna imeachta maidir le sárú á saothrú sa chás nach gcomhlíonann na Ballstáit reachtaíocht AE maidir le haitheantas do cháilíochtaí;

---

([8]) Rialachán (AE) 2018/302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2018 maidir le haghaidh a thabhairt ar gheobhlocáil nach bhfuil údar léi agus ar chineálacha eile idirdhealaithe bunaithe ar náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe custaiméirí laistigh den mhargadh inmheánach (IO L 60 I, 2.3.2018, lch. 1).

([9]) Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh agus comhlíonadh táirgí (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).

([10]) Rialachán (AE) 2019/515 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'earraí atá ar an margadh go dleathach i mBallstát eile (IO L 91, 29.3.2019, lch. 1).

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

35. á mheabhrú gur tógadh an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla ar phrionsabail an chóir chomhionann, a thoirmeascann idirdhealú ar fhorais náisiúntachta;

36. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit feasacht a mhéadú i gcónaí i measc gnólachtaí agus oibrithe a d'fhéadfadh a bheith ar easpa eolais maidir le haitheantas frithpháirteach agus rialacha ábhartha eile lena n-éascaítear oibríochtaí trasteorann;

37. á iarraidh go ndéanfaí an Creat Eorpach um Cháilíochtaí a chur chun cinn agus go n-éascófaí a chur i bhfeidhm ar fud an Aontais, chun go mbeidh sé ina ionstraim aitheantais a mbeidh glacadh forleathan léi;

38. á chur in iúl gurb oth léi an rochtain neamhleor ar fhaisnéis i dtaca le soghluaisteacht an lucht saothair in earnálacha na seirbhísí, agus gur ábhar imní di nósanna imeachta tuirsiúla i mBallstáit áirithe maidir le doiciméid bhunriachtanacha a fháil agus na fadhbanna leanúnacha leis an bhfoirm A1 a chur ar fáil go tráthúil do shaoránaigh; á chur i bhfios go láidir gur cheart rochtain ar fhaisnéis, maidir le comhaontuithe comhchoiteanna intíre mar shampla, i gcás ina bhfuil siad infheidhme agus ábhartha, amhail a cheanglaítear faoi Threoir 2014/67/AE ([11]) a fheabhsú chun an comhlíonadh a éascú maidir le gnólachtaí agus faisnéis maidir le hoibrithe; á áitiú gur cheart an fhaisnéis sin a bheith ar fáil tríd an Tairseach Aonair Dhigiteach; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an Údarás Saothair Eorpach céimeanna iomchuí a ghlacadh chun an rochtain ar fhaisnéis a fheabhsú;

39. ag tathant ar an gCoimisiún foirm dhigiteach a thionscnamh – amhail a pleanáladh – chun dearbhú a thabhairt maidir le hoibrithe a phostaítear sa chéad ráithe de 2022, de réir mar a imlíníodh ina nuashonrú ar straitéis tionsclaíochta nua 2020, lena mbunaítear foirm dhigiteach a bheidh simplí, soláimhsithe agus idir-inoibrithe a oirfidh do riachtanais na gcuideachtaí Eorpacha agus FBManna go háirithe;

40. á mheabhrú gur bunriachtanas í rochtain ar fhaisnéis agus go gcaithfear í a dhéanamh chomh furasta agus is féidir do na húsáideoirí; á chur in iúl maidir leis na bearta atá á ndéanamh chun an rochtain ar fhaisnéis a fheabhsú i gcás rialacha agus oibleagáidí atá infheidhme le haghaidh gnólachtaí mar chuid den Phacáiste um Earraí go bhfuil sí den tuairim gur maith ann iad mar fhorbairt chun éascaíocht a dhéanamh ar an trádáil trasteorann agus ardleibhéal cosanta tomhaltóirí a choinneáil ag an am céanna; á iarraidh go ndéanfaí acmhainní imleora a leithdháileadh chun ionaid ilfhreastail a bhunú;

41. ag tabhairt dá haire an méadú ar líon na rialachán maidir le rochtain feithiclí uirbeacha a chuirtear i bhfeidhm ar fheithiclí príobháideacha agus tráchtála; á iarraidh ar an gCoimisiún a mheas an mbeidh sé riachtanach comhordú a dhéanamh ar leibhéal AE;

42. á chur i bhfáth go bhfuil feidhmiú cuí an mhargaidh aonair ríthábhachtach chun soláthairtí leordhóthanacha de tháirgí inacmhainne agus ardcháilíochta, lena n-áirítear táirgí agraibhia, a choimirciú ar fud an Aontais;

43. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé fuinneamh agus athléimneacht chórais soláthair an Aontais a fheabhsú, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, agus a thábhachtaí atá sé slabhraí soláthair gearra cliste agus comhtháite a neartú chun soláthairtí leanúnacha táirgí a áirithiú ar fud an Aontais;

44. á chur i bhfáth, gur den riachtanas é a áirithiú go mbeidh an margadh aonair chomh comhchuibhithe agus is féidir trí chur chuige aonfhoirmeach uile-Aontais maidir le lipéadú a d'fhéadfadh deireadh a chur le bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh aonair agus a áiritheoidh go mbeidh an fhaisnéis a chuirtear ar fáil do thomhaltóirí soiléir, trédhearcach, inrianaithe agus sothuigthe i gcónaí;

45. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh an Treoir athbhreithnithe maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha ([12]) agus na dreasachtaí ón gCoimisiún chuige sin agus go dtacaíonn sí le hobair agus le torthaí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, ar nithe iad go léir lena bhféachtar le haghaidh a thabhairt ar shaincheist na décháilíochta;

***Digiteáil agus úsáid IS chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní sa mhargadh aonair***

46. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá margadh aonair digiteach lánfheidhmithe a thairbhíonn do thomhaltóirí agus d'fhiontair agus á iarraidh go dtacófar le FBManna chun tabhairt faoi na constaicí agus faoin streachailt agus a gclaochlú digiteach á dhéanamh;

---

([11]) Treoir 2014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le forfheidhmiú Threoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 159, 28.5.2014, lch. 11).

([12]) Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach (IO L 149, 11.6.2005, lch. 22).

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

47. á chreidiúint go bhféadfaidh an digiteáil agus teicneolaíochtaí éiritheacha amhail IS rannchuidiú chun cuspóirí AE a bhaint amach agus an margadh inmheánach a dhoimhniú; á chur i bhfáth, go bhféadfadh teicneolaíochtaí den sórt sin a bheith dearfach agus claochlaitheach ach iad a úsáid i gceart agus go bhféadfaidís aghaidh a thabhairt ar an iliomad dúshlán agus deireadh a chur le constaicí sa mhargadh aonair;

48. á iarraidh ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh thairis sin maidir le réitigh dhigiteacha a cheadú agus a spreagadh a d'fhéadfadh cabhrú chun faisnéis éigeantach faoin táirge nó faoin bpacáistiú a sholáthar chun nár ghá méid pacástí a mhéadú nó athphacáistiú a dhéanamh;

49. á chur in iúl gur geal léi na moltaí ón gCoimisiún le haghaidh ionstraim um Seirbhísí Digiteacha (COM(2020)0825) agus ionstraim um Margaí Digiteacha (COM(2020)0842) agus á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit creata a ghlacadh a bheidh comhleanúnach le beartais eile an mhargaidh inmheánaigh agus an Aontais; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach le haghaidh cuideachtaí agus le haghaidh FBManna agus tomhaltóirí go háirithe foireann rialacha soiléire, comhchuibhithe agus stóinseacha a bheith acu;

50. á chur in iúl gur geal léi plean an Choimisiúin pointe aonair Eorpach iontrála faisnéise a bhunú le haghaidh údarás rialaithe maidir le táirgí nach bia iad;

51. á iarraidh ar na húdaráis ábhartha de chuid an Aontais Eorpaigh agus náisiúnta bearta cuí a dhéanamh a dhíríonn ar theimpléad aonair a fhorbairt le haghaidh suíomhanna gréasáin náisiúnta oifigiúla agus iad a dhéanamh comhoiriúnach leis an Tairseach Aonair Dhigiteach chun rochtain a fheabhsú ar fhaisnéis ábhartha i measc na mBallstát;

52. á aithint go n-eascraíonn an iliomad bacainní as acmhainneacht theoranta na riarachán seirbhísí ardcháilíochta a sholáthar i suíomhanna trasteorann; á chreidiúint go bhfuil digiteáil na seirbhísí poiblí agus cumais lánfheidhme ríomhrialtais bunriachtanach i gcónaí chun deireadh a chur le cuid de na bacainní neamhtharaife dochraideacha; á iarraidh ar an gCoimisiún úsáid uirlisí digiteacha a chur chun cinn agus ag tathant ar na Ballstáit tiomnú go huile do dhigiteáil na seirbhísí poiblí; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé uirlisí ríomhrialtais idir-inoibrithe agus foinse oscailte a fhorbairt agus a úsáid d'fhonn forbairt nósanna imeachta ríomhrialtais a bheidh comhoiriúnach ar bhonn idirnaisiúnta a chothú á mheabhrú, i ndáil leis sin, gur ghá príomhfhorálacha na tairsí aonair digití a chur i bhfeidhm i ngach Ballstát AE faoin 12 Nollaig 2020; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá "digiteach mar réamhshocrú" mar phrionsabal agus prionsabal na haonuaire, chun am agus airgead a sparáil ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí, go háirithe má bhaintear úsáid níos forleithne astu; á chur in iúl gur geal léi an togra chun uirlis chun dul i ngleic leis na constaicí ar an margadh aonair a chur leis an tairseach aonair dhigiteach;

53. á chur in iúl gurb oth léi a mhoille atá an Tairseach Aonair Dhigiteach á cur chun feidhme; á iarraidh ar na Ballstáit acmhainní leordhóthanacha a thiomnú do chur chun feidhme na Tairsí Aonair Digití ar bhealach a bheidh soláimhsithe ag FBManna trí fhaisnéis úsáideoir-lárnach a sholáthar maidir le rialacha an mhargaidh aonair agus nósanna imeachta riaracháin chun ionad ilfhreastail fíorúil a dhéanamh as a mhéid is féidir; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit raon feidhme na Tairsí Aonair Digití a leathnú amach chuig na nósanna imeachta uile atá ábhartha do lucht gnó;

54. á thabhairt chun suntais go bhfuil an-fhéidearthacht ag SOLVIT chun a bheith ar an bpríomhuirlis fadhbréitigh le haghaidh gnólachtaí agus tomhaltóirí i gcásanna ina ndéantar dlí AE a mhífheidhmiú; á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún an uirlis réamhshocraithe le haghaidh réiteach díospóidí sa mhargadh aonair a dhéanamh de SOLVIT; ag cur in iúl go bhfuil sí den tuairim go mbeidh múscailt feasachta bhreise ag teastáil faoi gurb ann do na huirlisí réitigh díospóide sin;

55. ag tabhairt dá haire, ainneoin gníomhaiochtaí múscailte feasachta an Choimisiúin agus na mBallstát, go bhfuil líon mór saoránach agus gnólachtaí nach eol dóibh gurb ann do SOLVIT; á chur i bhfáth gur cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit bearta breise a dhéanamh chun cur lena phróifíl;

56. ag tabhairt dá haire go bhfuil SOLVIT bunaithe ar mholadh agus nach bhfuil bunús dlí leis agus nach bhfuil ar a chumas cinntí a dhéanamh a bheidh ceangailteach de réir dlí; á chur i bhfios go láidir go bhféadfaí feabhsuithe suntasacha a dhéanamh maidir le hoibríochtaí SOLVIT;

57. ag tabhairt dá haire go bhfuil neart ionad SOLVIT a bhfuil easpa ball foirne iontu, iad easnamhach maidir le hacmhainní agus oiliúint ábhartha le haghaidh ball foirne, eadhón, an t-eolas riachtanach in easnamh orthu; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag ionaid SOLVIT chun oibriú de réir mar a d'iarr an Coimisiún i dteachtaireacht COM(2017)0255;

58. ag díriú ar an bpointe maidir le cleachtais rialaithe nach bhfuil údar cirt leo, atá díréireach agus idirdhealaitheach agus á bhfeidhmiú ag na Ballstáit, lena n-áirítear fíneálacha rómhór nó rochtain ar shonraí iomaíochta cuideachtaí, gur leagan de bhacainn atá iontu siúd freisin laistigh den mhargadh inmheánach; ag tabhairt dá haire go mbíonn cuideachtaí Eorpacha ag tuairisciú samplaí de na cleachtais sin go rialta, trí bhíthin SOLVIT, achainíocha a chuirtear faoi bhráid Choiste PETI nó mar ghearáin chuig an gCoimisiún;

59. á chur i bhfáth nár mhór pointe teagmhála fáilteach agus inrochtana a bheith ann le haghaidh saoránaigh agus gnólachtaí Eorpacha agus a gcuid ionadaithe, ina bhféadfaidís ceist a ardú faoi bhearta atá déanta ag Ballstáit ar bearta iad a chuireann bac le margadh aonair AE; á thabhairt chun suntais a riachtanaí a bheidh sé na gearáin sin a fhiosrú gan mhoill chun dul i ngleic le bacainní gan údar ar an margadh aonair a luaithe is féidir;

60. á mheabhrú go mbíonn an earnáil idirnáisiúnta iompair de bhóthar faoi réir bacainní neamhtharaife a shrianaíonn an rochtain ar mhargaí náisiúnta, rud a chuireann teorainn lena hiomaíochas

61. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá comhchuibhiú caighdeán maidir leis an margadh inmheánach agus á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé geallsealbhóirí agus gnólachtaí a dhéanamh níos rannpháirtí i bpróiseas an chomhchuibhithe chun nach mbeidh bacainní gan ghá ar an rochtain ar mhargadh aonair AE;

***Faireachán ar fhorfheidhmiú agus comhlíonadh***

62. á chur in iúl gur geal léi, i bprionsabal, an Tascfhórsa um Fhorfheidhmiú an Mhargaidh Aonair (SMET), a bhfuil sé mar aidhm leis measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht an dlí náisiúnta le rialacha an mhargaidh aonair agus tús áite a thabhairt do na bacainní is práinní, aghaidh a thabhairt ar an rórialáil agus saincheisteanna forfheidhmithe cothrománacha a phlé; á chur i bhfios nach amháin gur cheart do SMET fadhbanna a shainaithint, ach gur cheart dó réitigh féideartha a mholadh freisin; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar geallsealbhóirí a chuimsiú a thuilleadh in oibriú SMET;

63. á mheabhrú, go dtí seo, nár tháinig ach torthaí teoranta amach as plean an Choimisiúin dlús a chur le forfheidhmiú dhlí AE trí bhíthin SMET, a thionóil a chéad chruinniú mí Aibreáin 2020; á chur in iúl gurb oth léi an easpa trédhearcachta a bhaineann le modhanna oibre SMET; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit feabhas a chur ar thrédhearcacht SMET agus geallsealbhóirí a bheith ina measc siúd ag a chuid cruinnithe, agus a áirithiú freisin go ndéanfaidh SMET liosta rannpháirtithe, clár oibre agus miontuairiscí a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin; á iarraidh ar an gCoimisiún torthaí nithiúla obair SMET a chur i láthair faoi dheireadh 2022, agus iad a sholáthar do Choiste na Parlaiminte um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra agus don Chomhairle Iomaíochais i gcomhréir le teachtaireacht an 10 Márta 2020 uaidh maidir le plean gníomhaíochta fadtéarmach chun rialacha an mhargaidh aonair a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú níos fearr (COM(2020)0094);

64. á iarraidh ar an gCoimisiún tuarascáil ar bhacainní neamhtharaife a chur i láthair go rialta, gach trí bliana ar a laghad, Scórchlár an Mhargaidh Aonair atá ann faoi láthair a leathnú ar bhealach trédhearcach, agus liosta a thabhairt de na nósanna imeachta um shárú agus na rialacháin náisiúnta ina bhfuil amhras go bhfuil dlí AE á bhriseadh acu;

65. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh go comhsheasmhach, go mear agus go beacht i dtaobh cibé an gcuireann rialacha náisiúnta bac ar an margadh inmheánach, agus i gcás ina ndéanann siad amhlaidh, a mheasúnú an bhfuil siad riachtanach, neamh-idirdhealaitheach, comhréireach agus an bhfuil údar maith leo amhail a shonraítear le Treoir (AE) 2015/1535 maidir le faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus le Treoir (AE) 2018/958 ([13]) maidir le rochtain ar na gairmeacha rialáilte; ag tabhairt dá haire go bhfuil measúnuithe cuí tionchair agus bonn chirt a bhfuil míniú soiléir orthu ar iarraidh, go háirithe i ndáil le rialacha náisiúnta táirgí agus seirbhísí; á iarraidh ar an gCoimisiún cinntí tapa a dhéanamh maidir le gearáin chun a áirithiú go ndéileáiltear go pras le ceisteanna ábhartha ó pheirspictíocht an úsáideora deiridh de agus go réitítear go héifeachtúil iad;

([13]) Treoir (AE) 2018/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 maidir le tástáil chomhréireachta a dhéanamh sula nglacfar rialáil nua gairmeacha (IO L 173, 9.7.2018, lch. 25).

66. á mheabhrú nach mór do na Ballstáit agus don Choimisiún, le linn saolré rialála, an fhreagracht a chomhroinnt maidir lena áirithiú go gcomhlíontar rialacha an mhargaidh aonair, go gcuirtear Comhaontú Pháras agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta san áireamh freisin, agus go ndéantar cearta na saoránach, lena n-áirítear cearta oibrithe agus cearta tomhaltóirí, a fhorfheidhmiú; á chur i bhfáth a riachtanaí atá comhchuibhiú uile-Aontais rialacha maidir le minicíocht agus cáilíocht seiceálacha agus gníomhaíochtaí eile faireachais margaidh, i ndáil le sábháilteacht táirgí go háirithe, agus maidir le huirlisí a chur chun cinn chun faisnéis a mhalartú idir údaráis náisiúnta d'fhonn an comhar sa réimse sin a neartú;

67. á iarraidh ar gach Ballstát a áirithiú go mbeidh na cumhachtaí íosta, mar aon le buiséad agus an fhoireann riachtanach, ag na húdaráis inniúla uile laistigh dá ndlínse chun a áirithiú go ndéanfar *acquis* an mhargaidh inmheánaigh a fheidhmiú go cuí;

68. á chur i bhfios a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh na húdaráis ábhartha faireachas agus cigireacht chomhréireach ar oibreoirí eacnamaíocha nach gcomhlíonann reachtaíocht agus go ndéanfaidís smachtbhannaí comhréireacha a fhorchur ina leith, gan beann ar a mBallstát bunaíochta; á chur i bhfáth go bhfuil sé fíor-riachtanach ní hamháin leas a bhaint as uirlisí le haghaidh comhair faireachais margaidh idir údaráis náisiúnta agus an Coimisiún, ach uirlisí nua a fhorbairt freisin chun réamhfhógra a thabhairt madiir le haon fhadhbanna neamhchomhlíontachta a chuireann sábháilteacht tomhaltóirí i mbaol, go háirithe trí mhaoirsiú breise a chur ar fáil ar leibhéal na hEorpa;

69. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá leibhéal comhchuibhithe níos airde lena n-áirítear comhar forfheidhmiúcháin éifeachtach agus éifeachtúil i measc na n-údarás inniúil chun sáruithe a bhrath agus a imscrúdú agus chun ordú a thabhairt scor díobh nó iad a thoirmeasc;

70. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh, agus á chur in iúl dá bhrí sin gur geal léi Scórchlár an Mhargaidh Inmheánaigh mar uirlis chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le díospóireacht athfhillteach maidir le torthaí an Scórchláir ar na leibhéil pholaitiúla is airde, lena n-áiritheofaí tiomantas polaitiúil chun dul i ngleic leis na constaicí arna sainaithint, ní hamháin ó pheirspictíocht ghnó de ach maidir leis na dúshláin d'oibrithe, tomhaltóirí agus saoránaigh freisin, agus aird chuí á tabhairt ar cheisteanna beartais shóisialta agus chomhshaoil;

71. á chur in iúl gur geal léi fothú acmhainneachta maidir le riaracháin phoiblí náisiúnta, gairmithe soláthair phoiblí, breithiúna agus dlí-chleachtóirí eile a bheadh inchistithe faoin gclár tacaíochta le haghaidh athchóiriú;

***Bacainní ar an margadh aonair mar gheall ar an bhfreagairt ar COVID-19***

72. á mheabhrú nár cuireadh riachtanais an mhargaidh aonair san áireamh leis an bhfreagairt ar an bpaindéim a bhí ag na Ballstáit agus an Coimisiún ar dtús, agus á mheabhrú go raibh tionchar tromchúiseach aige sin ar shaorghluaiseacht trasteorann earraí, daoine agus seirbhísí; á chreidiúint go mbeidh gá le measúnú thairis sin ar thionchar na paindéime ar an margadh aonair chun teacht ar chonclúidí ag éirí as géarchéim COVID-19;

73. á iarraidh ar na Ballstáit, sa chás go dtéann cúrsa na paindéime in olcas, treoirlínte an Choimisiúin a chur chun feidhme go huile maidir le feidhmiú saoirse gluaiseachta oibrithe le linn ráig COVID-19 agus an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Towards a phased and coordinated approach for restoring freedom of movement and lifting internal border controls* [I dtreo cur chuige céimnithe agus comhordaithe chun saoirse gluaiseachta a athbhunú agus rialuithe teorann inmheánach a bhaint] (C(2020)3250) chun deis a thabhairt d'oibrithe, go háirithe oibrithe iompair, teorann, phostáilte agus shéasúracha, agus do sholáthraithe seirbhísí, gluaiseacht trasna teorainneacha agus rochtain gan bac a bheith acu ar a n-ionad oibre;

74. á chur in iúl gur geal léi an pacáiste téarnaimh NextGenerationEU, treoirlínte AE maidir le bainistiú teorainneacha, na lánaí glasa iompair, Deimhniú Digiteach COVID an Aontais chun saorghluaiseacht a éascú, agus bearta breise a bhfuil mar aidhm leo deis a thabhairt don mhargadh aonair oibriú mar is gnách;

75. á chur in iúl gurb oth léi srianta breise taistil a bheith tugtha isteach ag roinnt Ballstát, srianta amhail coraintín le haghaidh sealbhóirí áirithe Teastas Digiteach COVID an AE; ag tabhairt dá haire go bhfuil roinnt de na srianta sin thar a bheith duaisiúil le haghaidh oibrithe trasteorann agus postaithe agus tiománaithe trucailí;

76. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé a áirithiú nach ndéanfaidh bearta COVID-19 difear don sreabhadh táirgí, bia go háirithe, laistigh den Aontas, lena n-áirítear críocha nach bhfuil nasctha le mórthír na hEorpa;

77. ag tabhairt dá haire gur tháinig srianta áirithe idir na Ballstáit agus laistigh díobh mar thoradh ar phaindéim COVID-19, chomh maith le meath in earnáil an óstáin, na bialainne agus na lónadóireachta, a raibh tionchar tubaisteach aici ar tháirgeadh bia;

78. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gurb í an fhorbairt inbhuanaithe, aistriú cóir, ionchuimsitheacht shóisialta agus cruthú post ar ardchaighdeán a chaithfidh an bealach a réiteach i dtreo téarnaimh;

79. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisún Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair a chur i láthair; á iarraidh ar an gCoimisiún í a fhorbairt mar uirlis struchtúrtha a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí chun saoirse gluaiseachta daoine, earraí agus seirbhísí a áirithiú i gcás géarchéimeanna amach anseo;

80. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit úsáid réamhghníomhach a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh agus plean freagartha le haghaidh éigeandálaí a fhorbairt, ar cheart go mbeadh sé mar aidhm leis freagairt chomhpháirteach a chinntiú agus saorghluaiseacht seirbhísí, earraí agus daoine, agus oibrithe trasteorann go hairithe, a choimirciú a mhéid is féidir; á mheabhrú a riachtanaí atá sé go dtabharfadh na Ballstáit fógra go pras maidir le bearta náisiúnta a chuirfeadh teorainn le saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí;

81. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann don tsláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE (COM(2020)0727), go háirithe an togra uaidh chun sásra a chruthú a rialódh srianta ar onnmhairí trealaimh leighis sa mhargadh inmheánach;

82. á chur i bhfáth a phráinní atá rochtain níos leithne ar sheirbhísí agus teicneolaíochtaí digiteacha ar fíor-riachtanais iad le linn éigeandálaí chun go mbeidh an margadh aonair ag feidhmiú go rianúil agus chun go mbeidh rochtain ag saoránaigh agus gnólachtaí ar sheirbhísí poiblí trí réitigh ríomhrialtais; á aithint go bhfuil eisiamh digiteach agus easpa rochtana ar an idirlíon ar na bacainní neamhtharaife is suntasaí ar chlaochlú digiteach mhargadh aonair AE;

o

o o

83. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún;

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0044

# Reacht do chomhlachais trasteorann Eorpacha agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha trasteorann Eorpacha

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 le moltaí don Choimisiún maidir le reacht do chomhlachais trasteorann Eorpacha agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha trasteorann Eorpacha (2020/2026(INL))**

(2022/C 342/17)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint d'Airteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE"),

— ag féachaint d'Airteagail 114 agus 352 CFAE,

— ag féachaint d'Airteagal 11 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

— ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 12 di,

— ag féachaint d'Airteagal 11 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine,

— ag féachaint dá tuairim [1] maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir leis an Reacht do chomhlachas Eorpach [2],

— ag féachaint dá rún an 13 Márta 1987 maidir le comhlachais neamhbhrabúsacha sna Comhphobail Eorpacha [3],

— ag féachaint do rún uaithi an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Sásra AE um an Daonlathas, um an Smacht Reachta agus um Chearta Bunúsacha a bhunú [4],

— ag féachaint do Dhearbhú uaithi an 10 Márta 2011 maidir le reachtanna Eorpacha a bhunú do chumainn, comhlachais agus fondúireachtaí frithpháirteacha [5],

— ag féachaint don tuairim ó CESE dar teideal *European Philanthropy: an untapped potential (Exploratory opinion at the request of the Romanian Presidency)* [An Daonchairdeas san Eoraip: acmhainneacht neamhshaothraithe (Tuairim thaiscéalach arna iarraidh sin d'Uachtaránacht na Rómáine)],

— ag féachaint do na Treoirlínte Comhpháirteacha maidir le Saoirse Comhlachais (CDL-AD(2014)046) arna nglacadh ag an gCoimisiún Eorpach maidir le Daonlathas tríd an Dlí (Coimisiún na Veinéise) agus Oifig ESCE um Institiúidí Daonlathacha agus Cearta an Duine (ODIHR),

— ag féachaint do Rialacha 47 agus 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas agus ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0007/2022),

A. de bhrí go gcumhdaítear le hAirteagal 63 CFAE, mar aon le hAirteagail 7, 8 agus 12 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt"), an tsaoirse comhlachais ar gach leibhéal agus go ndéantar eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a chosaint ar shrianta idirdhealaitheacha, neamhriachtanach agus gan údar maidir lena ngníomhaíochtaí a mhaoiniú;

---

(1) Rún reachtach ina bhfuil an tuairim ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán (CEE) ón gComhairle maidir leis an reacht le haghaidh comhlachas Eorpach (IO C 42, 15.2.1993, lch. 89).
(2) Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialacháin (CEE) ón gComhairle maidir leis an Reacht le haghaidh comhlachas Eorpach (COM(1991)0273 – SYN 386).
(3) IO C 99, 13.4.1987, lch. 205.
(4) IO C 395, 29.9.2021, lch. 2.
(5) IO C 199 E, 7.7.2012, lch. 187.

B. de bhrí gur cheart an téarma "eagraíocht neamhbhrabúsach" a thuiscint, chun críoch na rúin seo, mar léiriú ar an iliomad cineálacha eagraíochtaí neamhbhrabúsacha san Aontas, idir bhallraíocht-bhunaithe agus neamhbhallraíocht-bhunaithe, amhail comhlachais, eagraíochtaí daonchairdiúla, eagraíochtaí a leithdháiltear a sócmhainní chun aidhm shonrach a shaothrú, amhail fondúireachtaí, agus eagraíochtaí eile dá samhail;

C. de bhrí gur aithin an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine go bhfuil oibleagáid dhearfach ar an Stát an ceart chun saoirse comhlachais a áirithiú agus gur fuair ina breithiúnas an 21 Deireadh Fómhair 2005 *Ouranio Toxo agus Eile v. an Ghréig* ([6]), go raibh níos mó i gceist le fíor-urraim éifeachtach do shaoirse comhlachais ná dualgas ar thaobh an Stáit gan cur isteach go míchuí; de bhrí, ina breithiúnas i gCás C-78/18 ([7]), chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) ní hamháin go bhfolaíonn an tsaoirse comhlachais an cumas comhlachas a chruthú nó a dhíscaoileadh ach go bhfolaíonn freisin an fhéidearthacht go ngníomhódh an comhlachas sin idir an dá linn;

D. de bhrí go bhfuil eagraíochtaí neamhbhrabúsacha bunriachtanach chun ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na saoránach agus na sochaí sibhialta, lena n-áirítear trí sheirbhísí a sholáthar i réimsí nach mbíonn brabús go minic iontu san earnáil shóisialta, chun rannpháirtíocht sa saol sóisialta a spreagadh agus chun cearta mionlach a chosaint; de bhrí, ina theannta sin, go bhfuil ról lárnach acu maidir le dúshláin shocheacnamaíocha a thuar agus dul i ngleic leo chomh maith leis na bearnaí i seirbhísí agus i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhúnadh, mar aon le rialtais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla;

E. de bhrí gur minic a bhaineann eagraíochtaí neamhbhrabúsacha úsáid as an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus go gcuireann siad chun cinn í, go háirithe maidir le leas an phobail a chur chun cinn, tacú le rannpháirtíocht ghníomhach sa saol daonlathach, agus feidhmiú mar scoileanna daonlathais;

F. de bhrí gur leag géarchéim COVID-19 béim ar an ról ríthábhachtach atá ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha maidir le cabhrú le daoine aghaidh a thabhairt ar an iliomad deacrachtaí, agus ar an gcaoi sin comhtháthú sóisialta a ráthú; de bhrí go bhfuil a stádas suaite ag géarchéim COVID-19, áfach, go háirithe toisc go gcuireann sí isteach ar a ngníomhaíochtaí agus toisc go gcruthaíonn sí riachtanais agus misin nua;

G. de bhrí go mbraitheann daonlathas na hEorpa ar an tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí ionadaíocha a bheith in ann feidhmiú gan bhac agus thar theorainneacha; de bhrí go meastar gur luach bunúsach de chuid an Aontais é an ról bunriachtanach atá ag an tsochaí shibhialta agus ag eagraíochtaí ionadaíocha maidir le rannchuidiú leis an daonlathas, mar a aithnítear, go háirithe le hAirteagal 11 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ("CAE"), agus gur gá idirphlé oscailte, trédhearcach agus struchtúrtha a bheith ann dá bharr;

H. de bhrí gur dlúthchuid de shochaí shibhialta an Aontais iad eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus go n-áirítear leo eagraíochtaí daonchairdiúla, amhail fondúireachtaí a rannchuidíonn le hobair daoine aonair agus a éascaíonn an obair sin, agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a ghníomhaíonn ar son leas an phobail;

I. de bhrí go bhfuil faisnéis staidrimh iontaofa faoi eagraíochtaí neamhbhrabúsacha gann nó nach bhfuil fáil éasca uirthi;

J. de bhrí nach bhfuil na reachtanna Eorpacha do Chuideachtaí Eorpacha, do Chomharchumainn Eorpacha ná do Pháirtithe Eorpacha oiriúnach chun cur ar chumas eagraíochtaí neamhbhrabúsacha comhoibriú trasteorann;

K. de bhrí go bhfuil an fhéidearthacht ag gnólachtaí, gnóthais tráchtála agus grúpálacha um leas eacnamaíoch Grúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch a bhunú;

L. de bhrí gur féidir le comhlachtaí poiblí Grúpálacha Eorpacha um Chomhar Críochach a chruthú;

M. de bhrí gur cheart go mbeadh Reacht Eorpach um Chomhlachas oscailte d'eagraíochtaí agus do dhaoine ar mian leo páirt a ghlacadh i malartuithe agus i bhfoghlaim fhrithpháirteach thar theorainneacha;

---

([6]) Breithiúnas ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine an 21 Deireadh Fómhair 2005, *Ouranio Toxo agus Eile v. an Ghréig*, u. 74989/01, ECLI:CE:ECHR:2005:1020JUD007498901.

([7]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 18 Meitheamh 2020, *an Coimisiún v an Ungáir*, C-78/18, ECLI:EU:C:2020:476, mír 113.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

N. de bhrí nach gclúdaíonn iarraidh Pharlaimint na hEorpa ar chláir staidrimh náisiúnta do ghníomhaithe geilleagair shóisialta eagraíochtaí lasmuigh den gheilleagar sóisialta;

O. de bhrí go bhfuil ról iomlán ag go leor eagraíochtaí neamhbhrabúsacha sa gheilleagar agus i bhforbairt an mhargaidh inmheánaigh, trí pháirt a ghlacadh de ghníomhaíocht eacnamaíoch ar bhonn rialta; de bhrí go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na sreafaí airgeadais trasteorann idir comhlachais nó eagraíochtaí neamhbhrabúsacha le deich mbliana anuas;

P. de bhrí sa lá atá inniu ann go bhfuil méadú tagtha ar an bhfeasacht i measc lucht déanta beartas agus na sochaí sibhialta maidir le hacmhainneacht na n-eagraíochtaí neamhbhrabúsacha i dtaca le soláthar seirbhísí, le rannpháirtíocht na saoránach agus leis an nuálaíocht shóisialta; de bhrí gur dócha nach mbaintear leas as a n-acmhainneacht i raon leathan réimsí amhail oideachas, cultúr, cúram sláinte, seirbhísí sóisialta, taighde, cúnamh forbartha, cúnamh daonnúil agus ullmhacht i gcomhair tubaistí;

Q. de bhrí go bhfuil acmhainneacht shocheacnamaíoch eagraíochtaí neamhbhrabúsacha san Aontas Eorpach ag síormhéadú, agus go gcruthaítear deiseanna fostaíochta i raon leathan earnálacha;

R. de bhrí go bhfuil ról lárnach ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha maidir le tacú le daoine aonair páirt ghníomhach a ghlacadh sa saol daonlathach;

S. de bhrí gur ar an leibhéal náisiúnta a dhéantar formhór mór ghníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, cé go bhfuil méadú ag teacht ar líon na n-eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá ag feidhmiú thar theorainneacha, rud a neartaíonn an comhtháthú sóisialta idir na Ballstáit ar leibhéal sochaíoch, go háirithe i réigiúin teorann atá comhdhéanta de beagnach 40 % de chríoch an Aontais;

T. de bhrí go rannchuidíonn eagraíochtaí neamhbhrabúsacha trasteorann, go háirithe, go mór le cuspóirí an Aontais a bhaint amach agus go bhforbraíonn siad go leor gníomhaíochtaí éagsúla leasa ghinearálta a bhfuil ábharthacht thrasnáisiúnta ag baint leo agus a théann chun tairbhe don leas ginearálta i réimsí éagsúla; de bhrí go n-áirítear leis sin cosaint agus cur chun cinn ceart bunúsach agus luachanna bunúsacha, cosaint an chomhshaoil, oideachas, cultúr, obair shóisialta agus cúnamh forbartha, ach nach bhfuil sé teoranta don mhéid sin;

U. de bhrí, in ainneoin líon na n-eagraíochtaí neamhbhrabúsacha trasteorann san Aontas Eorpach a bheith ag ardú go mór, níl aon chreat reachtach uile-Eorpach comhchuibhithe ann lena gceadaítear dóibh iad féin a oibriú agus a eagrú i gceart ar leibhéal trasteorann;

V. de bhrí, faoi láthair, in éagmais rialáil an Aontais ar eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, go bhfuil éagothromaíochtaí cultúrtha, breithiúnacha agus polaitiúla ag eascairt as an dlí náisiúnta mar shaintréithe dá ngníomhaíochtaí trasteorann;

W. de bhrí gur chuir Parlaimint na hEorpa i bhfáth chomh fada siar le 1987 gur ghá Rialachán Eorpach iomchuí d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha Eorpacha a thabhairt isteach ina rún an 13 Márta 1987 maidir le comhlachais neamhbhrabúsacha sna Comhphobail Eorpacha;

X. de bhrí gur cheart d'aon eagraíocht a thairbhíonn de reacht Eorpach nó de caighdeáin íosta choiteanna Eorpacha gníomhú i bhfabhar chur chun cinn agus chur chun feidhme chomhluachanna agus chomhchuspóirí an Aontais a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt;

***An staid reatha***

1. á thabhairt dá haire nach bhfuil foirm dlí ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha ar leibhéal an Aontais chun ionadaíocht leasanna na sochaí sibhialta a chur ar chomhchéim le hionadaíocht na ngnóthas tráchtála agus na ngrúpaí leasa eacnamaíocha ar bunaíodh foirm dlí dóibh ar leibhéal an Aontais le fada;

2. á thabhairt dá haire go bhfuil gníomhaíochtaí trasteorann na n-eagraíochtaí neamhbhrabúsacha an-chasta i gcónaí mar gheall ar na difríochtaí dlíthiúla, cultúrtha, polaitiúla agus eacnamaíocha idir na Ballstáit, agus gurb airde na costais idirbhirt ar an leibhéal náisiúnta mar thoradh ar láimhseáil reatha riaracháin agus fhioscach ghníomhaíochtaí trasteorann na n-eagraíochtaí sin;

3. ag cur béim ar an bhfíoras nach leor an creat dlíthiúil reatha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun sochaí shibhialta láidir uile-Eorpach a bhunú agus tacú léi, ar creat é ar gá é a bheith ann don daonlathas; dá bhrí sin, ag sainaithint gur gá foirm nua dhlíthiúil a thabhairt isteach, eadhon foirm dhlí an Chomhlachais Eorpaigh, lena n-áirítear rialacha maidir le bunú, trédhearcacht, cuntasacht agus rialachas comhlachais Eorpaigh;

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

4. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé comhordú ar leibhéal an Aontais a áirithiú, ilroinnt a sheachaint agus tacú le cur chuige comhchuibhithe ar fud an Aontais maidir leis an gComhlachas Eorpach, trí Bhord ainmnithe na gCumann Eorpach; chun na críche sin, á iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar na roghanna éagsúla agus togra a chur ar aghaidh maidir leis an bhfoirm agus an stádas is iomchuí do na Comhlachais Eorpacha sin, ina ndéantar ionadaíocht ar na Ballstáit go léir agus a bhfuil cumhachtaí cinnteoireachta dea-shainithe aige;

5. á chreidiúint go bhfuil gá freisin le reachtaíocht an Aontais a thacaíonn le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha chun an margadh inmheánach a chur i gcrích;

6. á chur i bhfáth, cé go gcumhdaítear an tsaoirse gluaiseachta agus bunaíochta sna Conarthaí, nach dtugtar lántacaíocht don cheart bunúsach comhlachais go fóill agus nach gcuirtear chun cinn é faoi dhlínsí éagsúla na mBallstát i ngeall ar easpa foirmeacha eagraíochtúla iomchuí agus easpa cóir chomhionann maidir leis na foirmeacha atá ann cheana ar fud an Aontais, rud a chuireann bac ar ghníomhaíochtaí trasnáisiúnta agus ar thionscadail thrasnáisiúnta, ar mhisin trasteorann agus ar shoghluaisteacht na sochaí sibhialta, ar thaobh amháin, agus, ar an taobh eile, is cúis le héiginnteacht dhlíthiúil;

7. á chur in iúl gur oth léi nach ann d’ionstraim chun saoirse gluaiseachta a éascú tuilleadh d’eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, gan beann ar an mBallstát ina bhfuil siad bunaithe, nó a bhfuil cónaí ar a gcomhaltaí, go háirithe trí bhacainní dlíthiúla agus riaracháin a bhaint;

8. á chur i bhfáth, mar gheall ar easpa comhfhogasú cleachtas, gur minic a bhíonn srianta gan údar, amhail táillí, foirmiúlachtaí, agus bacainní riaracháin agus eile ar eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a fheidhmíonn ar fud an Aontais, lena gcuirtear a gcuid gníomhaíochtaí ó lá go lá i mbaol agus a lena ndíspreagtar eagraíochtaí den sórt sin a misin a shíneadh thar theorainneacha; á chur i bhfios go láidir go n-eascraíonn méadú suntasach ar an ualach oibre as constaicí den sórt sin mar gheall ar an ngá atá le cuid mhór nósanna imeachta riaracháin éagsúla a leanúint i níos mó ná Ballstát amháin;

9. á cháineadh nár cuireadh eagraíochtaí neamhbhrabúsacha as scéimeanna faoisimh um freagairt phaindéimeach i roinnt Ballstát;

10. á chur i bhfáth go mbíonn machaire aimhréidh ann mar thoradh ar an easpa comhfhogasú cleachtas mar gheall ar dhálaí éagsúla an mhargaidh agus bacainní eile a mbíonn ar eagraíochtaí neamhbhrabúsacha dul i ngleic leo i mBallstáit éagsúla, agus iad, mar shampla, ag oscailt cuntais bhainc, ag ardú cistí eachtracha agus ag soláthar cuntas ina leith, ag fáil rochtain ar bhearta agus ar scéimeanna maidir le leas an phobail, ag baint tairbhe as cineálacha áirithe cóireála airgeadais nó cánach, nó ag fostú baill foirne, go háirithe agus iad ag fruiliú thar theorainneacha, rud ba cheart a éascú i gcomhréir le saorghluaiseacht oibrithe;

11. á iarraidh ar an gCoimisiún fiosrú a dhéanamh ar na foirmeacha éagsúla faoina bhfeidhmíonn eagraíochtaí neamhbhrabúsacha sna Ballstáit agus anailís chomparáideach a tharraingt suas;

12. á thabhairt le fios go gcuireann eagraíochtaí neamhbhrabúsacha leis an nuálaíocht, leis an taighde, leis an bhforbairt eacnamaíoch agus le cruthú post, go háirithe sna hearnálacha sóisialta, fiontraíochta, teicneolaíochta agus cultúrtha;

13. á aithint go dtacaíonn rannchuidiú eagraíochtaí neamhbhrabúsacha le spriocanna straitéiseacha áirithe de chuid an Aontais, amhail an ghéarchéim aeráide a chomhrac, dul i ngleic leis an gclaochlú digiteach, agus téarnamh ó phaindéim COVID-19; á chur i bhfios go láidir nach bhféadfar na spriocanna sin a bhaint amach gan rannchuidiú na sochaí sibhialta i leith na saincheisteanna sin a chur chun cinn ar fud na hEorpa, go háirithe maidir le cur chun feidhme na mbeartas riachtanach ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Aontais, agus leasanna agus cearta na ndaoine sin lena mbaineann á n-urramú ag an am céanna;

14. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil na sonraí gann nó as dáta; á iarraidh ar na Ballstáit sonraí imdhealaithe a sholáthar go rialta agus ar an gCoimisiún acmhainní staidrimh iontaofa a chruthú a nuashonraítear go minic, bunaithe ar mhodheolaíocht fhadbhunaithe lena n-áirithítear trédhearcacht agus inchomparáideacht, agus go bhféadfaí na sonraí sin a chur san áireamh in Eurostat, maidir le gníomhaíochtaí agus rannchuidithe trasteorann; á thabhairt le fios, de réir staidéar 2017 a choimisiúnaigh CESE, “Recent evolutions of the social economy in the European Union” [Éabhlóid an gheilleagair shóisialta san Aontas Eorpach le gairid], ar 13,6 milliún post íoctha san iomlán i gcomharchumainn, i sochaithe frithpháirteacha, i gcomhlachais, i bhfondúireachtaí agus in eintitis chomhchosúla san Aontas Eorpach, tháinig 9 milliún díobh ó fhostaíocht i gcomhlachais agus i bhfondúireachtaí, rud a fhágann go bhfuil siad ar thús cadhnaíochta ó thaobh fostaíocht san earnáil sin de; á chur i bhfios go láidir go léirítear leis sin freisin a thábhachtaí atá sé go mbeadh fáil ar níos mó sonraí a bhaineann le réimse ar mó é ná an geilleagar sóisialta;

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

15. á chur in iúl gur oth léi nár thug an Coimisiún ná na Ballstáit reachtaíocht chun cinn chun timpeallacht chumasúcháin a áirithiú ina bhféadfaidh eagraíochtaí neamhbhrabúsacha rannchuidiú le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, agus saorshreabhadh caipitil thar theorainneacha a áirithiú, agus nach bhfuil reacht do Chomhlachas Eorpach curtha ar bun in ainneoin roinnt iarrachtaí, agus glaonna iomadúla ón tsochaí shibhialta agus ó Pharlaimint na hEorpa;

16. á chur in iúl gur díol sásaimh di an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Sóisialta atá ar na bacáin agus á mheas, ós rud é nach bhfuil ach eagraíochtaí neamhbhrabúsacha áirithe ag feidhmiú sa gheilleagar sóisialta, gur gá moltaí a áireamh sa Phlean Gníomhaíochta maidir leis an mbealach ina bhféadfar constaicí trasteorann a shárú, agus gur gá é a chomhlánú le tionscnaimh reachtacha ar leith lena ndírítear ar thacú le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha;

17. á mheas, de bharr a nádúir ar leith, nár cheart go mbeadh tionchar ag na hionstraimí dlí atá beartaithe ar rialáil páirtithe polaitiúla; á mheabhrú, thairis sin, go bhfuil meas ag an Aontas ar stádas eaglaisí, eagraíochtaí reiligiúnacha nó pobail, chomh maith le heagraíochtaí fealsúnacha agus neamhchreidmheacha faoin dlí náisiúnta; á chur i bhfios go láidir nach gcuireann sé sin cosc ar eagraíochtaí a bhfuil a luachanna agus a n-aidhmeanna bunaithe ar chreideamh reiligiúnach, fealsúnach nó neamhfhaoistiniúil, amhail eagraíochtaí carthanachta neamhbhrabúsacha creideamhbhunaithe, tairbhe a bhaint as raon feidhme na n-ionstraimí sin atá beartaithe; á thabhairt le fios go dtugtar stádas tairbhiúil speisialta do cheardchumainn i roinnt Ballstát agus gur cheart, dá bhrí sin, ceardchumainn a eisiamh ó na hionstraimí atá beartaithe; á thabhairt le fios go bhfuil an tsaoirse ag daoine ar mian leo comhlachas a chur ar bun úsáid a bhaint as na forálacha faoin rialachán atá beartaithe agus a bheith i bhfoirm Chomhlachas Eorpach; á thabhairt dá haire go bhfuil feidhm ag an Treoir atá beartaithe maidir le caighdeáin íosta maidir le gach eagraíocht neamhbhrabúsach san Aontas;

***An tsochaí shibhialta agus an tsaoirse comhlachais a choimirciú***

18. á chur in iúl gur ábhar imní di na baic a bhíonn ar eagraíochtaí neamhbhrabúsacha ar fud an Aontais, agus maidir leis na héagothromaíochtaí a eascraíonn as dlíthe, rialacháin nó cleachtais nó beartais riaracháin náisiúnta; á thabhairt le fios go bhféadfadh sé sin tionchar diúltach a imirt ar an tsochaí shibhialta, cearta bunúsacha a shrianadh go míchuí, go háirithe an tsaoirse comhlachais, saoirse chun tuairimí a nochtadh, agus faisnéis a nochtadh, agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a dhíspreagadh óna ngníomhaíochtaí a leathnú thar theorainneacha;

19. á thabhairt san áireamh go cuí na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil leis an digiteáil agus leis an idirlíon chun feidhmiú an chirt chun saoirse comhlachais a éascú, mar shampla trí chlárú agus bunú eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a dhéanamh níos éasca agus ar fáil go héasca ar líne;

20. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil ról lárnach ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha maidir le daonlathas agus ceapadh beartais ar gach leibhéal: go gcuireann siad leas an phobail chun cinn agus go n-oibríonn siad ar mhaithe leis, go bhfuil siad mar chuid de chóras riachtanach na srianta agus ceartúchán is gá don smacht reachta, agus gur cúiseanna iad le haghaidh rannpháirtíocht shibhialta; á chur in iúl gur díol sásaimh di rannpháirtíocht na sochaí sibhialta in abhcóideacht, gníomhaíochas, agus mar chuid den saol sóisialta gníomhach;

21. á athdhearbhú go bhfuil saoirse rannpháirtíochta ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha in ábhair a bhaineann le díospóireacht pholaitiúil nó phoiblí trína gcuspóirí nó trína ngníomhaíochtaí; ag cáineadh na n-iarrachtaí a rinneadh chun spás sibhialta a shrianadh ar fhorais pholaitiúla, agus go ndearnadh a stádas mar eagraíochtaí leasa phoiblí a shéanadh, a dhiúltú nó a dhúshlánú, bunaithe ar ghníomhaíocht pholaitiúil atá ann nó a mheastar a bheith ann, i gcás nach bhfuil sé i gceist lena ngníomhaíochtaí dul chun tairbhe d'aon pháirtí ar leith nó do pholaitíocht pháirtí ionadaíoch; á mheas go bhfuil na cásanna sin contúirteach do dhaonlathas na hEorpa;

22. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá neamhspleáchas na n-eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus gur gá timpeallacht chumasúcháin a áirithiú d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, agus a n-eagraíochtaí iolrachais agus tuisceana á n-urramú ar mhaithe le leas an phobail mar rannchuidiú le soláthar an seirbhísí ar an láthair, ach chomh maith leis sin tacú leis an leas poiblí agus faireachán a dhéanamh ar bheartais phoiblí;

23. á mheabhrú a thábhachtaí atá iriseoireacht neamhspleách, neamhchlaonta, ghairmiúil agus fhreagrach chun faisnéis a sholáthar maidir le gníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí neamhbhrabúsacha sna meáin phríobháideacha agus sna meáin phoiblí araon, agus an tábhacht a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis iolraíoch, ar príomhcholúin an daonlathais iad; á chur

in iúl gur ábhar imní di feachtais chlúmhillte agus dlíthíocht mhí-úsáideach i roinnt Ballstát i gcoinne gníomhaithe a théann i mbun rannpháirtíocht phoiblí, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, ag oifigigh thofa, ag comhlachtaí poiblí nó ag eintitis faoi rialú poiblí agus ag daoine aonair agus eintitis phríobháideacha; á thabhairt chun suntais gur ghlac an Pharlaimint rún maidir le SLAPPanna an 11 Samhain 2021 ([8]);

24. á áitiú nach rachaidh rialachán réime dlíthiúil chun tairbhe do shochaí shibhialta na hEorpa ach amháin más féidir le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha leas a bhaint as cistiú atá leordhóthanach agus inrochtana go héasca ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon; á thabhairt le fios go bhfuil tábhacht ag baint le maoiniú poiblí, chomh maith le maoiniú príobháideach eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, ós rud é gur lú an rochtain atá acu ar an ioncam ó ghníomhaíochtaí brabúsacha; á chur i bhfios go láidir, sa chomhthéacs sin, gurb ann don Chlár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna, atá dírithe, *inter alia*, ar eagraíochtaí neamhbhrabúsacha; á thabhairt le fios, de bhun Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), go mbeidh cómhaoiniú a fhéadfar a sholáthar i bhfoirm cistí dílse, ioncam arna ghiniúint ag an ngníomhaíocht nó ag an gclár oibre, nó ranníocaíochtaí airgeadais nó comhchineáil ó thríú páirtithe i gceist le deontais ón Aontas; á mheas, go háirithe i gcás eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a bhfuil acmhainní airgeadais an-teoranta acu, gur cheart meastóireacht a dhéanamh ar theorainn don cheanglas cistí dílse agus ranníocaíochtaí neamhairgeadaíochta a áireamh mar sin, ar choinníoll nach gcuirfeadh an láimhseáil sin isteach ar iomaíocht agus rochtain á fáil ar chistiú; á thabhairt dá haire gur minic a theastaíonn cómhaoiniú ó chistí an Aontais atá ar fáil d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, rud a chiallaíonn gur gá don tairbhí sciar de na cistí is gá a bhailiú ó fhoinsí eile; á thabhairt le fios go ndéanfadh sé dochar d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha dá mbeadh sciar ró-ard d'acmhainní dílse de dhíth, ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeidís in ann na cistí sin a chruinniú, rud a d'fhágfadh go ndéanfaí roinnt eagraíochtaí a eisiamh; á chreidiúint, dá bhrí sin, gur cheart teorainn le sciar an chómhaoinithe a mheas agus gur gá na modhanna éagsúla a bhféadfaí luach airgid a chur orthu a chur san áireamh, amhail am deonach nó ranníocaíochtaí comhchineáil;

25. á thabhairt le fios go bhfuil sé tábhachtach d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha faisnéis ábhartha a chur ar fáil don phobal; ag tarraingt aird sa bhreis air sin ar an bhfíric go meastar trédhearcacht i ndáil le maoiniú a bheith ina leas poiblí i gcás ina mbíonn tionchar suntasach ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha ar an saol poiblí agus ar dhíospóireacht phoiblí;

26. á mheas go dtabharfaidh tabhairt isteach stádais do Chomhlachais Eorpacha deis d'eagraíochtaí náisiúnta agus áitiúla páirt níos dlúithe a ghlacadh in ábhair Eorpacha, páirt a ghlacadh i bhfoghlaim fhrithpháirteach agus i malartuithe thar theorainneacha, agus go dtacóidh sé leo rochtain a fháil ar mhaoiniú ar leibhéal an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cistí leormhaithe a chur ar fáil do ghníomhaithe na sochaí sibhialta, inrochtaineacht cistí a mhéadú agus na nósanna imeachta a shimpliú tuilleadh chun rochtain ghníomhaithe na sochaí sibhialta ar chistí a éascú, lena n-áirítear eagraíochtaí beaga agus áitiúla;

27. á mheas, thairis sin, gur gá an reachtaíocht a mholtar a chomhlánú le bearta chun tacú le hidirphlé rialta, fóinteach agus struchtúrtha leis an tsochaí shibhialta agus le heagraíochtaí ionadaíocha, i gcomhréir le hAirteagal 11 CAE; á iarraidh ar an gCoimisiún ina leith sin measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht stádas rannpháirteach a fhorbairt d'eagraíochtaí sochar poiblí ar leibhéal an Aontais;

28. ag cur béim ar an bhfíoras go gcuireann idirdhealú treallach, dar siocair an pholaitíocht, atá bunaithe ar chuspóirí agus gníomhaíochtaí eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, agus ar fhoinsí cistiúcháin, bac ar an tsaoirse comhlachais agus, dá bhrí sin, gur bagairt é ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh;

***Aitheantas a thabhairt do chomhlachais, d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus do leas an phobail ar fud an Aontais***

29. á aithint go bhfuil cineálacha éagsúla cur chuige sa reachtaíocht ar an leibhéal náisiúnta agus i dtraidisiúin dlí na mBallstát maidir le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá bunaithe ar bhaill agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha nach bhfuil bunaithe ar na Ballstáit a shainiú nó a aithint, chomh maith le stádas chun tairbhe an phobail a shainiú, a aithint agus a dheonú; á chur i bhfios go láidir, in ainneoin na ndifríochtaí sin, go bhfuil comhthuiscint ann ar an ngá atá le híoschaighdeáin Eorpacha agus an deis a thabhairt d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha pearsantacht dhlítheanach a fháil;

---

([8]) Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Samhain 2021 maidir le daonlathas agus saoirse agus iolrachas na meán a neartú in AE: an úsáid mhíchuí a bhaintear as gníomhaíochtaí faoin dlí sibhialta agus faoin dlí coiriúil chun iriseoirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an tsochaí shibhialta a chur ina dtost (2021/2036(INI)).

([9]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

30. á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí a bhaineann le leas an phobail eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a aithint agus a chur chun cinn tríd an stádas maidir le leas an phobail laistigh den Aontas a chomhchuibhiú, agus á chur i bhfios go láidir nár cheart go ndéanfadh na dlíthe náisiúnta agus na cleachtais riaracháin lena rialaítear eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, lena n-áirítear maidir lena mbunú, lena gclárú, lena n-oibríochtaí, lena maoiniú, lena láimhseáil airgeadais agus cánach nó le gníomhaíochtaí trasteorann, idirdhealú bunaithe ar áit bhunaithe na heagraíochta nó ar aon ghrúpa nó duine aonair ar aon fhoras;

31. á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar thogra a ghlacadh chun aitheantas frithpháirteach a éascú d'eagraíochtaí atá díolmhaithe ó cháin, lena n-áirítear eagraíochtaí daonchairdiúla, i ngach Ballstát, má aithnítear go bhfuil sé díolmhaithe ó cháin i gceann de na Ballstáit chun críocha cánach;

32. á chur i bhfios go láidir gur féidir le rialáil ar leibhéal an Aontais ar an reacht agus le híoschaighdeáin d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha cabhrú le cothrom iomaíochta a chruthú, rud a éascóidh cur i gcrích an mhargaidh inmheánaigh;

33. ag tathant ar an gCoimisiún straitéis thiomnaithe agus chuimsitheach a fhorbairt chun an tsochaí shibhialta san Aontas a neartú, lena n-áirítear trí bhearta a thabhairt isteach chun oibríochtaí eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a éascú ar gach leibhéal rialachais;

34. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar bhonn Airteagal 352 CFAE, togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear reacht do Chomhlachas Eorpach a thíolacadh, ar bhonn na moltaí a leagtar amach sa rún seo agus i gCuid I den Iarscríbhinn a ghabhann leis seo;

35. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar bhonn Airteagal 114 CFAE, togra a thíolacadh le haghaidh Treorach maidir le caighdeáin íosta choiteanna d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha san Aontas, d'fhonn cothroime iomaíochta a chruthú d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha trí íoschaighdeáin a bhunú, lena gcuirfear ar chumas na sochaí sibhialta leas a bhaint as saoirsí agus as cearta bunúsacha, chomh maith le rannchuidiú le daonlathas Eorpach a neartú, de réir na moltaí a leagtar amach sa rún seo agus i gCuid II den Iarscríbhinn a ghabhann leis seo;

36. á iarraidh ar an gCoimisiún úsáid a bhaint as torthaí na hanailíse comparáidí a rinneadh de bhun mhír 11 a bheith ag gabháil leis an togra le haghaidh Rialacháin atá i gCuid I den Iarscríbhinn a ghabhann leis seo agus leis an togra le haghaidh Treorach atá i gCuid II den Iarscríbhinn a ghabhann leis seo agus le liosta d'fhoirmeacha náisiúnta eagraíochtaí ar cheart a mheas a bheith cumhdaithe de bhun Airteagal 3(2) den togra atá i gCuid I den Iarscríbhinn agus Airteagal 1 den togra atá i gCuid II den Iarscríbhinn;

o

o o

37. á threorú dá hUachtarán an rún seo agus na moltaí a ghabhann leis a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún agus chuig an gComhairle.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

**IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN**

**MOLTAÍ I dTAOBH INNEACHAR AN TOGRA ARNA IARRAIDH**

**CUID I**

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

maidir le reacht do Chomhlachas Eorpach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 352 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rannchuidíonn tionscadail trasteorann agus cineálacha eile comhair, lena mbaineann an tsochaí shibhialta go háirithe, le bealach cinntitheach chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach, lena n-áirítear a luachanna a chur chun cinn, agus le mórán gníomhaíochtaí éagsúla a bhfuil ábharthacht thrasnáisiúnta acu a fhorbairt a rachaidh chun sochair an leasa ghinearálta in go leor réimsí.

(2) Tá comhar Eorpach thar theorainneacha idir saoránaigh agus comhlachais ionadaíocha riachtanach chun sochaí shibhialta uileghabhálach na hEorpa a chruthú, ar gné thábhachtach í de dhaonlathas na hEorpa agus de lánpháirtiú na hEorpa i gcomhréir le hAirteagail 11 agus 15 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(3) Agus a gcuspóirí á saothrú acu, tá ról suntasach ag go leor comhlachas sa gheilleagar agus i bhforbairt an mhargaidh inmheánaigh, trí pháirt a ghlacadh go rialta i ngníomhaíocht eacnamaíoch.

(4) Tá sé d'aidhm ag Treoir …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an "Treoir maidir le hÍoschaighdeáin") dlíthe na mBallstát a chomhfhogasú chun íoschaighdeáin agus timpeallacht chumasúcháin a sholáthar, a éascaíonn eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a gcuid oibre a dhéanamh.

(5) Is iad na cumainn a nascann ár sochaí le chéile. Tá ról lárnach acu maidir le cabhair, spreagadh agus cumhacht a thabhairt do dhaoine aonair a bheith rannpháirteach go gníomhach i saol daonlathach agus sóisialta an Aontais, go háirithe iad siúd a bhfuil an t-eisiamh agus an t-idirdhealú rompu, agus is féidir leo ról ríthábhachtach a bheith acu sa phróiseas chun beartais an Aontais a fhorbairt.

(6) Ba cheart don Aontas ionstraim dlí iomchuí a sholáthar do chomhlachais, ar cineál eagraíochta iad a aithnítear go ginearálta i ngach Ballstát, agus atá in ann a ngníomhaíochtaí trasnáisiúnta agus trasteorann a chothú, agus rannchuidiú le hidirphlé sibhialta ar leibhéal an Aontais.

(7) D'éascódh tabhairt isteach cineál eagair ar leibhéal an Aontais gach comhlachas agus iad ag iarraidh a gcuspóirí agus a ngníomhaíochtaí trasteorann a bhaint amach sa mhargadh inmheánach.

(8) Cosnaíonn Airteagal 63 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus Airteagail 7, 8 agus 12 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an "Chairt") eagraíochtaí neamhbhrabúsacha i gcoinne srianta idirdhealaitheacha, neamhriachtanacha nó gan údar cuí le rochtain ar acmhainní agus saorghluaiseacht caipitil laistigh den Aontas. Baineann sé sin freisin leis an gcumas acmhainní de bhunús intíre agus eachtrach a lorg, a dhaingniú agus a úsáid, rud atá riachtanach chun aon eintiteas dlítheanach a bheith ann agus a oibriú. I gcomhréir le breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 18 Meitheamh 2020 i gcás C-78/18, *an Coimisiún v an Ungáir* ([1]), níor cheart srianta a fhorchur ach amháin ar aidhmeanna dlisteanacha, amhail ar mhaithe le slándáil náisiúnta, sábháilteacht phoiblí nó ord poiblí, ach ba cheart go mbeadh siad comhréireach leis an gcuspóir na

([1]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 18 Meitheamh 2020, *an Coimisiún Eorpach v an Ungáir*, C-78/18, ECLI:EU:C:2020:476.

leasanna sin a chosaint, agus na bealaí is lú cur isteach chun an cuspóir inmhianaithe a bhaint amach. Baineann sé sin, i measc nithe eile, le srianta a thagann ó rialacha maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chur i bhfeidhm, a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, ag féachaint go háirithe d'oibleagáidí measúnaithe riosca faoin dlí idirnáisiúnta agus Aontais. Dá bhrí sin, ní féidir leis na Ballstáit bearta míréasúnta, ró-ionrach nó suaiteacha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear ceanglais tuairiscithe a chuireann ualach iomarcach nó costasach ar eagraíochtaí.

(9) Is féidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha cuideachtaí Eorpacha a chruthú bunaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 2157/2001 ([2]), Comharchumainn Eorpacha bunaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1435/2003 ón gComhairle ([3]), agus páirtithe Eorpacha bunaithe ar Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Ní dhéantar forail le haon cheann de na hionstraimí sin do chomhlachais a bheith in ann comhoibriú thar theorainneacha.

(10) Le Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), déantar foráil go gcruthófar grúpálacha Eorpacha um chomhar críochach (GECC). Is údaráis stáit nó áitiúla nó eintitis eile a rialaíonn an dlí poiblí a chruthaíonn na grúpálacha sin den chuid is mó. Dá bhrí sin, ní chumhdaítear gníomhaithe agus saoránaigh neamhrialtasacha na sochaí sibhialta.

(11) Leis an nGrúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch (GELE), dá bhforáiltear le Rialachán (CEE) Uimh. 2137/85 ([6]), ní lamháiltear gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh i gcomhpháirt, agus neamhspleáchas a chomhaltaí á chaomhnú mar sin féin. Mar sin féin, ní chomhlíonann GELE riachtanais shonracha chomhlachais na sochaí sibhialta.

(12) Is gá, dá bhrí sin, creat rialála comhchuibhithe iomchuí agus rialacha iomchuí comhchuibhithe a bhunú ar leibhéal an Aontais lena gceadófar comhlachais Eorpacha a bhfuil a bpearsantacht dhlítheanach féin acu a chruthú, agus lena rialófar foirmiú agus oibriú trasteorann na gcomhlachas sin.

(13) Ba cheart páirtithe polaitiúla agus ceardchumainn, mar aon le heaglaisí agus pobail reiligiúnacha eile agus eagraíochtaí fealsúnacha nó neamhfhaoistiniúla, a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo i ngeall ar easpa inniúlachta an Aontais chun a stádas a rialú, agus toisc go bhfuil stádas ar leith acu laistigh den dlí náisiúnta. Ar na cúiseanna sin, ba cheart caitheamh leo ar bhealach difriúil ó chomhlachais eile nach bhfuil an stádas sin acu, amhail eagraíochtaí carthanacha neamhbhrabúsacha nó eagraíochtaí carthanacha atá bunaithe ar chreideamh a bhíonn ag comhrac in aghaidh an idirdhealaithe, lena n-áirítear an t-idirdhealú laistigh den mhargadh saothair.

(14) Ba cheart go mbeadh an Rialachán seo gan dochar do chearta na n-oibrithe agus na gceardchumann, lena n-áirítear na cearta agus na cosaintí atá ann cheana i gcomhthéacs nósanna imeachta dócmhainneachta agus athstruchtúraithe, cumasc, aistrithe gnóthas, agus a bhaineann le faisnéis agus le pá. Ba cheart d'fhostóirí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh, gan beann ar an bhfoirm faoina bhfuil siad ag oibriú.

(15) Tá sé tábhachtach a áirithiú go bhfuil comhordú ann ar leibhéal an Aontais, chun ilroinnt a sheachaint agus tacú le cur chuige comhchuibhithe ar fud an Aontais maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ina leith sin, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le Bord Comhlachais Eorpach a ainmniú, laistigh den Choimisiún nó nasctha leo agus/nó institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 2157/2001 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2001 i dtaca leis an Reacht um Chuideachta Eorpach (SE) (IO L 294, 10.11.2001, lch. 1).
([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1435/2003 ón gComhairle an 22 Iúil 2003 i dtaca leis an Reacht maidir le Comharchumann Eorpach (SCE) (IO L 207, 18.8.2003, lch. 1).
([4]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (IO L 317, 4.11.2014, lch. 1).
([5]) Rialachán (EC) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le grúpáil Eorpach um chomhar críochach (EGTC) (IO L 210, 31.7.2006, lch. 19).
([6]) Rialachán (CEE) Uimh. 2137/85 ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir leis an nGrúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch (GELE) (IO L 199, 31.7.1985, lch. 1).

(16) Ba cheart do Bhord Comhlachais na hEorpa cuireadh a thabhairt d'ionadaí ón nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha chuig a chuid cruinnithe nuair a bhaineann siad leis an tsaoirse comhlachais nó leis an tsaoirse tuairimí a nochtadh, i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle ([7]).

(17) Ba cheart go dtabharfaí isteach leis an Rialachán seo tréimhsí sonracha le haghaidh nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear maidir le clárú agus leis an bpróiseas chun stádas tairbhe phoiblí a dheonú. Agus cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Rialacháin seo á mheas, ba cheart don Choimisiún breathnú go háirithe ar an gcaoi a gcuirtear na tréimhsí sin i bhfeidhm sa chleachtas.

(18) Chun na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 6 a fhíorú, d'fhéadfadh sé go n-iarrfadh comhlachtaí na gcomhlachas náisiúnta ainmneacha agus seoltaí na gcomhaltaí bunaidh. Is féidir le céannacht bunaitheoirí agus comhaltaí d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha ar daoine nádúrtha iad a bheith ina bhfaisnéis íogair, dá bhrí sin ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil aon cheanglais as a leanann próiseáil na sonraí pearsanta sin gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), agus go háirithe Airteagal 9 de.

(19) B'fhéidir gur mhaith le Cumann Eorpach idirdhealú a dhéanamh idir catagóirí éagsúla comhaltaí, chun cearta vótála a thabhairt do chomhaltaí iomlána amháin, agus aitheantas a thabhairt do chomhaltaí comhlachaithe a thacaíonn leis an gcúis, gan an ceart vótála, agus/nó comhaltaí oinigh atá díolmhaithe ón oibleagáid táille ballraíochta a íoc, ach a bhfuil cearta vótála acu. Níor cheart go mbeadh idirdhealú gan chúis mar thoradh ar chatagóiriú na gcomhaltaí, go háirithe ar bhonn na saoránachta.

(20) Toisc go bhfuil raon feidhme an Rialacháin seo teoranta do chomhlachais neamhbhrabúsacha, ní sholáthraíonn CFAE aon bhunús dlí eile seachas an ceann a leagtar síos in Airteagal 352.

(21) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, agus eadhon Comhlachas Eorpach a bhunú, ach gur féidir, ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, iad a bhaint amach níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## *Caibidil I*

## *Ábhar agus forálacha ginearálta*

*Airteagal 1*

### *Ábhar*

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos na coinníollacha agus na nósanna imeachta a rialaíonn foirmiú, rialachas, clárú agus rialáil eintiteas dlíthiúil i bhfoirm Comhlachas Eorpach.

2. Beidh Comhlachas Eorpach ina eintiteas trasteorann neamhspleách agus féinrialaithe arna bhunú ar bhonn buan laistigh de chríoch an Aontais, trí chomhaontú deonach idir daoine nádúrtha nó dlítheanacha, chun críche comhchuspóra neamhbhrabúsacha.

3. Beidh saoirse ag Comhlachas Eorpach a chuspóirí a chinneadh chomh maith leis na gníomhaíochtaí is gá chun iad a shaothrú.

4. Beidh cuspóirí Comhlachais Eorpaigh ina gcineál le go n-urramófar agus go dtacófar le cur chun cinn na gcuspóirí agus na luachanna ar a bhfuil an tAontas bunaithe mar a leagtar síos in Airteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

5. Beidh Comhlachas Eorpach ballraíocht-bhunaithe agus saor chun comhdhéanamh a bhallraíochta a chinneadh. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí air sin riachtanais speisialta a chinneadh do chomhaltaí, bunaithe ar chritéir réasúnacha agus oibiachtúla agus faoi réir phrionsabal an neamh-idirdhealaithe.

---

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (IO L 53, 22.2.2007, lch. 1).

([8]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

*Airteagal 2*

***Sainmhínithe***

Chun críoch an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "neamhbhrabúsach" nach bhfuil sé mar phríomhaidhm acu brabús a ghiniúint, cé go bhféadfaí gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéanamh. I gcás ina ngintear brabús ag eagraíocht neamhbhrabúsach, déantar é a infheistiú san eagraíocht chun a cuspóirí a shaothrú, agus ní dhéantar é a dháileadh ar chomhaltaí, ar bhunaitheoirí ná ar aon pháirtithe príobháideacha eile. Ní coinníoll riachtanach é stádas sochair phoiblí a dheonú de bhun Airteagal 21 chun a mheas go bhfuil cineál neamhbhrabúsach ag eagraíocht. I gcás ina ndeonaítear stádas leasa phoiblí, áfach, measfar cuspóir an chomhlachais a bheith neamhbhrabúsach;

(b) ciallaíonn "neamhspleách", i gcás comhlachas, a bheith saor ó aon chur isteach míchuí Stáit agus gan a bheith mar chuid de struchtúr rialtais nó riaracháin. Ina leith sin, ní choiscfidh aon chistiú rialtais a fhaigheann an rialtas ná aon pháirt a ghlacadh i gcomhlacht comhairleach leis an rialtas comhlachas a bheith neamhspleách, fad nach mbeidh tionchar ag an gcistiú nó ag an rannpháirtíocht sin ar neamhspleáchas fheidhmiú agus chinnteoireacht an chomhlachais;

(c) ciallaíonn "féinrialaithe", i gcás comhlachas, struchtúr institiúideach lenar féidir gach feidhm eagraíochtúil inmheánach agus seachtrach a fheidhmiú, agus a cheadaíonn cinntí bunriachtanacha a dhéanamh go neamhspleách;

(d) ciallaíonn "leas poiblí" feabhas ar leas na sochaí nó cuid di, agus ar an gcaoi sin ag dul chun sochair leas ginearálta na sochaí;

(e) ciallaíonn "trasteorann", i gcás comhlachas, cuspóir an chomhair thrasnáisiúnta nó an chomhair thrasteorann thar theorainneacha laistigh den Aontas a shaothrú, nó gur ó dhá Bhallstát ar a laghad a thagann comhaltaí de chuid comhlachais, rud a thugann le tuiscint gur saoránaigh nó cónaitheoirí de chuid Ballstáit iad más daoine nádúrtha iad, nó go bhfuil a n-oifig chláraithe i mBallstát más daoine dlítheanacha iad;

(f) ciallaíonn "comhalta" duine nádúrtha nó dlítheanach rinne iarratas go deonach agus d'aon ghnó chun dul isteach i gcomhlachas chun tacú lena chuspóirí agus a ghníomhaíochtaí, agus a glacadh isteach sa chomhlachas bunaithe ar reachtanna an chomhlachais sin. Nuair a bhunaítear comhlachas mar thoradh ar thiontú nó ar chumasc, féadfar glacadh go cinntitheach le toilteanas na ballraíochta.

*Airteagal 3*

***Rialacha is infheidhme maidir le Comhlachais Eorpacha***

1. Beidh Comhlachais Eorpacha faoi rialú ag an Rialachán seo agus ag a reachtanna. Maidir le hábhair nach ndéileálann an Rialachán seo leo, beidh Comhlachas Eorpach faoi rialú ag dlí an Bhallstáit ina bhfuil a oifig chláraithe ag an gComhlachas Eorpach.

2. Sainaithneoidh na Ballstáit an t-eintiteas dlítheanach nó an chatagóir eintiteas dlítheanach a measfar Comhlachas Eorpach a bheith inchomparáide ina leith chun an dlí is infheidhme a shainaithint de bhun mhír 1, ar bhealach atá comhsheasmhach le forálacha agus le cuspóirí an Rialacháin seo.

*Airteagal 4*

***Comhlacht comhlachais náisiúnta***

1. Ainmneoidh na Ballstáit údarás poiblí neamhspleách ("an comhlacht comhlachais náisiúnta") agus cuirfidh siad Bord na gComhlachas Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 5 agus an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin. Beidh an comhlacht comhlachais náisiúnta freagrach as Comhlachais Eorpacha a chlárú, i gcomhréir le hAirteagal 10 agus as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus cearta agus saoirsí bunúsacha Comhlachais Eorpacha dá bhforáiltear sna Conarthaí agus faoin gCairt á gcomhlíonadh go hiomlán.

2. Cuirfidh gach comhlacht comhlachais náisiúnta le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo ar fud an Aontais. Chun críche den sórt sin, comhoibreoidh na comhlachtaí comhlachais náisiúnta le chéile, lena n-áirítear faoi chuimsiú Bhord na gComhlachas Eorpach i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 22.

*Airteagal 5*

***Bord Comhlachas Eorpach***

1. Ainmnítear Bord na gComhlachas Eorpach leis seo.

2. Beidh rúnaíocht de chúnamh ag Bord na gComhlachas Eorpach.

3. Beidh Bord na gComhlachas Eorpach comhdhéanta d'ionadaí ó gach comhlacht comhlachais náisiúnta agus de thriúr ionadaithe ón gCoimisiún.

4. Gníomhóidh Bord na gComhlachas Eorpach go neamhspleách agus é ag déanamh a chúraimí agus ag feidhmiú a chumhachtaí.

5. D'fhonn a áirithiú go gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach, déanfaidh Bord na gComhlachas Eorpach an méid seo a leanas:

(a) foirmeacha coiteanna nó uirlisí eile a fhorbairt, i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis na comhlachtaí comhlachais náisiúnta, chun tacú le clárú leictreonach Comhlachas Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 10;

(b) bunachar sonraí digiteach na gComhlachas Eorpach a chur ar bun agus a bhainistiú ar leibhéal an Aontais mar uirlis chun críoch faisnéise agus staidrimh, agus chun tacú le hidirphlé sibhialta struchtúrtha faoi ábhair an Aontais;

(c) fógraí cláraithe, díscaoilte agus cinntí ábhartha eile a bhaineann le Comhlachais Eorpacha chun críocha a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mar a fhoráiltear sa Rialachán seo;

(d) measúnú a dhéanamh ar leorgacht shainaithint na n-eintiteas dlíthiúil inchomparáide ag na Ballstáit de bhun Airteagal 3(2);

(e) gearáin a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a ghlacadh, a scrúdú agus bearta leantacha a dhéanamh ina leith, gan dochar do chúraimí na gcomhlachtaí comhlachais náisiúnta;

(f) breith a thabhairt ar achomhairc, más iomchuí trína choiste achomhairc de réir Airteagail 10 agus 11;

(g) scrúdóidh sé aon cheist a bhaineann leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus rachaidh sé i gcomhairle leis na páirtithe lena mbaineann agus le geallsealbhóirí agus saineolaithe ábhartha, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do chomhalta dá chuid nó don Choimisiún,

(h) treoirlínte agus moltaí a eisiúint, agus dea-chleachtais a shainaithint do chomhlachtaí comhlachais náisiúnta agus do Chomhlachais Eorpacha chun a áirithiú go gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach;

(i) tuairimí agus moltaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ar a thionscnamh féin, nó arna iarraidh sin do chomhalta dá chuid nó don Choimisiún, agus tar éis dul i gcomhairle le páirtithe ábhartha, le geallsealbhóirí agus le saineolaithe, maidir le haon saincheist a bhaineann le Comhlachais Eorpacha nó a bhaineann le bearta a eascraíonn as an Treoir maidir le hÍoschaighdeáin;

(j) tuairimí agus moltaí a sholáthar don Choimisiún maidir le cistí struchtúracha agus oibríochtúla atá dírithe ar an tsochaí shibhialta a mhaoiniú, idirphlé sibhialta a eagrú, chomh maith le cearta agus luachanna an Aontais a chosaint agus a chur chun cinn mar atá cumhdaithe in CAE, in CFAE agus sa Chairt, d'fhonn sochaithe oscailte, cearta-bhunaithe, daonlathacha, comhionanna agus cuimsitheacha bunaithe ar an smacht reachta a chothú agus a chur chun cinn;

(k) comhar agus malartú éifeachtach déthaobhach agus iltaobhach na faisnéise agus na ndea-chleachtas a chur chun cinn leis na comhlachtaí comhlachais náisiúnta agus eatarthu;

(l) cláir chomhchoiteanna oiliúna a chur chun cinn agus malartuithe pearsanra idir comhlachtaí comhlachais náisiúnta a éascú.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

6. Beidh Bord na gComhlachas Eorpach cuntasach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, agus cuirfidh sé tuarascáil bhliantúil ar a ghníomhaíochtaí chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

7. Déanfar pléití Bhord na gComhlachas Eorpach agus a chomhaltaí a rialú le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]).

8. Glacfaidh Bord na gComhlachas Eorpach a rialacha nós imeachta féin agus eagróidh sé a shocruithe oibríochtúla féin.

9. Féadfaidh Bord na gComhlachas Eorpach cuireadh a thabhairt d'ionadaithe ó Ghníomhaireachtaí Eorpacha ábhartha agus ó shaineolaithe neamhspleácha ábhartha, go háirithe ón saol acadúil agus ón tsochaí shibhialta, chuig a chruinnithe agus dul i gcomhairle leo ar bhonn rialta.

## *Caibidil II*

## *Bunú agus clárú*

*Airteagal 6*

### *Bunú*

1. Déanfar Comhlachas Eorpach a bhunú:

(a) trí chomhaontú triúr comhaltaí bunaitheacha ar a laghad; Tiocfaidh na comhaltaí bunaidh ó dhá Bhallstát ar a laghad, a thugann le tuiscint gur saoránaigh nó cónaitheoirí de chuid Ballstáit iad más daoine nádúrtha iad, nó beidh a n-oifig chláraithe acu i mBallstát más daoine dlítheanacha iad; nó

(b) mar thoradh ar eintiteas atá ann cheana a bunaíodh faoi dhlí Ballstáit a chomhlíonann na coinníollacha céanna le pointe (a) agus a bhfuil a oifig chláraithe laistigh den Aontas a thiontú ina Chomhlachas Eorpach; nó

(c) mar thoradh ar chumasc idir ar a laghad dhá Chomhlachas Eorpacha atá ann cheana; nó

(d) mar thoradh ar chumasc idir aon Chomhlachas Eorpach amháin ar a laghad atá ann cheana agus eintiteas amháin ar a laghad a bhaineann leis na catagóirí a shainaithnítear de bhun Airteagal 3(2); nó

(e) mar thoradh ar chumasc idir ar a laghad dhá eintiteas arna sainaithint de bhun Airteagal 3(2), a bunaíodh faoi dhlí na mBallstát agus a bhfuil a n-oifig chláraithe acu laistigh den Aontas, ar choinníoll go bhfuil ar a laghad triúr comhalta ag na heintitis sin le chéile agus go dtagann na comhaltaí sin ó dhá Bhallstát éagsúla ar a laghad.

2. Féadfaidh Ballstát foráil a dhéanamh go bhféadfaidh eintiteas as measc na n-eintiteas sin arna sainaithint de bhun Airteagal 3(2) agus nach bhfuil a oifig chláraithe san Aontas a bheith rannpháirteach i bhfoirmiú Comhlachais Eorpaigh, ar choinníoll go mbunófar eintiteas den sórt sin i gcomhréir le dlí Ballstáit, go mbeidh oifig chláraithe aige sa Bhallstát sin agus go mbeidh nasc eacnamaíoch, sóisialta nó cultúrtha inléirithe agus leanúnach aige leis an mBallstát sin.

3. Déanfar foirmiú Comhlachais Eorpaigh a fhorghníomhú trí chomhaontú i scríbhinn idir na comhaltaí bunaitheacha uile nó trí mhiontuairiscí scríofa ina ndéanfar an cruinniú bunaitheach arna shíniú ag na comhaltaí bunaitheacha uile a dhoiciméadú agus a fhíorú go cuí má cheanglaítear an fíorú sin leis an dlí náisiúnta chun comhlachais a fhoirmiú.

4. Le himeacht comhalta bunaidh ó Chomhlachas Eorpach, ní thiocfaidh de go huathoibríoch go ndéanfar an Comhlachas Eorpach a fhoirceannadh nó a dhíscaoileadh, ar choinníoll go leanfaidh sé de bheith i mbun a ghníomhaíochtaí bunaithe ar chomhaontú líon na ndaoine dá dtagraítear i mír 1a ar a laghad.

5. Ní úsáidfear foirmiú Comhlachais Eorpaigh ná aon phróisis athstruchtúraithe chun an bonn a bhaint ó chearta oibrithe nó ó chearta ceardchumainn nó de dhálaí oibre. I gcomhréir leis na comhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme agus leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais, leanfar de na hoibleagáidí maidir le fostaithe agus creidiúnaithe a chomhlíonadh agus cuirfear fostaithe, saorálaithe, ceardchumainn agus ionadaithe oibrithe ar an eolas go cuí agus rachfar i gcomhairle leo. Déanfar comhaontuithe comhchoiteanna agus cearta ionadaíochta ar leibhéal an bhoird oibrithe a urramú agus a choimeád, i gcás inarb infheidhme.

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

*Airteagal 7*

***Ballraíocht***

Beidh saoirse ag Comhlachais Eorpacha idirdhealú a dhéanamh idir comhaltaí iomlána agus catagóirí eile comhaltaí. Le reachtanna Comhlachais Eorpaigh, cinnfear cearta agus oibleagáidí na gcatagóirí comhaltaí sin, go háirithe maidir lena gceart vótála.

*Airteagal 8*

***Reachtanna***

1. Déanfaidh na comhaltaí bunaidh reachtanna an Chomhlachais Eorpaigh a dhréachtú agus a shíniú tráth a bhunaithe nó ag a chruinniú bunaithe.

2. Beidh sna reachtanna an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad maidir leis an gComhlachas Eorpach:

(a) a ainm, agus an giorrúchán "EA" roimhe nó ina dhiaidh;

(b) ráiteas beacht ar a chuspóirí, a chineál neamhbhrabúsacha agus, i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar a chuspóirí a bhaineann leis an leas poiblí;

(c) seoladh a hoifige cláraithe;

(d) a sócmhainní tráth a foirmithe;

(e) ainm agus seoladh oifigí cláraithe a chomhaltaí bunaidh, i gcás inar daoine dlítheanacha iad sin;

(f) na coinníollacha agus na nósanna imeachta chun a chomhaltaí a ligean isteach, a dhíbirt agus chun go n-éireoidís as;

(g) cearta agus oibleagáidí a chomhaltaí, agus na gcatagóirí éagsúla comhaltaí, más ann dóibh, agus cearta agus oibleagáidí na gcomhaltaí i ngach catagóir;

(h) na forálacha lena rialaítear líon chomhaltaí a Bhoird Stiúrthóirí, comhdhéanamh, ceapadh agus dífhostú an Bhoird Stiúrthóirí, na coinníollacha maidir le himeachtaí a thionscnamh, thar ceann an chomhlachais, i gcoinne chomhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí, mar aon leis na forálacha lena rialaítear feidhmiú an Bhoird Stiúrthóirí, a chumhachtaí agus a fhreagrachtaí, lena n-áirítear na cumhachtaí ionadaíochta i ndáil le déileáil le tríú páirtithe;

(i) na forálacha lena rialaítear feidhmiú, cumhachtaí agus freagrachtaí a Chomhthionóil Ghinearálta, dá dtagraítear in Airteagal 16, lena n-áirítear riachtanais tromlaigh agus chóraim;

(j) na forálacha a bhaineann le cearta agus oibleagáidí na gcomhaltaí, lena n-áirítear cearta vótála agus cearta chun tairiscintí a thíolacadh;

(k) na forais agus na nósanna imeachta chun é a dhíscaoileadh go deonach;

(l) a ghealltanas sainráite luachanna an Aontais, mar a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE iad, a urramú;

(m) cibé acu a dhiúscraíonn nó nach ndiúscraíonn sé caipiteal bunaidh agus, más amhlaidh atá, méid an chaipitil sin;

(n) a mhinice a ghairmfear a Chomhthionól Ginearálta. agus

(o) dáta glactha na reachtanna agus an nós imeachta chun iad a leasú.

*Airteagal 9*

***Oifig chláraithe***

1. Beidh oifig chláraithe Comhlachais Eorpaigh suite laistigh de chríoch an Aontais, san áit a sonraítear ina reachtanna. Beidh an oifig chláraithe suite san áit ina bhfuil riarachán lárnach an Chomhlachais Eorpaigh nó ina bhfuil a phríomháit ghníomhaíochta san Aontas.

2. I gcás Comhlachas Eorpach a bhunú trí thiontú de bhun Airteagal 6(1), pointe (b), cinnfidh a chomhaltaí an bhfuil oifig chláraithe an Chomhlachais Eorpaigh le fanacht sa Bhallstát inar cláraíodh an t-eintiteas bunaidh, nó an amhlaidh a bhogfar go Ballstát eile í.

3. I gcás Comhlachas Eorpach a bhunú trí chumasc de bhun Airteagal 6(1), pointe (c), (d) nó (e), cinnfidh a chomhaltaí cé acu de na Ballstáit ina bhfuil na heintitis chumaisc cláraithe ina bhfuil oifig chláraithe an Chomhlachais Eorpaigh le suí.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

*Airteagal 10*

***Clárú***

1. Déanfaidh comhaltaí bunaitheacha Comhlachais Eorpaigh, laistigh de 30 lá ó dháta fhoirmiú an Chomhlachais Eorpaigh dá bhforáiltear in Airteagal 6(3), iarratas ar chlárú a chur faoi bhráid chomhlacht na gcomhlachas náisiúnta.

2. Tar éis dó a fhíorú go bhfuil na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo á gcomhlíonadh ag na hiarratasóirí, déanfaidh an comhlacht comhlachais náisiúnta cinneadh maidir le clárú an Chomhlachais Eorpaigh, laistigh de 30 lá tar éis dó an t-iarratas a fháil.

3. Ní dhéanfaidh na Ballstáit tuilleadh ceanglas clárúcháin a fhorchur ná na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.

4. Má ghlacann an comhlacht comhlachais náisiúnta leis an iarratas, cláróidh sé an Comhlachas Eorpach sa chlár náisiúnta iomchuí agus cuirfidh sé a chinneadh in iúl do Bhord na gComhlachas Eorpach laistigh de 15 lá, agus áireofar an Comhlachas Eorpach sa bhunachar sonraí digiteach de chuid Comhlachais Eorpacha arna bhunú de bhun Airteagal 5(5), pointe (b). Laistigh den tréimhse ama chéanna, cuirfidh an comhlacht comhlachais náisiúnta a chinneadh in iúl freisin d'Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, a áiritheoidh ansin go bhfoilseofar an fhaisnéis gan mhoill in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

5. Más rud é, laistigh de 30 lá ón dáta ar cuireadh isteach an t-iarratas ar chlárú, gur diúltaíodh don iarratas nó nár cinneadh air é, féadfaidh an t-iarratasóir, laistigh de 15 lá ón gcinneadh diúltaithe a fháil nó ar dhul in éag na tréimhse 30 lá chun cinneadh a dhéanamh, achomharc a dhéanamh chuig an gCoiste Achomhairc arna bhunú faoi Airteagal 11.

Déanfaidh an Coiste Achomhairc cinneadh maidir leis an iarratas ar chlárú laistigh de 30 lá ón achomharc.

Má cheadaíonn an Coiste Achomhairc an t-iarratas ar chlárú nó má mhainníonn sé cinneadh a thabhairt laistigh de 30 lá, rachaidh comhlacht na gcomhlachas náisiúnta ar aghaidh leis an gclárú laistigh de 15 lá ón gcinneadh sin nó mainneachtain gníomhú.

Déanfar aon chinneadh chun iarratas ar chlárú a dhiúltú a chur in iúl do na hiarratasóirí, agus áireofar ann forais chuí-réasúnaithe leis an diúltú.

6. Nuair a chuirfear san áireamh sa chlárlann náisiúnta iomchuí de bhun mhír 4, beidh éifeacht ag clárú Comhlachais Eorpaigh ar fud an Aontais.

7. Déanfar an clárú trí na foirmeacha coiteanna clárúcháin nó trí uirlisí eile dá dtagraítear in Airteagal 5. Beidh an nós imeachta clárúcháin leictreonach agus inrochtana agus lamhálfaidh sé d'iarratasóirí an teanga oifigiúil nó ceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit a úsáid an áit a bhfuil a oifig chláraithe ag an gComhlachas Eorpach. Ní bheidh táillí clárúcháin níos airde ná na táillí is infheidhme maidir leis na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(2) agus ní bheidh siad níos airde ná na costais riaracháin ná ní bheidh siad ina n-ualach airgeadais míchuí, faoi réir phrionsabal na comhréireachta. Cuirfidh na comhlachtaí comhlachais náisiúnta ar a gcumas clárú trí mhodhanna neamhleictreonacha.

8. Ar iarratas a fháil ó Chomhlachas Eorpach maidir le stádas sochair phoiblí a dheonú, déanfaidh na comhlachtaí comhlachais náisiúnta measúnú ar an iarratas i ndáil leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo. Ní fhorchuirfidh na comhlachtaí comhlachais náisiúnta aon cheanglais seachas na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.

9. Déanfaidh an comhlacht comhlachais náisiúnta, laistigh de 15 lá ón iarratas ar stádas sochair phoiblí a fháil, cinneadh ceangailteach a ghlacadh maidir leis an iarratas. Féadfar síneadh 15 lá a chur leis an tréimhse sin i gcásanna cuí-réasúnaithe, i gcás ina mbeidh gá le tuilleadh scrúdaithe nó ina n-iarrfar tuairim ó Bhord na gComhlachas Eorpach chun measúnú a dhéanamh ar an iarratas. Cuirfidh an comhlacht comhlachais náisiúnta an Comhlachas Eorpach ar an eolas láithreach faoi ré aon sínte ar an tréimhse tosaigh 15 lá agus faoi na forais a bheidh léi.

10. Má ghlacann comhlacht náisiúnta na gcomhlachas leis an iarratas ar stádas sochair phoiblí, cláróidh sé an cinneadh sin sa chlár náisiúnta iomchuí agus cuirfidh sé a chinneadh in iúl do Bhord na gComhlachas Eorpach laistigh de 15 lá, agus déanfaidh an Bord sin stádas tairbhe poiblí an Chomhlachais Eorpaigh a áireamh i mbunachar sonraí digiteach na gComhlachas Eorpach arna bhunú de bhun Airteagal 5(5), pointe (b). Laistigh den tréimhse chéanna, cuirfidh an comhlacht comhlachais náisiúnta a chinneadh in iúl freisin d'Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, a áiritheoidh ansin go bhfoilseofar an fhaisnéis gan mhoill in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

11. Nuair a chuirfear san áireamh sa chlárlann náisiúnta iomchuí de bhun mhír 10, beidh éifeacht ag an gcinneadh a glacadh maidir leis an stádas chun tairbhe don phobal ar fud an Aontais.

12. I gcás inar diúltaíodh don iarratas ar stádas sochair phoiblí nó nár cinneadh é laistigh den tréimhse dá dtagraítear i mír 9, féadfaidh an t-iarratasóir, laistigh de 15 lá ón gcinneadh diúltaithe a fháil, achomharc a dhéanamh chuig an gCoiste Achomhairc, nó, nuair a rachaidh an tréimhse chun cinneadh a dhéanamh in éag, an t-iarratas a tharchur chuig an gCoiste Achomhairc arna bhunú faoi Airteagal 11.

Déanfaidh an Coiste Achomhairc cinneadh laistigh de 15 lá ón achomharc nó ó tharchur an iarratais, nó laistigh de 30 lá i gcásanna cuí-réasúnaithe.

Má fhormheasann an Coiste Achomhairc an t-iarratas ar stádas sochair phoiblí nó má mhainníonn sé cinneadh a dhéanamh laistigh den tréimhse dá bhforáiltear sa chéad fhomhír, rachaidh comhlacht na gcomhlachas náisiúnta ar aghaidh leis an stádas sochair phoiblí a dheonú laistigh de 15 lá ón gcinneadh sin nó ón mainneachtain gníomhú.

Déanfar aon chinneadh chun iarratas ar chlárú a dhiúltú a chur in iúl do na hiarratasóirí, agus áireofar ann forais chuí-réasúnaithe leis an diúltú.

13. Féadfaidh na comhaltaí bunaitheacha de Chomhlachas Eorpach a chinneadh iarratas ar chlárú agus ar stádas sochair phoiblí a chur isteach ag an am céanna, agus sa chás sin déileálfar leis an gcinneadh maidir leis an dá cheann mar chinneadh amháin agus beidh feidhm ag na tréimhsí is faide.

### *Airteagal 11*

### *An Coiste Achomhairc*

1. Faoin… […  mí/mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh Bord na gComhlachas Eorpach Coiste Achomhairc a chur ar bun, ar a mbeidh ionadaí amháin in aghaidh an Bhallstáit, móide ionadaí amháin ón gCoimisiún. Is é an t-ionadaí don Choimisiún a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach.

2. Is é an Coimisiún a sholáthróidh rúnaíocht do Bhord na gCumann Eorpach.

3. Is é cathaoirleach an Choiste Achomhairc a chomórfaidh an Coiste Achomhairc agus glacfar a chinntí trí thromlach glan dá chomhaltaí.

### *Airteagal 12*

### *Oifig chláraithe a aistriú*

1. Féadfar oifig chláraithe Chomhlachais Eorpaigh a aistriú chuig Ballstát eile i gcomhréir leis an Airteagal seo. Áiritheoidh na Ballstáit nach ann d'aon bhacainní ar aistriú sócmhainní agus doiciméad de chuid an Chomhlachais Eorpaigh a bhfuil a oifig chláraithe á haistriú aige. Ní bheidh de thoradh ar an aistriú sin go ndéanfar aon athruithe ar reachtanna an chomhlachais Eorpaigh seachas na cinn dá bhforáiltear san Airteagal seo, nó ar an gComhlachas Eorpach a fhoirceannadh, nó go gcruthófar duine dlítheanach nua, ná ní dhéanfaidh an t-aistriú sin difear d'aon chearta agus oibleagáidí a bhí ann roimh an aistriú, seachas na cearta agus na hoibleagáidí sin a bhfuil dlúthbhaint acu leis an aistriú.

2. Déanfaidh Bord Stiúrthóirí an Chomhlachais Eorpaigh togra aistrithe a tharraingt suas agus foilseofar é i gcomhréir le rialacha náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil an oifig chláraithe suite.

3. I dtogra i leith aistriú arna tharraingt suas faoi mhír 2, beidh mionsonraí maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an oifig chláraithe atá beartaithe agus an t-ainm beartaithe sa Bhallstát cinn scríbe;

(b) ainm agus seoladh an Bhallstáit tionscnaimh;

(c) na reachtanna leasaithe atá beartaithe, lena n-áirítear ainm nua an Chomhlachais Eorpaigh, i gcás inarb infheidhme;

(d) an tráthchlár atá beartaithe don aistriú; agus

(e) iarmhairtí dlíthiúla agus eacnamaíocha ionchasacha an aistrithe.

4. Ní dhéanfar aon chinneadh aistriú go ceann 2 mhí tar éis fhoilsiú an togra. Beidh na cinntí maidir le haistriú faoi rialú ag na coinníollacha a leagtar síos chun na reachtanna an Chomhlachais Eorpaigh a leasú.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

5. Beidh sé de cheart ag creidiúnaithe agus sealbhóirí cearta eile *vis-à-vis* an Comhlachas Eorpach a bhí ann roimh fhoilsiú an togra aistrithe a cheangal ar an gComhlachas Eorpach ráthaíochtaí iomchuí a sholáthar dóibh. Beidh soláthar na ráthaíochtaí sin faoi rialú ag dlí náisiúnta an Bhallstáit ina raibh a oifig chláraithe ag an gComhlachas Eorpach roimh an aistriú. Féadfaidh na Ballstáit cur i bhfeidhm na forála sin a leathnú chun go n-áireofaí fiacha arna dtabhú ag an gComhlachas Eorpach le heintitis phoiblí roimh dháta an aistrithe.

6. Eiseoidh an t-údarás inniúil sa Bhallstát ina bhfuil a oifig chláraithe ag an gCumann Eorpach deimhniú chun a admháil go bhfuil na gníomhartha agus na foirmiúlachtaí a theastaíonn roimh an aistriú críochnaithe i gceart.

7. Ní dhéanfar an clárú nua go dtí go mbeidh an deimhniú dá bhforáiltear i mír 8 tugtha ar aird. Tiocfaidh aistriú oifig chláraithe an Chomhlachais Eorpaigh agus an t-athrú a reachtanna mar thoradh air sin i bhfeidhm ar an dáta a chlárófar an t-aistriú de bhun Airteagal 10.

8. Féadfaidh Ballstát, maidir le Comhlachais Eorpacha a bhfuil a n-oifig chláraithe acu ar a chríoch, aistriú na hoifige cláraithe a dhiúltú, i gcás agóid fhoirmiúil arna thaisceadh ag údarás inniúil ainmnithe laistigh den tréimhse dhá mhí a shonraítear i mír 6. Ní fhéadfar agóid den sórt sin a thaisceadh ach amháin má tá bunús léi ar fhorais na slándála poiblí, agus cuirfear in iúl í do chomhlacht comhlachais náisiúnta an Bhallstáit cinn scríbe agus don Bhord Eorpach Comhlachais.

9. Má dhiúltaítear d'aistriú na hoifige cláraithe de bhun mhír 8, féadfaidh an Comhlachas Eorpach, laistigh de 15 lá ón gcinneadh diúltaithe a fháil, achomharc a dhéanamh chuig an gCoiste Achomhairc arna bhunú faoi Airteagal 11. Déanfaidh an Coiste Achomhairc cinneadh laistigh de 15 lá, nó laistigh de 30 lá i gcásanna cuí-réasúnaithe, i gcás inar gá an t-iarratas a scrúdú tuilleadh.

10. Má fhormheasann an Coiste Achomhairc an t-aistriú nó má mhainníonn sé déanamh amhlaidh laistigh den tréimhse dá bhforáiltear i mír 11, déanfaidh comhlacht comhlachais náisiúnta na mBallstát inniúil an t-aistriú a fhormheas laistigh de 15 lá ón gcinneadh sin nó ón neamhghníomh sin.

Déanfar aon chinneadh aistriú a dhiúltú a chur in iúl do na hiarratasóirí agus beidh forais chuí-réasúnaithe leis an gcinneadh ag gabháil leis.

11. Má thagann aistriú oifige cláraithe chun bheith ina oifig chríochnaitheach, déanfaidh comhlacht comhlachais náisiúnta an Bhallstáit ina raibh a oifig chláraithe ag an gComhlachas Eorpach roimh an aistriú an fhaisnéis sin a chur in iúl laistigh de 15 lá do chomhlacht comhlachais náisiúnta an Bhallstáit a bhfuil sé beartaithe ag an gComhlachas Eorpach a oifig chláraithe a aistriú chuige agus chuig Bord na gComhlachas Eorpach. Tráth nach déanaí ná 15 lá tar éis dó an fhaisnéis sin a fháil, áireoidh an Ballstát an Comhlachas Eorpach sa chlár náisiúnta iomchuí, comhlacht comhlachais náisiúnta an chinn scríbe. Áiritheoidh Bord na gComhlachas Eorpach go bhfoilseofar sonraí an aistrithe i mbunachar sonraí digiteach na gComhlachas Eorpach agus in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tráth nach déanaí ná 15 lá tar éis dó an teachtaireacht a fháil ón mBallstát ina raibh oifig chláraithe an Chomhlachais Eorpaigh roimh an aistriú. Tiocfaidh aistriú oifig chláraithe an Chomhlachais Eorpaigh i bhfeidhm agus féadfar brath air i gcoinne tríú páirtithe amhail ar an dáta a chuirfear an Comhlachas Eorpach san áireamh i gclárlann náisiúnta Bhallstát a oifige cláraithe nua.

12. Ní fhéadfaidh Comhlachas Eorpach atá faoi réir díscaoileadh, foirceannadh, leachtaithe, dócmhainneachta, fionraí íocaíochtaí nó nósanna imeachta eile den sórt sin a oifig chláraithe a aistriú

*Airteagal 13*

***Pearsantacht dhlítheanach***

1. Gheobhaidh Comhlachas Eorpach pearsantacht dhlítheanach i ngach Ballstát ar é a chlárú mar Chomhlachas Eorpach sa chlárlann náisiúnta iomchuí.

2. Tar éis an fhógra clárúcháin ach sula gcuirtear san áireamh sa chlár náisiúnta iomchuí é, féadfaidh an Comhlachas Eorpach a chearta mar dhuine dlítheanach a fheidhmiú má úsáideann sé "an Comhlachas Eorpach i bhfoirmíocht" mar chuid dá ainm, agus i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta maidir le maoirseacht réamhchúraim is infheidhme maidir le comhlachais intíre sa Bhallstát ina bhfuil a oifig chláraithe ag an gComhlachas Eorpach le linn a fhoirmithe. Más rud é, sula bhfuarthas pearsantacht dhlítheanach, go ndearnadh caingne in ainm an Chomhlachais Eorpaigh agus mura nglacann an Comhlachas Eorpach leis na hoibleagáidí a eascraíonn as na caingne sin, beidh na daoine nádúrtha nó dlítheanacha a dhéanann na caingne sin faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach dóibh, mura bhforáiltear a mhalairt le rialacha náisiúnta is infheidhme an Bhallstáit ina bhfuil a oifig chláraithe ag an gCumann Eorpach le linn a bhunaithe.

3. Ón… [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ní fhéadfaidh ach na comhlachais Eorpacha a fhoirmeofar agus a chlárófar de bhun an Rialacháin seo an ainmníocht “Comhlachas Eorpach” a áireamh ina n-ainm, i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe. Beidh cead acu déanamh amhlaidh tar éis iad a áireamh sa chlár náisiúnta iomchuí de bhun Airteagal 10(4).

4. Mar dhaoine dlítheanacha, beidh sé de chumas ag Comhlachais Eorpacha na cumhachtaí, na cearta agus na hoibleagáidí is gá chun go saothrófaí a gcuspóirí a fheidhmiú, faoina n-ainm féin, faoi na coinníollacha céanna le heintiteas dlítheanach ina measc siúd a shainaithnítear de bhun Airteagal 3(2) den Rialachán seo maidir leis an dlí is infheidhme agus a bunaíodh i gcomhréir le dlí an Bhallstáit ina bhfuil a oifig chláraithe ag an gComhlachas Eorpach.

5. De thoradh pearsantacht dhlítheanach a bheith faighte aige, gheobhaidh Comhlachas Eorpach an ceart agus an inniúlacht chun:

(a) conarthaí a thabhairt i gcrích agus gníomhartha eile dlí a dhéanamh, lena n-áirítear maoin shochorraithe agus dhochorraithe a fháil;

(b) cistí a thiomsú chun tacú lena gníomhaíochtaí neamhbhrabúsacha;

(c) tabhartais agus leagáidí a fháil;

(d) foireann a fhostú

(e) a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlí; agus

(f) rochtain a fháil ar sheirbhísí airgeadais.

*Airteagal 14*

***Comhlachtaí rialachais***

1. Beidh saoirse ag Comhlachas Eorpach a struchtúir bhainistíochta inmheánacha agus a rialachas a chinneadh ina reachtanna, faoi réir fhorálacha eile an Rialacháin seo. Beidh na struchtúir sin agus an rialachas sin i gcomhréir, in aon chás, le prionsabail dhaonlathacha agus le luachanna bunúsacha an Aontais.

2. Beidh Comhlachas Eorpach faoi rialú ag dhá chomhlacht ar a laghad, an Bord Stiúrthóirí agus an Comhthionól Ginearálta.

3. Féadfaidh an Bord Stiúrthóirí nó an Comhthionól Ginearálta comhlachtaí rialachais eile a chur ar bun, faoi na coinníollacha agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo agus i reachtanna an Chomhlachais Eorpaigh.

*Airteagal 15*

***An Bord Stiúrthóirí***

1. Déanfaidh an Bord Stiúrthóirí bainistiú ar an gComhlachas Eorpach ar mhaithe le leasanna an Chomhlachais Eorpaigh agus chun a chuspóirí a bhaint amach, mar a fhoráiltear i reachtanna an Chomhlachais Eorpaigh.

2. Is é an Tionól Ginearálta a cheapfaidh an Bord Stiúrthóirí, i gcomhréir leis na reachtanna. Cuirfear faisnéis faoi chomhdhéanamh an Bhoird Stiúrthóirí ar fáil do chomhlacht na gcomhlachas náisiúnta laistigh de thrí mhí ó dháta a thofa. Cuirfidh an comhlacht comhlachais náisiúnta Bord na gComhlachas Eorpach ar an eolas faoi sin. Cuirfear aon athruithe ar an gcomhdhéanamh ar fáil ar an mbealach céanna. Cuirfidh an Comhlachas Eorpach an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí.

3. Beidh duine neamh-incháilithe le bheith ina chomhalta den Bhord Stiúrthóirí, nó cumhachtaí a bheith tugtha dóibh, nó freagrachtaí bainistíochta nó ionadaíochta a thabhairt dó de bhun mhír 6 thíos má tá siad dícháilithe chun fónamh ar bhord, nó comhlacht comhchosúil eile bainistíochta nó maoirseachta eintitis dhlítheanaigh mar gheall ar na nithe seo a leanas:

(a) dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta is infheidhme maidir leis an duine sin;

(b) dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta is infheidhme maidir leis na heintitis dhlítheanacha a shainaithnítear de bhun Airteagal 3(2) sa Bhallstát ina bhfuil a oifig chláraithe ag an gComhlachas Eorpach; nó

(c) cinneadh breithiúnach nó riaracháin arna ghlacadh nó arna aithint i mBallstát.

4. Faoi raon feidhme na bhfeidhmeanna a chuirtear ina leith leis an Rialachán seo agus le reachtanna an Chomhlachais Eorpaigh, beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna ar gach comhalta den Bhord Stiúrthóirí.

5. Féadfaidh an Bord Stiúrthóirí cumhachtaí nó freagrachtaí bainistíochta a tharmligean chuig coistí comhdhéanta de chomhalta amháin nó níos mó de chomhaltaí an Chomhlachais Eorpaigh. Glacfaidh na reachtanna nó an Comhthionól Ginearálta coinníollacha maidir le feidhmiú an tarmligin sin.

6. Féadfaidh an Bord Stiúrthóirí gnáthchruinnithe agus cruinnithe urghnácha a thionól. Faoi chuimsiú a ghnáthchruinnithe, tiocfaidh an Bord Stiúrthóirí le chéile i gceann tréimhsí arna leagan síos le reachtanna an Chomhlachais Eorpaigh agus dhá uair sa bhliain ar a laghad, chun na cuntais, na gníomhaíochtaí agus na hionchais intuartha i dtionscadail an Chomhlachais Eorpaigh a phlé.

7. Déanfaidh an Bord Stiúrthóirí, uair sa bhliain, tuarascáil a tharraingt suas ar chuntais agus ar ghníomhaíochtaí an Chomhlachais Eorpaigh, a tharchuirfidh sí chuig an gcomhlacht comhlachas náisiúnta agus chuig Údarás na gComhlachas Eorpach. Cuirfidh an Comhlachas Eorpach an tuarascáil bhliantúil sin ar fáil go poiblí freisin.

8. Gan dochar d'Airteagal 22(2) agus a mhéid atá feidhm aige maidir leis na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(2), tarraingeoidh an Bord Stiúrthóirí suas, uair sa bhliain, ráiteas airgeadais maidir le cuntais an Chomhlachais Eorpaigh, lena n-áirítear léiriú ar an ioncam a gineadh le gníomhaíochtaí eacnamaíocha, agus cistí amhail creidmheasanna agus iasachtaí bainc, agus tabhartais nó fáil neamhchúitithe airgid thirim nó maoine le linn na bliana féilire roimhe sin, mar aon le meastachán ar bhuiséad don bhliain airgeadais atá le teacht. I gcomhréir leis an dlí náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar an mBord Stiúrthóirí an ráiteas airgeadais a nochtadh don údarás inniúil agus do chomhaltaí an chomhlachais. Sa chás sin, féadfaidh comhaltaí a iarraidh ar an mBord Stiúrthóirí tuilleadh faisnéise a sholáthar, lena n-áirítear faisnéis faoi na foinsí maoinithe. Ní fhéadfaidh na Feisirí é sin a dhéanamh ach amháin i gcás, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an ráiteas airgeadais bliantúil, gur gá sin a dhéanamh chun críocha trédhearcachta agus cuntasachta, agus ar choinníoll go bhfuil sé comhréireach. Chuige sin, ceanglófar ar Chomhlachas na hEorpa taifid iomlána agus chruinne a choimeád ar gach idirbheart airgeadais, amhail dá dtagraítear in Airteagal 23(1).

9. Beidh sé de chumhacht ag comhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí ionadaíocht a dhéanamh ar an gCumann Eorpach agus iad ag déileáil le tríú páirtithe agus in imeachtaí dlí, laistigh de na teorainneacha agus faoi na coinníollacha a bhunaítear ina reachtanna. I gcás ina dtugtar an t-údarás chun ionadaíocht a dhéanamh ar an gComhlachas Eorpach agus é ag déileáil le tríú páirtithe ar dhá chomhalta nó níos mó, feidhmeoidh na daoine sin an t-údarás sin le chéile.

10. Ceanglóidh aon ghníomhartha a dhéanfaidh comhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí thar ceann an Chomhlachais Eorpaigh an Comhlachas Eorpach *vis-à-vis* tríú páirtithe, ar choinníoll nach sáraíonn siad na cumhachtaí a thugann an Bord Stiúrthóirí leis an dlí is infheidhme, nó a thugtar go dleathach don Bhord Stiúrthóirí de réir reachtanna an Chomhlachais Eorpaigh.

*Airteagal 16*

***Comhthionól Ginearálta***

1. Tabharfar Comhthionól Ginearálta ar chruinniú ginearálta an Chomhlachais Eorpaigh lena mbailítear na comhaltaí go léir.

2. Comórfaidh an Bord Stiúrthóirí an Comhthionól Ginearálta i gcomhréir le reachtanna an Chomhlachais Eorpaigh.

3. Cuirfear Comhaltaí Ginearálta ar an eolas faoi Comhthionól Ginearálta tráth nach déanaí ná 15 lá roimh an dáta a bheidh socraithe don Chomhthionól Ginearálta.

4. Féadfaidh an Bord Stiúrthóirí Comhthionól Ginearálta a chomóradh aon tráth, ar a thionscnamh féin nó ar iarratas ó cheathrú cuid ar a laghad de na comhaltaí. Féadfaidh na reachtanna tairseach níos ísle a leagan síos.

5. Féadfar an Comhthionól Ginearálta a thionól le comhaltaí atá i láthair go fisiciúil, atá i láthair ar líne, nó mar theaglaim den dá rud, gan difear a dhéanamh do bhailíocht an Comhthionóil Ghinearálta, ná do bhailíocht na gcinntí a ghlactar. Cinnfidh an Bord Stiúrthóirí cé acu de na trí fhoirm a úsáidfear do gach Comhthionól Ginearálta, mura molfaidh tromlach chomhaltaí an chomhlachais foirm eile.

6. Luafar san iarraidh Chomhthionól Ginearálta ar chruinniú na cúiseanna lena thionól agus na míreanna atá le háireamh ar an gclár oibre.

7. Beidh sé de cheart ag gach ball faisnéis a fháil agus rochtain a fháil ar dhoiciméid, de réir na rialacha a leagtar síos sna reachtanna, roimh gach Comhthionól Ginearálta.

8. Beidh sé de cheart ag gach comhalta páirt a ghlacadh sa Chomhthionól Ginearálta, labhairt agus tairiscintí a chur isteach.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

9. Déanfar ceart vótála na gcomhaltaí agus tairiscintí a thíolacadh sa Chomhthionól Ginearálta a fheidhmiú i gcomhréir le reachtanna an Chomhlachais Eorpaigh, i gcomhréir le hAirteagal 8(2), pointe (j).

10. Féadfaidh comhaltaí comhalta eile a cheapadh chun ionadaíocht a dhéanamh dóibh i gcruinniú Comhthionóil Ghinearálta roimh an tionól, de bhun nós imeachta atá le bunú i reachtanna an Chomhlachais Eorpaigh. Ní fhéadfaidh comhalta ionadaíocht a dhéanamh ar níos mó ná beirt chomhaltaí eile.

11. De ghnáth, glacfar cinntí an Chomhthionóil Ghinearálta ar ghnáthábhair, mura bhforáiltear a mhalairt, le vóta tromlaigh na mball a bheidh i láthair nó a ndéantar ionadaíocht dóibh. Dáilfear na vótaí i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i reachtanna an Chomhlachais Eorpaigh.

*Airteagal 17*

***Caibidlí comhlachais agus príomhchomhaltaí***

1. D'fhéadfadh go mbeadh caibidil réigiúnach ag Comhlachas Eorpach. Ní mheasfar go bhfuil pearsantacht dhlítheanach ar leith ag na caibidlí, ach féadfaidh siad gníomhaíochtaí a eagrú agus a bhainistiú thar ceann an chomhlachais, faoi réir cheanglais a reachtanna.

2. Féadfaidh an Bord Stiúrthóirí Comhlachais Eorpaigh caibidlí nó comhaltaí ar daoine dlítheanacha iad a cheapadh le bheith mar phríomhghníomhaithe agus tionscadail an Chomhlachais Eorpaigh á bhforghníomhú agus á gcur chun feidhme. Lamhálfaidh na Ballstáit do chaibidlí nó do chomhaltaí tionscadail atá faoina ndlínse a chur chun feidhme mar phríomhghníomhaithe de chuid an Chomhlachais Eorpaigh.

*Airteagal 18*

***Leasuithe ar na reachtanna***

1. Pléifear aon leasuithe ar reachtanna an Chomhlachais Eorpaigh ag Comhthionól Ginearálta a thionólfar chun na críche sin.

2. Tabharfar fógra do na comhaltaí faoi Chomhthionóil Ghinearálta a bhfuil sé mar aidhm acu leasuithe beartaithe ar reachtanna an Chomhlachais Eorpaigh a phlé agus cinneadh a dhéanamh orthu 30 lá ar a laghad roimh an dáta a bheidh socraithe don tionól. Beidh na tograí atá i gceist san áireamh san fhógra.

3. Beidh sé de chumhacht ag an gComhthionól Ginearálta leasuithe a dhéanamh ar na reachtanna, má tá leath ar a laghad de chomhaltaí an Chomhlachais Eorpaigh móide duine i láthair nó ionadaíocht á déanamh orthu.

4. Glacfar leasuithe ar reachtanna an Chomhlachais Eorpaigh má vótálann dhá thrian ar a laghad de chomhaltaí reatha an Chomhthionóil Ghinearálta, nó ionadaithe orthu, i bhfabhar.

5. Glacfar leasuithe ar reachtanna an Chomhlachais Eorpaigh má vótálann dhá thrian ar a laghad de chomhaltaí reatha an Chomhthionóil Ghinearálta, nó ionadaithe orthu, i bhfabhar.

6. Cuirfear téacs na reachtanna arna nglacadh ar fáil don chomhlacht náisiúnta comhlachais laistigh de thrí mhí ón dáta a nglacfar iad, a chuirfidh Bord na gComhlachas Eorpach ar an eolas faoi sin. Cuirfidh an Comhlachas Eorpach an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí agus cuirfear in iúl don Bhord na gComhlachas Eorpach í lena háireamh sa bhunachar sonraí Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 5(5) pointe (b).

***Caibidil III***

***Forálacha maidir le déileáil le Comhlachais Eorpacha sna Ballstáit.***

*Airteagal 19*

***Prionsabal an neamh-idirdhealaithe***

1. Toirmiscfear aon chóir idirdhealaitheach do Chomhlachais Eorpacha.

2. Cuirfear an chóir chéanna ar Chomhlachais Eorpacha a chuirtear ar eintitis choibhéiseacha náisiúnta arna sainaithint i gcomhréir le hAirteagal 3(2).

*Airteagal 20*

***Stádas leasa phoiblí***

1. Is féidir stádas leasa phoiblí a thabhairt do Chomhlachais Eorpach má chomhlíontar na coinníollacha carnacha seo a leanas:

(a) saothraíonn cuspóir agus gníomhaíochtaí na heagraíochta cuspóir leasa phoiblí a fhreastalaíonn ar leas na sochaí nó cuid di, agus atá tairbheach dá bhrí sin ar mhaithe le leas an phobail, seachas i gcás ina bhfuil an chríoch sin agus na gníomhaíochtaí sin dírithe go córasach agus go díreach air dul chun leasa struchtúir pháirtí polaitíochta ar leith. Measfar na críocha seo a leanas, *inter alia*, a bheith dírithe ar chuspóir na tairbhe poiblí:

(i) na healaíona, cultúr nó caomhnú stairiúil;

(ii) cosaint an chomhshaoil agus an t-athrú aeráide;

(iii) cearta bunúsacha agus luachanna an Aontais a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear daonlathas, smacht reachta, agus deireadh a chur le haon idirdhealú bunaithe ar inscne, cine, eitneachas, reiligiún, míchumas, gnéaschlaonadh nó aon fhorais eile;

(iv) ceartas sóisialta, cuimsiú sóisialta agus cosc ar bhochtaineacht nó faoiseamh;

(v) cúnamh daonnúil agus cabhair dhaonnúil, lena n-áirítear faoiseamh ó thubaiste;

(vi) cabhair um fhorbairt agus comhar um fhorbairt;

(vii) cosaint, cúnamh agus tacaíocht d'earnálacha leochaileacha den phobal, lena n-áirítear leanaí, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, daoine atá ag lorg nó ag baint leas as cosaint idirnáisiúnta agus daoine atá i staid easpa dídine;

(viii) cosaint ainmhithe

(ix) eolaíocht, taighde agus nuálaíocht;

(x) oideachas agus oiliúint agus rannpháirtíocht na hóige;

(xi) sláinte agus folláine a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear cúram leighis a sholáthar;

(xii) cosaint tomhaltóirí; agus

(xiii) an spórt amaitéarach agus a chur chun cinn.

(b) úsáidtear aon bharrachas ó aon ghníomhaíocht eacnamaíoch nó gníomhaíocht eile a thuilleann ioncam a ghineann an eagraíocht chun cuspóirí leasa phoiblí na heagraíochta a chur chun cinn;

(c) i gcás dhíscaoileadh na heagraíochta neamhbhrabúsaí, ráthaíonn cosaintí reachtúla go leanfaidh gach sócmhainn ag freastal ar chuspóirí leasa phoiblí; agus

(d) ní féidir le comhaltaí de struchtúir rialaithe na heagraíochta nach bhfuil fostaithe mar fhoireann aon luach saothair a thuilleamh seachas liúntais leormhaithe chun costais a chumhdach.

2. Féadfaidh Comhlachais Eorpacha iarratas a dhéanamh chuig comhlacht comhlachais náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil a n-oifig chláraithe acu le haitheantas a bheith ag cur le leas an phobail, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i mír 1.

3. Déanfaidh an comhlacht comhlachais náisiúnta cinneadh maidir leis an iarratas ar stádas sochair phoiblí de réir an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 10(8) agus (9).

4. Déileálfaidh na Ballstáit le Comhlachas Eorpach a dtugtar stádas leasa phoiblí dó ar an mbealach céanna le heintitis dhlítheanacha ar tugadh stádas comhfhreagrach dóibh faoina ndlínse.

*Airteagal 21*

***Prionsabal na cóireála náisiúnta***

Beidh Comhlachais Eorpacha faoi réir fhorálacha an dlí náisiúnta is infheidhme maidir leis na heintitis dhlítheanacha a shainaithnítear de bhun Airteagal3(2) sa Bhallstát ina bhfuil a hoifig chláraithe aige.

*Airteagal 22*

***Prionsabal na cóireála neamhthreallaí***

Ní chuirfidh Ballstáit cóireáil dhifreálach ar Chomhlachais Eorpacha bunaithe go hiomlán ar inmhianaitheacht pholaitiúil a chuspóra, a réimse gníomhaíochtaí nó a fhoinsí maoinithe.

***Caibidil IV***

***Maoiniú agus tuairisciú***

*Airteagal 23*

***Tiomsú airgid agus saorúsáid sócmhainní***

1. Beidh Comhlachais Eorpacha in ann aon acmhainní, lena n-áirítear acmhainní airgeadais, comhchineáil agus ábhair, a lorg, a fháil, a dhiúscairt nó a bhronnadh, agus acmhainní daonna a lorg agus a fháil, ó aon fhoinse nó chuig aon fhoinse, cibé acu comhlachtaí poiblí, daoine aonair príobháideacha nó comhlachtaí príobháideacha iad, in aon Bhallstát agus i dtríú tíortha.

2. Beidh Comhlachais Eorpacha faoi réir fhorálacha dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta infheidhme maidir le cánachas, custaim, malartú eachtrach, sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, chomh maith leis na rialacha a rialaíonn maoiniú toghchán agus páirtithe polaitiúla, de réir mar is infheidhme maidir leis na heintitis dhlítheanacha a shainaithnítear de bhun Airteagal 3(2) sa Bhallstát ina bhfuil a n-oifig chláraithe acu.

3. Beidh Comhlachais Eorpacha faoi réir oibleagáidí maidir le tuairisciú agus nochtadh poiblí i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, lena n-áirítear i ndáil le comhdhéanamh an Bhoird Stiúrthóirí, forálacha na reachtanna, maoiniú agus ráitis airgeadais, a mhéid a chomhlíonann oibleagáidí den sórt sin an cuspóir leasa ghinearálta a áirithiú go bhfeidhmíonn na Comhlachais Eorpacha go trédhearcach agus go mbeidh siad cuntasach agus ar choinníoll go bhfuil oibleagáidí den sórt sin riachtanach agus comhréireach.

Ní bheidh mar thoradh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí dá dtagraítear sa chéad fhomhír go gcuirfear Comhlachais Eorpacha faoi réir rialacha níos déine ná na rialacha is infheidhme maidir le heintitis náisiúnta choibhéiseacha a shainaithnítear de bhun Airteagal 3(2) agus le heintitis bhrabúsacha. Ní bheidh aon difríocht sa chóir a chuirtear ar chearta ná oibleagáidí an Chomhlachais Eorpaigh maidir le tuairisciú agus nochtadh poiblí mar thoradh ar an tuairisciú agus ar na hoibleagáidí sin, gan beann ar inmhianaitheacht a chuspóra nó a fhoinsí maoinithe.

*Airteagal 24*

***Cuntasaíocht agus iniúchóireacht***

1. Coimeádfaidh Comhlachais Eorpacha taifid iomlána agus chruinne ar na hidirbhearta airgeadais go léir.

2. Déanfaidh Comhlachais Eorpacha na nithe seo a leanas a tharraingt suas uair sa bhliain ar a laghad:

(a) a gcuntais bhliantúla;

(b) a gcuntais chomhdhlúite, más ann dóibh;

(c) meastachán buiséid don bhliain airgeadais atá le teacht; agus

(d) tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí.

Tarchuirfidh an Bord Stiúrthóirí an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí agus an ráiteas airgeadais chuig an gcomhlacht comhlachais náisiúnta de bhun Airteagal 14(7) agus (8).

3. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí:

(a) faisnéis faoi ghníomhaíochtaí an Chomhlachais Eorpaigh sa bhliain tagartha;

(b) faisnéis faoi na hionchais intuartha, má tá sí ar fáil; agus

(c) tuairisc ar an gcaoi ar cuireadh cuspóir an leasa phoiblí chun cinn i rith na bliana roimhe sin, má bronnadh an stádas comhfhreagrach ar an gComhlachas Eorpach.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

4. Déanfar cuntais bhliantúla de chuid Comhlachas Eorpach, agus, i gcás inarb infheidhme, a gcuntais chomhdhlúite, a iniúchadh de bhun na bhforálacha is infheidhme maidir leis na heintitis dhlítheanacha a shainaithnítear de bhun Airteagal 3(2) sa Bhallstát ina bhfuil a oifig chláraithe ag an gComhlachas Eorpach lena mbaineann. Déanfar an t-iniúchadh uair amháin gach ceithre bliana ar a laghad agus gach dhá bhliain ar a mhéad.

5. Nochtfar an tuarascáil a eascróidh as an iniúchadh dá dtagraítear i mír 4 ar an modh dá bhforáiltear le dlí an Bhallstáit ina bhfuil a oifig chláraithe ag an gComhlachas Eorpach.

6. Ní chuirfidh údaráis na mBallstát de cheangal ar Chomhlachais Eorpacha rochtain a thabhairt ar fhaisnéis faoina gcomhaltaí ar daoine nádúrtha iad, mura gá sin chun críche imscrúdaithe choiriúil phoiblí maidir le cionta coiriúla is inphionóis le pianbhreith choimeádta uasta bliana ar a laghad agus tar éis cinneadh ó chúirt nó binse neamhspleách.

7. Soláthróidh an comhlacht comhlachais náisiúnta forléargas leathbhliantúil ina mbeidh faisnéis ábhartha maidir leis na hiniúchtaí go léir dá dtagraítear i mír 4 don Bhord Eorpach Comhlachais, a dhéanfaidh foráil maidir le foilsiú na tuarascála in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ar a shuíomh gréasáin.

8. Ní bheidh ag rialacha maidir le cuntasaíocht agus iniúchadh is infheidhme maidir le Comhlachais Eorpacha níos lú fabhair ná iad siúd is infheidhme maidir le gnóthais agus Treoir 2006/43/CE ([10]) nó Treoir 2013/34/AE ([11]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

9. Beidh feidhm ag an Airteagal seo gan dochar d'fhorálacha náisiúnta comhfhreagracha níos fabhraí i mBallstát na hoifige cláraithe.

## *Caibidil V*

## *Comhar leis na Ballstáit agus dliteanas*

### *Airteagal 25*

### *Comhar leis na Ballstáit*

1. Rachaidh comhlacht comhlachais náisiúnta an Bhallstáit chlárúcháin i gcomhairle go tráthúil le comhlachtaí comhlachais náisiúnta Ballstát eile maidir le haon saincheisteanna substaintiúla a bhaineann le dlíthiúlacht agus le dliteanas comhlachais Eorpaigh ar leith, agus cuirfidh sé Bord na gComhlachas Eorpach ar an eolas faoi sin.

2. Mura bhforáiltear dá mhalairt sa Rialachán seo, cuirfidh comhlachtaí na gcomhlachas náisiúnta forléargas ar fáil, ar bhonn bliantúil, ar aon fhaisnéis ábhartha maidir le cinntí a bhaineann le Comhlachais Eorpacha ar chríoch a mBallstáit. Áireofar leis sin liosta cásanna inar seoladh imscrúduithe coiriúla i gcoinne Comhlachais Eorpacha, lena n-áirítear cásanna inar iarradh faisnéis faoi chomhaltaí a nochtadh de bhun Airteagal 24(6).

3. Má mheasann Bord na gComhlachas Eorpach gur mhainnigh comhlacht comhlachais náisiúnta an Rialachán seo a chomhlíonadh, soláthróidh sé an fhaisnéis ábhartha uile don Choimisiún. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin agus gníomhóidh sé de réir mar is iomchuí.

4. Beidh leigheasanna éifeachtacha ar fáil do Chomhlachais Eorpacha chun agóid a dhéanamh i gcoinne cinntí arna ndéanamh ag an gcomhlacht comhlachais náisiúnta a bhaineann leo, lena n-áirítear an fhéidearthacht athbhreithniú breithiúnach a fháil ar aon chinntí den sórt sin.

### *Airteagal 26*

### *Dliteanas Comhlachas Eorpach agus chomhaltaí a Bhoird Stiúrthóirí*

1. Beidh dliteanas Comhlachas Eorpach faoi rialú ag na forálacha is infheidhme maidir leis na heintitis dhlítheanacha a shainaithnítear de bhun Airteagal 3(2) sa Bhallstát ina bhfuil a oifig chláraithe ag an gComhlachas Eorpach.

---

([10]) Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, lena leasaítear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle (IO L 157, 9.6.2006, lch. 87).

([11]) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis bhliantúla airgeadais, leis na ráitis chomhdhlúite airgeadais agus le tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

2. Beidh comhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí Comhlachais Eorpaigh faoi dhliteanas go comhpháirteach agus go leithleach as caillteanas nó damáiste a bhainfidh Comhlachas Eorpach amach mar thoradh ar shárú ar na hoibleagáidí a ghabhann lena bhfeidhmeanna. Ní bheidh an dliteanas comhpháirteach ná leithleach, áfach, i leith caillteanas nó damáiste a d'fhulaing an Comhlachas Eorpach, má chruthaítear go bhfuil sé ag sárú oibleagáidí sonracha nach mbaineann ach le feidhmeanna an chomhalta

3. Leagfar síos leis na reachtanna na coinníollacha maidir le himeachtaí a thionscnamh, thar ceann an Chomhlachais Eorpaigh, i gcoinne chomhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí.

***Caibidil VI***

***Díscaoileadh, dócmhainneacht, leachtú***

*Airteagal 27*

***Díscaoileadh deonach***

1. Féadfar Comhlachas Eorpach a dhíscaoileadh go deonach:

(a) trí chinneadh an Bhoird Stiúrthóirí de bhun forálacha i reachtanna an Chomhlachais Eorpaigh, le comhaontú an Chomhthionóil Ghinearálta; nó

(b) le cinneadh ón gComhthionól Ginearálta; Féadfaidh an Comhthionól Ginearálta an cinneadh sin a tharraingt siar sula dtiocfaidh díscaoileadh nó leachtú an Chomhlachais Eorpaigh i bhfeidhm go foirmiúil.

2. Cuirfidh an Comhlachas Eorpach na comhlachtaí comhlachais náisiúnta ar an eolas faoi aon chinneadh maidir le díscaoileadh deonach arna ghlacadh de bhun mhír 1 tráth nach déanaí ná 15 lá tar éis an cinneadh sin a ghlacadh.

3. Bainfidh an comhlacht comhlachais náisiúnta an Comhlachas Eorpach den chlár náisiúnta iomchuí láithreach agus cuirfidh sé Bord na gComhlachas Eorpach agus Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh ar an eolas faoi dhíscaoileadh an Chomhlachais Eorpaigh de bhun mhír 1, tráth nach déanaí ná 15 lá tar éis dó fáil amach faoin díscaoileadh. Díreach tar éis an fógra sin a fháil, foilseoidh Údarás na gComhlachas Eorpach fógra maidir le díscaoileadh Bhord na gComhlachas Eorpach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus bainfidh sé an Comhlachas Eorpach de bhunachar sonraí digiteach an Aontais, agus foilseoidh Oifig na bhFoilseachán fógra maidir le díscaoileadh an Chomhlachais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4. Tiocfaidh díscaoileadh an Chomhlachais Eorpaigh i bhfeidhm ar fud an Aontais ón dáta a mbainfear an comhlachas den chlár náisiúnta iomchuí.

*Airteagal 28*

***Díscaoileadh deonach***

1. Ní fhéadfar Comhlachas Eorpach a dhíscaoileadh ach amháin trí chinneadh críochnaitheach ó chúirt inniúil nó ó bhinse inniúil an Bhallstáit ina bhfuil a oifig chláraithe ag an gComhlachas Eorpach nó ina raibh a oifig chláraithe go deireanach, más rud é:

(a) go mbeidh oifig chláraithe an Chomhlachais Eorpaigh lasmuigh de chríoch an Aontais nó go bhfuil le haistriú ann;

(b) nach bhfuil na coinníollacha maidir le bunú an Chomhlachais Eorpaigh mar a leagtar amach sa Rialachán seo á gcomhlíonadh a thuilleadh; nó

(c) ní bheidh gníomhaíochtaí an Chomhlachais Eorpaigh comhoiriúnach a thuilleadh do chuspóirí ná do luachanna an Aontais ná ní bheidh siad ina mbagairt thromchúiseach ar an tslándáil phoiblí.

2. I gcás ina ndéanfar cinneadh maidir le díscaoileadh de bhun mír 1, pointe (a) nó (b), tabharfaidh Údarás na gComhlachas Eorpach tréimhse réasúnta don Chomhlachas Eorpach a staid a thabhairt chun rialtachta sula dtiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm.

3. Beidh rochtain ag iarratasóirí ar leigheasanna éifeachtacha chun achomharc a dhéanamh ar chinneadh maidir le díscaoileadh os comhair cúirteanna nó binsí inniúla achomhairc.

4. Bainfidh na comhlachtaí comhlachais náisiúnta an Comhlachas Eorpach den chlár náisiúnta iomchuí láithreach agus cuirfidh sé Bord Comhlachais na hEorpa chomh maith le hOifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh ar an eolas maidir le díscaoileadh neamhdheonach an Chomhlachais Eorpaigh, tráth nach déanaí ná 15 lá tar éis don chinneadh a bheith críochnaitheach. Díreach tar éis an fógra sin a fháil, bainfidh Bord na gComhlachas Eorpach an Comhlachas Eorpach de bhunachar sonraí digiteach an Aontais agus foilseoidh Oifig na bhFoilseachán fógra maidir le díscaoileadh an Chomhlachais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

5. Tiocfaidh díscaoileadh an Chomhlachais Eorpaigh i bhfeidhm ar fud an Aontais ón dáta a mbainfear an comhlachas den chlár náisiúnta iomchuí.

*Airteagal 29*

***Leachtú agus dócmhainneacht***

1. Le foirceannadh Comhlachais Eorpaigh, beidh a leachtú i gceist. Beidh an leachtú sin faoi rialú ag an dlí is infheidhme maidir leis na heintitis dhlítheanacha a shainaithnítear de bhun Airteagal 3(2) sa Bhallstát ina bhfuil a oifig chláraithe ag an gComhlachas Eorpach.

2. Coinneoidh Comhlachas Eorpach a chumas, de réir bhrí Airteagal 13, go dtí go mbeidh a leachtú críochnaithe.

*Airteagal 30*

***Athbhreithniú agus meastóireacht***

Faoin … [cúig bliana ón dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus tograí le haghaidh leasuithe, i gcás inarb iomchuí, ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa.

***Caibidil VII***

*Airteagal 31*

***Forálacha críochnaitheacha***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**CUID II**

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le híoschaighdeáin choiteanna d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha san Aontas (an Treoir maidir le hÍoschaighdeáin)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is ceart bunúsach í an tsaoirse comhlachais, a aithnítear sa Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt"), agus i mbunreachtanna na mBallstát agus tá sé ríthábhachtach d'fheidhmiú an daonlathais, ós rud é gur coinníoll fíor-riachtanach é chun cearta bunúsacha eile a fheidhmiú ag daoine aonair, lena n-áirítear an ceart chun tuairimí a nochtadh.

(2) Tá cosaint ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, ina gcáil féin, ar chearta áirithe, lena n-áirítear cearta bunúsacha, mar go n-eascraíonn an chosaint sin ó chásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.

(3) Cuireann eagraíochtaí neamhbhrabúsacha go mór le cuspóirí a bhaint amach atá chun leasa an phobail agus chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht ghníomhach a chur chun cinn i saol eacnamaíoch agus daonlathach ár sochaithe.

(4) Sa lá atá inniu ann, tá eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, agus iad ag iarraidh a n-aidhmeanna a bhaint amach, rannpháirteach go hiomlán i saol an gheilleagair agus i bhforbairt an mhargaidh inmheánaigh, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí éagsúla a bhfuil ábharthacht náisiúnta agus trasnáisiúnta acu agus iad páirteach go rialta i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha.

(5) Is iad na heagraíochtaí neamhbhrabúsacha, go háirithe, phríomhfhoinsí spreagtha d'fhorbairt an tríú earnáil, a mheastar a chuimsíonn thart ar 13 % den lucht saothair ar fud na hEorpa, bunaithe ar thorthaí thionscadal 2014-2017 maidir le "The Contribution of the Third Sector to Europe"s Socio-economic Development' [Rannchuidiú an Tríú hEarnáil d'Fhorbairt Socheacnamaíoch na hEorpa] arna chomhordú ag an Institiúid um Thaighde Sóisialta (ISF) in Osló ([1]).

([1]) https://cordis.europa.eu/project/id/613034/reporting.

(6) Is gníomhaí mór iad eagraíochtaí neamhbhrabúsacha i bhforbairt agus i gcur chun feidhme bheartais AE a thacaíonn leis an margadh inmheánach, mar a léirítear trína mbaint le grúpaí saineolaithe éagsúla mar an Fóram Ardleibhéil le haghaidh Biashlabhra a Fheidhmeoidh Níos Fearr.

(7) Taispeánann tuairiscí, lena n-áirítear ó Ghníomhaireacht AE um Chearta Bunúsacha, go leor bacainní a thagann as dlíthe, rialacháin nó cleachtais riaracháin náisiúnta a rialaíonn bunú, clárú, oibríochtaí, maoiniú agus gníomhaíochtaí trasteorann eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a dhéanann difear do chumas dlí daone nádúrtha nó dlítheanacha nó grúpaí daoine den sórt sin, gan beann ar a náisiúntacht, chun eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a bhunú, a chlárú nó a oibriú ar fud an Aontais.

(8) D'iarr Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar na Ballstáit timpeallacht chumasúcháin a bhunú don daonchairdeas i gcomhréir le saoirsí agus cearta bunúsacha an Aontais, lena spreagtar gníomhaíocht dhaonchairdiúil agus saoránach, lena dtugtar cosaint phríobháideach do chúiseanna a bhaineann le leas an phobail agus le heagraíochtaí daonchairdiúla a chruthú [2]. Dá bhrí sin, tá tábhacht ag baint le comhlántacht idir obair na n-institiúidí poiblí agus na n-eagraíochtaí daonchairdiúla agus lena áirithiú go n-éascaítear leis an reachtaíocht náisiúnta agus le beartas an Aontais deonú acmhainní príobháideacha ar mhaithe leis an leas coiteann trí shaorshreabhadh caipitil maille le prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus cóir chomhionann fhioscach na n-eagraíochtaí daonchairdiúla Eorpacha.

(9) In ainneoin líon na gcomhlachas trasteorann agus na n-eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a bheith ag ardú go mór san Aontas, níl aon chreat reachtach uile-Eorpach comhchuibhithe ann faoi láthair lena gceadaítear dóibh iad féin a oibriú agus a eagrú i gceart ar leibhéal trasteorann.

(10) I bhfianaise a thábhachtaí atá eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, tá sé ríthábhachtach go ndéantar a mbunú agus a n-oibríochtaí a éascú agus a chosaint go héifeachtach i reachtaíocht na mBallstát.

(11) I moladh CM/ Rec (2007)14 de Choiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir le stádas dlíthiúil eagraíochtaí neamhrialtasacha san Eoraip, d'aithin na Ballstáit cheana ról eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha go háirithe, mar ghné bhunriachtanach de rannchuidiú na sochaí sibhialta le trédhearcacht agus cuntasacht an rialtais dhaonlathaigh agus leag sé síos na híoschaighdeáin a chaithfear a urramú maidir le cruthú, bainistiú agus gníomhaíochtaí ginearálta na n-eagraíochtaí sin.

(12) Le Treoirlínte Comhpháirteacha maidir le Saoirse Comhlachais (CDL-AD (2014) 046) arna nglacadh ag an gCoimisiún Eorpach maidir le Daonlathas tríd an Dlí (Coimisiún na Veinéise) agus Oifig ESCE um Institiúidí Daonlathacha agus Cearta an Duine (ODIHR), soláthraítear treoir do reachtóirí chun caighdeáin idirnáisiúnta um chearta an duine maidir leis an gceart chun saoirse comhlachais a thrasuí sna dlíthe náisiúnta.

(13) Is gá ar leibhéal an Aontais cur leis na caighdeáin atá ann cheana, i gcomhréir leis an tsaoirse comhlachais agus leis an tsaorshreabhadh caipitil, d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, atá dírithe ar leibhéal aonfhoirmeach cosanta agus cothrom iomaíochta a áirithiú do na heagraíochtaí neamhbhrabúsacha uile atá bunaithe san Aontas, chun timpeallacht chumasúcháin a dhaingniú inar féidir leis na heagraíochtaí sin rannchuidiú gan bhac le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

(14) Ba cheart sa Treoir seo dlíthe na mBallstát a chomhfhogasú maidir le gnéithe áirithe de bhunú, clárú, oibríochtaí, maoiniú agus gníomhaíochtaí trasteorann eagraíochtaí neamhbhrabúsacha.

(15) Níor cheart go ndéanfadh an Treoir seo difear do rialacha na mBallstát maidir le cánachas ar eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá bunaithe, cláraithe nó ag feidhmiú ar a gcríoch. Agus a fhorálacha á dtrasuí acu, ba cheart do na Ballstáit a bheith aireach gan forálacha a thabhairt isteach nó a chur i bhfeidhm i réimse an dlí cánach a dhéanann difear do chlárú, d'oibríochtaí, do mhaoiniú agus do ghluaiseachtaí trasteorann eagraíochtaí neamhbhrabúsacha ar bhealach a théann timpeall ar fhuarlitir nó spiorad na rialacha a leagtar síos sa Treoir seo.

(2) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Daonchairdeas na hEorpa: Acmhainneacht neamhshaothraithe, SOC/611.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

(16) Níor cheart go ndéanfadh an Treoir seo difear do dhlí coiriúil na mBallstát. Agus a fhorálacha á dtrasuí acu, ba cheart do na Ballstáit a bheith aireach nach dtugann siad forálacha den dlí coiriúil isteach nó a chur i bhfeidhm a rialaíonn nó a dhéanann difear go sonrach do chlárú, d'oibríochtaí, do mhaoiniú agus do ghluaiseachtaí trasteorann eagraíochtaí neamhbhrabúsacha ar bhealach a théann timpeall ar fhuarlitir nó spiorad na rialacha atá leagtha síos sa Treoir seo.

(17) Ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá bunaithe san Aontas agus atá ceaptha mar chomhlachais dheonacha daoine nádúrtha nó dlítheanacha, agus maidir le heagraíochtaí nach bhfuil bunaithe ar bhallraíocht agus a leithdháiltear a gcuid sócmhainní chun aidhm shonrach a shaothrú, amhail fondúireachtaí, a bunaíodh ar feadh tréimhse éiginnte ama, a bhfuil príomhaidhm acu seachas brabús a ghiniúint agus atá neamhspleách agus féinrialaithe. Níor cheart go ndéanfadh an fíoras nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach ag eagraíocht í a eisiamh ón gcosaint dá bhforáiltear sa Treoir seo.

(18) Agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil gné neamhbhrabúsach ag eagraíocht i gcomhréir leis an Treoir seo, níor cheart a mheas gur páirtithe príobháideacha iad tairbhithe díreacha eagraíochtaí atá dírithe ar sheirbhísí cúraim a sholáthar do dhaoine aonair a bhfuil riachtanais shóisialta nó coinníollacha sonracha sláinte acu.

(19) Ba cheart páirtithe polaitiúla a eisiamh ó raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach seo, sa mhéid nach mbaineann a gcuid gníomhaíochtaí le leasanna, gníomhaíochtaí nó cuspóirí coiteanna amháin a shaothrú, ach go bhfuil siad dírithe ar chumhacht pholaitiúil a bhaint amach agus a úsáid go comhpháirteach.

(20) Ba cheart ceardchumainn agus comhlachais ceardchumann a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo. Níor cheart do na Ballstáit an t-eisiamh sin a úsáid chun údar a thabhairt le sainchumais agus cearta ceardchumainn a aithnítear sa dlí náisiúnta, i ndlí an Aontais nó sa dlí idirnáisiúnta nó in ionstraimí maidir le cearta an duine a theorannú, go háirithe Cairt Shóisialta na hEorpa de chuid Chomhairle na hEorpa agus Coinbhinsiúin agus Moltaí ábhartha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair agus an cásdlí gaolmhar;

(21) Ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar d'inniúlacht na mBallstát maidir le stádas eagraíochtaí reiligiúnacha, fealsúnacha agus neamhfhaoistiniúla dá dtagraítear in Airteagal 17 CFAE. Ina leith sin, eagraíochtaí a bhfuil aidhm reiligiúnach, fealsúnach agus neamhfhaoistiniúil acu go príomha, amhail eaglaisí, pobail reiligiúnacha nó neamhchreidimh, ba cheart iad a eisiamh ó chur i bhfeidhm na Treorach seo. Níor cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as an méid sin, áfach, chun eagraíochtaí eile a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo a bhfuil a luachanna agus a n-aidhmeanna bunaithe ar chreideamh reiligiúnach, fealsúnach nó neamhfhaoistiniúil, amhail eagraíochtaí carthanacha neamhbhrabúsacha atá bunaithe ar chreideamh.

(22) Ba cheart toimhde a bheith ann gurb ann do leas dlisteanach maidir le rochtain a bheith acu ar shásra gearáin agus ar leigheas riaracháin agus breithiúnach do dhaoine atá nó a bhí bainteach go díreach le heagraíocht neamhbhrabúsach, amhail a mbunaitheoirí, a stiúrthóirí, a gcomhaltaí foirne, ach freisin do na daoine go léir a bhfuil seasamh acu i ndáil le himeachtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí na heagraíochta neamhbhrabúsacha. Ba cheart an toimhde sin a bheith ann freisin do thairbhithe ghníomhaíochtaí na heagraíochta neamhbhrabúsacha i gcás nach mbeadh na tairbhithe sin ina gcomhaltaí, ach i gcás ina bhfaigheann siad nó ina bhfuair siad seirbhísí, nó ina bhfuil siad nó ina raibh siad faoi réir chinntí na heagraíochta a rinne difear dá saol laethúil, amhail othair nó cónaitheoirí saoráidí nó scáthláin arna reáchtáil ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, nó faighteoirí bronntanas carthanúil amhail bia nó éadach.

(23) Is institiúidí neamhspleácha iad na hInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine atá bunaithe le dlí agus i gcomhréir le Prionsabail Pháras a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe in 1993, agus tá sainordú acu cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir le noirm agus caighdeáin idirnáisiúnta chearta an duine.

(24) Tagann an tsaoirse d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha chun cuspóirí agus gníomhaíochtaí a chinneadh ó chaighdeáin idirnáisiúnta agus réigiúnacha maidir le cearta an duine. Tá i gceist leis sin freisin an tsaoirse d'eagraíochtaí den sórt sin raon feidhme a gcuid oibríochtaí a chinneadh, bíodh sé áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta, agus a bheith ina gcomhaltaí d'eagraíochtaí, cónaidhmeanna agus cónaidhmeanna eagraíochtaí eile.

(25) Is féidir gur faisnéis íogair í faisnéis faoi chéannacht na mbunaitheoirí agus na gcomhaltaí d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha ar daoine nádúrtha iad. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, dá bhrí sin, go bhfuil aon cheanglais as a dtagann próiseáil na sonraí pearsanta sin gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), agus go háirithe Airteagal 9 de;

(26) Ba cheart saoirse a bheith ag gach duine cinneadh a dhéanamh ar cheart dul isteach nó fanacht mar chomhalta d'eagraíocht neamhbhrabúsacha agus ba cheart go mbeadh saoirse ag eagraíochtaí chun a rialacha maidir le ballraíocht a chinneadh, faoi réir phrionsabal an neamh-idirdhealaithe, agus é sin amháin. Níor cheart go mbeadh ballraíocht in eagraíocht neamhbhrabúsach mar fhorais chun pionóis nó bearta sriantacha a chur i bhfeidhm, mura toradh é ar fhorfheidhmiú dlíthe coiriúla.

(27) Ba cheart rialacha maidir le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha a bheith i gcomhréir le prionsabal an neamh-idirdhealaithe. Cuimsíonn sé sin an oibleagáid atá ar na Ballstáit a chinntiú nár cheart go mbeadh aon bhuntáiste nó míbhuntáiste míchuí ag aon duine nó grúpa daoine ar mian leo comhlachas a bhunú maidir le duine eile nó grúpa daoine.

(28) Ba cheart d'údaráis rialála a ghníomhaíonn ar bhealach neamhchlaonta, neamhspleách agus tráthúil cur chun feidhme na rialacha a bhaineann le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha a dhéanamh de réir an chirt chun dea-riaracháin. Maidir le cinntí agus gníomhartha a dhéanann difear d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a gcearta agus a n-oibleagáidí a fheidhmiú, ba cheart go mbeidís oscailte d'athbhreithniú neamhspleách, lena n-áirítear ó chúirt nó binse.

(29) Chun timpeallacht chumasúcháin a áirithiú d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha oibriú ar fud an Aontais agus chun trédhearcacht agus muinín san earnáil a fheabhsú, is gá riachtanais mhaorlathais agus rialála a shimpliú agus a dhéanamh níos solúbtha, agus cineál féinrialaithe na n-eagraíochtaí neamhbhrabúsacha á n-urramú, agus is gá a áirithiú nach bhfuil na ceanglais ina ualach róthrom, na rialacha a shruthlíniú maidir le bunú, clárú agus díchlárú agus nuachóiriú nósanna imeachta agus córas gaolmhar. Chuige sin, ba cheart oibleagáidí ginearálta maidir le simpliú rialacha riaracháin chomh maith le hoibleagáidí sonracha maidir le gnéithe áirithe den chreat rialála a bhunú sa Treoir seo.

(30) Tá ról an-tábhachtach ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a chuireann le leas an phobail agus dá bhrí sin ba cheart go dtabharfaí cóireáil fhabhrach dóibh i ngach Ballstát faoi choinníollacha aonfhoirmeacha.

(31) I gcomhréir le prionsabal ginearálta riachtanas agus comhréireacht na srianta ar an gceart chun comhlachais, ba cheart go mbeadh toirmeasc agus díscaoileadh eagraíochtaí neamhbhrabúsacha i gcónaí mar bhearta deiridh agus níor cheart go mbeadh siad riamh mar iarmhairt ar mhionsáruithe ar féidir iad a cheartú nó a leigheas.

(32) Ba cheart sraith rialacha maidir le cóireáil chomhionann, tiontuithe agus cumaisc trasteorann a bhaineann le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha a bhunú agus é mar aidhm leis soghluaisteacht eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a éascú ar fud an Aontais.

(33) Is ceart bunúsach í an tsaoirse comhlachais, agus cé go bhféadfadh sé nach n-aithnítear le reachtaíocht na mBallstát comhlachais nach bhfuil bunaithe go foirmiúil, níor cheart go ndéanfadh sé sin difear don cheart atá ag na comhlachais sin bheith ann agus oibriú laistigh dá gcríoch.

(34) Tá an ceart ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a bheith ann agus a bheith gníomhach i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus leis an gCairt, fiú nuair a dhiúltaigh údaráis a mBallstáit bhunaíochta dá gclárú.

(35) Ba cheart go mbeadh saoirse ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha acmhainní airgeadais, ábhartha agus daonna a lorg, a fháil agus a úsáid, bídís intíre, eachtrannach nó idirnáisiúnta, chun a gcuid gníomhaíochtaí a shaothrú. Thuairiscigh eagraíochtaí neamhbhrabúsacha ar fud an Aontais go bhfuil sé ag éirí níos deacra rochtain a fháil ar acmhainní lena n-áirítear cistiú poiblí agus tá ábhair imní ann i dtaobh líon méadaitheach na mBallstát maidir le comhréireacht na rialacha dochta atá á nglacadh maidir le rochtain eagraíochtaí neamhbhrabúsacha ar chistiú eachtrach. Ina theannta sin, thuairiscigh eagraíochtaí daonchairdiúla deacrachtaí maidir le tabhartais nó deontais a sholáthar i gcásanna áirithe. Is gá, dá bhrí sin, prionsabail agus caighdeáin a bhunú maidir le maoiniú eagraíochtaí neamhbhrabúsacha,

([3]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

lena n-áirítear maidir le rochtain ar acmhainní príobháideacha agus cistiú poiblí agus iad a úsáid, gníomhaíochtaí eacnamaíocha a shaothrú agus an oibleagáid gan srianadh míchuí a dhéanamh ar mhaoiniú trasteorann i gcomhréir leis na rialacha maidir le saorghluaiseacht caipitil a leagtar síos sna Conarthaí.

(36) Le hAirteagal 63 CFAE agus le hAirteagail 7, 8 agus 12 de Chairt, tugtar cosaint d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha ar shrianta idirdhealaitheacha, neamhriachtanach agus gan údar ar rochtain ar acmhainní agus ar shaorghluaiseacht chaipitil laistigh den Aontas. Baineann sé sin freisin leis an gcumas acmhainní de bhunús intíre agus eachtrach a lorg, a dhaingniú agus a úsáid, rud atá riachtanach chun aon eintiteas dlítheanach a bheith ann agus a oibriú. I gcomhréir le breithiúnas ó CBAE an 18 Meitheamh 2020 i gcás C-78/18, *an Coimisiún Eorpach v an Ungáir* ([4]), ní fhéadfar srianta a fhorchur ach amháin ar mhaithe leis an mbeartas poiblí nó leis an tslándáil phoiblí, agus ba cheart go mbeidís i gcomhréir leis an gcuspóir maidir leis na leasanna sin a chosaint agus na bealaí is lú cur isteach chun an cuspóir inmhianaithe a bhaint amach. Baineann sé sin, *inter alia*, le srianta a thagann ó rialacha maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chur i bhfeidhm, a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, ag féachaint go háirithe d'oibleagáidí measúnaithe riosca faoin dlí idirnáisiúnta agus Aontais. Dá bhrí sin, níor cheart do na Ballstáit bearta míréasúnta, ró-ionrach nó suaiteacha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear ceanglais tuairiscithe a chuireann ualach iomarcach nó costasach ar eagraíochtaí. D'fhonn freagairt do leas an phobail maidir le trédhearcacht a sholáthar, go háirithe maidir le heagraíochtaí a bhfuil tionchar acu ar an saol poiblí agus ar dhíospóireacht phoiblí, ba cheart eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a bheith faoi réir oibleagáidí tuairiscithe agus nochta phoiblí maidir lena n-ionadaithe agus comhaltaí a gcomhlachtaí rialaithe, maidir le forálacha a reachtanna agus maidir lena maoiniú. Níor cheart aon teorannú ar chearta agus oibleagáidí eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a bheith mar thoradh ar na ceanglais sin um thuairisciú agus um nochtadh poiblí.

(37) Aithníonn CBAE, ina chásdlí, cur i bhfeidhm phrionsabal na saorghluaiseachta caipitil maidir le cuspóirí ar mhaithe le leas an phobail agus léirmhínigh sí na saoirsí bunúsacha a chumhdaítear faoi CAE agus faoi CFAE mar shaoirsí lena gceanglaítear prionsabal an neamh-idirdhealaithe a chur i bhfeidhm ar dheontóirí agus ar eagraíochtaí sochar poiblí san Aontas, lena n-áirítear maidir leis an gcaoi a gcaitear le heintitis sochair phoiblí agus lena ndeontóirí ([5]). Dá bhrí sin, i gcás ina leanann an dlí náisiúnta d'idirdhealú a dhéanamh nó de nósanna imeachta costasacha agus troma a chur i bhfeidhm ar eagraíochtaí nach náisiúnaigh iad, tagann sé salach ar dhlí an Aontais.

(38) Ba cheart go dteachtfadh eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus a gcomhaltaí an ceart chun príobháideachta agus rúndachta go hiomlán. Cé go mbaineann an chosaint a sholáthraíonn rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta maidir le próiseáil sonraí pearsanta le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha cheana, ba cheart ráthaíochtaí íosta a bhunú go háirithe maidir le rúndacht bhallraíocht eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus nochtadh poiblí faisnéise rúnda agus íogaire. Ba cheart do na Ballstáit toirmeasc a chur ar aon chineál faireachais ar eagraíochtaí neamhbhrabúsacha lasmuigh den chreat dlí coiriúil.

(39) Ba cheart dul i gcomhairle le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha ar bhealach tráthúil fónta maidir le haon reachtaíocht, beartais agus cleachtais a dhéanann difear dá gcuid oibríochtaí a athbhreithniú, a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le trasuí agus cur chun feidhme fhorálacha na Treorach seo. Chuige sin, ba cheart idirphlé sibhialta rialta agus trédhearcach a bhunú ar gach leibhéal rialtais.

(40) Tá an Treoir seo gan dochar do chearta oibrithe, lena n-áirítear na cearta atá ann cheana i gcomhthéacs dócmhainneachtaí agus maidir le pá. Ní mór d'fhostóirí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh gan beann ar an bhfoirm faoina bhfuil siad ag oibriú.

(41) Leagtar amach sa Treoir seo íoschaighdeáin, agus ba cheart go mbeadh sé indéanta do Bhallstáit forálacha atá níos fabhraí d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a thabhairt isteach nó a choinneáil, ar choinníoll nach gcuireann na forálacha sin isteach ar na hoibleagáidí a thagann as an Treoir seo. Níor cheart do thrasuí na Treorach seo a bheith ina chúis, in imthosca ar bith, le laghdú ar an leibhéal cosanta a thugtar d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha cheana faoin dlí náisiúnta sna réimsí a bhfuil feidhm aici maidir leo.

---

([4]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 18 Meitheamh 2020, *an Coimisiún Eorpach v an Ungáir*, C-78/18, ECLI:EU:C:2020:476.

([5]) Stauffer:C-386/04 Centro di Musicologia Walter Stauffer/Finanzamt München für Körperschaften [2006] ECR I-8203; Hein-Persche: C-318/07 Hein Persche/Finanzamt Lüdenscheid [2009] ECR I-359 agus Missionswerk: C-25/10 Missionswerk WernerHeukelbach eV/Belgien [2011] 2 C.M.L.R. 35.

(42) Faoi Airteagal 26(2) CFAE, is éard a bheidh sa mhargadh inmheánach limistéar gan teorainneacha inmheánacha ina n-áiritheofar saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí. Cuireann eagraíochtaí neamhbhrabúsacha níos mó agus níos mó le forbairt an mhargaidh inmheánaigh, lena n-áirítear trí dhul i mbun gníomhaíochtaí trasteorann agus trasnáisiúnta. Dá bhrí sin, is é Airteagal 114 CFAE an bunús dlí iomchuí chun na bearta is gá a ghlacadh d'fhonn an margadh inmheánach a bhunú agus a fheidhmiú.

(43) Leis an Treoir seo, urramaítear, cuirtear chun cinn agus cosnaítear na cearta agus na prionsabail bhunúsacha atá ina gceangal ar an Aontas agus ar na Ballstáit de bhun Airteagal 6 CAE, mar a aithnítear go háirithe sa Chairt. Tá sé i gceist leis an Treoir seo Airteagal 12 den Chairt maidir leis an gceart chun saoirse comhlachais agus Airteagal 11 den Chairt maidir leis an gceart chun saoirse cainte agus faisnéise a chur chun feidhme go sonrach, le léamh i bhfianaise na bhforálacha comhfhreagracha de Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Dá réir sin, tá sé bunriachtanach go ndéanfaí forálacha na Treorach seo a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an oibleagáid gan srian míchuí a dhéanamh agus feidhmiú na gceart chun saoirse comhlachais agus tuairimí a nochtadh agus faisnéise a éascú, agus chun cearta agus prionsabail bhunúsacha eile a urramú go hiomlán lena n-áirítear, inter alia, an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint, an tsaoirse chun gnó a dhéanamh, an ceart chun neamh-idirdhealaithe, an ceart chun dea-riaracháin, an ceart chun leighis éifeachtaigh agus cearta cosanta.

(44) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon íoschaighdeáin a sholáthar d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a bunaíodh san Aontas, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr scála agus éifeachtaí na Treorach seo, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

## *Caibidil I*

## *Forálacha ginearálta*

### *Airteagal 1*

### *Cuspóir*

Tá an Treoir seo dírithe ar thacar coiteann beart a sholáthar d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a bunaíodh san Aontas chun timpeallacht chumasúcháin a dhaingniú inar féidir leis na heagraíochtaí sin cur le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Féachann sé le comhfhogasú a dhéanamh ar dhlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát maidir le gnéithe áirithe de chuspóirí agus de ghníomhaíochtaí, clárú, oibríochtaí, maoiniú, tuairisciú agus gníomhaíochtaí trasteorann eagraíochtaí neamhbhrabúsacha.

### *Airteagal 2*

### *Raon feidhme*

1. Tá feidhm ag an Treoir seo, maidir le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha a bunaíodh san Aontas.

2. Faoin Treoir seo, tagraíonn an téarma "eagraíocht neamhbhrabúsach" do chomhlachais dheonacha agus bhuana de dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil leas coiteann, gníomhaíocht nó cuspóir coiteann acu, agus d'eagraíochtaí nach bhfuil bunaithe ar bhallraíocht agus a leithdháiltear a gcuid sócmhainní chun aidhm shonrach a shaothrú, amhail fondúireachtaí, ar comhlachais iad, gan beann ar an bhfoirm ina bhfuil na comhlachais nó na heagraíochtaí bunaithe:

(a) príomhaidhm a shaothrú seachas brabús a ghiniúint, rud a chiallaíonn má thuilltear aon bhrabúis as gníomhaíochtaí na heagraíochta, nach féidir iad a dháileadh mar sin i measc a comhaltaí, a bunaitheoirí nó aon pháirtithe príobháideacha eile, ach nach mór go n-infheisteofar iad chun a cuspóirí a shaothrú;

(b) neamhspleách, sa mhéid is nach cuid de struchtúr rialtais ná de struchtúr riaracháin an eagraíocht agus go bhfuil siad saor ó aon chur isteach míchuí ón stát nó ó leasanna tráchtála. Ní dhéanfaidh maoiniú rialtais cosc a chur ar eagraíocht a bheith neamhspleách, fad is nach ndéantar difear d'uathriail fheidhmiú agus chinnteoireacht na heagraíochta;

(c) atá féinrialaithe, sa mhéid is go bhfuil struchtúr institiúideach ag an eagraíocht a lamhálann di a feidhmeanna eagraíochtúla inmheánacha agus seachtracha a fheidhmiú go hiomlán agus cinntí riachtanacha a dhéanamh ar bhealach uathrialach agus gan cur isteach míchuí ag stát nó ag gníomhaithe seachtracha eile.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

3. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i mír 2 is cuma an bhfuil siad bunaithe ar bhallraíocht nó nach bhfuil agus cibé acu atá siad cláraithe nó nach bhfuil nó cibé acu a thugtar pearsantacht dhlítheanach dóibh nó nach dtugtar faoi dhlí an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe.

4. Eisiatar páirtithe polaitiúla ó raon feidhme na Treorach seo.

5. Eisiatar ceardchumainn agus comhlachais ceardchumann ó raon feidhme na Treorach seo.

6. Eagraíochtaí a bhfuil aidhm reiligiúnach, fealsúnach agus neamhchreidmheach, eisiatar iad ó raon feidhme na Treorach seo. Níl feidhm ag an eisiamh sin, áfach, maidir le heagraíochtaí eile nach bhfuil an aidhm shonrach sin acu a bhfuil creideamh reiligiúnach, fealsúnach nó neamhfhaoistiniúil mar bhonn lena luachanna agus lena n-aidhmeanna.

*Airteagal 3*

***Gaol le forálacha eile de dhlí an Aontais***

1. Cuirfidh na Ballstáit forálacha na Treorach seo i bhfeidhm i gcomhréir le rialacha na gConarthaí maidir le saoirse bunaíochta agus saorghluaiseacht seirbhísí agus le gníomhartha ábhartha de chuid an Aontais a rialaíonn feidhmiú na gceart sin, lena n-áirítear Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [6] maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach.

2. Ní dochar an Treoir seo do dhlí an Aontais agus don dlí náisiúnta maidir le cosaint sonraí pearsanta, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 agus forálacha comhfhreagracha an dlí náisiúnta.

## *Caibidil II*

## ***Oibleagáidí ginearálta***

*Airteagal 4*

***Íoschaighdeáin***

1. Áiritheoidh na Ballstáit go dteachtfaidh eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá bunaithe san Aontas na ráthaíochtaí íosta dá bhforáiltear sa Treoir seo.

2. Ní fhéadfar teorainneacha ar na ráthaíochtaí íosta dá bhforáiltear sa Treoir seo a dhéanamh ach amháin má tá siad riachtanach agus comhréireach maidir le cuspóirí leasa ghinearálta a aithnítear le dlí an Aontais a chomhlíonadh nó a mhéid a bhaineann leis an ngá le cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

3. Beidh an Treoir seo gan dochar do cheart na mBallstát forálacha atá níos fabhraí d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a thabhairt isteach nó a choinneáil, ar choinníoll nach gcuireann na forálacha sin isteach ar na hoibleagáidí a thagann as an Treoir seo.

*Airteagal 5*

***Neamh-idirdhealú***

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfar idirdhealú, bunaithe ar áit bhunaíochta na heagraíochta neamhbhrabúsaí, lena n-áirítear a ndlíthe agus a gcleachtais riaracháin lena rialaítear eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, lena n-áirítear maidir lena bhfoirmiú, lena gclárú, lena n-oibríochtaí, lena maoiniú, lena láimhseáil airgeadais agus cánach nó lena mbearta faoisimh cánach agus lena ngníomhaíochtaí trasteorann.

2. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh dlíthe, rialacháin nó cleachtais riaracháin náisiúnta a rialaíonn eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena mbunú, a gclárú, a n-oibríochtaí, a maoiniú agus a ghníomhaíochtaí trasteorann, idirdhealú in aghaidh aon ghrúpa nó duine aonair ar aon fhorais, amhail aois, breith, dath, inscne, claonadh gnéasach, féiniúlacht inscne, riocht sláinte, stádas inimirce nó cónaitheachta, teanga, bunús náisiúnta, eitneach nó sóisialta, tuairim pholaitiúil nó eile, míchumas coirp nó meabhrach, maoin, cine, reiligiún nó creideamh, nó stádas eile.

*Airteagal 6*

***Simpliú rialacha riaracháin***

1. Déanfaidh na Ballstáit simpliú, a mhéid is féidir, ar dhlíthe náisiúnta, ar rialacháin náisiúnta nó ar chleachtais riaracháin náisiúnta lena rialaítear foirmiú, clárú, oibríochtaí, maoiniú, ceanglais um thuairisciú agus gníomhaíochtaí trasteorann eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, d'fhonn saoirse comhlachais a áirithiú ar gach leibhéal agus chun deireadh

(6) Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO L 376, 27.12.2006, lch. 36.

a chur le haon chonstaicí agus idirdhealú gan údar a dhéanann difear do chumas daoine dlítheanacha nó nádúrtha nó grúpaí daoine den sórt sin, gan beann ar a náisiúntacht, saoirse comhlachais a bhunú, a chlárú nó a oibriú ar gach leibhéal agus chun eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a bhunú, a chlárú nó a oibriú i gcríoch an Bhallstáit, lena n-áirítear, mar shampla, chun seirbhísí a ráthú agus chun seirbhísí a ráthú go sábháilte, laistigh den Aontas agus lasmuigh den Aontas.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá bunaithe, cláraithe nó ag feidhmiú ar a gcríoch ar scéimeanna sainaitheantais leictreonacha chun nósanna imeachta riaracháin a chur i gcrích, i gcomhréir le forálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) (Rialachán eIDAS).

*Airteagal 7*

***An ceart chun dea-riaracháin***

1. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, maidir le cur i bhfeidhm dlíthe, rialachán nó cleachtas riaracháin náisiúnta lena rialaítear bunú, clárú, oibríochtaí, maoiniú, ceanglais um thuairisciú agus gníomhaíochtaí trasteorann eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá bunaithe, cláraithe nó ag feidhmiú ar a gcríoch, go ndéanfaidh údarás rialála ainmnithe a mbeidh a chumhachtaí agus a fheidhmeanna sainmhínithe go soiléir i gcomhréir le dlí agus a fheidhmiú de réir phrionsabal an dea-riaracháin, lena n-áirítear maidir leis an gceart chun gnóthaí duine a láimhseáil go neamhchlaonta, go cóir agus laistigh de thréimhse réasúnta.

2. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, maidir le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha ar aimsíodh go bhfuil siad ag sárú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin náisiúnta lena rialaítear bunú, clárú, oibríochtaí, maoiniú, ceanglais um thuairisciú agus gníomhaíochtaí trasteorann eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, go soláthrófar fógra dóibh faoin sárú líomhnaithe agus go dtabharfar dóthain deiseanna dóibh chun sáruithe de chineál riaracháin a leigheas.

3. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar rialacháin agus cleachtais maidir le formhaoirseacht agus maoirseacht ar eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a fhorordú de réir dlí agus go mbeidh siad i gcomhréir leis na haidhmeanna dlisteanacha a shaothraíonn siad. Áireofar leis sin a áirithiú nach bhfuil na rialacháin agus na cleachtais sin, mar riail, níos déine ná na rialacháin is infheidhme maidir le gnóthais phríobháideacha, agus nach gcuireann a gcur chun feidhme isteach ar bhainistíocht inmheánach eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus nach mbeidh ualach míchuí riaracháin nó airgeadais mar thoradh air do na heagraíochtaí lena mbaineann.

4. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh údaráis mhaoirseachta ainmnithe eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a fhormhaoirsiú agus a chlárú, ar údaráis iad a mbeidh a gcumhachtaí agus a bhfeidhmeanna sainmhínithe go soiléir ag an dlí agus á bhfeidhmiú go neamhspleách agus i gcomhréir leis an gceart chun dea-riaracháin, lena n-áirítear maidir leis an forais le haghaidh cigireachtaí agus iniúchtaí féideartha, nósanna imeachta, fad agus raon na gcigireachtaí agus na n-iniúchtaí agus cumhachtaí oifigeach cigireachta agus iniúchóireachta.

5. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh faisnéis chuimsitheach agus inrochtana go héasca agus atá sothuigthe ar fáil don phobal maidir le dlíthe, rialacháin nó cleachtais maidir le riaracháin náisiúnta lena rialaítear bunú, clárú, oibríochtaí, maoiniú, ceanglais um thuairisciú agus gníomhaíochtaí trasteorann eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a bunaíodh, a cláraíodh nó atá ag feidhmiú ar a gcríoch, chomh maith le hinniúlacht, nósanna imeachta agus feidhmiú na n-údarás rialála agus maoirseachta inniúil.

*Airteagal 8*

***Ceart chun leigheas éifeachtach a fháil***

1. Maidir leis na daoine go léir a bhfuil leas dlisteanach acu agus a bhaineann le foirmiú, clárú, oibríochtaí, maoiniú, ceanglais um thuairisciú agus gníomhaíochtaí trasteorann eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá bunaithe, cláraithe nó ag feidhmiú i gcríoch Ballstáit, áiritheoidh siad go mbeidh rochtain acu ar shásraí éifeachtacha um ghearáin os comhair údarás neamhspleách inniúil amhail ombudsman nó an Institiúid náisiúnta um Chearta an Duine chun cúnamh a lorg chun a gcearta a dhearbhú, agus go mbeidh rochtain acu ar leigheas éifeachtach riaracháin agus breithiúnach chun athbhreithniú a lorg ar na gníomhartha nó cinntí sin a dhéanann difear d'fheidhmiú a gceart agus a n-oibleagáidí. Áireofar ar na daoine sin eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, a mbunaitheoirí, a stiúrthóirí, a gcomhaltaí foirne, agus tairbhithe ghníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí neamhbhrabúsacha.

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh éifeacht fionraíochta ag an gcinneadh sin, mar riail, le haon achomharc i gcoinne nó agóid i gcoinne cinneadh eagraíocht neamhbhrabúsacha a thoirmeasc nó a dhíscaoileadh, a gníomhaíochtaí a chur ar fionraí nó a sócmhainní a reo, mura mbeidh éifeacht leis sin cosc a chur ar fhorfheidhmiú forálacha den dlí coiriúil.

3. Glacfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun a chinntiú go dtabharfar seasamh dlíthiúil os comhair cúirteanna náisiúnta d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, chun fianaise tríú páirtí a chur isteach in imeachtaí breithiúnacha.

4. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir, maidir le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu, le daoine aonair ainmnithe ionadaíocht a dhéanamh orthu os comhair na n-údarás náisiúnta inniúil agus na gcúirteanna chun rochtain a fháil ar na leigheasanna dá dtagraítear san Airteagal seo.

## *Caibidil III*

## *Creat rialála*

*Airteagal 9*

### *Cuspóirí agus gníomhaíochtaí*

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhféadfar teorainn a chur leis an tsaoirse atá ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá ag feidhmiú ina gcríoch a gcuspóirí a chinneadh agus na gníomhaíochtaí is gá a dhéanamh chun na cuspóirí sin a shaothrú ach amháin ar chúiseanna eisceachtúla a bhaineann leis an tslándáil phoiblí. Cuirfidh siad deireadh le constaicí nó srianta ar bith a dhéanann difear do chumas eagraíochtaí neamhbhrabúsacha na cuspóirí sin a shaothrú agus gníomhaíochtaí den sórt sin a chur i gcrích.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh eagraíochtaí neamhbhrabúsacha ar a gcríoch saor chun raon feidhme a gcuid oibríochtaí a chinneadh, bíodh sé áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta.

3. Áiritheoidh na Ballstáit nach ualach foirmiúil míchuí airgeadais agus riaracháin iad aon fhoirmiúlachtaí a rialaíonn bunú agus oibríochtaí eagraíochta neamhbhrabúsaí ar a gcríoch, mar a fhoráiltear sa dlí náisiúnta, sna rialacháin nó sna cleachtais riaracháin. Áireofar leis sin, i gcás eagraíochtaí nach bhfuil bunaithe ar bhallraíocht, an fhéidearthacht eagraíochtaí den sórt sin a bhunú go dlíthiúil trí bhronntanas nó tiomnacht.

4. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha ar a gcríoch a bheith ina mbaill d'eagraíocht eile neamhbhrabúsach, de chónaidhm nó de chónaidhm a bunaíodh nó a cláraíodh ar a gcríoch nó ar chríoch Bhallstáit eile, agus áiritheoidh siad nach mbeidh mar toradh ar an mballraíocht sin míbhuntáiste ar bith ann don eagraíocht lena mbaineann.

*Airteagal 10*

### *Ballraíocht*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach iarratas a dhéanamh ar bhallraíocht, i gcás inar féidir é, i bhfianaise a foirme dlíthiúla, ar eagraíocht neamhbhrabúsach atá bunaithe, cláraithe nó ag feidhmiú ina gcríoch, i gcomhréir le reachtanna agus bunreachtanna na heagraíochta sin, agus go bhféadfaidh siad cearta ballraíochta a fheidhmiú gan bhac faoi réir reachtanna agus teorainneacha rialála na heagraíochta.

2. Áiritheoidh na Ballstáit nach gcuirfear aon pionóis nó bearta sriantacha i bhfeidhm mar thoradh ar bhallraíocht eagraíochta neamhbhrabúsaí a bunaíodh, a cláraíodh nó a oibríonn ar a gcríoch de bhun dlíthe, rialachán nó cleachtais riaracháin náisiúnta, ach amháin nuair a bhíonn iarmhairtí den sórt sin mar thoradh ar fhorálacha den dlí coiriúil a fhorfheidhmiú.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an tsaoirse ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá bunaithe, cláraithe nó ag feidhmiú ina gcríoch cinneadh a dhéanamh maidir le comhdhéanamh a gcomhaltais. D'fhéadfadh go n-áireofaí air sin riachtanais speisialta a chinneadh do chomhaltaí, bunaithe ar chritéir réasúnta agus oibiachtúla.

*Airteagal 11*

### *Reachtanna*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá bunaithe, cláraithe nó ag feidhmiú ar a gcríoch saor chun a reachtanna, a mbunreachtanna agus a rialacha féin a ghlacadh, lena n-áirítear rialacha lena gcinntear a struchtúr bainistíochta inmheánach agus lena ndéantar a mboird agus a n-ionadaithe a thoghadh.

2. Áiritheoidh na Ballstáit nach gceanglaíonn dlíthe, rialacháin nó cleachtais riaracháin náisiúnta ar reachtanna eagraíochtaí neamhbhrabúsacha aon fhaisnéis a sholáthar ina reachtanna seachas an méid seo a leanas:

(a) ainm agus seoladh na heagraíochta (oifig chláraithe);

(b) cuspóirí agus gníomhaíochtaí na heagraíochta

(c) rialacha rialachais na heagraíochta, cumhachtaí a comhlachtaí rialaithe agus, i gcás inarb infheidhme, ainmniú daoine atá i dteideal gníomhú ina hainm;

(d) cearta agus oibleagáidí chomhaltaí na heagraíochta;

(e) an dáta ar glacadh na reachtanna agus ainm agus seoladh oifig chláraithe na gcomhaltaí bunaidh más daoine dlítheanacha iad;

(f) an nós imeachta is infheidhme chun na reachtanna a athrú; agus

(g) na nósanna imeachta is infheidhme chun an eagraíocht a dhíscaoileadh nó a chumasc le heagraíocht neamhbhrabúsach eile.

3. Féadfar a cheangal ar eagraíochtaí neamhbhrabúsacha tuilleadh faisnéise a nochtadh agus a phoibliú, ina reachtanna nó trí bhíthin tuairisciú bliantúil, maidir lena n-oibríochtaí, lena bhfeidhmiú, comhaltaí a gcomhlachtaí rialaithe, a n-ionadaithe agus a maoiniú, a mhéid a chomhlíonann sé sin cuspóir an leasa ghinearálta maidir le cuspóirí agus gníomhaíochtaí na heagraíochta.

*Airteagal 12*

***Pearsantacht dhlítheanach***

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil saoirse ag eagraíocht neamhbhrabúsach ar a gcríoch cinneadh a dhéanamh ar cheart pearsantacht dhlítheanach a fháil, d'ainneoin go bhféadfaidh na Ballstáit a shonrú cé na cineálacha eagraíochta a bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu.

2. I gcás ina bhfuil pearsantacht dhlítheanach faighte ag eagraíocht neamhbhrabúsach, áiritheoidh na Ballstáit gur féidir pearsantacht dhlítheanach na heagraíochta a idirdhealú go soiléir ó phearsantacht a gcomhaltaí, a mbunaitheoirí nó daoine dlítheanacha eile atá nasctha leis an eagraíocht sin.

3. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur leor clárú, más gá, nó an gníomh bunaíochta a thabhairt chun críche chun go bhfaighidh eagraíochtaí neamhbhrabúsacha pearsantacht dhlítheanach.

4. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh réamhúdarú riamh ina réamhchoinníoll chun go bhfaigheadh eagraíocht neamhbhrabúsacha pearsantacht dhlítheanach agus maidir le feidhmiú na hacmhainneachta dlíthiúla comhfhreagraí.

5. Áiritheoidh na Ballstáit nach measfar gur eagraíocht neamhbhrabúsach a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aici iad grúpaí daoine nádúrtha nó dlítheanacha a chomhoibríonn ná nach bhfuil iarracht déanta acu pearsantacht dhlítheanach a fháil, chun na críche sin amháin dlíthe, rialacháin nó cleachtais riaracháin náisiúnta a chur faoi réir a n-oibríochtaí, a maoiniú agus a ngníomhaíochtaí trasteorann nó go ndéanfar difear dóibh, mura bhfuil forais ann chun a dhearbhú gur eagraíocht choiriúil í an eagraíocht neamhbhrabúsach de bhun an dlí náisiúnta.

*Airteagal 13*

***Clárú***

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach coinníoll nó bac é clárú foirmiúil chun bunú nó oibríochtaí eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a bunaíodh nó a oibríonn ar a gcríoch.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na nósanna imeachta chun eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a chlárú ar a gcríoch inrochtana, so-úsáidte agus trédhearcach.

3. Áiritheoidh na Ballstáit nach ualach riaracháin míchuí iad na foirmiúlachtaí is infheidhme maidir le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha a chlárú ar a gcríoch de bhun dlíthe, rialachán nó cleachtais riaracháin náisiúnta. Áireofar leis sin foráil a dhéanamh do shásra formheasa intuigthe is infheidhme laistigh de 30 lá tar éis an iarratais ar chlárú agus staonadh ó riachtanais athchlárúcháin agus athnuachana a thabhairt isteach.

4. Áiritheoidh na Ballstáit nach sáraíonn na táillí is infheidhme maidir le heagrú eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a gcostais riaracháin, agus nach ualach airgeadais míchuí iad in aon chás, faoi réir phrionsabal na comhréireachta.

5. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur féidir eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá bunaithe ar a gcríoch a chlárú go leictreonach, agus a áirithiú ag an am céanna go bhféadfar clárú a dhéanamh trí mhodhanna neamhleictreonacha freisin.

6. Áiritheoidh na Ballstáit nach gá láithriú pearsanta os comhair cúirte nó údaráis náisiúnta inniúil eile chun eagraíocht neamhbhrabúsacha a chlárú ach amháin nuair is gá chun céannacht iarratasóra a chinneadh.

7. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le hiarratasóirí a bhfuil cónaí orthu nó a bhfuil a n-oifig chláraithe acu i mBallstát eile agus a gceanglaítear orthu láithriú os comhair cúirte nó údaráis náisiúnta inniúil eile chun eagraíocht neamhbhrabúsacha a chlárú déanamh amhlaidh os comhair na cúirte inniúla nó údarás inniúil eile i mBallstát a n-áite cónaithe agus go measfar go bhfuil an chuma sin leordhóthanach chun críche cláraithe sa Bhallstát clárúcháin.

8. Coinneoidh na Ballstáit bunachar sonraí d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha cláraithe atá inrochtana don phobal, lena n-áirítear faisnéis staidrimh ar líon na n-iarratas a nglactar leo agus a ndiúltaítear dóibh, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabail cosanta sonraí agus ar an gceart chun príobháideachais.

*Airteagal 14*

***Stádas leasa phoiblí***

1. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le heagraíocht neamhbhrabúsacha arna bunú nó arna clárú i mBallstát den Aontas iarratas a dhéanamh go n-aithneofar go gcuireann sí le leas an phobail agus go dtabharfar stádas comhfhreagrach di mar a fhoráiltear le dlíthe, rialacháin nó cleachtais riaracháin náisiúnta, bunaithe go hiomlán ar a cuspóir dearbhaithe nó fíorasach, a struchtúr agus a gníomhaíochtaí a bhaineann le críoch an Bhallstáit a thugann stádas.

2. Glacfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin nó cleachtais riaracháin náisiúnta is gá chun go n-aithneofar go gcuireann eagraíochtaí neamhbhrabúsacha le leas an phobail agus go dtabharfar stádas comhfhreagrach dóibh má chomhlíontar na coinníollacha carnacha seo a leanas:

(a) tá cuspóir agus gníomhaíochtaí iarbhír na heagraíochta ag gabháil le cuspóir agus leas an phobail, cuspóir a fhónann do leas na sochaí nó cuid de agus a théann chun tairbhe leas an phobail dá bhrí sin, ach amháin i gcás ina bhfuil an tóir sin dírithe go córasach agus go díreach ar dhul chun tairbhe struchtúr páirtí pholaitiúil ar leith. Measfar na críocha seo a leanas, *inter alia*, a bheith dírithe ar an leas poiblí:

(i) na healaíona, cultúr nó caomhnú stairiúil;

(ii) cosaint an chomhshaoil agus an t-athrú aeráide;

(iii) cearta bunúsacha agus luachanna an Aontais a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear daonlathas, smacht reachta, deireadh a chur le haon idirdhealú bunaithe ar inscne, cine, eitneachas, reiligiún, míchumas, gnéaschlaonadh nó aon fhorais eile;

(iv) ceartas sóisialta, cuimsiú sóisialta agus bochtaineacht lena n-áirítear bochtaineacht a chosc nó faoiseamh uaithi;

(v) cúnamh daonnúil agus cabhair dhaonnúil, lena n-áirítear faoiseamh ó thubaiste;

(vi) cabhair um fhorbairt agus comhar um fhorbairt;

(vii) cosaint, cúnamh agus tacaíocht d'earnálacha leochaileacha den phobal, lena n-áirítear leanaí, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, daoine atá ag lorg nó ag baint leas as cosaint idirnáisiúnta agus daoine atá i staid easpa dídine;

(viii) cosaint ainmhithe

(ix) eolaíocht, taighde agus nuálaíocht;

(x) oideachas agus oiliúint agus rannpháirtíocht na hóige;

(xi) sláinte agus folláine a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear cúram leighis a sholáthar;

(xii) cosaint tomhaltóirí;

(xiii) an spórt amaitéarach agus a chur chun cinn.

(b) úsáidtear an barrachas ó aon ghníomhaíocht eacnamaíoch nó gníomhaíocht eile a thuilleann ioncam a ghineann an eagraíocht neamhbhrabúsacha chun cuspóirí leasa phoiblí na heagraíochta a chur chun cinn;

(c) i gcás dhíscaoileadh na eagraíochta neamhbhrabúsaí, ráthaítear le coimircí reachtúla go leanfaidh a sócmhainní uile de bheith ag fónamh do chuspóirí leas an phobail;

(d) níl comhaltaí de struchtúir rialaithe nach comhaltaí de struchtúir rialaithe na heagraíochta iad incháilithe le luach saothair a thuilleamh seachas liúntais leormhaithe chun costais a chlúdach.

3. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhféadfaidh eagraíocht neamhbhrabúsach a aithnítear go gcuireann sí le leas an phobail agus a ndeonaítear stádas comhfhreagrach di de bhun dlíthe, rialacháin nó cleachtas riaracháin náisiúnta an stádas sin a chúlghairm ach amháin i gcás ina bhfuil fianaise leordhóthanach curtha ar fáil ag an údarás rialála inniúil nach gcomhlíonann an eagraíocht neamhbhrabúsacha na coinníollacha a leagtar síos i mír 2 a thuilleadh.

*Airteagal 15*

***Foirceannadh, toirmeasc agus díscaoileadh***

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach féidir eagraíocht neamhbhrabúsach a fhoirceannadh ach trí chinneadh a comhaltaí nó trí chinneadh cúirte nó binse.

2. Áiritheoidh na Ballstáit nach féidir le foirceannadh ainneonach, toirmeasc nó díscaoileadh eagraíochta neamhbhrabúsaí ach a bheith ina iarmhairt ar sháruithe ar an dlí náisiúnta nach féidir a cheartú nó a leigheas.

3. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhféadfaidh foirceannadh ainneonach, toirmeasc agus díscaoileadh eagraíochta neamhbhrabúsaí a bheith mar thoradh ar fhéimheacht, ar neamhghníomhaíocht fhada nó ar mhí-iompar tromchúiseach contrártha leis an tslándáil phoiblí mar atá aitheanta i ndlí an Aontais.

4. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh mar thoradh ar éagóracha aonair bunaitheoirí, stiúrthóirí, foirne nó comhaltaí eagraíochta neamhbhrabúsaí, nuair nach bhfuil siad ag gníomhú thar ceann na heagraíochta, foirceannadh ainneonach, toirmeasc agus díscaoileadh na heagraíochta.

5. Beidh feidhm ag an gcosaint dá bhforáiltear san Airteagal seo freisin maidir le gníomhaíochtaí eagraíochta neamhbhrabúsacha a chur ar fionraí i gcás ina bhféadfadh an fionraí sin reo oibríochtaí na heagraíochta atá comhionann le díscaoileadh.

***Caibidil IV***

***Cóireáil chomhionann agus soghluaisteacht***

*Airteagal 16*

***Cóir chomhionann***

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéileálfar le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá ag feidhmiú ina ndlínse agus a bunaíodh nó a cláraíodh i mBallstát eile ar an mbealach céanna le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá bunaithe nó cláraithe ina ndlínse, lena n-áirítear maidir le rochtain ar sheirbhísí, mar shampla seirbhísí baincéireachta, údaruithe a dheonú agus, i gcás inarb iomchuí, cóireáil airgeadais agus fhioscach faoi réir dlíthe, rialachán agus cleachtas riaracháin náisiúnta, chomh maith le rochtain ar chistiú do ghníomhaíochtaí a tharlaíonn faoi dhlínse an Bhallstáit nó a théann chun leasa phoiblí an Bhallstáit.

2. Chun críche mhír 1, ní chuirfidh na Ballstáit de cheangal ar eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá bunaithe nó cláraithe i mBallstát eile ach atá ag feidhmiú ina ndlínse cruthúnas a sholáthar seachas an fhianaise ar bhunú nó ar chlárú mar eagraíocht neamhbhrabúsach i mBallstát eile.

*Airteagal 17*

***Prionsabal na cóireála neamhthreallaí***

Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh idirdhealú nach bhfuil údar cuí leis mar thoradh ar rialacha náisiúnta a rialaíonn eagraíochtaí neamhbhrabúsacha arna mbunú, cláraithe nó ag feidhmiú ar a gcríoch bunaithe go hiomlán ar inmhianaitheacht pholaitiúil chuspóir na heagraíochta, ar réimse a gníomhaíochtaí nó ar fgoinsí a maoinithe.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

*Airteagal 18*

***Soghluaisteacht agus leanúnachas trasteorann***

1. Díothóidh na Ballstáit aon chonstaicí a dhéanann difear d'fheidhmiú eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá bunaithe nó cláraithe i mBallstát eile maidir lena gceart chun saoirse bunaíochta, saorghluaiseacht seirbhísí agus saorshreabhadh caipitil ar a gcríoch. Ní dochar an méid sin do shaincheart na mBallstát, chun go ndeonófar stádas foirmiúil d'eagraíocht neamhbhrabúsach, go bhfuil pearsantacht dhlítheanach faighte ag an eagraíocht nó go bhfuil sí san áireamh i gclár náisiúnta, i gcomhréir le dlí an Bhallstáit inar bunaíodh í agus/nó ina bhféachann sí le hoibriú.

2. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil an ceart ag eagraíocht neamhbhrabúsacha atá cláraithe i mBallstát eile:

(a) a oifig chláraithe a aistriú chuig a gcríoch gan é a bheith riachtanach bunú ná corprú mar dhuine dlítheanach nua;

(b) rochtain a bheith aici ar nós imeachta cláraithe simplithe lena n-aithnítear an fhaisnéis agus an doiciméadacht a chuir an eagraíocht neamhbhrabúsacha ar fáil cheana don Bhallstát inar cláraíodh í roimhe seo.

*Airteagal 19*

***Tiontuithe agus cumaisc thrasteorann***

1. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le heagraíocht neamhbhrabúsach atá bunaithe nó cláraithe ina ndlínse tiontú nó cumasc le heagraíocht neamhbhrabúsach eile a bunaíodh nó a cláraíodh i mBallstát eile, gan é a bheith mar thoradh ar an gcumasc nó an tiontú sin go ndéanfaí foirceannadh, toirmeasc nó díscaoileadh ainneonach, nó gníomhaíochtaí na heagraíochta a chur ar fionraí.

2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás tiontú nó cumasc dá dtagraítear i mír 1, go mbeidh an eagraíocht neamhbhrabúsacha atá ag tiontú nó ag cumasc saor chun oifig nó oibríochtaí a bhunú sa Bhallstát cinn scríbe.

3. Bunóidh na Ballstáit an fhoirm dlí a ghlacfaidh an eagraíocht thiontaithe nó chumaisc, bunaithe ar phrionsabal na coibhéise.

4. Áiritheoidh na Ballstáit, má mhainníonn an eagraíocht neamhbhrabúsach a eascraíonn as tiontú nó cumasc dá dtagraítear i mír 1 na coinníollacha agus na ceanglais a leagtar amach i ndlíthe, rialacháin nó cleachtais riaracháin náisiúnta an Bhallstáit óstaigh a chomhlíonadh, go dtugtar spriocdháta réasúnta d'eagraíocht neamhbhrabúsach chun na bearta is gá a dhéanamh chun a seasamh a rialáil.

5. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh sé d'éifeacht ag comhshónna nó cumaisc trasteorann go mbainfí an bonn ó chearta oibrithe nó ó chearta ceardchumainn nó de choinníollacha oibre na n-oibrithe nó na gceardchumann. Áiritheoidh siad, i gcomhréir le comhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme agus le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, go leanfar d'oibleagáidí fostóirí maidir le fostaithe agus creidiúnaithe a chomhlíonadh agus go gcuirfear fostaithe, saorálaithe, ceardchumainn agus ionadaithe oibrithe ar an eolas go cuí agus go rachfar i gcomhairle leo. Déanfar comhaontuithe comhchoiteanna agus cearta ionadaíochta ar leibhéal an bhoird oibrithe a urramú agus a choimeád, i gcás inarb infheidhme.

***Caibidil V***

***Maoiniú***

*Airteagal 20*

***Tiomsú airgid agus saorúsáid sócmhainní***

1. Bainfidh na Ballstáit aon bhacainní a théann i bhfeidhm ar chumas eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá bunaithe, cláraithe nó ag feidhmiú ar a gcríoch aon acmhainní a lorg, a fháil, a dhiúscairt nó a bhronnadh, lena n-áirítear acmhainní airgeadais, neamhairgid agus ábharach, nó acmhainní daonna a lorg nó a fháil, ó aon fhoinse nó chuig aon fhoinse lena n-áirítear eintitis intíre, eachtrannacha nó idirnáisiúnta, bídís ina gcomhlachtaí poiblí, ina ndaoine aonair príobháideacha nó ina gcomhlachtaí príobháideacha.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

2. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh difríocht sa chaoi a ndéileáiltear le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha bunaithe ar a bhfoinsí nó ar a gceann scríbe maoinithe mar thoradh ar dhlíthe, rialacháin nó cleachtais riaracháin náisiúnta.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil eagraíochtaí neamhbhrabúsacha i dteideal maoin agus sócmhainní atá faoi réir dlíthe náisiúnta is infheidhme maidir le heintitis chomhchosúla faoina ndlínse a bheith acu agus a dhiúscairt gan srian.

4. Déanfaidh na Ballstáit an t-ualach riaracháin a íoslaghdú i ndáil le leithdháileadh sócmhainní thar theorainneacha agus cuirfidh siad ar chumas eagraíochtaí neamhbhrabúsacha brabúis a ghiniúint le haghaidh athinfheistíochta i dtionscadail charthanúla.

*Airteagal 21*

***Cistiú poiblí***

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear cistiú poiblí ar fáil agus go leithdháilfear é ar eagraíochtaí neamhbhrabúsacha trí nósanna imeachta soiléire, trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha.

2. Beidh feidhm ag mír 1 freisin maidir le cistiú ón Aontas a eisíocann na Ballstáit faoi bhainistíocht chomhpháirteach, faoi réir fhorálacha Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]).

*Airteagal 22*

***Cistiú trasteorann***

1. I gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le saorghluaiseacht chaipitil, áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh aon mhíbhuntáiste ar eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá bunaithe, cláraithe nó ag feidhmiú ina gcríoch féin mar thoradh ar chistiú a shireadh nó a fháil ó dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ina gcónaí san Aontas nó atá bunaithe san Aontas nó in LEE, ach lasmuigh dá gcríoch.

2. I gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le saorghluaiseacht caipitil, áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh aon mhíbhuntáiste ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha mar iarmhairt cistiú a sholáthar d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá bunaithe, cláraithe nó ag feidhmiú lasmuigh dá gcríoch.

*Airteagal 23*

***Gníomhaíochtaí eacnamaíocha***

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh eagraíochtaí neamhbhrabúsacha arna mbunú, cláraithe nó ag feidhmiú ar a gcríoch saor chun dul i mbun aon ghníomhaíochtaí dleathacha eacnamaíocha, gnó nó tráchtála ar choinníoll go dtacaíonn na gníomhaíochtaí sin go díreach nó go hindíreach lena gcuspóirí neamhbhrabúsacha, faoi réir na gceanglas ceadúnaithe nó rialála is infheidhme go ginearálta do na gníomhaíochtaí lena mbaineann de bhun dlíthe, rialacháin agus cleachtais riaracháin náisiúnta.

*Airteagal 24*

***Tuairisciú agus trédhearcacht maidir le maoiniú***

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh oibleagáidí tuairiscithe agus trédhearcachta is infheidhme maidir le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha de bhun dlíthe, rialacháin agus cleachtais riaracháin náisiúnta ina ualach róthrom agus go mbeidh siad comhréireach le méid na heagraíochta agus raon feidhme a cuid gníomhaíochtaí, agus luach a sóchmhainní agus a ioncaim á chur san áireamh.

2. Chun críche mhír 1, glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh oibleagáidí tuairiscithe agus trédhearcachta is infheidhme maidir le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha, de bhun dlíthe, rialacháin agus cleachtais riaracháin náisiúnta i ndáil le cur i gcoinne sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear iad siúd a chuireann oibleagáidí an Aontais agus idirnáisiúnta chun feidhme, bunaithe ar mheasúnú spriocdhírithe agus cothrom le dáta bunaithe ar riosca den earnáil agus de na heagraíochtaí lena mbaineann agus nach mbíonn ceanglais dhíréireacha ná teorannú míchuí ar rochtain eagraíochtaí neamhbhrabúsacha ar sheirbhísí airgeadais mar thoradh orthu.

3. De bhun Airteagal 11(3), déanfaidh eagraíochtaí neamhbhrabúsacha tuarascáil bhliantúil maidir le cuntais na n-eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus poibleoidh siad na tuarascálacha sin. Beidh ar áireamh sna tuarascálacha sin faisnéis maidir leis an gcistiú a fuarthas i rith na bliana féilire roimhe sin, faisnéis faoi thionscnamh agus luach an chistithe, na gcreidmheasanna, na n-iasachtaí bainc agus na síntiús bainc nó an fháltais neamhchúitithe airgid thirim nó maoine.

([8]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

4. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh de thoradh ar cheanglais um thuairisciú agus trédhearcachta is infheidhme maidir le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha, de bhun dlíthe, rialachán agus cleachtas riaracháin náisiúnta, nach mbeidh difríocht sa chaoi a gcaitear leis na heagraíochtaí sin ná aon teorainneacha ar a gcearta nó ar a n-oibleagáidí, bunaithe ar fhoinsí mhaoiniúcháin na n-eagraíochtaí sin, ar a gcuspóirí nó ar a ngníomhaíochtaí.

## *Caibidil VI*

## *Rúndacht*

*Airteagal 25*

### *Rúndacht ballraíochta*

1. I gcás ina bhfuil eagraíocht neamhbhrabúsach bunaithe ar bhallraíocht, glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur féidir le faisnéis maidir le comhaltaí fanacht faoi rún.

2. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhféadfaidh údarás inniúil rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhaineann le ballraíocht in eagraíocht neamhbhrabúsach i ndáil le comhaltaí ar daoine nádúrtha iad ach amháin i gcás ina mbeidh gá leis an rochtain sin chun críche imscrúdaithe choiriúil phoiblí maidir le cionta coiriúla is inphionóis le pianbhreith choimeádta bliana ar a laghad, agus tar éis cinneadh ó chúirt nó binse neamhspleách.

*Airteagal 26*

### *Faisnéis rúnda agus íogair*

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh d'éifeacht ag dlíthe, rialacháin nó cleachtais riaracháin náisiúnta a cheangal ar eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá bunaithe, cláraithe nó ag feidhmiú ar a gcríoch faisnéis rúnda agus íogair a nochtadh go poiblí, amhail sonraí pearsanta a bhaineann le foireann, saorálaithe, baill, bunaitheoirí nó deontóirí na heagraíochta.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá bunaithe, cláraithe nó ag feidhmiú ar a gcríoch ar leigheasanna éifeachtacha chun éadáil, úsáid nó nochtadh neamhdhleathach a gcuid faisnéise rúnda nó íogaire a chosc, nó sásamh a fháil ina leith.

3. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh feidhm ag cosaint i gcoinne faisnéis neamhdhleathach rúnda nó íogair eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a fháil, a úsáid nó a nochtadh go neamhdhleathach, de bhun an Airteagail seo, maidir le cigireachtaí, iniúchtaí agus aon ghníomhaíochtaí maoirseachta eile a dhéanann na húdaráis inniúla.

*Airteagal 27*

### *Faireachas*

Ní chuirfidh na Ballstáit faireachas gan údar cuí agus díréireach ar eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, go háirithe a gcuid oibríochtaí nó cumarsáide, ná oibríochtaí nó cumarsáid na mbunaitheoirí, comhaltaí struchtúir rialtais, comhaltaí eile, foirne, oibrithe deonacha, deontóirí nó páirtithe eile a bhaineann leis, mura bhfuil údar cuí leis ar chúiseanna sábháilteachta poiblí.

## *Caibidil VII*

## *Forálacha críochnaitheacha*

*Airteagal 28*

### *Cóir níos fabhraí agus clásal neamh-chúlchéimnithe*

1. Féadfaidh na Ballstáit forálacha a thabhairt isteach nó a choinneáil lena gcuirtear cóir níos fabhraí ar fáil d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá bunaithe, cláraithe nó ag oibriú ina gcríoch ná mar a fhorordaítear leis an Treoir seo.

2. Ní bheidh forfheidhmiú na Treorach seo ina chúis le laghdú ar leibhéal na cosanta a thugann an dlí náisiúnta, an tAontas nó an dlí idirnáisiúnta cheana féin, lena n-áirítear maidir le cearta bunúsacha, sna réimsí a chuimsítear sa Treoir seo.

*Airteagal 29*

### *Trasuí*

1. Faoin … [1 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], glacfaidh agus foilseoidh na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

2. Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá bunaithe cheana, cláraithe nó ag feidhmiú ar a gcríoch ar bhealach tráthúil, trédhearcach agus fónta faoi fhorálacha na Treorach seo a thrasuí agus a chur chun feidhme.

*Airteagal 30*

***Tuairisciú, meastóireacht agus athbhreithniú***

1. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil don Choimisiún maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm na Treorach seo. Ar bhonn na faisnéise a sholáthrófar, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm na Treorach seo tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis an spriocdháta chun í a thrasuí.

2. Tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis an spriocdháta chun í a thrasuí, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, agus an tuarascáil sin curtha isteach aige de bhun mhír 1, maidir le tionchar an dlí náisiúnta lena ndéantar an Treoir seo a thrasuí. Déanfaidh an tuarascáil meastóireacht ar an gcaoi ar fheidhmigh an Treoir seo agus breithneoidh sí an gá le bearta breise, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, leasuithe d'fhonn an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha a chomhchuibhiú tuilleadh.

3. Cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 thuas ar fáil go poiblí ar bhealach sorochtana.

*Airteagal 31*

***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0045

## Cumhachtú Óige na hEorpa: fostaíocht agus téarnamh sóisialta i ndiaidh na paindéime

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 maidir le hóige na hEorpa a chumhachtú: fostaíocht agus téarnamh sóisialta i ndiaidh na paindéime (2021/2952(RSP))**

(2022/C 342/18)

*Níl an téacs seo ar fáil i nGaeilge.*

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0048

# Tosaíochtaí AE don 66ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe ar Stádas na mBan

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 maidir le tosaíochtaí AE don 66ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe ar Stádas na mBan (2022/2536(RSP))**

(2022/C 342/19)

*Níl an téacs seo ar fáil i nGaeilge.*

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0049

# Na forbairtí is déanaí maidir le cearta an duine sna hOileáin Fhilipíneacha

## Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 maidir leis na forbairtí is déanaí maidir le cearta an duine sna hOileáin Fhilipíneacha (2022/2540(RSP))

(2022/C 342/20)

*Níl an téacs seo ar fáil i nGaeilge.*

P9_TA(2022)0050

# Pionós an bháis san Iaráin

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 maidir le pionós an bháis san Iaráin (2022/2541(RSP))**

(2022/C 342/21)

*Níl an téacs seo ar fáil i nGaeilge.*

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0051

## Géarchéim pholaitiúil i mBuircíne Fasó

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 maidir leis an ngéarchéim pholaitiúil i mBuircíne Fasó (2022/2542(RSP))**

(2022/C 342/22)

*Níl an téacs seo ar fáil i nGaeilge.*

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

# MOLTAÍ

# PARLAIMINT NA hEORPA

P9_TA(2022)0042

## An t-éilliú agus cearta an duine

**Moladh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 chuig an gComhairle agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le héilliú agus cearta an duine (2021/2066(INI))**

(2022/C 342/23)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe (UNCAC), a tháinig i bhfeidhm 14 Nollaig 2005,

— ag féachaint do Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus do Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cosantóirí Chearta an Duine,

— ag féachaint do Chairt na Náisiún Aontaithe,

— ag féachaint don Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus don Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha,

— ag féachaint don Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint,

— ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Choinbhinsiún na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) maidir le hOifigigh Phoiblí Eachtracha a Bhreabadh in Idirbhearta Gnó Idirnáisiúnta a Chomhrac, agus do Mholadh 2009 ón gComhairle maidir le Breabaireacht a Chomhrac a Thuilleadh, do Mholadh 1996 maidir le hInasbhainteacht Chánach Bhreabanna a thugtar d'Oifigigh Phoiblí Eachtracha agus ionstraimí gaolmhara eile,

— ag féachaint do thuarascáil ECFE ó 2010 dar teideal "Fostaíocht Iar-Phoiblí: Dea-chleachtais chun coinbhleacht leasa a chosc",

— ag féachaint do Choinbhinsiún 1997 maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe a bhfuil oifigigh na gComhphobal Eorpach nó oifigigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i dtreis ann ([1]),

— ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024, arna ghlacadh ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, 18 Samhain 2020,

— ag féachaint do Threoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Cosantóirí Chearta an Duine, a glacadh ag cruinniú 2914 den Chomhairle Gnóthaí Ginearálta, 8 Nollaig 2008,

— ag féachaint do rún 25 Meán Fómhair 2015 na Náisiún Aontaithe dar teideal "Ár ndomhan a chlaochlú: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe", lena n-áirítear SFI 16 lena gcumhdaítear iarrachtaí chun an t-éilliú a chomhrac.

([1]) IO C 195, 25.6.1997, lch. 2.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

— ag féachaint do thuarascáil an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, 8 Samhain 2013 dar teideal “Policy on preventing and deterring prohibited conduct in European Investment Bank activities” [Beartas maidir le hompar toirmiscthe i ngníomhaíochtaí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a chosc agus a dhíspreagadh] (Beartas Frithchalaoise BEI),

— ag féachaint do na Prionsabail Threoracha maidir le Gnó agus Cearta an Duine: Creat “Cosaint, Meas agus Leigheas” na Náisiún Aontaithe á chur chun feidhme,

— ag féachaint d’eagrán 2011 de Threoirlínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta agus do na caighdeáin atá forbartha aige chun an t-éilliú a chomhrac,

— ag féachaint do chonclúidí an 20 Meitheamh 2016 ón gComhairle maidir le gnó agus cearta an duine,

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine ([2]),

— ag féachaint do rún an 8 Iúil 2021 uaithi maidir le Córas Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine (Gníomh Magnitsky AE) ([3]),

— ag féachaint do Rialacháin 2021 maidir le Smachtbhannaí Domhanda Frith-Éillithe de chuid na Ríochta Aontaithe agus dá phrionsabail ghinearálta chun íospartaigh thar lear (lena n-áirítear Stáit atá buailte) a chúiteamh i gcásanna breabaireachta, éillitheachta agus coireacht eacnamaíoch,

— ag féachaint do ghlacadh Pharlaimint na Fraince le forálacha ceangailteacha nua chun sócmhainní goidte coigistithe a aiseag leis na daoine sna tíortha tionscnaimh,

— ag féachaint do rún an 10 Márta 2021 uaithi lena ngabhann moltaí don Choimisiún maidir le dícheall cuí corparáideach agus cuntasacht chorparáideach ([4]),

— ag féachaint dá rún an 17 Nollaig 2020 maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe ([5]),

— ag féachaint do rún an 19 Bealtaine 2021 uaithi maidir le héifeachtaí an athraithe aeráide ar chearta an duine agus maidir le ról chosantóirí chearta an duine san ábhar ([6]),

— ag féachaint do rún an 25 Samhain 2020 uaithi maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar an mbeartas eachtrach ([7]),

— ag féachaint dá rún an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le héilliú agus cearta an duine i dtríú tíortha ([8]),

— ag féachaint do rún an 25 Deireadh Fómhair 2016 uaithi maidir le dliteanas corparáideach i leith sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i dtríú tíortha ([9]),

— ag féachaint do rún an 8 Iúil 2015 uaithi maidir le seachaint cánach agus imghabháil cánach ina ndúshláin don rialachas, cosaint shóisialta agus forbairt i dtíortha i mbéal forbartha ([10]),

— ag féachaint do rún an 8 Deireadh Fómhair 2013 uaithi maidir le héilliú san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach: an tionchar ar chearta an duine i dtríú tíortha ([11]),

---

([2]) IO L 410 I, 7.12.2020, lch. 1.
([3]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0349.
([4]) IO C 474, 24.11.2021, lch. 11.
([5]) IO C 445, 29.10.2021, lch. 94.
([6]) IO C 15, 12.1.2022, lch. 111.
([7]) IO C 425, 20.10.2021, lch. 63.
([8]) IO C 337, 20.9.2018, lch. 82.
([9]) IO C 215, 19.6.2018, lch. 125.
([10]) IO C 265, 11.8.2017, lch. 59.
([11]) IO C 181, 19.5.2016, lch. 2.

— ag féachaint do Threoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta ([12]) agus don phacáiste de thograí reachtacha ón gCoimisiún Eorpach chun rialacha an Aontais in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a neartú (AML/CTF), a foilsíodh an 20 Iúil 2021,

— ag féachaint d'Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir le coireanna a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo, lena n-áirítear éilliú, ina bhféadfaidh AE comhrialacha a bhunú trí bhíthin treoracha,

— ag féachaint do Threoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le hionstraimeachtaí na coireachta agus fáltais ón gcoireacht a chalcadh agus a choigistiú san Aontas Eorpach ([13]),

— ag féachaint do Threoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile le haghaidh cionta coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle ([14]),

— ag féachaint do Choinbhinsiúin Dlí Choiriúil agus Shibhialta Chomhairle na hEorpa maidir le hÉilliú, agus d'ionstraimí dlíthiúla eile agus do mholtaí polaitiúla maidir leis an tsaincheist sin arna nglacadh ag comhlachtaí Chomhairle na hEorpa, lena n-áirítear rialacha comhchoiteanna i gcoinne éilliú i maoiniú páirtithe polaitiúla agus feachtais toghcháin, agus do rúin (98)7 agus (99)5, a ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an 5 Bealtaine 1998 agus an 1 Bealtaine 1999 faoi seach, lena mbunaítear an Grúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta (GRECO),

— ag féachaint do Rún (97) 24 an 6 Samhain 1997 ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir leis an bhFiche Treoirphrionsabal don Chomhrac in aghaidh Éilliú,

— ag féachaint do ráiteas GSE an 15 Aibreán 2020 maidir le Rioscaí Éillithe agus Tagairtí Dlíthiúla Úsáideacha i gcomhthéacs COVID-19,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ([15]),

— ag féachaint don dearbhú polaitiúil dar teideal Our common commitment to effectively addressing challenges and implementing measures to prevent and combat corruption and strengthen international cooperation, arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, 2 Meitheamh 2021, le linn a sheisiúin speisialta in aghaidh éilliú, agus rannchuid AE le doiciméad deiridh Sheisiún Speisialta Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 17 Nollaig 2019 maidir le héilliú,

— ag féachaint do thuarascáil an 17 Meitheamh 2020 Mheitheal na Náisiún Aontaithe um shaincheist chearta an duine agus corparáidí trasnáisiúnta agus fiontair eile ghnó dar teideal Connecting the business and human rights and the anti-corruption agendas,

— ag féachaint do rún Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le hinstitiúidí náisiúnta um chearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn, a glacadh 17 Nollaig 2015, agus do rún na Comhairle um Chearta an Duine maidir le hinstitiúidí náisiúnta um chearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn, a glacadh 29 Meán Fómhair 2016,

— ag féachaint do thuarascáil an 21 Aibreán 2020 ó Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine (OHCHR) maidir leis na dúshláin roimh Stáit agus cearta an duine á lánpháirtiú acu ina straitéisí agus beartais náisiúnta chun troid in aghaidh an éillithe, lena n-áirítear straitéisí agus beartais a thugann aghaidh ar earnálacha neamh-Stáit, amhail an earnáil phríobháideach, agus maidir leis na dea-chleachtais a chuireann siad i bhfeidhm ina leith,

---

([12]) IO L 156, 19.6.2018, lch. 43.
([13]) IO L 127, 29.4.2014, lch. 39.
([14]) IO L 186, 11.7.2019, lch. 122.
([15]) IO L 317, 4.11.2014, lch. 1.

— ag féachaint do thuarascáil an 15 Aibreán 2016 ó Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine maidir le dea-chleachtais chun cur i gcoinne tionchar diúltach an éillithe ar fheidhmiú chearta uile an duine, agus do thuarascáil chríochnaitheach an 5 Eanáir 2015 ó Choiste Comhairleach Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine maidir le saincheist thionchar diúltach an éillithe ar fheidhmiú chearta an duine,

— ag féachaint do Dhréacht-Treoirlínte Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine maidir le Creat um Chearta an Duine do Aisghabháil Sócmhainní,

— ag féachaint don tionscnamh ó Chomhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe chun straitéisí agus bearta a bhunú ar phrionsabail uilechoiteanna chearta an duine, na fostaíochta, an chomhshaoil agus an chomhraic i gcoinne an éillithe,

— ag féachaint do Mholtaí ón Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais,

— ag féachaint don Innéacs bliantúil um Aireachtáil Éillithe atá ag Transparency International,

— ag féachaint do Riail 118 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-0012/2022),

A. de bhrí go ndéanann an t-éilliú sáruithe ar chearta an duine a éascú, a bhuanú agus a institiúidiú agus go gcuireann sé bac ar chearta an duine a urramú agus a chur chun feidhme; de bhrí gur coir é an t-éilliú a liostaítear faoi Airteagal 83(1) CFAE lena n-éillítear sainmhíniú coiteann agus cur chuige coiteann mar gheall ar a nádúr tromchúiseach agus ar a ghné thrasteorann;

B. de bhrí go ndéanann an t-éilliú difear díréireach do na daoine aonair agus do na grúpaí is leochailí agus is imeallaithe sa tsochaí, rud a sháraíonn an ceart chun neamh-idirdhealaithe agus lena gcoisctear iad, go háirithe mná, ó rochtain chomhionann ar rannpháirtíocht pholaitiúil, ó sheirbhísí bunúsacha agus poiblí, ón gceartas, ó acmhainní nádúrtha, ó phoist, ón oideachas, ón tsláinte agus ó thithíocht; de bhrí go gcuireann an t-éilliú leis an mbochtaineacht agus leis an neamhionannas trí rachmas agus earraí poiblí a mhíleithreasú agus dochar á dhéanamh do chaomhnú an chomhshaoil nádúrtha agus d'inbhuanaitheacht chomhshaoil ag an am céanna;

C. de bhrí gur feiniméan casta domhanda é an t-éilliú atá ann i ngach tír ar domhan in ainneoin a gcóras eacnamaíoch agus polaitiúil; de bhrí go bhfuil comhar idirnáisiúnta ag teastáil chun an t-éilliú a chomhrac agus gur dlúthchuid é de na gealltanais idirnáisiúnta chun cearta an duine a chomhlíonadh, chun an pláinéad a chosaint agus chun a áirithiú go mbeidh an tsíocháin agus an rathúnas ag gach duine faoi 2030, faoi chuimsiú SFInna na Náisiún Aontaithe, go háirithe SFI 16, lena ndírítear ar shochaithe córa, síochánta agus cuimsitheacha a chur chun cinn, agus *inter alia* go gcuireann sé de cheangal ar an gcomhphobal idirnáisiúnta aisghabháil agus filleadh sócmhainní goidte a neartú;

D. de bhrí go mbaineann éilliú le mí-úsáid cumhachta de ghnáth, agus le heaspa cuntasachta, bac ar cheartas, úsáid tionchair mhíchuí, institiúidiú an idirdhealaithe, cliantachas, gabháil stáit, neaspachas, buanú creachlathas agus sásraí margaidh a chur as a riocht i measc ábhair eile, agus go n-éascaítear é le trédhearcacht neamhleor agus rochtain neamhleor ar fhaisnéis; de bhrí go gcruthaíonn fás an údarásaíochais agus teacht chun cinn réimis neamhdhaonlathacha timpeallacht bhisiúil don éilliú agus go dteastaíonn comhar idirnáisiúnta ó dhaonlathais ar an dearcadh céanna chun é a chomhrac; de bhrí go mbíonn tíortha soghonta do thionchar eachtrach mailíseach mar gheall ar an éilliú agus go ndéanann sé freisin damáiste d'institiúidí daonlathacha;

E. de bhrí go bhféadfadh tíortha, pobail, cuideachtaí nó daoine aonair a bheith ina n-íospartaigh ag éilliú, go háirithe iad siúd a bhfuil baint acu le hiarrachtaí chun éilliú a imscrúdú, a thuairisciú, a ionchúiseamh agus a thriail, atá i mbaol méadaithe agus a bhfuil cosaint éifeachtach de dhíth orthu; de bhrí gur cúis mhór le dúnmharú iriseoirí é an t-éilliú a thuairisciú agus, de réir an Choiste chun Iriseoirí a Chosaint, gur maraíodh in 2021 cúigear iriseoirí a raibh imscrúdú á dhéanamh acu ar éilliú faoi mhí Dheireadh Fómhair; de bhrí gur cuid lárnach de chomhrac an éillithe iad sceithirí a chosaint ar ghníomhaíocht díoltais agus cosaint dhlíthiúil éifeachtach agus nósanna imeachta tuairiscithe sábháilte a sholáthar dóibh san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach; de bhrí nach mór do gach beart frith-éillithe caighdeáin chearta an duine a chomhlíonadh;

F. de bhrí go mbaineann éilliú an bonn ón rialachas agus ó cháilíocht na seirbhísí poiblí, go ndéanann sé dochar d'éifeachtúlacht agus d'éifeachtacht na n-institiúidí daonlathacha, do rialachas corparáidí, don chóras srianta agus ceartúchán agus do phrionsabail dhaonlathacha, go lagaíonn sé an smacht reachta, go gcreimeann sé iontaoibh an phobail agus go gcuireann sé bac ar an bhforbairt inbhuanaithe, ionas gurb é a thagann as, údair an éillithe ag dul saor ó phionós, saibhriú lucht cumhachta agus gabháil cumhachta chun éalú ó ionchúisimh; de bhrí go mbaineann easpa córas breithiúnach neamhspleách an bonn ón urraim don smacht reachta; de bhrí gur catalaíoch agus toisc ollmhór coinbhleachta é an t-éilliú, go háirithe i dtíortha atá i mbéal forbartha, agus go ndéanann sé iarrachtaí cothaithe síochána a dhíchobhsú, rud is cúis le sáruithe ollmhóra ar chearta an duine agus i gcásanna áirithe bás; de bhrí go ndéantar sreafaí aindleathacha airgeadais ó thíortha i mbéal forbartha a éascú agus a spreagadh ag dlínsí rúndachta agus tearmainn chánach, chomh maith le gníomhaithe airgeadais agus dlíthiúla, atá bunaithe san Eoraip; de bhrí go bhfuil imscrúdú agus ionchúiseamh na gcoireanna sin teoranta fós;

G. de bhrí go mbaineann cleachtais éillitheacha sa pholaitíocht, amhail calaois toghchánach, cistiú neamhcheadaithe d'fheachtais pholaitiúla agus páirtithe polaitiúla agus cairdeas fabhair, go mbaineann siad an bonn ó chearta sibhialta agus polaitiúla chun páirt a ghlacadh i ngnóthaí poiblí, vótáil agus bheith tofa chun oifige poiblí agus go gcreimeann siad iontaoibh as páirtithe polaitiúla, ionadaithe tofa, próisis dhaonlathacha agus rialtais, rud a bhaineann dá bharr sin an bonn ó dhlisteanacht dhaonlathach agus ó mhuinín an phobail as an bpolaitíocht; de bhrí, in éagmais rialáil éifeachtach, go bhfuil maoiniú feachtais pholaitiúil agus maoiniú páirtithe go háirithe i mbaol éillithe agus go mbaineann gníomhaithe príobháideacha agus stáit eachtracha úsáid astu ar fud an domhain, go háirithe chun tionchar a imirt ar thoghcháin, ar fheachtais reifrinn agus ar dhíospóireachtaí sóisialta; de bhrí go bhfuil an t-éilliú á úsáid ag roinnt stáit eachtracha agus gníomhaithe neamhstáit mar uirlis beartais eachtraigh chun bac a chur ar an dul chun cinn i dtreo daonlathas feidhmiúil agus go bhfuil siad ar bonn níos rialta ag cur straitéisí gabhála éilíte agus comhthofa státseirbhíseach chun feidhme san Aontas agus ar fud an domhain araon, d'fhonn a leasanna a chur chun cinn i bpróisis reachtacha agus pholaitiúla;

H. de bhrí go ndeachaigh na treascairtí ar chearta an duine i roinnt tíortha arb é éilliú is cúis leo in olcas de dheasca ghéarchéim leanúnach COVID-19, ó tharla líon níos mó básanna de dheasca COVID-19 i dtíortha ina mbíonn ardleibhéil éillithe, agus na pobail is leochailí thíos go díréireach; de bhrí go gcuireann éilliú srian ar theachtadh chearta an duine, na saoirsí bunúsacha agus caighdeán cóir maireachtála ós rud é go gcreimeann sé cumas na stát seirbhísí sláinte poiblí nó vacsaíní a sholáthar agus a dháileadh go cothrom; de bhrí go bhfuil táirgí cógaisíochta agus feistí leighis an-leochaileach ó thaobh an éillithe de; de bhrí gur bhain neart rialtas mí-úsáid as cumhachtaí éigeandála ag éirí as COVID-19 chun a gcuid cumhachtaí a chomhchruinniú, dlús a chur leis an gcníogbheartaíocht ar iriseoirí, sceithirí agus eagraíochtaí sochaí sibhialta (ESS) a oibríonn chun an t-éilliú a nochtadh;

I. de bhrí go mbraitheann creidiúnacht sheachtrach AE freisin ar ghníomhaíocht frithéillithe éifeachtach sna Ballstáit agus ar leibhéal AE; de bhrí go bhfuil roinnt Ballstáit AE ar bharr Innéacs Rúndachta Airgeadais 2020 de Líonraí um Cheartas Cánach, lena rangaítear dlínsí de réir a leibhéil rúndachta agus de réir scála na ngníomhaíochtaí amach ón gcósta; de bhrí go ndearnadh doiciméadú ar easnaimh sna Ballstáit in athbhreithnithe a rinne Fóram Domhanda ECFE maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun críoch Cánach agus an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais; de bhrí gur cheart do Bhallstáit AE trédhearcacht úinéireacht na meán a mhéadú;

J. de bhrí go mbaintear mí-úsáid as saoránacht infheisteoirí agus scéimeanna cónaithe atá i bhfeidhm i roinnt Ballstát chun críoch sciúrtha airgid nó chun cistí a cheilt a fhaightear ó ghníomhaíochtaí éillitheacha; de bhrí go bhfuil rialacha ag go leor Ballstát chun tionchar míchuí agus éilliú ó reachtóirí agus ó oifigigh phoiblí a chosc, lena n-áirítear i gcás iar-reachtóirí augs iar-oifigigh, a bhfuil ról bunúsach acu maidir le gníomhaíochtaí éillitheacha a chosc, a bhrath agus a fhaire, ach nach bhforfheidhmítear na rialacha sin ach i bpáirt, agus nach leor rialacha comhchuibhithe ar leibhéal AE agus nach mór iad a threisiú;

K. de bhrí gur aithin Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, i ndearbhú polaitiúil an 2 Meitheamh 2021 uaidh, an fhreagracht atá air agus an gá le gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh in aghaidh éilliú agus go bhfuil sé tiomanta do thréaniarrachtaí coisctheacha a dhéanamh agus cur chuige iltaobhach a leanúint in aghaidh éilliú, i bhfianaise phaindéim COVID-19 go háirithe;

L. de bhrí go dtugann AE tacaíocht do thríú tíortha ina gcomhrac in aghaidh éilliú, ní hamháin le cúnamh teicniúil, gníomhaíocht taidhleoireachta agus tacaíocht airgeadais, agus fóraim iltaobhacha, ach trí reachtaíocht AE agus caighdeáin a leagan síos, agus treoirlínte agus creata maidir le gníomhaíocht sheachtrach;

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

M. de bhrí go bhfuil gealltanais dul i ngleic le héilliú tugtha ag an gComhairle i bPlean Gníomhaíochta AE um Chearta an Duine 2020-2024 trí bhíthin cúnamh uileghabhálach trí thacaíocht a thabhairt d'athchóiriú an riaracháin phoiblí, straitéisí agus creata dlíthiúla frithéillithe éifeachtacha, lena n-áirítear sceithirí agus cosaint d'fhinnéithe, comhlachtaí speisialaithe, parlaimintí, meáin neamhspleácha agus ESSanna, agus trí thacú le daingniú agus cur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe (UNCAC); de bhrí go mbraitheann creidiúnacht sheachtrach AE ar ghníomhaíocht frithéillithe éifeachtach sna Ballstáit freisin;

N. de bhrí gur féidir leis an earnáil phríobháideach agus le fiontair ghnó, go háirithe cuideachtaí ilnáisiúnta agus eintitis bhaincéireachta, ról lárnach a bheith acu maidir leis an éilliú a chomhrac ar fud an domhain agus maidir lena thionchar ar chearta an duine a laghdú; de bhrí gur féidir le heintitis bhaincéireachta rannchuidiú go mór le sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta agus gníomhaíochtaí aindleathacha eile a bhaineann leis an éilliú a bhrath, agus, ar an gcaoi sin, béim á leagan ar a thábhachtaí atá sé caidreamh tairbheach comhoibritheach a bhunú idir institiúidí stáit agus an earnáil phríobháideach;

O. de bhrí go bhfuil reachtaíochtaí éigeantacha maidir le dícheall cuí corparáideach fíor-riachtanach chun sáruithe ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a chosc, a chomhrac agus a leigheas go héifeachtach ar fud an tslabhra soláthair ar fad, agus nár cheart go mbeadh tionchar diúltach acu ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna); de bhrí gur cheart forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe a bheith ina gcuid de na hoibleagáidí dícheall chuí a bheartaítear a bheith sa togra ar an gceist a thiocfaidh ón gCoimisiún go luath;

P. de bhrí go gceadaítear cheana féin le córais smachtbhannaí AE atá bunaithe ar thíortha bearta spriocdhírithe a chur i bhfeidhm in aghaidh daoine agus eintitis atá freagrach as an mbonn a bhaint ón daonlathas agus ón smacht reachta, lena n-áirítear mí-iompar airgeadais tromchúiseach a bhaineann le cistí poiblí a mhéid a chumhdaítear na gníomhartha le UNCAC; de bhrí go bhfuil glacadh Chóras Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine (Gníomh Magnitsky AE) ina riachtanas breise do bhosca uirlisí AE; de bhrí gur iarr an Pharlaimint arís agus arís eile go leathnófaí a raon feidhme chun gníomhartha éillithe a áireamh go sainráite, d'fhonn gach sárú ar chearta an duine a chomhrac go héifeachtach, gan beann ar chineál na coire, agus chun réimeas comhlántach a chruthú i gcás nach n-áirítear gníomhartha éillithe in athbhreithniú an chórais reatha; de bhrí gur ghlac na Stáit Aontaithe, Ceanada agus an Ríocht Aontaithe freisin córais smachtbhannaí chosúla;

1. á mholadh don Chomhairle agus do Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an méid seo a leanas a dhéanamh:

***I dtreo straitéis frithéillithe domhanda Aontais***

(a) a aithint go bhfuil nasc idir an t-éilliú agus cearta an duine agus gur bac ollmhór é an t-éilliú ar theachtadh chearta uile an duine; dá bhrí sin, cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a ghlacadh sa chomhrac i gcoinne an éillithe, ar cur chuige é a mbeidh íospartaigh an éillithe ina chroílár, agus an comhrac i gcoinne an éillithe a chur chun lántosaigh in iarrachtaí agus i mbeartais uile an AE chun cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a chur chun cinn ar fud an domhain; aghaidh a thabhairt ar an éilliú mar fheiniméan domhanda lena n-éilítear institiúidí éifeachtacha frith-éillithe, sásraí coisctheacha agus creat rialála idirnáisiúnta, chomh maith le haisghabháil sócmhainní agus ionchúiseamh coiriúil laistigh den Aontas; tús a chur le hobair ar shainmhíniú a aithnítear go hidirnáisiúnta ar éilliú, agus leas á bhaint as UNCAC mar threoirlíne; a aithint go bhfuil gá le gníomhaíocht chomhbheartaithe dhomhanda agus comhoibriú níos fearr idir speisialtóirí frith-éillithe agus speisialtóirí chearta an duine chun an t-éilliú a chomhrac; comhar idir AE, a Bhallstáit agus tríú tíortha a chur chun cinn, go háirithe ar leibhéal an chomhair bhreithiúnaigh agus an fhorfheidhmithe dlí, agus malartú faisnéise, d'fhonn dea-chleachtais agus uirlisí éifeachtacha a mhalartú sa chomhrac i gcoinne an éillithe;

(b) a aithint gurb í an trédhearcacht cloch choirnéil na straitéisí frith-éillithe go léir; i bhfianaise an mhéid sin, iarraidh go gcuirfí deireadh le rialacha iomarcacha maidir le rúndacht ghairmiúil sna hearnálacha ábhartha, go háirithe san earnáil airgeadais, agus go gcuirfí chun cinn malartú uathoibríoch faisnéise maidir le calaois chánach agus seachaint cánach, chomh maith le tuairisciú de réir tíre ó chuideachtaí ilnáisiúnta agus ó chláir phoiblí úinéirí tairbhiúla cuideachtaí; beartas neamhfhulaingthe a ghlacadh i leith tearmainn chánach, mar go gceadaíonn siad sreafaí aindleathacha airgeadais a cheilt go héasca;

(c) an claonadh atá ann i láthair na huaire, chomh maith leis an nasc intreach idir na daonlathais, cúlú na ndaonlathas agus teacht chun cinn na gcreachlathas ar fud an domhain a aithint, rud a tharlaíonn freisin mar gheall ar an ról atá ag olagairc i roinnt tíortha; ról ceannasach a ghlacadh i bhfóraim iltaobhacha chun comhghuaillíocht daonlathas a shaothrú chun brú i gcoinne bhagairt domhanda an chreachlathais agus an údarásaíochais;

(d) straitéis frithéillithe uileghabhálach, chomhleanúnach agus éifeachtúil dhomhanda Aontais a chur le chéile trí na hionstraimí frithéillithe reatha agus na dea-chleachtais i mbosca uirlisí AE a mheas, chun bearnaí a aithint, an cistiú a mhéadú, agus an tacaíocht do ESSanna frithéillithe a fhorleathnú, rud a d'iarr Parlaimint na hEorpa cheana féin ina rún an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le héilliú agus cearta an duine i dtríú tíortha; tosaíocht a shannadh do chosc sa chomhrac i gcoinne an éillithe trí bhearta coisctheacha, beartais choisctheacha agus cleachtais choisctheacha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear feachtais ardaithe feasachta agus oiliúint san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach;

(e) meitheal thiomnaithe de chuid na Comhairle a bhunú le haghaidh réamhoibre i ndáil le hábhair frith-éillithe (cosúil le COHOM, nó bunaithe ar COHOM, an Mheitheal um Chearta an Duine) chun an plé sa Chomhairle a chur ar an eolas;

(f) ról na Parlaiminte ó thaobh ghrinnscrúdú iarrachtaí frithéillithe a fheabhsú; rún na Parlaiminte tuarascáil rialta ar an éilliú agus ar chearta an duine a ullmhú agus a nuashonrú gach téarma reachtaíochta a thabhairt dá haire; measúnuithe bliantúla a ullmhú ar an dul chun cinn a bhaintear amach maidir leis na moltaí sna tuarascálacha sin;

(g) a áitiú go ndéanfar feidhmiú agus forfheidhmiú iomlán i gcás ionstraimí frithéillithe náisiúnta agus idirnáisiúnta reatha amhail UNCAC, Coinbhinsiún OECD maidir le hOifigigh Phoiblí Eachtracha a Bhreabadh in Idirbhearta Gnó Idirnáisiúnta a Chomhrac, caighdeáin frith-éillithe agus moltaí Chomhairle na hEorpa, Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Coinbhinsiúin Dlí Choiriúil agus Shibhialta Chomhairle na hEorpa maidir le hÉilliú; spreagadh a thabhairt do gach stát nach bhfuil sin déanta acu go fóill na hionstraimí frith-éillithe sin a dhaingniú go tapa; próiseas cuimsitheach cuimsitheach a chur i gcrích gan mhoill chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme UNCAC ag AE, chomh maith le próiseas leantach a thabhairt isteach go pras le haghaidh athbhreithnithe UNCAC;

***Comhsheasmhacht inmheánach agus sheachtrach***

(h) creidiúnacht ghníomhaíocht frithéillithe sheachtrach AE a neartú trí éilliú a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí laistigh den Aontas, chomh maith le himghabháil chánach, trádáil aindleathach, rúndacht bhaincéireachta agus sciúradh airgid laistigh den Aontas; aitheantas a thabhairt do líon criticiúil daoine aonair agus eintiteas atá bunaithe san AE mar thionscnóirí, cumasóirí agus tairbhithe an éillithe i dtríú tíortha agus aitheantas a thabhairt don fhreagracht atá orthu; a aithint go bhfuil Ballstáit uile an Aontais tiomanta, mar stáit a shínigh UNCAC, do chion coiriúil a dhéanamh de bhreabaireacht na n-oifigeach poiblí náisiúnta agus eachtrach; a aithint go mbaintear an bonn ó iarrachtaí frith-éillithe i dtríú tíortha le héilliú sistéamach agus le mainneachtain breabaireacht choigríche a ionchúiseamh go héifeachtach i roinnt Ballstáit AE, agus go ndéanfaidh sé beart chun deireadh a chur leis na teipeanna sin; a aithint go ndéantar gníomhaithe éillitheacha lasmuigh den Aontas a mhisniú mar thoradh ar easpa gníomhaíochta comhchuibhithe agus meáite, moillithe agus bearna i gcur chun feidhme na rialachán frithéillithe laistigh den Aontas; cuntasacht a áirithiú do dhéantóirí scéimeanna mór-éillithe agus caighdeáin choiteanna a ghlacadh maidir le trédhearcacht, rialú agus maoirseacht infheistíochta chun laghdú ar an éilliú agus ar na rioscaí sciúrtha airgid a eascraíonn as cláir víosaí órga mar a thugtar orthu;

(i) a iarraidh ar an gCoimisiún creat frithéillithe AE a neartú agus treoir frith-éillithe AE a chur ar aghaidh ar bhonn Airteagal 83 CFAE, lena mbunaítear comhrialacha AE maidir le smachtbhannaí coiriúla i leith éillithe;

(j) a aithint gur ceann scríbe é an tAontas le haghaidh cistí agus sócmhainní míleithreasaithe, nach ndéantar a bhformhór a choigistiú agus a aischur, go bhfuil an creat dlíthiúil maidir le haisghabháil sócmhainní goidte fós an-ilroinnte agus go bhfuil sé ríthábhachtach sócmhainní míleithreasaithe a aischur ó thaobh an cheartais agus na cuntasachta de, chomh maith le hinchreidteacht bheartas tacaíochta daonlathais an Aontais; iarrachtaí a chur chun cinn i mBallstáit uile an Aontais sócmhainní goidte agus fáltais éillithe a chalcadh agus a choigistiú ina ndlínsí, i gcomhréir le UNCAC, agus iad a thabhairt ar ais ar bhealach trédhearcach agus cuntasach chuig an tír thionscnaimh agus chuig na híospartaigh, lena n-áirítear trí fheabhas suntasach a chur ar thrédhearcacht, ar rochtain ar fhaisnéis maidir le sócmhainní eachtracha atá á gcoinneáil ar chríoch an Aontais agus ar na ESSanna a bheith páirteach go fóinteach; obair leantach a dhéanamh go pras ar ghealltanais Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe don bhliain 2021 maidir le haisghabháil sócmhainní, lena n-áirítear na gealltanais sin maidir le coigistiú nach bhfuil bunaithe ar chiontú, coigistiú agus aisíoc fáltais ó éilliú a bhaineann le rúin neamhthrialacha, agus sonraí maidir le haisghabháil sócmhainní a bhailiú agus a fhoilsiú; seicheamhú ceart ar chaingne (smachtbhannaí, forghéilleadh sócmhainní sibhialta agus coiriúla, ionchúiseamh coiriúil, sásraí aischuir sócmhainní) a cheapadh a mbeidh mar thoradh orthu ar deireadh sócmhainní goidte a athshealbhú chun tairbhe d'íospartaigh éillithe; comhar éifeachtach a bhunú idir na Ballstáit maidir leis an tsaincheist sin; teachtaireacht a dhréachtú ina leagtar amach tionscnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

idirnáisiúnta chun a áirithiú go ndéanfar sócmhainní a sealbhaíodh go haindleathach a athshlánú go gasta agus go héifeachtúil tar éis próisis aistrithe dhaonlathaigh agus chun a áirithiú nach mbeidh aon tearmainn ann do na sócmhainní sin; comhrialacha AE a bhunú maidir le haischur sócmhainní goidte, lena gceanglaítear, a luaithe a bhunaíonn éilitheoir cás tosaigh, gur cheart don eintiteas freagartha nó don duine aonair freagartha a thaispeáint i dtaca le cionta tromchúiseacha arna sainmhíniú sa dlí náisiúnta gur chomhlíon sé a oibleagáidí dlíthiúla agus airgeadais, amhail tionscnamh dleathach maoinithe nó sócmhainní eile; na daoine atá freagrach a ionchúiseamh, rochtain leormhaith ar réitigh a éascú d'íospartaigh agus tacú le cumas na bparlaimintí maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar an mbuiséad;

(k) faireachán críochnúil a dhéanamh ar thrasnaíocht eachtrach agus forfheidhmiú dian rialacha cistiúcháin Eorpacha a bhunú agus a áirithiú do pháirtithe polaitiúla agus d"fhondúireachtaí polaitiúla, d"eagraíochtaí neamhrialtasacha agus do na meáin, go háirithe nuair a thagann an cistiú ó thíortha neamhdhaonlathacha agus ó ghníomhaithe neamhstáit, d'fhonn cosc a chur le gabháil éilíte, tionchar lag agus cur isteach ar phróisis dhaonlathacha agus ar ghnóthaí poiblí an Aontais agus na dtíortha comhpháirtíochta; trédhearcacht maidir le húinéireacht na meán a chur chun cinn mar chuid ríthábhachtach den daonlathas; cláir thiomnaithe a chur chun cinn maidir le maoiniú páirtithe polaitiúla agus caiteachas feachtais mar chuid de thacaíocht daonlathais sheachtraigh an Aontais dá dtíortha; caighdeáin dhiana a ghlacadh maidir le fostaíocht iar-phoiblí sealbhóirí oifige tofa agus oifigeach poiblí sinsearach, cásanna imrothlacha a sheachaint agus rialacha comhchuibhithe agus a bhforfheidhmiú ar leibhéal AE a áirithiú trí chóras láidir maoirseachta;

***Cearta an duine agus an frithéilliú: foireann uirlisí an Aontais a shaibhriú agus a fheidhmiú***

(l) príomhshruthú cur chuige frithéillithe bunaithe ar chearta an duine a neartú in ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais, lena n-áirítear san Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI), san Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) agus chistí iontaobhais AE; leas a bhaint as spriocanna agus amchláir chun tosaíocht a thabhairt do ghealltanais frithéillithe cheangailteacha; tús áite a thabhairt do thiomsú ioncaim intíre i dtíortha comhpháirtíochta trí thacú leis an gcomhrac i gcoinne na himghabhála cánach agus tríd an dea-rialachas a neartú; faireachán agus forfheidhmiú dian a neartú ionas nach mbeidh cistí an Aontais á n-úsáid ag rialtais le haghaidh gníomhaíochtaí aindleathacha; an tsochaí shibhialta a áireamh i bhfaireachán ar an úsáid a bhaintear as cistí AE agus ról na Parlaiminte sa réimse sin a fheabhsú; an chumarsáid idir gníomhaireachtaí speisialaithe AE agus na comhpháirtithe ar an talamh a fheabhsú; infheistíocht a dhéanamh i modhanna digiteacha agus sonraíbhunaithe chun an t-éilliú a chomhrac, go háirithe i gcumais theicneolaíocha na ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí; comhar feabhsaithe a chur chun cinn idir an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus Oifig an Ionchúisitheora Eorpaigh; bunachar sonraí comhsheasmhach, cuimsitheach agus inrochtana de thairbhithe deiridh chistí an AE feadh thimthriall iomlán an tsoláthair a áirithiú;

(m) cláir faoi ionstraimí gníomhaíochta seachtraí AE a fheabhsú chun tacú le fothú acmhainní frithéillithe, bunaithe ar phrionsabail na trédhearcachta, na cuntasachta, an neamh-idirdhealaithe agus rannpháirtíocht fhóinteach na ngeallsealbhóirí, agus i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha maidir leis na hionstraimí sin; éifeachtúlacht chaiteachas AE a fheabhsú trí spriocanna agus amchláir shoiléire a chur san áireamh sna cláir; trédhearcacht agus cuntasacht a cúnaimh oifigiúil forbartha a fheabhsú chun na caighdeáin a leagtar amach i bprionsabail éifeachtacht na forbartha a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta a chomhlíonadh; córas iomlánaíoch bainistithe riosca a fhorbairt chun cosc a chur ar chistí an Aontais cur leis an éilliú trí thacaíocht bhuiséadach a nascadh le cuspóirí frithéillithe agus trí aird ar leith a thabhairt ar fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme; faireachán dian a dhéanamh ar thionscadail a mhaoiníonn an tAontas Eorpach i dtríú tíortha agus a áirithiú nach n-úsáidtear iad mar ionstraimí chun gníomhaíochtaí aindleathacha a mhaoiniú; iniúchtaí a bhunú lena sheiceáil go bhfuil na cistí sin á n-úsáid i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sna rialacháin le haghaidh gach ionstraime; tacaíocht bhuiséadach a chur ar fionraí i dtíortha ina bhfuil an t-éilliú forleathan agus ina mainníonn na húdaráis go follasach fíorghníomhaíocht a dhéanamh, agus ag an am céanna a áirithiú go bhfaighidh an cúnamh an pobal sibhialta ar bhealaí eile; i maoiniú AE, aird ar leith a thabhairt ar bhainistiú fónta sócmhainní poiblí tríú tíortha, i gcomhréir le Rialachán Airgeadais an Aontais, agus tacú le hiarrachtaí ECFE feabhas a chur ar rialachas corparáideach fiontar atá faoi úinéireacht an stáit; féachaint an bhféadfaí tascfhórsa frith-éillithe de chuid an Aontais a chruthú a mbeadh cumhachtaí, saineolas agus acmhainní leormhaithe aige chun imscrúduithe agus meastóireachtaí a dhéanamh i dtríú tíortha agus chun cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a sholáthar, lena n-áirítear pleananna saincheaptha athchóirithe, do stáit a fhaigheann cistí AE nach bhfuil an cumas leordhóthanach acu chun aghaidh a thabhairt ar an éilliú agus ar mian leo a gcomhar leis an Aontas a neartú; toscaireachtaí AE agus ambasáidí na mBallstát a spreagadh chun tuairisciú go rialta ar éilliú agus oiliúint theicniúil a sholáthar d'fhoireann Thoscaireacht AE ionas go mbeidh siad in ann dul i ngleic le fadhbanna sa réimse sin agus réitigh a mholadh le haghaidh comhthéacsanna sonracha náisiúnta;

(n) a áirithiú go gcuirfear na caighdeáin eiticiúla agus trédhearcachta is airde i bhfeidhm i gcistiú AE, lena n-áirítear maoiniú tionscadal agus iasachtaí ó BEI, go mbeidh ról iomlán ag ESSanna agus ag gníomhaithe neamhspleácha i bhfaireachán a dhéanamh ar na cistí sin agus go mbeidh sásraí casaoide ar fáil, inrochtana agus cuntasacht i leith mí-úsáid cistí a d'fhéadfadh a bheith ann a áirithiú; a áirithiú go ráthóidh comhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais go mbeidh rochtain shaor, thapa agus éasca ar fhaisnéis, lena n-áirítear faisnéis faoin leithdháileadh, faoi fhaighteoir deiridh an chistithe agus faoi úsáid deiridh na gcistí;

(o) tús áite a thabhairt don chomhrac in aghaidh éilliú sa chaibidlíocht agus sna critéir réamhaontachais; díriú ar an tógáil acmhainne, amhail comhlachtaí speisialaithe frithéillithe;

(p) creat coinníollachta láidir éigeantach le forálacha trédhearcachta agus clásail cheangailteacha in-fhorfheidhmithe maidir le cearta an duine agus clásail frith-éillithe a chur san áireamh i gcomhaontuithe trádála agus infheistíochta AE agus i dtríú tíortha; mar bheart in am an éigin, smachtbhannaí a fhorchur nó comhaontuithe a fhionraí i gcás gníomhartha éillithe tromchúiseacha agus sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine; a áirithiú go mbeidh an chaibidlíocht trádála cuimsitheach agus trédhearcach, agus go mbeidh maoirseacht phoiblí fhiúntach agus feasacht ar straitéisí agus tosaíochtaí ag gabháil leo;

(q) an fócas ar fhrith-éilliú a neartú san idirphlé maidir le cearta an duine agus sa taidhleoireacht phoiblí, idirphlé oscailte a chur chun cinn idir na stáit agus an tsochaí shibhialta faoi fhadhbanna agus réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann agus trí chosantóirí chearta an duine (CCDanna) agus ESSanna a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí frith-éillithe a áireamh go gníomhach;

(r) faireachán a dhéanamh ar na rioscaí ó éilliú a bhainfeadh le tionscadail tógála agus infheistíochta mhórscála na dtíortha údarásaíocha a dhéantar a láimhseáil ar bhonn domhanda ach sna Ballstáit freisin, lena n-áirítear sna tionscail fuinnimh agus eastóscacha, in earnáil an bhonneagair, na cosanta agus na sláinte; aird ar leith a thabhairt ar thrédhearcacht sna tionscadail sin, ar cúis imní iad go minic maidir le maoiniú neamh-thrédhearcach nó rioscaí fioscacha; leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme pras chlár an Aontais a bhfuil nasc domhanda aige leis an Eoraip, clár a d'fhormheas an Chomhairle an 12 Iúil 2021, lena bhféadfaí cur le dul i ngleic leis an bhfadhb sin trí luachanna agus leasanna an Aontais a chur chun cinn sa bheartas eacnamaíoch, forbartha agus slándála;

***Tacaíocht don tsochaí shibhialta, d'iriseoirí agus do chosantóirí chearta an duine***

(s) ról fíor-riachtanach ESSanna neamhspleácha, CCDanna, gníomhaithe frith-éillithe, sceithirí agus iriseoirí iniúchacha a aithint sa chomhrac in aghaidh éilliú, trí noirm shochaíocha atá ag athrú, an tsaoirse ó phionós a chomhrac, sonraí a bhailiú agus bearta frithéillithe a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú níos fearr; oibriú chun timpeallacht shábháilte chumasúcháin a chruthú dóibh siúd a dhéanann éilliú a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear sceithirí agus iriseoirí, agus d'fhinnéithe chomh maith; tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh an éillithe – daoine aonair agus pobail – ionas gur féidir iad a aithint agus a chur ar an eolas, páirt a ghlacadh in imeachtaí breithiúnacha agus cúiteamh a éileamh agus cúiteamh a fháil as damáistí; iarrachtaí a chur chun cinn chun Treoir an Aontais maidir le Sceithirí a thrasuí agus a chur chun feidhme go mear ag na Ballstáit; oibriú le tríú tíortha maidir le cosaint do sceithirí, lena n-áirítear trí ghealltanais chun caighdeáin arda a áirithiú maidir lena gcosaint i gcomhaontuithe trádála agus infheistíochta uile AE i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine; tacú le hiarrachtaí déantóirí na coire a thabhairt os comhair na cúirte;

(t) cláir a dhearadh chun tacaíocht airgeadais bhreise a sholáthar do ESSanna, do na meáin neamhspleácha, do sceithirí, iriseoirí iniúchacha agus CCDanna a oibríonn chun éilliú a chosc agus a nochtadh, trédhearcacht agus cuntasacht a chur chun cinn lena n-áirítear tacaíocht in aghaidh cásanna straitéiseacha in aghaidh rannpháirtíocht an phobail (cásanna SLAPP); rochtain ESSanna níos lú ar chistiú AE a fheabhsú; a áitiú go mbunófaí treoir frith-SLAPP de chuid an Aontais a bheadh uaillmhianach agus éifeachtach, agus i ndáil le ciapadh breithiúnach a d'fhéadfadh a bheith ann ag údaráis, ag corparáidí nó ag daoine eile lasmuigh den Aontas freisin;

(u) cosaint finnéithe, sceithirí, iriseoirí iniúchacha agus CCDanna frithéillithe agus a ngaolta a neartú, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear trí víosaí éigeandála a eisiúint agus dídean shealadach a sholáthar i mBallstáit AE, agus trí acmhainní tiomnaithe a leithdháileadh ar thoscaireachtaí AE agus ar ionadaithe na mBallstát; a iarraidh go ndéanfaí imscrúdú críochnúil ar ghníomhaithe frith-éillithe agus go ndéanfaí an foréigean i gcoinne iriseoirí iniúchacha, CCDanna, agus gníomhaithe frith-éillithe eile, agus an ceartas ina leith, a fhiosrú go críochnúil;

***Trédhearcacht agus cuntasacht comhlachtaí poiblí***

(v) rochtain láidir ar dhlíthe faisnéise a chur chun cinn, agus sonraí rialtais atá fóinteach, cuimsitheach, tráthúil, inchuardaithe agus digitithe a chur chun cinn gan muirir a ghearradh, trédhearcacht fheabhsaithe an tsoláthair phoiblí agus brústocaireacht, le comhlachtaí neamhspleácha maoirseachta; stáit a spreagadh chun seirbhísí a fháil ó ghnóthais a chomhlíon oibleagáidí díchill chuí maidir le cearta an duine, lena n-áirítear forálacha frith-éillithe;

(w) cláir a chur i gcrích chun tacú le hacmhainneacht pharlaiminteach chun rialú buiséadach agus gníomhaíochtaí maoirseachta eile a fheidhmiú;

(x) tacú le breithiúna agus comhlachtaí ionchúisimh agus forfheidhmithe dlí atá neamhspleách, neamhchlaonta, slán ó thaobh acmhainní de agus éifeachtach, agus iad a neartú, chun críoch cionta éillithe a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a bhreithniú go rathúil; tacú le cruthú agus le gairmiúlú sainchomhlachtaí frith-éillithe stáit i dtríú tíortha;

(y) leanúint den tacaíocht do phróisis toghcháin a bheidh cothrom agus cóir agus an chuntasacht do vótálaithe a chur chun cinn, agus aird ar leith ar chalaois thoghchánach agus ceannach vótaí; rialacha trédhearcachta agus neamhchlaontachta a chur chun cinn chun cur i gcoinne maoiniú polaitúil aindleathach; a áirithiú go ndéanfar obair leantach níos córasaí ar mholtaí ó mhisin bhreathnóirí idirnáisiúnta;

***An comhrac in aghaidh éilliú i bhfóraim iltaobhacha***

(z) ról ceannaireachta a ghlacadh agus comhghuaillíochtaí daonlathas á saothrú chun teacht chun cinn domhanda na gcreachlathas a chomhrac; a áitiú go n-áireofaí frith-éilliú ar chlár oibre na gcruinnithe mullaigh idirnáisiúnta atá ar na bacáin, amhail G7, agus a iarraidh go gcuirfí chun feidhme go hiomlán an clár oibre frith-éillithe a comhaontaíodh ag an gCruinniú Mullaigh um an Daonlathas a mhol na Stáit Aontaithe; leanúint den rannchudiú réamhghníomhach le hobair na bhfóram idirnáisiúnta agus réigiúnach chun éilliú a chomhrac agus cearta an duine a chur chun cinn;

(aa) a chur in iúl gur díol sásaimh dóibh an dearbhú polaitiúil suntasach ar an éilliú atá glactha ag Tionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus an deis a thapú a chuid moltaí a chur chun feidhme agus an comhar le comhlachtaí na Náisiún Aontaithe amhail Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine (OHCHR) agus Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta (UNODC) a neartú; a áitiú a thábhachtaí atá rannpháirtíocht chórasach na sochaí sibhialta sa phlé ar leibhéal na Náisiún Aontaithe agus i sásraí faireacháin maidir le héilliú;

(ab) doimhniú agus comhlíonadh gealltanas idirnáisiúnta a spreagadh chun an frithéilliú a chur i gcroílár na SFInna mar bhealach chun bochtaineacht dhomhanda a chomhrac, agus chun cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha a chomhlíonadh, agus aird ar leith ar an gceart chun oideachais agus rannpháirtíochta polaitiúla; a aithint go bhfeidhmíonn an t-éilliú mar bhacainn ar go leor gnéithe den oideachas, as a n-eascraíonn cur amú tallainne agus éifeachtaí diúltacha ar an ngeilleagar; a thabhairt chun suntais gur uirlisí bunúsacha iad an t-oideachas agus an fhaisnéis chun an t-éilliú a chomhrac; dá bhrí sin, tosaíocht a thabhairt don chomhrac in aghaidh an éillithe san oideachas agus an tAontas a spreagadh chun cláir shonracha a fhorbairt agus a chur chun feidhme a bheidh dírithe ar fheasacht a ardú faoin éilliú, faoi na costais a bhaineann leis an éilliú sin don tsochaí agus faoi na modhanna chun an t-éilliú a chomhrac;

(ac) a áitiú go gceapfar Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le coireacht airgeadais, éilliú agus cearta an duine agus sainordú uileghabhálach aige nó aici, lena n-áirítear plean dírithe ar chuspóirí, agus luacháil thréimhsiúil ar na bearta frithéillithe a bheidh glactha ag stáit; dul i gceannas ar thacaíocht as measc bhallstáit na Comhairle um Chearta an Duine a shlógadh, agus rún a chomhthionscnamh as a dtiocfaidh an sainordú a bhíothas a mholadh; mionsonraí a thabhairt i leith na gceanglas nach mór d'iarrthóirí a chomhlíonadh chun a chinntiú go gcomhlíontar a sainordú mar is ceart, agus an próiseas trédhearcachta agus údair a shonrú a mbeidh an t-iarrthóir rathúil faoina réir sula rachaidh sé nó sí i mbun oifige;

(ad) an nós imeachta a thionscnamh chun go mbeidh ballraíocht iomlán ag AE de GSE, grúpa a raibh stádas breathnóra ag AE ann ó 2019 i leith; a éileamh ar Bhallstáit AE moltaí GRECO a phoibliú agus a chomhlíonadh;

(ae) plé maidir le bonneagar idirnáisiúnta a chur chun cinn, lena n-áirítear sásraí, ionchúisitheoirí agus cúirteanna iniúchacha idirnáisiúnta, chun aghaidh a thabhairt ar dhaoine cumhachtacha atá bainteach le cásanna éillithe mórscála agus gan iad i mbaol pionóis; bealaí cur chuige cuimsitheacha a fhiosrú lena bhféadfaí institiúidí idirnáisiúnta ceartais a athchóiriú, amhail dlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta a leathnú, úsáid dlínse uilíoch chun gníomhartha mór-éillithe a ionchúiseamh nó Cúirt Choiriúil Idirnáisiúnta um an bhFrith-Éilliú a bhunú; a aithint a thábhachtaí atá an trédhearcacht agus foráil a dhéanamh do chuntasacht eagraíochtaí idirnáisiúnta agus oifigeach sinsearach;

(af) caighdeáin Eorpacha a chur chun cinn, lena n-áirítear maidir le frithsciúradh airgid, tredhearcacht úinéireachta tairbhiúla agus cosaint sceithirí i bhfóraim ilnáisiúnta eile, agus tacú le glacadh na gcaighdeán sin ag tríú tíortha; tacú le hathchóiriú na ndlíthe maidir le húinéireacht thairbhiúil, lenar cheart go n-áiritheofaí go mbeadh clárlanna cothrom le dáta agus inrochtana, laistigh den Aontas agus ar fud an domhain araon, chun trédhearcacht chuí na n-eintiteas dlíthiúil ábhartha a cheadú, lena n-áirítear iontaobhais agus cuideachtaí blaoisce, d'fhonn ligean d'íospartaigh éillithe agus d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'údaráis chánach úinéirí éifeachtacha na n-eintiteas sin a shainaithint;

(ag) cuimsiú geallsealbhóirí neamhrialtasacha a chur chun cinn, lena n-áirítear acadúlaigh agus ESSanna, mar bhreathnóirí i bhfochomhlachtaí Chomhdháil na Stát is Páirtithe de UNCAC agus sásraí iltaobhacha frithéillithe eile;

***Gnó, éilliú agus cearta an duine***

(ah) reachtaíocht éigeantach AE maidir le cearta an duine agus dícheall cuí comhshaoil a chur ar bun go práinneach agus í sin a fhorchur ar gach eintiteas agus gach caidreamh gnó i luachshlabhra iomlán cuideachta lena gceanglaítear ar ghnóthais, lena n-áirítear iad siúd a sholáthraíonn táirgí agus seirbhísí airgeadais, a áirithiú go ndéanfar, i gcás tionchair dhiúltacha a mbeadh ag a ngnólachtaí agus ag slabhraí soláthair ar chearta an duine, ar an gcomhshaol agus ar dhea-rialachas, go ndéanfar iad a shainaithint, a mheasúnú, a mhaolú, a chosc, a scor, cuntas a thabhairt orthu agus fógra a thabhairt ina leith; agus lena n-áirítear na caighdeáin is airde, forálacha láidre frith-éillithe, sásraí casaoide éigeantacha agus córais dliteanais lena gcuirtear ar chumas íospartach cuideachtaí a thabhairt chun cuntais agus leigheas a lorg; a áirithiú go mbeidh feidhm ag oibleagáidí díchill chuí maidir le breabaireacht oifigeach poiblí coigríche, a tharlaíonn go díreach nó trí idirghabhálaithe; á chur i bhfáth ina leith sin gur cheart go n-íoslaghdófaí an t-ualach maorlathach ar chuideachtaí le reachtaíocht díchill chuí a bheidh ann amach anseo, go háirithe ar FBManna;

(ai) iarrachtaí a chur chun cinn chun éilliú a chosc, feabhas a chur ar na caighdeáin chuntasaíochta agus iniúchóireachta san earnáil phríobháideach i gcomhréir le UNCAC agus pionóis a fhorfheidhmiú go héifeachtach ar chorparáidí as gníomhartha éillithe; a mholadh go dtuairisceodh na cuideachtaí móra agus liostaithe go léir maidir lena ngníomhaíochtaí agus maidir le cur chun feidhme a mbeart frithéillithe agus frithbhreabaireachta; forálacha a achtú agus treoir a tharraingt suas do chuideachtaí chun foráil a dhéanamh do thuairisciú sábháilte agus rúnda ar sháruithe ar rialacha frithéillithe agus chun iad siúd a chuireann faisnéis faoina mbráid a chosaint; tríú tíortha a spreagadh chun acmhainní leormhaithe a leithdháileadh ar phointí teagmhála náisiúnta agus chun sásraí gearáin neamhbhreithiúnacha eile a bhunú chun réitigh a sholáthar do dhaoine aonair agus do phobail a bhfuil tionchar ag cleachtais éillitheacha ghnó orthu;

(aj) plean gníomhaíochta a fhorbairt chun dícheall cuí comhshaoil agus chearta an duine a fhorbairt in earnálacha amhail airgeadas, cuntasaíocht nó réadmhaoin ós iad na hearnálacha sin go minic faoi deara struchtúr cumasúcháin don éilliú domhanda sa mhéid gur bealaí iad chun fáltais an éillithe a sheoladh isteach sa gheilleagar dleathach;

(ak) tábhacht Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine a athdhearbhú trína áirithiú maidir leis na Ballstáit uile nár ghlac pleananna gníomhaíochta náisiúnta go fóill go ndéanfaidh siad amhlaidh a luaithe is féidir, agus glacadh pleananna gníomhaíochta agus díchill chuí chorparáidigh ag tríú tíortha a chur chun cinn; plé comhsheasmhach agus gníomhach a dhéanamh sa chaibidlíocht ar Chonradh Ceangailteach na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta Gnó agus Cearta an Duine;

***Bearta sriantacha ar an éilliú trí Ghníomh Magnitsky AE***

(al) togra reachtach a thíolacadh go pras chun díriú go héifeachtach ar chumasóirí eacnamaíocha agus airgeadais mí-úsáideoirí chearta an duine a choinníonn sócmhainní agus réadmhaoin in AE agus chun smachtbhannaí a fhorchur orthu, i gcomhréir leis na hiarrataí atá déanta ag an bParlaimint arís agus arís eile chun Córas Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine atá ann faoi láthair a leasú trína raon feidhme a leathnú chun gníomhartha éillithe a chur san áireamh nó de rogha air sin togra reachtach a chur ar aghaidh chun córas nua smachtbhannaí téamacha a ghlacadh i gcoinne gníomhartha tromchúiseacha éillithe, agus vótáil trí thromlach cáilithe a thabhairt isteach chun smachtbhannaí a ghlacadh faoi raon feidhme an chórais smachtbhannaí seo; ról réamhghníomhach a áirithiú don Pharlaimint ina leith sin; comhoibriú go dlúth leis an Ríocht Aontaithe, a ghlac córas nua smachtbhannaí maidir leis an éilliú, agus le daonlathais eile a bhfuil an dearcadh céanna acu; an riosca a chur san áireamh go ndéanfadh gníomhaithe éillitheacha sócmhainní a aistriú chuig AE de réir mar a dhéanfaidh a thuilleadh tíortha fós creata níos doichte a ghlacadh; éileamh a dhéanamh, dá bhrí sin, go nglacfaidh na Ballstáit smachtbhannaí go pras agus go cuí, go háirithe maidir le cosc ar theacht isteach, sainaithint agus calcadh sócmhainní, chun nach ndéanfaí lárionad sciúrtha airgid a dhéanamh den Aontas, agus gníomh a dhéanamh in aghaidh na mBallstát sin nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí;

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

***Éifeachtaí COVID-19***

(am) a áirithiú go mbeidh bearta frithéillithe á bpríomhshruthú isteach sa fhreagairt dhomhanda ar COVID-19 chun seirbhísí sláinte poiblí agus rochtain ar vacsaíní a sholáthar nó a dháileadh go cothrom, lena n-áirítear trí na hinstitiúidí poiblí a neartú agus trédhearcacht iomlán na mbeart cistiúcháin agus úsáid an chistithe a áirithiú;

(an) a áirithiú maidir le tacaíocht airgeadais AE le tríú tíortha, ar tacaíocht í a bhaineann leis an bpaindéim, go bhfuil sí ceangailte le tiomantas stóinseach ar iarrachtaí frithéillithe;

(ao) tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil le haghaidh iriseoirí agus ESSanna a oibríonn ar nochtadh an éillithe, ar íospartaigh dian-chníogbheartaíochta iad ag éirí as mí-úsáid dhlíthe éigeandála na paindéime;

***Éilliú, athrú aeráide agus cearta an duine***

(ap) na nascachtaí idir díghrádú agus scrios an chomhshaoil ina bhac ar fheidhmiú chearta an duine, agus na gréasáin fholuiteacha d'éilliú, breabaireacht nó coiriúlacht eagraithe a aithint; an frith-éilliú a phríomhshruthú i ngníomh domhanda an Aontais maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol, trédhearcacht agus dea-rialachas acmhainní nádúrtha agus an comhrac i gcoinne grabáil talún a chur chun cinn, agus díriú ar na hearnálacha is mó atá i mbaol, amhail tionscail eastóscacha;

(aq) a thabhairt faoi deara gurb iad CCDanna comhshaoil, cosantóirí talún agus a ndlíodóirí, go háirithe mná agus CDDanna dúchasacha is mó atá i mbaol go ndéanfar idirdhealú, imeaglú, foréigean agus dúnmharú ina leith, agus ar an gcaoi sin gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh chun iad a chosaint, lena n-áirítear trí víosaí éigeandála a eisiúint agus trí dhídean sealadach a sholáthar i mBallstáit AE;

***Tionchair inscnithe an éillithe***

(ar) a chur san áireamh go ndéantar an neamhionannas inscne níos measa de bharr éilliú, agus go ndéantar difear do sheasamh agus do chosaint chearta na mban; príomhshruthú inscne agus éagsúlacht i ngníomhaíocht frithéillithe a chur chun cinn, mar a mhol UNODC agus measúnú a dhéanamh ar ghnéithe inscne agus ar thionchar difreáilte an éillithe; aghaidh a thabhairt ar thionchar an éillithe ar chearta na mban agus a áirithiú go bhfuil mná ar an eolas faoina gcearta d'fhonn a leochaileacht i leith éilliú a laghdú; naisc idir gáinneáil ar dhaoine agus éilliú a chur san áireamh;

(as) a chur san áireamh go ndéanann an t-éilliú difear freisin do ghrúpaí leochaileacha eile amhail leanaí, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, daoine atá i staid leochaileachta eacnamaíche nó daoine ar de mhionlaigh iad agus go gcuireann sé leis an neamhionannas sin;

(at) comhéigean gnéis a aithint mar chineál éillithe; cláir a dhearadh chun cuidiú le híospartaigh sracadh ghnéis, leagan fíor-mhíchuibheasach, inscneshonrach den éilliú, inarb é corp an duine airgeadra an éillithe; sonraí a bhailiú chun leitheadúlacht an chomhéigin gnéis a thomhas, creataí dlí agus ionstraimí dlíthiúla a ghlacadh chun aghaidh leormhaith a thabhairt ar chásanna gnéasaithe agus smachtbhannaí a ghearradh ina leith, agus na céimeanna sin a chur chun cinn i bhfóraim iltaobhacha;

o

o o

2. á threorú dá hUachtarán an moladh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ard-Ionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**

II

*(Faisnéis)*

# FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# PARLAIMINT NA hEORPA

P9_TA(2022)0016

## Iarraidh ar dhíolúine Elena Yoncheva a tharscaoileadh

**Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 maidir leis an iarraidh ar tharscaoileadh dhíolúine Elena Yoncheva (2019/2155(IMM))**

(2022/C 342/24)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don iarraidh ar tharscaoileadh dhíolúine Elena Yoncheva, dar dáta an 18 Deireadh Fómhair 2019, arna cur ar aghaidh ag Ionchúisitheoir Ginearálta Phoblacht na Bulgáire d'fhonn go leanfar le himeachtaí coiriúla i gcoinne Elena Yoncheva i bPoblacht na Bulgáire i gcás cion coiriúil a thagann faoi raon feidhme an Chóid Choiriúil, agus a fógraíodh i suí iomlánach an 25 Samhain 2019,

— tar éis éisteacht a thabhairt do Elena Yoncheva, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint d'Airteagail 8 agus 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh agus d'Airteagal 6(2) den Ionstraim maidir le toghadh Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach an 20 Meán Fómhair 1976,

— ag féachaint do na breithiúnais a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) an 21 Deireadh Fómhair 2008, an 19 Márta 2010, an 6 Meán Fómhair 2011, an 17 Eanáir 2013, 19 Nollaig 2019 agus an 17 Meán Fómhair 2020 ([1]),

— ag féachaint d'Airteagail 69 agus 70 de Bhunreacht Phoblacht na Bulgáire agus d'Airteagal 138 de Chód Eagrúcháin agus Nós Imeachta Thionól Náisiúnta Phoblacht na Bulgáire,

— ag féachaint don rún uaithi an 8 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an smacht reachta agus cearta bunúsacha sa Bhulgáir ([2]),

— ag féachaint do Riail 5(2), do Riail 6(1) agus do Riail 9 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0014/2022),

A. de bhrí, ar thaobh amháin, nach féidir Parlaimint na hEorpa a asamhlú le cúirt agus, ar an taobh eile, nach féidir an Feisire a mheas, i gcomhthéacs nós imeachta maidir le tarscaoileadh díolúine, mar "dhuine cúisithe" ([3]);

([1]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Deireadh Fómhair 2008, Marra/De Gregorio agus Clemente, C 200/07 agus C-201/07, ECLI:EU:C:2008:579; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 19 Márta 2010, Gollnisch/Parlement, T-42/06, ECLI:EU:T:2010:102; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2011, Patriciello, C 163/10, ECLI:EU:C:2011:543; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Eanáir 2013, Gollnisch/Parlement, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:T:2013:23; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2019, Junqueras Vies, C-502/19, ECLI:EU:C:2019:1115; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 17 Meán Fómhair 2020, Troszczynski, Cás C-12/19.

([2]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0264.

([3]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Aibreán 2019, Briois/Parlement, T-214/18, ECLI:EU:T:2019:266.

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**

B. de bhrí gur iarr Ionchúisitheoir Ginearálta Phoblacht na Bulgáire go ndéanfaí díolúine Elena Yoncheva a tharscaoileadh i dtaca le cion coiriúil a thagann faoi raon feidhme Airteagal 253(5), i gcomhréir le mír 1 den Chód Coiriúil (sciúradh airgid);

C. de bhrí gur tionscnaíodh imeachtaí imscrúdaitheacha ina leith sin an 31 Lúnasa 2018 agus gur iontráladh iad ar rolla Aonad Imscrúdaithe an Ionchúisitheora Speisialaithe ar bhonn Airteagal 212(1) de Chód an Nós Imeachta Choiriúil; de bhrí gur tionscnaíodh imscrúdú agus, le cinneadh an 11 Eanáir 2019, gur cúisíodh Elena Yoncheva i gcion faoi Airteagal 253(5) den Chód Coiriúil;

D. de bhrí go ndearnadh na gníomhartha a bhfuil sí cúisithe ina leith idir 2010 agus 2018, i bhfoirm idirbhearta airgeadais a rinneadh trí úsáid a bhaint as cistí a líomhnaítear a míleithreasaíodh ó bhanc infheistíochta; de bhrí gur oibrigh Elena Yoncheva ag an am sin mar iriseoir agus ina dhiaidh sin mar chomhalta de pharlaimint náisiúnta na Bulgáire;

E. de bhrí gur toghadh Elena Yoncheva chuig Parlaimint na hEorpa tar éis thoghcháin an 26 Bealtaine 2019; de bhrí, an 30 Meán Fómhair 2019, le cinneadh ón ionchúisitheoir a bhí freagrach as oifig an ionchúisitheora speisialaithe, gur cuireadh na himeachtaí coiriúla i gcoinne Elena Yoncheva ar fionraí go dtí go raibh cinneadh déanta ag Parlaimint na hEorpa maidir le tarscaoileadh a dhíolúine;

F. de bhrí go ndearna Ionchúisitheoir Ginearálta Phoblacht na Bulgáire an iarraidh ar tharscaoileadh díolúine a tharchur an 18 Deireadh Fómhair 2019;

G. de bhrí nach mbaineann an cion líomhnaithe le tuairimí arna dtabhairt nó vótaí arna gcaitheamh ag Elena Yoncheva le linn di a cuid dualgas a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh;

H. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh go dteachtfaidh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa i gcríoch a Stáit féin na díolúintí a thugtar do chomhaltaí pharlaimint a Stáit féin;

I. de bhrí gurb é cuspóir na díolúine parlaiminte ná Parlaimint na hEorpa agus a Fheisirí a chosaint ar imeachtaí dlíthiúla a bhaineann le gníomhaíochtaí a dhéantar i bhfeidhmiú feidhmeanna parlaiminteacha agus nach féidir iad a scaradh ó chéile;

J. de bhrí, sa chás seo, go maíonn Elena Yoncheva gur íospartach *fumus persecutionis* í, i.e. "gnéithe nithiúla" ([4]) a thugann le fios gurb é is intinn fholuiteach leis an imeacht dhlíthiúil dochar a dhéanamh dá gníomhaíocht pholaitiúil agus, agus go háirithe dá ghníomhaíocht mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa;

K. de bhrí go leanann sé ó chásdlí CBAE go bhfuil "rogha an-leathan ag an bParlaimint maidir leis an treo a bhfuil sé ar intinn aici a thabhairt do chinneadh tar éis iarraidh ar tharscaoileadh díolúine (…), mar gheall ar chineál polaitiúil an chinnidh sin"; ([5])

L. de bhrí go bhfuil Elena Yoncheva ina comhalta de Choiste LIBE, agus go labhraíonn sí amach go rialta i gcoinne údaráis pholaitiúla a tíre; de bhrí go raibh sí mar chuid den toscaireacht pharlaiminteach a thug cuairt ar an mBulgáir an 23 agus an 24 Meán Fómhair 2021 mar chuid den fhaireachán ar staid an smachta reachta sa Bhulgáir;

M. de bhrí nach ndearnadh na himeachtaí imscrúdaitheacha ina coinne a thionscnamh ach ar an 31 Lúnasa 2018, i.e. ar dháta nuair ab eol do chách a tiomantas polaitiúil, de bhrí go ndeirtear gur cuireadh tús leis an sárú líomhnaithe ina coinne in 2010, agus nach dtugtar aon údar áititheach leis an moill sin ar ghníomh a dhéanamh;

N. de bhrí gur tionscnaíodh na himeachtaí breithiúnacha sin i ndiaidh tuairisciú ó bheirt ionadaithe, i.e. lucht freasúra polaitiúil Elena Yoncheva;

O. de bhrí gur cháin Elena Yoncheva an easpa imscrúdaithe ar éilliú ardleibhéil ina tír agus í ina hiriseoir imscrúdaitheach agus ina dhiaidh sin mar Chomhalta den Tionól Náisiúnta, agus go leanann sí de bheith á cháineadh ag gníomhú di mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa;

---

([4]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 17 Meán Fómhair 2020, Troszczynski, Cás C-12/19.

([5]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 17 Eanáir 2013, Gollnisch, T346/11 agus T347/11, ECLI:EU:T:2013:23, mír 59 agus an cásdlí arna lua.

P. de bhrí gur mheas Aontas Iriseoirí na Bulgáire go poiblí i mí Eanáir 2019, go raibh nasc idir ionchúiseamh Elena Yoncheva agus a chuid imscrúduithe agus gur iarracht a bhí ann chun ionsaí a dhéanamh ar shaoirse cainte céile comhraic polaitiúil;

Q. de bhrí gur ghlac an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine an 28 Meán Fómhair 2021 le hinghlacthacht na caingne arna tionscnamh ag Elena Yoncheva i gcoinne na Bulgáire i ndáil leis an ionchúiseamh sin, ar bhonn Airteagal 6(2) (toimhde na neamhchiontachta) agus Airteagail 13 (an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil) agus Airteagal 18 (easpa aidhm neamhdhlisteanach maidir le srianta ar chearta) den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine a Chosaint;

R. de bhrí go léirítear sa chomhad os comhair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine gur fhoilsigh roinnt asraonta meán leictreonach Bulgárach comhrá teileafóin maidir le himeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne Elena Yoncheva an 12 Meitheamh 2020, agus de bhrí go meastar i dtuarascáil saineolaithe atá i gceangal leis an gcomhad gurb é ceann de na gutha sin é guth Phríomh-Aire na Bulgáire;

S. de bhrí go n-eascraíonn móramhras as an gcomhfhreagras agus as a thromchúisí atá na heilimintí nithiúla sin maidir le haon rún díobháil a dhéanamh do ghníomhaíocht pholaitiúil Elena Yoncheva, agus go háirithe dá gníomhaíocht mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa, agus nach leor ann féin gur tionscnaíodh an t-ionchúiseamh sular toghadh í chun an toimhde sin a fhrisnéis;

T. de bhrí go ndealraíonn sé, dá bhrí sin, gur cás é sin inar féidir glacadh leis go bhfuil cás *fumus persecutionis* ann;

1. a chinneadh gan díolúine Elena Yoncheva a tharscaoileadh;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus tuarascáil a coiste fhreagraigh a chur ar aghaidh láithreach chuig údaráis inniúla na Bulgáire agus chuig Elena Yoncheva.

P9_TA(2022)0017

# Iarraidh ar dhíolúine Mario Borghezio a tharscaoileadh

## Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 ar an iarraidh ar chosaint phribhléidí agus dhíolúintí Mario Borghezio (2021/2159(IMM))

(2022/C 342/25)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don iarraidh ó Mario Borghezio an 13 Samhain 2018, a cuireadh in iúl sa seisiún iomlánach an 25 Márta 2019, a d'athdhearbhaigh Mario Borghezio an 27 Bealtaine 2021 agus a aistríodh chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla an 7 Iúil 2021, chun a phribhléidí agus a dhíolúintí a chosaint in imeachtaí coiriúla Uimh. 4975/16 RGNR os comhair Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí in Imperia na hIodáile,

— tar éis éisteacht le Mario Borghezio, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint d'Airteagail 8 agus 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh agus d'Airteagal 6(2) d'Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach,

— ag féachaint do na breithiúnais a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 21 Deireadh Fómhair 2008, an 19 Márta 2010, an 6 Meán Fómhair 2011, an 17 Eanáir 2013 agus an 19 Nollaig 2019 [1],

— ag féachaint do Riail 5(2) agus Riail 7(9) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0015/2022),

A. de bhrí gur iarr Mario Borghezio, Feisire de Pharlaimint na hEorpa go dtí an 2 Iúil 2019, go ndéanfaí a dhíolúine pharlaiminteach a chosaint in imeachtaí coiriúla os comhair Chúirt Choiriúil Imperia;

B. de bhrí go líomhnaítear gur tharla achrann idir Mario Borghezio agus fostaí de chuid cuideachta iarnróid a dhiúltaigh dó taisteal ar thraein toisc nach raibh ticéad taistil bailí aige;

C. de bhrí nár luaigh Mario Borghezio, ina éisteacht sa Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, aon rud a bhféadfadh tátal a bhaint as go raibh baint ag an achrann atá i gceist le tuairim pholaitiúil an Iar-Fheisire;

D. de bhrí, dá bhrí sin, nach mbaineann an cion líomhnaithe le tuairimí a nochtadh nó vótaí a caitheadh le linn don Fheisire de Pharlaimint na hEorpa a bheith i mbun a chuid dualgas chun críocha Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh;

E. de bhrí nach bhfuil feidhm ag Airteagal 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh ach amháin maidir le "Feisirí" Pharlaimint na hEorpa; de bhrí go raibh Mario Borghezio ina Fheisire de Pharlaimint na hEorpa go dtí an 2 Iúil 2019; de bhrí go bhfuil baint ag cailliúint stádais Feisire de Pharlaimint na hEorpa le cailleadh na díolúine gaolmhaire, a bhfuil a ré teoranta, faoi Airteagal 9 de Phrótacal Uimh. 7, don sainordú sin [2];

F. de bhrí nach féidir le Parlaimint na hEorpa ról cúirte a ghlacadh, agus de bhrí nach féidir, i nós imeachta um dhíolúine a tharscaoileadh, Feisire a mheas mar chosantóir [3];

1. tar éis a chinneadh gan pribhléidí agus díolúintí Mario Borghezio a chosaint;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus tuarascáil a coiste fhreagraigh a chur ar aghaidh láithreach chuig údaráis inniúla na hIodáile agus chuig Mario Borghezio.

---

(1) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Deireadh Fómhair 2008, Marra v De Gregorio agus Clemente, C 200/07 agus C-201/07, ECLI:EU:C:2008:579; Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 19 Márta 2010, Gollnisch v an Pharlaimint, T-42/06, ECLI:EU:T:2010:102. Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2011, Patriciello, C 163/10, ECLI:EU:C:2011:543; Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Eanáir 2013, Gollnisch v an Pharlaimint, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:T:2013:23; Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2019, Junqueras Vies, C-502/19, ECLI:EU:C:2019:1115.

(2) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta, T-284/17, mír 28.

(3) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Aibreán 2019, Briois v an Pharlaimint, T-214/18, ECLI:EU:T:2019:266.

P9_TA(2022)0018

# Iarraidh ar dhíolúine Jörg Meuthen a tharscaoileadh

## Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 maidir leis an iarraidh ar dhíolúine Jörg Meuthen a tharscaoileadh (2021/2160(IMM))

(2022/C 342/26)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don iarraidh ar dhíolúine Jörg Meuthen ó Ionchúisitheoir Poiblí Bheirlín a tharscaoileadh, arna cur ar aghaidh i litir dar dáta an 16 Meitheamh 2021 ó Aireacht Chónaidhme Dlí agus Cirt agus Cosanta Tomhaltóirí na Gearmáine, i gcomhar le réamh-imscrúdú i dtaobh cion coiriúil amhrasta, agus a cuireadh i bhfios ag suí iomlánach an 5 Iúil 2021,

— tar éis éisteacht le Jörg Meuthen, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint d'Airteagail 8 agus 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh agus d'Airteagal 6(2) d'Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach,

— ag féachaint do na breithiúnais a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 21 Deireadh Fómhair 2008, an 19 Márta 2010, an 6 Meán Fómhair 2011, an 17 Eanáir 2013 agus an 19 Nollaig 2019 ([1]),

— ag féachaint d'Airteagal 46(2), (3) agus (4) de Dhlí Bunúsach Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus d'Airteagal 192 de "Richtlinien für das Strafverfahren und das Bußgeldverfahren" (Treoirlínte d'imeachtaí coiriúla agus d'imeachtaí riaracháin),

— ag féachaint do Riail 5(2), do Riail 6(1) agus do Riail 9 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0016/2022),

A. de bhrí gur iarr an t-ionchúisitheoir poiblí i mBeirlín díolúine Jörg Meuthen, Feisire de Pharlaimint na hEorpa a toghadh don Ghearmáin, a tharscaoileadh d'fhonn imeachtaí coiriúla a thionscnamh de réir bhrí Airteagal 152(2) de Chód Nós Imeachta Coiriúil na Gearmáine (*Strafprozessordnung*) maidir le claonchasadh coiriúil de réir bhrí Airteagal 266 den Chód Coiriúil agus maidir le hamhras faoi chion coiriúil de réir bhrí Airteagal 31d (1)(1) den Acht um Páirtithe Polaitiúla (*Parteiengesetz*);

B. de bhrí, ina cháil mar urlabhraí cónaidhme don pháirtí *"Alternative für Deutschland"* (AfD) do na blianta 2016, 2017 agus 2018, go líomhnaítear go ndearna Jörg Meuthen na nithe seo a leanas:

   — go líomhnaítear gur thug sé faisnéis mhícheart nuair a bhí tuarascáil gníomhaíochtaí AfD do 2016 á cur i láthair aige, ar tuarascáil í a bhaineann le seirbhísí ar luach EUR 89 800 a deirtear a bhí faighte aige ó chuideachta de chuid na hEilvéise i bhfoirm fógraí, póstaeir, bileoga eolais agus graif dá fheachtas toghcháin mar iarrthóir de chuid AfD i dtoghcháin réigiúnacha Baden-Wümberg an 13 Márta 2016, agus a líomhnaítear nár chuir sé in iúl go soiléir i dtuarascáil gníomhaíochtaí AfD don bhliain 2016 a seoladh chuig Uachtarán Bundestag na Gearmáine an 21 Nollaig 2017;

   — go líomhnaítear gur thug sé faisnéis mhícheart nó neamhiomlán maidir le ranníocaíochtaí éagsúla d'fheachtais toghcháin do pharlaimint réigiúnach Nordrhein-Westfalen an 14 Bealtaine 2017 agus an toghchán chuig Bundestag na Gearmáine an 24 Meán Fómhair 2017, tráth a cuireadh an tuarascáil gníomhaíochtaí do 2017 i láthair,

   — go líomhnaítear gur chuir sé tuarascáil gníomhaíochtaí neamhchruinn faoi bhráid Uachtarán an Bundestag don bhliain airgeadais 2018, maidir leis na toghcháin don 18ú téarma parlaiminteach de Pharlaimint na Baváire, a bhí ar siúl an 14 Deireadh Fómhair 2018;

([1]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Deireadh Fómhair 2008, Marra v De Gregorio agus Clemente, C 200/07 agus C-201/07, ECLI:EU:C:2008:579; Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 19 Márta 2010, Gollnisch v an Pharlaimint, T-42/06, ECLI:EU:T:2010:102. Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2011, Patriciello, C 163/10, ECLI:EU:C:2011:543; Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Eanáir 2013, Gollnisch v an Pharlaimint, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:T:2013:23; Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2019, Junqueras Vies, C-502/19, ECLI:EU:C:2019:1115.

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**

C. de bhrí gur toghadh Jörg Meuthen ina Fheisire de Pharlaimint na hEorpa le héifeacht ón 8 Samhain 2017;

D. de bhrí nach mbaineann na cionta líomhnaithe le tuairimí a nochtadh nó vótaí a caitheadh le linn don Fheisire de Pharlaimint na hEorpa a bheith i mbun a chuid dualgas chun críocha Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh;

E. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh go dteachtfaidh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa i gcríoch a Stáit féin na díolúintí a thugtar do chomhaltaí pharlaimint a Stáit féin;

F. de bhrí go bhforáiltear mar seo a leanas le hAirteagal 46(2), (3) agus (4) de Dhlí Bunúsach Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine:

"(2) Maidir le gníomh is inphionóis le pionós, ní fhéadfar Feisire a chur faoi dhliteanas nó ní fhéadfar é nó í a ghabháil ach amháin le formheas an Bundestag, mura rud é gur gabhadh é nó í le linn an cion a dhéanamh nó an lá ina dhiaidh sin.

(3) Beidh formheas an Bundestag de dhíth freisin chun aon srian eile maidir le saoirse an duine a chur ar Fheisire nó chun imeachtaí a thionscnamh i gcoinne Feisire faoi Airteagal 18.

(4) Déanfar aon imeachtaí coiriúla agus aon nósanna imeachta de réir Airteagal 18, arna dtionscain i gcoinne Feisire, aon choinneáil nó aon srianadh eile ar a shaoirse nó a saoirse pearsanta a chur ar fionraí ar iarratas ón Bundestag.";

G. de bhrí go rialaíonn Airteagal 192 den "Richtlinien für das Strafverfahren und das Bußgeldverfahren" díolúine Feisire de Pharlaimint na hEorpa a tharscaoileadh agus, de bhrí, go háirithe, go bhforáiltear le mír 1 an méid seo a leanas:

"(1) Tá Feisire de Pharlaimint na hEorpa arb as an nGearmáin dó/di i dteideal an díolúine a thugtar do chomhalta de Bundestag na Gearmáine. (…)";

H. de bhrí nach féidir le Parlaimint na hEorpa ról cúirte a ghlacadh, agus de bhrí nach féidir, i nós imeachta um dhíolúine a tharscaoileadh, Feisire a mheas mar chosantóir ([2]);

I. de bhrí gurb é is cuspóir do dhíolúine pharlaiminteach ná Parlaimint na hEorpa agus a Fheisirí a chosaint ar imeachtaí dlíthiúla a bhaineann le gníomhaíochtaí a dhéantar agus dualgais pharlaiminteacha á gcomhlíonadh agus nach féidir a scaradh ó na dualgais sin;

J. de bhrí nár aimsigh an Pharlaimint, sa chás seo, aon fhianaise ar *fumus persecutionis*, i.e. gnéithe fíorasacha a thugann le fios gurb é is intinn fholuiteach leis an imeacht dhlíthiúil dochar a dhéanamh do ghníomhaíocht pholaitiúil Feisire agus, dá bhrí sin, do Pharlaimint na hEorpa;

1. á chinneadh an iarraidh ar dhíolúine Jörg Meuthen a tharscaoileadh;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus tuarascáil a coiste fhreagraigh a chur ar aghaidh láithreach chuig údaráis inniúla na Gearmáine agus chuig Jörg Meuthen.

---

([2]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Aibreán 2019, Briois v an Pharlaimint, T-214/18, ECLI:EU:T:2019:266.

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0019

## Iarraidh ar dhíolúine Álvaro Amaro a tharscaoileadh

### Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 maidir leis an iarraidh ar dhíolúine Álvaro Amaro a tharscaoileadh (2021/2082(IMM))

(2022/C 342/27)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don iarraidh ar dhíolúine Álvaro Amaro a tharscaoileadh, a thíolaic breitheamh na trialach ag Chúirt Dúiche Guarda an 26 Aibreán 2021 i dtaca le himeachtaí coiriúla, agus a fógraíodh sa suí iomlánach an 7 Meitheamh 2021,

— tar éis di éisteacht a thabhairt do Álvaro Amaro i gcomhréir le Riail 9(6) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint d'Airteagail 8 agus 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh agus d'Airteagal 6(2) den Ionstraim maidir le toghadh comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach an 20 Meán Fómhair 1976,

— ag féachaint do na breithiúnais a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 21 Deireadh Fómhair 2008, an 19 Márta 2010, an 6 Meán Fómhair 2011, an 17 Eanáir 2013 agus an 19 Nollaig 2019 ([1]),

— ag féachaint d'Airteagail 157(2) agus (3) de Bhunreacht Phoblacht na Portaingéile agus d'Airteagal 11 de Dhlí Uimh. 7/93 an 1 Márta 1993 lena rialaítear Reacht na bhFeisirí do Thionól Phoblacht na Portaingéile,

— ag féachaint do Riail 5(2), do Riail 6(1) agus do Riail 9 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0017/2022),

A. de bhrí gur thíolaic breitheamh na dtrialach ag Cúirt Dúiche Guarda iarraidh ar dhíolúine pharlaiminteach Álvaro Amaro a tharscaoileadh d'fhonn imeachtaí coiriúla a thionscnamh ina choinne i ndáil leis an gcion cistí poiblí a mhíleithreasú agus é ina shealbhóir oifige polaitiúla, cion coiriúil a líomhnaítear a bhí déanta idir lár-2007 agus lár-2013, de bhun agus atá inphionóis faoi Airteagal 26 de Chód Coiriúil na Portaingéile, agus faoi Airteagail 3(i) agus 11 de Dhlí na Portaingéile Uimh. 34/87 an 16 Iúil 1987;

B. de bhrí gur toghadh Álvaro Amaro ina Mhéara ar Gouveia an 9 Deireadh Fómhair 2005 (ar feadh téarma a tháinig chun deiridh in 2009), agus gur atoghadh é an 11 Deireadh Fómhair 2009 (ar feadh téarma a tháinig chun deiridh in 2013); de bhrí ina cháil mar mhéara, go líomhnaítear gur ghníomhaigh sé i gcomhpháirt agus i gcomhar le daoine eile, ag sárú an dlí maidir le rialú buiséadach agus maidir le soláthar poiblí agus prionsabail an neamh-idirdhealaithe, na trédhearcachta agus maidir le bainistiú cuí cistí poiblí, agus ar an gcaoi sin, go líomhnaítear gur sháraigh sé dualgais bhunúsacha an róil in oifig phoiblí, agus é mar rún líomhnaithe aige sochair a chinntiú dó féin agus do na cosantóirí eile; de bhrí, thairis sin, go líomhnaítear gur sháraigh sé rialacha agus prionsabail dhlí an riaracháin, agus go háirithe na cinn sin a bhaineann leis an soláthar poiblí, agus é d'aidhm aige sochair mhídhleathacha airgeadais a dhaingniú;

C. de bhrí gur toghadh Álvaro Amaro chuig Parlaimint na hEorpa le linn thoghcháin Pharlaimint na hEorpa a reáchtáladh i mBealtaine 2019;

D. de bhrí nach mbaineann an cion coiriúil líomhnaithe le tuairimí arna gcur in iúl ag Álvaro Amaro ná le vótaí a chaith sé le linn dó a chuid dualgas a chomhlíonadh de réir bhrí Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh;

---

([1]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Deireadh Fómhair 2008, *Marra* v *De Gregorio agus Clemente*, C-200/07 agus C-201/07, ECLI:EU:C:2008:579; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 19 Márta 2010, *Gollnisch* v *Parlaimint na hEorpa*, T-42/06, ECLI:EU:T:2010:102; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2011, *Patriciello*, C-163/10, ECLI: EU:C:2011:543; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Eanáir 2013, *Gollnisch* v *Parlaimint na hEorpa*, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:T:2013:23; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2019, *Junqueras Vies*, C-502/19, ECLI:EU:C:2019:1115.

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**

E. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh go dteachtfaidh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, i gcríoch a stáit féin, na díolúintí a thugtar do chomhaltaí pharlaimint an stáit sin;

F. de bhrí go sonraítear in Airteagal 157(2) agus (3) de Bhunreacht na Portaingéile:

"2. Ní fhéadfaidh Feisirí Thionól na Poblachta teacht i láthair mar fhinnéithe ná mar chúisithe gan údarú ón Tionól. Sa chás deireanach sin, ní mór don Tionól údarú a thabhairt nuair atá comharthaí láidre ann go ndearnadh cion coiriúil atá inphionóis le huastéarma príosúnachta níos mó ná trí bliana.

3. Ní fhéadfar Feisirí Thionól na Poblachta a choinneáil, a ghabháil ná a chur i bpríosún gan údarú an Tionóil, seachas i gcás cion coiriúil atá inphionóis leis an gcineál téarma príosúnachta dá dtagraitear sa mhír roimhe seo agus in *flagrante delicto*.";

G. de bhrí gur faoi Pharlaimint na hEorpa amháin atá sé a chinneadh cibé acu a tharscaoilfidh sí nó nach dtarscaoilfidh sí díolúine i gcás ar leith; de bhrí gur féidir le Parlaimint na hEorpa seasamh an Fheisire a chur san áireamh go réasúnach chun a chinneadh cibé acu a dhéanfaidh sí nó nach ndéanfaidh sí a dhíolúine nó a díolúine a tharscaoileadh ([2]); de bhrí ag a éisteacht mhaígh Álvaro Amaro nach raibh aon agóid aige maidir lena dhíolúine pharlaiminteach a tharscaoileadh;

H. de bhrí gurb é is cuspóir do dhíolúine pharlaiminteach ná Parlaimint na hEorpa agus a Fheisirí a chosaint ar imeachtaí dlíthiúla a bhaineann le gníomhaíochtaí a dhéantar agus dualgais pharlaiminteacha á gcomhlíonadh agus nach féidir a scaradh ó na dualgais sin;

I. de bhrí gur tharla na cionta coiriúla a bhfuil Álvaro Amaro cúisithe ina leith sular toghadh chuig Parlaimint na hEorpa é;

J. de bhrí nár aimsigh an Pharlaimint, sa chás seo, aon fhianaise ar *fumus persecutionis*, i.e. gnéithe fíorasacha a thugann le fios go bhféadfadh sé gurb é rún na nósanna imeachta dlíthiúla i dtrácht ná dochar a dhéanamh do ghníomhaíocht pholaitiúil an Fheisire agus, dá bhrí sin, do Pharlaimint na hEorpa;

K. de bhrí nach féidir le Parlaimint na hEorpa ról cúirte a ghlacadh, agus de bhrí nach féidir, i nós imeachta um dhíolúine a tharscaoileadh, Feisire a mheas mar chosantóir ([3]);

1. á chinneadh go dtarscaoilfear díolúine Álvaro Amaro;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus tuarascáil a coiste fhreagraigh a chur ar aghaidh chuig údarás inniúil Phoblacht na Portaingéile agus chuig Álvaro Amaro.

---

([2]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 15 Deireadh Fómhair 2008, *Mote* v *Parlaimint na hEorpa*, T-345/05, ECLI:EU:T:2008:440, pointe 28.

([3]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Aibreán 2019, *Briois* v *Parlaimint na hEorpa* T-214/18, ECLI:EU:T:2019:266.

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**

III

*(Gníomhartha ullmhúcháin)*

# PARLAIMINT NA HEORPA

P9_TA(2022)0020

## Coinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh: aontachas an Aontais Eorpaigh ***

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle a bhaineann le haontachas an Aontais Eorpaigh le Coinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh (12617/2021 – C9-0420/2021 – 2021/0184(NLE))**

**(Toiliú)**

(2022/C 342/28)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (12617/2021),

— ag féachaint don Choinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh (12617/2021 ADD 1),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 43 agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0420/2021),

— ag féachaint do Riail 105(1) agus (4) agus Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iascach (A9-0008/2022),

1. ag tabhairt a toilithe don dréachtchinneadh ón gComhairle;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig rialtas Phoblacht na Cóiré, mar thaiscí don Choinbhinsiún.

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0021

## Líon na gcomhaltaí ar thoscaireachtaí idirpharlaiminteacha

### Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 maidir le líon na gcomhaltaí ar thoscaireachtaí idirpharlaiminteacha (2022/2547(RSO))

(2022/C 342/29)

*Níl an téacs seo ar fáil i nGaeilge.*

**Dé Máirt 15. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0026

## Agóid i dtaobh gníomh tarmligthe: Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe: tréimhsí ama a bhaineann le neamh-inghlacthacht iarratas ar thacaíocht

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 maidir le Rialachán Tarmligthe an Choimisiúin an 5 Samhain 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe i ndáil leis na tréimhsí ama agus na dátaí a bhaineann le neamh-inghlacthacht iarratas ar thacaíocht (C(2021)7701 – 2021/2961(DEA))**

(2022/C 342/30)

*Níl an téacs seo ar fáil i nGaeilge.*

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0027

# Clár maidir le doiciméid um ghabháil tuinnín ghoirm ***I

**Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár maidir le doiciméid ghabhála i gcomhair an tuinnín ghoirm Thunnus thynnus agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 640/2010 (COM(2020)0670 – C9-0336/2020 – 2020/0302(COD)) ([1])**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2022/C 342/31)

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Tá forálacha áirithe de Mholtaí ICCAT ag CPCanna ICCAT á leasú go minic agus is dóigh go ndéanfar tuilleadh leasuithe orthu sa todhchaí. Dá bhrí sin, chun leasuithe ar Mholtaí ICCAT sa todhchaí a ionchorprú go tapa i ndlí an Aontais, ní mór an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i ndáil leis ***na gnéithe seo a leanas***: úsáid éigeantach r-DGTG agus DGTG, rialacha DGTG Grúpáilte, bailíochtú DGTG agus r-DGTG, sprioc-am maolaithe d'fhaisnéis chlibeála maidir leis an íosmhéid faoi Rialachán (AE) 20../.. ([1]); gabhálacha agus gníomhaíochtaí trádálacha ina dhiaidh sin i gcóras r-DGTG a thaifeadadh agus a bhailíochtú, faisnéis faoi bhailíochtú agus faoi phointí teagmhála, faisnéis faoi dhoiciméid DGTG nó r-DGTG clóite, dátaí arna soláthar a thuairisciú, chomh maith le ***tagairtí do na hIarscríbhinní a ghabhann le Moltaí ICCAT***. | (6) Tá forálacha áirithe de Mholtaí ICCAT ag CPCanna ICCAT á leasú go minic agus is dóigh go ndéanfar tuilleadh leasuithe orthu sa todhchaí. Dá bhrí sin, chun leasuithe ar Mholtaí ICCAT sa todhchaí a ionchorprú go tapa i ndlí an Aontais, ní mór an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i ndáil ***le leasú a dhéanamh ar an Rialachán seo a bhaineann le*** húsáid éigeantach r-DGTG agus DGTG, rialacha DGTG Grúpáilte, bailíochtú DGTG agus r-DGTG, sprioc-am maolaithe d'fhaisnéis chlibeála maidir leis an íosmhéid faoi Rialachán (AE) 20../.. ([1]); gabhálacha agus gníomhaíochtaí trádálacha ina dhiaidh sin i gcóras r-DGTG a thaifeadadh agus a bhailíochtú, faisnéis faoi bhailíochtú agus faoi phointí teagmhála, faisnéis faoi dhoiciméid DGTG nó r-DGTG clóite, dátaí arna soláthar a thuairisciú, chomh maith ***leis an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na hiarscríbhinní a ghabhann le Moltaí ICCAT atá liostaithe san Iarscríbhinn, agus le leasuithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar na hiarscríbhinní sin.*** |
| ([1]) Rialachán (AE) an 20…/…. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 20…/…. lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107, agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627. | ([1]) Rialachán (AE) an 20…/…. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 20…/…. lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107, agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627. |

([1]) Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 59(4), an ceathrú fomhír (A9-0172/2021).

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ciallaíonn "DGTG" doiciméad gabhála i gcomhair an tuinnín ghoirm mar a fhoráiltear in ***Iarscríbhinn 2 de Mholadh ICCAT [18-13]***; | 1. Ciallaíonn "DGTG" doiciméad gabhála i gcomhair an tuinnín ghoirm mar a fhoráiltear san fhormáid ***dá dtagraítear i bpointe 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo***; |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. De réir mar is iomchuí, beidh an fhaisnéis ***a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Moladh ICCAT [18-13]*** san áireamh in DGTG bailíochtaithe. ***Leagtar amach*** treoracha le haghaidh eisiúint, uimhriú, chomhlánú agus bhailíochtú an doiciméid um ghabháil ***in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Moladh ICCAT [18-13]***. | 6. De réir mar is iomchuí, beidh an fhaisnéis ***dá dtagraítear i bpointe 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo***. ***Tagraítear do threoracha*** le haghaidh eisiúint, uimhriú, chomhlánú agus bhailíochtú an doiciméid um ghabháil ***i bpointe 3 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 8 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheofar le BFTRC bailíochtaithe an fhaisnéis ***a leagtar amach in Iarscríbhinní 4 agus 5 a ghabhann leis an Moladh ICCAT [18-13]***. | 3. Áiritheofar le BFTRC bailíochtaithe an fhaisnéis ***dá dtagraítear i bpointe 4 agus i bpointe 5 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo***. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) mar chúltaca sa chorrchás go mbeidh deacrachtaí teicniúla leis an gcóras a chuirfidh cosc ar Bhallstát le córas r-DGTG a úsáid, agus nósanna imeachta ***a leagtar amach in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Moladh ICCAT [18-12]*** á leanúint. Má bhíonn moill ar na Ballstáit bearta is gá a dhéanamh, amhail na sonraí is gá a sholáthar lena áirithiú go gclárófar úsáideoirí i gcóras r-DGTG nó cúinsí eile is féidir a sheachaint meastar nach deacracht theicniúil inghlactha é; | (c) mar chúltaca sa chorrchás go mbeidh deacrachtaí teicniúla leis an gcóras a chuirfidh cosc ar Bhallstát le córas r-DGTG a úsáid, agus nósanna imeachta ***dá dtagraítear i bpointe 6 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo*** á leanúint. Má bhíonn moill ar na Ballstáit bearta is gá a dhéanamh, amhail na sonraí is gá a sholáthar lena áirithiú go gclárófar úsáideoirí i gcóras r-DGTG nó cúinsí eile is féidir a sheachaint meastar nach deacracht theicniúil inghlactha é; |

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin 15 Lúnasa gach bliain, déanfaidh na Ballstáit tuarascáil a sholáthar don Choimisiún ina mbeidh an fhaisnéis ***a thuairiscítear in Iarscríbhinn 6 a ghabhann le Moladh ICCAT [18-13]***, don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig sa bhliain roimhe sin. | 1. Faoin 15 Lúnasa gach bliain, déanfaidh na Ballstáit tuarascáil a sholáthar don Choimisiún ina mbeidh an fhaisnéis ***dá dtagraítear i bpointe 7 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo***, don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig sa bhliain roimhe sin. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Bainfear leas as tuarascálacha a gineadh ón gcóras r-DGTG chun ceanglais tuairiscithe bhliantúil a chomhlíonadh. Soláthróidh na Ballstáit ina dtuarascáil bhliantúil gnéithe ***a thuairiscítear in Iarscríbhinn 6 a ghabhann le Moladh ICCAT [18-13]*** nach féidir a ghiniúint ón gcóras r-DGTG. | 2. Bainfear leas as tuarascálacha a gineadh ón gcóras r-DGTG chun ceanglais tuairiscithe bhliantúil a chomhlíonadh. Soláthróidh na Ballstáit ina dtuarascáil bhliantúil gnéithe ***dá dtagraítear i bpointe 7 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo*** nach féidir a ghiniúint ón gcóras r-DGTG. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 14 – mír - 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-1. Glacfaidh an Coimisiún, faoi … [6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 15 lena bhforlíonfar an Rialachán seo le forálacha na nIarscríbhinní a ghabhann le moltaí ICCAT a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 chun an gníomh tarmligthe sin a leasú ina dhiaidh sin.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 14 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(i) tagairtí d'Iarscríbhinní a ghabhann le Moltaí ICCAT dá bhforáiltear in Airteagal 2(1), Airteagal 4(6); Airteagal 8 (3); Airteagal 11(1)(c) agus Airteagal 13(1) agus (2).*** | ***scriosta*** |

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Iarscríbhinn*** |
| | ***(1) Formáid DGTG a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Moladh ICCAT 18-13, dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe 1;*** |
| | ***(2) an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Moladh ICCAT 18-13, dá dtagraítear sa chéad abairt d'Airteagal 4(6);*** |
| | ***(3) na treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Moladh ICCAT 18-13, dá dtagraítear sa dara habairt d'Airteagal 4(6);*** |
| | ***(4) an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Moladh ICCAT 18-13, dá dtagraítear in Airteagal 8(3);*** |
| | ***(5) an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Moladh ICCAT 18-13, dá dtagraítear in Airteagal 8(3);*** |
| | ***(6) na nósanna imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Moladh ICCAT 18-12, dá dtagraítear in Airteagal 11(1), pointe (c);*** |
| | ***(7) an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn 6 a ghabhann le Moladh ICCAT 18-13, dá dtagraítear in Airteagal 13 (1) agus (2).*** |

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0028

## An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh – iarratas EGF/2021/005 FR/Airbus – an Fhrainc

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 maidir leis an togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh tar éis iarratas ón bhFrainc – EGF/2021/005 FR/Airbus (COM(2021)0698 – C9-0011/2022 – 2021/0363(BUD))**

(2022/C 342/32)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0698 – C9-0011/2022),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) d'Oibrithe Iomarcacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ([1]) ("Rialachán CED"),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027 ([2]), agus go háirithe Airteagal 8 de,

— ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([3]), ("IIA an 16 Nollaig 2020") go háirithe pointe 9 de,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta,

— ag féachaint don litir ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0013/2022),

A. de bhrí gur bhunaigh an tAontas ionstraimí reachtacha agus buiséadacha chun tacaíocht bhreise a sholáthar d'oibrithe a bhfuil an domhandú agus athruithe teicneolaíochta agus comhshaoil tar éis difear a dhéanamh dóibh, amhail athruithe ar phatrúin trádála domhanda, díospóidí trádála, athruithe suntasacha ar chaidreamh trádála an Aontais nó comhdhéanamh an mhargaidh inmheánaigh agus géarchéimeanna airgeadais nó eacnamaíocha, agus an t-aistriú ionsar gheilleagar ísealcharbóin, nó mar thoradh ar dhigitiú nó uathoibriú;

B. de bhrí gur leathnaigh an tAontas raon feidhme an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha chun tacaíocht airgeadais a sholáthar i gcás aon mhórtheagmhais athstruchtúraithe, agus lena gcumhdaítear, ar an gcaoi sin, éifeachtaí eacnamaíocha ghéarchéim an choróinvíris;

C. de bhrí go meastar go mbeidh tionchair éagsúla ar earnáil na heitlíochta ag dícharbónú leanúnach na hearnála iompair, agus go bhfuil ról tábhachtach ag an Aontas maidir leis an dlúthpháirtíocht is gá a sholáthar trí ranníocaíochtaí airgeadais ó CED a bhfuil sé d'aidhm aige tairbhithe a athimeascadh i bhfostaíocht chuibhiúil agus inbhuanaithe go tapa laistigh dá gcéad earnáil ghníomhaíochta nó taobh amuigh di, agus é comhoiriúnach le geilleagar na hEorpa atá níos glaise agus níos digití i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip;

D. de bhrí gur chuir an Fhrainc iarratas EGF/2021/005 FR/Airbus isteach le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED, tar éis 508 n-easáitiú san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi NACE Athbhreithniú 2 rannán 30 (Monarú trealaimh iompair) i réigiúin NUTS 2 in Midi-Pyrénées (FRJ2) agus i ndúiche an Loire (FRG0) sa Fhrainc, laistigh de thréimhse thagartha le haghaidh an iarratais ón 1 Samhain 2020 go dtí an 1 Márta 2021;

---

([1]) IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.
([2]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
([3]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.

E. de bhrí go mbaineann an t-iarratas le 508 n-oibrí iomarcacha a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht san Aonad Eacnamaíoch agus Sóisialta (ESU) ([4]) Airbus Commercial de chuid Airbus (Airbus SE);

F. de bhrí go bhfuil an t-iarratas bunaithe ar na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a) de Rialachán CED, lena gceanglaítear go dtarlódh scor do ghníomhaíocht 200 oibrí iomarcach ar a laghad le linn thréimhse thagartha ceithre mhí i bhfiontar atá lonnaithe i mBallstát;

G. de bhrí, faoi chuimsiú phaindéim COVID-19, gur chlis ar an eitlíocht tráchtála go ginearálta, go háirithe in earnáil na n-eitiltí paisinéirí, agus de réir Airbus nach bhfuiltear ag dréim le téarnamh iomlán na hearnála roimh 2025 ([5]);

H. de bhrí go raibh ar Airbus, arb ionann a rannán eitlíochta tráchtála agus 77 % den láimhdeachas foriomlán ([6]), a leibhéil táirgeachta a laghdú aon trian ó Aibreán 2020 ([7]) ar aghaidh agus, dá bhrí sin, plean athstruchtúraithe a chur chun feidhme a mbeadh foirceannadh 4 248 bpost sa Fhrainc ([8]) mar thoradh air;

I. de bhrí gur éirigh le tacaíocht údaráis phoiblí na Fraince do ghníomhaíocht pháirtaimseartha fhadtéarmach, arna caibidliú go cuí leis na hoibrithe lena mbaineann, agus le borradh a chur faoi chlár ag an *Conseil pour la recherche aéronautique civile*, laghdú suntasach a dhéanamh ar líon na ndífhostuithe (faoi 2,002 post); de bhrí, i gcás na 2 246 phost eile a bhí i gceist, go raibh beagnach gach oibrí faoi réir bearta soghluaisteachta inmheánacha nó gur chomhaontaigh siad pacáistí a fhoirceannadh dá ndeoin féin;

J. de bhrí gur fhógair an Coimisiún gur eascair géarchéim eacnamaíoch as an ngéarchéim shláinte, gur leag sé amach plean téarnaimh don gheilleagar tar éis rúin ó Pharlaimint na hEorpa agus spreagadh Thionscnamh na Fraince agus na Gearmáine do Théarnamh na hEorpa ó Ghéarchéim an Choróinvíris an 18 Bealtaine 2020 ([9]), agus gur leag sé béim ar ról CED mar uirlis éigeandála ([10]);

K. de bhrí nach sáróidh CED uasmhéid bliantúil de EUR 186 mhilliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 ([11]);

1. ag aontú leis an gCoimisiún gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a) de Rialachán CED agus go bhfuil an Fhrainc i dteideal ranníocaíocht airgeadais de EUR 3 745 264 faoin Rialachán sin, arb ionann é agus 85 % den chostas iomlán de EUR 4 406 194, a chuimsíonn caiteachas ar sheirbhísí pearsantaithe amháin;

2. ag tabhairt dá haire gur chuir údaráis na Fraince an t-iarratas isteach an 26 Iúil 2021, agus gur thug an Coimisiún a mheasúnú chun críche an 19 Samhain 2021 agus gur thug sé fógra do Pharlaimint na hEorpa faoi an 5 Eanáir 2022;

3. á chur in iúl gur geal léi na bearta a rinne údaráis phoiblí áitiúla agus údaráis náisiúnta na Fraince, amhail forálacha na reachtaíochta nua éigeandála ([12]), an plean tacaíochta do thionscal na haerloingseoireachta, an clár gníomhaíochta páirtaimseartha fadtéarmach ([13]), agus méadú ar phlean Ader 4 lenar laghdaíodh go suntasach líon na n-iomarcaíochtaí;

---

([4]) Is éard is aonad eacnamaíoch agus sóisialta ann (*unité économique et sociale* – UES) ionstraim dhlíthiúil faoi dhlí na Fraince lena gceadaítear fiontair a ghrúpáil a bhfuil an bhainistíocht chéanna acu, a oibríonn san earnáil chéanna agus a bhfuil na leasanna céanna ag a bhfostaithe, ach ar fiontair leithleacha iad go dlíthiúil, agus é mar aidhm leis ionadaíocht fostaithe choiteann a chruthú. Tharla na hiomarcaíochtaí in ESU Airbus Commercial, aonad faoina ndéantar an dá fhochuideachta Fhrancacha Airbus SAS agus Airbus Operations SAS de chuid Airbus SE a ghrúpáil.

([5]) Doiciméad neamhfhoilsithe: Airbus "Livre 2", anailís inmheánach ar ghéarchéim COVID agus a tionchar ar earnáil gníomhaíochta Airbus sa Fhrainc.

([6]) https://lentreprise.lexpress.fr/actualites/1/actualites/le-geant-europeen-airbus-en-chiffres_2129633.html

([7]) https://www.airbus.com/newsroom/press-releases/en/2020/04/airbus-reports-first-quarter-q1-2020-results.html

([8]) De réir phlean athstruchtúrúcháin Airbus: "Accord collectif relatif au plan d'adaptation des sociétés composant l'UES Airbus Commercial dans le contexte de la crise économique Covid-19 et ses conséquences sur l'emploi".

([9]) https://www.elysee.fr/en/emmanuel-macron/2020/05/18/french-german-initiative-for-the-european-recovery-from-the-coronavirus-crisis

([10]) COM(2020)0442 final.

([11]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.

([12]) Loi d'urgence n°2020-734 an 17 Meitheamh 2020.

([13]) Activité Partielle de Longue Durée (APLD): https://www.service-public.fr/professionnels-entreprises/vosdroits/F35381

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

4. ag tabhairt dá haire go mbaineann an t-iarratas le 508 n-oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht agus a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil an Fhrainc ag dréim leis go nglacfaidh 297 as na tairbhithe incháilithe iomlána páirt sna bearta (tairbhithe spriocdhírithe);

5. á mheabhrú go meastar gur suntasach a bheidh tionchar sóisialta na n-iomarcaíochtaí don dá réigiún, agus go raibh céatadán na ndaoine dífhostaithe ag 9,4 % cheana féin in Occitanie agus ag 6,9 % i ndúiche an Loire sa chéad ráithe de 2021 ([14]);

6. á chur i bhfios go meastar, in Occitanie, go mbeidh tionchar suntasach ag na dífhostuithe ar an margadh saothair, toisc go bhfuil an réigiún ag brath go mór ar an aerloingseoireacht toisc gurb é Airbus an earnáil is tábhachtaí agus gurb é Airbus an fostóir príobháideach is mó sa réigiún;

7. ag tabhairt dá haire go bhfuil Occitanie ag teacht chun cinn mar éiceachóras tábhachtach le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta, áit a bhfuil deiseanna do thairbhithe atá ag iarraidh a ngnólacht féin a chur ar bun; á chur i bhfios go bhfuil ardleibhéal oideachais ag sciar mór de na daoine sa réigiún a ndearnadh difear dóibh;

8. á chur i bhfios, cé go meastar nach mbeidh tionchar na géarchéime eitlíochta ar an ngeilleagar áitiúil agus ar an margadh saothair chomh díobhálach céanna i nDúiche an Loire, mar gheall ar éagsúlú ard an gheilleagair réigiúnaigh, go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh deiseanna chun cinn san earnáil mhuirí agus in earnáil an fhuinnimh inathnuaite, agus gur gá athsciliú leordhóthanach a dhéanamh dá réir sin;

9. á chur i bhfios go bhfuil 13,5 % de na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu os cionn 54 bliana d'aois, agus go bhfuil 74,7 % díobh idir 30 agus 54 bliana d'aois;

10. ag tabhairt dá haire gur thosaigh Airbus ar sheirbhísí pearsantaithe a chur ar fáil do na tairbhithe spriocdhírithe an 1 Samhain 2020 agus dá réir sin go rachaidh tréimhse na hincháilitheachta le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ón CED ón 1 Samhain 2020 go dtí 24 mhí tar éis don chinneadh maoiniúcháin a theacht i bhfeidhm;

11. á mheabhrú gurb é atá sna seirbhísí pearsantaithe atá le soláthar d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe ná na gníomhaíochtaí seo a leanas: deontais nuathionscanta, oiliúint i gcruthú gnó, liúntais le haghaidh caiteachais a bhaineann le hoiliúint i gcruthú gnó, chomh maith le breisiú tuarastail;

12. á mheas gur cheart go mairfeadh na seirbhísí pearsantaithe sin ar feadh tréimhse ábhartha ama de réir chineál an tionscadail;

13. á chur in iúl gur geal léi gur tháinig an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe as comhaontú cómhargála maith idir Airbus agus ionadaithe na n-oibrithe i gcomhairle leis hionadaithe foirne agus ceardchumainn; á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh an cúnamh airgeadais ar fáil go tapa do na tairbhithe, cé go bhfuil gá le hinfheistíocht bhreise chun gnó nua a bhunú i gcásanna áirithe;

14. á thabhairt chun suntais go bhfuil nasc idir 98,7 % den tacaíocht airgeadais agus gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí, rud a spreagfaidh athimeascadh gairmiúil agus ationtú, a chuirfidh feabhas ar iomaíochas na réigiún lena mbaineann agus a chuirfidh leis an téarnamh eacnamaíoch;

15. ag cur i dtreis go bhfuil sé deimhnithe ag údaráis na Fraince nach bhfaigheann na gníomhaíochtaí incháilithe cúnamh ó chistí nó ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais;

16. á athdhearbhú nach bhféadfaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED teacht in ionad gníomhaíochtaí a bhfuil na cuideachtaí freagrach astu, de bhua an dlí náisiúnta nó comhaontuithe comhchoiteanna, nó aon cheann de na liúntais nó na cearta is féidir leis na tairbhithe a fháil, chun breisíocht iomlán an leithdháilte a áirithiú; á iarraidh go gcuirfí tairbhithe na seirbhísí pearsantaithe atá le cumhdach ag CED ar an eolas go poiblí agus go pearsanta maidir le cómhaoiniú an Aontais;

17. ag tabhairt dá haire gur comhlíonadh na ceanglais nós imeachta uile; ag cur béim ar an ngá atá le trédhearcacht ag gach céim den nós imeachta agus á iarraidh ar na comhpháirtithe sóisialta a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme agus meastóireacht an phacáiste seirbhísí;

18. ag formheas an chinnidh a ghabhann leis an rún seo;

19. á threorú dá hUachtarán an cinneadh a shíniú in éineacht le hUachtarán na Comhairle agus socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

20. á threorú dá hUachtarán an rún seo, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún;

---

([14]) Sonraí arna mbailiú ag Institiúid Náisiúnta na Fraince um Staidreamh agus um Staidéar Eacnamaíochta.

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

**IARSCRÍBHINN**

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón bhFrainc – EGF/2021/005 FR/Airbus**

*(Ní dhéantar téacs na hiarscríbhinne seo a atáirgeadh anseo ós rud é go gcomhfhreagraíonn sé leis an ngníomh críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2022/359.)*

**Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0035

## Iarnród: síneadh a chur le bearta sealadacha i ndáil le muirir a thobhach – COVID-19 ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1429 a mhéid a bhaineann le fad na tréimhse tagartha maidir le bearta sealadacha a chur i bhfeidhm i ndáil le muirir a thobhach i leith úsáid bonneagair iarnróid (COM(2021)0832 – C9-0001/2022 – 2021/0437(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2022/C 342/33)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0832),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0001/2022),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 19 Eanáir 2022 ([1]),

— tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

— ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 26 Eanáir 2022 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialacha 59 agus 163 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

### P9_TC1-COD(2021)0437

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 16 Feabhra 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1429 a mhéid a bhaineann le fad na tréimhse tagartha maidir le bearta sealadacha a chur i bhfeidhm i ndáil le muirir a thobhach i leith úsáid bonneagair iarnróid**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2022/312.)*

---

([1]) Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

P9_TA(2022)0036

## Cúnamh macrairgeadais don Úcráin ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cúnamh macrairgeadais a chur ar fáil don Úcráin (COM(2022)0037 – C9-0028/2022 – 2022/0026(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2022/C 342/34)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0037),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 212 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0028/2022),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 11 Feabhra 2022 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialacha 59 agus 163 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

### P9_TC1-COD(2022)0026

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 16 Feabhra 2022 chun go nglacfaí Cinneadh (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais don Úcráin**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2022/313.)*

---

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0046

## Oibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí, do shó-ghineacha agus do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair (COM(2020)0571 – C9-0301/2020 – 2020/0262(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2022/C 342/35)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2020)0571),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus go háirithe d'Airteagal 153(2)(b), i gcomhar le hAirteagal 153(1)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0301/2020),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 16 Feabhra 2021 ([1]),

— tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 22 Nollaig 2021 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A9-0114/2021)

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. ag formheas an ráitis chomhpháirtigh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle atá i gceangal leis an rún seo, a fhoilseofar i sraith L d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* in éineacht leis an ngníomh reachtach críochnaitheach;

3. ag tabhairt dá haire an ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo;

4. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta;

---

### P9_TC1-COD(2020)0262

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 17 Feabhra 2022 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2004/37/EC maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Treoir (AE) 2022/431.)*

---

([1]) IO C 56, 16.2.2021, lch. 63.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhaineann le raon feidhme Threoir 2004/37/CE

[le foilsiú i sraith L díreach tar éis an ghnímh reachtaigh]

Tá an chomhthuiscint ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, maidir le táirgí íocshláinte guaiseacha ina bhfuil substaintí a chomhlíonann na critéir lena n-aicmiú mar charcanaigineach (catagóirí 1A nó 1B), só-ghineach (catagóirí 1A nó 1B) nó tocsaineacht maidir le síolrú (catagóirí 1A nó 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, go dtagann siad faoi raon feidhme Threoir 2004/37/CE. Tá feidhm ag ceanglais uile Threoir 2004/37/CE maidir le táirgí íocshláinte guaiseacha dá réir sin.'

Ráiteas ón gCoimisiún – Plean gníomhaíochta agus tograí reachtacha

Na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar an gCoimisiún in Airteagal 18a, an tríú mír, maidir le plean gníomhaíochta a thíolacadh agus togra reachtach a thíolacadh, ní féidir leo dul i gcoinne shainchumais institiúideacha an Choimisiúin ná i gcoinne a chirt tionscnaimh, rud a thagann go díreach ó na Conarthaí.

In Airteagal 18a, an tríú mír, déantar tagairt d'Airteagal 16 de Threoir 2004/37/CE ina leagtar síos oibleagáid teorainnluachanna a leagan síos ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, i ndáil leis na substaintí uile sin a bhfuil an méid sin indéanta ina leith. Agus an fhoráil seo á cur chun feidhme aige, iarrtar ar an gCoimisiún freisin an plean gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 18a, an tríú mír, a thíolacadh. Ar chúiseanna trédhearcachta, is éard a bheidh sa phlean gníomhaíochta sin liosta de na chéad 25 shubstaint nua nó leasaithe eile a mbeidh meastóireacht eolaíoch déanta orthu. Beidh na meastóireachtaí ar na substaintí a liostaítear ina gcuid den nós imeachta bunaithe lena n-áirítear comhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta, tuairim an Choiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, agus measúnú tionchair lena n-ullmhaítear aon togra reachtach is gá in am trátha.

**Déardaoin 17. Feabhra 2022**

P9_TA(2022)0047

# Muirir ar úsáid bonneagar áirithe a ghearradh ar fheithiclí ***II

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 maidir leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 1999/62/CE, 1999/37/CE agus (AE) 2019/520, a mhéid a bhaineann le muirir a ghearradh ar fheithiclí as bonneagar áirithe a úsáid (10542/1/2021 – C9-0423/2021 – 2017/0114(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

(2022/C 342/36)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (10542/1/2021 – C9-0423/2021),

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18 Deireadh Fómhair 2017 ([1]),

— ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 1 Feabhra 2018 ([2]),

— ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún (COM(2021)0693),

— ag féachaint don seasamh uaithi ar an gcéad léamh ([3]) ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2017)0275),

— ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0006/2022),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. ag tabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir leis an seasamh ón gComhairle;

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

4. á threorú dá hArdrúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a bheidh sé fíoraithe go bhfuil na nósanna imeachta ar fad curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArdrúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

([1]) IO C 81, 2.3.2018, lch. 188.
([2]) IO C 176, 23.5.2018, lch. 66.
([3]) Téacsanna arna nglacadh an 25.10.2018, P8_TA(2018)0423.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA